

Mionlogainmneacha i mBarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar, Contae Chill Dara

Justin Ó Gliasáin, B.A., M.A.

Thesis Submitted for the Award of PhD

Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)

Stiúrthóirí: An Dr Gearóid Ó Cleircín, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU


An Dr Aengus Ó Fionnagáin, Scoil na Gaeilge, an Bhéarla, agus na
Cumarsáide, Ollscoil Luimnigh

Lúnasa 2022

Dearbhú

Dearbhaím leis seo gurb é mo shaothar féin amháin an t-ábhar seo atá á leagan isteach agam i gcomhair measúnaithe ar an gclár staidéir le haghaidh na dámhachtana PhD, agus go bhfuil gach cúram réasúnach glactha agam a dheimhniú, ar feadh m'eolais, gur saothar bunaidh é seo nach sáraíonn aon dlí cóipchirt, agus nár baineadh as saothar aon duine eile é ach amháin agus a mhéid go luaitear agus go n-aithnítear an saothar sin laistigh de théacs mo shaothairse.

Sínithe:



Uimhir Aitheantais: 17213677

Dáta: 30/08/2022

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo stiúrthóirí, An Dr Gearóid Ó Cleircín agus An Dr Aengus Ó Fionnagáin, as a dtacaíocht leanúnach agus an spreagadh a thug siad dom le tabhairt faoin taighde seo an chéad lá riamh. Anuas air sin, tá mé an-bhuíoch do Shíle Denvir agus Gearóidín Uí Laighléis a d'fheidhmigh mar bhaill sheachtracha den phainéal stiúrthóireachta. Tá mé go mór faoi chomaoin ag Fiontar & Scoil na Gaeilge (FSG) a chuir maoiniú ar fáil dom don taighde seo.

Gabhaim buíochas leis na daoine seo a leanas a chuidigh liom le linn an taighde: An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh, An Dr Brian Ó Raghallaigh agus Clare Coughlan (FSG), mo iarchomhghleacaí in FSG An Dr Conchúr Mag Eacháin, a chuidigh go mór liom le cúrsaí canúna agus foghraíochta, Justin Ó Scanaill as profáil a dhéanamh ar an tráchtas agus le foireann an Bhrainse Logainmneacha: An Dr Pádraig Ó Cearbhaill, An Dr Conchubhar Ó Cruaíoch agus go háirithe Aindí Mac Giolla Chomhghaill a roinn a shaineolas liom go flaithiúil.

Gabhaim buíochas le foireann Leabharlann Uí Chriagáin in DCU as an tseirbhís iontach 'Scan & Send' a chuir siad ar fáil le linn na paindéime a d'fhág go raibh teacht agam ar réimse leathan alt agus leabhar ón mbaile. Mo bhuíochas freisin leis na leabharlanna agus cartlanna eile a d'úsáid mé le linn an taighde, lena n-áirítear An Chartlann Náisiúnta, An Leabharlann Náisiúnta, Clárlann na nGníomhas, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Leabharlann Chomhlacht Ionadaíoch na hEaglaise agus Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI).

Faoi dheireadh, tá mé go mór faoi chomaoin ag na faisnéiseoirí a bhí sásta dul faoi agallamh don tráchtas seo agus a roinn a gcuid eolais ar a gceantar dúchais liom go fial. Mo bhuíochas freisin le mo mháthair, Maria Gleeson agus Mario Corrigan (Comhairle Contae Chill Dara), chomh maith le cuid de na faisnéiseoirí féin, as cuidiú liom líonra teagmhálaithe a fhorbairt don obair pháirce.

Clár Ábhar

Dearbhú	ii
Buíochas	iv
Clár Ábhar	vi
Liosta Figiúirí.....	viii
Liosta Táblaí	xi
Noda Ginearálta	xii
Liosta Príomhfhoinsí	xiii
Achoimre	xxvi
1. Réamhrá.....	1
1.1 Cuspóir an Taighde.....	1
1.2 Sainmhíniú ar Mhionlogainm.....	1
1.3 Cur síos ar an gCeantar Staidéir: Topagrafaíocht, Stair agus Úsáid Talún.	2
1.4 Labhairt na Gaeilge sa Cheantar Staidéir agus i gContae Chill Dara i gCoitinne.....	9
1.5 Gaeilge Chill Dara	17
2. Léirmheas Litríochta.....	19
2.1 Scoláireacht ar Logainmneacha na hÉireann	19
2.2 Scoláireacht ar logainmneacha Chill Dara.....	22
2.3 Scoláireacht ar Mhionlogainmneacha na hÉireann	23
2.4 Scoláireacht Idirnáisiúnta ar Mhionlogainmneacha	26
3. Modheolaíocht	32
3.1 Cur chuige Taighde.....	32
3.2 Taighde Cartlainne	32
3.3 Obair Pháirce.....	36
3.4 Cur i Láthair an Eolais.....	38
3.5 Ceannfhoirmeacha Béarla.....	40
3.6 Ceannfhoirmeacha Gaeilge	40
3.7 Ainmneacha eile.....	41
4. Torthaí an Taighde	42
4.1 Gaeilge Chill Dara – Fianaise ar an gCanúint.....	42
4.2 Deilbhíocht agus Srathú Aoise	54
4.3 Buneilimintí Coitianta	56
Offaly East / Uíbh Fhailí Thoir.....	65
P: Ballyshannon / Baile Sonnáin.....	78
P: Carn / Carna	81
P: Cloncurry / Cluain Conaire	88

Suíomh Éiginnte	99
P: Dunmurry / Dún Muire	101
P: Feighcullen / Fiodh Cuilinn.....	107
P: Grangeclare / Gráinseach Chláir	110
P: Kildare / Cill Dara	111
P: Lullymore / An Loilíoch Mhór	197
P: Pollardstown / Baile Pholaird	203
P: Rathangan / Ráth Iomgháin	204
P: Tully / An Tulaigh	237
Offaly West / Uíbh Fhailí Thiar	243
P: Ballybrackan / Bealach Bhreacáin.....	243
P: Ballyshannon / Baile Sonnáin.....	254
P: Duneany / Dún Éanna	256
P: Fontstown / Baile an Fhóntaigh.....	260
P: Kildangan / Cill Daingin	270
P: Knavinstown / Baile Uí Chnáimhín.....	272
P: Lackagh / An Leacach.....	276
P: Monasterevin / Mainistir Eimhín	297
P: Nurney / An Urnaí.....	320
P: Walterstown / Baile Bhaltair.....	323
Conclúid	327
Leabharliosta	331
Aguisín A: Innéacs Mionlogainmneacha (Foirmeacha Béarla)	341
Aguisín B: Innéacs Mionlogainmneacha (Foirmeacha Gaeilge)	345
Aguisín C: Innéacs Eilimintí.....	348
Aguisín D: Ainmneacha Eile	352

Liosta Figiúirí

Figióir 1: Barúntachtaí Chill Dara. _____	2
Figióir 2: An ceantar staidéir agus na barúntachtaí teorantacha, Port na hInse i gContae Laoise agus An Daingean Uachtarach agus Baile an Chúlaigh i gContae Uíbh Fhailí san áireamh _____	3
Figióir 3: Leagan amach na dtagairtí stairiúla. _____	39
Figióir 4: Léiriú ar ainmneacha a bhfuil fearann mar bhuneilimint iontu, agus a bhfuil a shuíomh beacht ar eolas i bparóiste Chill Dara. _____	63
Figióir 5: Ballysaxhills / Cnoic Bhaile Shacsá. _____	65
Figióir 6: Ballysax Little / Baile Shacsá. _____	67
Figióir 7: Ballysax Great / Baile Shacsá Mór. _____	69
Figióir 8: Curragh / An Currach. _____	71
Figióir 9: Crockaun, ón iarthuaisceart, sráidbhaile Brownstown sa chúla. _____	73
Figióir 10: Common North / An Coimín Thuaidh. _____	81
Figióir 11: Churchland East / Fearann an Teampaill. _____	83
Figióir 12: Cappanargid / Ceapach an Airgid. _____	88
Figióir 13: Lullybeg / An Loilíoch Bheag. _____	92
Figióir 14: Carrickanearla / Carraig an Iarla. _____	101
Figióir 15: Dunmurry East / Dún Muire Thoir agus Dunmurry West / Dún Muire Thiar. _____	105
Figióir 16: Drumsru / Droim Sruith. _____	107
Figióir 17: Brallistown Commons / Coimín Bhraichleasáin. _____	116
Figióir 18: Curragh / An Currach. _____	118
Figióir 19: Curraghfarm / Feirm an Churraigh. _____	124
Figióir 20: Kilnagornan / Coill na gCarnán. _____	129
Figióir 21: Kildare / Cill Dara 1; Baile Chill Dara. _____	136
Figióir 22: Kildare / Cill Dara; Tuaisceart an bhaile fearainn. _____	137
Figióir 23: Kildare / Cill Dara; Oirdheisceart an bhaile fearainn. _____	138
Figióir 24: Kingsbog or Common / Móin an Fhraoigh nó An Coimín. _____	169
Figióir 25: Loughandys / Loch Aonghais. _____	171
Figióir 26: Loughminane / Loch Meannáin. _____	175
Figióir 27: Mooretown / Baile na Móna. _____	179
Figióir 28: Redhills / An Cnoc Rua. _____	186
Figióir 29: Southgreen / An Fhaiche Theas. _____	190
Figióir 30: Whitesland West / Fearann an Fhaoitigh Thiar. _____	192
Figióir 31: P: Lullymore / An Loilíoch Mhór. _____	197
Figióir 32: Pollardstown / Baile Pholaird. _____	203
Figióir 33: Ballysooghan North / Baile Uí Shubhacháin Thuaidh. _____	206

Figióúr 34: Bonaghmore / An Bhánóg Mhór. _____	211
Figióúr 35: Clonmoyle West / Cluain Maol Thiar. _____	212
Figióúr 36: Coolelan / Cúil Fhaoláin. _____	214
Figióúr 37: Cushaling / Cois Loinge. _____	215
Figióúr 38: Ellistown / Baile Eilís. _____	217
Figióúr 39: Kilmoney North / Cill Mhuine Thuaidh. _____	221
Figióúr 40: Kiltaghan North / Coillteachán Thuaidh agus Kiltaghan South / Coillteachán Theas. _____	222
Figióúr 41: Rathangan Demesne / Diméin Ráth Iomgháin agus deisceart Rathangan / Ráth Iomgháin, baile Ráth Iomgháin san áireamh. _____	228
Figióúr 42: Sheean / An Sián. _____	232
Figióúr 43: Tullylost / Tulaigh Loiste. _____	233
Figióúr 44: Rathbride / Ráth Bhríde. _____	237
Figióúr 45: Tully West / An Tulaigh Thiar agus Tully East / An Tulaigh Thoir. _____	239
Figióúr 46: Derryoughter East / Doire Uchtach Thoir agus Derryoughter West / Doire Uchtach Thiar. _____	243
Figióúr 47: Kileen East / An Cillín Thoir agus Kileen West / An Cillín Thiar. _____	247
Figióúr 48: Larch Hill / Cnoc na Learóige. _____	249
Figióúr 49: Riverstown / Baile na hAbhann. _____	252
Figióúr 50: Crawnglass / An Corrán Glas agus Mullaghmoyné West / Mullach Maighné Thiar. _____	254
Figióúr 51: Duneany / Dún Éanna. _____	256
Figióúr 52: Hybla or Ballyneage / Baile Cnág. _____	258
Figióúr 53: Ardellis Lower / Ard Eilís Íochtarach. _____	260
Figióúr 54: Derrynine / Doire an Eidhinn agus Rathconnell Wood / Coill Ráth Chonaíolaigh. _____	262
Figióúr 55: Boghall / Halla an Phortaigh, Clarey / Cloichrigh agus Cherrymills / Muilte Cherry. _____	264
Figióúr 56: Rickardstown Lower / Baile Riocaird Íochtarach agus Rickardstown Upper / Baile Riocaird Uachtarach. _____	267
Figióúr 57: Kildangan / Cill Daingin. _____	270
Figióúr 58: Paróiste agus baile fearainn Knavinstown / Baile Uí Chnáimhín. _____	272
Figióúr 59: BF: Clogheen / Cluain Chaoin. _____	277
Figióúr 60: BF: Concealment / An Ceilteán. _____	280
Figióúr 61: Coolsickin or Quinsborough / Cúil Soicín nó Baile Uí Chuinn. _____	281
Figióúr 62: Lackaghbog / Móin an Leacaigh. _____	283
Figióúr 63: Lackagh More / An Leacach Mór. _____	285
Figióúr 64: Ballyfarsoon / Baile an Phearsúin. _____	297
Figióúr 65: Clogheen / Cluain Chaoin. _____	299
Figióúr 66: Coolnafearagh / Cúil na Fiarach. _____	302
Figióúr 67: Monasterevin / Mainistir Eimhín. _____	306
Figióúr 68: Mooreabbey Demesne / Ros Glas. _____	310
Figióúr 69: Passlands / Fearann Áth an Bhealaigh. _____	316

Figiúr 70: P: Nurney / An Urnaí. _____	320
Figiúr 71: Nurney / An Urnaí. _____	321
Figiúr 72: P: Walterstown / Baile Bhaltair. _____	323

Liosta Táblaí

Tábla 1: Liosta na bhfaisnéiseoirí.....	37
Tábla 2: : Láthair na béime in logainmneacha dar críoch -án i gContae Chill Dara. Bhailigh an Brainse Logainmneacha na foirmeacha foghraíocha seo sna blianta 2009 agus 2010 (Logainm.ie).	44
Tábla 3: Láthair na béime in ainmneacha bhaile fearainn dar críoch -ín i gContae Chill Dara. . Bhailigh an Brainse Logainmneacha na foirmeacha foghraíocha seo sna blianta 2009 agus 2010 (Logainm.ie).....	45
Tábla 4: Fianaise ar an réadú [x] ar th leathan deiridh na Gaeilge i logainmneacha Chill Dara.	51
Tábla 5: Úsáid an ailt in ainmneacha den struchtúr Ainmfhocal (+Alt) + Ainmfhocal Cáilithe	54
Tábla 6: Na buneilimintí is coitianta i mBarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar: Comparáid idir bailte fearainn agus mionainmneacha.	57
Tábla 7: Na buneilimintí is coitianta in ainmneacha baile fearainn agus mionainmneacha sa cheantar staidéir de réir barúntachta.....	58
Tábla 8: Scagadh ar mhionainmneacha dar buneilimint fearann a bhfuil a méid agus an úsáid talún a bhí i bhfeidhm orthu ar eolas.	62

Noda Ginearálta

a. r. p.	acraí, róid, agus péirsí: tomhasanna talún.
BF	Baile fearainn
c.	circa
Co.	Contae
eag.	eagarthóir(i)
g.	ginideach
g.i.	ginideach iolra
g.u.	ginideach uatha
JÓG	Ainm an taighdeora, Justin Ó Gliasáin: Úsáidtear an nod seo i dtras-scríbhinní ó agallaimh a rinneadh mar chuid den obair pháirce.
lch	leathanach
P	Paróiste

Liosta Príomhfhoinsí

Áit	Foirm áitiúil a bailíodh le linn obair pháirce.
AL	Ainmleabhar Paróiste na Suirbhéireachta Ordanáis. Ar fáil sa Chartlann Náisiúnta.
AL:Desc. Rem.	Descriptive Remarks; as Ainmleabhar Paróiste na Suirbhéireachta Ordanáis. Ar fáil sa Chartlann Náisiúnta.
AL:OD	Leagan Gaeilge de logainm nó nóta agus é scríofa le dúch in Ainmleabhar Paróiste na Suirbhéireachta Ordanáis; John O'Donovan / Seán Ó Donnabháin a scríobh de ghnáth.
ARÉ	O'Donovan, J. (1854) <i>Annála Ríoghachta Éireann: Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters I-VII</i> . Baile Átha Cliath: Hodges & Smith.
ASE	'Abstracts of Grants of Lands and Other Hereditaments Under the Acts of Settlement and Explanation, A.D.1666—1684' (Appendix to <i>Fifteenth Annual Report from the Commissioners of Public Records of Ireland</i> , 45–280; 1825).
Belfast Newsletter	Nuachtán. Tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag https://archive-irishnewsarchive-com .
BNS	Bailiúchán na Scol. Lámhscríbhinní i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tugtar uimhir an imleabhair agus uimhir an leathanaigh leis. Ceadaithe ag https://www.duchas.ie/ .
BNSC	Cóipleabhair Bhailiúchán na Scol. Ábhar ón mbailiúchán nach bhfuil digitithe, ar coimeád i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD.
Bog of Allen Map	'Map of Part of the Bog of Allen, in the County Kildare, by Order of the Commissioners for the Drainage of Bogs in Ireland, by Richard Griffith'. 1810. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann: 16 D. 12
BSD	Simington, R. C. (1952) 'Barony of Ophaly, County Kildare (Extract from The Book of Survey and Distribution)', in <i>The Civil Survey A.D. 1654–56, Vol. VIII—County of Kildare</i> . Dublin: Coimisiún Láimhscríbhinní na hÉireann, 239–242.

CBÉ	An Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tugtar uimhir an imleabhair agus uimhir an leathanaigh leis. Ceadaithe ag https://www.duchas.ie/ .
CGH	O'Brien, M. A. (eag.) (1976) <i>Corpus Genealogiarum Hiberniae</i> . Imleabhar I. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
CGn.	Clárlann na nGníomhas. Lámhscríbhinní in Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath.
Cillsheanchas CD	De hÓir, É. (1966) 'Blúire Cillsheanchais faoi Fhairche Chill Dara', <i>Dinnseanchas</i> , II (2), 29–51.
Circle	Peter Crooks (eag.), <i>A Calendar of Irish Chancery Letters, c. 1244–1509</i> . Ceadaithe ag https://chancery.tcd.ie/ .
Comerford	Comerford, M. (1883, 1886) <i>Collections Relating to the Dioceses of Kildare and Leighlin</i> . 3 imleabhar. Dublin: James Duffy and Sons.
CPR JI	<i>Irish Patent Rolls of James I; Facsimile of the Irish Record Commission's Calendar Prepared Prior to 1830</i> . Dublin, Stationery Office for the Irish Manuscripts Commission, 1966.
Crown Survey	Mac Niocaill, Gearóid (eag.) (1992) <i>Crown Surveys of Lands 1540–41 with the Kildare Rental Begun in 1518</i> . Dublin: Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.
CS	Simington, R. C. (eag.). (1952). <i>The Civil Survey A.D. 1654–56, Vol. VIII—County of Kildare</i> . Dublin: Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.
Daonáireamh 1901	Daonáireamh na hÉireann, 1901. Ceadaithe ag http://www.census.nationalarchives.ie/
Daonáireamh 1911	Daonáireamh na hÉireann, 1911. Ceadaithe ag http://www.census.nationalarchives.ie/
DFN	Hanks, P., Hardcastle, K. and Hodges, F. (2006) <i>A Dictionary of First Names</i> . Oxford: Oxford University Press.
DIB	<i>Dictionary of Irish Biography</i> , Acadamh Ríoga na hÉireann. Ceadaithe ag https://www.dib.ie/
DIL	<i>Dictionary of the Irish language: Based Mainly on Old and Middle Irish Materials</i> . Dublin: Acadamh Ríoga na hÉireann. Ceadaithe ag www.dil.ie .

Dinneen	Dinneen, P.S. (1996). <i>Foclóir Gaedhilge agus Béarla</i> . Baile Átha Cliath: Irish Texts Society.
Dog Licences	Registry of Dog Licences, Cartlann Naisiúnta na hÉireann, MFGS/60/. Ceadaithe ag https://www.findmypast.ie/ .
DP	Drogheda Papers: Paipéir eastáit a bhaineann le hEastáit Dhroichead Átha sa Leabharlann Náisiúnta. Lámhscríbhinní éagsúla: NLI: D. 21,032–21,175: ‘DP, 144 deeds relating to properties in Monasterevan, Co. Kildare of the Moore family, Earls of Drogheda, 1591–1894’. Tá na gníomhais seo i mboscaí agus ní luaitear uimhir thagartha beacht leo. I gcásanna nach raibh uimhir thagartha leis an ngníomhas, tugtar a theideal. NLI: MS 12,720: ‘Valuation Book of the Kildare, Leix and Offaly Estates of the Second Marquis of Drogheda, c. 1831. Draft Valuation of the Estate of the Same, 1833’. NLI: Ms. 5191: ‘Survey of the Estate of the Marquis of Drogheda in County Kildare, 1833’. NLI: MS 9733: ‘Valuation Book of the Kildare, Leix and Offaly Estates of the Second Marquis of Drogheda, c. 1831. Draft Valuation of the Estate of the Same, 1833’.
Drogheda Rental	Leabhair chíosá ó Eastáit Dhroichead Átha sa Leabharlann Náisiúnta. Lámhscríbhinní éagsúla: NLI: Ms. 5190 ‘Rental of the Estates of the Marquis of Drogheda Situate in Kildare, King's and Queen's Counties, 1811’. NLI Ms. 12,724–12,733 ‘Rentals of the Earl of Drogheda's Estates in Counties Kildare, Leix, and Offaly, for the Years 1810–1815 (10 volumes)’. NLI: 12,720 –12,723 ‘Rentals of the Estates of the Earl of Drogheda, in Counties Kildare, Leix and Offaly, for the Years, 1746, 1767, 1772 and 1801’.
DS	<i>The Down Survey of Ireland</i> . Ceadaithe ag http://downsurvey.tcd.ie
DUP	McKay, P. (1999) <i>Dictionary of Ulster Place-Names</i> . Belfast: The Institute of Irish Studies.

Earls of Kildare (Add)	The Marquis of Kildare (1862) <i>The Earls of Kildare and their Ancestors from 1057–1753—Addenda</i> . Dublin: Hodges Figgis & Co.
EDD	Wright, Joseph, (1898–1905) (eag) <i>The English Dialect Dictionary</i> . 6 imleabhar. Oxford: Oxford University Press, 1981.
EFN	Cavill, P. (2018) <i>A New Dictionary of English Field-Names</i> . Nottingham: The English Place-Name Society.
Emerson BoR	PRONI MIC541/11 ‘A Book of Rifference of the Townes and Lands Belonging to the Right Honourable John Earl of Kildare Lying and Being in the Barony of Ophaley in the County of Kildare with Numbers Agreeable to the Mapp Made in the Yeare 1674’, le Thomas Emerson, ar fáil sa Public Records Office of Northern Ireland.
Emerson Contents	PRONI MIC541/11 ‘The Contents of Acres of Severeall Denominations in the Lordship of Kildare Belonging to the Right Honorable John Earl of Kildare’, le Thomas Emerson, ar fáil sa Public Records Office of Northern Ireland.
EPA	Léarscáil fo-ithreach ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar fáil ag https://gis.epa.ie/EPAMaps/
Evening Herald	Nuachtán. Tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag https://archive-irishnewsarchive-com .
F	Nicholls, K.W., 1994. <i>The Irish Fiants of the Tudor Sovereigns: During the reigns of Henry VIII, Edward VI, Philip & Mary, and Elizabeth I</i> . Dublin: Éamonn de Búrca for Edmund Burke.
Family Names	Hanks, P., McClure, P. & Coates, R. (2016) <i>The Oxford Dictionary of Family Names in Britain and Ireland</i> . Oxford: Oxford University Press. Kay Muhr agus Liam Ó hAisibéil a rinne taighde ar ainmneacha de bhunadh na hÉireann don saothar seo.
FGB	Ó Dónaill, N., 1977. <i>Foclóir Gaeilge-Béarla</i> . Baile Átha Cliath: An Gúm. Ceadaithe ag https://www.teanglann.ie
Frag. Annals	Radner, J., (1978) <i>Fragmentary Annals of Ireland</i> . Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies

Freemans Journal	Nuachtán. Tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag https://archive-irishnewsarchive-com .
FSÁG	Ó Riain, P., Ó Murchadha, D., Murray, K., Nic Cárthaigh, E. (eag.) (2003–2020) <i>Historical Dictionary of Gaelic Placenames / Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge</i> . London: Irish Texts Society.
Gaedhilg CD	Piatt, D. (1933), 'Gaedhilg Chonndae Chill Dara' <i>An tUltach</i> . 10: 4, 2–3.
GPN	Ó Corráin, D. & Maguire, F. (1981) <i>Gaelic Personal Names</i> . Dublin: The Academy Press.
Griffith Inq.	Margaret C. Griffith (1991) <i>Calendar of Inquisitions Formerly in the Office of The Chief Remembrancer of The Exchequer Prepared from the MSS of the Griffith Inq., Irish Record Commission</i> . Dublin: Irish Manuscripts Commission.
Griffith's Valuation	Griffith's Valuation of Ireland, Cartlann Náisiúnta na hÉireann. Ceadaithe ag http://www.askaboutireland.ie/griffith-valuation/
Henry VIII Papers	Gairdner, J. (eag.) (1890) <i>Letters and Papers, Foreign and Domestic, Henry VIII</i> . 21 imleabhar, London: Her Majesty's Stationery Office. Ceadaithe ag: https://www.british-history.ac.uk/search/series/letters-papers-hen8?page=2 .
Inq. Lag.	Ionchoisní Chúige Laighean (1826)—'Inquisitionum in Officio Rotulorum Cancellariae Hiberniae Asservatarum Repertorium I'.
IPN	Flanagan, D. & Flanagan, L. (1994) <i>Irish Place Names</i> . Dublin: Gill & Macmillan.
Ir. Mon. Poss.	White, N. B. (1943) <i>Extents of Irish Monastic Possessions, 1540–1541</i> , from Manuscripts in the Public Record Office, London. Baile Átha Cliath: Coimisiún Láimhscríbhinní na hÉireann.
Irish Independent	Nuachtán. Tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag https://archive-irishnewsarchive-com .
Irish Press	Nuachtán. Tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag https://archive-irishnewsarchive-com .
Irish Times	Nuachtán. Tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag https://www.proquest.com/hnpirishtimes/ .

JCKAS	Alt in Journal of The County Kildare Archaeological Society, imleabhar, uimhir agus leathanach leis.
JCKAS: Darby	Darby, M. (1896) 'Irish Place-names and Local Folklore', <i>Journal of The County Kildare Archaeological Society</i> , II(2), 151–154.
JCKAS: OPN 1	Clarke, T. P. (1943). 'Old Place Names Not Recorded on the Ordnance Maps'. <i>Journal of The County Kildare Archaeological Society</i> , XII(7), 349–351.
JCKAS: OPN 2	Dowling, M. (1945). 'Old Place Names not Recorded on the Ordnance Maps'. <i>Journal of The County Kildare Archaeological Society</i> , XII(7), 453–456.
JCKAS: Rathangan	FitzGerald, W. (1907) 'Rathangan', <i>Journal of The County Kildare Archaeological Society</i> , V(3), 137–163.
Joyce	Joyce, P.W. (1869) <i>The Origin and History of Irish names of Places</i> . 3 imleabhar. Dublin: M.H. Gill and Son.
Kildare Est.	Kildare Estates: 'Maps of the estates of the Earl of Kildare, Cos. Kildare and Carlow, by John Rocque, 1756–68 in 9 volumes, with One Volume of Maps of the Estate in Eastern Ophaley, Co. Kildare of the Duke of Leinster, 1816'. Le fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4361 4032.
Kildare Observer	Nuachtán, tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag http://archive.irishnewsarchive.com/olive/apa/KCL.Edu
Lbran.	Mac Airt, S. (1944) <i>Leabhar Branach / The Book of the O'Byrnes</i> . Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
Leinster Express	Nuachtán. Tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag https://archive-irishnewsarchive-com .
Leinster Leader	Nuachtán. Tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag https://archive-irishnewsarchive-com .
Lodge Rolls	John Lodge, Records of the Rolls, imleabhar 14 – 'Deeds, Leases etc from the Reign of King George the First'. Ceadaithe ag: https://beyond2022.ie/?page_id=1049#collections

Longfield

‘Longfield Map Collection by John Longfield, John Brownrigg, Thomas Murray et al, Land Surveyors, ca 1770–1840’. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Liostaítear na léarscáileanna a ceadaíodh thíos:

Ballagh: ‘A Survey of Part of the Lands of Ballagh ... Scale 10 Perches to an Inch’. MS 21 F. 36 / (122)

Cappanarget: ‘Map of Cappanarget [Cappanargid] in the Barony of Offaly East and County of Kildare.’ In Longfield Map Collection, MS 21 F. 36 / (096).

Carna: A Map of the Lands of Carna [Carn] Barony of Offaly East and County of Kildare in the Tenure of [Edward] Byrne. A survey of Part of the Lands of Carna [Carn] Barony of Offaly East Co Kildare in the Tenure of Hugh Toole.

Clogheen: ‘A Map of Bog Near Clogheen in the Barony of West Offaly and County of Kildare’. MS 21 F. 36 / (128)

Clonegath: ‘A Map of a Give and Take Line Between Cloneygath [Clonegath] the Estate of the Most Noble Charles Marquis of Drogheda & Kildangan the Estate of Dominick O Reilly Situate Near Monasterevin in the County of Kildare. Surveyed and laid out by J.L.’ 1817. MS 21 F. 37 / (141)

Coolnafearagh: ‘Map of Coolnafeera [Coolnafearagh] in the Barony of Offaly West and County of Kildare. Scale: 20 Statute Perches to an Inch. Names of Tenants & Acreage of Holdings Shown’. MS 21 F. 36 / (084).

Curraghaun: ‘A Map of the Lands of Curraghaun, Surveyed by John Longfield’. ar fáil in : 21 F. 21 (1–36)

Eskerhill: ‘A Map of Lands of Eskerhill Pullagh Bawn and Rickardstown in the Barony of West Offaly and County of Kildare. Names of Tenants & Acreage of Holdings Shown’. MS 21 F. 36 / (087)

Grangecoor: ‘A Survey of Part of Grange Core [Grangecoor] in the County of Kildare Part of the Estate of the Most Noble Charles, Marquis of Drogheda Let to [illegible] Dunne. Scale 10 perches to an inch’. : MS 21 F. 36 / (103)

Grangecoor2: A Map of the Lands of Grangecoor in the Barony of Offaly West and County of Kildare. Names of Tenants & Acreage of Holdings Shown.

Kildangan: 'Map of Land at Kildangan in the Barony of Offaly West and County of Kildare. Scale 20 Statute Perches to an Inch. Names of Tenants & Acreage of Holdings Shown'. MS 21 F. 37 / (146)

Kilebeg: 'A Map of Lands at Kilebeg [Kilbeg] in the Barony of Offaly West and County of Kildare. Names of Tenants & Acreage of Holdings Shown'. Le fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, MS 21 F. 37 / (145)

Knavenstown: 'A Survey of the Lands of Knavenstown [Knavinstown] the Two Killawrences & Ballylogas in the Barony of Western Ophaly and County of Kildare the Estate of the Dean and Chapter of Kildare Let to Charles Fitzgerald. By J. Brownrigg, 1788. Scale 20 perches to an inch'. MS 21 F. 37 / (149)

Monasterevin: 'A Map of Properties in Monasterevin County Kildare. Scale 42 Feet to an Inch. Names of Tenants & Acreage of Holdings Shown'. MS 21 F. 36 / (102)

Monasterevin & Kill 'A Map of Monasterevin and Kill in the Barony of Offaly West and County of Kildare. Names of Tenants and Area of Holdings Shown'. : MS 21 F. 36 / (089)

Mylerstown: 'A Map of Lands at Mylerstown in the Barony of [Offaly West] and County of Kildare. Names of Tenants and Acreage of Holdings Shown'. MS 21 F. 35 / (059)

Rickardstown: '[Map of] Reduction of Part of Rickardstown [in the Barony of Offaly West and County of Kildare] Done for Dominick O Reilly & Surveyed 1816. By J.L. Scale 10 Perches to an Inch'. MS 21 F. 37 / (142)

Salusky: 'A Map of Part of the Lands of Kildangan Called Salusky in the County of Kildare in the Tenure of Richard Beaghan'. 21 F. 36 / (143)

Skirteen: 'A Map of lands at Skirteen and Clogheen in the Barony of Offaly West and County of Kildare. Scale 20 Statute Perches to an Inch. Names of Tenants and Acreage of Holdings Shown, Pasture Tillage & Meadow Shown'. 21 F. 36 / (118)

LSO CD

Herity, M. (eag.) (2002) *Ordnance Survey Letters, Kildare*. Dublin: Four Masters Press.

Lullymore FN	‘Field Names in the Lullymore Area’. Liosta ainmneacha páirce i gceantar <i>Lullymore</i> . Ceadaithe ag: https://www.kildare.ie/ehistory/index.php/field-names-in-the-lullymore-area/ .
Lullybeg Map	‘A Map of Lullybeg and Lullymore in the Barony of Offaly East and County of Kildare’. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann MS 21 F. 35 / (082).
Map of Coolsickin	‘A Map of Coolsickin in the County of Kildare, Belonging to Henry Gore, Surveyed in 1705 by Thomas Emerson’ ar fáil in Leabharlann Náisiúnta na hÉireann: 21 F. 21 (1–36) ‘Maps and Surveys of the Estate of the Marquis of Drogheda Mainly in County Kildare, and in Leix, Offaly and Meath. By T. Emerson, J. Lane, B. Scale, J. Longfield, M. Maguire, J. Morrin and Others, 1705–1905’.
Monasterevin Manor	‘A Book of Maps of the Manors of Monasterevin and Fontstown in the County of Kildare and King's County, the Estate of the Marquis of Drogheda. Surveyed by John Longfield. Oblong Volume of 31 Coloured Maps, 1833’. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, MS 16 F. 8
Mooreabbey 1759	‘A Survey of the Demesne of Monaster-Evan (Mooreabbey)’, Scalé 1759. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 21 F. 21.
Medlicott Papers	Paipéir Eastáit de chuid mhuintir Medlicott, Dunmurry. Bailiúchán neamhchatalógaithe i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
Monasterevin Scalé	‘Survey of the Manor of Monasterevin in the County of Kildare and King's County, the Estate of Charles, Earl of Drogheda. By Bernard Scalé Oblong Quarto Volume Containing 23 Maps, 1759–73’. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann: 21 F. (1–36).
N & L Times	Nationalist and Leinster Times – Nuachtán, tugtar dáta foilsithe, uimhir leathanaigh agus teideal an ailt. Ceadaithe ag https://archive-irishnewsarchive-com .
NED	<i>A New English Dictionary on Historical Principles</i> . An chéad eagrán, 1884–1933 (10 n-imleabhar agus 1 forlíonadh).
NIAH	National Inventory of Architectural Heritage. Ceadaithe ag https://www.buildingsofireland.ie/

Noble & Keenan	Map of county Kildare, J. Noble & J. Keenan; 2 leathanach (D. Pomarede, Dublin, 1752). Ceadaithe ag: https://www.logainm.ie/ga/res/#4
OED	<i>Oxford English Dictionary</i> . Ceadaithe ag https://www.oed.com/ .
PFN Hyland	‘Place and Field Names Associated with the Hyland Family’. Liosta logainmneacha agus ainmneacha páirce, chomh maith le léarscáil lámhscríofa, déanta ag feirmeoir ó bhaile fearainn Mylerstown. Ní mhaireann an feirmeoir féin. Curtha ar fáil don taighdeoir ag a mhuintir.
Piatt	Piatt, D. S. (1933) <i>Dialect in East and Mid-Leinster: Gaelic Survivals</i> . Féinfhoilsithe.
PR	Clár pharóiste na hEaglaise Caitlicí, An Leabharlann Náisiúnta. Tugtar ainm an pharóiste, uimhir an mhicreascannáin, agus uimhir an leathanaigh. Ceadaithe ag https://registers.nli.ie/
PRONI Abstract	PRONI MIC541/11 'Abstract' de thailte i Máinéar Chill Dara ón mbliain 1684.
PRONI D3078/1/9/8	‘One of Two Documents Comprising a Fee Farm Grant and Lease from Augustus Frederick, [3rd] Duke of Leinster to Viscount Harberton of the Demesne and Lands of Rathangan, the Lease of 1852 Including a “... Map [by Samuel Wattson] of Lands Leased to Lord Harberton: Lease Sold by Him to 3rd Duke of Leinster in 1858”’. Le fáil sa Public Records Office of Northern Ireland.
PRONI MIC541/11	‘Leinster Papers: Miscellaneous Estate Papers, Comprising Correspondence, Maps and Surveys, Agents Accounts, Rentals, Lease Books and Rent Books’. Ar fáil sa Public Records Office of Northern Ireland.
PSOB	Petty Sessions Order Books: Kildare. An Chartlann Náisiúnta, CS/PS/1. Clár inar taifeadadh sonraí na bpáirtithe i gcásanna cúirte. Ceadaithe ag https://www.findmypast.ie/ .
RBK	Mac Niocaill, G. (1964) (eag.) <i>The Red Book of the Earls of Kildare</i> . Dublin: Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.
Rent Roll	‘A Rent Roll of the Earl of Kildare's Rents that Stood Out in Arreare...when the Last Rent Rolls and Accompts Were Made up. With an Account of What Has Been Received by Robert Porter up to May 1, 1684’. London: British

	Museum, Harleian Ms. 7200 (Ceadaithe ar mhicreascannáin i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (n.1689, p.1431).
Rocque TCD (CD)	‘A Survey of the Town and Lands of Kildare’, 1757, as <i>Rocque TCD</i> thíos: TCD MS 10434
Rocque TCD	‘A Survey of the Manor of Kildare Situat'd in the Barony of Ophaly & County of Kildare Belonging to His Excellency Jas. E[a]r[l] of Kildare, by John Rocque Chorographer to their R[ight] H[onorable]s the Late & Present Prince of Wales. General Survey and 18 Maps, 1757’. TCD MS 10434
Rocque	‘A Survey of the Town of Kildare Belonging to his Excellency James Earl of Kildare, 1757’, John Rocque (NLI, MS 22004(5)) in Andrews, J. H., Simms, A., Davies, K.M. (eag.) (1986) <i>Irish Historic Towns Atlas: Kildare</i> . Dublin: Royal Irish Academy. Ní hionann seo agus <i>Rocque TCD (CD)</i> thuas.
RSBCK	Representative Church Body Library, Dublin C 14 ‘Records of St Brigid’s Cathedral, Kildare 1630–1996’. Boscaí áirithe le hábhar measctha. Tugtar an teideal atá ar an mbosca mar aon le teideal na cáipéise.
SGG	Woulfe, P. (1923) <i>Sloinnte Gaedheal is Gall</i> . Baile Átha Cliath: M.H Mac an Ghoill agus a Mhac.
Sherrard 1798	‘Survey of the Town of Kildare, the Estate of his Grace the Duke of Leinster, 1798, By Thomas Sherrard’ (NLI, MS 2204(6)) in <i>Irish Historic Towns Atlas: Kildare</i> .
Sherrard 1817	Kildare, 1817, by Sherrard, Brassington and Greene (NLI, MS 22004 (7)) in <i>Irish Historic Towns Atlas: Kildare</i> .
SO 25”	An tSuirbhéireacht Ordanáis, léarscáil 25 orlach. 1897–1913.
SO 6”	An tSuirbhéireacht Ordanáis, léarscáil 6 horlaí. 1837–1842.
SO Cassini	Léarscáil sé horlaí de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. 1908–40
SO Geohive	Léarscáil nua-aimseartha de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. Ar fáil: http://map.geohive.ie/ .
SSN	Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Léarscáil idirghníomhach ar fáil ag https://maps.archaeology.ie/historicenvironment/ . Tugtar uimhir thagartha na séadchomhartha.

Survey of Mullaghtruce	‘A Survey of Mullaghtruce – 1760’, John Rocque, léarscáil in Kildare Estates: ‘Maps of the Estates of the Earl of Kildare, Cos. Kildare and Carlow, by James Rocque, 1756–68 in 9 Volumes, with One Volume of Maps of the Estate in Eastern Ophaley, Co. Kildare of the Duke of Leinster, 1816’. Le fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4361 4032.
Survey of Rathangan	‘A Survey of Rathangan, 1760, John Rocque, léarscáil in Kildare Estates: ‘Maps of the Estates of the Earl of Kildare, Cos. Kildare and Carlow, by James Rocque, 1756–68 in 9 Volumes, with One Volume of Maps of the Estate in Eastern Ophaley, Co. Kildare of the Duke of Leinster, 1816’. Le fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4361 4032.
Survey of Tullylost	‘A Survey of Tullylost – 1760’, John Rocque, léarscáil in Kildare Estates: ‘Maps of the Estates of the Earl of Kildare, Cos. Kildare and Carlow, by James Rocque, 1756–68 in 9 Volumes, with One Volume of Maps of the Estate in Eastern Ophaley, Co. Kildare of the Duke of Leinster, 1816’. Le fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4361 4032.
TAB	Tithe Applotment Books, an Chartlann Náisiúnta. Ceadaithe ag http://titheapplotmentbooks.nationalarchives.ie/search/tab/home.jsp
Taylor	‘A Map of the County of Kildare’, Lieutenant Alexander Taylor of His Majesty’s 81st Regiment, 1783. Foilsithe ag Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath (1983).
Teistíochtaí 1641	Teistíochtaí a bhaineann le Éirí Amach 1641. Ceadaithe ag https://1641.tcd.ie/ .
Valentia Estate	NLI Ms. 19,024 ‘Volume with Rent Roll, Survey and 9 Maps of Estate of Viscount Valentia at Ballynax [sic] and Drinanstown, Co. Kildare; by Charles Frisell, 1773’.
Vaughan Rathangan	‘A Map of the Demesne Part of Rathangan in the Barony of Ophely and County of Kildare Belonging to James Spencer Esqr. Surveyd and Subdivided in the Month of June 1769 by Charles Vaughan’. Ar fáil in PRONI MIC541/11

Achoimre

Mionlogainmneacha i mBarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar, Contae Chill Dara

Justin Ó Gliasáin

Is é aidhm an tráchtais seo bailiúchán mionlogainmneacha i mBarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar, Contae Chill Dara, a chur i láthair, agus grinnanailís a dhéanamh ar gach ainm d’fhonn a shanasaíocht agus a bhunfhoirm a dhéanamh amach agus, i gcás mionlogainmneacha de bhunadh na Gaeilge, d’fhonn ceannfhoirm Ghaeilge a mholadh. I gcorp an tráchtais pléitear 356 mionlogainm in iontrálacha ina liostaítear foirmeacha a bailíodh ó cháipéisí stairiúla amhail léarscáileanna, suirbhéanna agus gníomhais, agus ó fhaisnéiseoirí áitiúla. Liostaítear na hainmneacha de réir barúntachta, paróiste dlí agus ansin de réir baile fearainn. Leagtar amach na tagairtí stairiúla a ghabhann le gach ainm in ord croineolaíoch. Bíonn na mionlogainmneacha léirithe ar léarscáileanna den bhaile fearainn ina bhfuil siad suite nuair atá an suíomh beacht ar eolas. Tá alt mínithe ag gabháil le gach iontráil ina ndéantar anailís ar na foirmeacha stairiúla agus ar fhoirmeacha foghraíochta comhaimseartha le gur féidir bunfhoirm agus sanasaíocht an mhionlogainm a rianadh siar. Mar thaca leis an anailís sin, déantar plé achomair ar chúrsaí staire, topagrafaíochta, talmhaíochta, seandálaíochta agus béaloidis, nuair is cuí. Iniúchtar na hainmneacha ó thaobh cúrsaí canúna le cur leis an stór eolais teoranta i leith na canúna a labhraíte sa cheantar. Déantar gnéithe canúnacha atá le sonrú sna hainmneacha amhail forbairtí foghraíochta agus stór focal a chur i gcomparáid le gnéithe atá le fáil i bhfoinsí eile a bhaineann leis an gceantar staidéir é féin, agus le ceantair eile sa tír. Chomh maith leis sin, déantar anailís mhacraleibhéil ar na heilimintí logainmníochta atá sna hainmneacha chun tuiscint níos leithne a fháil ar an gcóras ainmniúcháin sa cheantar.

1. Réamhrá

1.1 Cuspóir an Taighde

Is í príomhaidhm an tionscadail seo anailís a dhéanamh ar bhailiúchán mionlogainmneacha i mbarúntachtaí Uíbh Fhailí Thiar agus Uíbh Fhailí Thoir, Contae Chill Dara. Déantar an anailís seo chun sanasaíocht agus bunfhoirmeacha na n-ainmneacha a aithint. I gcás ainmneacha de bhunadh na Gaeilge moltar ceannfhoirm Nua-Ghaeilge nuair is féidir bunús an ainm a dhéanamh amach. Déantar iniúchadh ar fhoirmeacha stairiúla agus áitiúla na n-ainmneacha chun forbairtí canúna a aithint agus a mheas. Tugtar spléachadh ar na hainmneacha sa tráchtas ar bhonn macraleibhéil d'fhonn tuiscint a fháil ar na pátrúin ainmniúcháin sa cheantar staidéir ó thaobh dáileadh míreanna de. Cuirfidh an taighde seo go mór leis an tuiscint atá againn ar logainmneacha an cheantair staidéir agus leis an obair atá déanta ag an mBrainse Logainmneacha ar logainmneacha riaracháin an cheantair.

Tabharfaidh sanasaíocht na logainmneacha a iniúchtar sa saothar seo léargas ar na daoine a mhair sa cheantar taighde le breis is 800 bliain anuas. Tugann na hainmneacha fianaise dúinn ar na teangacha a labhair siad, na hainmneacha pearsanta agus sloinnte a bhí orthu, na bealaí a shaothraigh siad an talamh, na tionscail a bhí ar bun acu, an chaoi a bhfaca siad an tírdhreach mórthimpeall orthu, agus na gnéithe saorga a thóg siad sa tírdhreach sin. Dá réir sin, táthar ag súil go mbeidh an taighde seo úsáideach don staraí, don seandálaí, don taighdeoir teangeolaíochta agus canúineolaíochta, don taighdeoir béaloidis agus don tíreolaí stairiúil.

1.2 Sainmhíniú ar Mhionlogainm


I gcomhthéacs an taighde seo, cloítear leis an sainmhíniú ar mhionlogainm atá ar an suíomh gréasáin Meitheal.Logainm.ie:

‘Is éard is mionainm ann... ná logainm nach bhfuil ina ainm riaracháin ná ina ionad daonra. Áirítear ainmneacha contaetha, barúntachtaí, paróistí dlí, bailte fearainn, contaetha riaracháin, agus toghranna i measc ainmneacha riaracháin na hÉireann. Áirítear ainmneacha cathracha, bailte, sráidbhailte agus sráidainmneacha i measc ionaid daonra na tíre’
(Meitheal.Logainm.ie 2019).

Anuas air sin, níor cuireadh na haibhneacha seo a leanas san áireamh don taighde seo: *River Barrow* / An Bhearú, *Boherbaun River or Finnerly River* / An Fhionnúraigh, *Slate River* / An Tarae agus *Black*

*River*¹. Cuireadh roinnt ainmneacha sráide de bhunadh na Gaeilge i mBaile Chill Dara san áireamh. Déantar plé ar an tuiscint ar céard is mionlogainm ann go hidirnáisiúnta i gcaibidil 2.3.

1.3 Cur síos ar an gCeantar Staidéir: Topagrafaíocht, Stair agus Úsáid Talún.



Figiúr 1: Barúntachtaí Chill Dara.

¹ Tabharfar faoi deara go bhfuil abhainn eile den ainm seo sa cheantar staidéir atá san áireamh sa tráchtas.



Figiúr 2: An ceantar staidéir agus na barúntachtaí teorantacha, Port na hInse i gContae Laoise agus An Daingean Uachtarach agus Baile an Chúlaigh i gContae Uíbh Fhailí san áireamh

Sa chaibidil seo déantar an ceantar taighde a chur i láthair. Tá Barúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar suite in iarthar láir Chontae Chill Dara. Roinneann Uíbh Fhailí Thoir teorainneacha le Contae Uíbh Fhailí san iarthar, Barúntacht Chairbre ar an taobh thuaidh, Barúntacht Chonnala ar an taobh thoir, Barúntacht Chill Chuillinn ar an taobh thoir theas agus Barúntacht Uíbh Fhailí Thiar ar an taobh thiar theas. Tá Uíbh Fhailí Thiar teorantach le An Fhorrach agus An Réabán Thoir agus le Cill Chuillinn ar an taobh thoir theas, le An Fhorrach agus An Réabán Thiar ar an taobh theas, le Contae Laoise san iarthar agus le Contae Uíbh Fhailí ar an taobh thiar thuaidh. I measc na mbailte suntasacha sa cheantar tá Cill Dara, Campa an Churraigh agus Ráth Iomgháin in Uíbh Fhailí Thoir agus Mainistir Eimhín in Uíbh Fhailí Thiar. In 1.3.1, cuirtear síos ar thopagrafaíocht an cheantair ó thaobh tírdhreacha agus cineálacha talún de. Tugtar spléachadh in 1.3.2 ar stair an cheantair, agus dírítear ar chuid de na treibheanna agus tiarnaí is tábhachtaí a raibh sé faoina smacht acu ar feadh an ama. In 1.3.3, pléitear úsáid talún sa cheantar, agus in Éirinn i gcoitinne, agus dírítear ar stair an imfhálaithe go háirithe.

1.3.1 Topagrafaíocht

Tá an ceantar thar a bheith réidh cé is moite de shraith cnoc íseal ar an taobh thiar thuaidh de bhaile Chill Dara. Síneann na cnoic siar ó thuaidh ón gCnoc Rua (190m) go dtí Cnoc Dhún Muirígh (234m), *The Chair of Kildare* (190m) agus Cnoc na Gráinsí (227). In ainneoin a ísle is atá na cnoic seo, tá suntas ag baint leo go háitiúil i bhfianaise a réidhe is atá an tírdhreach móorthimpeall.

Tá éagsúlacht mhór sa cheantar taighde ó thaobh fo-ithreach de. Ar an gCurrach, tá gaineamh agus gairbhéal oigheardhobhrach ('Glaciofluvial sands and gravels', *EPA*) ann. Ar an taobh thiar thuaidh den Churrach, idir é agus an tsraith cnoc thuasluaite, tá till gaineamhchloiche ('sandstone till', *EPA*). Tá ceantracha portaigh ('cutover peat', 'fen peat', *EPA*) ar fud an cheantair, ina measc siúd, tá *Kingsbog*, ó dheas de bhaile Chill Dara agus *Moanavullagh Bog*, i ndeisceart Uíbh Fhailí Thiar. Tá ceantracha móra portaigh ar an taobh thiar agus an taobh thiar thuaidh de Mhainistir Eimhín agus Ráth Iomgháin a shíneann siar i dtreo lár tíre. Tá till aolchloiche ('limestone till', *EPA*) i gceist leis an gcuid is mó den chuid eile den cheantar, agus tá talamh maith feirmeoireachta idir churaíocht agus fhéarach sna ceantracha sin. Tá ithir ghláir ('aluvium', *EPA*) ann feadh na Bearú agus na Fionnúrach chomh maith le haibhneacha agus srutháin eile. Tá cúpla áit breactha timpeall an cheantair a bhfuil ithir lochach ('Lacustrine Sediments', *EPA*) le fáil, agus sna cásanna sin, tá seans ann go dtugann an cineál sin ithreach le fios go raibh loch san áit tráth.

1.3.2 Stair

Is cuid de dhúiche stairiúil Ó bhFailge an dá bharúntacht atá idir chamáin sa tráchtas seo, agus is ón ainm treibhe sin a shíolraíonn a n-ainm. Ceann de shaorthreibheanna Laighean ba ea Uí Fhailge a raibh Maigh Life faoina smacht acu sa 6ú haois (Ó Muraíle, 200: 9). Nuair a tháinig na sloinne chun cinn in Éirinn, ghlac ríshliocht Ó bhFailge leis an sloinne Ó Conchobhair. I Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis (Herity, 2002: 181 [242]) déanann Seán Ó Donnabháin iarracht na dúichí stairiúla ar fad i gContae Chill Dara a rianú siar agus a nascadh le barúntachtaí an lae inniu. Seo an scagadh a thugann sé faoi Uíbh Fhailí.

The Barony of Ophaly in (the west of) this County, is, as I have already shewn, a part of the ancient Ui Falgia, which had been wrested from O'Connor Faly by the Fitzgeralds of Kildare. It comprised of the two cantreds, as I have already laboured to prove, of Magh Aoife, the inheritance of O'Murchain, and of Leighe, the inheritance of O'Kelly Ley who sunk at an early period under the Geraldines and O'Dempsies. Maigh Aoife extended to the foot of the Hill of Allen, as one must infer from the natural phases of the county and comprised the northern half of the Barony of Ophaley. Tuath Leighe, the patrimony of O'Kelly Ley, extended westwards as far as the Castle of Leighe in the Queens county and comprized the Southern

half of the Barony of Ophaley in Kildare. This is described by O'Heerin who died in 1420 as a delicious territory.

Dar le Seán Ó Donnabháin, (1854: III, 44) tháinig dhá dhúiche chunn cinn as dúiche Ó bhFailge tar éis theacht i dtír do na hAngla-Normannaigh, Uí Fhailge na nGall, i gContae Chill Dara an lae inniu ina raibh muintir Mhic Gearailt i réim, agus Uí Fhailge na nGael i gContaetha Laoise agus Uíbh Fhailí an lae inniu ina raibh muintir Uí Chonchobhair fós i gcumhacht. Bhí tionchar ag Uí Fhailge ar an gceantar staidéir i bhfad i ndiaidh theacht na nAngla-Normannach, áfach, agus ba mhinic muintir Uí Chonchobhair a bheith in adharca leis na Gearaltaigh anuas go dtí an 16ú haois². Bhain cuid mhaith de bharúntacht Uíbh Fhailí Thiar le clann thánaisteach de chuid Ó bhFailge darbh ainm Ó Díomasaigh Chlann Mhaoilíora (Mathews, 1903: 13), agus ba rí dá gcuid, Diarmaid Ó Díomasaigh a bhunaigh an mhainistir in Ros Glas ag deireadh an 13ú haois (ibid.: 26). Dála mhuintir Uí Chonchobhair, bhí muintir Uí Dhíomasaigh gníomhach sa cheantar anuas go dtí an 16ú haois, ar a laghad (ibid.: 88).

1.3.3 Úsáid Talún

Is cosúil go raibh córas páirceanna neamhfhálaíthe de chineál éigin in úsáid in Éirinn roimh theacht na nAngla-Normannach agus tá tagairtí sa Luath-Fhéineachas do chearta coimíneachta (Clare, 2004, 9). Bhí an córas rondála, córas talmhaíochta neamhfhálaíthe, in úsáid in iarthar na hÉireann sa 17ú agus san 18ú haois, ach ní léir an córas dúchasach réamh-Normannach é seo, nó córas a cuireadh ar bun le dul i ngleic le constaicí na linne sin (Clare, 2004, 9). Is léir freisin gur baineadh leas éigin as páirceanna imfhálaíthe le fada an lá, mar a léiríonn Achaidh Chéide i gContae Mhaigh Eo. Tuigtear freisin ó thaighde seandálaíochta ar ráthanna go raibh páirceanna dúnta in úsáid sna tailte atá buailte leis na ráthanna féin ag tús na meánaoiseanna (Aalen, 1970, 211). Faightear eolas i dtéacsanna dlí maidir leis an leagan amach a bhí ar fheirmeacha sa luath-thréimhse, chomh maith leis na cineálacha imfháluithe a bhí in úsáid iontu amhail *lías caírech* ('sheep-pen'), *lías láeg* ('calf-pen') agus *foil muc* ('pig-sty') (Kelly, 1997: 365). Anuas air sin, leagtar amach na rialacha a bhí ann sa luath-thréimhse maidir le fála sa téacs dlí *Bretha Comaithchesa* (Ó Corráin, 1983: 247; Kelly, 1997: 372).

Cé go bhfuil fianaise éigin ar imfhálú in Éirinn sa luath-thréimhse, mar a luadh thuas, bhí córas talmhaíochta neamhfhálaíthe i bhfeidhm ar fud na hEorpa sna meánaoiseanna. Lean an cleachtas talmhaíochta sin anuas go dtí an 19ú agus an 20ú haois i gcásanna áirithe agus tá sé in úsáid i roinnt cásanna eisceachtúla fós. Faoin gcóras seo, ba bheag imfhálú a bhí déanta ar thalamh feirmeoireachta, agus dá réir sin, ba thírdhreach oscailte, neamhfhálaíthe a bhí ann den chuid ba

² Féach Ó Cléirigh (1996) 'The O'Connor Faly Lordship of Offaly', mar a bhfuil cuntas ar an gcaidreamh idir na Gearaltaigh agus Uí Fhailge.

mhó (Clare, 2004: 8). Cuireann an Civil Survey a rinneadh idir 1654 agus 1656 tírdhreach neamhfháilithe in iúl mar a léiríonn Duffy anseo agus é ag trácht ar chontae Chill Dara:

The abiding impression from reading the Civil Survey is of a largely open-field, unenclosed landscape. In its comprehensive verbal descriptions of boundaries, hedges, banks or other man-made elements rarely feature. Very occasionally 'lanes' are used in some eastern districts to define boundaries, implying perhaps some kind of fence. In the eastern baronies, however, boundary descriptions simply talk of lands which 'meare' other named townlands. There is no indication of the nature of the mearing or boundary or whether outbounds were marked in some way by a bank or other feature (Duffy, 2006: 19).

Léirítear go leor coimíní i dtuaisceart an chontae sa suirbhé siúd, áit a bhfuil easpa comíní le feiceáil sna barúntachtaí i lár agus i ndeisceart an chontae, rud a thabharfadh le fios go raibh siad ní ba choitianta i dtuaisceart an chontae. Ní mhaireann an chuid sin den suirbhé a bhaineann le barúntachtaí Uíbh Fhailí, ámh (ibid.: 19).

Tosaíodh ar imfhálú a dhéanamh ar an tírdhreach oscailte seo ón 13ú haois ar aghaidh (Clare, 2004: 14) ach is léir gur lean an próiseas seo ar aghaidh go dtí an 18ú agus fiú an 19ú haois. Tá Aalen (1970: 209) den tuairim gur tharla ar a laghad cuid den imfhálú a rinneadh in oirthear na tíre de réir a chéile ó na meánaoiseanna déanacha ar aghaidh, ach gur tharla an chuid is mó de san 18ú haois. Is é barúil Patrick J. Duffy (2007: 40) ina thaobh seo ná gur tharla an chuid is mó den imfhálú ar thírdhreach na hÉireann idir 1750 agus 1850.

Faightear léargas ar an bpróiseas seo in saothair Arthur Young, scríbhneoir a rinne camchuairteanna ar Éirinn idir 1776 agus 1779. Tugann Young roinnt eolais faoi mar a bhí cúrsaí talmhaíochta in Éirinn ar a thaisteal timpeall na tíre dó. Tá roinnt tagairtí aige do phróiseas an imfháilithe. Féach, mar shampla, an méid seo a leanas a scríobh sé agus é i gContae Lú:

I was much pleased to see the inclosures creeping high up the sides of the mountains, stony as they are. (Young, 2007: 46)

Bhí na hathruithe seo dírithe ar aschur talmhaíochta a mhéadú, agus d'eascair siad as feabhsaithe teicneolaíochta agus brú daonra a bhí ag tarlú sa Bhreatain a d'fhág go raibh géarghá le borradh a chur faoin soláthar bia (Clare, 2004: 15). Bhí an t-imfhálú lárnach sna hathruithe sin, agus tharla cuid mhaith den imfhálú seo ón mbarr anuas i measc tiarnaí talún a bhí in ann obair den chineál sin a ordú ar bhonn uilíoch ar a dtailte féin. Ar an lámh eile, cuireadh an próiseas ar bun ar bhonn treallach ar thailte imeallacha dála coimíní agus portach. Ar thailte den chineál sin, rinne feirmeoirí beaga seilbh a ghabháil ar gheadáin chun gabháiltais bheaga dá gcuid féin a bhunú. Fágann a leithéid

seo d'imfhálú páirceanna a bhfuil cruthanna neamhrialta orthu mar atá le feiceáil i mbaile fearainn Bhroiléith (*Broadleas Commons*) i bparóiste an Bhaile Mhóir i gCill Dara (Aalen, 1970: 216).

Maidir le fianaise ar an gcóras neamhfháilithe talmhaíochta seo sa cheantar staidéir, sa scagadh atá déanta aige ar shuirbhé Thomas Emerson ar cheantar Pharóiste Chill Dara, tarraingíonn Horner aird ar ráiteas sa suirbhé faoin mionainm *Russe Park* mar léiriú ar chóras ársa gabháltas:

The variety of names together with some other remarks – for example Russe Park being “in many mens holdings” may suggest a complex, possibly archaic, landholding system which might be further supported by detailed placename analysis (1996: 403).

Tá sé le tuiscint ón ráiteas seo ‘in many mens holdings’ gur pháirc mhór neamhfháilithe a bhí anseo, ina raibh stráicí nó geadáin ag go leor daoine éagsúla. Tá rolla cíosa (*Rent Roll*) i Músaem na Breataine a ghabhann leis an suirbhé seo ar thailte Chill Dara agus tugtar leid ann don chineál seo córais ina mbíodh geadáin ag daoine éagsúla sa pháirc chéanna. Sa rolla cíosa seo, tugtar ainmneacha daoine agus na tailte a bhí acu. Léiríonn an rolla go bhféadfadh geadáin bheaga a bheith ag duine amháin, scaipthe timpeall an cheantair, agus go bhféadfadh geadáin bheaga a bheith ag daoine éagsúla sa pháirc chéanna. Tá deacrachtaí ag baint lena chruthú gur pháirc amháin a bhí i gceist seachas ceantar, feirm nó fobhaile, ach i gcás ainmneacha cosúil le ‘*the great meddow*’ agus ‘*the Pidgeon parke*’, is féidir talamh slán a dhéanamh de gur pháirc amháin a bhí i gceist atá briste síos i ngeadáin nó i stráicí beaga:

James Hetherington 2ar 2r of the great meddow in little Broadhooke 5 ar 3r in Farrengatta 16ar r in the Earles three parks 3ar 3r 12 p in the Pidgeon parke 1ar 20r in all 29ar 1r 32p with his house and back houses to the castle wall in Kildare by lease for three lives from May [16]83. (*Rent Roll*)

Sa chás seo, tuigtear go raibh geadáin éagsúla ag an James Hetherington seo i bpáirceanna éagsúla. Feicfear thíos go raibh geadáin bheaga ag daoine eile in ‘*the great meddow*’. Tá ‘*Farrengatta*’ marcáilte ar léarscáil *Rocque TCD (CD)* mar pháirc curaíochta amháin. Ní léir ar tháinig athrú ar chruth na páirce sin idir an dá linn. Luaitear 16 acra le ‘*Farrengate*’ in *Emerson BoR*.

Is léir go raibh ar a laghad cúpla ‘*great meddow*’ sa cheantar seo, agus geadáin réasúnta beag ag daoine iontu, mar a léiríonn an píosa seo thíos maidir le Capt Thomas Huchson, a raibh geadáin aige in dhá ‘*great meadow*’ éagsúla nó b’fhéidir dhá gheadán sa chluain chéanna a bhí ar leith óna chéile.

6 ar in the greate meadow 6 ar Hulettes parke 3 ar Clegarret and ffarrencooly 15ar 1r ffarrenboy 10 ar 1 r Loghlyan and Trenchalla mead 37ar 3 r. Burgage 5ar meadfield 5 ar ffarrengadra 2ar the gate park 3r and in the greate meddow on all 92 and ten houses with

their gardens and one old stone house, backside and garden and one cabin and garden in the possession of Connor Carroll by lease for three lives from May [16]83. (ibid.)

Seans gur tagairt do ‘*Farrangatta*’ atá in ‘*the gate park*’ thuas freisin.

Tá tagairt do na deacrachtaí a bhain le teorainneacha na ngabháltas in *Emerson BoR* le sonrú sa phíosá seo a leanas in a dtugtar léargas ar easaontas faoi teorainneacha.

Farekinall a parcel of pasture claimed by Charles White esq as belonging to Conlinstown though ye anchant & knowing man wch showed ye bounds saith it is parte of Carrickanearle

Maidir le himfhálú sa dá bharúntacht seo, is cinnte gur cuireadh i bhfeidhm de réir a chéile é, ach is léir go raibh an próiseas faoi lán seoil faoin am ar thug Thomas Emerson faoina Shuirbhé in 1674. Faightear léiriú anseo thíos ar choimín a ndearnadh imfhálú air le sconsaí:

A parcel without Clare Gate, formerly a common for the earl's tenants and of right now is lately ditched up and grazed by one person. It is bounded about with highways, a triangle piece called Little Cunneburra, the walls of the White Abbey near the north-east point. Contains 3a. 3r. p. 403.

Cuireann an léarscáil de chóngar bhaile Chill Dara a tharraing John Rocque sa bhliain 1757 tírdhreach imfhálaithe in iúl a bhfuil páirceanna dúnta le sconsaí mórthimpeall orthu ann, agus in ainneoin nach maireann an léarscáil nó na léarscáileanna a ghabhann le suirbhé Emerson, is cosúil gur tharla athruithe suntasacha ar an tírdhreach idir an dá linn.

Feictear rian de na coimíní in ainmneacha na mbailte fearainn sa cheantar staidéir, mar shampla *Killeagh Common* (‘a little common called Killeagh, common to Kildare, Grangeclare and Guidenstown, and bishop's land’, *Emerson BoR*), *Grangecommon* (‘a Common Mountaine to severall townes’ *Emerson BoR*) agus *Brallistown Commons*. Tá coimíní sa cheantar atá fós i bhfeidhm amhail baile fearainn beag *Rahilla Commons*, a chuimsíonn páirc mhór amháin agus é in úsáid mar fhéarach ag feirmeoirí éagsúla sa chóngar (*Áit.4*) agus tá cearta coimíneachta i bhfeidhm go fóill ar an gCurrach (Rialtas na hÉireann, 1961: 2).

Is léir, mar sin, go raibh córas feirmeoireachta neamhfháilaithe i bhfeidhm in Éirinn agus i gCill Dara ó na meánaoiseanna go dtí am éigin san 18ú nó sa 19ú haois, cé gur tosaíodh ar an imfhálú chomh luath leis an 13ú haois. Bhí a leithéid de chóras i réim i Sasana agus é á chur i bhfeidhm ag na hAngla-Normannaigh. Tugadh an córas sin anall go hÉirinn nuair a tháinig na Normannaigh go dtí an tír seo sa 12ú haois. Bhí córas neamhfháilaithe éigin i bhfeidhm in Éirinn roimh theacht na Normannach ach is beag eolas atá againn ar an gcóras sin. Ní léir cibé acu an iarsma den chóras úd a bhí sa chóras

rondála, nó ar bunaíodh as an nua é le dul i ngleic leis na cúinsí talmhaíochta agus sóisialta a bhí ann sa 17ú agus san 18ú haois (Clare, 2004: 9). Is beag mionchur síos atá ar fáil ar chóras na talmhaíochta neamhfháilithe in Éirinn, ach tá tagairtí fánacha i bhfoinsí éagsúla a léiríonn go raibh a leithéid de chóras ann, agus go ndearnadh imfhálú ar thalamh neamhfháilithe de réir a chéile. Rinneadh cuid den imfhálú seo ar bhonn eagraithe, agus cuid de ar bhonn *ad hoc*. An t-aon rian den chóras seo atá fós i bhfeidhm ar bhonn praiticiúil i gcúrsaí talmhaíochta an lae inniu ná coimíní atá suite, go príomha, ar thailte imeallacha.

1.4 Labhairt na Gaeilge sa Cheantar Staidéir agus i gContae Chill Dara i gCoitinne.

1.4.1 An 16ú hAois

Tugann foinsí éagsúla ón tréimhse seo le fios go raibh labhairt, scríobh agus léamh na Gaeilge ag Gearaltaigh Chill Dara a bhí lonnaithe i Maigh Nuad den chuid ba mhó. I measc a lucht cuideachta, bhí an file Bard de Neilan ‘an Irishe rithmour [rhymer]’ (Lennon, 2006, 198), rud a léiríonn go raibh na Gearaltaigh dílis do thraidisiún dúchasach na mbard. Ní eile a léiríonn an tiomantas seo a bhí acu ná an saibhreas leabhar Gaeilge a bhí i leabharlann phearsanta na nGearaltach i Maigh Nuad (Lennon, 2006, 198). Chomh maith leis an spéis a bhí ag na Gearaltaigh i litríocht agus in ealaín na Gaeilge, is ríshoiléir go raibh tábhacht fheidhmiúil ag an nGaeilge i saol polaitiúil na linne sin. Tá sé seo le sonrú i gcomhaontú idir Gearóid Óg Mac Gearailt (1487–1534) agus muintir Mhig Radhnaill a dréachtaíodh i nGaeilge sa bhliain 1530 (féach Russell, 1866).

Tá tagairt dhíreach ann do Thomás Mac Gearailt (Tomás an tSíoda, 1513–37) a bheith ag labhairt Gaeilge le linn Éirí Amach Chill Dara sa bhliain 1534. Tar éis dó an t-ardeaspag John Alen (1476–1534) a ghabháil i mBaile Átha Cliath, thug sé an t-ordú ‘*Ber wem e boddeagh*’ (beir uaim an bodach) do bheirt dá lucht leanúna. Rinne an bheirt an t-ardeaspag a mharú bunaithe ar an ordú sin, ach ní léir go dtí an lá inniu an é sin go díreach a bhí i gceist ag an nGearaltach (Lennon, 2006, 198). Anuas ar an méid sin, ba as Sasana do mháthair Thomás an tSíoda, agus nuair a bhog sí go hÉirinn an chéad lá, b’éigean di tabhairt faoi Ghaeilge a fhoghlaim, agus ‘in shorte tyme... learned to reade, write and perfectly speak the language’ (Lennon, 2006, 189).

San fhardal seandálaíochta (KD022-022----) luaitear bun crois i mbaile fearainn *Crossmorris* / **Cros Mhuiris** i bparóiste *Lackagh*, barúntacht Uíbh Fhailí Thiar. Is é atá anseo ná an méid atá fágtha de chros a tógadh in ómós do Mhuiris Mac Gearailt as an Leacach, a maraíodh ar an láthair sa bhliain 1520. Ba chol ceathrar é seo le Gearóid Óg, an 9ú hIarla agus ba eisean an Fear Ionaid (Lord Deputy)

in Éirinn ag an am (Strath, 1939, 192). Tá an cur síos seo a leanas ar an marú in Annála Ríoghachta Éireann:

‘Muiris mac tomáis, mic an iarla rogha gall ngearaltoch do mharbhadh la conn mac maoíleachlainn í mhordha co sochaidhe ele amaille fris’ (ARÉ: V, 1348)

Chomh maith leis an gcros a tógadh in ómós dó, is as Muiris Mac Gearailt a ainmníodh baile fearainn Chros Mhuiris, rud a thabharfadh le fios go raibh an Ghaeilge bisiúil go maith sa cheantar le linn na tréimhse sin.

1.4.2 An 17ú hAois

I ndiaidh Éirí Amach 1641 thug finnétithe teistíochtaí faoin méid a thit amach le linn na coimhlinte sin. Tugann na teistíochtaí úd léargas dúinn ar an tionchar a bhí ag an éirí amach ar dhaoine lena linn, ach anuas air sin, faightear léargas ar an saol mar a bhí ag an am i gcoitinne. Tá méid áirithe le foghlaim faoi chúrsaí teanga i gCill Dara le linn na tréimhse sin chomh maith. Tá an choimhlint idir an dá theanga agus, go deimhin, idir an dá phobal le brath i gcuid de na teistíochtaí seo, agus is léir go raibh dátheangachas i bhfeidhm sa cheantar go pointe áirithe. Ceann de na teistíochtaí is mó a sheasann amach maidir le tuiscint a fháil ar an tréimhse chorrathach sin i stair na tíre ná teistíocht Walter Welldon as Ros Bearaigh ar an taobh ó thuaidh de Dhroichead Nua. Tugann Welldon fianaise faoi dhúnmharú brúidiúil buachalla óig a bhí ag lorg déirce. Maraíodh é mar gheall gurbh é an Béarla an teanga a bhí á labhairt aige:

...there came an English male=Child to the doore of the said Katherin <A> in Roseberry aforesaid and demaunded Almes at the doore, wherevppon one william Harrold of Roseberry aforesaid beeing then in the said Katherins house drinkeing and heareing the said Child begging in English and perceauing it to bee an English Child by his language went out of the said house to the doore and there seeing the said Child said vnto him (you Roague are you sent by Mrs Welldon to spy I will spy you) and therevppon drew his skeane and therewith runne the said Child into the breast and immediatly killed him... (Teistíochtaí 1641 MS 813, fols 175r–176v)

Léiríonn an scéal dubhach seo go raibh an teanga a labhair duine ag an tráth seo ina comhartha féiniúlachta agus ina cúis aighnis.

Taispeánann an teistíocht seo a leanas go raibh an dá theanga ar a dtail ag cuid de na Gaeil i gCill Dara ag an am sin.

...whensoever theis persons aboue named or any other of those whose names this Examinant knowes not, at any tyme came into the said Morris fitz Garretts house of Allen, they ever applyed their discourse in private, to those persons onely that were the cheife men there, And when ever this Examinant came neare them they lefte of speaking English and turned it into Irish.’ (MS 813, fols 028r–029v)

Más fíor don mhéid atá sa teistíocht seo, tá sé le tuiscint go raibh na fir seo dátheangach, ach go raibh sé de nós acu Béarla a labhairt lena chéile, ach amháin nuair a bhí an finné seo ina dtimpeall. Sa chás sin, d’iompaídís ar an nGaeilge le nach mbeadh sé ar a chumas iad a thuiscint. Thabharfadh an méid sin le fios go raibh stádas na Gaeilge ag dul i laghad ag an bpointe seo, agus go raibh cuid den phobal iompaithe ar an mBéarla mar theanga chumarsáide pobail, in ainneoin Gaeilge a bheith acu.

Is léir ón mbeagán eolais atá le sonrú faoi chúrsaí teanga sa 17ú haois déag go raibh an Ghaeilge fós bisiúil go maith le linn na haoise sin, ach i gcomhthéacs pobail dhátheangaigh ina raibh an lámh in uachtar ó thaobh gradaim agus cumhachta de ag an mBéarla.

1.4.3 An 18ú hAois

Tá tagairtí do labhairt na Gaeilge sa cheantar staidéir ón 18ú haois réasúnta tearc, agus is gá tarraingt ar fhoinsí fánacha chun tagairtí ar bith a fháil ar chúrsa teangeolaíochta sa tréimhse sin. Déanfar plé ar ball ar thagairtí i Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis do na cainteoirí deireanacha i gcodanna de chontae Chill Dara i lár an 19ú haois. Mar gheall go raibh cainteoirí Gaeilge le fáil chomh déanach sin, is féidir talamh slán a dhéanamh de go raibh an Ghaeilge bisiúil go maith ag tús an 18ú haois, in ainneoin an easpa eolais ar chúrsaí teanga sna foinsí.

Tá roinnt tagairtí do chúrsaí teanga in ábhar a bhaineann leis na scoileanna cairte a cuireadh ar bun san 18ú haois. Ba é scoil Dhíseart Diarmada i ndeisceart Chill Dara an chéad scoil chairte a cuireadh ar bun in Éirinn. Tugann an píosa seo a leanas cur síos ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag na daltaí sa scoil ó thaobh an Bhéarla de, i measc rudaí eile.

‘The school at Castledermot in the County of Kildare was opened in May 1734.....Two hours in the day are spent in Reading; and they have such Proficiency, that the English Tongue is become familiar to them, who before spoke Irish only’ (Quane, 1961, 472)

Taispeánann an mhír seo go raibh ag éirí leis na scoileanna cairte oiliúint a chur ar na leanaí ó thaobh cúrsaí teanga de, ach ní léir ar de bhunadh an cheantair áitiúil na leanaí seo. Is scoileanna cónaithe a bhí sna scoileanna cairte, agus bhí sé de pholasaí acu gan leanaí a chur i scoileanna a bhí ina gceantar dúchais féin, ar fhaitíos go ndéanadh a muintir iarracht iad a sciobadh ón scoil. Mar sin féin, is cosúil

nár tháinig an polasaí sin i bhfeidhm go dtí níos faide ar aghaidh san 18ú haois nuair a tugadh an fhadhb faoi deara (Milne, 1997, 132). Cibé ar domhan é, ní féidir talamh slán a dhéanamh de gur leanaí áitiúla bhí i gceist anseo.

Tugann cás cúirte ón *Old Bailey* i Londain ón mbliain 1744 a bhaineann le buíon ropairí as Éirinn ar cuireadh roinnt eachtraí gadaíochta ina leith timpeall chathair Londain léargas spéisiúil ar an iompar teanga a bhí ar bun acu.

‘When Patrick the Evidence came over from Dublin, (where he was born) he says he had no Thoughts of turning Robber, but work'd very honestly, and industriously at his Business as a Dyer, he work'd Journeywork with Mr. W. Gi - d - n in White-Lyon Yard, Spittlefields, 'till his Companion Christopher, who was born in the same Parish, viz. Loughbyrn, in the County of Kildare, about nine Miles from Dublin, and who was his Schoolfellow, came over to him.’³

Ní léir go díreach cén áit atá i gceist le *Loughbyrn*, ach is é is dóichí ná gur *Laraghbryan* / **Láithreach Briúin** i mbarúntacht na Léime Thuaidh i dtuaisceart an chontae atá faoi chaibidil. Bheadh *Loughbrown* / **Loch Bruacháin** in Uíbh Fhailí Thoir rófhada ar shiúl, agus ní paróiste é. I measc na ropairí seo, bhí triúr as *Loughbryn* Christopher agus Patrick Askine agus John Mackavoy, agus duine as Co. an Chabháin, Luke Riley. Tugann an píosa seo léargas ar an iompar teanga a bhí acu:

‘They heard a Coach coming from Hackney, which prov'd to be Mr. Alderman Heathcote's; Patrick stept forward, to see if there was any Danger from Attendants, it being the first Coach they ever stopt; found there was none, then gave the Word ‡

‡ They had different Words between themselves, which were generally Irish; the Word Patrick now made use of, as near as it can be pronounced, was, Cornahasea, the meaning of which is, make 'em Stand’⁴

Tá an blúire beag Gaeilge seo spéisiúil. Is é atá i gceist le *Cornahasea* ná ‘Cuir ina sheasamh é’ is cosúil.

Tá sé de thuairim ag Fitzgerald (1984: 130) gurbh é 4%, 3% agus 3% an bunmhéid de dhaoine a rugadh i mBarúntacht Uíbh Fhailí Thoir a bhí ina gcainteoirí Gaeilge idir 1771 agus 1781, 1781 agus 1791, agus 1791 agus 1801 faoi seach. Sna barúntachtaí eile sa chontae a luaitear san fhoinsé sin, is é 3% an bunmhéid a luaitear le barúntacht Chairbre go leanúnach idir 1771 agus 1801. Tá 2% luaite le barúntacht an Náis sa tréimhse sin, agus 4% leis an bhForrach agus an Réabán Thiar, go leanúnach

³ *Old Bailey Proceedings Online* (www.oldbaileyonline.org, version 8.0, 06 December 2019), ‘Ordinary of Newgate's Account’, October 1744 (OA17441005)

⁴ *Old Bailey Proceedings Online*, *ibid.*

thar na trí thréimhse arís sa dá chás. Luaitear 7% mar bhunmhéid i gcás na Léime Thuaidh idir na tréimhsí 1771 agus 1781 agus 1781 agus 1791. Laghdaigh an bunmhéid go mór sa chás seo go dtí 2% don tréimhse idir 1791 agus 1801. Ní phléann Fitzgerald Uíbh Fhailí Thiar, agus is cosúil go bhfuil na staitisticí sin ar iarraidh.

1.4.4 An 19ú hAois

Tugann roinnt suirbhéanna a rinneadh ag tús na haoise seo eolas faoi ghnéithe éagsúla den saol mar a bhí ag an am ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, talmhaíochta agus sóisialta de, i measc rudaí eile. Tá corrlathagairt le fáil iontu do chúrsaí teanga freisin.

Tugann Rawson (1807, 95) an méid seo le fios faoi staid na Gaeilge i gContae Chill Dara go ginearálta:

‘From its vicinity to the capital, the English language is very general, and the Irish is seldom used.’

Tá tagairt spéisiúil aige sa saothar céanna don teagmháil a bhí ag muintir na háite leis an reisimint in Arm na Breataine *The Glengarry Fencibles*, arbh as Garbhchríocha na hAlban iad:

‘The regiment of Glengarry, Scotch fencibles, who spoke with correctness the ancient Celtic, though they understood the corrupt Irish spoken by the natives, could scarcely make themselves intelligible to them.’ (1807, 95)

Tá suntas ag baint leis an dá ráiteas seo sa mhéid is go dtugann siad le fios go raibh an Ghaeilge fós beo sa cheantar ach ar an dé deiridh. Ní léir, áfach, cén ceantar go díreach atá i gceist agus tá an chéad ráiteas an-ghinearálta.

Léiríonn an méid atá scríofa ag Shaw Mason (1814b) faoi pharóiste Lé i mbarúntacht Phort na hInse in Oirthear Laoise, buailte le barúntacht Uíbh Fhailí Thiar, go raibh an scéal nach mór mar a chéile ansin:

‘The language used by the people is English; scarcely one word of Irish is spoken among them’

Tugann sé (1814a) an méid seo le fios faoi pharóiste Chill Bhearaigh i mbarúntacht na Forraí agus an Réabáin Thiar in *A Statistical Account or Parochial Survey of Ireland*:

‘Little or no Irish is spoken; the language of all is English; a few old people only know Irish, but do not use it.’

I gcomhthéacs an eolais a thugann Shaw Mason le fios faoi Chill Bhearaigh, díol spéise is ea go raibh an Ghaeilge fós ar a dtoil ag cuid den tseanghlúin sa chóngar sin in 1837 mar a léiríonn an nóta spéisiúil ó Sheán Ó Donnabháin faoi Bhaile Átha Í an bhliain sin:

‘The town is now called by (the) few old people who speak Irish there and in the Queen's County, "baile átha aoi", pronounced Blahée’ (*LSO CD: II, 91 [13]*)

I bhfianaise an nóta sin ón Donnabhánach is fiú aird a tharraingt ar an nóta seo as litir a sheol sé as Baile Átha Cliath ar an 12 Samhain 1837:

‘I am anxious to see old Larry Byrne of Logacurran near Athy before he dies, and some others living about Maryborough.’ (*LSO CD: I, 62 [182]*)

Tá Log an Churraigh thart ar 14 chiliméadar siar ó dheas ó Bhaile Átha Í in oirthear Laoise. Tá an Larry Byrne seo ina fhaisnéiseoir in Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis don chuid sin de chontae Laoise.

Tá tagairtí eile do chainteoirí Gaeilge i gcodanna eile den chontae chomh maith. Baineann an chuid is mó de na tagairtí seo le tuaisceart an chontae. Seo thíos sampla ó bharúntacht na Léime Thuaidh.

‘We traversed the Parishes of Taghadoo, Straffan, Castledillon, Killadoon, Lyons, and Clonoclis, on yesterday, and found for the first time in this County, a man who was competent to pronounce in Irish, most of the names in the four first Parishes’ (*LSO CD. I 10 [30]* 22.10.1937. Tomás Ó Conchúir (TÓC))

Tá roinnt tagairtí díreacha agus indíreacha do labhairt na Gaeilge i litreacha a bhaineann le barúntacht Uí Chéithigh agus Uachtar Fhine i dtuaisceart an chontae:

‘The common pronunciation of this name is Meenham, of which I could not obtain the Irish sound, (even) from persons who spoke Irish’ (*LSO CD: I, 26 [75]*)

‘Donadea Parish is commonly pronounced in English Donydee and in Irish Domhnach Cá’a {one lengthened sound} the signification of which is not explained.’ (*LSO CD: I, 25 [71]*. Maynooth, October 27th/37. TÓC.)

‘Kilcock Parish is called in Irish Cille Chóc, the meaning of which is not remembered’. (*LSO CD: I, 27 [78]*. Edenderry (King’s Co.) October 30th/37. TÓC/O’Keefe.)

‘Sculloquestown Parish is called in Irish Baile na Scológ (villa Firmariorum); in English sometimes Ballinascollog’ (*LSO CD: I, 30 [88]*. Edenderry (King’s Co.) October 30th/37. P. O’Keefe.)

Seo thíos roinnt samplaí ó bharúntachtaí an Náis

‘Parish is called by the people in Irish Cill Uisigh...’ (*LSO CD: I, 57 [167]*. Naas, November 9th 1837. P. O’Keefe.)

‘In the South side of the Townland of Blackhall, there is a circular graveyard resembling a fort, called, as well as I can represent the name through the imperfect pronunciation of it given me, in Irish, Cill San Liúcan, which signifies ‘cella Sancti Lucani’ cell (church) of Saint Lucan’ (*LSO CD: I, 56 [165]*. Naas, November 9th 1837. TÓC.)

Baineann an tagairt seo le paróiste Chill Ríonaí i mbarúntacht Chairbre:

‘Kilriney Parish is called in Irish Cill Rénuidh, the meaning of which is not known by the people... My informant told me he heard there was an old burial-place in Kilglass T.L. which, however, he pronounced Coill Glais (gluis)’ (*LSO CD: I, 33 [98]*. Enfield, Nov. 1st/1837. P. O’Keefe)

Níl aon tagairt i Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis do labhairt na Gaeilge i mbarúntachtaí Uibh Fhailí Thoir ná Thiar agus go deimhin, níor thángthas ar thagairt dá leithéid i bhfoinse ar bith ón 19ú haois déag. Tá cúpla tagairt sna litreacha dá ghalldaithe is a bhí an ceantar:

‘I visited Monaster Evin yesterday, but could find no feature or tradition there to throw light on its history. The people are entirely Anglicised and have lost all their ancient traditions.’ (*LSO CD: II, 122 [99]*. Kildare, December 3rd 1837 OD)

‘Kildare is so anglicised that little or nothing can be learned from the present pronunciation of the names’ (*LSO CD: I, 72 [212]*. Athy, November 19th 1837. OD)

Chonacthas thuas gur luaigh Rawson go raibh baint ag a bheith buailte leis an Ardchathair leis an bhforlámhas a bhí ag an mBéarla i gContae Chill Dara ag tús an 19ú haois. Ina ainneoin sin, léiríonn an scagadh a rinneadh thuas ar Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis gur sna barúntachtaí is gaire do Bhaile Átha Cliath, agus do Chontae na Mí i dtuaisceart an chontae, is mó a bhí cainteoirí Gaeilge fágtha ag an am sin, mar aon le ceantar Bhaile Átha Í in iardheisceart an chontae. Léiríonn Hindley (1990, 8) gurbh í an Ghaeilge an teanga ba threise i bhformhór Chontae na Mí ag tús an 19ú haois. Luíonn sé le réasún, mar sin, gur mhair sí píosa beag níos faide sa chuid de Chontae Chill Dara is gaire don chontae sin.

Níor aimsíodh fianaise starógach ar bith maidir le labhairt na Gaeilge i mbarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Thiar sa 19ú haois. Is fiú a lua go bhfuil Cill Bhearaigh, áit atá luaite ag Shaw Mason thuas, buailte le hUíbh Fhailí Thiar. Luaitear méid áirithe cainteoirí dátheangacha Gaeilge ón dá

bharúntacht seo i ndaonáirimh ón 19ú haois a rinneadh in 1851, 1861 agus 1871. In 1861, bhí níos lú ná 20 duine le Gaeilge i ngach barúntacht i gCill Dara seachas Uíbh Fhailí Thoir (138) agus An Léim Thuaidh (280). I gcás na Léime Thuaidh, tá sé de thuairim ag Fitzgerald (1984, 136) gurbh í an chliarscoil i Maigh Nuad ba chúis leis an líon ard cainteoirí sa bharúntacht sin. Tá an tuairim seo bunaithe ar a mhéid fear (273 as 280), agus go háirithe ar a mhéid fear óg (158 idir 20 agus 25 bliain d'aois) a luaitear mar chainteoirí Gaeilge sa bharúntacht sin. I gcás Uíbh Fhailí Thoir, fir is ea tromlach na ndaoine a luaitear mar chainteoirí Gaeilge chomh maith (117 as 138). An dá aoisghrúpa is mó i measc na bhfear sin ná 20–25 bliain d'aois (53 fear) agus 25–30 (29 fear). Is cosúil, mar sin, go bhfuil rud éigin ag cur borradh ar na figiúirí seo. Is é is dóichí, ná gur saighdiúirí ó chodanna eile den tír ach lonnaithe sa champa míleata ar an gCurrach, a bunaíodh in 1855, a bhí i bhformhór na bhfear óg seo.

Maidir leis na barúntachtaí teorantacha i gContae Uíbh Fhailí, ní raibh ach 11 duine le Gaeilge i mbarúntacht an Daingin Uachtaraigh, beirt i mBaile an Bhairínigh agus ceathrar i mBaile an Chúlaigh i ndaonáireamh 1861. I gcás Laoise, bhí duine amháin le Gaeilge i bPort na hInse, cúigear sa Sráidbhaile agus 11 i mBaile Adaim. Faoin am a reáchtáladh an daonáireamh seo in 1861, is léir go raibh na seandaoine a luaigh an Donnabhánach ar fad ar shlí na fírinne.

Tá cúpla tagairt ag an scríbhneoir Donn Piatt do bhlúiríní agus leathchainteoirí Gaeilge i gCill Dara, ach i roinnt cásanna, níl sna tagairtí seo ach scéal scéil, agus ar an gcaoi sin, tá siad neamhiontaofa. Seo na tagairtí uaidh a bhaineann le Cill Dara

‘A Priest told Máire ni Raghallaigh he was speaking to an old native speaker at Knockaulin, about 1888. A note by O’Growney which I am unable to trace mentioned seven old Irish speakers living near Maynooth about the same period. Seosamh Laoide in Post-Sheanchas mentions a woman near Naas claiming to have some native Irish. Probability is leant to this by the close proximity of Dublin mountains. Newbridge (SeanChonnail in Irish) would be in this district, also Kill where some recent Irish is claimed to have existed - a little village near the Dublin hills, but in Co. Kildare. “Tá mé gul awáil” was given me as a Kill version of “Tá mé ag dul abhaile” (Piatt, 1933: 7).

‘An old man near the Curragh gave me a snatch of the Irish song “Is Truagh gan Peata an Mhaoir agam” mixed with English, and said “Cut Bush” Currach, was called Cearna (sic) in his youth’. (Piatt, 1933: 7)

‘Níl fágtha i gConndae Chill Dara anois go mbhfios domhsa ach aon seandúine amháin a bhfuil níos mó den Ghaedhilg aige ná focla agus corr-abairt. Tá sé sin níos mó ná céad

bliadhain d'aois. Pléimíonn an sloinneadh atá air, agus tá sé 'na chomhnaidhe ag Old Bush , Newbridge. Bhí gabha 'na chomhnaidhe i gCill, Conndae Chill Dara, tá deich mbliana ó choinn ann, a rabh focla, ráidhte etc., de Ghaeilge Chill Dara aige. (Mc. Cormack, Kill, Co. Kildare.).' (*Gaedhilg CD*).

1.4.5 Conclúid

Is deacair scála beacht ama a leagan amach maidir le meath na Gaeilge i mbarúntachtaí Uíbh Fhailí Thiar agus Thiar mar gheall ar an easpa fianaise atá ann ar labhairt na teanga sa cheantar. Má bhí cainteoir ar bith fágtha faoi na 1830í, níor aimsigh baill foirne na Suirbhéireachta Ordanáis iad. Mar gheall go raibh an Ghaeilge fós ag roinnt seandaoine go díreach laistear den cheantar i gCill Bhearaigh sa bhliain 1814 agus sa cheantar céanna fós in 1837, d'fhéadfaí a thuairimiú go raibh méid áirithe cainteoirí Gaeilge fágtha i gcuid den cheantar go dtí na 1830í nó beagáinín roimhe sin, go háirithe i ndeisceart Uíbh Fhailí Thiar.

Maidir le Contae Chill Dara i gcoitinne, is léir go raibh stádas ar leith ag an teanga sa 16ú haois, agus í á labhairt ag ceann de na teaghlaigh ba chumhachtaí sa tír. Le linn na haoise sin bhí an teanga in úsáid i roinnt réimsí éagsúla, agus bhí tábhacht ag baint léi ó thaobh cultúir, sochaí agus polaitíochta de.

I lár an 17ú haois bhí an Ghaeilge ina comhartha féiniúlachta agus feictear go raibh gnáthdhaoine ann ag an am a bhí dátheangach. Díol trua is ea an easpa fianaise ar labhairt na teanga sa 18ú haois, mar is é is dóichí ná gur tharla an chuid is mó den mheath le linn na haoise úd, go háirithe ina dara leath.

Ón méid atá le tuiscint ó Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis, bhí an Ghaeilge imithe go hiomlán ó dheisceart an chontae ar fad, cé is moite de cheantar Bhaile Átha Í, faoin am gur thug an Donnabhánach agus a chomhghleacaithe an bóthar orthu féin. Mhair an Ghaeilge ní b'fhaid i dtuaisceart an chontae, agus san oirthuaisceart go príomha. Is i mbarúntachtaí Ó Céithigh agus Uachtar Fhine, na Léime Thuaidh agus an Náis Thuaidh is mó a bhí tagairtí do chainteoirí Gaeilge.

1.5 Gaeilge Chill Dara

Toisc a luaithe is a tharla an t-athrú teanga i gCill Dara, níl aon taifead fuaime ann de Ghaeilge an cheantair. Is féidir léargas a fháil ar ghnéithe áirithe den chanúint a labhraítí sa cheantar trí scagadh a dhéanamh ar fhoinsí fánacha a thugann leideanna faoi fhuaimniú focal agus frásaí. I measc na bhfoinsí sin, tá logainmneacha de bhunadh na Gaeilge, liostaí d'iansmaí Gaeilge a tiomsaíodh in irisí agus i mbailiúcháin bhéaloidis, chomh maith le hiarsmaí atá fós in úsáid i mBéarla an cheantair. Tá

iarracht déanta ag scoláirí éagsúla léargas a thabhairt ar an gcineál Gaeilge a labhraíte i gCúige Laighean agus i gContae Chill Dara. Ina measc siúd a thagair do Ghaeilge Chill Dara ina saothair tá Donn Piatt (1933), T.F. O’Rahilly (1976) agus Nicholas Williams (1994). Tá anailís chuimsitheach déanta ar thréithe éagsúla de Ghaeilge Chill Dara i gCaibidil 4.1, áit a bpléitear fianaise ó na logainmneacha a cnuasaíodh don tráchtas seo i gcomhthéacs shaothar na scoláirí thuasluaite.

2. Léirmheas Litríochta

2.1 Scoláireacht ar Logainmneacha na hÉireann

Sna meánaoiseanna, ba ghnách le scoláirí logainmneacha na hÉireann a phlé i seánra litríochta darb ainm dinnseanchas, a bhí mar chuid den oideachas a fuair daltaí tuata ag an am (Hughes & Hannan, 1992: IX). Sna téacsanna úd, rinneadh ainmneacha áiteanna a mhíniú trí logainm a cheangal le hainm duine nó le himeacht a tharla san áit. Is minic mínithe éagsúla a bheith ar an áit chéanna i dtéacsanna difriúla, agus glactar leis nach bhfuil an léargas a thugtar ar bhunús na logainmneacha a luaitear sa dinnseanchas cruinn ó thaobh na scoláireachta de (ibid.: IX). Is cosúil gur lean an nós sin ar aghaidh go dtí an 17ú haois nuair a bhí scoil ag Flann Mac Aodhagáin (?–c.1643) agus a dheartháir i dTiobraid Árann. Bhíodh dinnseanchas, chomh maith le féineachas, filíocht agus stair á múineadh sa scoil sin, agus chaith an t-ársaitheoir An Dubhaltach Mac Fhirbhisigh (c.1600–1671) tréimhse ann in 1643. Is cosúil go mba chara le Mac Fhirbhisigh é an staraí Ruairí Ó Flaithbheartaigh (1629–1716) a scríobh *A chorographical description of West or H-Iar Connaught in 1684*. Sa saothar sin cuirtear síos ar theorainneacha agus ar thírdhreach Chúige Chonnacht. Duine eile a raibh baint aige le traidisiún na lámhscríbhinní agus a thug aghaidh ar chúrsaí logainmníochta ba ea an scríobhaí Tadhg Ó Neachtain (c.1671–c.1749). Rinne Ó Neachtain liosta leaganacha Gaeilge de bhailte tábhachtacha in Éirinn agus tugtar eolas faoi logainmneacha ina shaothar *Eólas ar an Domhan* chomh maith.⁵

Bhí logainmneacha na hÉireann lárnach i dtionscadail mhapála agus suirbhéanna a cuireadh i gcrích sa 17ú haois amhail *The Down Survey (DS)*, *The Books of Survey and Distribution (BSD)* agus *The Civil Survey (CS)*. Is tábhacht phraiticiúil a bhí leis na logainmneacha do lucht na suirbhéanna úd, agus ba mhinic drochmheas a bheith acu ar na hainmneacha féin, mar a léirigh William Petty (1623–87) a bhí i gceannas ar *The Down Survey*, nuair a dúirt go raibh logainmneacha na hÉireann ‘uncouth and unintelligible’ (Hughes & Hannan, 1992: IX).

Rinneadh an chéad mhóriarracht ar thaighde scolártha a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann le linn na hoibre a cuireadh ar bun don chéad eagrán de léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis le linn na tréimhse 1829–41. Bunaíodh an tionscadal úd de thoradh moladh a tugadh i dtuarascáil de chuid Pharlaimint na Breataine sa bhliain 1824. Ba é ba chúis leis an obair sin ar fad ná teorainneacha aonad riaracháin na tíre a bheachtú ar mhaithe le gearradh rátaí áitiúla a éascú (De hÓir, 1962: 10).

⁵ Faightear cur síos cuimsitheach ar shaol agus saothar Thadhg Uí Neachtain in *The Ó Neachtain Window on Gaelic Dublin* le Liam Mac Mathúna (2021).

Ag tús an 19ú haois, ba mhinic iliomad leaganacha éagsúla d'fhoirmeacha scríofa na mbailte fearainn agus ainmneacha riaracháin eile sa chúrsaíocht, rud a d'fhág go raibh ar an tSuirbhéireacht Ordanáis foirmeacha caighdeánacha a shocrú le go bhféadfaí iad a chur ar an léarscáil (Mac Giolla Easpaig, 2008: 166). Sa bhliain 1830 cruthaíodh aonad ar leith laistigh den tSuirbhéireacht Ordanáis chun tabhairt faoi ainmneacha údarásacha Béarla na logainmneacha a shocrú do na léarscáileanna le dul i ngleic leis an bhfadhb seo (Ó Maolfabhail, 1990: XV). Is san aonad úd a fostaíodh an scoláire óg Seán Ó Donnabháin (1806–1861). Le linn na chéad tréimhse a chaith an Donnabhánach ag obair don tSuirbhéireacht, idir 1830 agus 1833, is i mbun oibre i mBaile Átha Cliath a bhí sé, agus é dírithe ar fhoirmeacha scríofa na n-ainmneacha amháin. Tháinig deireadh lena chuid oibre leis an tSuirbhéireacht in 1833, ar chúiseanna nach bhfuil soiléir. Fostaíodh in athuair é an bhliain dar gcionn, agus ba le linn na tréimhse idir 1834 agus 1841 a thaisteal seisean agus a chomhghleacaithe an tír ar mhaithe le taighde a dhéanamh ar na hainmneacha sa ghort (De hÓir, 1962: 12). Chun foirmeacha Béarla na n-ainmneacha a shocrú, rinneadh taighde cartlainne i leabharlanna i mBaile Átha Cliath chomh maith le hobair pháirce i bparóistí ar fud na tíre. Chun an obair pháirce sin a chur i gcrích, fostaíodh oibrithe a bhí oile ar an nGaeilge, le go bhféadfaí bunleaganacha Gaeilge na n-ainmneacha a bhailiú ó sheanóirí na háite.

In ainneoin an chúraim a rinneadh de bhunfhoirmeacha Gaeilge na n-ainmneacha sa phróiseas seo, is céim a bhí san obair sin i dtreo shocrú foirmeacha údarásacha Béarla na n-ainmneacha, seachas ceann scríbe ann féin. D'fhág an saothar, agus an aird a tugadh ar an nGaeilge ann, oidhreacht nach beag ina dhiaidh ó thaobh na logainmníochta de mar sin féin, agus is beag saothar ar logainmneacha na hÉireann a cuireadh i gcló ó shin nach mbíonn ag tarraingt air (Mac Giolla Easpaig, 2008: 167). Trí phríomhghnéith den oidhreacht sin is ea Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis, Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis, agus na léarscáileanna 6 horlaí iad féin.

Ba iad Seán Ó Donnabháin, Thomas O'Connor agus Patrick O'Keefe a thug faoi shuirbhéireacht a dhéanamh ar ainmneacha Chill Dara i bhfómhar na bliana 1837 (Herity, 2002: IX). Agus eagar á chur aige ar na litreacha a scríobh an triúr sin agus iad i mbun oibre i gCill Dara, d'áitigh Dowling (1945: 428) gur faoi dheifir de bharr brú ón ardoifig agus droch-chúinsí oibre a thug siad faoina gcuid oibre sa chontae. Dar leis gur forlónadh na litreacha úd le hábhar ó cháipéisí stairiúla mar chúiteamh ar a easnamhaí is a bhí an t-ábhar a bhailigh siad sa chontae féin. Bíodh is go bhfuil laigí áirithe ag an obair a rinne Ó Donnabháin agus a chuid comhghleacaithe, tá luach as cuimse ag baint léi mar sin féin. Feictear luach saothair na meithle oibre seo sna foirmeacha d'ainmneacha a bailíodh ó na Gaeilgeoirí deireanacha i gceantracha áirithe den chontae go háirithe (féach 1.4.4).

I ndiaidh aimsir na chéad Suirbhéireachta, thug roinnt scoláirí agus ársaitheoirí aghaidh ar chúrsaí logainmníochta. Ina measc siúd bhí William Reeves, a scríobh alt dar teideal 'On the Townland

Distribution of Ireland' (1857). Bhí Reeves ina chrann taca ag Patrick Weston Joyce dá shaothar clúiteach *The Origin and History of Irish names of Places* (1869–1913), saothar ina ndearnadh iarracht logainmneacha de bhunadh na Gaeilge a mhíniú de réir téamaí éagsúla. Glactar fós le hardchaighdeán an tsaothair sin a chuimsíonn trí imleabhar, agus bhí an-tionchar aige ar shaothair a foilsíodh ar logainmneacha na hÉireann san 20ú haois (Hughes & Hannan, 1992: X).

Agus athbheochan na Gaeilge faoi lán seoil, rinne Seosamh Laoide iarracht leaganacha cearta Gaeilge ainmneacha na mbailte poist a chur ar fáil le go bhféadfaí iad a úsáid mar sheoltaí poist, sna saothair *Post-Sheanchas Cuid I – Sacsbhéarla-Gaedhilg* (1905) agus *Post-Sheanchas Cuid II – Gaedhilg-Sacsbhéarla* (1911). Bhí na saothair sin lochtach go maith agus d'fhág siad go raibh roinnt leaganacha Gaeilge a bhí míchruinn sa chúrsaíocht (Mac Giolla Easpaig, 2008: 168).

Saothar eile a tháinig chun cinn ag tús an 20ú haois is ea *Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae*, le Hogan (1910) ina ndearnadh scagadh ar lámhscríbhinní Gaeilge chun liosta aibítreach a dhéanamh de na logainmneacha a bhí ar fáil iontu. Is saothar tábhachtach é seo, ach is minic a rinneadh tagairtí ó na lámhscríbhinní a cheangal leis an logainm mícheart (Finnegan, 2012: 6). Déantar na laigí atá le saothar Hogan a leigheas go cuimsitheach in *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge* (FSÁG I, 57) (Ó Riain et. al., 2003–2020), ach faraor, ní chlúdaítear ach ainmneacha dar tús na litreacha A–D sna fascúl atá i gcló go fóill.

Le linn an chéad leath den 20ú haois, cuireadh roinnt saothar i gcló a raibh sé d'aidhm acu na logainmneacha ar fad i gcontae amháin a mhíniú. I measc na n-iarrachtaí sin bhí *Place-Names of the Decies* (Power, 1907) *The Placenames of Westmeath* (Walsh, 1915) agus *The place-names of County Wicklow*, (Price, 1945–67).

Tugadh stádas speisialta don Ghaeilge mar chéad theanga oifigiúil an stáit le teacht i bhfeidhm Bhunreacht na hÉireann in 1937, rud a d'fhág go raibh géarghá le logainmneacha údarásacha Gaeilge (Mac Giolla Easpaig, 2008: 169). Cuireadh An Coimisiún Logainmneacha ar bun sa bhliain 1946 chun na críche sin, agus é faoi chathaoirleacht Phádraig Uí Shiochfhradha (An Seabhac). Thit na dualgais maidir le taighde a dhéanamh ar logainmneacha ar bhaill an Choimisiúin go dtí gur bunaíodh an Brainse Logainmneacha sa bhliain 1956 (ibid.: 169). Ag an bpointe sin, d'athraigh ról an Choimisiúin agus é d'aidhm acu comhairle a chur ar an rialtas ó thaobh logainmneacha de as sin amach, seachas an buntaighde féin a dhéanamh. Is é an Brainse Logainmneacha atá freagrach ó shin as taighde a dhéanamh ar logainmneacha riaracháin i bPoblacht na hÉireann ar bhonn oifigiúil agus foirmeacha údarásacha Gaeilge de na logainmneacha sin a chur ar fáil don phobal. Déanann An Brainse Logainmneacha taighde ar logainmneacha de réir mar atá leagtha amach ag Mac Giolla Easpaig

(2008)⁶. B'é an chéad tionscadal taighde ar thug an Brainse faoi ná *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* (1969) inar tugadh na leaganacha údarásacha Gaeilge de na bailte poist i bPoblacht na hÉireann. Feictear toradh na hoibre atá curtha i gcrích ag an mBrainse Logainmneacha ó shin i leith i mBunachar Logainmneacha na hÉireann atá ar fáil ag <https://www.logainm.ie/>. Anuas air sin tá roinnt saothar foilsithe ag an mBrainse Logainmneacha ar logainmneacha riaracháin i gcontaetha ar leith. I measc na saothar sin tá *Logainmneacha na hÉireann, Iml. 1: Contae Luimnigh* (Ó Maolfabhail 1990) agus *Logainmneacha na hÉireann IV: Townland Names of County Wexford* (Ó Cruaioich & Mac Giolla Chomhghaill, 2016). D'fhoilsigh an Brainse dhá shaothar ar logainmneacha Thiobraid Árann de réir téamaí ar leith chomh maith: *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i Logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (Ó Cearbhaill, 2007) agus *Logainmneacha na hÉireann III: Cluain i Logainmneacha Thiobraid Árann* (Ó Cearbhaill, 2010).

I dTuaisceart Éireann, is é *The Northern Ireland Place-Name Project* a dhéanann taighde ar logainmneacha ar bhonn oifigiúil, ach tá de dhifríocht idir an eagraíocht siúd agus An Brainse Logainmneacha nach bhfuil dualgas ar *The Northern Ireland Place-Name Project* foirmeacha údarásacha Gaeilge a chur ar fáil. Tá toradh na hoibre sin le feiceáil ar <https://www.placenamesni.org/> agus tá roinnt saothar curtha i gcló acu ar chontaetha an Dúin (1992–1995, 5 imleabhar), Aontroma (1995–97, 2 imleabhar), Dhoire (1996) agus Fhear Manach (2004).

Is é an saothar is cuimsithí ina bhfuil taighde déanta ar chontae amháin ina iomlán ná *Logainmneacha Mhaigh Eo* le Fiachra Mac Gabhann (2014, 10 n-imleabhar) mar a bhfuil scagadh déanta ar ainmneacha riaracháin an chontae sin ar fad mar aon le mionlogainmneacha i gceantair faoi leith.

2.2 Scoláireacht ar logainmneacha Chill Dara

Ní ann do mhórshaothar clóite ar bith ar logainmneacha riaracháin ná ar mhionlogainmneacha i gContae Chill Dara. Bíodh sin mar atá, tá fáil ar eolas luachmhar in irisí léannta áirithe agus go háirithe in *The Journal of the County Kildare Archaeological Society (JCKAS)*.

Phléigh an t-ársaitheoir Ciarraíoch William Maunsell Hennessy ainm an Churraigh san alt 'On the Curragh of Kildare' (1864) a cuireadh i gcló in *Proceedings of the Royal Irish Academy*. Phléigh P.W. Joyce, ar chara de chuid Hennessy é (Joyce: I VII) roinnt logainmneacha ó Chill Dara in *The Origin and History of Irish Names of Places* (Joyce, 1869). Anuas air sin, thug sé freagraí ar roinnt fiosrúchán a

⁶ Faightear spleáchadh ar an modh taighde seo i gcaibidil 3 den tráchtas seo.

cuireadh i gcló in JCKAS. Sampla maith de seo is ea an t-eolas a thug sé faoin mionainm *Kilsaintluacan* i mbarúntacht an Náis Thuaidh:

Dr. P. W. Joyce has kindly supplied the following information “The name means ‘the Church of Old (Saint) Lochan or Luachain’ (in Irish, Cill-Sean-Luachain).”(Gan ainm, 1908: 360).

Bhí scoláirí eile gníomhach san iris chéanna ag deireadh an 19ú haois agus ag tús an 20ú haois. Scríobh Darby (1896) alt ar logainmneacha agus béaloideas sa cheantar mórtimpeall ar Mhainistir Eimhín, alt a bhfuil cuid mhaith mionlogainmneacha luaite ann. Scríobh an t-ársaitheoir Walter FitzGerald (1899) alt cuimsitheach ar stair an Churraigh ina bpléitear roinnt logainmneacha agus ceann eile ar cheantar *Ráth Iomgháin* (JCKAS: *Rathangan*). Bhí an t-údar céanna gníomhach in JCKAS, agus é ag scríobh ar ghnéithe éagsúla de stair agus de chultúr an chontae. Scríobh sé alt ar bharúntachtaí Chill Dara (1893) agus d’fhág sé roinnt ceisteanna inti faoi logainmneacha, ach faraor, is minic a fágadh na ceisteanna sin gan freagairt. Níos faide anonn san 20ú haois, chuir T.P. Clarke (1943) alt i gcló san iris chéanna ina dtugtar liosta de mhionlogainmneacha nach raibh ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis. Déantar iarracht bunús na n-ainmneacha sin a shoiléiriú chomh maith. Rinne Liam Price roinnt taighde ar logainmneacha Chill Dara anuas ar an obair mhór a rinne sé i gCill Mhantáin agus foilsíodh alt ‘The Pronunciation of Derry- in County Kildare’ leis san iris *Dinnseanchas* (1964). Foilsíodh alt de chuid Éamonn de hÓir – ‘Nótaí faoi roinnt Logainmneacha in Oirthear Chontae Chill Dara’ in *Dinnseanchas* (1975) chomh maith. Anuas air sin, pléitear cuid de logainmneacha riaracháin an chontae faoin rannóg ‘As Cartlann na Logainmneacha’, a bhí le feiceáil san iris sin go rialta. San alt ‘Ainmneacha Béarla na mbailte fearainn i gContae Chill Dara’ in *Studia Hibernica* (1962), léiríonn Breandán S. Mac Aodha tionchar an Bhéarla ar bhailte fearainn an chontae.

Is faoin mBrainse Logainmneacha atá sé taighde a dhéanamh ar ainmneacha riaracháin an chontae, agus tá an obair sin ar siúl i láthair na huaire. Meastar go bhfoilseofar Dréachtordú Logainmneacha Chill Dara in 2022 nó 2023⁷.

2.3 Scoláireacht ar Mhionlogainmneacha na hÉireann

Díríodh formhór an taighde a rinneadh ar logainmneacha na hÉireann ar logainmneacha riaracháin na tíre de bharr na tábhachta feidhmiúla a bhaineann leis an aicme ainmneacha sin. Is ar ainmneacha riaracháin a bhí an tSuirbhéireacht Ordanáis dírithe, in ainneoin gur fhág an obair sin

⁷ Teagmháil phearsanta leis an mBrainse Logainmneacha.

gur breacadh na mílte mionlogainmneacha ar an léarscáil. Léirigh Seán Ó Donnabháin féin an drochmheas a bhí aige ar mhionlogainmneacha agus é i mbun oibre i gContae Mhaigh Eo:

My time is entirely taken up with the small names on the coast, and I can spare but very little time to write letters. Many of these names are arbitrary and known to very few only and most of them are modern. The same may be said of many of the internal names, which are frequently called after people still living. Many of them are not names at all, and in my opinion should not be given as they may be changed in a few years. (Mac Gabhann, 2014: III, 2).

Le linn an 20ú haois tháinig an tuiscint chun cinn go raibh tábhacht ar leith ag baint leis na mionlogainmneacha, agus mar thoradh air sin, cuireadh roinnt foilseachán ar an ábhar i gcló. Saothar tábhachtach go nuige sin ba ea *Place-Names of the Decies* (Power, 1907) ina raibh plé ar ainmneacha riaracháin chomh maith le mionainmneacha i gContae Phort Láirge mar aon le codanna de na contaetha timpeall air.

Díríodh cuid mhaith de na saothair luatha ar mhionlogainmneacha na tíre ar cheantair Ghaeltachta. D'fhoilsigh An Gúm an saothar mór le rá *Dinnseanchas na mBlascaodaí* leis an scríbhneoir clúiteach Tomás Ó Criomhthain (1855–1937) sa bhliain 1935. Tháinig roinnt saothar eile ar cheantracha Gaeltachta i gCiarraí sna sála air sin. Pléadh idir ainmneacha riaracháin agus mionlogainmneacha in *Tríocha-céad Chorca Dhuibhne* (Ó Siochfhradha, 1939), ach is ábhar spéise é an easpa measa a bhí ag an údar ar ainmneacha páirce, mar a léiríonn an méid seo a leanas:

I ngach baile fearainn agus i ngach gabháltas feirmeora tá ainmneacha den tsaghas so ag muintir an bhaile féin nó an teaghlaigh – An Gort Caol, An Pháirc Fhada, An Garraidhe Beag, Páirc Bhun a’ Chnuic, Gort na Trágha, srl. Dar liom ní thuilleann an saghas san de ghnáth go n-áirmheochtaí ‘na n-ainmneacha’ iad ach nuair a bheadh éifeacht éigin ar leith ag baint leo seachas tuarascabhair ar chruth nó ionad na neithe go bhfuilid mar chomharthaí aitheantais ortha ag beagán daoine (Ó Siochfhradha, 1939: IX).

Fágadh ainmneacha den chineál úd as an saothar den chuid ba mhó dá bharr seo. Bhí roinnt mionainmneacha san áireamh ag an údar céanna in alt san iris *Béaloides* atá dírithe ar bhailte fearainn Uíbh Rathach i gCiarraí (An Seabhac, 1954). Dhírigh Breandán Ó Cíobháin ar mhionlogainmneacha i mbarúntachtaí Dhún Ciaráin Thuaidh agus Theas sa saothar *Toponomia Hiberniae* (Ó Cíobháin, 1978). Cuireadh an saothar *Logainmneacha Dhún Chaoin* (Ó hÓgáin & Kennedy), a dhíríonn ar mhionlogainmneacha go príomha, i gcló in 2017. Fágann na saothair sin ar fad oidhreacht shuntasach ina ndiaidh ó thaobh na mionlogainmníochta de i gCorca Dhuibhne, sna Blascaodaí agus in Uíbh Ráthach.

Tharraing Tomás de Bhaldraithe aird ar an saibhreas mionlogainmneacha a bhí sa Teach Mór in Indreabhán i gConamara in alt gearr dar teideal *Logainmneachaí i gCois Fhairrge* (de Bhaldraithe, 1943) a d’eascair as taighde bhí ar bun aige ar Ghaeilge Chois Fharraige. Deir de Bhaldraithe go raibh ainm ar nach mór gach páirc, lána, sruthán, gleann, cnoc, droichead agus tobar sa cheantar sin, agus thagair sé don ghá a bhí ann le ‘daoine oilte’ a chur i mbun oibre chun na hainmneacha sin a bhailiú agus a chaomhnú. Is cinnte gur duine oilte le tabhairt faoin obair sin a bhí in Tim Robinson, cartagrafaí agus ealaíontóir Sasanach a chuir mapáil chuimsitheach i gcrích ar mhionlogainmneacha i gceantar Chonamara (1990) chomh maith le hOileáin Árann (1996) agus an Bhoirinn (Robinson, 1977).

Tarraingítear aird arís ar an saibhreas a bhí sna ceantair Ghaeltachta sa saothar *The Living Landscape: Kilgalligan, Erris, County Mayo* (Ó Catháin & O’Flanagan, 1975) ina bpléitear na mionlogainmneacha i mbaile fearainn amháin i gContae Mhaigh Eo.

Foilsíodh roinnt alt san iris logainmníochta *Dinnseanchas* ar mhionlogainmneacha . Áirítear ina measc siúd ‘Logainmneacha as Toraí, Tír Chonaill’ (Ó hUrmholtaigh, 1967), ‘Some Erris Placenames: Pronunciation’ (Mhac an Fhailigh, 1973) agus ‘Placenames of Inishmurray’ (Mac Cárthaigh, 1971). Foinse thábhachtach eile do shaothair ar mhionlogainmneacha is ea *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-name Society*, mar ar foilsíodh ‘Some Field-Names in the Burren District of South Down’ (Treanor, 1955), ‘Some Field Names from the Parishes of Drummaul and Duneane, Co. Antrim’ (McKay, 1990) agus ‘The place-names of Rathlin Island’ (Mac Giolla Easpaig, 1989).

Pléitear mionlogainmneacha Bhuiríos Umhail in imleabhar I de *Logainmneacha Mhaigh Eo* thuasluaite agus pléitear mionainmneacha Oileán Acla ar bhonn thar a bheith cuimsitheach in Imleabhar III den saothar.

Ag deireadh an 20ú agus ag tús an 21ú haois tháinig tuiscint chun cinn ar a leochailí is atá mionlogainmneacha de bharr athruithe daonra agus i gcleachtais thalmhaíochta. Dá bharr sin, cuireadh roinnt tionscadal ar bun chun mionainmneacha, agus ainmneacha páirce go háirithe, a bhailiú agus a chaomhnú.

Bhí roinnt tionscadal ina measc siúd inar tugadh faoi na hainmneacha páirce a bhailiú in aon chontae amháin ina iomlán. Ba é an chéad tionscadal acu siúd ná *The Meath Fieldname Project* agus lean *The Field Names of County Louth*, *The Kilkenny Field Name Recording Project*, agus *Westmeath Field Names Recording Project* ina dhiaidh sin é.

Scríobh an scoláire Éamonn Lankford tráchtas (1995) agus leabhar (2012) ar logainmneacha riaracháin agus mionainmneacha in Oileán Chléire. Sna sála ar an obair sin, chuir Lankford suirbhé ar bun chun mionlogainmneacha a bhailiú i gCorcaigh agus i gCiarraí. De thoradh ar an suirbhé sin tá

cartlann 131 imleabhar de mhionlogainmneacha ar coimeád i Leabharlann Contae Chorcaí chomh maith le cartlann 54 imleabhar i Leabharlann Contae Chiarraí. Is mór an trua nach bhfuil an t-ábhar sin ar fáil i bhfoirm dhigitithe ná i gcló go fóill, áfach.

Cuireadh an suíomh gréasáin Meitheal Logainm (<https://meitheal.logainm.ie/>) ar bun sa bhliain 2016. Uirlis shluafoinsithe is ea an suíomh sin a chuireann ardán ar fáil don phobal, do scoláirí agus d’eagraíochtaí le gur féidir leo na mionlogainmneacha atá bailithe acu a stóráil agus a roinnt. Tá bailiúcháin shuntasacha ar an suíomh seo ina bhfuil taifeadadh déanta ar mhionlogainmneacha i gcodanna éagsúla den tír.

2.4 Scoláireacht Idirnáisiúnta ar Mhionlogainmneacha

I rannóga 2.3.1–2.3.4 thíos léirítear cuid den taighde atá i gcrích ar mhionlogainmneacha i Sasana, sa Bhreatain Bheag, in Albain agus san Astráil. Feicfear sa scagadh sin go mbaineann deacrachtaí leis an téarmaíocht a úsáidtear le mionlogainmneacha a chur in iúl, agus gur minic nach ndéantar sainmhíniú beacht orthu.

2.4.1 Sasana

Is aicme ar leith de mhionainmneacha iad ainmneacha páirce agus déantar idirdhealú eatarthu sin agus ainmneacha de chineálacha eile i saothair logainmníochta go minic. Tá taighde suntasach i gcrích ar ainmneacha páirce i Sasana. Foilsíodh roinnt alt ar an ábhar in irisí seandálaíochta áitiúla ag deireadh an 19ú haois agus sa chéad leath den 20ú haois. Ina measc siúd bhí ‘On the significance of some East Anglian field-names’ le Candler (1891), ‘The Field Names of the Parish of Kirkoswald’ le R.C. Thornley agus *Field-Names in South Derbyshire* le William Fraser (1947). Thug F.W. Wainwright scagadh ar an tábhacht atá le hainmneacha páirce ó thaobh na staire de ina alt ‘Field-names’ san iris *Antiquity* (1943). Mínítear san alt an léargas a thugann ainmneacha páirce ar lonnaíocht Lochlannach i Sasana. Déanann an t-údar iarracht cumainn áitiúla a spreagadh chun ainmneacha páirce a bhailiú chomh maith (1943: 57).

Chuir The English Place-Name Society (EPNS) roinnt saothar i gcló ar ainmneacha páirce i gceantair ar leith amhail an leabhrán *Field-Names of the London Borough of Ealing* le C.H. Keene (1976), *Field-Names of Angmering, Ferring, Rustington, East Preston, and Kingston (West Sussex)* le Richard W. Standing, (1984) agus *Field-Names of Four Bedfordshire Parishes: Tilsworth, Eggington, Hockliffe, Stanbridge* le Joan Schneider (1997).

Chuir EPNS intreoir sraithe don tsraith suirbhéanna ar logainmneacha Shasana ar bhonn contae i gcló sa bhliain 1924 (Mawer & Stenton) agus foilsíodh imleabhar a dó *The Place-Names of Buckinghamshire* (Mawer & Stenton, 1925) an bhliain dar gcionn. Pléitear mionlogainmneacha sna

saothair luatha seo de chuid *EPNS*, mar shampla, i gcás *The Place-Names of Devon*, imleabhar II pléitear ainmneacha páirce i rannóg ag deireadh an leabhair (Gover, Mawer & Stenton, 1932, 657–754). Tugtar rannóg ar leith dar teideal ‘Field and Minor Names’ in *The Place-Names of Essex* (Reaney, 1935: 574–649) chomh maith. Tháinig méadú ar an bplé a rinneadh ar ainmneacha páirce agus mionainmneacha eile i leabhair sa tsraith sin ó lár an 20ú haois ar aghaidh (Gregory, 2018: XV).

Foilsíodh saothar tagartha ar ainmneacha páirce Shasana in *English Field-Names: A Dictionary* le John Field (1972). Saothar tábhachtach eile de chuid Field ba ea *A History of English Field-Names* ina dtugtar spléachadh ar stair na n-ainmneacha páirce agus chórais talmhaíochta mar aon le scagadh ar théamaí éagsúla atá le feiceáil in ainmneacha páirce i Sasana. Cuireadh *A New Dictionary of English Field-Names (EFN)* i gcló in 2018 chun nuashonrú a dhéanamh ar shaothar Field, a bhí as dáta, ós rud é gur cuireadh go leor taighde i gcrích ar ainmneacha páirce idir an dá linn.

2.4.2 Albain

San alt a scríobh sí ar rogha ainmneacha páirce de bhunadh an Bhéarla i ndeisceart na hAlban a raibh deacrachtaí ag baint leo maidir le dealú a mbunfhoirmeacha (‘Notes on Some Scottish Field Names’ (2001)), léiríonn Carol Hough an tábhacht a bhaineann le comparáid a dhéanamh idir ainmneacha páirce i gceantar amháin agus a macasamhail i gceantair eile mar chuid den anailís. Tráth a scríobhadh an t-alt, bhí dul chun cinn mór déanta ó thaobh taighde ar mhionainmneacha agus ainmneacha páirce i Sasana, agus éiríonn le Hough cuid mhaith de na hainmneacha in Albain a bhí idir chamáin aici a mhíniú trí chomparáid a dhéanamh le hainmneacha atá cosúil leo i Sasana a bhfuil taighde cuimsitheach i gcrích orthu. Is cinnte, mar sin, go bhféadfadh saothair ar logainmneacha Shasana a bheith ina gcuidiú agus taighde á dhéanamh ar mhionainmneacha de bhunadh an Bhéarla sa cheantar staidéir a bhaineann leis an tráchtas seo.

Saothar luath ina bpléitear mionainmneacha in Albain is ea *Place-Names of Ross and Cromarty* (Watson, 1904). Agus léirmheas á scríobh aige ar an saothar, dúirt MacBain (1904: 89) go raibh suntas ag baint leis an saothar sa mhéid gurbh é an chéad iarracht ag cainteoir Gàidhlig taighde a chur i gcló i bhfoirm leabhair ar logainmneacha contae amháin in Albain. Ní thugtar rannóg ar leith do mhionlogainmneacha sa saothar seo ach pléitear mionghnéithe amhail srutháin, carraigeacha, ranna, cinn tíre agus carntha i measc rudaí eile. Ní dhéantar idirdhealú ar bith idir mionainmneacha agus ainmneacha oifigiúla sa leabhar.

Ina alt ‘Field-Work In Place-Name Research’, tharraing W. F. H. Nicolaisen (1961) aird ar an ngéargh a bhí le mionlogainmneacha a bhailiú sna tíortha ina labhraítear teangacha Ceilteacha:

A much more serious situation is created by the fact that many place-names are never translated, adapted, replaced or in any way passed on. They simply die with their users. This

is especially true of minor names, frequently only known to a certain group of people (1961, 75).

Mhol sé go gcuirfí suirbhéithe cuimsitheacha náisiúnta ar bun le tabhairt faoi logainmneacha agus ábhar teangeolaíoch eile a bhailiú (ibid.: 76), ar aon dul le The Scottish Place-Name Survey. Cuireadh an suirbhé sin ar bun sa bhliain 1951 agus bhí d'aidhm aige logainmneacha a bhailiú ó fhoinsí lámhscríofa agus béil i dtreo cartlann logainmneacha a thiomsú. Sna 1950í, tosaíodh ar obair pháirce a dhéanamh a bhí dírithe ar na ceantair ina raibh an Ghàidhlig fós á labhairt (The University of Edinburgh, 2019).

Cuireadh suirbhé ar ainmneacha páirce ar bun sna 1970í agus 1980í nuair a bailíodh ainmneacha ó fheirmeoirí. Díríodh an suirbhé sin ar ísealchríocha na hAlban go príomha. Tá an t-ábhar a bailíodh mar chuid de The Scottish Place-Name Survey ar fáil i gcartlann in Ollscoil Dhún Éideann (ibid.).

Sa saothar *The Place-Names of Arran* le Ian A. Fraser (1999), tugtar rannóg ghearr ar leith ar chúl an leabhair do mhionlogainmneacha agus ainmneacha páirce (ibid.: 150). I rannóga eile den leabhar, déantar plé ar ghnéithe aiceanta amhail gnéithe cósta, srutháin, sléibhte, cnoic agus gleannta, áfach. Is dócha go mba cheart an-chuid de na hainmneacha siúd a rangú mar mhionainmneacha. Is cinnte go bpléifí an logainm seo a leanas mar mhionainm i gcomhthéacs na hÉireann, cuir i gcás: 'The Cock of Arran is a large stone on the beach, forming a well-known landmark for seamen' (ibid.: 37). Is mar mhionainmneacha a phléitear a leithéid sin de logainm in *Logainmneacha Mhaigh Eo*, féach Carraig na Loinge (Mac Gabhann, 2014: III, 34) agus Carraig na Sróine (ibid.: 45) ar Oileán Acla, mar shampla. Seans go léirítear deighilt sa tuiscint maidir le céard is mionlogainm ann idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór anseo.

Pléitear mionlogainmneacha sa tsraith leabhar *The Place-Names of Fife* le (Márkus & Taylor, 2006–2012) mar a ndéantar anailís ar gach ainm atá marcáilte ar léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis an cheantair. Tá roinnt saothar i gcló ina ndéantar plé ar logainmneacha in Inse Ghall, amach ó chósta thiar na hAlban. Déantar anailís chuimsitheach ar mhionlogainmneacha amhail mionghnéithe cósta agus ainmneacha páirce sa saothar *The Gaelic Place-names of Carloway, Isle of Lewis: Their Structure and Significance* le Richard Cox (2002). Déantar amhlaidh in Ìle agus Diùra sa leabhrán *A' Ghàidhlig air Aghaidh na Tìre – Ainmean-àite ann an Ìle agus Diùra* (King & Cotter, 2011) agus san Eilean Sgitheanach in *A' Ghàidhlig air Aghaidh na Tìre – Ainmean-Àite an t-Sratha, An t-Eilean Sgitheanach* (King, & Scammel, 2015). Is ann do ghrúpaí pobail a dhéanann ainmneacha páirce a bhailiú in Albain chomh maith. Sampla de thionscadal den chineál seo is ea 'Borgue Area Field

Names'⁸ atá dírithe ar cheantar Borgue in iardheisceart na hAlban. Ar an suíomh gréasáin seo, léirítear na hainmneacha páirce a bailíodh ar léarscáil idirghníomhach.

2.4.3 An Bhreatain Bheag

Sa Bhreatain Bheag, pléitear mionlogainmneacha i roinnt saothar atá dírithe ar logainmneacha contae nó ceantair ar leith. Déantar plé ar mhionlogainmneacha amhail páirceanna agus srutháin sa saothar *Place Names of Pembrokeshire* le B. Charles (19s92). Déantar scagadh ar mhionlogainmneacha in *The Place-names of East Flintshire* (1994) chomh maith, agus maíonn an t-údar Hywel Wyn Owen go liostaítear gach logainm agus ainm páirce a cumadh roimh 1900 sa cheantar sin sa saothar.

Tá roinnt oibre déanta ag grúpaí pobail sa Bhreatain Bheag i réimse na logainmneacha. Sraith leabhar is ea *Llyfrau Llafar Gwlad* a bhíonn ag plé le gnéithe éagsúla de shaol agus cultúr na tuaithe sa tír, agus cuirtear ainmneacha páirce agus mionlogainmneacha eile i láthair i gcuid de na heagráin. Sa bhliain 2010, bhailigh cumainn áitiúla den ghrúpa pobail ban Merched y Wawr ainmneacha páirce ar fud na Breataine Bige. Cuirtear toradh na hoibre sin i láthair in *Llyfrau Llafar Gwlad: 85. Caeau a Mwy - Casgliad Merched y Wawr* (Jones, 2014). Anuas ar ainmneacha páirce pléitear ainmneacha aibhneacha, toibreacha agus tithe sa saothar sin. Déantar cíoradh ar ainmneacha gnéithe cósta ar leithinis Llŷn in eagrán 42 de *Llyfrau Llafar Gwlad* (Gruffydd, 1990) chomh maith le heolas ar bhéaloideas agus stair na háite. Suíomh gréasáin is ea Casgliad y Werin Cymru / People's Collection Wales ina gcuirtear grianghraif, cáipéisí agus ábhar fuaime agus físe faoi stair agus cultúr na Breataine Bige ar fáil don phobal⁹. I measc an ábhair dhigitithe atá ar an suíomh, tá roinnt bailiúchán ainmneacha páirce ó ghrúpaí pobail. Áirítear ina measc siúd roinnt liostaí ainmneacha a bhailigh baill den ghrúpa Merched y Wawr thuasluaite amhail 'Cyfraniad cangen Llansannan, Rhanbarth Colwyn i brosiect Merched y Wawr ar gasglu enwau lleoedd Cymraeg'¹⁰. I gcásanna áirithe, faightear léarscáileanna ar a bhfuil mapáil déanta ar ainmneacha páirce, mar atá le sonrú in 'Enwau Caeau yn ardal Rhydypennau a Bow Street 1850 a 2012'¹¹.

Le linn na tréimhse idir 2014 agus 2017 chuir Leabharlann na Breataine Bige tionscadal ar bun chun léarscáileanna deachúna a dhigitiú. Iarradh ar an bpobal tras-scríobh a dhéanamh ar ainmneacha páirce atá marcáilte ar na léarscáileanna úd. Le linn na hoibre sin, rinneadh tras-scríobh ar thart ar 198,000 ainm páirce (Royal Commission on the Ancient and Historical Monuments of Wales, 2017). Rinneadh digitiú sluafoinsithe den chineál céanna ar logainmneacha ó léarscáileanna na

⁸ <https://www.borgue.org/borgue-area-field-names/>

⁹ <https://www.casgliadywerin.cymru/amdanom-ni>

¹⁰ <https://www.peoplescollection.wales/items/470979>

¹¹ <https://www.casgliadywerin.cymru/items/399956>

Suirbhéireachta Ordanáis sa Bhreatain Bheag freisin, tionscadal a d'fhág gur tras-scríobhadh 125,000 taifead ó na léarscáileanna úd (Royal Commission on the Ancient and Historical Monuments of Wales, 2017).

2.4.4 An Astráil

Is mar seo a leanas a mhínigh Ian Clarke (2009) an téarma 'microtoponym' agus é ag díriú ar mhionlogainmneacha bundúchasacha san Astráil:

Microtoponymy literally means the study of minor or small placenames, and in this paper is used to refer to the study of those names of features that are part of a larger geographical entity, such as the name for the bank on a lake, or for a feature on a bank of a lake, or a waterhole in a river, or the name of a feature on the side of a mountain. Thus a microtoponym is the name of a feature that is itself part of a larger named entity (ibid., 2008: 208).

In ainneoin go bhfuil an sainmhíniú seo ar mhionlogainmneacha feiliúnach maidir leis na gnéithe tíreolaíocha a luann Clarke thuas, níl sé go hiomlán sásúil, agus ní chaitheann sé go sásúil le mionghnéithe ar ghnéithe iontu féin iad, amhail srutháin, carraigeacha, cnoic agus eile, agus ní léir go díreach céard is 'a larger geographical entity' ann.

Feictear liostaí mionlogainmneacha ón Astráil i bhfoinsí éagsúla san 18ú haois, in ainneoin nár aithníodh iad go sonrach mar mhionlogainmneacha ag an am. Faightear liosta de logainmneacha bundúchasacha sa saothar *The Aborigines of Victoria* (Smyth, 1878). I measc na ngnéithe a luaitear sa liosta úd tá locha, sléibhte, aibhneacha, srutháin agus riasca. Is cinnte gur mionlogainmneacha iad an-chuid de na gnéithe sin, cé nach bhfuil siad ag teacht le sainmhíniú Clarke.

In ainneoin gur tháinig méid áirithe logainmneacha bundúchasacha san Ástráil slán mar logainmneacha comhaimseartha go dtí an lá inniu, cailleadh go leor ainmneacha toisc gur tháinig deireadh leis na teangacha inar cumadh iad, agus, dá bharr sin, le seachadadh an traidisiúin bhéil (Koch, 2009: 116). Caomhnaíodh an-chuid logainmneacha bundúchasacha i gcáipéisí Eorpacha, áfach. Sampla maith d'ábhar den chineál sin ná an plé a dhéanann Smith (2009) in 'New insights into Gundungurra placenaming' ar ainmneacha a bhailigh feirmeoir ó fhear bundúchasach darb ainm Werriberrie in New South Wales ag tús an 20ú haois. Pléann Smith bailiúchán logainmneacha a thug Werriberrie i bhfoirm scéal béaloidis, agus déantar iarracht bunús agus suíomh na n-ainmneacha a dhéanamh amach chomh maith lena mhapáil. I measc na ngnéithe a bhí i gceist bhí fuaráin, cosáin, poill uisce, srutháin agus aibhneacha. Tháinig cuid bheag de na hainmneacha slán mar ainmneacha nua-aimseartha, ach níor mhair a bhformhór. Tá Smith den tuairim nach bhfuil ach sciar an-bheag de

na logainmneacha a bhí ar eolas ag muintir na háite caomhnaithe sa liosta logainmneacha seo (ibid.: 104).

Agus í ag scríobh faoi logainmneacha de bhunadh Bardi, teanga bhundúchasach a labhraítear i gceantar cósta in iarthuaisceart na hAstráile, luann Claire Bower (2009: 329) go raibh ordlathas leis na logainmneacha a cruthaíodh sa teanga sin. Tugann sí léiriú ar thrí chatagóir logainmneacha: ‘areas’ (mórcheantair) ‘booroo’ (‘camp, ground, place’) agus ‘locality names’, atá suite, de ghnáth, laistigh den cheantar a luaitear leis an ‘booru’. Míníonn Bower na cineálacha gnéithe a fhaightear faoin aicme ainmneacha sin:

Each booroo contains multiple specifically named places within it. These may refer to different topological features, such as tidal creeks (iidarra), rocks (goolboo), reefs (marnany), caves (gardin), hills (garrin) or small bays, or they may refer to a piece of land behind the shore. Occasionally they also refer to man-made features, such as the large permanent fish traps (mayoorroo) around One Arm Point. Locality names typically refer to a feature, but the name will also be applied to the ground surrounding that feature (ibid.: 331).

Is cinnte gur mionlogainmneacha atá i gceist ag an údar anseo, cé nach n-úsáidtear an téarma ‘minor name’ nó ‘microtoponym’ ar chor ar bith san alt. Faightear idirdhealú idir ‘small names’ agus ‘big names’ i gceantar seo na Bardi agus i dtailte eile de chuid na mbundúchasach san Astráil (Garde, 2014: 101).

D’fhonn ainmneacha bundúchasacha a chaomhnú cuireadh *Database of Aboriginal Placenames of Victoria* le chéile sa bhliain 2002 (Clark & Heydon). Rinneadh ainmneacha a thiomsú don bhunachar sin trí thaighde cartlainne agus taighde páirce (Clark, 2009: 208). Bhí *Dictionary of Aboriginal Placenames of Victoria* (Clark & Heydon: 2002) mar thoradh ar an obair sin chomh maith.

2.4.5 Conclúid

Leiríonn an scagadh a rinneadh thuas ar chuid den scoláireacht idirnáisiúnta ar mhionlogainmneacha, go mbaineann deacracht leis an téarmaíocht a úsáidtear chun catagóiriú a dhéanamh ar na hainmneacha seo. Is minic a phléitear ainmneacha ar dócha gur mionlogainmneacha iad i saothair logainmníochta, ach ní i gcónaí a úsáidtear téarma amhail ‘microtoponym’, ‘minor place name’ nó ‘minor name’ le cur síos a dhéanamh ar an gcineál ainm atá i gceist, go háirithe i saothair luatha. Bíodh sin mar atá, is cinnte go bhfuil obair mhór i gcrích i réimse na mionlogainmníochta sa Bhreatain Mhór agus san Astráil. Tá obair eiseamláireach déanta ag an EPNS i Sasana, go háirithe i réimse na n-ainmneacha páirce.

3. Modheolaíocht

3.1 Cur chuige Taighde

Sa tráchtas seo, leantar an mhodheolaíocht atá molta ag Mac Giolla Easpaig (2008: 82) chun taighde a dhéanamh ar logainmneacha atá bunaithe ar chur chuige an Svenska Ortnamensarkivet sa tSualainn. De réir na modheolaíochta sin, déantar taighde cartlainne chun na foirmeacha scríofa den ainm atá i bhfoinsí stairiúla a bhailiú. Chomh maith leis sin, déantar obair pháirce chun fuaimniú áitiúil na n-ainmneacha a thaifeadadh más féidir. Ansin, déantar na leaganacha sin ar fad, idir scríofa is labhartha, a thiomsú i liosta croineolaíoch le gur féidir anailís theangeolaíoch a dhéanamh chun bunfhoirm agus sanasaíocht an ainm a aithint. Tá an cur chuige taighde seo le feiceáil i roinnt saothar a cuireadh i gcló in Éirinn le breis agus 30 bliain anuas. Áirítear ina measc siúd *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i Logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (Ó Cearbhaill: 2007), *Logainmneacha Mhaigh Eo* (Mac Gabhann, 2014, 10 n-imleabhar), agus *Place-Names of Northern Ireland* (údair éagsúla, 8 n-imleabhar go fóill).

Mar a pléadh in 2.3, díriodh an chuid is mó den taighde acadúil a rinneadh ar logainmneacha in Éirinn ar logainmneacha riaracháin, agus ar bhailte fearainn go háirithe. Nuair a dhéantar taighde ar logainmneacha riaracháin, bíonn tacar logainmneacha réamhshocraithe ar fáil don taighdeoir i gceantar ar leith laistigh den chóras riaracháin, agus díritear ar na hainmneacha sin. I gcás mionlogainmneacha, is gá cnuasach ainmneacha a chur le chéile as an nua le gur féidir taighde agus anailís a dhéanamh orthu. Más ea, tá tábhacht ar leith ag baint leis an modh tiomsaithe a leantar, rud a phléitear in 3.2 thíos.

3.2 Taighde Cartlainne

Don taighde seo, beartaíodh ainmneacha a bhailiú ó fhoinsí stairiúla ar dtús, agus dá bharr sin, tá forluí mór ann idir bailiú na n-ainmneacha agus céim an taighde cartlainne. Tosaíodh ar na mionlogainmneacha sin a bhailiú trí chuardach córasach de réir baile fearainn a dhéanamh ar léarscáileanna 6" (1829–41), 25" (1908–9) agus Cassini 6" (1908–40) de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. Roghnaíodh na léarscáileanna úd mar thúsphointe, toisc an tábhacht stairiúil a bhaineann leo ó thaobh na logainmneacha de, agus toisc go bhfuil gach cuid den cheantar taighde clúdaithe acu. An cur chuige a bhí i gceist maidir le mionlogainmneacha a bhailiú ón bhfoinse seo ná liosta de na bailte fearainn i ngach paróiste sa dá bharúntacht a thiomsú, agus scrúdú a dhéanamh ar gach baile fearainn chun na mionlogainmneacha atá ar na léarscáileanna a bhailiú. Rinneadh liosta de na

mionlogainmneacha ar fad a bailíodh i scarbhileog Microsoft Excel. Ar an scarbhileog sin, chomh maith leis na mionlogainmneacha féin, luaitear an baile fearainn agus an paróiste ina bhfuil siad suite. Anuas air sin, luaitear an t-eagrán nó na heagráin den léarscáil ar a raibh na hainmneacha marcáilte.

Nuair a bhí an chéim sin i gcrích, leathnaíodh an taighde cartlainne chun foinsí eile a chur san áireamh. Ceadaíodh na foinsí eile seo ar dhá chúis: chun leaganacha stairiúla de na mionlogainmneacha a bailíodh ó na léarscáileanna thuasluaite a aimsiú; agus chun mionlogainmneacha eile, nár aimsíodh sa chéad chuid den phróiseas a bhailiú. Chun tús a chur leis an bpróiseas seo, tiomsaíodh liosta foinsí a bhaineann leis an dá bharúntacht atá faoi chaibidil a bhféadfadh mionlogainmneacha a bheith ar fáil iontu.

Tiomsaíodh na hainmneacha agus foirmeacha a bailíodh ó na foinsí sin ar fad i scarbhileog Microsoft Excel eile, ar leith ó na cinn a bailíodh ó léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis faoin gcéad chéim den tiomsú. Rinneadh nóta de shuíomh an logainm freisin i bhfoirm chomhordanáidí geografacha. Breacadh síos an fhoinse óna bhfuarthas an t-ainm chomh maith le huimhir thagartha (uimhir thagartha leabharlainne, uimhir leabhair, uimhir leathanaigh etc). Bailíodh roinnt mionlogainmneacha nach léir suíomh dóibh agus a bhaineann le foinsí lámhscríofa nach léarscáileanna iad. Mar shampla, bailíodh cuid mhór ainmneacha ó Chlárann na nGníomhas, agus ní bhíonn léarscáileanna ag gabháil leis na gníomhais úd. I gcásanna áirithe is féidir suíomh garbh na háite a mheas tríd an gcomhthéacs a thugtar san fhoinse, nó trí chomparáid a dhéanamh le foinse eile.

3.2.1 Foinsí

Tugtar liosta thíos de chuid de na foinsí cartlainne is tábhachtaí a ceadaíodh don taighde seo:

Fiants

Barántais a d'eisigh Seansaireacht na hÉireann is ea na *Fiants* a bhaineann leis an 16ú haois go príomha. Foinse thábhachtach d'ainmneacha daoine agus logainmneacha is ea an fhoinse seo, mar a d'áitigh Ó Canann: 'In most cases the fiants represent the first attempt to anglicize native Irish names and, thus, reflect the initial step in the changeover in the vernacular language that so transformed the cultural landscape of Ireland' (1994, ceadaithe in Mac Mathúna, 2006: 68).

Ionchoisní

Baineann formhór na n-ionchoisní a ceadaíodh don taighde seo leis an 17ú haois. Ba iad na hionchoisní *post mortem* na hionchoisní ba choitianta. B'éard a bhí iontu sin ná iniúchtaí a rinne

giúiréithe ar luach na maoine a bhí ag daoine tar éis a mbás, chomh maith le cé a bhfaigheadh na tailte sin ar oidhreacht uathu (Connolly, 2002: 35).

Suirbhé Thomas Emerson ar Pharóiste Chill Dara

Tá an fhoinsé seo ar fáil ar mhicreascannán sa Public Records Office of Northern Ireland (PRONI). Tugann sé léargas ar an saibhreas ainmneacha a bhí i bParóiste Chill Dara sa 17ú haois. Leagtar amach na tailte sa pharóiste in *A Book of Rifference of the townes and lands belonging to the right Honourable John Earl of Kildare Lying and being in the Barony of Ophaley in the County of Kildare with numbers agreeable to the mapp made in the yeare 1674 (Emerson BoR)*. Tá an léarscáil a ghabhann leis an bhfoinsé seo ar iarraidh, rud a fhágann gur deacair suíomh na n-ainmneacha a bheachtú in amanna. Cuid ar leith den suirbhé is ea *The Contents of Acres of Severeall Denominations in the Lordship of Kildare belonging to the Right Honorable John Earl of Kildare (Emerson Contents)* ina dtugtar eolas níos mionsonraithe faoi thomhas na ngabháltas san aonad. Anuas orthu sin, tá dhá fhoinsé eile atá gaolmhar le suirbhé Emerson: *Abstract* de thailte i Máinéar Chill Dara ón mbliain 1684 (*PRONI Abstract*) agus rolla cíosa, ‘A rent roll of the Earl of Kildare's rents...’ ón mbliain chéanna (*Rent Roll*), atá ar fáil ar mhicreascannán i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Páipéir eastáit

Fuarthas roinnt foirmeacha ó pháipéir Eastát Dhroichead Átha i bparóiste Mhainistir Eimhín. I measc na bpáipéar a ceadaíodh bhí leabhair chíosa, suirbhéanna agus gníomhais.

Gníomhais

Foinsé an-luachmhar ab ea Clárlann na nGníomhas, mar a bhfuil meabhracháin ghníomhas talún ó 1708 i leith. Foinsé an-luachmhar d’ainmneacha ón 18ú agus an 19ú haois a bhí anseo. Bhain fadhbanna leis sa mhéid is gur cóipeáladh gníomhais óna chéile go minic, áfach. Bhí de thoradh air seo go ndearnadh botún tras-scríofa a chóipeáil agus a athchóipeáil i gcásanna áirithe. Fágann sé seo gur deacair foirmeacha atá dílis don bhunainm agus foirmeacha earráideacha a aithint óna chéile go minic.

Léarscáileanna

Foinsé luachmhar eile ab ea léarscáileanna a dhear an cartagrafaí John Rocque de pharóistí Chill Dara agus Ráth lomgháin san 18ú haois, go háirithe an léarscáil mhionsonraithe de Bhaile Chill Dara (*Rocque TCD (CD)*). Baineadh úsáid freisin as léarscáileanna eastáit atá mar chuid de bhailiúchán Longfield i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Baineann formhór na léarscáileanna sin le barúntacht Uíbh Fhailí Thiar. Is minic gan dáta beacht a bheith luaite le léarscáileanna i mbailiúchán Longfield.

Foinsí na Suirbhéireachta Ordanáis

Ba iad na léarscáileanna stairiúla an fhoinsé ba thorthúla de chuid na Suirbhéireachta a scagadh don taighde seo. Rinneadh scagadh ar Ainmleabhair agus Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis chomh maith, ach ba bheag ábhar a bhí iontu siúd ó thaobh na mionlogainmneacha de. Is minic nach luaitear mionlogainmneacha atá ar na léarscáileanna féin sna foinsí sin sa cheantar staidéir seo.

Cláir pharóiste na hEaglaise Caitlicí

Baineann na taifid seo leis an 19ú haois den chuid is mó. Cláraítear póstaí agus baistí iontu, agus tugtar seoladh na bpáirtithe chomh maith. Tá roinnt mionlogainmneacha in úsáid mar sheoltaí ann. Is cosúil go bhfuil cuid mhaith de na foirmeacha san fhoinsé seo gar go maith don fhuaimniú áitiúil. Mar shampla, sna taifid do pharóiste Caitliceach Mhainistir Eimhín is minic a litrítear an baile fearainn *Derryoughter (East & West)* / **Doire Uchtach (Thoir & Thiar)**¹² mar *Droughta (PR: Monasterevan 04203 / 08, 20, ón mbliain 1858, mar shampla)* atá beag beann ar an litriú oifigiúil agus an-ghar don fhuaimniú áitiúil a bhailigh an Brainse Logainmneacha in 2009–10 ['draktə].

Nuachtáin

Bailíodh roinnt ainmneacha ó nuachtáin ón 19ú haois, *The Leinster Express*, *The Leinster Leader* agus *The Kildare Observer* go príomha, agus fuarthas ainmneacha i nuachtáin náisiúnta, amhail *The Irish Times* chomh maith. Bhí cineálacha áirithe d'ailt a bhí torthúil ó thaobh mionlogainmneacha de agus a bhí sna nuachtáin ar bhonn leanúnach. Sampla den chineál sin ailt ná na cuntais ar sheilgí *The Kildare Harriers* inar cuireadh síos ar an gcúrsa a leanadh trí thailte éagsúla agus iad sa tóir ar shionnaigh.

Ailt in JCKAS

Ceadaíodh roinnt alt ón iris *The Journal of the County Kildare Archaeological Society*. Bhí roinnt scríbhneoirí san iris sin gníomhach i mbun pinn ar chúrsaí logainmneacha agus béaloidis, ag deireadh an 19ú haois agus sa chéad leath den fhichiú haois. Ina measc siúd bhí an t-ársaitheoir Walter FitzGerald.

Bailiúchán na Scol

Bailiúchán béaloidis a rinne daltaí scoile sna blianta 1937–8 atá i mBailiúchán na Scol. Bhailigh roinnt de na daltaí ainmneacha páirce agus mionlogainmneacha eile mar chuid den bhailiúchán, ach ní luaitear suíomh leo go minic

¹² LogainmID: 24924; 24925

3.3 Obair Pháirce

Fuarthas faomhadh eitice ó Choiste Eiticí Taighde DCU i mBealtaine 2018 chun agallaimh leathstruchtúrtha a dhéanamh le faisnéiseoirí don obair pháirce. Cuireadh tús leis an obair pháirce le linn shamhradh 2019. Bhíothas ag súil le leanúint ar aghaidh leis an obair pháirce le linn shamhradh na bliana dar gcionn, ach d'fhág na srianta sláinte poiblí a bhain le COVID-19 nárbh fhéidir agallaimh duine le duine a dhéanamh le faisnéiseoirí.

Bhí dhá phríomhsprioc ag an obair pháirce i gcomhthéacs an taighde: fuaimniú áitiúil na n-ainmneacha a thaifeadadh i gcás na n-ainmneacha siúd atá fós in úsáid i measc an phobail, agus ainmneacha breise nár aithníodh le linn an taighde cartlainne a bhailiú. Thángthas ar fhaisnéiseoirí don obair pháirce trí mholtaí a fuarthas ó theagmhálaithe pearsanta agus ó chumainn staire áitiúla. Cuireadh na faisnéiseoirí faoi agallamh ar bhonn leathstruchtúrtha. Bunaíodh struchtúr na n-agallamh ar ainmneacha a bailíodh le linn an taighde cartlainne i gceantar áitiúil na bhfaisnéiseoirí. Rinneadh seo chun cibé eolas a bhí ag na faisnéiseoirí ar na hainmneacha sin a thiomsú ar dtús. Ina dhiaidh sin ceistíodh iad faoi mhionlogainmneacha ar bith eile sa a bhí ar eolas acu sa cheantar. Éisteadh siar leis na hagallaimh ina dhiaidh sin agus breacadh síos na mionlogainmneacha a luadh iontu ag baint úsáid as an Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta.

3.3.1 Liosta na bhFaisnéiseoirí

Liostaítear na faisnéiseoirí a cuireadh faoi agallamh don tráchtas seo thíos. Leagtar amach an t-eolas faoi na faisnéiseoirí mar seo a leanas: ÁitX. (cód an fhaisnéiseora) Inscne. Aoisraon. Seoladh (baile fearainn nó baile). Gairm bheatha.

Cód	Inscne	Aoisraon	Seoladh	Gairm bheatha
Áit1.	Fear	80–90	<i>Tullylost</i>	Iaroibrí de chuid Bórd na Móna
Áit2.	Fear	60–70	Baile Chill Dara	Iaroibrí Monarchan
Áit3.	Fear	70–80	Baile Chill Dara	Iaroibrí Monarchan
Áit4.	Fear	80–90	<i>Rahilla Glebe</i>	Feirmeoir
Áit5.	Fear	70–80	Campa an Churraigh	Barbóir
Áit6.	Fear	80–90	Baile Chill Dara, rugadh agus tógadh in <i>Brownstown Lower</i>	Fear gnó
Áit7.	Fear	60–70	An Urnaí	Iaroibrí Monarchan
Áit8.	Fear	50–60	<i>Ballyfarsoon</i>	Feirmeoir
Áit9.	Bean	70–80	Oghill, rugadh agus tógadh in <i>Riverstown</i>	Feirmeoir
Áit10.	Fear	50–60	<i>Ballysooghan North</i>	Feirmeoir
Áit11.	Fear	60–70	An Droichead Nua, rugadh agus tógadh in <i>Lullymore</i>	Iaroibrí le Teagasc
Áit12.	Bean	70–80	Baile an Mhuilinn. Tá feirm aici in <i>Killeen East</i> .	Feirmeoir

Tábla 1: Liosta na bhfaisnéiseoirí

3.3.2 Gutaí

Seo thíos na siombail a úsáidtear sa tráchtas le haghaidh gutaí, chomh maith le samplaí díobh ó Bhéarla na hÉireann. Tá sé seo bunaithe ar chreatlach a d'úsáid An Dr. Pádraig Ó Cearbhaill in *Logainmneacha na hÉireann 3: Cluain i Logainmneacha Thiobraid Árann* (2010: 5).

ɪ	pit, kill
i:	tree, peel
ɛ	test, yet
ɛ:	chair, tear (stróic)
e:	they, late
a	bat, barrel
a:	farm, calves
ɑ	jog, stop
ɑ:	draw, stall
o:	road, phone
ʊ	stuck, run
u:	food, through
ə	again, farmer

3.4 Cur i Láthair an Eolais

Agus an obair pháirce i gcrích, rinneadh na foirmeacha stairiúla chomh maith leis na foirmeacha comhaimseartha a liostáil in ord croineolaíoch i gcomhad Microsoft Word de réir an chórais atá molta ag Mac Giolla Easpaig a luaitear thuas. Dáileadh uimhir ar gach tagairt, ag tosú le huimhir 1 don tagairt is sine, mar a léirítear sa sampla thíos a bhaineann le *Shanrelyk*. Is é is cúis leis na huimhreacha seo ná go mbeifí in ann tagairt a dhéanamh d'fhoirm ar leith go soiléir agus plé á dhéanamh ar an ainm. In aice leis an uimhir sin, léirítear an bhliain lena mbaineann an tagairt. Ina dhiaidh sin, léirítear an fhoirm den ainm a aimsíodh. Ansin ar thaobh na láimhe deise luaitear noda don fhoinsé óna bhfuarthas an fhoirm sin, chomh maith le huimhir thagartha. I gcás foirm 1 thíos, is é *Ir. Mon. Poss. (Irish Monastic Possessions...)* an fhoinsé agus 62 an uimhir thagartha (uimhir leathanaigh). I dtaifid áirithe, ní luaitear uimhir leathanaigh nó uimhir thagartha sa bhunfhoinsé, ach luaitear eolas thagartha eile, cosúil le hainm duine, nó teideal.

P: Rathangan / Ráth Iomgháin

LogainmID: 1219

BF: Kiltaghan South / Coillteachán Theas

LogainmID: 25601

Shanrelyk

*An tSeanreilig

'the old burial ground'

666525 717355

1.	1540-41	Shanrelyk	Ir. Mon. Poss., 62
2.	1540-41	Oldrelyk	Ir. Mon. Poss., 62
3.	1540-41	Olderelyk	Crown Survey, 156
4.	1540-41	Olderelyk	Crown Survey, 19
5.	1540-41	Shanrellyk	Crown Survey, 158
7.	1550-1630	An tSheanroilig	Lbran. 1701
8.	1621	Shanroulicke & Clonmeale	Inq. Lag. JI 40
9.	1625	Shanerellicke	Inq. Lag. CI 4
10.	1628	Shanrellyck alias Olde Orcharde	JCKAS: Rathangan, 155
11.	1628	Shanrellyck alias Olde Orchard	JCKAS: Rathangan, 155
12.	1760	old burial place	Survey of Rathangan: Mill-Land
13.	1937/38	Sean Roilig	BNS: 778, 81
14.	2019	Jan'reilig	Áit.1

Figiúr 3: Leagan amach na dtagairtí stairiúla.

Déantar na mionlogainmneacha a bailíodh a leagan amach de réir paróiste agus ansin de réir baile fearainn. Tugtar na huimhreacha aitheantais atá ag na hainmneacha riaracháin sin ar an suíomh <https://www.logainm.ie/> san fhormáid seo: LogainmID: 1219. Is féidir na hiontrálacha a ghabhann leis na hainmneacha riaracháin sin a aimsiú ach an uimhir aitheantais sin (i.e. 1219 i gcás *Rathangan / Ráth Iomgháin* thuas) a chur isteach sa bhosca cuardaigh ar <https://www.logainm.ie/>. Liostaítear na mionlogainmneacha úd in ord aibítreach faoin mbaile fearainn ina bhfuil siad suite. Déantar na bailte fearainn sin a bhfuil mionlogainmneacha ar fáil iontu a liostáil in ord aibítreach faoin bparóiste dlí ina bhfuil siad. Sna cásanna sin nach léir cén baile fearainn in a bhfuil na mionainmneacha, liostaítear ag deireadh an pharóiste dlí iad faoin teideal 'Suíomh Éiginnte'. Déantar tráchttaireacht i dtaca leis na mionlogainmneacha thíos faoi na tagairtí stairiúla a ghabhann le gach iontráil. Nuair is cuí, tugtar sleachta ó fhoinsí cartlainne, nó ón obair pháirce i gcló lodálach sa chéad pharagraf den tráchttaireacht. Déantar é seo nuair a mheastar go bhfuil ábhar spéise a thugann léargas ar shuíomh

nó bunús an ainm sa sliocht. Déantar mionainmneacha a bhfuil a suíomh ar eolas a mhapáil ag baint úsáid as an mbogearra QGIS.

3.5 Ceannfhoirmeacha Béarla

Leagadh síos na critéir seo a leanas a chun ceannfhoirm Bhéarla a roghnú.

1. Má bhí an t-ainm ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis, cloíodh leis an bhfoirm sin mar cheannfhoirm. I gcásanna ina raibh éagsúlacht idir eagraín den léarscáil, cloíodh leis an bhfoirm is sine.
2. Má bhí foirmeacha den ainm ar fáil i gcáipéisí stairiúla ach gan a bheith marcáilte ar léarscáileanna SO, cloíodh leis an bhfoirm is sine den ainm.
3. Má fuarthas an t-ainm ó fhoinsí bhéil amháin:
 - a. Rinneadh foirmeacha na bhfocal atá san ainm a roghnú de réir chaighdeán scríofa an Bhéarla, bunaithe ar an litriú atá in *OED* agus *EDD* (tugadh tosaíocht do fhoirmeacha in *OED*, i gcásanna ina raibh an focal sa dá fhoclóir). Nuair a bhí sloinne i gceist, úsáideadh an leagan a bhí ar fáil go háitiúil, bunaithe ar *Daonáireamh 1911/1901*, agus *Griffith's Valuation*.
 - b. I gcás ainm ar dócha gur de bhunadh na Gaeilge atá sé, glacadh le foirm Ghaeilge an ainm mar cheannfhoirm, má bhí an fhoirm sin soiléir. Mar shampla: [mɔla] > **Mullach**; [lɔg] **Log**.
 - c. Má bhí eilimint Bhéarla, nó an t-alt *the* san ainm chomh maith, tugadh foirm Bhéarla den ainm sin ach leis an eilimint Ghaeilge mar chuid de: **The Glais**.
 - d. Mura raibh an bhunfhoirm Ghaeilge soiléir, cruthaíodh foirm Bhéarlaithe den ainm, bunaithe ar an bhfuaimniú áitiúil.

3.6 Ceannfhoirmeacha Gaeilge

Cuirtear réiltín (*) roimh fhoirmeacha Gaeilge a mholtar do mhionlogainmneacha an tráchtas seo, le tabhairt le fios gur foirmeacha gan urrús iad. Tugtar foirmeacha Gaeilge do logainmneacha de bhunadh na Gaeilge amháin – ní dhéantar ainmneacha de bhunús an Bhéarla a aistriú. I gcásanna nach féidir bunfhoirm Ghaeilge a mholadh, ní thugtar ceannfhoirm Ghaeilge. I gcásanna nach féidir ach cuid den ainm a mhíniú, léirítear na heilimintí a bhfuil éiginnteacht ag baint leo le fleiscín agus comhartha ceiste (*Dromacun* / **Droim** —?, mar shampla). Nuair a mholtar bunfhoirm iomlán Ghaeilge a bhfuil éiginnteacht ina taobh, cuirtear comhartha ceiste in aice leis an ainm:

Rathninyvinnagh / ***Ráithín na bhFíonach?**. I gcás ainmneacha hibrídeacha, a bhfuil eilimintí Gaeilge

agus Béarla iontu, ní thugtar ach an chuid Ghaeilge den ainm sa cheannfhoirm Ghaeilge: *Spadac Road* / ***An Spadach**.

3.7 Ainmneacha eile

D'fhonn spás a shábháil sa tráchtas, cinneadh ainmneacha áirithe a shainiú mar 'ainmneacha eile'. Ainmneacha Béarla atá iontu seo ar fad, agus tugann siad léiriú ar a fhorleithne agus atá mionlogainmneacha Béarla sa cheantar staidéir seo dá réir. Liostaítear 'ainmneacha eile' in Aguisín D, agus is iad seo a leanas na catagóirí atá i gceist.

1. Ainm Béarla ar bith nach dtéann an tagairt is sine dó níos faide siar ná an bhliain 1900.
2. Ainmneacha tí de bhunadh an Bhéarla (beag beann ar aois).
3. Crosbhóithre de bhunadh an Bhéarla (beag beann ar aois).
4. Ainmneacha den chineál 'Glebe' nó 'Glebe House' lom.
5. Ainmneacha páirce de bhunadh an Bhéarla (beag beann ar aois).

4. Torthaí an Taighde

4.1 Gaeilge Chill Dara – Fianaise ar an gCanúint

Sa chaibidil seo, déantar plé ar an bhfianaise atá le sonrú i logainmneacha an tráchtais ar thréithe den chanúint Ghaeilge a labhraíte sa cheantar staidéir agus i gContae Chill Dara i gcoitinne. Chun an plé sin a chur i gcomhthéacs, déantar anailís ar an scoláireacht maidir le canúintí na Gaeilge, agus go háirithe ar an bplé scolártha a bhaineann le Gaeilge Chill Dara agus Gaeilge Laighean. Anuas air sin, tugtar fianaise ó fhoinsí eile amhail logainmneacha riaracháin an chontae agus liostaí d'iarsmaí Gaeilge a bailíodh le linn an 20ú aois, chun tacú leis an bplé ar na tréithe canúna a aithníodh i logainmneacha an tráchtais.

4.1.1 Scoláireacht ar Chanúintí na Gaeilge

D'áitigh an scoláire T.F. O'Rahilly (1976: 17) gur dhá mhórchánúint Ghaeilge a labhraíodh in Éirinn, Gaeilge an deiscirt agus Gaeilge an tuaiscirt, agus gurbh ionann, a bheag nó a mhór, an dá limistéar canúna sin agus Leath Choinn agus Leath Mhogha. Tá de thuairim ag Nicholas Williams (1994: 471) gur trí mhórchánúint Ghaeilge a labhraíodh in Éirinn:

Is ar éigin is fíor don Rathileach é nuair a deir sé nach raibh ach dhá mhórlimistéar canúna Gaeilge in Éirinn. Is fearr a réiteodh sé leis an bhfianaise dá n-áiteofaí gur trí mhórchánúint a bhí sa tír. In iarthar agus oirthear Uladh agus in Oiriaila chomh fada ó dheas le gleann na Bóinne is í Gaeilge an tuaiscirt a bhí á labhairt. I gCúige Mumhan agus Osraí Gaeilge an Deiscirt a labhraíte. Idir an dá limistéar sin bhí achar fairsing ó iarthar Chonnacht soir go hInbhear Life agus ó dheas go Loch Garman. Creidimse gur aon chanúint amháin a labhraíte sa limistéar sin, cé go raibh an-éagsúlacht idir na fochánúintí ann.

Dar le Ó Muircheartaigh (2015: 31) go bhfuil tuairim seo Williams bunaithe ar cheist na béime go príomha, agus nach leor é sin chun an hipitéis a chruthú. Thuairimigh Ó Buachalla (2002: 8) gur dhá mhórchánúint Gaeilge a bhí ann, Gaeilge an Deiscirt, a labhraíodh laisteas den Bhóinn, agus Gaeilge an Tuaiscirt lastuaidh di, a bhí mar bhunús ag Gaeilge na hAlban agus Gaeilge Mhanainn chomh maith. Áitíonn Ó Muircheartaigh (2015: 109) gurb í an bhaisc teoirilínte is suntasaí i nGaeilge na hÉireann ná an ceann a scarann Gaeilge Uladh ón gcuid eile den tír, agus go bhfuil baisc thánaisteach teoirilínte a scarann Gaeilge Chonnacht agus Gaeilge na Mumhan óna chéile. Luann sé fianaise ar chosúlachtaí idir Gaeilge oirthuaisceart Uladh agus an Ghaeilge a labhraíodh sa Longfort, san Iarmhí (ibid.) agus i gContae Uíbh Fhailí (ibid.: 269). Tuairimíonn Ó Muircheartaigh (ibid.: 262) gurbh é

ceannasacht Ó Néill, ar shín a gcuid tailte chomh fada aduaidh le Contae Uíbh Fhailí an lae inniu ag tús na meánaoiseanna, ba chúis leis sin.

4.1.2 Béim an ghutha

Go stairiúil, ba ar fhréamh an fhocail a luigh an bhéim sa Ghaeilge, ach le linn thréimhse na Meán-Ghaeilge tháinig athrú air seo, agus bhog an bhéim ón gcéad siolla go dtí an siolla deireanach nuair a bhí an siolla sin fada i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht. D'fhan an iarbhéim seo seasta i gCúige Mumhan, ach d'fhill an bhéim ar fhréamh an fhocail i gConnachta den chuid ba mhó (Williams, 1994: 467). Is ar shiollaí troma amháin a tharla an t-athrú béime seo, is é sin siollaí le guta fada, défhoghar nó iad siúd a chríochnaíonn ar **-ach** (Ó Sé, 1989: 147).

Thuairimigh O'Rahilly (1976: 86). gur ceann de shaintréithe Ghaeilge an tuaiscirt ab ea an bhéim a bheith ar an gcéad siolla, agus d'áitigh sé gur shín an limistéar ina raibh an córas béime sin i bhfeidhm chomh fada aneas le tuaisceart Chill Dara, tuaisceart Chontae Uíbh Fhailí agus tuaisceart Bhaile Átha Cliath. Is léir, áfach, go raibh iarbhéim coitianta in oirthear Chonnacht chomh maith. Tuairimíonn Ó Sé (1989: 157) gurbh é tionchar na Sionnaine, a nasc oirthear Chonnacht le tuaisceart na Mumhan, ba chúis leis sin.

Ní ar aon fhocal leis an Raithileach a bhí Piatt maidir le láthair na béime i gCill Dara, agus é go láidir den tuairim gur le Gaeilge Uladh a luigh an Contae. Dúirt sé an méid seo agus é ag scríobh in *An tUltach*:

Cuirfidh Ultaigh suim i mblas Chill Dara – tharla go gcruthaigheann sé nach rabh mórán duithbhir eadar béim na cainte, etc., áit ar bith ó Nás síos go Toraigh. (*Gaedhilg CD*)

Sa leabhrán a d'fhoilsigh sé ar Ghaeilge lár agus oirthear Laighean, áfach, léirigh Piatt (1933) an tuairim gur le Gaeilge Chonnacht agus le Gaeilge Uladh a chuaigh Gaeilge Laighean. Bhailigh sé liostaí focal in áiteanna éagsúla i gCúige Laighean, agus is béim ar an gcéad siolla a fuair sé i gCeatharlach (1933, 23), i Loch Garman, i gCill Mhantáin (ibid.: 11) i mBaile Átha Cliath, (ibid.: 16) agus i gCill Dara. Rinne de hÓir (1969) scagadh ar láthair na béime i saothar Liam Price ar logainmneacha Chill Mhantáin. An toradh a léirigh an obair sin ná gur ar an gcéad siolla is mó a luigh an bhéim sa chontae ach go raibh dlús ainmneacha a raibh an bhéim ar an siolla deireanach iontu i dtriantán idir Baile Chill Mhantáin, Achadh Mheánach agus an tInbhear Mór. Luann sé tionchar na Lochlannach mar chúis leis an éagsúlacht sa cheantar áirithe sin le hais na coda eile den chontae. Maidir le Contae Laoise, is iarbhéim is mó a léirítear in iarsmaí Gaeilge a bhailigh Ó Conchubhair (1948) i nDarú i ndeisceart an chontae. Is ar an gcéad siolla a luigh an bhéim i gcás focal dar críoch **-ach** agus focal tríshiollacha (Ó Sé, 1989: 161).

Mar le Cill Dara féin de, thagair Williams do liosta focal ó Chairbre i dtuaisceart an chontae ó Bhailiúchán na Scol (771, 3–4) mar a bhfuil béim ar an gcéad siolla marcáilte i bhfocail dhéshiollacha amhail *‘gráinneog’* (Williams, 1994: 470). Tharraing Don Piatt aird ar roinnt mionlogainmneacha atá san áireamh sa tráchtas seo agus é ag plé cúrsaí béime. Thug sé *CLOURán* (*Clorane Stream* / **An Clamhrán?*, lch 67) i liosta gearr áiteanna agus focal in alt a scríobh sé in *An tUltach* (*Gaedhilg CD*) faoina ndúirt sé: ‘Tá béim láidir ar an chéad siolla in achan fhocal aca-seo.’ Bhí an méid seo a leanas le rá aige faoi *Crockaun* / **An Cnocán* (lch 72) sa leabhrán *Dialect in east and mid-Leinster*:

‘Cnocán, in “the crocán”, a hillock in the southern corner of the Curragh Camp is pronounced exactly as in Donegal, both as to accent and to sound, by the local people’ (Piatt, 1933: 26).

Réitíonn foirmeacha áitiúla den dá ainm a bailíodh mar chuid den taighde seo leis an méid a deir Piatt ó thaobh béime de. Díol spéise, áfach, an fuaimniú áitiúil a bhailigh an Brainse Logainmneacha don bhaile fearainn *Crockaun*¹³ [kro'ka:n] sa chóngar céanna ina léirítear iarbhéim. Bhí an bhéim ar an gcéad siolla ag trí cinn d’fhaisnéiseoirí sa mhionainm *The Buggawns* / **An Bogán* (lch 285) – [d̪ə 'bɒɡa:nz] (*Áit.1*, *Áit.2*, *Áit.3*). Faightear iarbhéim go minic in ainmneacha bailte fearainn a chríochnaíonn ar an iarmhír *-án*, mar a léirítear sa tábla thíos ina dtaispeántar foirmeacha áitiúla de bhailte fearainn a bhailigh an Brainse Logainmneacha. Is é *Fearaun* / *An Féarán* an t-aon ainm astu seo a léiríonn réimhbhéim.

Leagan Gaeilge Molta	Ainm Béarla	Foirm áitiúil	ID Logainm.ie
Baile na dTrí gCosán	Ballynagussaun	[balnəɡo'sa:n]	25057
An Cnocán	Crockaun	[kro'ka:n]	24952
An Cnocán	Crockaun Commons	[kro'ka:n]	25742
Crodán	Crodaun	[kra'da:n]	25292
An Féarán	Fearaun	['fi:ra:n]	25165
Loch Meannáin	Loughminane	[lakmi'na:n]	25865

Tábla 2: : Láthair na béime in logainmneacha dar críoch *-án* i gContae Chill Dara. Bhailigh an Brainse Logainmneacha na foirmeacha foghraíocha seo sna blianta 2009 agus 2010 (Logainm.ie).

Faightear iarbhéim chomh maith i roinnt ainmneacha baile fearainn in *-án* deiridh i gContae Laoise: *Tullaghan* / *An Tulachán*¹⁴ [tolə'hɑ:n] i bparóiste Lé ar an teorainn le Cill Dara, cuir i gcás.

¹³ LogainmID: 24952

¹⁴ LogainmID: 28294

Cailltear guta an chéad siolla neamhaiceanta i gcás roinnt focal i nGaeilge na Mumhan agus i nGaeilge Chonnacht de bharr athrú béime. Tá an fhorbairt seo coitianta san ainmfhocal **corrán** (Ó Sé, 1989, 160), agus feictear í in ainm an bhaile fearainn *Crawnglass* / **An Corrán Glas**¹⁵ sa cheantar staidéir. Feictear an fhorbairt chéanna san ainmfhocal sin i roinnt logainmneacha i gContaetha Loch Garman agus Cheatharlach (Ó Cruaíoch & Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 609). Luann Piatt cailleadh an chéad siolla san fhocal **salach** i gCill Dara chomh maith: “slach, slach!” (rud adéarfaí le páiste, ag maoidheamh go rabh rud salach.)’ (*Gaedhílg CD*).

Iarbhéim is mó a fhaightear in ainmneacha bailte fearainn a chríochníonn ar **-ín** i gCill Dara. Bhí an bhéim ar an gcéad siolla san fhoirm áitiúil a taifeadadh den mhionainm **Móinín** (lch 283) ['mo:n'i:n'] (*Áit.1*) ach is iarbhéim a bhí ag an bhfaisnéiseoir céanna san fhocal **cipín** [k'i:pi:n]. Bhí idir iarbhéim agus réamhbhéim ag faisnéiseoir *Áit.9* ar *Killeen* ag tagairt do bhailte fearainn *Killeen (East & West)* / **An Cillín (Thoir & Thiar)**¹⁶ in Uíbh Fhailí Thiar. Sa tábla thíos, léirítear roinnt logainmneacha riaracháin i gContae Chill Dara a chríochnaíonn ar an iarmhír dhíspeagtha **-ín**. Iarbhéim a fhaightear sna hainmneacha seo ar fad.

Leagan Gaeilge Molta	Ainm Béarla	Foirm áitiúil	ID Logainm.ie
An Goirtín	Gorteen	[gor'ti:n]	24928
An Goirtín	Gorteen	[gor'ti:n]	25542
Pollach an Ghoirtín	Pollagorteen	[poləgor'ti:n]	25244
An Scairtín	Skirteen	[skir'ti:n]	25215
An Cillín	Killeen	[ki'li:n]	25227
An Ráithín	Raheen	[ra'hi:n]	24970
An Seanráithín	Shanraheen	[ʃanra'hi:n]	24970

Tábla 3: Láthair na béime in ainmneacha bhaile fearainn dar críoch **-ín** i gContae Chill Dara. . Bhailigh an Brainse Logainmneacha na foirmeacha foghraíocha seo sna blianta 2009 agus 2010 (*Logainm.ie*).

Féach chomh maith gur iarbhéim a fhaightear i gceithre cinn de bhailte fearainn i gContae Laoise den ainm *Gorteen*¹⁷ (*Logainm.ie*).

¹⁵ LogainmID: 24951

¹⁶ LogainmID: 24931 & 24932

¹⁷ LogainmID: 28064; 28326; 28326; 28689.

Maidir leis an iarmhír dhíspeagtha **-óg**, cuireann an fuaimniú áitiúil a bhailigh An Brainse Logainmneacha don bhaile fearainn *Keeloge* / **An Chaológ**¹⁸ ['ki:lo:g] béim ar an gcéad siolla in iúl, ach iarbhéim a bhí ag faisnéiseoir *Áit.1* don ainm céanna in [ki:'lo:g]. Bhí an bhéim ar an dara siolla den fhocal **pisreog** [piʃ'ro:gz] ag *Áit.1* chomh maith. Feictear iarbhéim i bhfoirm áitiúil *Garvoge* / **An Gharbhóg**¹⁹ [garə'vo:g] (*Áit.*, *Logainm.ie*) i dtuaisceart an chontae.

Maidir le hainmfhocail a chríochnaíonn ar **-ún** deiridh sa leagan bunaidh Gaeilge, is iarbhéim a thaifead an Brainse Logainmneacha i gcás baile fearainn *Ballyfarsoon* agus luann Piatt go raibh ‘cuma Mhuimhneach’ ar an bhfocal ‘garsún (garsÚn)’ (*Gaedhilg CD*).

Léirítear béim ar an bhfréamh i bhfocal dar críoch **-ach** sna mionainmneacha *Ballagh* / ***An Bealach** (Ich 302) ['balɔk] (*Áit.1*), *The Grallach* / ***An Ghreallach** (Ich 117) ɠə'gra,ləks (*Áit.3*) agus i mbaile fearainn *Pullagh* / **An Pollach**²⁰ ['poljək] (*Áit.*, *Logainm.ie*).

Is léir, mar sin, go bhfuil claonadh láidir ann an bhéim a chur ar an siolla deiridh sa cheantar staidéir, agus i gContae Chill Dara i gcoitinne, go háirithe i gcás focal a chríochnaíonn ar **-ín**, ach is ann do chásanna ina gcuirtear an bhéim ar an gcéad siolla i bhfocail den chatagóir sin chomh maith. Tá claonadh i dtreo na hiarbhéime i bhfocail dar críoch **-án** i measc bhailte fearainn an chontae freisin, ach tá béim ar an gcéad siolla le sonrú i roinnt mionainmneacha a bailíodh don taighde seo. Ní féidir a chur as áireamh gur sa Bhéarla féin a tharla an t-athrú béime úd. Faightear iarbhéim sna leaganacha Béarla de roinnt logainmneacha in iarthar na tíre, cé gur béim ar an bhfréamh a taifeadadh ó chainteoirí Gaeilge sna ceantair. Mar shampla, iarbhéim a chloistear sa dara heilimint den leagan Béarla de *Caherlustraun* / **Cathair Loistreáin**²¹ i gContae na Gaillimhe (Mac Gabhann, 2014: I, 31) cé gur taifeadadh an bhéim a bheith ar an gcéad siolla san ainm céanna ó Ghaeilgeoirí an cheantair. Is iarbhéim atá san fhocal **doirín** sa leagan Béarla is coitianta de *Ballaghaderreen* / **Bealach an Doirín**²² i gContae Ros Comáin, ach ba ar an gcéad siolla a chuir roinnt seandaoine an bhéim san ainm sa Bhéarla (ibid.). Bíodh sin mar atá, tá an claonadh seo i dtreo na hiarbhéime i gCill Dara chomh forleathan sin nach dócha gur sa Bhéarla amháin a tharla sé. Ní iarbhéim amháin a fhaightear sa cheantar staidéir ná sa chontae i gcoitinne, ach más fíor don léiriú a thugann logainmneacha ar chúrsaí béime i gCill Dara, is cosúil go raibh an ceart ag O’Rahilly nuair a mhaígh sé gur shín ‘southern stress’, mar a thug sé air, chomh fada aneas le tuaisceart Chill Dara.

¹⁸ LogainmID: 25803

¹⁹ LogainmID: 26089

²⁰ LogainmID: 25121

²¹ LogainmID: 21711. Féach ‘taifid scanáilte’.

²² LogainmID: 1416763

4.1.3 An fhorbairt *cn-* > *cr-*

Tá fianaise ar an bhforbairt *cn-* > *cr-* le sonrú i bhfoirmeacha béarlaithe i gcáipéisí stáit ón 16ú haois, ach is é is dóichí ná go raibh sé le fáil sa teanga tamall roimhe sin (Williams, 1994: 471). Dar le Williams, (ibid.) gur tréith shuntasach é a dhealaíonn Gaeilge na Mumhan ó Ghaeilge Chonnacht agus Gaeilge Uladh. D'áitigh O'Rahilly (1976: 22) gur tréith é an t-athrú *cn-* > *cr-* a bhain le Gaeilge an tuaiscirt, ach go raibh fianaise air i dtuaisceart an Chláir, i dtuaisceart Chill Chainnigh, i gCill Dara agus i mBaile Átha Cliath. Tá fianaise sna logainmneacha, áfach, go raibh an fhorbairt seo ar fáil ar fud Chúige Laighean agus chomh fada ó dheas le deisceart Chill Chainnigh agus Loch Garman (Williams, 1994: 471). Is cosúil go raibh sé le fáil i bPort Láirge agus in oirthear Chorcaí chomh maith (Ó Muircheartaigh, 2015: 262; Hickey, 2011: 240).

Tá roinnt fianaise ar an bhforbairt seo sna hainmfhocail *cnoc* agus *cnocán* i measc logainmneacha Chill Dara. Tá sé le sonrú sa mhionainm *Crockaun* / **An Cnocán* thuasluaite agus sa bhaile fearainn den ainm céanna. Tá an fhorbairt chéanna le feiceáil i mbaile fearainn *Crockanure Glebe* / *Cnoc an Iúir*²³ chomh maith.

4.1.4 Fuaimniú *bh* agus *mh* leathan

Léiríonn roinnt logainmneacha i mbaile fearainn *Lullybeg* gur fuaimníodh *bh* agus *mh* leathan na Gaeilge i dtús focail mar [v] sa cheantar sin. Tá an fhorbairt le sonrú sna mionainmneacha *Bohunvorish* / **Bothán Mhuiris* (lch 93), *Shanavoola* / **An tSeanbhuaile* (lch 98) agus *Boleyvore* / **An Bhuaile Mhór* (lch 94), mar shampla. Is cosúil go gcuireann foirmeacha amhail *Killewerke* (*F*, 1252) den mhionainm *Killamarka* / **Coill an Mharcaigh* (lch 304) gur mar [w] a fuaimníodh *mh* tosaigh in *mharcaigh* san ainm sin. Feictear *w-* mar réadú ar *bh* agus *mh* leathan tosaigh i gcúpla baile fearainn i dtuaisceart an chontae, *Rinawade* (*Upper & Lower*) / *Rinn an Bháid (Uachtarach & Íochtarach)*²⁴, cuir i gcás. Tá guagacht idir *-w-* agus *-v-* le sonrú sna foirmeacha stairiúla den bhaile fearainn *Kishawanny* (*Upper & Lower*) / *Cis an Bhainne (Uachtarach & Íochtarach)*²⁵. I measc na bhfoirmeacha úd, faightear *Cassevaine* (1654, *CS VIII*, 178, *Logainm.ie*) *Casshywene* (1569, *F*, 1347, *Logainm.ie*) agus *Kishavonia* (1752, *Noble & Keenan Co. Map*, *Logainm.ie*). Díol spéise chomh maith gur [v] a fhaightear san fhuaimniú áitiúil den ainm ([kiʃəˈvanə], *Áit.*, *Logainm.ie*) in ainneoin gur *-w-* atá sa litriú oifigiúil Béarla.

²³ LogainmID: 25856

²⁴ LogainmID: 25287 & 25286

²⁵ LogainmID: 25507 & 25508

Bádh **bh** agus **mh** leathan deiridh i ndiaidh consan leachtaigh i nGaeilge an oirdheiscirt²⁶ agus is cosúil go bhfuil an fhorbairt seo le sonrú i mbaile fearainn *Lenagorra* / **An Léana Garbh**²⁷, in Uíbh Fhailí Thiar.

4.1.5 Réadú caol ar /leathan [l]

Sa liosta iarsmaí a bhailigh Ó Conchubhair i nDarú i gContae Laoise, tugtar léiriú ar réadú caol [l'] ar -l- leathan na Gaeilge [l] in **gabhlóg** [goul'ɔ:g] agus **lán an mhála** [la:n ə va:l'ə] (Ó Conchubhair, 1948: 273). Feictear an fhorbairt chéanna in dhá mhionainm i mbaile fearainn *Inchacooly* / **Inse Chúile**²⁸ i gContae Laoise, siar ó thuaidh ó Mhainistir Eimhín in *The Gowlyauns* / **An Gabhlán** agus *The Pulliaghs* / **An Pollach** agus tá léiriú uirthi i mbaile fearainn *Pullagh* / **An Pollach**²⁹ ['poljək] (*Áit.*, *Logainm.ie*) in Uíbh Fhailí Thiar freisin.

4.1.6 Fuaimniú r caol [r']

Tá an chuma ar an scéal gur léiriú ar ghuthú ar r caol [r'] na Gaeilge atá i bhfoirmeacha amhail *Soomia* agus *Sumia* de mhionainm i mbaile fearainn *Ballyfarsoon* (lch 297) a fheictear i dtaifid bhaiste agus phósta ón 19ú haois. Feictear foirmeacha in *Sumera* agus *Sumarra* chomh maith, agus is léir gurb é an t-ainmfhocal **súmaire** atá san ainm. Feictear an guthú céanna ar an r caol sa mhionainm **Soomie Well* / ***An Súmaire** (lch 284), is cosúil. Tá an fhorbairt chéanna is sonrú sna mionainmneacha **Coire an Dóibirlín** [ˌkaijə'do:bərl'in'] agus **Súmaire** ['su:mijə] in Oileán Acla (Mac Gabhann, 2014: III, 244; 310) agus is tréith í a fhaightear go minic i nGaeilge Ghaoth Dobhair (Hughes, 1986: 130). Bhí an tréith chéanna le sonrú i nGaeilge Iarthuaisceart Chonnacht chomh maith (Ó hUiginn, 1994: 562).

4.1.7 An t-athrú go [sk] in -st- na Gaeilge

Cuireann foirmeacha stairiúla den mhionainm *Burgage* / ***Burgáiste** (lch 141) in *Brigasky* agus *Burgauk* fuamniú [sk] in iúl ar -st- na Gaeilge sna leaganacha sin. Tá an fhorbairt seo le feiceáil i roinnt iarsmaí Gaeilge i mBéarla na hIarmhí a bhailigh Mhac an Fhailigh (1945: 256) agus san fhoirm stariúil *Moonkeenmooc* den bhaile fearainn *Mountainmuck* / **Móintín Muc**³⁰ i Loch Garman (Ó Cruaíoch & Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 1328).

²⁶ Féach an nóta mínithe a ghabhann le *Garrough* / **Garbhach** ar *Logainm.ie* (LogainmID: 28855).

²⁷ LogainmID: 25119

²⁸ LogainmID: 28501. Féach 'Nóta mínithe'

²⁹ LogainmID: 25121

³⁰ LogainmID: 1410894

4.1.8 Fadú nó défhoghrú ar ghutaí roimh **-ll, -nn, -rr, -ng** agus **-m**.

I gcanúintí na Mumhan, déantar fadú nó défhoghrú ar ghutaí roimh **ll, nn, rr, ng** agus **m** na Gaeilge (Ua Súilleabháin, 1994: 484). Léiríonn fianaise ó logainmneacha agus ó fhoinsí eile go raibh macasamhail na bhforbairtí sin le fáil sa Ghaeilge a labhraítí i gCill Dara chomh maith. Tá défhoghar le sonrú go soiléir san ainm *Clondown* / **Cluain Donn**³¹ agus fadaítear an guta **-i-** in *Toghereen* / **Tóchar Fhinn**³². Tá an chosúlacht ar an scéal gur réadú ar dhéfhoghar atá san fhoirm ‘sraum - (sraum), matter running from the eyes’ a fhaightear i liosta focal a bailíodh sa bhliain 1914 (Mac Céachta)³³. Is cosúil gur **sram** ‘(of eyes) gum’ (*FGB*) atá san fhocal sin. Feictear défhoghar san fhocal **cam** sa mhionainm *The Boithreen Cowm* / ***An Bóithrín Cam** (lch 85) a luaitear le ceantar *Suncroft* in *BNS* freisin.

4.1.9 Fuaimniú **-nn** caol deiridh

Fuaimnítear **-nn** caol ag deireadh focail mar **-ng** i nGaeilge Mhúscraí agus i nGaeilge na nDéise (Ua Súilleabháin, 1994: 484), agus tá fianaise ar an bhforbairt seo i bhfoirmeacha stairiúla de *Toghereen* / **Tóchar Fhinn** (1826: *Tougharing, TAB, Logainm.ie*) in Uíbh Fhailí Thiar agus *Rinawade (Upper & Lower)* / **Rinn an Bháid (Uachtarach & Íochtarach)**³⁴, (1785: *Ringawade, CGn.*, 373.441.248993, *Logainm.ie*) i dtuaisceart an chontae.

4.1.10 Bá **-th-** idirghuthach

Is cosúil gur shaintréith de chuid Ghaeilge an cheantair seo ab ea bá **-th-** idirghuthach san fhocal **bóthar**, rud a léirítear i bhfoirmeacha béarlaithe amhail *bore- boar* agus *bor-*. Tá an fhorbairt seo le feiceáil i roinnt bailte fearainn sa chontae: *Barraderra* / **Bóthar an Doire**³⁵, *Boherkill* / **An Bóthar Coill**³⁶ (1660c: *Borequill, BSD (CD)*, 50, *Logainm.ie*) agus *Boherbaun Lower* / **An Bóthar Bán Íochtarach**³⁷ (1837: *Boarbawn Lower, Cassidy, H.:AL, Logainm.ie*), cuir i gcás. Tá an tréith chéanna le sonrú sa mhionainm stairiúil *Melitta Road* / ***An Bóthar Mór** (1674: *boremorelaine Emerson BoR*, 26) (lch 162). Faightear samplaí den bhéarlú *bore-, boar* agus *bor-* ar an bhfocal **bóthar** i gContae Laoise agus Uíbh Fhailí chomh maith: *Borderreen* / **Bóthar an Doirín**³⁸ i gContae Uíbh Fhailí agus

³¹ LogainmID: 25179

³² LogainmID: 25193

³³ Ceadaithe i gCorpas Stairiúil na Gaeilge, Acadamh Ríoga na hÉireann:
http://corpas.ria.ie/index.php?fsg_function=12&fsg_years=1600-1926&fsg_ow=sraum&fsg_pos=N&fsg_pp=Both&fsg_class=W&fsg_word=sraum&fsg_id=2069#l828

³⁴ LogainmID: 25287 & 25286

³⁵ LogainmID: 25199

³⁶ LogainmID: 25800

³⁷ LogainmID: 25110

³⁸ LogainmID: 42081

Borredamgin / **Bóthar an Daingin**³⁹, mionainm stairiúil i mbaile fearainn *Kilmorony* / **Coill Mhaolruanaidh**⁴⁰, i gContae Laoise, tamall beag laisteas de Bhaile Átha Í. Cailltear **-th-** idirghuthach i nGaeilge Chois Fharraige agus Árann (Ó hUiginn, 1994: 558) agus is mar [bo:r] a fuaimníodh an focal **bóthar** i gContae Lú (McGahan, 2009: 302).

4.1.11 Fuaimniú **-th** leathan deiridh mar [x]

Fuaimníodh **-th** leathan deiridh mar [x] i gcuid mhaith de dheisceart chúige Laighean, (Ó Cruallaoich & Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 365), agus in oirthear agus i dtuaisceart na Mumhan (Ua Súilleabháin, 1994: 487). Léirítear an fhuaim sin le *-gh* i bhfoirmeacha béarlaithe (Ó Cruallaoich & Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 148). Faightear an fhorbairt seo i nGaeilge na Rinne fós (Ua Súilleabháin, *ibid.*), agus tá fianaise air i nGaeilge an Chláir ón 20ú haois (Ó Muircheartaigh, 2015: 298). Sa cheantar staidéir seo, tá fianaise stairiúil gur mar [x] a fuaimníodh **-th** deiridh sna focail **srath**, **áth** agus **ráth**. Léiríonn an tábla thíos mionainmneacha agus ainmneacha riaracháin a bhfuil an fhorbairt sin le sonrú iontu.

Foirm mholta Gaeilge	Ainm Béarla	Foirm stairiúil	LogainmID
Srath Mhullach Rua	<i>Sraghmullaghroo</i>	1570: <i>Sraghmullaghroo</i> , <i>F</i> , 1655	mionainm
An tSeanráth Thoir/Thiar	Shanrath East/West	1541: <i>Oldragh</i> ; <i>F</i> , 232 ex <i>Logainm.ie</i>	24900; 24901
Áth Laiste	Áth Laiste	1210: <i>Achanlosti</i> ; <i>Reg. St. Thos.</i> , 81 ex <i>Logainm.ie</i>	26022
Áth na Caise	Aghnacash Br.	1783: <i>Aghnacash Bridge</i> ; <i>Taylor</i>	mionainm
Áth Pháidín	Aghpaudeen	1654: <i>a Foard commonly Achepaddin CS VIII</i> , 152 ex <i>Logainm.ie</i>	25763

³⁹ LogainmID: 42081

⁴⁰ LogainmID: 28242

Srath Fiacal	Sraghfekyll	1570: <i>Sraghfekyll; F</i> , 1509	mionainm
Srath Mhathúna	Sraghmahon	1570: <i>Sraghmahon; F</i> , 1509	mionainm

Tábla 4: Fianaise ar an réadú [x] ar th leathan deiridh na Gaeilge i logainmneacha Chill Dara.

4.1.12 Fuaimniú -ch deiridh

Dar le Nicholas Williams gur cailleadh **-ch** deiridh na Gaeilge ar fud Chontae Uíbh Fhailí. I measc na samplaí a thugann sé tá *Pulla* a léiríonn cailleadh **-ch** in **pollach** in iarthar an chontae (Williams, 1998: 550). Ní hamhlaidh an scéal i mbarúntachtaí seo Uíbh Fhailí i gContae Chill Dara, áfach, mar a bhfaightear **-k** deiridh in ['poljək] a bhailigh An Brainse Logainmneacha (2009–2010: *Áit.*, *Logainm.ie*) mar fhuaimniú áitiúil ar bhaile fearainn *Pullagh* / **An Pollach**⁴¹ in Uíbh Fhailí Thiar. Faightear [k] deiridh sa mhionainm *Ballagh* / ***An Bealach** (lch 302) sa bharúntacht chéanna: ['balək] (*Áit.* 1), agus i bhfuaimniú an iarsma **mionaerach**: [ˌmɪnˈeːrɪk] (*Áit.* 2). Cuireann roinnt iasachtaí ó fhoinsí scríofa fuaimniú in **-k** deiridh in iúl chomh maith, 'thawlack - A wrist pain (generally applied to the pain coming after cutting turf' (BNS: 776, 01) (**tálach**, 'Cramp, swelling, in wrist' *FGB*) cuir i gcás.

4.1.13 Fuaimniú -ao-

Dar le O'Rahilly (O'Rahilly, 1976: 27) gur fuaimníodh an carn **-ao-** mar [e:] i leath theas na tíre, mar [i:] i leath thuaidh na tíre agus mar [ʌ:] sa chuid is mó de chúige Uladh. Tharraing O'Rahilly aird ar fhuaimniú an logainm *Clane* / **Claonadh**⁴² mar shampla den fhuaimniú [e:] ar **-ao-**. Cuireann iarsmaí a bhailigh FitzGerald (1907: 531, 535) i gContae Chill Dara fuaimniú [i:] in iúl don fhocal **maol** – 'A Meel or Meeleen is a hornless cow' agus **daol** 'A Deel or Dawdeel; that beetle that cocks its tail over its back when frightened'. Is é an fuaimniú [i:] a chuireann fuaimniú áitiúil an bhaile fearainn *Keeloge* / **An Chaológ** i bparóiste *Rathangan* ([ˈkiːloːg], *Áit.*, *Logainm.ie*; [kiːˈloːg], *Áit.* 1), agus tacaíonn formhór na bhfoirmeacha stairiúla den ainm in *Keel-* tosaigh leis sin chomh maith.

4.1.14 Fuaimniú 'mór'

Léiríonn roinnt mionainmneacha stairiúla a chríochnaíonn ar **-moor** deiridh a bailíodh don tráchtas seo gur fuaimníodh an focal **mór** mar [muːr] nó [muər] iontu. I measc na samplaí a chuireann an fhorbairt seo in iúl tá *Inchamoor* / ***An Inse Mhór** (lch 270) agus *Academy Street* / ***An Clai Mór** (lch 138) (1757, *Black Ditch or Clea Moor Street, Rocque*). Is forbairt é seo atá le feiceáil ar fud Chúige

⁴¹ LogainmID: 25121

⁴² LogainmID: 1416337

Mumhan (Ó Siadhail, 1989, 64) agus faightear samplaí di san Iarmhí (Finnegan, 2013: 301) agus i gCeatharlach (Ó Páircín, 1998: 83) chomh maith.

4.1.15 Ardú [ɛ] go [ɪ]

Tá fianaise ar ardú an ghuta [ɛ] go [ɪ] san fhocal **reilig** agus san fhoirm dhíspeagtha **reiligín** i bhfuaimniú áitiúil an mhionainm *Roilgín Bush* / ***An Reiligín** (lch 213) in [d̪əˈr̪ɪl̪ɪɡ̊iːnz] (*Áit.1*) ach tá sé le tabhairt faoi deara nach raibh ardú i bhfeidhm ag an gcainteoir céanna sa mhionainm ***Seanreilig** mar a bhfuil an dara siolla faoi bhéim [ˌʃanˈr̪ɪl̪ɪɡ̊]. Tá an fhorbairt chéanna seo le sonrú in dhá mhionainm a fhaightear in imleabhar de chuid *BNS* a bhaineann le ceantar *Suncroft: The Riligean*, *BNS*, 0777,34; *The Rilig*, *BNS* 0777, 30 (lch 86). Faightear ardú gutha san fhocal céanna i gCois Fharraige (Ó Siadhail, 1989: 45).

4.1.16 Guta cúnta

Faightear réadú soiléir ar ghuta cúnta sa mhionainm *Shanavoola* / ***An tSeanbhuaile** agus san ainm baile fearainn *Shanacloon* / **Seanchluain**. Forbairt a shamhlaítear le Gaeilge na Mumhan is ea guta cúnta i gcomhfhocail (Ó Siadhail, 1989: 22).

4.1.17 Fuaimniú *abh*

Is mar [au] a fhuaimnítear an carn **abh** san fhocal **gabhar** i gConnachta agus i gCúige Mumhan (Finnegan, 2013, 296) agus mar [o:] i nGaeilge Uladh (Ó Baoill, 1996: 7). Tá fianaise ar an dá fhuaimniú sin sa cheantar staidéir seo. Is é is dóichí ná gurb é [au] atá á chur in iúl ag na foirmeacha stairiúla a gabhann le *Farnahoun* / ***Fearann na hAbhann** (lch 85) ach [o:] atá le sonrú in *Farrengore* / ***Fearann Gabhar** (lch 186) agus *Gortenehone* / ***Goirtín na hAbhann** (lch 278). Díol spéise is ea gur bhailigh an Brainse Logainmneacha na foirmeacha áitiúla [rahiːnəˈhoun] agus [ranəˈhoːn] i gcás an bhaile fearainn **Ráithín na hAbhann** (**Thuaidh & Theas**) / *Raheennahown* (*North & South*)⁴³ i gContae Laoise, thart ar chúig chiliméadair laistiar den teorainn le hUíbh Fhailí Thiar.

4.1.18 Stór focal

Léiríonn Ó Muircheartaigh (2015: 27) an tábhacht a bhaineann le léacsas chun tuiscint a fháil ar an difríocht idir canúintí, agus an easpa béime a chuirtear ar stór focal agus staidéar á dhéanamh ar chanúintí na Gaeilge in Éirinn, Albain agus Manainn. San alt ‘Dialect in medieval Irish? Evidence from placenames’, le Murray (2005), tarraingítear aird ar na deacrachtaí a bhaineann le gnéithe canúnacha atá le sonrú i dtéacsanna Sean-Ghaeilge a cheangal le suíomh tíreolaíoch. Áitítear san alt gur féidir difríochtaí léacsacha idir canúintí a aithint i ndáileadh eilimintí sna logainmneacha.

⁴³ LogainmID: 28198; 28199

Tuairimíonn Murray go bhféadfadh sé gur fianaise ar stór focal canúnach atá i ndáileadh réigiúnach eilimintí amhail **muirbolc**, **accomol** agus **cathair**.

Sa cheantar staidéir seo, agus in Éirinn i gcoitinne, tá pátrún soiléir le haithint idir úsáid na bhfocal **ráth** ('An earthen rampart surrounding a chief's residence, a fort, rath', *DIL*) agus **lios** (a ringfort, circular earthwork', *DIL*). Is léir go raibh stádas níos airde ag na focail **ráth** agus **dún** ná **lios** sa tseanlitríocht, agus iad ag tagairt do shuímh a raibh níos mó tábhachta ag baint leo (*IPN*: 112). Bíodh sin mar atá, is imfháluithe simplí atá i gceist i bhformhór na ngnéithe a bhfuil **lios** nó **ráth** mar eilimint iontu (ibid.: 134). Tá **ráth** coitianta i logainmneacha ar fud na tíre, seachas i gCúige Uladh, agus go háirithe i dtuaisceart an chúige sin. Tá sé i níos coitianta mar eilimint in oirthear agus in oirdheisceart na tíre ná aon áit eile (*IPN*: 135; Price, 1958: 83). Os a choinne sin, tá **lios** neamhchoitianta san oirthear agus san oirdheisceart. Níl ach sampla amháin de **lios** i measc ainmneacha riaracháin Chill Dara, Chill Mhantáin agus Bhaile Átha Cliath araon, agus dhá cheann i Loch Garman. Is cosúil, mar sin, gur gné de chanúint oirthear, agus oirdheisceart Laighean, ag dul siar go dtí aimsir na Meán-Ghaeilge ar a laghad, gurbh é **ráth** seachas **lios** an téarma a úsáideadh le haghaidh imfhálú simplí sna logainmneacha. Ní bhfuarthas aon sampla de **lios** i mionainmneacha an cheantar staidéir seo. Fuarthas dhá shampla de **ráth**, agus ceithre shampla de **ráithín** sa cheantar. Is cosúil gur deireanaí ná an 11ú haois atá formhór na n-ainmneacha sin (féach 4.2 thíos). Anuas air sin, tá sé ainm a bhfuil dul an Bhéarla orthu, ach **ráth** mar eilimint iontu (*Flat Rath*, mar shampla) sa cheantar.

Léirítear in 1.7 go raibh comhthéacs ar leith ag baint le húsáid na heiliminte **fearann** sa cheantar taighde seo, agus gurbh iad **glais** agus **glaise** na heilimintí ba choitianta a úsáideadh in ainmneacha sruthán ann. Tá gá le tuilleadh taighde chun na himpleachtaí atá ag na gnéithe sin ar an tuiscint atá againn ar chanúintí Chill Dara agus Laighean a dhéanamh amach.

4.1.19 Conclúid

Ní dócha, bunaithe ar an mbeagán léargais a thugann an scagadh ar fhoinsí áirithe thuas dúinn, go raibh an ceart ag Williams gur mhórchanúint Ghaeilge amháin a labhraíodh 'ó Iarthar Chonnacht soir go hInbhear Life agus ó dheas go Loch Garman'. Cé go raibh tréithe ag an gcanúint Ghaeilge a labhraítí sa cheantar staidéir atá le sonrú i nGaeilge Chonnacht, bhí go leor tréithe sa chanúint a raibh an-dealramh acu le Gaeilge na Mumhan, agus go háirithe Gaeilge an Oirdheiscirt. Dhéanfadh bailiúchán córasach de mhionlogainmneacha Chill Dara, ainmneacha páirce go háirithe, níos mó eolais a nochtadh faoin gcanúint agus na difríochtaí a bhí inti ar fud an chontae.

4.2 Deilbhíocht agus Srathú Aoise

Is féidir tuiscint áirithe a fháil ar aois logainm trí anailís a dhéanamh ar a dheilbhíocht, agus sa chaibidil seo déantar scrúdú ar dheilbhíocht na n-ainmneacha Gaeilge a bailíodh don tráchtas. Sa tábla thíos cuirtear na struchtúir éagsúla a aimsíodh le linn an taighde i láthair.

Struchtúr	Minicíocht	%	Sampla
Ainmfhocal (+Alt) + Ainmfhocal Cáilithe	112	38.7	*Bán an Phearsúin; *Gleann Meidhgeoige
(Alt+) Ainmfhocal	85	29.4	An Bogán
Alt + Ainmfhocal + Aidiacht Cháilithe	39	13.5	An Fearann Dearg
Ainmfhocal + Ainm pearsanta	16	5.5	*Bothán Mhuiris
Alt + Aidiacht Réamhcháilithe + Ainmfhocal	7	2.4	*An tSeanbhuaille
Bunús Gaeilge ach struchtúr éiginnte	7	2.4	*The Gordyabeen
Bunús éiginnte	5	1.7	Mockers Meadow
Ainmfhocal (+Alt) + Ainmfhocal Cáilithe + Aidiacht Cháilithe	5	1.7	*Coill Bhaile Nua; *Béal an Átha Salaigh
Ainmfhocal + Sloinne	5	1.7	*Fearann Foster
Ainmfhocal + Ainmfhocal Cáilithe (+Alt) + Ainmfhocal Cáilithe	3	1.03	*Tobar Rí an Domhnaigh
Ainmfhocal + Ainm Baile Fearainn	3	1.03	*Fásach Ráth Iomgháin
Ainmfhocal + Mac + Ainm Pearsanta	1	0.3	*Áth Mac Lughna
Ainmfhocal + Uimhir + Ainmfhocal	1	0.3	Droim Dhá Chon

Tábla 5: Minicíocht struchtúr i mionlogainmneacha an tráchtas

Ainmfhocal +Alt + Ainmfhocal Cáilithe	Ainmfhocal + Ainmfhocal Cáilithe	Éiginnte ⁴⁴
67	35	11

Tábla 5: Usáid an ailt in ainmneacha den struchtúr Ainmfhocal (+Alt) + Ainmfhocal Cáilithe

Thosaigh an struchtúr **Ainmfhocal + Ainmfhocal Cáilithe** ag teacht chun cinn ó 400 AD ar aghaidh (Mac Giolla Easpaig, 1981: 152). Tá fianaise ar an struchtúr **Ainmfhocal + Alt + Ainmfhocal Cáilithe** ó

⁴⁴Tugadh stádas éiginnte d'ainmneacha ar dócha gur den struchtúr **Ainmfhocal (+Alt) + Ainmfhocal Cáilithe** iad, ach a bhfuil teorainn na bhfocal éiginnte iontu.

thús an 10ú haois (Toner, 1999: 21), ach tháinig borradh faoi ón 11ú haois ar aghaidh (Flanagan, 1980: 41).

As an 111 ainm sa tráchtas seo a bhfuil **Ainmfhocal (+Alt) + Ainmfhocal Cáilithe**, tá 34 nach bhfuil an t-alt leo, ach tá an-éiginnteacht ag baint le stádas an ailt sna hainmneacha sin, toisc gur minic nach mbíonn fianaise ar an alt i bhfoirmeacha béarlaithe logainmneacha. Mar shampla, i gcás an ainm *Farringate* / **Fearann an Gheata** (lch 155), is in dhá thagairt den ainm ón 19ú haois a tháinig fianaise ar an alt chun cinn. Ní raibh aon fhianaise air sna deich dtagairt eile ón 17ú agus ón 18ú haois. Tá an-seans ann, mar sin, go raibh an t-alt in an-chuid den 34 ainm sin ó cheart, ach nach bhfuil fianaise de sin sna foinsí atá ar marthain.

Is ón 11ú haois ar aghaidh a d'éirigh an struchtúr **Alt + Ainmfhocal + Aidiacht Cháilithe** coitianta (Mac Gabhann, 2014: I, 13). As na haidiachtaí cáilithe atá sa tráchtas seo, is iad na haidiachtaí méide **beag** (7) agus **mór** (6) is coitianta, agus sna sála orthu sin tá na dathanna **bán** (4), **buí** (3) agus **dubh** (2).

Is deacair tréimhse chinnte a lua leis an dara struchtúr is coitianta i measc ainmneacha an tráchtas seo: **(Alt+) Ainmfhocal**. Feictear an struchtúr sin sna hainmneacha is sine dá bhfuil in Éirinn, ach tá sé le feiceáil i mionlogainmneacha déanacha chomh maith (ibid.: 13). Is cinnte go mbaineann cuid de na hainmneacha sa chatagóir seo, go háirithe iad siúd nach bhfuil ar fáil ach fianaise an-déanach ina dtaobh, le hainmneacha den struchtúr **Ainmfhocal (+Alt) + Ainmfhocal Cáilithe** ó cheart, ach go bhfuil an cáilitheoir titithe as sna foirmeacha déanacha. Mar shampla, cuireann formhór na dtagairtí a ghabhann le *Bagenaveagh* / ***Bogán na bhFiach** (lch 243) ainm den struchtúr **(Alt+) Ainmfhocal (*An Bogán)** in iúl. Murach gur aimsíodh tagairt amháin den fhoirm fhada den ainm (*Bagenaveagh*), ghlacfaí leis mar ainm den struchtúr sin. Is é is dóichí ná go raibh foirmeacha fada d'ainmneacha eile den struchtúr simplí seo sa chúrsaíocht, ach nár aimsíodh iad, nó nár taifeadadh iad sna foinsí stairiúla.

D'fhéadfadh na heilimintí atá sna hainmneacha léargas a thabhairt ar aois na logainmneacha chomh maith. Cuireann ainmneacha pearsanta agus sloinnte de bhunadh Angla-Normannach amhail **Muiris** agus *Foster* in iúl gur cumadh an logainm níos déanaí ná tosach an 13ú haois, ar a laghad. Is féidir tréimhse i ndiaidh thús an 13ú haois a lua le hainmneacha a bhfuil iasachtaí a tháinig isteach leis na hAngla-Normannaig amhail **briotás** (*Glanbrattas* / ***Cluain Briotáis**, lch 113) **pailís** (*Pauleesh* / ***An Phailís**, lch 262) **móitín** (*Moteenanou* / ***Móitín** — ?, lch 77) agus **trinse** (*Trenchanageera* / ***Trinse na gCaorach**, lch 199) freisin.

Is léir, mar sin, gur deireanaí ná tús an 11ú haois iad sciar maith de na hainmneacha a phléitear sa tráchtas seo. Ón uair nach féidir a chruthú le cinnteacht go raibh an t-alt ann nó as in an-chuid ainmneacha den struchtúr (**Ainmfhocal (+Alt) + Ainmfhocal Cáilithe**), agus nach féidir tréimhse ama chruinn a leagan síos don struchtúr (**Alt+)** **Ainmfhocal**, is deacair céatadán beacht a sholáthar. D'fhéadfadh sé gur cumadh cuid de na hainmneacha ní ba dheireanaí ná an 13ú haois, ach ní féidir dáta níos deireanaí ná sin a thabhairt do cheann ar bith de na hainmneacha Gaeilge sa tráchtas le cinnteacht. Is é an logainm Gaeilge is deireanaí ar féidir dáta beacht a thabhairt dó sa cheantar staidéir ná ainm an bhaile fearainn *Crossmorris* / **Cros Mhuiris**⁴⁵ i bparóiste *Lackagh*, barúntacht Uíbh Fhailí Thiar, a ainmníodh as cros a crochadh in ómós do Mhuiris Mac Gearailt as an Leacach, a maraíodh ar an láthair sa bhliain 1520 (Strath, 1939: 192).

Maidir leis na struchtúir eile, is é an aidiacht **sean** is mó a bhíonn le fáil sa struchtúr **Alt + Aidiacht Réamhcháilithe + Ainmfhocal**, agus é ag réamhcháiliú **baile, buaile, coilleach, reilig**, agus **sráid**. Faightear sampla amháin de **dubh** (*Black River* / ***An Dúghlais**, lch 215) agus **cruinn** (*The Cranavauns* / ***An Crunnmhóin**, lch 289). Dar le Ó Mainín gur tháinig an struchtúr seo chun cinn ó thart ar A.D. 500 i leith (Broderick, 2012: 57). Thit cumadh ainmneacha den chineál sin as timpeall an 12ú haois (Mac Giolla Easpaig 1984: 49) cé is moite de roinnt aidiachtaí a úsáideadh sa struchtúr céanna ina dhiaidh sin (Mac Gabhann, 1997: 259). Úsáidtear **sean** tosaigh i gcomhfhocal sa teanga fós, agus faightear é i roinnt mionlogainmneacha déanacha amhail **Garraí na Seanfhataí** agus **Seanteach Sally** ar Oileán Acla (Mac Gabhann: II, 79, 344). Is dócha gur mó an aois atá le hainmneacha le **dú-**réamhcháilithe.

Ba dheacair sloinnte agus ainmneacha pearsanta a dhéanamh amach óna chéile go cinnte sna mionlogainmneacha a scagadh don taighde seo. Faightear samplaí d'ainmneacha pearsanta a luaitear i nginealaigh Ó bhFailge agus Chlann Mhaoilíora amhail **Corcrán, Murchadh** agus **Tomaltach** iontu. Is cosúil gur naomh atá i gceist leis an ainm **Corcair** (*Kylcorkre* / ***Cill Chorca**, lch 292), agus is cinnte gurb é Naomh Labhrás a luaitear in *Kyllorance* / ***Cill Labhráis** (lch 273). Is cosúil go bhfuil foirmeacha aidiachtacha le feiceáil i sloinnte Angla-Normannacha agus sloinnte Gaelacha araon in **An Ceanntach** (*Farrincantie* / ***Fearann an Cheanntaigh**, lch 129) agus **An Dubhagánach** (*Fierandugan* / ***Fearann an Dubhagánaigh**, lch 182).

4.3 Buneilimintí Coitianta

Sa chaibidil seo pléitear na buneilimintí is coitianta i mionlogainmneacha an tráchtas agus cuirtear iad i gcomparáid le heilimintí coitianta i mbailte fearainn an cheantair. Déantar plé ar leith ar an

⁴⁵ LogainmID: 25182

eilimint **fearann** in 1.8.1. Sna táblaí a sholáthraítear maidir le buneilimintí coitianta sa cheantar staidéir, tugtar minicíocht uimhriúil taobh leis na heilimintí. Tugtar ráta minicíochta (%) i gcás ainmneacha bailte fearainn, toisc gur tacar cinnte, críochnúil sonraí atá i gceist. Ní hamhlaidh atá i gcás mhionlogainmneacha an cheantair, agus ní thugtar ráta minicíochta dá réir sin.

Ainmneacha Bailte Fearainn	Mionainmneacha
Baile 24 (11.8%)	Fearann 29
Cluain 9 (4.4%)	Log 8
Coill, Cúil 7 (3.4%)	Baile, Coill 7
Cill, Ráth 6 (2.9%)	Cnocán 6
Cnoc 5 (2.5%)	Bogán, Doire, Léana 5
Bóthar, Gráinseach 4 (1.9%)	Bóthar, Bóithrín, Cluain, Glais, Goirtín, Inse, Loch, Ráithín, Srath, Tobar 4
Doire, Mullach, Goirtín, Loch 3 (1.5%)	Buaile, Caológ, Cnoc, Cúil, Gleann, Mullach, Súmaire, Teach 3
Buaile, Cois, Dún, Pollach, Tóchar, Tulaigh 2 (0.9%)	Achadh, Béal, Bratóg, Cill, Clais, Cloch, Coilleach, Coinicéar, Cois Colgach, Currach, Deirc, Easca, Féar, Geata, Glaise, Pollach, Ráth, Reilig, Reiligín, Sráid, Teampall, Tóchar 2

Tábla 6: Na buneilimintí is coitianta i mBarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar: Comparáid idir bailte fearainn agus mionainmneacha.

Sa tábla thuas, liostaítear na buneilimintí is coitianta in ainmneacha bailte fearainn agus i mionainmneacha de bhunadh na Gaeilge sa dá bharúntacht seo. Is éard is buneilimint ann, ná an chuid den ainm a shainíonn an ghné atá i gceist. Is gnách gurb é an bhuneilimint an chéad eilimint san ainm. Mar shampla, i gcás ***An Loch Bán**, is é **loch** an bhuneilimint agus is é **bán** an cáilitheoir. I gcomhfhocail den struchtúr **Alt + Aidiacht Réamhcháilithe + Ainmfhocal**, is é an t-ainmfhocal an bhuneilimint: mar shampla, san ainm ***An tSeanbhuaile**, is é **buaile** an bhuneilimint, agus is é **sean** an cáilitheoir. I measc na mbailte fearainn a liostaítear, áirítear ainmneacha Béarla a bhfuil fianaise ar fhoirm Ghaeilge díobh sna tagairtí stairiúla ar *Logainm.ie*. Mar shampla, glactar le *Ellistown* / **Baile Eilís**⁴⁶ mar logainm Gaeilge dar céad eilimint **baile** mar gheall ar an tagairt stairiúil: ‘1629–44; capella Sancti Michaelis de Bally-Elis; *Cillsheanchas Chill Dara*, 2.31’ ar *Logainm.ie*.

⁴⁶ LogainmID: 25598

Uibh Fhailí Thoir (BF)	Uibh Fhailí Thiar (BF)	Uibh Fhailí Thoir (Mionainmneacha)	Uibh Fhailí Thiar (Mionainmneacha)
Baile 13 (11.7%)	Baile, 11 (12.4%)	Fearann 28	Coill 5
Cluain, Cnoc, Coill 4 (3.6)	Cluain, Cúil 5 (5.7%)	Log 7	Baile, Doire, Srath 4
Loch, Ráth 3 (2.7 %)	Cill 4 (4.5%)	Cnocán, Loch 5	Bogán, Léana, Súmaire 3
Bóthar, Cill, Cúil, Gráinseach, Tulaigh, 2 (1.8%)	Coill, Doire, Goirtín, Ráth, 3 (3.4%)	Bóithrín, Glais , Ráithín 4	Béal, Cill, Cluain, Goirtín, Mullach Tobar 2
	Bóthar, Gráinseach, Mullach, Pollach, Tóchar 2 (2.3%)	Baile, Bóthar, Buaile, Cnoc, Currach, Inse 3	
		Bogán, Bratóg, Caológ, Clais, Cluain, Coinicéar Coill, Cois, Colgach, Cúil, Geata, Glaise, Gleann, Goirtín, Reilig, Reiligín, Sráid, Teach. Teampall, Tobar 2	

Tábla 7: Na buneilimintí is coitianta in ainmneacha baile fearainn agus mionainmneacha sa cheantar staidéir de réir barúntachta

An difear is suntasaí idir buneilimintí na mbailte fearainn agus na mionlogainmneacha nach bhfuil oiread agus sampla amháin de cheachtar den dá eilimint is coitianta sna mionainmneacha, **fearann** agus **log**, i measc bhailte fearainn an cheantair.

Tugann na heilimintí coitianta seo léargas ar na cineálacha éagsúla tírdhreach atá sa cheantar staidéir. Faightear eilimintí sna mionainmneacha a léiríonn portaigh agus talamh fliuch (**bogán**, **currach**, **léana**, **súmaire**), talamh ard agus íseal (**cnoc**, **cnocán**, **gleann**, **log**) agus aibhneacha agus locha (**glais**, **glaise**, **loch**, **easca**). Tugann eilimintí a bhaineann le lonnaíocht (**baile**, **fearann**, **ráithín**, **ráth**), talmhaíocht (**cluain**, **goirtín**, **páirc**) agus láithreacha eaglasta (**cill**, **reilig**, **reiligín**) fianaise ar thionchar an duine ar an tírdhreach chomh maith.

Feictear ainmneacha a bhfuil **doire** mar bhuneilimint iontu taobh le hainmneacha le **cluain** tosaigh go minic, go háirithe i gceantair phortaigh⁴⁷. Tá sé seo fíor i gcás cuid de na bailte fearainn a bhfuil **doire** mar bhuneilimint iontu in Uíbh Fhailí Thiar: *Derryoughter West* / **Doire Uchtach Thiar**⁴⁸, taobh le *Cloney* / **Cluaine**⁴⁹; *Derrylea* / **Doire Léith**, taobh le *Clogheen* / **Cluain Chaoín**⁵⁰, *Derrynine* / **Doire an Eidhinn**⁵¹, tamall lastoir de *Cloneybeg* / **Cluanach Bheag**⁵². Tá an nós céanna le sonrú i measc mhionainmneacha na barúntachta sin chomh maith: *Derrymana* / ***Doire Manach**, in *Clogheen* / **Cluain Chaoín**; *Dirrilower* / ***Doire Lobhar** (lch 281) agus *Dirricorkeran* / ***Doire Chorcráin** (lch 282) in *Coolsickin or Quinsborough* / **Cúil Soicín nó Baile Uí Chuinn**⁵³, taobh le *Clogheen* / **Cluain Chaoín** agus *Derryweelan* / ***Doire an Mhaoláin** (lch 263) taobh le *Cloneybeg* / **Cluanach Bheag**⁵⁴.

Tá gach ainm a bhfuil **léana** mar bhuneilimint ann, seachas *Leanaweana* / ***Léana an Mhuimhnigh?** ***Léana an Mhuimhnigh?** (lch 173), suite ar imeall ceantair phortaigh. Tá sé seo fíor i gcás bhaile fearainn *Lenagorra* / **An Léana Garbh** chomh maith. Talamh portaigh a bhíonn i gceist le **bogán** i gcónaí.

Is cosúil gur lochán beag an cineál gné a bhí i gceist le formhór na n-ainmneacha a bhfuil **loch** mar bhuneilimint iontu a phléitear sa tráchtas. As na hainmneacha sin ar fad, tá an chuma ar an scéal gurb é *Loughbane* / ***An Loch Bán** (lch 77), lochán beag ar an gCurrach, an t-aon cheann atá fós ina lochán. I gcás cuid de na hainmneacha, is é an t-ainm an t-aon fhianaise ar loch a bheith ann. Is é is dóichí ná gur draenáladh na locha seo ar chúiseanna talmhaíochta agus cuid eile ar mhaithe le baint móna. Bhí draenáil déanta ar bhreis agus 30% den talamh feirmeoireachta gContae Chill Dara faoi na 1980í (Burdon, 1986, 43).

Sa cheantar staidéir seo, ba iad **glais** agus **glaise** na buneilimintí is coitianta a úsáideadh in ainmneacha sruthán. Faightear samplaí de **glais** agus **glaise** in ainmneacha sruthán agus riaracháin i gContaetha Laoise, Cheatharlach, Bhaile Átha Cliath, Uíbh Fhailí, Loch Garman agus Chill Chainnigh i gCúige Laighean (féach *Logainm.ie*). Tá go leor samplaí den dá eilimint in ainmneacha sruthán bailithe ag an mBrainse Logainmneacha i gCiarraí agus i Luimneach (féach *Logainm.ie*).

⁴⁷ Féach an nóta eolais a ghabhann le *Derrycloney* / **Doire Cluana** i gContae Laoise (LogainmID: 28553), mar shampla.

⁴⁸ LogainmID: 24925

⁴⁹ LogainmID: 25136

⁵⁰ LogainmID: 25240

⁵¹ LogainmID: 25072

⁵² LogainmID: 25114

⁵³ LogainmID: 25242

⁵⁴ LogainmID: 25114

4.3.1 Fearann

Is é fearann an eilimint is coitianta i measc mhionainmneacha an cheantair staidéir. Tá 29 ainm sa tráchtas a bhfuil **fearann** mar bhuneilimint iontu go cinnte. Níl ach ceithre cinn de na hainmneacha sin nach bhfuil suite i bParóiste Chill Dara. Tá sé suntasach gurb é **fearann** an bhuneilimint is coitianta, toisc nach bhfuil oiread agus sampla amháin de i measc na mbailte fearainn in Uíbh Fhailí Thoir ná Thiar. Is é *Farranadum* / **Fearann na dTom**⁵⁵ an t-aon sampla den eilimint in ainmneacha bailte fearainn Chontae Chill Dara. Tá **fearann** réasúnta coitianta in ainmneacha bailte fearainn in ndeisceart na tíre, go háirithe i gCorcaigh (50)⁵⁶ i gCiarraí (37) i dTiobraid Árann (30) agus i gCill Chainnigh (20). Mínítear **fearann** mar ‘land, domain, territory, of a definite area, large or small; gen. of land possessed or occupied by an individual, tribe or nation’ (*DIL*); ‘“land” especially “ploughland” as a unit of land’ (*IPN*, 1994: 86). ‘Land, territory, domain; field, farm, grounds’ (*FGB*), agus ‘a field, land, farm; ground, country’ (*Dinneen*). Tá réimse leathan brí ag baint leis, mar sin. Tugtar spléachadh sa tábla thíos ar mhionlogainmneacha le **fearann** mar bhuneilimint a bhfuil a méid agus an úsáid talún a bhí i bhfeidhm iontu ar eolas.

⁵⁵ LogainmID: 25274

⁵⁶ Ríomhadh na figiúirí seo ó ainmneacha bailte fearainn a raibh **fearann** mar bhuneilimint iontu. Cuireadh foirmeacha ina bhfuil **fearann** in úsáid mar aistriú ar an bhfocal Béarla *land* as an áireamh.

Ainm Béarla	Foirm Ghaeilge Mholta	Acraí ⁵⁷	Cur síos	Úsáid
Farinacarra	*Fearann an Charraigh	8a 1r (~13 acra caighdeánacha)		Curaíocht (<i>Rocque TCD (CD)</i>)
Farnacunsay	*Fearann —?	13a 3r 21p (~21 acra caighdeánacha)		
Farnahoun	Fearann na hAbhann	26a 0r 10p (~42 acra caighdeánacha)		
Farranderg Glebe	*An Fearann Dearg	57a 1r acra caighdeánacha, AL		
Farrangadree	*Fearann Gadraigh	3a 0r 0p (~4.8 acra caighdeánacha)	‘parcel’	Curaíocht (<i>Rocque TCD (CD)</i>)
Farrenboy	*An Fearann Buí	10a 1r 0p (~16.2 acra caighdeánacha)		Curaíocht (<i>Rocque TCD (CD)</i>)
Farrencappoge	*Fearann na Ceapóige			Curaíocht (<i>Rocque TCD (CD)</i>)
Farrengatta	*Fearann an Gheata	16a 1r 0p (~26 acra caighdeánacha)	‘parcel arable’	‘arable land’ (<i>Emerson Contents</i>)
Farrengore	*Fearann Gabhar	22a 0r 0p (~35.6 acra caighdeánacha)	‘A long parke’	
Farrengranagh	*An Fearann Gránna	2a 0r 20p (~3.2 acra caighdeánacha)	‘parcel’	
Farrin Die	*Fearann —?	8a 02r 00p (~13 acra caighdeánacha)		Curaíocht (<i>Rocque TCD (CD)</i>)

⁵⁷ Is ó Shuirbhé Emerson (*Emerson BoR; Emerson Contents*) a fuarthas na tomhais seo, mura léirítear a mhalairt.

Farrinamalla	*Fearann na Mala	20a 2r 0p (~32.3 acra caighdeánacha)		Féarach den chuid ba mhó (<i>Rocque TCD (CD)</i>)
Farrincantie	*Fearann an Cheanntaigh	6a 2r 0p (~9.7 acra caighdeánacha)		Curaíocht (<i>Rocque TCD (CD)</i>)
Farrincooly	*Fearann Cúile	15a 1r 0p (~24.3 acra caighdeánach)	‘parcel’	Curaíocht (<i>Rocque TCD (CD)</i>)
Farrinlough	*Fearann an Locha	13a 2r 0p (~21 acra caighdeánacha)		

Tábla 8: Scagadh ar mhionainmneacha dar bhuneilimint fearann a bhfuil a méid agus an úsáid talún a bhí i bhfeidhm orthu ar eolas.

Is léir gur aonaid bheaga a bhí i gceist leis na geadáin seo ar fad a bhfuil **fearann** mar bhuneilimint iontu, cé is moite de *Farranderg Glebe* / ***An Fearann Dearg**. Is annamh a luadh an úsáid talún a bhí i bhfeidhm sna haonaid i suirbhé *Emerson*, ach sna cásanna a luadh, is talamh curaíochta a bhí i gceist i gcónaí. Léirítear talamh curaíochta go soiléir ar fhormhór na n-aonad a raibh **fearann** mar bhuneilimint san ainm ar léarscáil Rocque. Is deacair a rá, mar sin, cén míniú ar cheart a thabhairt ar **fearann** i gcomhthéacs na n-ainmneacha seo, ach is cosúil gur ainmneacha páirce atá ina bhformhór. Is mar *parcel* (‘a portion or piece of land, frequently one in separate occupation or ownership from those that surround it. Frequently in parcel of land (also ground, etc.)’, *OED*) a mhínítear cuid de na haonaid sin a bhfuil **fearann** mar bhuneilimint iontu i suirbhé *Emerson*. Molann Andrews et. al. (1986: 3) gur léiriú atá sna fearann-ainmneacha thart ar Bhaile Chill Dara ar chóras páirceanna réamh-nua-aoiseach, agus tarraingíonn sé aird ar ainmneacha den chineál céanna ar léarscáil de Dheilginis i ndeisceart Bhaile Átha Cliath ón 18ú haois. D’fhéadfadh sé go bhfeileann an téarma *ploughland* mar atá luaite in *IPN* (ibid.) mar mhíniú ar an bhfocal, ach ní fhéadfaí a bheith cinnte de seo. Is leor a rá, b’fhéidir, gur tagairt do pháirceanna nó gabháltas bheaga atá sna **fearann**-ainmneacha seo, agus is é is dóichí ná gur thagair siad do pháirceanna curaíochta a raibh geadáin ag daoine éagsúla iontu, agus go mba chuid de chóras páirceanna oscailte iad. Tá fianaise ann gurbh é sin an cleachtas a bhí i bhfeidhm in *Farrengate* / ***Fearann an Gheata** (lch 155), cuir i gcás⁵⁸. Is cinnte, áfach, gur talamh i seilbh duine amháin atá i gceist le hainmneacha a bhfuil sloinnte leo

⁵⁸ Féach 1.3.3 ‘Úsáid Talún’.

4.3.2 Fearann: srathú aoise

Tábla 10: Deilbhíocht fearann

63

féidir tuairim níos fearr a thabhairt faoi aois na n-ainmneacha seo, agus is léir gur i ndiaidh an 11ú haois a cumadh a bhformhór.

Offaly East / Uíbh Fhailí Thoir

P: Ballysax / Baile Shacsa

LogainmID: 1250

BF: Ballysaxhills / Cnoic Bhaile Shacsa

LogainmID: 25649



Figiúr 5: Ballysaxhills / Cnoic Bhaile Shacsa, Bonnleársaíil: 2016, ©Google.

Knocknagarm

*Cnoc na Gairme

'the hill of the call; summons; proclamation?'

680799 709113

- | | | |
|-----------|-------------------------|--|
| 1. 1838c | Glebe House | SO 6" |
| 2. 1900 | Knocknagarm Cross Roads | Irish Times, 15 /08/1900: 6. ⁵⁹ |
| 3. 1908–9 | Knocknagarm | SO 25" |
| 4. 2019 | 'nəknəˌɡa:rm | Áit.6 |

That's an area as well. It's quite, it's more or less on the edge of the Curragh Plains and incorporates a bit of the Curragh. (Áit.6)

Luaitear an t-ainm seo le teach i dtuaisceart an bhaile fearainn ar SO 25", ach is cosúil ón méid a deir faisnéiseoir Áit.6 go samhlaítear ceantar níos leithne le *Knocknagarm*.

Tá an fhianaise don ainm an-déanach. Feictear roinnt ainmneacha tí de bhunadh na Gaeilge sa cheantar staidéir seo nach dtéann an fhianaise dóibh siar níos faide ná tús an 20ú haois. Is dócha gur ainmníodh cuid mhaith de na tithe seo as ainmneacha áitiúla nár luadh i gcáipéisí go dtí gur ainmníodh tithe astu. Caithfear a chur san áireamh, áfach, go bhféadfadh trasphlandú a bheith i gceist le hainmneacha den saghas sin ach oiread. Is fíor é sin go háirithe nuair atá an t-ainm ar fáil in áiteanna eile sa tír. Sa chás áirithe seo, faightear an t-ainm *Knocknagarm* ar fhorbairt tithíochta i nGleann na gCaorach i mBaile Átha Cliath ach ní léir cé chomh seanbhunaithe is atá an t-ainm sin. Ní luaitear é ar léarscáileanna stairiúla na Suirbhéireachta Ordanáis. Is mó an seans, mar sin, gur ainm ón traidisiún áitiúil atá sa *Knocknagarm* i gCill Dara atá idir chamáin.

Tá cúpla cnoc íseal i mbaile fearainn seo *Ballysaxhills*, agus d'fhéadfadh sé gur ag tagairt do cheann acu sin atá céad eilimint an ainm in *knock*- ar réadú ar **cnoc** ('hill', *FGB*) é. Tá an chosúlacht air gurb é an t-alt **na** móide ainmfhocal atá sa dara cuid den ainm. D'fhéadfaí an t-ainmfhocal **gairm** ('call; summons; proclamation', *FGB*; 'act of calling or summoning; a call, summons, cry'; 'A proclamation... Esp. of an invitation or summons to a feast or assembly' (*DIL*)) agus é faoi thionchar an tuisil ghinidigh a chur san áireamh don cháilitheoir. Dá réir sin, d'fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***Cnoc na Gairme** - 'the hill of the call; summons; proclamation'. Faightear an fhoirm mhalartach g.u. **garma** den ainmfhocal **gairm** chomh maith, rud a fhágann go bhféadfaí ***Cnoc na Garma** a mholadh mar bhunleagan chomh maith. Tá baile fearainn *Knockaulin* / **Cnoc Ailinne**⁶⁰ suite ar an taobh thoir de **Chnoic Bhaile Shacsa** / *Ballysaxhills* i mbarúntacht agus paróiste Chill Chuillinn. Is sa bhaile fearainn seo atá an t-imfhálú **Dún Ailinne**⁶¹ a bhí ar cheann de na dúnbhailte ríoga a bhí ag ríthe Laighean

⁵⁹ 'The Army'


⁶⁰ LogainmID: 25842

⁶¹ LogainmID: 111137

(LSO: II, 46). D'fhéadfadh sé, mar sin, i bhfianaise úsáid an ainmfhocail **gairm** san ainm seo, go raibh baint ag ***Cnoc na Gairme** leis an láthair ríoga sin.

BF: Ballysax Little / Baile Shacsa

LogainmID: 25648



Figiúr 6: Ballysax Little / Baile Shacsa. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Clorane Stream

'the wretched/insignificant stream'?

678848 708051

- | | | |
|----|--------|------------------------------------|
| 1. | 1908–9 | Clorane Stream |
| 2. | 1908–9 | Clorane Bridge |
| 3. | 1933 | Clabhrán |
| 4. | 1933 | CLOURán (ainm abhna) ⁶² |
| 5. | 1937-8 | Cloweran |
| 6. | 2019 | ḃə'klo:rɑ:n |

*An Clamhrán?

- | |
|-------------|
| SO 25" |
| SO 25" |
| Gaedhilg CD |
| Gaedhilg CD |
| BNS 777.31 |
| Áit.6 |

⁶² 'Tá béim láidir ar an chéad siolla in achan fhocal aca-seo.'

Is sruthán é seo a théann thar an teorainn idir paróistí *Carn* agus *Ballyshannon* agus isteach i mbaile fearainn *Ballysax Little* i bparóiste *Ballysax*.

D'fhéadfadh sé gur **clochrán**, nó **cloichreán** foirmeacha malartacha de **clochán** (*Stepping-stones*, *FGB*) atá san ainm. Réiteodh ceachtar acu seo go maith le foirmeacha 1, 2 agus 6. Seans go bhfuil fianaise sna foirmeacha sin ar chailleadh **-ch** deiridh [x] le fadú cúitimh [*clo:] mar atá le feiceáil in *Clorhaun* / **An Cloichreán**⁶³ (BF) i gContae Laoise agus i roinnt logainmneacha eile i gContaetha Laoise, Chill Chainnigh, Cheatharlach agus Loch Garman.

Ní go rómhaith a réitíonn **clochrán** ná **cloichreán** le foirmeacha 3, 4 agus 5, áfach. Is cosúil go bhfuil an défhoghar [aʊ] á léiriú sna foirmeacha sin agus gurb é [*'klaʊrɑ:n] an fuaimniú atá á chur in iúl acu. Ar an bhfianaise sin, d'fhéadfaí foirm a bhfuil **clamhrán** ('scabby wretch; insignificant person', *FGB*) le brí mheafnach mar chuid de a thuairimiú - ***An Clamhrán** 'the wretched/insignificant stream?'. Is é **Scairt na gClamhrán** an leagan oifigiúil Gaeilge de *Scartnaglorane*⁶⁴ i dTiobraid Árann agus é mínithe mar 'the thicket of the pig-nuts?' (*Logainm.ie*). Faightear fianaise ar an défhoghar [aʊ] i bhfoirmeacha stairiúla an ainm sin: *Scartnaglowrane* (1741: *CGn*. 100.534.71599, *Logainm.ie*), *Scartnaglourane* (1840, *BS:AL*, *Logainm.ie*), cuir i gcás. Moltar ***An Clamhrán** anseo go cáiréiseach, ach ní féidir a bheith cinnte de bhunfhoirm an ainm d'uireasa fianaise níos luaithe ná tús an 20ú haois.

⁶³ LogainmID: 27966. Féach 'nóta mínithe'.

⁶⁴ LogainmID: 48168

Ballysax Great / Baile Shacsá Mór

LogainmID: 25647



Figiúr 7: Ballysax Great / Baile Shacsá Mór. Bonnleáarscáil: 2016, ©Google.

Cloneen

'the small meadow'

679124 709864

1. 1908c Cloneen

*An Cluainín

SO 25"

Ní léir an ainm ón traidisiún áitiúil é seo, nó ainm trasphlandaithe, ach is léir gurb é ***An Cluainín** *'the small meadow'* is bunús leis. Féach *Knocknagarm* / ***Cnoc na Gairme** (Ich 66) mar a bhfuil plé ar ainmneacha tí de bhunadh na Gaeilge sa cheantar staidéir. Tá bailte fearainn den ainm *Cloneen* ar fud na tíre.

Ardeen

'the little height'

679641 709752

1. 1908–9 Ardeen

*An tAirdín

SO 25"

Is ainm tí é seo atá suite idir *Cherryfield* agus *Congress Cottage*. Dála *Cloneen* thuas, ní léir sa chás seo cé acu an ainm ón traidisiún áitiúil nó ainm trasphlandaithe é seo. Is cosúil gurb é ***An tAirdín**

‘the little height’ a bhunús. Níl aon ard suntasach anseo. Tá bailte fearainn den ainm *Ardeen* / **An tAirdín** i gCorcaigh⁶⁵ agus i gCiarraí⁶⁶.

Cut Bush

678253 708827

1.	1845	Cutbush	Leinster Express 22/03/1845: 4 ⁶⁷
2.	1875	“Cut Bush” Tavern	The Irish Times 19/02/1875: 3. ⁶⁸
3.	1876	the Cut Bush	Leinster Express 30/12/1876; 5 ⁶⁹
4.	1877	the Cut Bush	Leinster Express 17/3/1877; 3 ⁷⁰
5.	1908–9	Cut Bush	SO 25”

Is sráidbhaile é seo atá ar an teorainn idir *Ballysax Great* agus *Brownstown Great*. Faightear míniú ar bhunús an ainm in alt a foilsíodh in *The Irish Times* sa 19ú haois:

The 61st Regiment, under the command of Colonel Alexander Gordon, will move from the camp by Maddenstown road by “Cut Bush” Tavern, so called because the hawthorn bushes have been cut into curious shapes and are trimmed every year (19/02/1875, 3: ‘Time-Marching at The Curragh’).

⁶⁵ LogainmID: 11592

⁶⁶ LogainmID: 23125

⁶⁷ ‘County of Kildare, to Wit.’ (Byrne, Patrick, farmer, Cutbush, leaseholder, house and land situate in the townland of Brownstown., parish of Ballysax...)


⁶⁸ ‘Time-Marching at The Curragh’

⁶⁹ ‘County Kildare Quarter Sessions’

⁷⁰ ‘Grievous Assault’

BF: Curragh / An Currach

LogainmID: 25654



Figiúr 8: Curragh / An Currach. Bonnleársaí: 2016, ©Google.

Black Ditch

679787 711448

1. 1837 Black Ditch SO 6"

Créfort líneach ar an gCurrach is ea é seo (SSN, KD023-051----). Tá *Blackditch* coitianta go maith mar ainm baile fearainn sa chuid seo de Chúige Laighean, le roinnt samplaí i gCill Dara, Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin agus i gContae na Mí. Trinse atá i gceist leis an bhfocal Béarla *ditch* ó cheart ('an excavation narrow in proportion to its length; a long and narrow hollow dug in the ground; the trench or fosse of a fortification', *OED*) ach is fál a bhíonn i gceist leis i mBéarla na hÉireann de ghnáth, mar a léiríonn an tagairt seo ó *Paddiana* ón mbliain 1848 (*EDD*): 'Fields were enclosed with high banks of earth, called perversely by the natives "ditches"'. Tá an dá ghné ('A low, earthen bank (H. 1.5m), flanked by a shallow fosse...') i gceist sa mhionainm seo faoi chaibidil, agus is deacair a rá cé acu a dtagraíonn an focal *ditch* dó, mar sin. Aistrítear *ditch* mar **claí** ('dike, wall; fence', *FGB*) agus

vice versa i logainmneacha. Is cosúil gur de bhunadh na Gaeilge an baile fearainn *Blackditch*⁷¹ in Uíbh Fhailí Thiar (1755: *Clyduff; Kildare Wills*, 130, *Logainm.ie*).

Crockaun

‘the hillock’

677620 710556

1.	1837	Crockaun	SO 6”
2.	2019	ḋə 'krɔkɑ:n	Áit. 6
3.	2019	ḋə 'kru:kɑ:n	Áit.5

*An Cnocán

Cnocán beag ar imeall an Churraigh atá i gceist anseo, gar don teorainn le *Brownstown Lower*.

Is é an t-ainmfhocal Gaeilge **cnocán** (‘hillock’, *FGB*) is bunús leis an ainm seo, agus tá réadú soiléir san ainm ar dhíshrónaíl **cn** > **cr**. Phléigh Don Piatt an mionainm seo sa leabhrán a d’fhoilsigh sé ar Ghaeilge Laighean, féach 4.1.2 thuas.

Tá baile fearainn den ainm céanna cúpla ciliméadar ó dheas ón áit seo in Uíbh Fhailí Thiar, paróiste *Ballyshannon*. Tá an chosúlacht air gur réadú ar an díshrónaíl chéanna atá san ainm *Crockanure Glebe* i bparóiste Chill Dara, in ainneoin nach bhfuil bunús an ainm sin go hiomlán soiléir.

Maidir le foirm 3 thuas, is é is dóichí ná gur tréith de chuid Bhéarla an fhaisnéiseora sin seachas réadú ar an bhfocal Gaeilge **cruachán** (‘small stack’, *FGB*) is cúis leis an nguta fada [u:] san fhoirm sin. D’fhuaimnigh an faisnéiseoir an focal Béarla *book* mar [bu:k] le linn an agallaimh chomh maith.

⁷¹ LogainmID: 25231



Figiúr 9: Crockaun, ón iarthuaisceart, sráidbhaile Brownstown sa chúlra.

Donnelly's Hollow

680073 711659

- | | | | |
|----|------|------------------------|--|
| 1. | 1837 | Donnelly's Hollow | SO 6" |
| 2. | 1837 | Donnelly's Lossed | LSO CD II, 155 [181] |
| 3. | 1838 | "St. Bridget's Losset" | Freemans Journal 12/06/1838. ⁷² |
| 4. | 2019 | ,danəli:z' halo: | Áit.5 |

Is log ar an gCurrach é seo atá mar a bheadh amfaitéatar nádúrtha ann. Ainmníodh an log as an dornálaí clúiteach as Baile Átha Cliath, Dan Donnelly, a throid roinnt babhtaí dornálaíochta ar an láthair sa 19ú haois. I measc na gcéilí comhraic a sháraigh sé san áit bhí Tom Hall, a bhuail sé ar an 14 Meán Fómhair 1814 agus George Cooper, ar an 15 Nollaig 1815 (Rouse, 2009). Bhí an láthair seo in úsáid ar mhaithe le troideanna a reáchtáil roimhe sin chomh maith. Sa bhliain 1813, bhuail na dornálaithe Belcher agus Dockerty faoina chéile 'in a valley or glen on the Curragh, near Mr. Daly's Lodge, surrounded by sloping hills, forming almost an Amphitheatre' (*Freemans Journal* 28/04/1813: 'Boxing Match'). Faightear míniú faoi bhunús an ainm chomh maith le leid faoin ainm a bhí ar an log roimh aimsir Donnelly in alt nuachtáin a cuireadh i gcló sa *Freemans Journal* sa bhliain 1838:

'The meeting was held in a place called "Donnelly's Hollow" on the Curragh, notorious in the annals of Ireland for the superstition current among the people, who, in former ages, believed it to be "St. Bridget's Losset," the valley, it is stated, being used by the saint as an oven to bake bread.'⁷³

Is cosúil, mar sin, gurbh é 'St Bridget's Losset' an t-ainm a bhí ag muintir na háite ar an láthair seo sula raibh baint ag Donnelly leis. Níor thángthas ar aon tagairt eile mar gheall ar an leagan sin, cé is moite den tagairt fhánach sin sa nuachtán. Díol spéise is ea úsáid an fhocail *losset/lossed* san fhoirm sin agus san fhoirm a luaitear in *LSO CD*, rud a léiríonn go raibh an focal Gaeilge sin **losaid** ('kneading-trough', 'shallow trough', 'shallow depression', *FGB*) in úsáid i mBéarla na háite. Faightear **losaid** mar cháilitheoir in *Tullylost* (BF) in Uíbh Fhailí Thoir agus mar eilimint aonair in *Losset* / **An Losaid**⁷⁴ (BF) i gContae Mhuineacháin.

⁷² *Great Anti-Tithe Meeting, County Kildare*

⁷³ *Great Anti-Tithe Meeting, County Kildare*

⁷⁴ LogainmID: 39486

Long Hill

677688 711445

1.	1837	Long Hill	SO 6"
2.	2019	lang'hɪl	Áit5.

Is cnoc fada caol ar an gCurrach é seo. Is ar an gcnoc seo a tógadh Campa an Churraigh sa 19ú haois. Sá lá atá inniu ann, tugtar idir *Long Hill* agus *Braveheart Hill* ar chuid d'oirthear an chnoic nach bhfuil forbartha mar chuid den champa (Áit.5). Tháinig an leagan *Braveheart Hill* chun cinn ó 1995 i leith nuair a taifeadadh roinnt radharcanna catha den scannán *Braveheart* ar an láthair.

Loregeday

*Lorg Dáibhí?

‘Dáibhí’s path?’

681511 709470

1.	1654	Loregeday	CS, 75
2.	1654	Loregeday	CS, 76
3.	1654	the Lane of Loregedy	CS, 76
4.	1654	Loregaday	CS, 77
5.	1752	Lurgadavie	Noble & Keenan
6.	1859	“The Lurg”	The Irish Times: 10/08/1859: 2. ⁷⁵
7.	1900c	Lorg Lane	SO Cassini
8.	1945	LURRIG	JCKAS: OPN 2, 454
9.	2019	lɔrg'le:n	Áit.5
10.	2019	ɔl lɔrg'le:n	Áit.5

Faightear eolas cuimsitheach ar shuíomh an ainm seo sa chur síos ar theorainneacha Bharúntacht Chill Chuillinn in CS:

...thence with ye lands of Ballisax to ye lands of Kineagh at a place called Loregeday which runneth along betweene the halfe Barrony of Kilcullen aforesaid and the Barrony of Offaly... (CS: 75).

Kilcullen meareth upon b. Offaly by a Meare called Loregaday which runneth between Kilcullen, Mooretowne, Halverstowne, Toberrogah (CS, 77).

Tá sé soiléir, mar sin, gur chuimsigh an lána seo an teorainn idir an dá bharúntacht. Tá úsáid an ainmfhocail *meare* inspéise. Ní léir go díreach cén cineál gné a bhí i gceist le teorainneacha den saghas seo, nó cén dóigh a ndearnadh iad a mharcáil (Duffy, 2006: 19). Feictear samplaí de chlaíocha

⁷⁵ ‘The Curragh Camp’

ísle créafóige a bhí in úsáid mar chuid den chóras rondála i gContae Mhaigh Eo i ngrianghraif in Cnuasach Bhéaloideas Éireann (B024.03.00006, cuir i gcás)⁷⁶. Seans gurb é a mhacasamhail de ghné a bhí i gceist anseo. Ritheann *Lorg Lane* mar a léirítear é ar *SO Cassini*, agus mar a thuigtear anois é go háitiúil, idir bailte fearainn *Blackrath and Athgarvan* (Barúntacht Chonnala) agus *Kineagh* (Barúntacht Chill Chuillinn). Is cinnte gur rian é den ainm eile atá le sonrú i bhfoirmeacha 1–5, áfach, agus is cosúil, mar sin, gur chuimsigh sé an teorainn atá ag barúntacht Chill Chuillinn le barúntachtaí Uíbh Fhailí agus Chonnala.

Dealraítear gurb é **lorg** sa chiall ‘track, trail, path, course’ (*DIL*) atá i gcéad eilimint an ainm. Ní léir cé acu an t-alt nó guta cúnta faoi deara an *-e-* agus an *-a-* láir i bhfoirmeacha 1–5. Ní dócha go réiteodh **lorga** ‘long low ridge’ (*Logainm.ie*) leis an topagrafaíocht anseo, murach go dtagraíonn sé don chlaí teorann féin. Faightear **lorga** mar fhoirm mhalartach de **lorg** chomh maith (*FGB*). Ní féidir a chur as áireamh gur foirm chlaochlaithe de **lorg** atá i gceist amhail an fhoirm iolra **lorgtha** nó an tabharthach iolra **lorgaibh** ach an oiread. Maidir leis an dara heilimint, tá réadú soiléir ar **-bh-** láir i bhfoirm 5, ach níl fianaise ar an gcarn sin i bhfoirmeacha 1–4. D’fhéadfadh sé gurb é an t-ainm pearsanta **Dáibhí** ba chúis le foirm 5 agus gurb é an leagan malartach den ainm céanna **Dáith** nó **Dáithí** a thug i bhfoirmeacha 1–4. Tá guagacht idir an dá fhoirm seo den ainm pearsanta le sonrú i bhfoirmeacha stairiúla na mbailte fearainn *Clondaw* / **Cluain Dáith**⁷⁷ (1601: Clondavie; *F*, 219, 6517, *Logainm.ie*) i Loch Garman agus *Ballydavis* / **Baile Daithí**⁷⁸ i gContae Laoise. Níl sé as áireamh ach an oiread gur réadú canúnach ar **Dáibhí** ina raibh **-bh-** láir báite atá i bhfoirmeacha 1–4, ámh. Ós rud é go bhfuil an chosúlacht ar an scéal gurb é **Dáibhí** atá á chur in iúl ag foirm 5 thuas, agus go bhfuil fianaise ar úsáid na foirme sin den ainm pearsanta go háitiúil in ainm an bhaile fearainn *Davidstown* (*Pilsworth*) / **Baile Dháibhí Fionóg (Pilsworth)**⁷⁹ moltar ***Lorg Dáibhí** (‘Dáibhí’s path’) mar bhunleagan anseo. Tá fáil ar shampla deimhnitheach den ainm pearsanta **Dáibhí** gan séimhiú agus é ag feidhmiú mar cháilitheoir sa logainm **Baile Dháibhí Fionóg (Pilsworth)** thuasluaite a fhaightear sa Leabhar Branach mar **Baile Dáibhidh Fionnóg** (1565c, *Logainm.ie*). Ainm bíobalta is ea *David* a tháinig go hÉirinn leis na hAngla-Normannaigh (*GPN*: 70). D’fhéadfaí **dabhach** (‘vat, tub.’; ‘Deep water-hole; pool, pond’; ‘holy well’, *FGB*) a chur san áireamh don dara heilimint chomh maith: ***Lorg Daibhche**: ‘the path of the vat/pool/holy well’.

⁷⁶ Ar fáil ag <https://www.duchas.ie/en/cbeg/3650>

⁷⁷ LogainmID: 52507

⁷⁸ LogainmID: 28657

⁷⁹ LogainmID: 25082

Loughbane

'The white lake'

679555 711847

- | | | | |
|----|------|-----------|---|
| 1. | 1837 | Loughbane | SO 6" |
| 2. | 1876 | Loughbane | Irish Times 16/06/1876: 3 ⁸⁰ |
| 3. | 2019 | lak'ba:n | Áit.5 |

Lochán beag i dtuaisceart an bhaile fearainn, ar an taobh ó dheas den R413. Luaitear dríodar lochach (EPA) mar chineál talún le ceantar atá níos leithne ná an loch mar a léiríodh é ar léarscáileanna SO.

De réir fhaisnéiseoir Áit.5, chuir an loch thar maoil sna 1960idí ar feadh roinnt míonna. Is beag uisce a bhí inti nuair a tugadh cuairt ar an láthair i samhradh 2019.

Is cinnte gurb é ***An Loch Bán** 'the white lake' bunús an ainm.

*An Loch Bán

Moteenanou

'the little moat of —?'

680729 710052

- | | | | |
|-----|--------|-----------------|---|
| 1. | 1837 | Moteenanou | SO 6" |
| 2. | 1837 | Moteen-an-ou | LSO CD II, 155 [180] |
| 3. | 1837 | Moitin-an-Ou | LSO CD II, 155 [180] |
| 4. | 1837 | Moteen-an-Ou | LSO CD II, 155 [181] |
| 5. | 1837 | Móitín an Eabha | LSO CD II, 203 [186] |
| 6. | 1873 | Moteenanon | The Irish Times 19/08/1873. 5 ⁸¹ |
| 7. | 1877 | Moteenanon | The Irish Times 31/05/1877, 6 ⁸² |
| 8. | 1888 | Moateen | Leinster Express, 10/11/1888, 2 ⁸³ |
| 9. | 1908-9 | Moteenanon | SO 25" |
| 10. | 1933 | "moacheen" | Piatt |
| 11. | 2019 | 'flagstaf | Áit.5 |
| 12. | 2019 | pɪmpəl'hɪl | Áit.5 |

A large, flat-topped, roughly circular mound (H. c. 6m; summit diam. 13m), possibly of natural origin.

The sides appear to have been scarped, possibly when the mound was first used as a base for a flag staff (SSN, KD028-014----).

⁸⁰ 'The Summer Manoeuvres at the Curragh: Opening of the Campaign'

⁸¹ 'Autumn Concentration at The Curragh'.

⁸² 'Summer Manoeuvres at The Curragh

⁸³ Gan teideal

Seo a leanas an méid a bhí le rá ag Donn Piatt faoin ainm:

In the Curragh Móitín, which needs must be spelt Moteen—to indicate long “ee” is stressed on the first element and pronounced “moacheen” (1933: 13).

Is é atá sa chéad eilimint anseo ná an t-ainmfhocal **móitín** ar foirm dhíspeagtha é de **móta** (‘moat’; ‘earthen rampart’, *FGB*). Tá sé níos deacra an dara heilimint a dhéanamh amach, ós rud é go léirítear éagsúlacht foirme i gcás 6, 7 agus 9 thuas. Bíodh sin mar atá, is é is dóichí go bhfuil na leaganacha a léirigh Ó Donnabháin san ainmleabhar cruinn, agus gur tuaipis chóipeála ba chúis leis an athrú -u > -n. Más ea, bheadh dealramh leis an leagan Gaeilge a thug sé i bhfoirm 5. D’fheádfadh sé gur **eabhadh** (‘aspen’, *FGB*) atá anseo agus gurbh é ***Móitín an Eabhaidh** -‘the little moat of the aspen tree’ bunús an ainm. Ní féidir a chur as áireamh, áfach, gurbh é ***Móitín na hUaimhe** nó ***Móitín na hUamha** ‘the little moat of the souterrain’ bunús an ainm agus gurbh é an fhoirm mhalartach ghinideach **uamhan**: ***Móitín na hUamhan**, a thug na foirmeacha in -n deiridh. Ní mór ***Móitín na hUaighe** ‘the little moat of the grave’ a chur san áireamh chomh maith. Tháinig Ó Ríordáin (1950) ar roinnt láithreacha adhlactha sna imfhálaithe ar an gCurragh mórtimpeall *Moteenanou*. Ní dhearnadh tochailt ar *Moteenanou* féin toisc gur mheas Ó Ríordáin cuma nádúrtha a bheith air, is cosúil (1950: 275). Is dócha gur ainm réasúnta nua is ea foirm 12, *Pimple Hill*.

P: Ballyshannon / Baile Sonnáin

LogainmID: 1251

BF: Shanacloon / Seanchluain

LogainmID: 25849

Enclave de chuid pharóiste *Ballyshannon* i bparóiste Chill Dara is ea an baile fearainn seo.

Colliersland

*Fearann —?

- | | | |
|---------|---|--------------------------------------|
| 1. 1576 | Colliersland alias Farrinebarier & Shaneclone | Griffith Inq. Eliz 82/195 Ich 222 |
| 2. 1591 | Colliersland | Griffith Inq. Eliz. 207/142, Ich 287 |

Is cinnte gurbh é an sloinne *Collier* + *land* atá san ainm seo. Luaitear *Collier* ‘occupational name from Middle English *colier* in most parts of the country “maker or seller of charcoal” (*Family Names*: 549) le Contaetha Laoise agus Cheatharlach in Éirinn den chuid is mó. Tá baile fearainn den ainm *Colliersland (North & South)*⁸⁴ i gContae na Mí. Maidir leis an *alias Farrinebarier*, is léir gur **fearann**

⁸⁴ LogainmID: 37769; 37770

(‘land’) atá sa chéad eilimint. D’fhéadfadh an sloinne *Barriere* ‘locative name for someone who lived by a town or castle gate’ (*Family Names*: 152), a bheith i gceist, ach níl aon fhianaise ar an sloinne sin in Éirinn. Faightear *Barrieragh* (1660: *BSD* 15, 26, *Logainm.ie*) mar bhéarlú ar *Baurearagh* / **An Barr Iarthach**⁸⁵ i gCiarraí. B’fhéidir gur ***Fearann an Bhairr Iarthaigh** ‘the land of the western height’ atá in *Farrinebarier*, mar sin, ag tagairt don chnoc in *Silliothill*⁸⁶ (BF) nó an ceann in *Fennor*⁸⁷ (BF). Ní féidir a bheith cinnte den fhoirm sin.

Inseneloher

*Inse na Luachra

‘the holm of the rushes’

- | | | | |
|----|------|-------------|--------|
| 1. | 1588 | Inseneloher | F 5258 |
| 2. | 1602 | Inselogher, | F 5677 |

Meadow called Insenegrey, Inseneloher, and Shenclone (F: 5258).

Is sa chiall ‘inch, holm, water-meadow’ (*FGB*) atá **inse** in úsáid i gcéad eilimint an ainm seo, mar a léiríonn an sliocht thuas. Ritheann sruthán feadh theorainn thiar an bhaile fearainn seo, d’fhéadfadh sé gur suíomh lena ais sin a bhí i gceist. Is é **luachra** g.u. **luachair** ‘rushes’ (*FGB*) atá san eilimint deiridh agus is é ***Inse na Luachra** ‘the holm of the rushes’ bunfhoirm an ainm. ‘River meadow of (the) rushes’ an míniú a thugann an Brainse Logainmneacha ar *Inchaloughra* / **Inse Luachra**⁸⁸ i gCiarraí.

Insenegrey

*Inse na Graí

‘the holm of the horses’

- | | | | |
|----|------|------------|--------|
| 1. | 1588 | Insenegrey | F 5258 |
| 2. | 1602 | Insenegrey | F 5677 |

Is é is dóichí ná gurb é ***Inse na Graí** ‘the holm of the horses’ bunús an ainm seo.

Is foirm thabharthach agus g.u. den ainmfhocal **inis** (‘island’, *FGB*) é **inse**. Faightear **inse** mar ainmfhocal ann féin sa chiall ‘Inch, holm, water-meadow’ (*FGB*) chomh maith, áfach. Dar le Mac Gabhann (2014, 8, 581) gur forbairt ó **inis** (‘island’, *DIL*) atá in **inse** sa bhrí sin. De réir an Bhrainse Logainmneacha, b’ionann **inse** (‘inch, holm, water-meadow’, *FGB*) agus **inis** (‘island’, *FGB*) tráth, ach píosa talún cois abhann a shamhlaítear le **inse** anois de ghnáth⁸⁹. Mínítear an iarsma *inch* mar ‘level grassy land along a river’ i liosta focal Gaeilge mar a bhí in úsáid i mBéarla Chill Dara in 1914 (Mac

⁸⁵ LogainmID: 22827

⁸⁶ LogainmID: 25872

⁸⁷ LogainmID: 25141

⁸⁸ LogainmID: 22511

⁸⁹ Féach **Inse Chór** / *Inchicore* (nóta mínithe) <https://www.logainm.ie/ga/1371590>

Céachta, 1914) chomh maith. Anuas air sin, d'fhéadfadh an chiall 'a byre, a milking enclosure' ('**indēs...inis**', *DIL*) a bheith le **inis** agus is mar 'an ing, inch or water-meadow; a milking place' a mhínítear **inis** in *Dinneen*. Tá **gráí** '1. coll: horses. 2. stud' (*FGB*) an-choitianta mar cháilitheoir i logainmneacha na hÉireann. Faightear foirm bhéarlaithe in *-negrey* deiridh sna Fiantaí i gcás *Garrynagree* / **Garraí na Graí** i dTiobraid Árann (1603, *Garrynegrey, F*, 6565). Is mar 'river meadow of the stud' a mhínítear *Inchnagree* / **Inse na Graí**⁹⁰ i gCorcaigh.

Rathmoyle

'the bare rath'

- | | | |
|----------|-----------|-------------------|
| 1. 1660c | Rathmoyle | BSD, 53 |
| 2. 1718 | Rathmoyle | CGn. 22.406.12413 |

*An Ráth Mhaol

Luaitear an áit seo in aice le *Shanacloon* sa dá thagairt thuas, ach ní fios go cinnte an raibh sé sa bhaile fearainn sin. Is cinnte gurb é ***An Ráth Mhaol** 'the bare rath', ainm a bhfuil roinnt samplaí de i measc bhailte fearainn na tíre: *Rathmoyle* / **An Ráth Mhaol**⁹¹ 'the bare ring-fort' (*Logainm.ie*) agus *Rathmoyle* / **An Ráth Mhaol**⁹² i gCill Chainnigh, mar shampla. D'fhéadfadh **ráth** a bheith baininscneach nó firinscneach ('Orig. gender doubtful', *DIL*). Glactar leis gur baininscneach atá sí anseo, toisc gurb ann d'fhoirm bhaininscneach d'ainm an pharóiste agus baile fearainn *Rathmore* / **An Ráth Mhór**⁹³ in *An Ráith Mhór* sa Leabhar Branach (*LBran.*: 70, 1828, *Logainm.ie*).

⁹⁰ LogainmID: 11843. Féach 'Taifead Scanáilte' 1.

⁹¹ LogainmID: 27747

⁹² LogainmID: 1166597

⁹³ LogainmID: 1221

P: Carn / Carna

LogainmID: 1151

BF: Common North / An Coimín Thuaidh

LogainmID: 25671



Figúir 10: Common North / An Coimín Thuaidh. Bonnleáarscáil: 2016, ©Google.

Eascanrath Lane

'the bog/stream of the ringfort?'

676633 706715

- | | | |
|----|---------|-----------------|
| 1. | 1939–40 | Eascanrath Lane |
| 2. | 1937-8 | Eascanrath |
| 3. | 1937-8 | the "Easca" |
| 4. | 1937-8 | "The Rath" |
| 5. | 2012 | Easca na Rátha |
| 6. | 2019 | askn'ra: |

*Easca na Rátha

- | |
|------------|
| SO Cassini |
| BNS 777.27 |
| BNS 777.27 |
| BNS 777.27 |
| Logainm.ie |
| Áit.6 |

Eascanrath: This is an area adjoining a river which ultimately flows into the Barrow. Just as the small river enters the area known as Eascanrath it flows Across the road. (Easca). One morning I inquired from a pupil the cause of her absence from school on the previous day. And she informed me that she

could not Cross the “Easca” on account of the flood. There is a raised bank in a field close by which in the distance gives one an idea of a rath. Be this as it may the place is known locally as “The Rath” (BNS: 777.27).

Askinraw is on the edge of the commons. It’s a stream. (Áit.6)

Ritheann an sruthán a luaitear thuas feadh an lána *Eascanrath Lane* sa chuid fhada chaol de bhaile fearainn *Common North* a shíneann ó dheas idir bailte fearainn *Suncroft* agus *Martinstown*. Is cosúil ón méid a deirtear in *BNS*, gur shamhlaigh an té a scríobh an sliocht gur ceantar a bhí i gceist le *Eascanrath*, ach sruthán a shamhlaigh faisnéiseoir *Áit.6* leis an ainm. Is é ‘the gully, stream of the ring-fort’ an míniú a thugtar ar **Easca na Rátha** ar *Logainm.ie*, agus é de thuairim ag an mBrainse Logainmneacha gur minic an bhrí ‘sruthán’ le **easca** i gCúige Laighean⁹⁴. Ní bheadh ‘gully’ i gceist anseo, mar sin, b’fhéidir gur ‘stream of the rath/ring-fort’ an bhrí atá leis an ainm. Eanach (‘fen peat’, *EPA*) atá i bhformhór an bhaile fearainn seo, agus ón uair go mínítear **easca** mar ‘wet, sedgy, bog’ in *FGB*, ‘sedgy bog’ in *Dinneen* agus ‘a bog, quagmire; a depression, puddle’ in *DIL*, ní mór an bhrí sin a chur san áireamh chomh maith.

Díol spéise is ea go raibh ainmneacha an dá ghné a thug an t-ainm seo in ‘the “Easca”’ agus ‘The Rath’ ar eolas ag muintir na háite aimsir Bhailiúchán na Scol. Is é an ráth atá san ainm ná an t-imfhálú in iarthar bhaile fearainn *Martinstown* (*SSN*, KD028-044----).

⁹⁴ LogainmID: 1414786. Féach ‘Nóta Mínithe’

BF: Churchland East / Fearann an Teampaill Thoir

LogainmID: 25668



Figiúr 11: Churchland East / Fearann an Teampaill. Bonnleársaíl: 2016, ©Google.

Farnacunsay

677073 708042

- | | | |
|----|-----------|---------------------------|
| 1. | 1770–1840 | Farnacunsay |
| 2. | 1783 | Farran Caus |
| 3. | 1816 | Faran caus |
| 4. | 1828 | Farnacressy ⁹⁷ |
| 5. | 1828 | Farnacunsay |

*Fearann —?

- | |
|---------------------------|
| Longfield: Carna |
| RSBCK: Maps ⁹⁵ |
| RSBCK ⁹⁶ |
| RSBCK ⁹⁸ |
| RSBCK: Maps ⁹⁹ |

⁹⁵ 'A Survey of the lands of Carne being the inheritance of the Reverend the Dean and Chapter of Kildare within the Parish of Carne and County of Kildare'.

⁹⁶ *Kildare Cathedral Estate Papers*: 'Chapter: Carne 1816', leathanach garbh le rudaí éagsúla air.

⁹⁷ 'indifferent tillage field' 4.0.27 plantation measure.

⁹⁸ *Kildare Cathedral Estate Papers*: 'Valuation & Report on Sundry parcels of land called the Glebe of Carna in the Barony of East Ophaly and County of Kildare, the Estate of the Dean and Chapter of Kildare in the tenure of Edward Baggot esq, by John Longfield'.

⁹⁹ *A Map of the Rectorial Glebe of Carna*

An chuid den bhaile fearainn atá lastoir den bhóthar a théann i dtreo *Suncroft*. Is cinnte go bhfuil *Farran Caus*, *Farnacunsay* agus *Farnacressy* ag tagairt don aonad céanna. Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil cuid mhaith de na leaganacha seo earráideach, ach ní léir cé acu atá míchruinn agus cé acu atá dílis don bhunainm. Tá an chéad eilimint **fearann** ('land') soiléir. Léiríonn foirmeacha cosúil le *Farnacunsay* agus *Farnacressy* go raibh an t-alt in úsáid sna leaganacha sin. Tá an cáilitheoir i bhfad níos deacra a dhéanamh amach. D'fhéadfaí cúpla moladh a thabhairt maidir leis na foirmeacha in *-caus* deiridh. D'fhéadfaí **cabhsa** (***Fearann an Chabhsa**: 'the land of the causeway/path/lane') a thuairimiú agus an dara siolla den cháilitheoir báite agus é gan bhéim. Ar an gcaoi sin, b'fhéidir go mba chóir leaganacha in *-cunsay* a léamh mar bhotúin thrascríofa agus go mba chóir *causey*, *causay*, nó *caussy* a bheith iontu. Bunaithe ar an athléamh sin, d'fhéadfaí na leaganacha sin a thuiscint mar **chabhsa**, mar a luaitear thuas, nó mar fhoirm aidiachtúil den sloinne Angla-Normanach *Cause/Cawse* (***Fearann an Chabhsaigh** - 'the land/ploughland of the person surnamed Cause'). Maidir leis an sloinne úd, níl aon fhianaise dá bheith in úsáid sa cheantar, agus níl sé coitianta in Éirinn inniu (*Family Names*: 458, 461). Tá dhá bhaile fearainn i gContae na Mí den ainm *Causestown*, áfach, agus iad bunaithe ar an sloinne *Cause* de réir cosúlachta. Maidir le foirm 4, b'fhéidir go bhféadfaí *-cressy* deiridh anseo a léamh mar bhéarlú ar **croise**, foirm g.u. **cros** 'cross' (*FGB*) in ainneoin nach mbéarlaítear **croise** mar sin de ghnáth. Dá réir sin, d'fhéadfaí a thuairimiú gurb é ***Fearann na Croise** 'the land of the cross, i.e. the church lands' bunfhoirm an ainm agus gur uaidh sin a tháinig ainm an bhaile fearainn *Churchland East/West*. Ní féidir a bheith cinnte den dara heilimint san ainm seo, áfach.

¹⁰⁰ 14.0.27 plantation measure. Uimhir seacht luaite leis seo agus Farancressy sa cheann eile. Is dócha gurb ionann iad, ainneoin ceithre acra a bheith luaite sa cheann sin, is dócha gur botún é.

¹⁰¹ *Kildare Cathedral Estate Papers*: 'Valuation of Sundry Parcels of land called the Glebes of Carne situate in the Barony of East Ophaly & County of Kildare the estate of the Dean and Chapter of Kildare in the tenure of Robert Baggot Esquire. William Longfield 1841'.

Farnahoun

‘the land of the river’

676602 708464

1.	1770–1840	Farnahoun	NLI MS 21 F. 35 / (081) ¹⁰²
2.	1783	Farran hown	RSBCK: Maps ¹⁰³
3.	1816	Faran hown	RSBCK ¹⁰⁴
4.	1828	Farnahoun	RSBCK ¹⁰⁵
5.	1841	Farnahoun	RSBCK ¹⁰⁶

An chuid thiar thuaidh den bhaile fearainn atá anseo. Is léir gurb é ***Fearann na hAbhann** (*‘the land of i.e. adjacent to, the river’*) foirm bhunaidh an ainm. Ritheann sruthán thar bráid chúinne iarthuaiscirt an aonaid seo.

Suíomh Éiginnte

Tugtar liosta ainmneacha san imleabhar i mBailiúchán na Scol 0777 a bhaineann le scoil *Suncroft*. Ní léir suíomh na n-ainmneacha seo a leanas ón imleabhar sin.

The Boithreen Cowm

‘the crooked boreen’

1.	1937-8	The Boithreen Cowm	BNS	0777, 029
----	--------	--------------------	-----	-----------

The same old man who has a small farm of land, has a narrow road going by three adjoining fields, and which goes by the name of the Boithreen Cowm (written of course as it is pronounced in the locality, by all the peasants) (BNS: 0777, 029).

Is léir gurb é ***An Bóithrín Cam** (*‘the crooked boreen’*) atá i gceist anseo. Díol mór suime is ea an défhoghar atá le sonrú in **cam** anseo. Is saintréith de chuid Ghaeilge na Mumhan é go ndéantar guta fada nó défhoghar de ghuta a thagann roimh na cairn chonsain **-ll**, **-nn**, **-rr**, **-ng**, **-m** i bhfocal aonsiollaigh (Ua Súilleabháin, 1994: 479). Féach 4.1.8 thuas mar a bhfuil plé ar an bhforbairt seo.

¹⁰² Ibid

¹⁰³ *Kildare Cathedral Estate Papers*: ‘A Survey of the lands of Carne being the inheritance of the Reverend the Dean and Chapter of Kildare within the Parish of Carne and County of Kildare’

¹⁰⁴ *Kildare Cathedral Estate Papers*: ‘Chapter: Carne 1816’, leathanach garbh le rudaí éagsúla air.

¹⁰⁵ *Kildare Cathedral Estate Papers*: ‘Valuation & Report on Sundry parcels of land called the Glebe of Carna in the Barony of East Ophaly and County of Kildare, the Estate of the Dean and Chapter of Kildare in the tenure of Edward Baggot esq, by John Longfield.’

¹⁰⁶ *Kildare Cathedral Estate Papers*: ‘Valuation of Sundry Parcels of land called the Glebes of Carne situate in the Barony of East Ophaly & County of Kildare the estate of the Dean and Chapter of Kildare in the tenure of Robert Baggot Esquire. William Longfield 1841’

Cnocháun

The hillock

1. 1937-8 Cnocháun

*An Cnocán

BNS 0777, 028

Cnocháun is the name applied to a small field on one side of the village. All people old and young apply this nomenclature to the place. The northern end of the field really consists of a small hill. (BNS: 0777, 28).

***An Cnocán** ('the hillock') atá anseo is cosúil, in ainneoin go mbeifí ag súil le réadú in [kr] tosaigh, mar atá in *Crockaun* (Ich 72) thuas agus i mbaile fearainn *Crockaun*. D'fhéadfadh sé go ndearna an múinteoir forcheartú agus é ag iarraidh leagan Gaeilge den ainm a chur ar fáil.

Cruitín

1. 1937-8 Cruitín

BNS 0777, 028

There is another wee field in the adjoining neighbourhood, and it bears this name (BNS: 0777, 28).

Ní léir cé acu ***An Croichtín** ('the little croft') nó ***An Cruitín**, foirm dhíspeagtha de **cruit** ('small eminence, *FGB*) atá san ainm seo. Níl sé soiléir an raibh an pháirc i mbaile fearainn *Suncroft* nó nach raibh, ach díol spéise is ea an fhoirm a luadh leis an mbaile fearainn sin in Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis: 'Croiftín na gréine, 'little sunny close, or garden' (*AL, Logainm.ie*).

Garry hoye

'the garden of —?'

1. 1937-8 Garry hoye

Garraí —?

BNS 0777, 031

Garry hoye is the name given to a field (BNS: 0777, 031).

Is é **garraí** ('garden', 'small (enclosed) field, plot', *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo. D'fhéadfadh gurbh é an sloinne **Ó hEochaidh** ('descendant of Eochaidh', *SGG*: 508) a béarlaíodh mar *Hoey* agus *Hoy* atá sa dara heilimint agus gurbh é ***Garraí Uí Eochaidh** '**Ó hEochaidh**'s garden' an bunleagan, ach ní féidir a bheith cinnte de seo, ceal fianaise.

The Rilig

'the graveyard'

1. 1937-8 The Rilig

*An Reilig

BNS 0777, 30

In this field there is a raised piece of land about 100 sq yds in area. the place is known locally as the Rilig... He also states that human bones have been dug up there. (BNS: 0777, 30).

Is é ***An Reilig** ('graveyard, burial ground' *FGB*) atá anseo gan amhras.

The Riligeen

*An Reiligín

'the small graveyard'

1. 1937-8

The "Riligeen"

BNS 0777,34

There is a place on Mr J. O Grady's land called the "Riligeen", and nobody was supposed to ever yoke horses on it. A man went to plough it on one occasion, and while going down through the middle of the field the horses ran away with him. (BNS: 0777, 30).

Ní léir an ionann é seo agus *The Rilig* thuas nó nach ea. Is é ***An Reiligín** ('the small graveyard, burial ground) bunús an ainm.

Tobberaloy

*Tobar na Lathaí?

'the well of the mud?'

1. 1937-8

Tobberaloy

BNS 0777, 031

A well in one of the fields to the north of the school down to which a lane runs, bearing testimony to the fact that in former days it was a more important place than it is at the moment. (BNS: 0777, 28).

Tá *spring* marcáilte ar léarscáil SO 25" in iarthar baile fearainn *Carn*, tamaill siar ó thuaidh ón scoil, d'fhéadfadh sé gurb in an ghné atá i gceist anseo. Is léir gurb é **tobar** ('well', *FGB*) atá sa chéad eilimint. D'fhéadfadh sé gur **lathach** (g.u. **lathaí**, 'mud, slush; slime'.) nó **láí** ('loy, spade', *FGB*) atá san ainm. Ina choinne seo, tá an chuma ar an scéal go bhfuil réadú ar an alt **an** san ainm, san áit a mbeifí ag súil le **na** i gcás an dá ainmfhocal bhaininsneacha úd. Níl sé as áireamh gur guta cúnta is cúis leis an *-a-* láir sin, ámh. Tá bunús na heiliminte seo éiginnte, ceal fianaise. Is mó an seans, áfach, gur ***Tobar Lathaí** nó ***Tobar na Lathaí** 'the well of the mud, slush, slime' atá i gceist

P: Cloncurry / Cluain Conaire

LogainmID: 1417368

BF: Cappanargid / Ceapach an Airgid

LogainmID: 25525



Figiúr 12: Cappanargid / Ceapach an Airgid. Bonnleársaíl: 2016, ©Google.

Agar Bridge

670248 721708

- | | | | |
|----|------|-------------|--------|
| 1. | 1838 | Agar Bridge | SO 6" |
| 2. | 2021 | a'ga:r | Áit.11 |

Tógadh an droichead seo thart ar 1800 (*NIAH*: 11901702). Díríodh cúrsa na habhann roimhe sin.

Léiríonn *Longfield*: *Cappanarget*, nach luaitear dáta beacht leis, gur lean cúrsa na habhann an teorainn idir *Cappanargid* (BF) agus *Cloncurry* (BF) taca an ama a dearadh an léarscáil.

Ní léir aon nasc a bheith leis an áit ag muintir Agar as Cill Chainnigh, a raibh roinnt feisirí parlaiminte ina measc (James Agar MP (1713–69) agus George Agar MP (1754–1815) (*DIB*) cuir i gcás). I

bhfianaise an fhuaimnithe áitiúil, d'fhéadfadh sé gur logainm Gaeilge in **áth** ('ford', *FGB*) tosaigh atá i

gceist. D'fhéadfaí ***Áth Gearr** 'the short ford' nó ***Áth Garbh** 'the rough ford' a mholadh mar bhunleagan dá réir, ach tá an fhianaise róghann le bheith cinnte de seo.

Church Quarter

669591 721362

- | | | |
|--------------|--------------------------|------------------------|
| 1. 1773 | Church Quarter | Valentia Estate: 13 |
| 2. 1770–1840 | Church Qar. ^r | Longfield: Cappanarget |

Tá an chuid thorthúil de bhaile fearainn *Cappanargid* roinnte i gceathrúna: *Church Quarter, East Quarter, House Quarter*, agus *North Quarter*. As an láthair eaglasta sa chuid seo den bhaile fearainn a ainmníodh *Church Quarter*, gan amhras.

Cruacha na Frát

- | | | |
|-----------|-----------------|----------------|
| 1. 1937-8 | Cruacha na Frát | BNS: 0778, 001 |
| 2. 1937-8 | Crota na Fráit | BNS: 0774, 216 |

On Mr. Joseph Loughlin's farm in Cappanargid, in the centre of a four-teen acre field called "Cruacha na Frát" stands a large square stone (BNS: 0778, 001).

Is cosúil gur **crochta** 'croft' (*FGB*) atá i gcéad eilimint an ainm seo. Ní léir céard atá sa dara heilimint, ainmfhocal dar tús **f** sa g.u. bain. nó g.iol.: ***Crochta na F[—?]** nó ***Crochta na bhF[—?]** 'the croft of —?', b'fhéidir. D'fhéadfaí an t-ainmfhocal **práta** ('potato', *FGB*), nó foirm mhalartach de gan urrús in ***fráta** a chur san áireamh anseo.

East Quarter

670846 722711

- | | | |
|--------------|--------------|------------------------|
| 1. 1773 | East Quarter | Valentia Estate: 3 |
| 2. 1773 | East Quarter | Valentia Estate: 11 |
| 3. 1770–1840 | East Quarter | Longfield: Cappanarget |

Féach *Church Quarter* thuas.

House Quarter

670039 722219

- | | | |
|--------------|---------------|------------------------|
| 1. 1773 | House Quarter | Valentia Estate: 9 |
| 2. 1770–1840 | House Quarr | Longfield: Cappanarget |

Féach *Church Quarter* thuas.

Lough Lurgan

‘the lake of —?’

670004 723508

1.	1770–1840	Lough Lurrigg	Longfield: Cappanarget
2.	1773	Lough Lurriga	Valentia Estate: 22, rent roll.
3.	1773	Lough Lurriga	Valentia Estate: 11
4.	1837	Lough Lurgan	SO 6”
5.	1908–9	Lough Lurgan	SO 25”
6.	1920C	Lough Lurgan	SO Cassini

Lochán ar an teorainn idir *Lullymore East* (BF, P. *Lullymore*) agus *Cappanargid* (BF, P. *Cloncurry*) atá triomaithe anois.

Loch atá sa chéad eilimint anseo. Tá an chosúlacht ar an scéal gurb é **lorga** (‘1. Staff, stick; club, cudgel; 2. Shin; 3. Shank, shaft, stem’, *FGB*) atá sa dara heilimint. Deir McKay gur gnách an chiall ‘a long low ridge’ a bheith le **lorga** i logainmneacha ach go bhfaightear an bhrí ‘a long strip of land’ chomh maith (*DUP*). Ní dócha gur ‘long low ridge’ a bheadh i gceist sa chás áirithe seo toisc gan a leithéid de ghné a bheith i bhfogas don lochán. Bhí an loch seo suite ar theorainn paróiste, áfach, agus d’fhedfadh sé gur thagair **lorga** do chlaí teorann (féach *Loregeday*, lch 75, thuas). Léirítear foirm mhalartach g.u. in **lorgan** i bhfoirmeacha 4, 5 agus 6. Is léir, mar sin, go raibh dhá fhoirm den ainm sa chúrsaíocht mar atá ***Loch Lorga** agus ***Loch Lorgan**. Ní léir, áfach, céard dó go díreach a dtagraíonn lorga san ainm. Tá loch den ainm *Lough Lurgan* in *Cushina* (BF) i gContae Uíbh Fhailí, ar an teorainn le paróiste *Lackagh* in Uíbh Fhailí Thiar.

Lug na gcross

‘the hollow of the crosses’

669885 721392

1.	1937-8	Lug na gcross	BNS, 0778, 079
2.	2019	ḡə tʃɔrtʃ ‘mɛdə	Áit. 1

In the townland of Cappanargid on Mr. Ennis's farm is a field called "Lug na gcross" which means the "Hollow of the Cross". In the corner of the field stand the ruins of an old church and it was probably on account of a cross that may have been on it that the field got its name. There is a graveyard beside the ruins and up to the present day people are buried there. The field is a low-lying piece of land about ten acres in size, and is very swampy. (BNS: 0778, 079).

Is cinnte gur tagairt do *Cappanargid Church (in ruins)* (SO 6”) atá san ainm seo. Is cosúil gur tógadh eaglais ar an láthair den chéad uair ag deireadh an 12ú haois (SSN, KD017-007----). Is é ***Log na gCros**

*Loch Lorga/*Loch Lorgan

*Log na gCros

‘the hollow of the crosses’ bunfhoirm an ainm atá le sonrú i bhfoirm 1 agus is foirm mhalartach Bhéarla, **The Church Meadow* atá i bhfoirm 2.

Marla Táiliúir

*Marlach an Táilliúra

‘the marly place of the tailor’

- | | | | |
|----|--------|----------------|-------------|
| 1. | 1937-8 | Marla Táiliúir | BNS, 778:81 |
|----|--------|----------------|-------------|

Another end of this field¹⁰⁷ is called "Marla Táiliúir". It is said that a tailor lived there who owned an acre of land (BNS: 778:81).

Is cosúil gur foirm ainmfhoclach den aidiacht **marlach** (‘marly’, *FGB*) atá i gcéad eilimint an logainm seo. Faightear samplaí den ainmfhocal sin in *Marley* / **Marlaigh**¹⁰⁸ i Loch Garman a mhínítear mar ‘place abounding in marl’ (Ó Cruaíoch & Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 1263). Féach go luaitear an cineál seo fo-ithreach i gcur síos in *SSN* (KD012-007----) ar thóchar i mbaile fearainn *Barnaran*. Is dócha gurb é an t-ainmfhocal **táilliúir** (‘tailor’, *FGB*) atá sa dara heilimint. Níl aon fhianaise ar an sloinne Taylor sa cheantar seo. D’fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***Marlach Táiliúra** nó ***Marlach an Táiliúra** ‘the marly place of the tailor’, mar sin.

North Quarter

669025 721766

- | | | | |
|----|-----------|-------------------------|------------------------|
| 1. | 1770–1840 | North Quar ^r | Longfield: Cappanarget |
|----|-----------|-------------------------|------------------------|

Féach *Church Quarter* thuas.

Shán na Cawbus

‘Seán Mac Cába’s?’

- | | | | |
|----|---------|----------------|---------------|
| 1. | 1937–38 | Shán na Cawbus | BNS 0778, 082 |
| 2. | 1937–38 | Seánacábus | BNS 0774, 216 |

There is a field called "Shan na Cawbus" on Mr. Loughlin's farm. Tradition tells us that a man named Seán lived in clump of trees in this field... (BNS: 0774, 216).


D’fhéadfadh sé gurb é atá san ainm seo ná ainm duine móide iarmhír shealbhach ‘s an Bhéarla. D’fhéadfaí a thuairimiú gurb é an t-ainm ***Seán Mac Cába** atá i gceist, le consan tosaigh **mac** báite agus é gan bhéim rud a thabharfadh **Seán ‘ac Cába** nó a leithéid. Luaitear an sloinne *McCabe* in *Bostoncommon* in aice láimhe in *Griffith’s Valuation* (Dennis McCabe).

¹⁰⁷ Tagairt do *The Picket Field* sa bhaile fearainn seo atá anseo. Pléitear an t-ainm sin san Aguisín D ‘Ainmneacha Eile’ (lch 358).

¹⁰⁸ LogainmID: 52616

BF: Lullybeg / An Loilíoch Bheag

LogainmID: 25578



Figiúr 13: Lullybeg / An Loilíoch Bheag. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Baratirpane

‘the track of the clump, clod’

667482 725714

1. 1770–1840

Baratirpane

*Bóthar an Torpáin?

Lullybeg Map

Léirítear an áit seo cois abhainn an *Lugherra River* ar léarscáil *Lullybeg Map*. Luaitear ‘sedge and heath’ mar chineál talún in aice leis an áit. Tá talamh torthúil cois abhann anseo, timpeallaithe le portach ar gach aon taobh.

Tá an chuma ar an litriú thuas go gcuimsíonn an eilimint *Bara-* an t-ainmfhocail Gaeilge **barr** (‘1. Tip, point; 2. top, summit’, *FGB*) agus an t-alt **an**. Níl aon bharr nó aird shuntasach san áit, áfach, agus níl aon sampla den eilimint **barr** i gContae Chill Dara in *Logainm.ie*. Dá thoradh sin, seans gurbh fhearr a réiteodh **bóthar** (‘track, road (lit. “cow- passage”)’, *DIL*) don eilimint sin. Féach go ndearnadh *Barra-* de **Bóthar an-** na Gaeilge i gcás baile fearainn *Barraderra* / **Bóthar an Doire** i bparóiste Mhainistir Eimhín. Maidir leis an dara heilimint in *-tirpane*, tá cúpla féidearthacht ó thaobh a bunfhoirme de.

Mínítear an t-ainmfhocal **torpán** mar ‘(Small) clump, clod; roundish thing; Lumpish person; pot-bellied person’ in *FGB*. Tá dhá iontráil d’fhocail den litriú sin in *DIL*, ‘a frog, a crab-fish’ agus ‘clump, clod’. Tá **tarpan** ‘a crab-fish’ agus **tarpan** nó **torpán** ‘a cluster; a sod of bog turf’ ó Chontaetha Dhoire agus Ard Mhacha faoi seach ag *Dinneen* chomh maith le **torpán** ‘a crab-fish; a frog; also a kind of edible seaweed (somet. pron. tropán); a lump of earth, a clod.’. Tá *-tirpane* (*BSD* agus *ASE*) le feiceáil mar bhéarlú ar an logainm **An Torpán** i gContae Liatroma sa 17ú haois. Féidearthacht eile i ndáil leis an eilimint sin ná **tiarpán** ‘(small) posterior; (Small load carried in) hip-sack, (*FGB*); hip-sack’, (*DIL*); ‘round hump, back burden, postern, backside; a hind testicle (as of a bear)’ *Dinneen*). Más é an t-ainmfhocal seo atá i gceist, d’fhéadfadh sé gur tagairt do lúb san abhainn atá ann. I ngeall ar shuíomh na háite seo i lár portaigh, agus ar an gcur síos ‘Scrog and lumps’ a scríobhtar ar *Lullybeg Map* in aice le *Bohunvorish* / ***Bothán Mhuiris** thíos, is dócha gur mó an dealramh a bheadh le **torpán** sa chiall ‘clump, clod’. Dá bharr sin, seans gurbh é ***Bóthar an Torpáin** - ‘the track of the clump, clod’ bunfhoirm an ainm, ach ní féidir a bheith cinnte de cheachtar den dá eilimint anseo, ceal fianaise. Tá an t-ainmfhocal **torpán** le feiceáil i gcúpla logainm in iarthar na tíre, *Turpaun* / **An Torpán** i gContae Liatroma, *Torpan Beg* / **An Torpán Beag** agus *Torpan More* / **An Torpán Mór** i gContae Ros Comáin.

Bohunvorish

*Bothán Mhuiris

‘**Muiris**’s hut, cabin.

666996 725684

1. 1770–1840

Bohunvorish

Lullybeg Map

Léirítear an áit seo ar *Lullybeg Map* san áit a bhfuil paiste beag de thalamh torthúil ag an gcumar idir *Lughera River* (SO) agus *Crabtree River* (SO). ‘Scrog and lumps’ an cur síos a thugtar ar an talamh san áit ar an léarscáil thuas.

Tá an chuma ar an gcéad eilimint *Bohun*- gurb é an t-ainmfhocal Gaeilge **bothán** (‘shanty, cabin; hut, shed, coop’, *FGB*) atá ann. Maidir leis an dara heilimint *-vorish*, is é is dóichí ná gurb é atá ann ná an t-ainm pearsanta Angla-Normannach **Muiris**: ***Bothán Mhuiris** - ‘**Muiris**’s hut, cabin’

Díol spéise is ea go luaitear ‘Representatives of Maurice Annesley’ le *Lullymore* agus *Lullybeg* i rolla cíosa *Valentia Estate* sa Leabharlann Náisiúnta. Féach freisin go bhfuil bóthar díreach ó thuaidh ón áit seo ar léarscáil *Lullybeg Map* a bhfuil *Moss’s Road* air. Feictear an t-ainm pearsanta **Muiris** i roinnt logainmneacha i gContae Chill Dara, *Morristownbiller* / **Baile Mhuiris an Bhiolair**¹⁰⁹ agus *Crossmorris* / **Cros Mhuiris**¹¹⁰, mar shampla.

¹⁰⁹ LogainmID: 25966

¹¹⁰ LogainmID: 25182

Díol spéise is ea go léirítear séimhiú ar **m** caol tosaigh na Gaeilge mar -v- san fhoirm bhéarlaithe ar *Lullybeg Map*. Tá an fuaimniú céanna sin le sonrú i gcás **focal** in **b** agus **m** leathan tosaigh in *Glassevaun*, *Boleyvore* agus *Shanavoola* (*Shanevoley*) ar an léarscáil chéanna.

Bolahom

*Buaile Thom

‘the booley of the bushes’

668127 724275

1. 1770–1840

Bolahom

Lullybeg Map

Tá an áit seo suite ar bhrúach *Crabtree River*. Tugtar ‘lumpy, scrogy and wet’ mar chur síos ar an gcineál talún atá timpeall ar an áit i léarscáil *Lullybeg Map*. Mínítear an aidiacht *scroggy* mar ‘stunted, thorny; having rough, stunted branches or bushes; abounding in underwood’ in *EDD*. Is cosúil gurb é **buaile** atá sa chéad eilimint. Mínítear **buaile** ‘milking-place in summer pasturage’ in *FGB* agus mar ‘cow-house, byre; cattle-pen; (temporary) cattlefold, booley at times of summer pasturage’, in *DIL*. Dar le hÓ Fionnagáin (2022: le teacht) gurb é an bhunchiall atá le **buaile** ná ‘cattle-enclosure’ agus gurb in an chiall a chuireann sí in iúl i logainmneacha na hÉireann den chuid is mó. Cloítear leis an leagan béarla *booley* (*Foclóir.ie*) mar mhíniú ar an bhfocal sa tráchtas seo. I bhfianaise an chur síos ar an gcaighdeán talún san áit ar an léarscáil, is maith an seans gurb é **tom** ‘bush, shrub’ (*FGB*) atá sa dara heilimint agus **t** tosaigh an ainmfhocail sin séimhithe faoi thionchar an ainmfhocail bhaininscnigh **buaile**. D’fhágfadh sin **Buaile Thom** ‘booley of the bushes’ mar bhunleagan. Ní mór an leasainm Tom, díoraithe ó *Thomas* / **Tomás**, a chur san áireamh, a d’fhágfadh bunleagan in **Buaile Thom** chomh maith.

Boleyvore

An Bhuaile Mhór

‘The big booley’

667465 723901

1. 1770-1840

Boleyvore

Lullybeg Map

Tá sé seo suite ar lúb san abhainn *Crabtree River*. Tá dhá eilimint san ainm seo, *boley-* ar réadú é ar **buaile** (‘booley’) agus *-vore* a chuireann an aidiacht **mór** in iúl agus í séimhithe faoi thionchar an ainmfhocail bhaininscnigh. Dá réir sin, is cosúil gurbh é ***An Bhuaile Mhór** ‘the big booley’ bunfhoirm an logainm seo. Tá an réadú *v-* ar **mh** na Gaeilge inspéise anseo.

Crabtree River

667101 724772

- | | | | |
|----|------|---------------------|---------|
| 1. | 1838 | Crabtree River | SO 6" |
| 2. | 2019 | ḡə ,krabtri: 'rɪvər | Áit. 1. |

Ritheann an abhainn seo agus *Cushaling River* isteach ina chéile ar theorainn thuaidh an bhaile fearainn chun Abhainn Fhiodh Gaibhle a dhéanamh. Ní léir cibé acu an ainm malartach ar an abhainn seo é *Cushaghena* thíos nó nach ea. Is é atá san ainm seo ná an focal Béarla *crab-tree* ('the wild apple-tree', *OED*). Luaitear 'scrog' a bhfuil an bhrí thánaisteach 'the crab-apple tree' (*OED*) leis feadh chúrsa na habhann ar léarscáil *Lullybeg Map*.

Curragh-nacarten

'the marsh, fen of the forge, smithy'

668504 724531

- | | | | |
|----|-----------|------------------|--------------|
| 1. | 1770–1840 | Curragh-nacarten | Lullybeg Map |
|----|-----------|------------------|--------------|

Tá an pháirc seo suite ar lúb san abhainn *Crabtree River* (SO). Luaitear 'cutover peat' leis mar chineál talún ar léarscáil *EPA*. Luaitear 'pasture' leis an áit ar *Lullybeg Map*. Is cosúil gurb é **currach** 'marsh, fen' (**corrach**, *FGB*) atá sa chéad eilimint. Maidir leis an dara heilimint bhéarlaithe *-nacarten*, tá an chuma ar an scéal gurb é **ceártan**, foirm mhalartach g.u. de **ceárta** ('forge; smithy', *FGB*) atá i gceist. Is é is dóichí, mar sin, gurb é ***Currach na Ceártan** 'the marsh, fen of the forge, smithy' an bunleagan. Níl aon fhianaise ar cheárta a bheith san áit, áfach.

Cushaghena

'the *cois* of the moss'

667174 724562

- | | | | |
|----|-----------|------------|--------------|
| 1. | 1770–1840 | Cushaghena | Lullybeg Map |
|----|-----------|------------|--------------|

Tá an t-ainm seo le feiceáil ar *Lullybeg Map* thuas san áit a bhfuil *Crabtree River* ar léarscáileanna na Suirbhéireachta. Ní luaitear *Crabtree River* féin ar *Lullybeg Map*, agus tá seans ann, mar sin, gur ainm eile ar an abhainn chéanna atá in *Cushaghena*. Tá roinnt ainmneacha feadh chúrsa na habhann ar an léarscáil, agus cé gur cinnte nach ainm na habhann féin atá in ainmneacha amhail *Bolahom*, d'fhéadfadh ainm abhann a bheith i gceist le hainm dar tús *cush*. Feictear *Cushbeg* feadh chúrsa na habhann céanna faoi dhó, cuir i gcás.

Is léir gur **cois** atá sa chéad eilimint anseo. Tá **cois** (béarlaithe mar *cush*-) coitianta go maith i gceantair phortaigh sa chóngar seo, ach ní léir a bhrí. D'fhéadfadh sé gur foirm thabharthach den ainmfhocal **cos** 'leg; foot' (*FGB*) atá in **cois**. D'fhéadfadh sé seo a bheith in úsáid mar chur síos ar

Curragh na Ceártan

*Cois an Chaonaigh

chruth áite nó gné. B'fhéidir an chiall 'small measure of land; one forty-eighth of a ploughland' (*FGB*) a bheith le **cos** freisin. Tá **cois** 'a drain or cutting in a bog, made by cutting away the turf sods' in *Dinneen* agus 'at the foot of; along, beside' in *FGB*. Mhínigh Mac Giolla Easpaig (1989: 29) an mionainm **Cois an Locha** ar Reachlainn mar 'the side of the lake'. D'fheadfadh sé gur tagairt do bhruach abhann atá san ainm seo faoi chaibidil, mar sin. Díol spéise freisin an bhrí a luaitear le **cois** in ábhar ó scoil *Allenwood*, i bparóiste *Kilmeage*, lastoir den pharóiste seo, in *BNS* (0774: 345): 'A place where you see furze and rushes growing is called a cush'. Ní léir cé acu sin bríonna atá i gceist san ainm seo. Tá fianaise, áfach, ar **cois** a bheith in úsáid in ainmneacha aibhneacha agus sruthán sa mhórchéantar seo: 'a Brooke in the Red Bogg called Coshechilly', 'a Brooke commonly called Coshechilly' i bparóiste Thigh Mochua¹¹¹ (*CS*: 160) cuir i gcás. Féach freisin *Cushaling River*, i mbaile fearainn *Cushaling* / **Cois Loinge**¹¹² agus *The Cush River* i mbaile fearainn *Ballycarnan* / **Baile an Charnáin**¹¹³ i gContae Laoise. Tá baile fearainn *Cushaling* / **Cois Loinge** chomh maith le *Cushaling River* go díreach siar ó thuaidh de bhaile fearainn *Lullybeg*. Maidir leis an dara cuid den ainm in -*aghena*, is cosúil gurb é atá anseo ná an t-alt an agus an t-ainmfhocal **caonach** ('moss; peat moss' *FGB*) agus é sa tuiseal ginideach. D'fhéadfaí, dá réir sin, ***Cois an Chaonaigh** 'the **cois** of the moss' a mholadh mar bhunleagan.

Cushbeg

'the small **cois**'

668265 725050

1. 1770–1840

Cushbeg

*An Chois Bheag

Lullybeg Map

Léirítear an t-ainm seo ar léarscáil *Lullybeg Map* feadh chúrsa *Crabtree River*. Luaitear arís é tamall laistiar de seo i mbaile fearainn *Lullymore West*, feadh na habhann céanna. Ní léir cibé acu an dá ainm ar leith, nó ainm malartach ar an abhainn atá sna hainmneacha sin. D'fhéadfaí a thuairimiú go raibh *Cushaghena* mar ainm ar an gcuid sin den abhainn a ritheann ó thuaidh tar éis an gcumar le Dukes River, agus gurbh é *Cushbeg* an t-ainm ar an gcuid di roimh an gcumar sin, ar an taobh thiar. Is é ***An Chois Bheag** 'the small **cois**' bunfhoirm an ainm. Féach *Cushaghena* thuas mar a bhfuil plé ar an eilimint **cois**. Tá **An Chois Bheag** le fáil mar ainm stairiúil i *Roskeen*¹¹⁴ (BF) i gContae Laoise (*Logainm.ie*).

¹¹¹ Déantar plé ar an eilimint **cois** san iontráil a ghabhann le Cush Lower / An Chois Íochtarach (LogainmID: 28402) i gContae Laoise ar *Logainm.ie*.

¹¹² LogainmID: 25548; 41691

¹¹³ LogainmID: 28494

¹¹⁴ LogainmID: 28353

Dukes River

667849 723704

- | | | | |
|----|-------|-------------|--------|
| 1. | 1838c | Dukes River | SO 6" |
| 2. | 1908C | Dukes River | SO 25" |

Is craobh-abhainn de chuid *Crabtree River* é seo a d'éirigh i mbaile fearainn *Cappanargid* nuair a dearadh léarscáil 6" na Suirbhéireachta Ordanáis, ach is léir go bhfuil cúrsa na habhann níos giorra anois.

Is é is dóichí ná gur tagairt do Dhiúc Laighean atá san ainm. Féach go bhfuil an nóta 'disputed with the Duke of Leinster's tenants' le feiceáil ar leáscáil *Lullybeg Map* tamall ó thuaidh ón áit seo i dtuaisceart an bhaile fearainn.

Lough Beg

'the small lake'

668827 723478

- | | | | |
|----|-------|-----------|-------|
| 1. | 1838c | Lough Beg | SO 6" |
|----|-------|-----------|-------|

Tá an lochán beag seo suite i ndeisceart an bhaile fearainn. Tá sé tráite anois, agus bhí faoin am a dearadh SO 25" in 1908–9 is cosúil.

Tá bunfhoirm an logainm seo soiléir. Is iad an t-ainmfhocal **loch** ('lake', *FGB*) agus an aidiacht **beag** atá ann: ***An Loch Beag** 'the small lake'.

*An Loch Beag

Moss's Road

667232 725874

- | | | | |
|----|-----------|--------------|---------------------------------|
| 1. | 1770–1840 | Moss's Road | Lullybeg Map |
| 2. | 1810 | Moss's Road | Bog of Allen Map |
| 3. | 1904 | Moss's Road | Leinster Leader 27/8/1904: 1 |
| 4. | 1907 | Moss's Road | Leinster Express, 02/11/1907: 4 |
| 5. | 1937-8 | Mosse's Road | BNS 0774, 194 |

The road that goes along by the school is called Mosse's Road, and it leads from Clane to Edenderry.
(BNS: 0774, 194)

Léirítear an bóthar seo ar SO 6", ach é gan ainm. Ba bhóthar é a shín ó *Ballydermot House* i mbaile fearainn *Ballydermot* i gContae Uíbh Fhailí go dtí baile fearainn *Lullymore West*. Bóthar caol díreach ag dul tríd an bportach a bhí ann. Déantar tagairt don áit seo i gcomhfhreagras de chuid fhoireann na Suirbhéireachta Ordanáis:

‘Mosses Road occurs on sheets 18, 19 and 20 (King’s Co.). Is it after a man named Moss it is called? Please say whether it ought to be engraved. Reply: ‘It is called from the contractor Moss; the road is partly made and traced out; it certainly ought to be engraved and called Moss’s Road’ (Ridgeway, 1931: 229)

Leasainm díorthaithe ón ainm pearsanta *Maurice* is ea *Moss*. Féach mar shampla Maurice Ignatius ‘Moss’ Keane agus Maurice ‘Moss’ Twomey (*DIB*).

Shanavoola

‘The old booley’

667167 725635

1.	1770–1840	Shanevoley	Lullybeg Map
2.	1838	Shanavoola	SO 6”
3.	1874	Shanavoola	PR: Kildare & Ratha. 04207/10, 115
4.	1874	Shanavola	PR: Kildare & Ratha. 04207/11, 21
5.	1874	Shenavola	PR: Kildare & Ratha. 04207/11, 21
6.	1874	Shanavola	PR: Kildare & Ratha. 04207/11, 21
7.	1937-8	Shanavoola	BNS 778:170
8.	2019	ˌʃanaˈbuːlə	Áit. 1
9.	2021	ˌʃanaˈbuːlə	Áit. 11

*An tSeanbhuaile

Geadán de thalamh torthúil suite i lár portaigh atá anseo. Bhí lonnaíocht de shaghas éigin san áit go dtí na 1930í nuair bhronn Coimisiún na Talún gabháiltais bheaga ar mhuintir na háite ar an Loilíoch Mhór¹¹⁵.

Is léir gur comhfhocal de bhunadh na Gaeilge ina gcuimsítear an aidiacht **sean** (*old*) agus an t-ainmfhocal **buaile** (‘booley’) atá ann. Is cinnte gurb é ***(An t)Seanbhuaile**, ‘the old booley’ bunfhoirm an ainm. Féach go bhfuil dhá mhionainm eile i mbaile fearainn *Lullybeg* a bhfuil an chosúlacht ann gurb é buaile atá mar aicmitheoir iontu: *Boleyvore* agus *Boleyhom*.

Díol spéise is ea go gcaomhnaítear fuaimniú an **b** séimhithe sna tagairtí stairiúla ar fad, in ainneoin go bhfuil an **b** radacach le cloisteáil san fhuaimniú áitiúil. Tá réadú soiléir ar ghuta cúnta idir an dá eilimint sa chomhfhocal sna leaganacha béarlaithe agus san fhuaimniú áitiúil araon. Is gné é seo a shamhlaítear le Gaeilge na Mumhan go háirithe, féach Ó Siadhail (1989: 22). Tá guta cúnta den chineál céanna le feiceáil i mbaile fearainn *Shanacloon* / **Seanchluain** i bparóiste *Ballyshannon* in Uíbh Fhailí Thoir.

¹¹⁵ Tá cur síos ar chuid de na teaghlacha a bhí le bogadh amach as an áit go dtí an Loilíoch Mhór sa *Kildare Observer*, 23 Feabhra 1935 (*Division of Lands*)

Suíomh Éiginnte

Crutha Mor

- | | | |
|-----------|------------|-------------------------|
| 1. 1938 | Crutha Mor | BNSC 777 ¹¹⁶ |
| 2. 1937–8 | Crota Mór | BNS 0774, 216 |

D'fhéadfadh sé gurb é ***An Crochta Mór** 'the big croft' atá anseo más ea gur [*kroha] an fhuaim atá á cur in iúl ag foirm 1. Feictear idir *Croh-* agus *Crott-* (1752, Crotenree, *Noble & Keenan Co. Map, Logainm.ie*) tosaigh mar réaduithe ar **crochta** in *Crohanree* / **Crochta an Fhraoigh**¹¹⁷ i mbarúntacht na Forraí agus an Réabáin Thiar.

Coracorún

- | | | |
|-----------|-----------|---------------|
| 1. 1937–8 | Coracorún | BNS 0774, 216 |
|-----------|-----------|---------------|

D'fhéadfadh ***Currach an Ruáin** 'the marsh of the red ground, moorland'¹¹⁸ a bheith anseo. Ní mór ***Currach an Rubháin** 'the marsh of the little clearing' a chur san áireamh freisin, áfach. Luaitear **rubha** (***rubha** sa Nua-Ghaeilge) in *DIL*, agus cé go bhfuil a bhunús éiginnte, luaitear 'spur of land'; 'point of land' agus 'clearing' mar fhéidearthachtaí. D'fhéadadh sé gur leagan díspeagtha de **rubha** atá in **rubhán** san ainm seo.

Finaun

'White land?'

- | | | |
|-----------|----------|-------------------------|
| 1. 1937–8 | Finneáns | BNS 0774, 216 |
| 2. 1938 | Finaun | BNSC 777 ¹¹⁹ |

Fionnán atá anseo is cosúil. Is é 'coarse mountain grass, purple moor grass' an mhíniú ar **fionnán** in *FGB*. Is mar 'White land' a mhínigh An Donnabhánach *Finnan* / **Fionnán**¹²⁰ i gCill Chainnigh (*AL:OD, Logainm.ie*) agus mar 'whitish coloured land' a mhínigh sé *Finnaun* / **Fionnán**¹²¹ i nGaillimh.

Gorteen

'the small field'

- | | | |
|------------|---------|---------------|
| 1. 1937–38 | Gortín | BNS 0774, 216 |
| 2. 1938 | Gorteen | BNSC 777 |

*An Fionnán

*An Goirtín

¹¹⁶ Criostíona Ní Fheadhach

¹¹⁷ LogainmID: 25041

¹¹⁸ Féach **ruadhán**- 'a moorish tract.' in *Dinneen*.

¹¹⁹ Criostíona Ní Fheadhach

¹²⁰ LogainmID: 26516

¹²¹ LogainmID: 18717. Féach 'Taifead Scanáilte' 2.

***An Goirtín** ‘the small field’ atá anseo. Feictear an t-ainmfhocail seo i roinnt ainmneacha bailte fearainn in Uíbh Fhailí Thoir agus Thiar.

Lay na Gore

1. 1938 Lay na Gore BNSC 777 (ibid.)

Tá an chuma ar an scéal gur **léana** ‘lowlying grassy place, water-meadow’ (FGB) atá sa chéad eilimint anseo. Is dócha gur **gabhar** ‘goat’ (FGB) atá á chur in iúl ag an dara heilimint, a d’fhágfadh ceachtar acu ***Léana Gabhar** / ***Léana na nGabhar** nó ***Léana an Ghabhair** / ***Léana Gabhair** ‘lowlying grassy place, water-meadow of the goat(s)’ mar bhunleagan. Tá samplaí den réadú *-gore* ar **gabhar** na Gaeilge le fáil in *Farrengore* / ***Fearann Gabhar** i bparóiste Chill Dara. D’fhéadfaí **garbh** ‘rough’ (FGB) a chur san áireamh chomh maith. Feach *Lenagorra* / **An Léana Garbh** in Uíbh Fhailí Thiar.

Doire Du

‘the black oak wood’

1. 1938 Doire Du BNSC 777 (ibid.)

***An Doire Dubh** ‘the black oak wood’ atá anseo, de réir dealraimh. Féach go bhfaightear an réadú [du:] ar **dubh** in *Capdoo* / **An Ceap Dubh**¹²² i mbarúntacht **Chlaonta**.

Geata Bwee

1. 1937–8 Geata Buidhe BNS 0774, 216
2. 1938 Geata Bwee BNSC 777 (ibid.)

Is léir gurb é ***An Geata Buí** ‘the yellow gate’ atá i gceist anseo. Níl aon sampla de ***An Geata Buí** i mBunachar Logainmneacha na hÉireann, ach tá **An Geata Bán**¹²³ réasúnta coitianta. Faightear an t-ainm páirce *The Yellow Gate* i gContae na hIarmhí (*Meitheal Logainm*).

Coileen

1. 1938 Coileen BNSC 777 (ibid.)

D’fhéadfadh an ***An Choillín** ‘the small wood’ a bheith anseo.

Crocaun

‘the hillock’

1. 1938 Crocaun BNSC 777 (ibid.)

***An Cnocán** ‘the hillock’ atá anseo is cosúil

¹²² LogainmID: 25738

¹²³ *Gattabaun* / **An Geata Bán** (LogainmID: 117011) i gCill Chainnigh, mar shampla

P: Dunmurry / Dún Muire

Baile Fearainn: Carrickanearla / Carraig an Iarla

LogainmID: 25791



Figiúr 14: Carrickanearla / Carraig an Iarla. Bonnleársaí: 2016, ©Google.

Chair of Kildare

671917 717366

1.	1750	The Earls Chair	Medlicott Papers PC502 ¹²⁴
2.	1760c	The Earls Chair	Kildare Est. ¹²⁵
3.	1837	Chair of Kildare	SO 6"
4.	1876	the Chair Of Kildare	Leinster Express 22/04/1876; Ich 5
5.	1876	the Chair	Leinster Express 22/04/1876; Ich: 5
6.	1892	The Chair	Dog Licences ¹²⁶
7.	1898	the Chair Of Kildare	Leinster Leader, 01/01/1898; Ich: 8

¹²⁴ "A Map of Carrick an Earl, part of Dunmurry Black and Miller Hills near the town of Kildare as surveyed and set out by Thomas Emerson in the years 1677 being part of the estate of the Right Honorable James Earl of Kidare surveyed in April 1750 by Rob Gibson"

¹²⁵ Survey of Carrickanearla

¹²⁶ Patrick Doyle

8. 1903	The Chair	Leinster Leader, 21/11/1903; Ich: 8
9. 2019	[d̪əˈtʃɛːr]	Áit.4
10. 2019	[d̪əˈtʃɛːr]	Áit.1

Is cnoc íseal é seo atá suite idir *Dunmurry Hill* agus *Grange Hill*. Tá tulán créafóige ar bharr an chnoic (SSN, KD017-028002-). Luadh fothrach caisleáin ar an láthair sa 17ú haois in *Emerson BoR* (38). Is léir ó na foirmeacha is luaithe den ainm go raibh baint ag an láthair le hIarlaí Chill Dara. Is cosúil freisin gur láthair oirnithe a bhí ann agus mhair scéalta sa traidisiún áitiúil aníos go dtí deireadh an 19ú haois ar a laghad, mar a léiríonn an méid seo ó Walter Fitzgerald:

a town of Kildare jarvey gave ... a garbled story about how in former times the Earls of Kildare used to crown the Kings of Leinster on this rock... (1891: 148).

In alt eile a scríobh sé ar an ábhar in *JCKAS*, tuairimíonn Fitzgerald (1914: 327) gur láthair oirnithe do thaoisigh Ó bhFailge a bhí i gceist. Ní léir céard dó go díreach a dtagraíonn an focal Béarla *chair* san ainm, don charraig féin seans.

Clocharinka

‘the stone of the dancing’

1. 1914	Clocharinka	JCKAS, VII, 5, 329
---------	-------------	--------------------

“Clocharinka” (i.e., the stone of the dancing) which is applied to a large flat rock, the scene in former times of dancing to the music of fiddle and bag-pipes... Both of these places lie on the Hill of Grange side of the Carrickanearla townland (JCKAS: VII 5, 329).

***Cloch an Rince** ‘the stone of the dancing’ atá anseo gan amhras. Tá ionad daonra den ainm céanna i mbarúntacht Chairbre in iarthuaisceart an chontae¹²⁷.

Poulnaleebaun

1. 1914	Poulnaleebaun	JCKAS, VII, 5, 329
2. 1937-8	The Witches Cave	BNS, 0775, 451

He also informed me that there is a tradition that an underground passage runs from “the Chair” to a Cave called “Poulnaleebaun” which is situated near some squatters’ cabins on the east side of the Hill of Grange (JCKAS: VII, 5, 329).

D’fhéadfadh sé gurb é ***Poll na Lao Bán** ‘hole of the white calves’ bunús an ainm seo. Tá an chuma ar an scéal gurb ionann é agus ‘The Witches Cave’ a luaitear sa sliocht seo ó *BNS* (0775, 451):

¹²⁷ LogainmID: 109022

The Witches Cave is situated in the townland of Grange. Parish of Allen, and barony of Connel. It is a vast square cave under a rock with a small hole for an entrance. It is said that an object in the form of a white calf comes out of it every seventh year and if anyone catches him they will have to go in with him.

Ní mór a chur san áireamh, áfach, gur athmhíniú atá sa scéal sin ar an ainm agus gurb é **leadhbán** (1. Small strip; shred, tatter. 2. Tattered person. 3. Simpleton, clown, *FGB*) atá sa dara heilimint agus gurb é ***Poll na Leadhbán** – ‘the hole of the small strips’ bunfhoirm an ainm. Is é **Poll an Leadhbáin** an fhoirm Ghaeilge atá molta ag an Brainse Logainmneacha don mhionainm *Poulaleebaun*¹²⁸ i gContae Luimnigh.

Tá an défhoghar [au] san fhocal **poll** le tabhairt faoi deara anseo. Is cosúil go bhfuil an fhorbairt chéanna le sonrú in *Poullaun Island (SO 25'')* in *Riverstown (BF)* in Uíbh Fhailí Thiar.

Tober-oysteen

*Tobar Aibhistín

‘St. Augustine’s Well’

- | | | |
|---------|--|--------------------|
| 1. 1914 | Tober-oysteen | JCKAS, VII, 5, 329 |
| 2. 1934 | Tubber Oysteen or St. Augustine’s Well | CBÉ 0468, 0051 |

the name of a now dry well...Both of these places lie on the Hill of Grange side of the Carrickanearla townland (JCKAS: VII, 5, 329)

Tobar (‘well’, *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo. Tá gach cuma ar an scéal gurb é ainm pearsanta an naoimh **Aibhistín** (‘Augustine’, *SGG*, 46) atá sa dara heilimint agus gurb é ***Tobar Aibhistín** ‘St. Augustine’s Well’ bunfhoirm an ainm. Tá tobar den ainm **Tobar Aibhistín**¹²⁹ ar bhruach Loch an tSáile i gCathair na Gaillimhe.

The Earls Well

671903 717355

- | | | |
|----------|-----------------|---------|
| 1. 1838C | The Earls Well | SO 6'' |
| 2. 1908c | The Earl’s Well | SO 25'' |

A spring emerges from the base of low rock outcrop and fills a shallow, circular pool (diam. 2m; D 0.3m) which is retained along the NE side by a short length of partially collapsed dry-stone walling’ (SSN: KD017-028003-).

¹²⁸ LogainmID: 1415382

¹²⁹ Féach *BNS* 0004, 437 ‘Tobar Aibhistín’

Tá sé seo suite in aice le *Chair of Kildare* agus is dócha go bhfuil baint ag an ainm seo le hIarlaí Chill Dara chomh maith.

Farekinall

*Féar Cinn Aille

‘the pasture at the top of the cliff’

- | | | |
|---------|------------|----------------------|
| 1. 1674 | Farekinall | Emerson BoR, 39 |
| 2. 1674 | Firkinall | Emerson Contents, 39 |

Ní léir suíomh beacht na háite seo, ach bunaithe ar an eolas seo thíos bhí sé suite áit éigin thart ar an teorainn idir bailte fearainn *Carrickanearla* agus *Conlanstown*:

Farekinall a parcel of pasture claimed by Charles White esq as belonging to Conlinstown though ye anchant & knowing man wch showed ye bounds saith it is parte of Carrickanearle. The parcel in differeance is bounded on ye south and east with Carrickanearl and on ye North wth a Common Mountaine to severall townes and only on ye Northwest point wth Codolstowne and on ye southwest wth Kilmony Containes 12=2=00

Is cinnte gur logainm ilfhoclach de bhunadh na Gaeilge atá anseo, ach tá teorainn na bhfocal agus an méid focal atá san ainm doiléir. Maidir leis an gcéad eilimint, d’fhéadfadh **Féarach** (*grassland; pasture*) a bheith i gceist. Is mó an seans, áfach, gurb é **féar** sa chiall ‘grass-lands, pastures’ (*DIL*) atá ann, toisc go gcuireann foirm 2 céad eilimint aonfhoclach in iúl. I dtaca leis an dara cuid den ainm in - (*k*)*inall*, d’fhéadfadh eilimint amháin nó dhá eilimint a bheith ann. Tá *kinal*- le feiceáil mar réadú ar an ainmfhocal **cineál** (‘race; family’, *FGB*) i gcúpla logainm sa tír (*Kinalea* / **Cineál Aodha**¹³⁰, barúntacht i gCorcaigh, cuir i gcás), ach níl aon sampla den fhocal seo in úsáid mar cháilitheoir, mar a bheadh i gceist anseo. D’fheadfaí **an aill** a chur san áireamh don dara cuid den ainm chomh maith, ós rud é gurbh ann d’fhoirmeacha neodracha agus firinscneacha de **aill** freisin: ***Féarach an Aill** ‘the pasture of the cliff’. Féidearthacht eile anseo na **Cinn Aille** ‘the top of, head of the cliff’ agus an siolla deiridh balbh agus é gan bhéim. Tá fána an-ghéar ar thaobh cnoic i mbaile fearainn *Carrickanearla*, agus d’fhéadfadh go bhfuil baint ag an ngné seo leis an ainm. Mar sin, d’fheadfaí an t-ainm a mhíniú mar seo a leanas ***Féarach Cinn Aille** ‘the pasture at the top of the cliff’) ach seans gur mó an dealramh a bheadh le ***Féar Cinn Aille** ‘the pasture at the top of the cliff’.

BF: Dunmurry East / Dún Muire Thoir

LogainmID: 25792

¹³⁰ LogainmID: 33



Figiúr 15: Dunmurry East / Dún Muire Thoir agus Dunmurry West / Dún Muire Thiar. Bonnleársaí: 2016, ©Google.

Rahinmurwho

‘the little rath of Murchadh?’

672580 715411

1.	1769	Rahinmurwho	Medlicott Papers PC535
2.	1773	Rahinmurwho	CGn. 296.266.196329 ¹³¹
3.	1852	Rahinmor	Medlicott Papers PC502

that part of Dunmurry know by the name of Longland formerly held by William Byrne together with a field adjoining the said lands known by the name of Rahinmurwho (Medlicott Papers: PC535).

Is cosúil gurb é **ráithín** ‘little rath’ atá i gcéad eilimint an ainm seo. Is e is dóichí ná gurb é an ghné atá i gceist ná an t-imfhálú (SSN: KD022-004----) in iardheisceart an bhaile fearainn.

¹³¹ That and those lands of Dunmurry known by the name of Loughland formerly held by Mr William Byrne together with the field adjoining the said land known by the name of Rahinmurwho situate and lying and being in the Barony of Eastern Ophaly

Is cosúil gur réadú béarlaithe ar an ainm pearsanta **Murchadh** ‘‘‘sea-battler’’... one of the more popular early Irish names’ (GPN: 142) atá sa dara heilimint. D’fhágfadh sin bunfhoirm in ***Ráithín Mhurchadha** ‘the little rath of **Murchadh**’.

BF: Dunmurry West / Dún Muire Thiar

LogainmID: 25793

Long Lands

672012 715374

1.	1769	Long Lands	Medlicott Papers PC535
2.	1771	Longland	Medlicott Papers PC535
3.	1773	Longland	Medlicott Papers PC535
4.	1815	Longland	Medlicott Papers PC535
5.	1826	Long Land	TAB
6.	1826	Long Land	TAB
7.	1852	Longland	Medlicott Papers PC502
8.	1852	Longland	Medlicott Papers PC502

An chuid de bhaile fearainn *Dunmurry West* atá buailte le *Rahilla Glebe*. Stráice fada caol talún atá i gceist, agus is dócha gur tháinig an t-ainm ó chruth an aonaid. Faightear páirceanna den ainm céanna i Sasana (EFN: 258).

P: Feighcullen / Fiodh Cuilinn

LogainmID: 1172

BF: Drumsru / Droim Sruith

LogainmID: 25532



Figiúr 16: Drumsru / Droim Sruith. Bonnleársaíl: 2016, ©Google.

The Lug

'the hollow'

671863 721523

1. 1937-8 The Lug

*An Log

BNS 0777, 139

The Lug about ¼ mile to the north of the school has a pond with a shallow hole in its middle (BNS: 0777, 139).

Is cosúil gurb ionann an ghné a luaitear in *BNS* agus 'A small, shallow, oval depression (diams. 20m NW-SE; 15m NE-SW; D 0.8m) appears to be a pit or pond' a luaitear in *SSN* (KD017-042----). Is é ***An Log** 'the hollow' bunús an ainm.

Suíomh Éiginnte

Tugtar liosta ainmneacha san imleabhar a bhaineann leis an scoil i mbaile fearainn *Bostoncommon* / **Coimín Bhostúin**¹³² sa pharóiste seo in *BNS*. Ní léir suíomh dóibh, agus ní thugtar aon mhíniú nó comhthéacs ina dtaobh. Tugtar na hainmneacha seo faoin teideal ‘Field Names’.

Corcar Rua

‘the red stall/pen’

1. 1937-8 Corcar Rua BNS 0777, 139

Carcair atá sa chéad eilimint anseo, is cosúil. Tá bríonna éagsúla leis an ainmfhocal sin, lena n-áirítear ‘prison, place of confinement’, ‘stall, pen’, ‘large stump; large rock’, ‘(steep) incline’ (*FGB*). Is fearr a réiteodh an bhrí ‘stall, pen’ le hainm páirce. ***An Charcair Rua** ‘the red stall/pen’ bunús an ainm.

*An Charcair Rua

Gleann na muc

‘the glen of the pigs’

1. 1937-8 Gleann na muc BNS 0777, 139

***Gleann na Muc** ‘the glen of the pigs’ atá anseo.

*Gleann na Muc

Log na Rían

‘the hollow of the tracks’

1. 1937-8 Log na Rían BNS 0777, 139

Tá an chuma ar an scéal gur ***Log na Rian** ‘the hollow of the tracks’ atá san ainm seo.

*Log na Rian

Lug a Thanah

1. 1937-8 Lug a Thanah BNS 0777, 139

Ní fios an tagairt é seo do **Lugnatana* (lch 218) in *Ellistown* nó an áit eile ar fad é, ach tá an chuma ar an scéal gurb ionann an dá ainm ó thaobh foirme de.

The Creabac

1. 1937-8 The Creabac BNS 0777, 139

Ós rud é go bhfuil fianaise ar dhíshrónaíl **cn** > **cr** sa cheantar seo, d’fhéadfadh sé gurb é **cnapach** ‘Lumpy; knobby, gnarled’ (*FGB*) atá anseo.

¹³² LogainmID: 25524

The Cruacáwns

1. 1937-8 The Cruacáwns BNS 0777, 139

Chuirfeadh an fhoirm seo ***An Cruachán** ‘the (small) stack’ (*FGB*) in iúl, ach ní mór ***An Cnocán** ‘the hillock’ a chur san áireamh freisin. Ní féidir foirm san uimhir iolra amhail ***Na Cruacháin** ‘(small) stacks’ nó ***Na Cnocáin** ‘the hillocks’ a chur as an áireamh ach an oiread. Go minic, cuirtear –s iolra an Bhéarla le logainm Gaeilge tar éis don aonad a bhaineann leis an ainm a bheith foroinnte ar bhealach éigin, ach i gcásanna eile úsáideadh é ar an tuisctint go raibh an bunlogainm Gaeilge san iolra (Mac Gabhann, 1997: 28; 306). Is ann do shamplaí sa cheantar staidéir seo ina bhfuil fianaise ar fhoirmeacha don ainm céanna san uimhir uatha agus san uimhir iolra. Féach Boggawn (lch 204) agus *The Coraghans* / ***An Currachán** (lch 307) mar shampla.

The Dréenaún

*An Draighneán

‘the blackthorn’

1. 1937-8 The Dréenaún BNS 0777, 139

Is cosúil gurb é **draighneán** ‘blackthorn’ (*FGB*) atá i gceist anseo. Is é is dóichí ná gurb é an foghar [i:] atá á chur in iúl ag na gutaí -ée- san ainm. Féach gur bhailigh foireann na Suirbhéireachta Ordanáis an fhoirm áitiúil *Dreenanstown* (1837: *pron:AL, Logainm.ie*) don bhaile fearainn *Drinnanstown North* / South / **Baile an Draighneáin Thuaidh** / **Theas** sa pharóiste seo a chuirfeadh an foghar céanna in iúl.

The Garóuges

1. 1937-8 The Garóuges BNS 0777, 139

Tá an chuma ar an scéal gurb é **garbhóg** ‘course object or person’ (*FGB*) atá san ainm seo. Tá baile fearainn den ainm *Garvoge* / **An Gharbhóg**¹³³ i bparóiste *Ballynafagh* i mbarúntacht Chlaonta. Bheadh bá an -bh- láir inspéise más ea. Feictear an fhorbairt chéanna i gcuid de na foirmeacha stairiúla de *Garvoge* (1669: Garroocke, *ASE*, 200, *Logainm.ie*, cuir i gcás) agus i roinnt logainmneacha i gContae Laoise (*Garrough* / **Garbhach**¹³⁴, mar shampla). Ní mór **gearróg** ‘short drill or furrow’ (*FGB*) a chur san áireamh chomh maith.

The Kisháwn

*An Ciseán

‘the little causeway?’

1. 1937-8 The Kisháwn BNS 0777, 139

¹³³ LogainmID: 26089

¹³⁴ LogainmID: 28855

Is é **ciseán** bunús an ainm seo, de réir cosúlachta. Mínítear **ciseán** mar ‘(wicker) basket.’ in *FGB* ach is dócha gur foirm dhíspeagtha den ainmfhocal **cis** leis an mbrí ‘plaited or crossed twigs as support for causeway’ (*FGB*) atá anseo. Féach go luaitear roinnt tóchar sa phortach i mbaile fearainn *Lullymore East*.

The Shéeauns

*An Sián

‘the fairymound’

- | | | | | |
|----|--------|--------------|-----|-----------|
| 1. | 1937-8 | The Shéeauns | BNS | 0777, 139 |
|----|--------|--------------|-----|-----------|

D’fhéadfadh sé gurb é ***An Sián** ‘the fairymound’ bunús an ainm seo, ach ní mór foirm iolra in ***Na Siáin** ‘the fairymounds’ a chur san áireamh fresin. Féach an plé faoi –s iolra an Bhéarla i logainmneacha Gaeilge faoi *The Cruacáwns* (lch 109). Tá baile fearainn den ainm **An Sián / Sheean** i bparóiste *Rathangan*.

The Shesroons

- | | | | | |
|----|--------|---------------|-----|-----------|
| 1. | 1937-8 | The Shesroons | BNS | 0777, 139 |
| 2. | 1937–8 | the Sessún's | BNS | 0774, 216 |

Seans go bhfuil baint ag an ainm seo leis an ainmfhocal **seisreach** ‘(of land measure) Ploughand’. D’fhéadfadh sé chomh maith gur foirm dhíspeagtha gan urrús de **seiseadh** (‘sixth part (of land)’, *Logainm.ie*¹³⁵) atá i gceist. Bheadh sé le cur i gcomparáid le baile fearainn *Sheshoon / Seisiún*¹³⁶ i bparóiste *Ballysax*, nach léir a bhunús freisin.

P: Grangeclare / Gráinseach Chláir

LogainmID: 1176

BF: Grangeclare / Gráinseach Chláir

LogainmID: 25591

*Ceann Cláir

‘the head of the plain’

- | | | | |
|----|-------|---------------|--------------|
| 1. | 1100c | i Cind Chlair | FSÁG: IV, 69 |
|----|-------|---------------|--------------|

Tuairimítear suíomh sa bhaile fearainn seo do *Cind Chlair* (**Ceann Cláir**) in *FSÁG*. Tá bríonna éagsúla le **ceann** sna logainmneacha. Ina measc siúd tá ‘a cape or headland’, ‘a hill or a mountain top’, ‘an

¹³⁵ Féach *Sheshia / Sheshia*, Co. an Chláir (5682).

¹³⁶ LogainmID: 25665

end-point, often the head of a sea-inlet' agus 'a fancied resemblance to an animals head' (FSÁG: IV, 67).

P: Kildare / Cill Dara

LogainmID: 1187

BF: Cloghgarret Glebe / Cloch Ghearóid

LogainmID: 25854

Farancross

'the land of the cross'

1.	1750	Farancross	CGn.	141.368.95834
2.	1750	Faranacrosse	CGn.	144.5.96219
3.	1829	Farranacross	CGn.	819.276.568276
4.	1887	Farranacross	Leinster Express, 11/06/1887 ¹³⁷	

*Fearann na Croise

Cloughgarald, Gourtigris, and Farranacross, known on the Ordnance Survey as Coughgarret Glebe, containing 62a. 2r. 20p. (Leinster Express: 11/06/1887)

Is é **fearann** ('land') atá sa chéad eilimint anseo, agus is é **cros** ('cross', *FGB*) atá sa dara heilimint. D'fhéadfadh séadchomhartha, mar atá i gcás bhaile fearainn *Crossmorris* / **Cros Mhuiris**¹³⁸ i bparóiste *Lackagh*, crosbhóthar, nó talamh eaglasta a bheith i gceist le **cros**. Níl aon fhianaise seandálaíochta ar chros sa bhaile fearainn seo. Tá crosbhóthar i gcúinne iarthuaisceart an bhaile fearainn, agus d'fhéadfadh sé gurb in an ghné a thug ainm don áit. Úsáidtear an focal Béarla *cross* chun talamh eaglasta a chur in iúl san ainm *Crosslands*¹³⁹ i Loch Garman: 'The term *Crossland* was apparently sometimes used to refer to church property' (Ó Cruaíoch & Mac Giolla Chomhghaill 2016: 799). B'fhéidir go bhfuil a leithéid de bhrí i gceist san ainm seo chomh maith. Léiríonn an téarma *glebe* 'A portion of land assigned to a clergyman as part of his benefice' (*OED*) in ainm an bhaile fearainn gur talamh eaglasta a bhí ann tráth. Tá réadú soiléir ar an alt i bhfoirmeacha 2 agus 3 thuas agus tá an chosúlacht ar an scéal gurbh e ***Fearann na Croise** 'the land of the cross', bunfhoirm an ainm. Ní féidir a rá le cinnteacht céard dó a dtagraíonn **cros** san ainm, áfach.

¹³⁷ *Chancery Division - Land Judges - General Notice to Claimants*

¹³⁸ LogainmID: 25182

¹³⁹ LogainmID: 54202

Gourtraghnis

'the field of the little raths'

1.	1750	Gourtraghnis	CGn.	141.368.95834
2.	1750	Gourtraghnis	CGn.	144.5.96219
3.	1767	Gowrtraghnis	CGn.	268.92.168613
4.	1814	Gurtrahins	CGn.	674. 105.464066
5.	1827	Gourtraghnis	CGn.	822.250.553385
6.	1829	Gourtiaghnes	CGn.	819.276.568276
7.	1887	Gourtigris	Leinster Express, 11/06/1887	

Cloughgarrauld, Gourtigris, and Farranacross, known on the Ordnance Survey as Coughgarret Glebe, containing 62a. 2r. 20p. (Leinster Express: 11/06/1887)

Is cosúil gurb é **gort** ('field', *FGB*) atá sa chead eilimint. Ní léir cé acu *-raghins* / *-rahins* nó *-raghnis* leagan bunaidh an dara heilimint, nó an foirmeacha malartacha iad. Is féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil foirmeacha 6 agus 7 earráideach. D'fhéadfadh sé gur **ráithín**, foirm dhíspeagtha de **ráth** ('earthen rampart; 'earthen ring-fort', 'rath', *FGB*) atá i bhfoirmeacha 2 agus 4 agus gur *-s* iolra an Bhéarla ba chúis leis an *-s* deiridh. Tá *raghin* le fáil mar bhéarlú ar **ráithín** na Gaeilge in *Coolraheen* / **Cúil Ráithín**¹⁴⁰ (1667: *Coolraghin*; ASE, 139, *Logainm.ie*) i Loch Garman agus *Ballyraheen* / **Baile an Ráithín**¹⁴¹ / (1643: *Balliraghin*; Dep. 1641, *Logainm.ie*) i gCill Mhantáin. Níl aon fhianaise stairiúil ar imfhalú sa bhaile fearainn seo, ach tamall soir uaidh, i mbaile fearainn *Curragh*, tá 12 imhfhalú beag a bhfuil an chosúlacht orthu gur fearta fáinneacha iad (SSN: KD022-065006). D'fhéadfaí buille faoi thuairim a thabhairt gurbh é ***Gort Ráithíní** ('the field of the little raths') bunleagan an ainm. Maidir le foirmeacha 1, 3 agus 5, d'fhéadfadh sé gurbh é **raithní**, g.u. **raithneach** ('fern, bracken', *FGB*) atá taobh thiar de na foirmeacha sin: ***Gort Raithní** 'the field of the ferns'. Is dócha gur botún tras-scríofa atá i bhfoirm 6 *Gourtiaghnes* do **Gourtraghnis*. Sa chás seo, ní mór glacadh leis gur *s* iolra an Bhéarla is cúis le *-s* deiridh sna foirmeacha stairiúla ar fad, agus gur tagairt do fho-ranna san aonad atá i gceist. Níor thángthas ar aon fhoirm bhéarlaithe de **raithní** in *ragh-* tosaigh i mBunachar Logainmneacha na hÉireann, áfach, agus dá bharr sin, moltar ***Gort Ráithíní** mar bhunleagan anseo, ach ní féidir ***Gort Raithní** a chur as an áireamh go hiomlán

Tá na réadaithe stairiúla ar an ainmfhocal **gort** in *Gourt-* agus *Gowrt* tríd síos inspéise, agus is cosúil go léiríonn siad fuaimniú canúnach sa Ghaeilge áitiúil. Tá an réadú seo ar **gort** neamhchoitianta, ach

¹⁴⁰ LogainmID: 53751

¹⁴¹ LogainmID: 55951

tá corrrshampla de i logainmneacha i gContaetha Shligigh agus Chorcaí: *Gortersluin* / **Gort ar Slinn**¹⁴² (1836: *Gourterslin*; TAB:AL, *Logainm.ie*) agus *Gortnaloughra* / **Gort Luachra**¹⁴³ (1656: *Gourthnoghery*; CS VI, 337, *Logainm.ie*). Bíonn défhoghar den chineál seo ar fail i nGaeilge Chonamara roimh **-rd** (**bord**) agus **-rr**, (**corr**) (Hickey, 2011: 273).

BF: Collaghknock Glebe / Cnoc na gCailleach

LogainmID: 25855

Glanbrattas

‘the meadow of the brattice’

1. 1674	Glanbrattas	Emerson Contents, 26
2. 1674	Glanbrattas	Emerson BoR, 26
3. 1674	Glanbrittass	Emerson Contents, 26
4. 1763	Cloonbrittas otherwise Callaghknack	RSBCK ¹⁴⁴
5. 1763	Glanbrettas	RSBCK ¹⁴⁵
6. 1768	Glanbrettas ¹⁴⁶	RSBCK ¹⁴⁷
7. 1768	Gurteen Kallaghknock & Glanbrettas ¹⁴⁸	RSBCK ¹⁴⁹
8. 1800c	Glanbrittass or Clonbretass	RSBCK ¹⁵⁰

*Cluain Briotáis

Is fo-aonad de chuid bhaile fearainn *Collaghknock Glebe* é seo, ach ní léir go díreach cén suíomh a bhí i gceist.

Chuirfeadh *Glan-*, atá le feiceáil i bhformhór na dtagairtí stairiúla thuas, an t-ainmfhocal **gleann** (**glenn**: ‘a valley’, ‘a hollow’; *DIL*) in iúl, ach tá an chuma ar an scéal gur réaduithe ar **cluain** (‘meadow, pasture-land, glade’, *DIL*) atá in *clon-* agus *cloon-*. Déantar **g-** tosaigh **gleann** a athrú go **c-**, agus **c-** tosaigh **cluain** a athrú go **g-** i bhfoirmeacha béarlaithe logainmneacha go minic. Tá an dá fhorbairt seo le feiceáil in ainmneacha amhail *Clonswords* / **Gleann Soird**¹⁵¹ i mBaile Átha Cliath agus

¹⁴² LogainmID: 45577

¹⁴³ LogainmID: 11258

¹⁴⁴ ‘A map of Cloonbrittas otherwise Callaghknack in the liberty of Kildare being a part of the estate belonging to the Dean and Chapter of Kildare’.

¹⁴⁵ Ibid. ‘map of Glanbrettas’ scríofa ar chúl na léarscáile

¹⁴⁶ ‘Other 16 acres by the name of Glanbrettas being a free & peculiar common unto the said Dean and Chapter in gernerall.’

¹⁴⁷ Bosca: Kildare Cathedral Estate Papers: ‘A Case Started’

¹⁴⁸ ‘88 acres or thereabouts of land commonly called by the names of Gurteen Kallaghknock & Glanbrettas’

¹⁴⁹ Bosca: Kildare Cathedral Estate Papers: ‘A Case Started’

¹⁵⁰ Kildare Cathedral Estate Papers: Subscription Roll: Index

¹⁵¹ LogainmID: 16739

Glanduff / **An Gleann Dubh**¹⁵² (1655: *Clonduff(e) DS, Logainm.ie*) i gCorcaigh i dtaca le **gleann** agus *Clonegath* / **Cluain Ga**¹⁵³ (1569: *Glangae, F, Logainm.ie*) i bparóiste Mhainistir Eimhín agus *Glennaglass* / **Cluain Dá Ghlas**¹⁵⁴ i gContae Laoise i gcás **cluain**. Tá stráice fada caol talún atá níos ísle ná an talamh soir ó dheas agus siar ó thuaidh de in oirthear an bhaile fearainn seo, agus más **gleann** atá sa chead eilimint, b'fhéidir gurb é sin an ghné atá i gceist. Tá sé le tabhairt faoi deara freisin go luaitear ainm eile sna foinsí stairiúla sa chongar seo a bhfuil an eilimint **gleann** mar chuid de: *Glinland*. Maidir le foirm 4, tá réadú soiléir ar an nguta [u:] le sonrú, agus ní dócha go bhféadfadh **gleann** a bheith taobh thiar di sin. Is cosúil go léiríonn an fhoirm sin gur **cluain** a bhí san ainm ó cheart, ach tá seans maith ann go raibh dhá ainm sa chúrsaíocht, ceann dar tús **cluain**, agus ceann dar tús **gleann**, ar ghnéithe éagsúla, b'fhéidir. Is é an t-ainmfhocal **briotás** (**briotáis** - 'wooden parapet', *FGB*) atá sa dara heilimint. Is de bhunadh *bretesche* na Sean-Fhraincise é **briotás** a ndéantar *brattice* de sa Bhéarla (*IPN*: 33). Níl aon fhianaise seandálaíochta ar a leithéid sin de ghné sa bhaile fearainn agus is dócha go bhfuil an baile fearainn seo rófhada lastoir de Bhaile Chill Dara féin le go bhféadfadh an briotás seo a bheith mar chuid de bhalla cosanta an bhaile. Dealraíonn sé, mar sin, gurb é ***Cluain Briotáis** 'the meadow of the brattice' bunfhoirm an ainm, ach ní féidir ***Gleann Briotáis** 'the glen of the brattice' a chur as an áireamh go hiomlán. Is beag logainm a bhfuil **cluain** mar chéad eilimint ann a cumadh níos deireanaí ná an 12ú haois (Ó Cearbhaill, 2010: 12), ach is cinnte gur deireanaí ná sin a bheadh ***Cluain Briotáis**, agus cáilitheoir de bhunadh Angla-Normannach san ainm.

Glinland

'the glen'

1.	1674	Glinland
2.	1674	Glinland
3.	1684	glinland
4.	1744	Glum Land
5.	1744	Glumland
6.	1746	Glinn Land
7.	1746	Glumland
8.	1775	Glinnland

*An Gleann

	Emerson Contents, 26
	Emerson Contents, 26
	Rent Roll
CGn.	117.242.80637
CGn.	115.328.80638
CGn.	123.86.8368011
CGn.	126.32.85272
CGn.	304.547.206097

¹⁵² LogainmID: 8188

¹⁵³ LogainmID: 25201

¹⁵⁴ LogainmID: 28358

A parcel of land called Glinland The east end on the Curragh near Tougheriske. 05 03 00 (Emerson Contents: 26)

Bunaithe ar an gcur síos thuas in *Emerson Contents*, bhí an áit seo in oirthear an bhaile fearainn. Is dócha gur botún cóipeála bunaithe ar mhíthuiscint idir na carntha *-inn* agus *-um* faoi deara foirmeacha 4, 5 agus 7 in *glum-*. Is cosúil, mar sin, gurb é atá taobh thiar de na foirmeacha béarlaithe in *Glinn-* ná **glinn**, foirm thabharthach uatha den ainmfhocal gleann ('valley', 'hollow', *DIL*). Is cosúil, mar sin, gurb é ***An Gleann** 'the glen', bunús an ainm.

Gorteen

'the little field'

1. 1734	Gurteen	RSBCK ¹⁵⁵
2. 1802	Gurteen	RSBCK ¹⁵⁶
3. 1831	Gurteen & Kallaghknock	RSBCK ¹⁵⁷
4. 1831	Lands of Collaghknock alias Gurteen	RSBCK ¹⁵⁸
5. 1831	Gurteen alias Collaghknock	RSBCK ¹⁵⁹
6. 1854	Gorteen & Collaghknock	RSBCK ¹⁶⁰

*An Goirtín

Ní léir cé acu an *alias* é seo ar bhaile fearainn *Collaghknock Glebe* mar a thugtar le fios i bhfoirmeacha 4 agus 5 nó ainm ar leith mar a thabharfadh foirmeacha 3 agus 6 le fios. Cibé ar domhan é, is léir gur thagair an t-ainm d'áit éigin i mbaile fearainn sin *Collaghknock Glebe* mar atá inniu, ach níl an suíomh beacht ar eolas.

Is foirm dhíspeagtha den ainmfhocal **gort** ('field', *FGB*) é **goirtín** a chiallaíonn 'little field'. Is é ***An Goirtín** 'the little field' bunfhoirm an ainm, mar sin.

¹⁵⁵ Bosca: *Kildare Cathedral Estate Papers: Subscription Roll: Index*

¹⁵⁶ Bosca: *Kildare Cathedral Estate Papers: Subscription Roll: Index*

¹⁵⁷ Bosca: *Kildare Cathedral Estate Papers: Proposal for new lease*


¹⁵⁸ Bosca: *Kildare Cathedral Estate Papers*. Litir: 18th Dec 1831

¹⁵⁹ *Survey of Gurteen alias Collaghknock in the Parish of Kildare, Barony of Eastern Offaly by Charles Greene.*

¹⁶⁰ Bosca: *Kildare Cathedral Estate Papers.: Valuation of Gorteen and Collaghknock in the Parish of Kildare, Barony of East Offaly and County of Kildare.*

BF: Brallistown Commons / Coimín Bhraichleasáin

LogainmID: 25852



Figiúr 17: Brallistown Commons / Coimín Bhraichleasáin. Bonnleársaíl: 2016, ©Google.

Bratog

673101 710813

1. 1930c?

Bratog

*An Bhratóg

CBÉ, MS 468, 40

There is a St. Brigid's Well at Brallistown Commons, near Tully, Kildare...A small stream called Bratog flows into the well... (Cnuasach Bhéaloideas Éireann: MS 468, 40, ceadaithe in Jackson, P. (1979, 156)).

Ní dócha gurb ionann seo agus *Brathogue* (Ich 127) atá marcáilte ar *SO Cassini* tamall siar ó thuaidh i mbaile fearainn *Greyabbey*, murach gur marcáladh an t-ainm sin ar an áit chontráilte ar an léarscáil. Tá an fhianaise gann, ach is cosúil gurb é **bratóg** ('small cloak', 'covering'; 'rag'. *FGB*) atá san ainm. Seans, mar sin, gur tháinig an t-ainm seo ón tobar é féin. Crochtar scaifeanna ar chrann in aice leis an tobar fós sa lá atá inniu ann. Féach *St. Brigid's Well* thíos. D'fhéadfadh sé gur tagairt do Bhratóg Bhríde 'St. Brigid's mantle' (*FGB*) atá san ainm. Tá scéal Bhratóg Bhríde forleathan i mbéaloideas na hÉireann, cé nach bhfaightear é sa tseanlitríocht (Ó Briain, 1985: 52).

The Grallach

'the miry place'

673016 710823

1.	1903	The Grallach	JCKAS, IV, 2, 131
2.	2019	ḡə'gra,ləks	Áit.3
3.	2019	ḡə'gra,nɪks (le:n)	Áit.2

Is riasc é seo i dtuaisceart an bhaile fearainn bhig seo. Glár ('alluvium') an cineál fo-ithreach a luaitear leis an áit (*EPA*).

Is cosúil go bhfuil foirm 3 earráideach agus gurbh é **greallach** ('mire'; 'slush', 'puddle'; 'puddly ground', *FGB*) atá taobh thiar den ainm béarlaithe. Is é 'the miry place' an míniú a thugtar ar *Grallagh / An Ghreallach*¹⁶¹ i gContae Mhaigh Eo (*Logainm.ie*).

BF: Crockanure Glebe / Cnoc an Iúir

LogainmID: 25856

Farranknockanroe

'the land of the red hillock'

1.	1750	Farranknockanroe	CGn.	141.368.95834
2.	1750	Faranknockanroe	CGn.	144.5.96219
3.	1767	Farran knockanroe	CGn.	268.92.168613
4.	1814	Francknockro	CGn.	674. 105.464066
5.	1827	Farren Knockan	CGn.	822.250.553385
6.	1887	Farranknocken	Leinster Express 11/06/1887, 4	

Rathanbannan and Farranknocken, both known on the Ordnance Survey as Crockanure Glebe, containing 59a. 2r. 13p. (Leinster Express 11/06/1887, 4).

Ní léir suíomh beacht na háite seo sa bhaile fearainn.

Dealraíonn sé gurbh é ***Fearann an Chnocáin Rua** 'the land of the red hillock' bunfhoirm an ainm.

Cuireann foirm 4 ***Fearann an Chnoic Rua** 'the land of the red hill' in iúl. Ní dócha gur tagairt don chnoc agus baile fearainn *Redhills* atá ciliméadar go leith siar ó thuaidh de *Crockanure Glebe* atá i gceist le ***Cnocán Rua** san ainm seo

¹⁶¹ LogainmID: 35913

BF: Curragh / An Currach

LogainmID: 25857



Figiúr 18: Curragh / An Currach. Bonnleáarscáil: 2016, ©Google.

Frenchfurze Fair Green

675973 710988

1.	1757	French Furze Road	Rocque TCD (CD)
2.	1837	Frenchfurze Fair Green	SO 6"
3.	1839	French Furze	Leinster Express 08/06/1839: 1
4.	1851	Frenchfurze	PSOB, 1/10970 ¹⁶²
5.	1852	Frenchfurze	PSOB, 1/10970 ¹⁶³
6.	1870	Frenchfurze	Dog Licences ¹⁶⁴
7.	1872	French Furze	Leinster Express 27/01/1872: 3
8.	1872	French Furze	PR Suncroft: 04209/09

¹⁶² 20/11/1851 James Graney

¹⁶³ 12/10/1852

¹⁶⁴ Charles Westlake

9. 1872	Frenchfurze House, Tully	Dog Licences ¹⁶⁵
10. 1898	French Furze	Leinster Leader, 19/11/1898; Ich: 8
11. 1908–9	Frenchfurze House	SO 25"
12. 2019	frɛntʃ'fɔrz	Áit.5

Is ceantar é seo atá soir ó dheas de bhaile Chill Dara ar imeall an Churraigh. Tá *Frenchfurze Fair Green* i mbaile fearainn *Curragh* ar *SO 6"* agus *Frenchfurze House* i mbaile fearainn *Tully East* ar *SO 25"*. Is ainm réasúnta seanbhunaithe é, mar a léiríonn na tagairtí stairiúla thuas, agus tá sé sa chúrsaíocht fós sa lá atá inniu ann.

Is é is dóichí ná gurbh é *French furze* ('n. either of two species of furze, common furze, *Ulex europaeus*, and dwarf furze, *U[lex]. gallii.*, ' *OED*) a thug ainm don áit, ag tagairt don aiteann a fhásann go flúirseach ar an gCurrach. Dar le Lucas (1958: 8) gur thagair *French Furze* do *Ulex europaeus* i mBéarla Chill Mhantáin agus gur idir 'aiteann gallda' agus 'aiteann francach' a tugadh air sin sa Ghaeilge i gCúige Mumhan. Ní léir cén teanga inar cumadh an téarma an chéad lá, áfach. Faightear foirmeacha Gaeilge de *Frenchfurze* / **An tAiteann Francach**¹⁶⁶ i gCorcaigh: *Attenfranky* (1655: *DS, Logainm.ie*), mar shampla.

Farrantigeen

675823 711250

1. 1839	Farrantigeen	Leinster Ex., 05/10/1839: 2. ¹⁶⁷
---------	--------------	---

Is mar sheoladh duine darbh ainm John Davis ar chlár na vótóirí ('Freeholders List') amháin a luaitear an t-ainm seo. Luaitear John Davis le tailte i mbailte fearainn *Strawhall*, *Tully East*, *Curragh* agus *Curraghfarm* in *Griffith's Valuation*. Is é an gabháltas i mbaile fearainn *Curragh*, buailte le *Tully East*, an t-aon ghabháltas a bhfuil sé luaite leis mar 'Freeholder' ann, áfach. Is é is dóichí gurbh é an ceann sin an gabháltas atá i gceist leis an ainm seo, cé nach féidir talamh slán a dhéanamh de.

Is deacair bunleagan an ainm a dhéanamh amach bunaithe ar an bhfoirm stairiúil amháin atá ar fáil, ach tá an chuma ar an scéal gurbh é **fearann** ('land') atá sa cheád eilimint. Maidir leis an dara heilimint in *-tidgeen* d'fhéadfadh **Taidhgín**, foirm dhíspeagtha den ainm pearsanta **Tadhg** a bheith i gceist, mar atá in *Ballytidgeen* / **Baile Thaidhgín**¹⁶⁸ i gCorcaigh. Níl sé as áireamh ach an oiread gurbh é **tigín**, leagan malartach canúnach de **teachín** ('small house, cottage', *FGB*) atá coitianta i nGaeilge na Mumhan atá ann, ach ceal fianaise ní féidir a bheith cinnte faoi bhunús na heiliminte sin. Níl mórán

¹⁶⁵ James Monaghan

¹⁶⁶ LogainmID: 11180

¹⁶⁷ Freeholders list, 281, Davis, John of Strawhall

¹⁶⁸ LogainmID: 12307

samplaí d'eilimintí Béarlaithe in *-tígeen* ann ar chor ar bith. Is é **Na Tighiní** 'the little houses' an míniú a mholann Ó Muraíle, (Meath Fieldnames Project, 2013: 26) ar an ainm páirce *The Tígeens* i gContae na Mí.

Flat Rath

676449 713466

- | | | | |
|----|------|-----------|-----------------------|
| 1. | 1837 | Flat Rath | LSO CD, II, 155 [180] |
| 2. | 1838 | Flat Rath | SO 6" |

A circular area enclosed by a very shallow fosse, with faint traces of an external bank. (SSN: KD023-040)

Is ainm tuairisciúil é seo ar chruth na ráithe, is cosúil, a chuimsíonn an aidiacht Bhéarla *flat* 'horizontally level; without inclination' (*OED*) agus an t-ainmfhocal Gaeilge **ráth** 'earthen rampart; earthen ring-fort, rath' (*FGB*).

Knockaenach

'the hill of the fair'

- | | | | |
|----|------|-------------|--|
| 1. | 1874 | Knockaenach | Freemans Journal, 23/07/1874: 2 ¹⁶⁹ |
|----|------|-------------|--|

These advanced forces come up with the enemy soon after reaching the Curragh and gradually drive him back from position after position until the enemy hold the line of Walshe's Rath and the Rath on Knockaenach, beyond the Gibbet Rath... (Freemans Journal, 23/07/1874: 2)

Is é an tagairt fhánach san alt nuachtáin thuas a dhéanann cur síos ar inlíochtaí míleata ar an gCurragh an t-aon tagairt ar thángthas uirthi don áit seo:

Ní léir cén ráth atá i gceist anseo go díreach. Tá grúpa ráthanna beaga mórthimpeall ar *Gibbett Rath* ar léarscáil *SO 6"*. Anuas air sin, tá ráth níos suntasaí tamaill lastuaidh de *Gibbet Rath* (SSN: KD022-053). D'fhéadfadh sé gur ceann ar bith de na ráthanna sin atá i gceist.

Tá an chuma ar an dara heilimint mar atá san fhoirm amháin seo den ainm atá ar fáil, gur iarracht ar an eilimint Ghaeilge **aonach** atá ann. Díol spéise go luaitear *Frenchfurze Fair Green* sa chongar seo ar léarscáil *SO 6"*. D'fhéadfaí a thuairimiú go raibh baint ag an ainm seo leis sin agus gur iarracht ar

***Cnoc an Aonaigh** 'the hill of the fair', atá i bhfoirm 1 thuas.

¹⁶⁹ 'Military Intelligence'

Gibbet Rath

676282 711890

- | | | | |
|----|------|-----------------|---|
| 1. | 1798 | the Rath | Freemans Journal 07/06/1798; 3 ¹⁷⁰ |
| 2. | 1837 | the gibbet Rath | LSO CD, II, 155 [180] |
| 3. | 1837 | the Gibbet Rath | LSO CD, II, 158 [186] |
| 4. | 1837 | Gibbet Rath | SO 6" |

S.E. of No. 7 at the distance of one mile lies the Gibbet Rath, which is much larger than any of the others. There are some traditions connected with this Rath from which it would appear that its present name is not ancient. (LSO CD, II, 158 [186])

Is mar '*the Rath*' a tagraíodh don imfhalú seo in alt nuachtáin faoin eachtra inar maraíodh buíon de na hÉireannaigh Aontaithe ar an láthair, agus mar sin, seans go bhfuil dealramh leis an tuairim a nocht Ó Donnabháin in *LSO CD* nach ainm seanbhunaithe é *Gibbet Rath*. Seo a leanas an míniú atá ar *Gibbet* in *OED*: 'Originally synonymous with gallows n., but in later use signifying an upright post with projecting arm from which the bodies of criminals were hung in chains or irons after execution'. Ní léir cérbh é an comhthéacs inar tugadh an t-ainm seo don imfhalú ámh. Pléann Breandán S. Mac Aodha téama an bhásaithe i logainmneacha na hÉireann san alt 'Execution and Irish Place-Names' (1996).

Murderer's Hollow

- | | | | |
|----|------|-------------------------------------|-----------------------------------|
| 1. | 1839 | Murderer's Hollow ¹⁷¹ | Belfast Newsletter, 26/03/1839: 4 |
| 2. | 1895 | The Murdering Hollow | N & L Times 21/09/1895; 10 |
| 3. | 1896 | The Murdering Hollow | Evening Herald, 10/07/1896, 1 |
| 4. | 1905 | The Murdering Hollow ¹⁷² | Irish Independent, 08/09/1921, 6 |

Níl suíomh na háite seo deimhnithe ach is cosúil ón méid seo a leanas a scríobhadh san *Irish Independent* go raibh sé i gcóngar *Gibbet Rath* thuas, agus go raibh baint ag an ainm leis an eachtra a tharla ar an ráth sin in 1798: 'Up to 300 men were killed on that day. A hollow near the Rath is still called "The Murdering Hollow"'.

¹⁷⁰An Extract of a Letter from Mr Grosvenor Morgan of the Monasterevan Cavalry: The rebels retreated from this to a place called the Rath in the middle of the Curragh'

¹⁷¹'As the Dublin and Limerick mail coach was passing through the "Murderer's Hollow" Near the Curragh of Kildare, last Monday night, it came nearly in contact with a common car full of armed men.'

¹⁷²A Priest's Lonely Grave: 'A Hollow near the Rath is still called "The Murdering Hollow"'

Race of the Black Pig

675537 712872

1. 1837 Ancient Road SO 6"
(called the Race of the Black Pig)
2. 1837 the Race of the Black Pig LSO CD, II, 158 [187]

Two sections of earthwork are defined by two, low, parallel, earthen banks with an intervening fosse: one runs NNE-SSW between the Little Curragh and the Curragh Racecourse (est. traceable L. c. 2000m), the other runs perpendicularly E from the first, crossing the Curragh between the Curragh Racecourse and St. Legers Bottoms (est. traceable length L. 3000m) (SSN: KD022-051).

Is é a dúirt Seán Ó Donnabháin faoin ngné seo agus é ag scríobh in *LSO CD* (II, 158 [187]):

It runs through the vale of the Curragh, and it would be now difficult to form an idea of its original breadth as the rains have much altered the surface by washing down its banks and disfiguring it by its deposits. Modern cars however ~~could~~ (are) still brought over it. I am now inclined to think that tradition generally gives the name of race of the Black Pig or Glen of the Black Pig to any remarkable trench or dike of which the true name and history have been lost.

Luaitear an áit seo i scéal béaloidis ó bhaile Chill Dara in *BNS* (0779, 055): 'It is mentioned in the prophecy of St. Columcille as a place that is to be the scene of dreadful slaughter towards the end of the world. A black pig will run over that track and destroy all before it.'

Tá roinnt samplaí de chréfoirt líneacha a bhfuil a mhacasamhail seo d'ainm orthu in Éirinn: *The Black Pig's Dyke* i Muineachán agus *The Black Pig's Race* i gContaetha Liatroma agus an Chabháin, mar shampla (Walsh, 1991: 10).

Raheenairry

'the little rath of the shepherd'

674891 714373

1. 1837 Raheenairry SO 6"
2. 1837 Raithin an Airghe LSO CD, II, 155 [180]
3. 1837 Raithin-an-áirghe (aodhaire) LSO CD, II, 155 [180]
4. 1837 Raithin an Aodhaire (Ratheen or Little Rath of the Shepherd) LSO CD, II, 158 [185]
5. 1837 Raheen-an-Airy LSO CD, II, 158 [185]
6. 1837 Raithin-an-Aodhaire LSO CD, II, 158 [185]

*Ráithín an Aoire

Raithin-an-áirghe (aodhaire): a small fort near the townland of Rathbride (LSO CD: II, 155 [180]: Ó Donnabháin).

Tá dealramh leis an míniú a thugann an Donnabhánach ar ainm seo gurbh é ***Ráithín an Aoire** ‘the little rath of the shepherd’ bunleagan an logainm. Samhlaítear caoraigh leis an gCurrach le fada an lá. Is mar ‘a sheep walk of above 4,000 English acres’ a chuir Arthur Young síos air in 1777 (1892, 424). Tá **aoire** coitianta go maith i logainmneacha. Féach *Corraneary* / **Corr an Aoire**¹⁷³ i gContae an Chabháin, mar shampla.

Tougheriske

*Tóchar Uisce

‘the causeway of (the) water’

674816 712599

- | | | |
|---------|---------------------|---------------------------------|
| 1. 1674 | Tougheriske | Emerson Contents, 26 |
| 2. 1877 | the Watery-lane [?] | Leinster Express, 24/11/1877; 5 |

A parcel of land called Glinland ye east end on ye Curragh nere Tougheriske (Emerson Contents: 26).

Tá sé le tuiscint ón gcur síos thuas go raibh *Tougheriske* áit éigin gar go leor don teorainn idir bailte fearainn *Curragh* agus *Collaghknock Glebe*. Ritheann bóthar ar feadh na teorann idir an dá bhaile fearainn sin agus is cosúil go raibh an bóthar sin mar chuid den bhealach atá ar léarscáil SO 6” ‘Ancient Roadway called The Race of the Black Pig’.

Tá bunfhoirm an ainm seo soiléir má tá foirm 1 thuas cruinn. Is é atá sa chéad eilimint *Tougher* anseo ná **tóchar** (‘causeway’; ‘culvert’, *FGB*). Is é atá sa dara heilimint in *-iske* ná an t-ainmfhocal **uisce** ‘water’ (*FGB*). Is é bunleagan na foirme seo ná ***Tóchar Uisce** nó **Tóchar an Uisce** - ‘the causeway of (the) water’. Níl fianaise ar an alt a bheith in úsáid san ainm san fhoirm thuas, ach is minic nach léirítear an t-alt i bhfoirmeacha béarlaithe logainmneacha, agus leis an nganntanas fianaise sa chás seo, níl sé as áireamh go raibh an t-alt san ainm. Tá foirm 2 *Watery-lane* spéisiúil, agus tá an chuma ar an scéal gur iarracht ar an ainm seo a aistriú atá i gceist. Tá an suíomh gar go maith don ainm seo atá faoi chaibidil.

Walsh's Rath

675530 713271

- | | | |
|-----------|--------------|--------|
| 1. 1837 | Walsh's Rath | SO 6” |
| 2. 1908–9 | Walsh's Rath | SO 25” |
| 3. 2019 | ,walfəz'raʃ | Áit.3 |

¹⁷³ LogainmID: 4756

Imfhálú ar an gCurrach atá anseo. Is é an sloinne *Walsh* 'Welshman' (MacLysaght, 1991: 296) atá san ainm.

BF: Curraghfarm / Feirm an Churraigh

LogainmID: 25858



Figiúr 19: Curraghfarm / Feirm an Churraigh. Bonnlearscáil: 2016, ©Google.

Farrinamalla

'the land of the (hill) brow'

674253 712015

1. 1674	Farrin a malla or sheepfold parke	Emerson Contents, 26
2. 1674	Browland and Farrintra	Emerson Contents, 26
3. 1674	Farrintra or ye furshoge Browland	Emerson Contents, 26
4. 1674	Farinamalla	Emerson Contents, 26
5. 1757	Farinamalla	Rocque TCD (CD)

Farinamalla, or ye high parkes now called ye Sheepfold Parkes 20a 2r 00p (Emerson Contents: 26).

Luaitear roinnt páirceanna in oirthuaisceart bhaile fearainn *Curraghfarm* mar ‘Several tenements called Farinacarra and Farinamalla’. Cuireann foinsí Emerson *Farinacarra* ar an taobh thiar de sheanbhóthar *Frenchfurze* i mbaile fearainn Chill Dara. Is cinnte, cibé ar bith, go raibh *Farrinamalla* áit éigin in iarthuaisceart *Curraghfarm*. Is féarach a bhí i bhformhór an chóngair seo, seachas i gcúinne an iarthuaiscirt, áit a bhfuil roinnt páirceanna beaga curaíochta ann ar léarscáil *Rocque TCD (CD)*.

Tá foirm an ainm réasúnta soiléir mar atá. Is é **fearann** (‘land’) atá sa chéad eilimint. Ina dhiaidh sin tá réadú soiléir ar an alt i bhformhór na bhfoirmeacha. Is é atá san eilimint deiridh ná an t-ainmfhocal **mala** (‘(Of hill) Brow’; ‘slope’, ‘incline’, *FGB*) rud a fhágann gurbh é ***Fearann na Mala** (‘the land of the (hill) brow’) bunús an ainm. Tacaíonn an t-ainm malartach *ye high parkes* agus an fhoirm *Browland* a luaitear le *Farrintra* thíos leis seo. Tá an dá áit seo in aice lena chéile, agus b’fhéidir go léiríonn sé sin gur shín *Farrinamalla* níos faide soir isteach in *Farrintra* ná mar atá léirithe ar léarscáil *Rocque*. Ní léir go díreach cén mala atá i gceist san ainm. Léirítear fána gear i gcúinne thiar thuaidh an bhaile ar léarscáil *Rocque*. Tá ardú eile thart ar an áit a bhfuil Acadamh RACE inniu. Tá fána sách gear feadh na teorann idir bailte fearainn *Curraghfarm* agus *Curragh*, agus seans gurbh é seo a an mhala atá i gceist, in ainneoin go bhfuil sí píosa soir ón suíomh atá tugtha ag *Rocque* don áit.

Farrintra

‘land of the sword’

674745 711754

- | | | |
|---------|-----------------------------------|----------------------|
| 1. 1674 | Browland and Farrintra | Emerson Contents |
| 2. 1674 | Farrintra | Emerson BoR, 26 |
| 3. 1674 | Farrintra or ye furshoge Browland | Emerson Contents, 26 |

Farrintra or ye furshoge Browland bounded on ye Southeast wth Mr Dixonsland and on ye south wth Brownstowne highway and Knockmansill and ye northeast wth ye Curragh (Emerson Contents, 26)

Tá thart ar 95 acra caighdeánach san aonad seo (‘59a 2r 00p’ (*Emerson Contents*: 26)). Aonad suntasach ba ea é, mar sin. Ní léir teorainneacha beachta an aonaid, ach is dócha gurb é oirthear bhaile fearainn *Curraghfarm* atá i gceist, mar a bhfuil an Currach soir ó thuaidh de agus bóthar *Brownstown* laisteanas. Luaitear an áit seo in aice le *Farrinamalla* agus is é is dóichí gur iarracht ar aistriúchán ar an ainm sin atá in *Browland* i bhfoirmeacha 1 agus 3 thuas.

Is é atá sa chéad eilimint anseo ná **fearann** (‘land’). Is é is dóichí gurb é **an tSratha** atá á chur in iúl ag an dara heilimint. Is é an chiall atá le **srath** ná ‘river valley’, ‘low-lying land along river’, ‘strath’ (*FGB*) ach ní dócha gurb in atá anseo ós rud é nach bhfuil a leithéid de ghné sa chongar. Anuas ar an gciall

sin, tugtar míniú eile ar **srath** in *DIL*: ‘grass’, ‘sward’, agus d’fhéadfadh gurb é sin an chiall atá i gceist anseo. In *FGB*, luaitear **srath** mar leagan malartach de **sraith**, a bhfuil bríonna éagsúla leis, chomh maith. Is léir mar sin féin, gurbh é ***Fearann an tSratha** bunús an ainm seo.

Knockmancell

‘Maunsell’s hill’

674647 711507

- | | | | |
|----|------|--------------|----------------------|
| 1. | 1674 | Knockmancell | Emerson Contents, 26 |
| 2. | 1674 | Knockmancill | Emerson BoR, 26 |
| 3. | 1674 | Knockmansill | Emerson Contents, 26 |

Farrintra or ye furshoge Browland bounded on ye Southeast wth Mr Dixonsland and on ye south wth Brownstowne highway and Knockmansill and ye northeast wth ye Curragh (Emerson Contents: 26).

Knockmancell 12a 2r 00p (Emerson Contents: 26).

Tá suíomh na háite seo éiginnte, ach is dócha ón gcur síos in *Emerson Contents* gurb é an píosa beag de bhaile fearainn *Curraghfarm* atá ar an taobh ó dheas de bhóthar *Brownstown* atá i gceist.

Sa chuid de bhaile fearainn *Curraghfarm* atá ar an taobh ó dheas den bhóthar ó Bhaile Chill Dara go dtí *Brownstown* tá dhá fhána le feiceáil ar léarscáil Rocque, agus tá cnocán íseal le feiceáil go soiléir ón mbóthar ar an láthair. Is é is dóichí ná gurb é an ghné sin a thug an t-ainm don áit. Tá an chosúlacht ar an scéal gurb é atá sa dara heilimint anseo ná an sloinne de bhunadh Angla-Normannach **Móinséil** “le Maunsel”, “le Mansel” (i.e., the farmer who cultivated a “manse” land sufficient to support a family, or received its revenues); the name of a family who settled early in Co. Kilkenny, and thence passed over into Tipperary and Cork’ (*SGG*: 431); ‘locative name, ethninc name from Old French *Mancel*, *Mansel*, “inhabitant of Maine, or its capital Le Mans”’ (*Family Names*: 1688). Luaitear ‘Maunsell Archdeacon’ i léas ón 18ú haois a bhaineann leis an teach ósta *The Blackbull* (lch 362) i mBaile Chill Dara. D’fhéadfaí a chur san áireamh freisin gur foirm mhalartach den fhocal Béarla *mensal* (‘In Scotland and Ireland before the Reformation, and later in the Roman Catholic Church in Ireland: designating a church, benefice, etc., appropriated to defray the expenses of a bishop or other cleric; Designating land set aside to supply food for the royal table’, *OED*) atá san eilimint. Féach go luaitear *Mensal Land* (Cox, W.: *AL (CD)* ex *Logainm.ie*) mar leagan den bhaile fearainn *Bishopsland* sa pharóiste seo. Níl gléib ná a mhacasamhail sa cheantar seo, mar sin, is fearr a réiteodh an fhianaise, gann mar atá sé, le ***Cnoc Mhóinséil** ‘Maunsel’s hill’. Tá an sloinne sin le

feiceáil in ainmneacha bailte fearainn i gCill Chainnigh (*Manselscourt* / **Cúirt an Mhoinséalaigh**¹⁷⁴) agus i dTiobraid Árann (*Manselstown* / **Baile Mhoinséil**¹⁷⁵).

BF: Greyabbey / An Mhainistir Liath

LogainmID: 25859



Brathogue

672260 711772

1. 1939 Brathogue

*An Bhratóg

SO Cassini

Tá an t-ainm seo marcáilte ar an léarscáil san áit a bhfuil sruthán agus tobar nó linn bheag. Tá sé go hiomlán clúdaithe ag aomhal 13 de mhótarbhealach an M7 anois. Tabhair faoi deara go bhfuil an t-ainm seo ar shruthán beag eile i mbaile fearainn *Brallistown Commons* (lch 116), tamaillín soir ó dheas ón áit seo, agus níl sé as áireamh gur botún ba ea an suíomh a luadh leis an ainm ar *SO Cassini*. Tá an fhianaise gann anseo ach seans gurb é **bratóg** ('Small cloak', 'covering'; 'Rag'. *FGB*) an leagan bunaidh den ainm.

¹⁷⁴ LogainmID: 27586

¹⁷⁵ LogainmID: 47164

Fiernamanagh

- | | | |
|---------|--------------|-------------------|
| 1. 1717 | Fiernamanagh | CGn. 19.298.10208 |
| 2. 1718 | Fiernamanagh | CGn. 22.406.12413 |

Tá suíomh na háite seo éiginnte, ach ós rud é go luaitear é sa liosta céanna le *Shanacloon* /

Seanchluain¹⁷⁶ agus *Greyabbey* / **An Mhainistir Liath** sa ghníomhas a bhaineann le foirm 2, agus gur dócha gurb é **manach** ('monk', *FGB*) atá sa dara heilimint, is dócha gur suíomh in *Greyabbey* féin nó in aice leis atá i gceist. Ní léir cé acu **féar** 'grass-lands, pastures', (*DIL*) nó **fiar** atá sa chéad eilimint. Mhínigh Seán Ó Donnabháin an focal **fiar** mar 'ley-field' i gcás *Fearavolla* / **Fiar an Bhealaigh**¹⁷⁷ i mBarúntacht Chairbre agus mar 'great meadow' i gcás *Fearmore* / **Fiar Mór**¹⁷⁸ in Uíbh Fhailí Thiar. D'fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***Féar na Manach** 'the monks' pasture' nó ***Fiar na Manach** 'the monks' ley-field'. Ní mór a chur san áireamh go bhféadfadh **fearann** ('land') a bheith sa chéad eilimint ó cheart, i bhfianaise go bhfuil roinnt samplaí, de ***Fearann na Manach** in ainmneacha bailte fearainn: *Farrannamanagh* / **Fearann na Manach**¹⁷⁹ i gCorcaigh agus *Farranamanagh* / **Fearann na Manach**¹⁸⁰ i dTiobraid Árann, mar shampla.

¹⁷⁶ LogainmID: 25849

¹⁷⁷ LogainmID: 25572


¹⁷⁸ LogainmID: 24927

¹⁷⁹ LogainmID: 12400

¹⁸⁰ LogainmID: 47510

BF: Kilnagornan / Coill na gCarnán

LogainmID: 25861



Figiúr 20: Kilnagornan / Coill na gCarnán. Bonnleárscaíl: 2016, ©Google.

Farrincantie

'Kent's/*An Ceanntach's* land?'

670750 712729

- | | | |
|----|------|------------------------------|
| 1. | 1674 | Farrincantie |
| 2. | 1674 | Farrin Cantie |
| 3. | 1684 | Farencancy |
| 4. | 1744 | Farrancanty |
| 5. | 1744 | Farrancanty |
| 6. | 1746 | Farrancanty |
| 7. | 1757 | Farrenacantes ¹⁸¹ |
| 8. | 1775 | Farrancanty |

*Fearann an Cheanntaigh

- | |
|----------------------|
| Emerson BoR, 15 |
| Emerson Contents, 15 |
| PRONI Abstract |
| CGn. 117.242.80637 |
| CGn. 115.328.80638 |
| CGn. 126.32.85272 |
| Rocque TCD (CD) |
| CGn. 304.547.206097 |

Farrin Cantie 006 2 00 (Emerson Contents: 15).

¹⁸¹ '3 pieces of land called Farrenacantes adj to Kilnagornan'

Tá sé seo suite in oirdheisceart an bhaile fearainn feadh na teorann le *Whitesland West*. Talamh churaíochta a léiríodh ar léarscáil *Rocque TCD (CD)* san áit.

Is é **fearann** ('land') atá sa chéad eilimint. Maidir le foirm 7 thuas in -s deiridh, is dócha gur s iolra an Bhéarla atá anseo ag tagairt do na trí aonad éagsúla, seachas réadú ar an mbunlogainm Gaeilge. Léirítear an guta -a- idir an dá eilimint san fhoirm sin chomh maith. D'fhéadfadh an t-alt, guta cúnta, nó **Uí** (foirm g.u. de **Ó**) mar chuid de shloinne, a bheith i gceist leis sin. Más réadú ar an alt atá ann, d'fhéadfadh sé gur **cáinte** ('satirist, lampooner', *DIL*) nó **caint** (g.u. **cainte**, 'speech, talk', *FGB*) atá ann, agus gurbh é ***Fearann na Cáinte** ('the land of the satirist') nó ***Fearann na Cainte** ('the land of the speech/talk') an bhunfhoirm. Tá **caint** in úsáid mar eilimint i gcúpla logainm, *Cornacoyntia* / **Corr na Cainte**¹⁸², i nGaillimh mar shampla. Ní mór an sloinne **de Ceannt** / *Kent* ('Norman "de Kent," i.e., of Kent in England; a not uncommon surname in early Anglo-Irish records; still well known in Co. Cork', *SGG*, 254) a chur san áireamh freisin. Thabharfadh an sloinne sin an fhoirm aidiachtúil **An Ceanntach**, g.u. **an Cheanntaigh**: ***Fearann an Cheanntaigh** 'Kent's/An Ceanntach's land'. Níl aon fhianaise ar an sloinne sin sa cheantar, áfach, ach féach nach bhfuil aon fhianaise ar an sloinne Angla-Normannach *Pollard* i bparóiste *Pollardstown* ach an oiread. Faightear an fhoirm aidiachtúil sin den sloinne in *Garranacanty* / **Garrán an Cheantaigh**¹⁸³ 'the grove of an Ceantach' (*Logainm.ie*) i dTiobraid Árann agus *Ballynacanty* / **Baile an Cheantaigh**¹⁸⁴ i gContae Uíbh Fhailí. D'fhéadfaí an sloinne **Ó Cáinte** a chur san áireamh chomh maith.

Farrin Die

'the land of —?'

671020 713045

1.	1674	Farrin Die	Emerson Contents
2.	1674	Farrin Die	Emerson JCKAS, 411
3.	1684	farendee	PRONI Abstract
4.	1744	Farrandee	CGn. 115.328.80638
5.	1744	Farrendee	CGn. 117.242.80637
6.	1746	Farrendee	CGn. 126.32.85272
7.	1757	Farindie	Rocque TCD (CD)
8.	1775	Farrandee	CGn. 304.547.206097

Farrin Die and Keeloge on ye south of Grange Laine 008 02 00 (Emerson Contents: 15).

¹⁸² LogainmID: 56051

¹⁸³ LogainmID: 49034

¹⁸⁴ LogainmID: 42242

Tá sé seo ar an taobh ó dheas den teorainn idir baile fearainn *Kilnagornan* agus *Loughminane*. Is é **fearann** ('land') atá sa chéad eilimint anseo gan amhras. Tá an dara heilimint i bhfad níos éiginnte, áfach. Seans gurb é an t-ainm pearsanta **Dáibhí** atá i gceist. Níl aon fhianaise ar **-bh-** láir a mbeifí ag súil le réadú béarlaithe in **-v-** air sna foirmeacha thuas, ach is cosúil gur ghné de chanúint an cheantair seo go dtéadh **-bh-** idirghuthach ar ceal. Féach, mar shampla *Loregeday* (Ich 75), paróiste *Ballysax*, mar a bhfuil fianaise den **-bh-** láir i bhfoirm amháin den ainm (1752: *Lurgadavie; Noble & Keenan*) ach é in easnamh sna foirmeacha eile in **-day** deiridh. Tá a leithéid d'fhuaimniú le sonrú in *Ballintlea* / **Baile an tSléibhe**¹⁸⁵ i gContae Laoise, gar go maith don teorainn le Contae Chill Dara in aice le Baile Átha Í. Tá roinnt féidearthachtaí eile a d'fhéadfaí a chur san áireamh don dara heilimint seo chomh maith. Ina measc siúd tá **daibhche** (ginideach uatha **dabhach**, 'vat, tub'; 'deep water-hole'; 'pool, pond'; 'holy well', *FGB*) a thugann **-dee** deiridh in *Ballinadee* / **Baile na Daibhche**¹⁸⁶, i gCorcaigh. Níl a leithéid de ghné sa chongar seo, ámh. Tugann **daoí**, a bhfuil bunúis éagsúla leis, **-dee** deiridh in *Garrandee* / **Carn Daoi**¹⁸⁷ / i dTiobraid Árann. Ní féidir an bunús atá leis an dara heilimint seo a dhéanamh amach le cinnteacht, mar sin.

Ferewee

'the yellow - ?'

670705 713499

1.	1674	Ferewee	Emerson Contents, 15
2.	1684	Ferewee	PRONI Abstract
3.	1744	Ferewee	CGn. 117.242.80637
4.	1744	Ferwee	CGn. 115.328.80638
5.	1746	Forewee	CGn. 126.32.85272
6.	1775	Ferewell	CGn. 304.547.206097

Ferewee pt. of Flins and widow lawlors holdings next lacka land. 018 2 00 (Emerson Contents: 15).

The land from Ferewee betwixt ye grangelaine and loughanlaine or sheeps laine [?] of ye Earls land now in Richard Flins and widow Lawlor s holding on the east end a lough, Loughmangan. 69 00 00 (Emerson Contents: 15).

Níl suíomh beacht na háite seo ar eolas, ach is cosúil ón méid thuas gur áit éigin i dtuaisceart bhaile fearainn *Kilnagornan* atá i gceist.

¹⁸⁵ LogainmID: 28119

¹⁸⁶ LogainmID: 8045

¹⁸⁷ LogainmID: 48596

Is cosúil go bhfuil leaganacha 5 agus 6 thuas earráideach. Tá an dara heilimint anseo réasúnta soiléir. Is é is dóichí ná gurb é **bhuí**, foirm shéimhithe den aidiacht **buí** ('yellow', *FGB*) atá ann. Tá cúpla féidearthacht i dtaca leis an gcéad eilimint, agus caithfear teacht ar réiteach a mhíneodh an séimhiú ar an dara heilimint. D'fhéadfaí **fiadair** ('bush, heath', le foirmeacha in **fiaghair**, **fioghair**; *DIL*) a thabharfadh ***fiar** sa Nua-Ghaeilge, a chur san áireamh. Ós rud é gur ainmfhocal baininsneach é seo, mhíneodh sé an séimhiú ar **buí** go sásúil. Ní mór **féar** ('Grass'; 'hay', *FGB*; 'grass'; 'grass-lands, pastures', *DIL*) agus **fiar** ('slant, tilt', *FGB*, 'ley-field'¹⁸⁸) a chur san áireamh freisin. Tá *fer*- le feiceáil mar réadú béarlaithe ar **féar** in *Ferbane* / **An Féar Bán**¹⁸⁹ i gContae Uíbh Fhailí. Is é **fiar** an eilimint atá molta ag an mBrainse logainmneacha i gcás *Fearavolla* / **Fiar an Bhealaigh**¹⁹⁰ i mbarúntacht Chairbre agus *Fearmore* / **Fiar Mór**¹⁹¹ i bparóiste *Ballybrackan*. Tá talamh ard i ndeisceart an bhaile fearainn seo agus tá *Redhill* lastuaidh de, gnéithe a d'fhéadfadh a bheith á gcur in iúl ag **fiar**. Is ainmfhocail fhirinsneacha iad **féar** agus **fiar**, agus dá bharr sin, d'fhéadfaí a thuairimiú gur faoi thionchar an tuisil thabharthaigh (*ar an bhFiar Bhuí, mar shampla) nó an tuisil ghinidigh (*muintir an Fhiar Bhuí, mar shampla) a séimhíodh **buí**. Ní féidir a bheith cinnte den chéad eilimint san ainm seo ceal fianaise.

Fearin Bragh

'the pasture of the friars'

1. 1718	Fiernabagh [?]	CGn.	22.406.12413
2. 1783	Feernabragher [?]	CGn.	350.374.236820
3. 1820	Feernabragher [?]	CGn.	751.89.511219
4. 1827	Fearin Bragh	TAB	

Is é Stephen Garry a luaitear leis an áit seo in *TAB*. Bhí gabháltais ag fear den ainm céanna i mbailte fearainn *Kilnagornan* agus *Loughlion* in *Griffith's Valuation*. D'fhéadfadh sé gurb é **breagh** ar fhoirm stairiúil g.u. é de **brí** 'brae, hill' atá i bhfoirm 4. Faightear **breagh** mar eilimint in *Breagh* in Ard Mhacha a mhínítear mar '*Baile Breagh* "townland of raised ground"'¹⁹². Ní léir go cinnte an dtagraíonn foirmeacha 1–3 don áit chéanna a luaitear in foirm 4. Luaitear foirmeacha 2 agus 3 i ngníomhas sa tsraith ainmneacha seo a leanas:

Plots and parcels of land commonly called & known by the name of Dixons land near the town of Kildare, the lands called the French Furze Lodge adjoining to or near the Curragh the town and lands of Tippenan the town and lands of Feernabragher and land called Dixons Land near to Feernabragher (*CGn.*: 350.374.236820).

¹⁸⁸ Féach *Fiernamanagh* thuas (Ich 128).

¹⁸⁹ LogainmID: 41331

¹⁹⁰ LogainmID: 25572

¹⁹¹ LogainmID: 24927

¹⁹² <http://www.placenamesni.org/resultdetails.php?entry=11399>

Más é *Dixonsland* i mbaile fearainn *Loughminane* atá i gceist, d'fhéadfadh suíomh in *Kilnagornan* a bheith ag *Feernabragher*, rud a réiteodh le suíomh measta *Fearin Breagh*. Maidir le foirmeacha 1–3, is cosúil gurb é **fiar** nó **féar** atá á gcur in iúl acu, rud a réiteodh le *fear-* tosaigh foirm 4. Ní mór a chur san áireamh go bhféadfadh sé gur foirmeacha earráideacha de **fearann** ('land') atá iontu chomh maith, ach ós rud é go bhfuil foirmeacha ó fhoinsí eagsúla ann a chuireann fuaimniú in [*fiar] tosaigh in iúl, ní mór glacadh leis gur **fiar** nó **féar** atá ann. Faightear idir *fearaun-* *feerane-* agus *ferawn-* mar bhéarlú ar *Fearaun* / **An Féarán**¹⁹³ ('grassy land', *OD:AL, Logainm.ie*) in Uíbh Fhailí Thiar, agus dá bharr sin, moltar **féar** anseo, go cáiréiseach. Is cinnte gurb é **bráthar** foirm g.i. de **bráthair** ('brother, member of a religious community', *DIL*) atá sa dara heilimint i bhfoirmeacha 2 agus 3: ***Féar na mBráthar** – 'the pasture of the friars'. Is deacair foirmeacha 2–3 a réiteach le foirm 4, áfach. Sa chanúint áitiúil anseo, bheifí ag súil le cailleadh **-th-** láir **bráthar** – [*bra:r] (féach (*Melitta Road* / ***An Bóthar Mór**, a béarlaíodh mar *boremorelaine* sa 17ú haois), rud a mhíneodh an réadú aonsiollach i bhfoirm 4, ach bheadh cailiúint an **r** deiridh fós gan mhíniú sa chás sin. D'fhéadfadh sé gurb é an fhoirm g.i. **bráithre** a luaitear in *FGB* atá sna foirmeacha sin agus an **r** caol deiridh díghlóraithe, mar atá sna mionainmneacha *Sumara* / ***Súmaire** i bparóiste *Monasterevin* agus *Soomer Well* / ***An Súmaire** i bparóiste *Lackagh*: ***Féar na mBráithre** – 'the pasture of the friars', ach ba dheacair tacú leis an tuairim sin. Féach go bhfaightear *Knockinbra al' Knocknembraher* mar bhéarlú ar *Knocknambraher* / **Cnoc na mBráthar**¹⁹⁴ i gContae Laoise. Tá baile fearainn *Kilnagornan* thart ar chiliméadar lastiar de *Whiteabbey* / ***An Mhainistir Fhionn**.

Keeloge

'The narrow strip of land'

671113 713004

1.	1674	Keeloge	Emerson BoR, 15
2.	1674	Keeloge	Emerson Contents, 15
3.	1757	Keeloge	Rocque TCD (CD)
4.	1775	Keiloge	CGn. 304.547.206097
5.	1783	Kieloge	Taylor
6.	1887	Killagh	Leinster Express 11/06/1887, 4 ¹⁹⁵

Farrin Die and Keeloge on ye south of Grange Laine 008 02 00 (Emerson Contents: 15).

¹⁹³ LogainmID: 25165. Féach an fuaimniú áitiúil a bhailigh An Brainse Logainmneacha don logainm seo :
['fi:ra:n]

¹⁹⁴ LogainmID: 28227

¹⁹⁵ *Chancery Division*

Tá sé seo suite i gcuid den bhaile fearainn a ghobann isteach in *Whitesland West*. Tá éagsúlacht ann maidir le teorainn an dá bhaile fearainn idir *SO 6"* agus *SO 25"*. De réir *SO 6"* bheadh an suíomh seo in *Whitesland West*. Luaitear talamh curaíochta leis an áit ar léarscáil Rocque.

Is cosúil gurb é an t-ainmfhocal **caológ** atá san ainm seo. Mínítear **caológ** mar ‘Osier-bed. Riverside field, meadow’ in *FGB* ach ní réiteodh ceachtar acu seo míniú le suíomh na háite seo. Ba é tuairim Sheáin Uí Dhonnabháin i leith an bhaile fearainn *Keeloge* / **An Chaológ**¹⁹⁶ i bparóiste Ráth Iomgháin gurbh é ‘a narrow stripe of land’ (*OD:AL, Logainm.ie*) a bhí i gceist le **caológ** san ainm sin. Is é is dóichí ná gurbh é an chiall sin a bhí i gceist nuair a cruthaíodh an t-ainm seo chomh maith, i bhfianaise shuíomh na háite, agus é suite i stráice caol a ghobann isteach sa bhaile fearainn in aice láimhe. Is féidir an t-ainm a mhíniú mar ***An Chaolog** ‘the narrow strip of land’, mar sin. Is dócha go bhfuil foirm 6 earráideach.

Kyle

‘the wood’

670434 712409

1.	1820	Kyle	PR:Kildare/Rathangan 04207/08:34
2.	1824	Kyle	PR:Kildare/Rathangan 04207/08:74
3.	1896	The Kyle Hill	Kildare Observer, 18/01/1896: 5 ¹⁹⁷
4.	2019	kəil	Áit.1
5.	2019	kəil'hɪl	Áit.2

*An Choill

Is ceantar atá i gceist anseo atá laistiar de bhaile Chill Dara ar an mbóthar go Mainistir Eimhín. Tá seans ann gur leagan giorraithe d’ainm bhaile fearainn *Kilnagornan* é seo, ach is cosúil go bhfuil an dá ainm sa chúrsaíocht anois mar a léiríonn an plé seo a leanas le faisnéiseoir *Áit.1*:

JÓG: The area there where The Shell House¹⁹⁸ is, what do you call that area?

Áit1: The Shell House? [kəil]. But I tell you, but around there the townland I think it could be a place called [ˌkɪlənəˈɡɑːrdən]. It runs back out across to where the horses hospital is on the green road.

JÓG: Kyle and Kilnagornan, they’re separate places are they or are they....

Áit1: They’re side by side.

Ní mór a chur sa mheá chomh maith gur foirm ghiorraithe de *Killyballynos* / ***Coill Bhaile Nua** a luaitear le *Cherryville* (BF) lastiar de seo atá san ainm chomh maith. Is é is dóichí gurbh é an t-

¹⁹⁶ LogainmID: 25803

¹⁹⁷ ‘Kildare Harriers’

¹⁹⁸ Sainchomhartha áitiúil sa bhaile fearainn seo, ar thaobh an bhóthair idir Baile Chill Dara agus Mainistir Eimhín is ea ‘The Shell House’.

ainmfhocal **coill** ('Wood'; 'forest', *FGB*) atá san ainm. Díol suime is ea an défhoghar [əi] atá le sonrú san fhuaimniú áitiúil, más ea.

Pack Bush

669984 712431

1.	1757	Pack Bush	Rocque TCD ¹⁹⁹
2.	1815	The Packbrush Field ²⁰⁰	CGn. 693.368.476095
3.	1815	The Packbrush farm	CGn. 693.368.476095
4.	1837	Parkbush	AL:Desc. Rem. (<i>Cherryville</i>)
5.	1908–9	Pack Bush	SO 25"
6.	2019	,pak'buʃ	Áit.1

Is crosbhóthar é seo ar an bpríomhbhóthar idir Baile Chill Dara agus Mainistir Eimhín.

Cuireann formhór na bhfoirmeacha stairiúla an focal Béarla *pack* ('a bundle, package, or packet', *OED*) in iúl don chéad eilimint, ach i bhfianaise fhoirm 4 *Parkbush*, agus fhoirm 2 *The Packbrush Field*, ní mór *park* a chur san áireamh freisin. Faightear *pack* mar bhéarlú ar **páirc** na Gaeilge in ainmneacha páirce i gContae na Mí (*Packyarra*²⁰¹), i gContae Lú (*Packascrubbish*, *Packadarish*²⁰²) agus i gContae an Dúin (*The Wee Packafull*²⁰³), ach ba dhána an mhaise a mhaíomh gur ainm de bhunadh na Gaeilge é seo. Más *pack* an Bhéarla atá sa chéad eilimint ó cheart is dócha gurb é an chiall 'A bundle of things wrapped or tied up together for transport; a bale, package, or parcel; (sometimes) *spec.* the burden carried on the back of a person or animal' (*OED*) atá i gceist leis, i bhfianaise shuíomh na háite ar an bpríomhbhóthar. Baineadh aiteann agus cuireadh é i bpacáistí mar bhreosla in Éirinn, agus tá fianaise ar an gcleachtas sin i gcathair Bhaile Átha Cliath ón 16ú (Lucas, 1958: 42) agus thaifead Lucas cuntas air ó fhaisnéiseoir i gCill Chainnigh in 1958 (*ibid.*: 52). D'fhéadfadh sé, mar sin, gur tagairt do chleachtas dá leithéid atá san ainm seo. Ní léir cé acu *bush* nó *brush* bunús an dara heilimint, áfach.

¹⁹⁹ 'a Survey of Kilnegarnan'

²⁰⁰ 'lands of Mooretown called The Packbrush Field


²⁰¹ 'Ainmneacha Páirce na Mí', *Meitheal Logainm*.

²⁰² 'Ainmneacha Páirce Lú', *Meitheal Logainm*.

²⁰³ 'Comhfhiontar Logainmneacha Ard Mhacha agus an Dúin Theas', *Meitheal Logainm*.

BF: Kildare / Cill Dara

LogainmID: 25860



Figiúr 21: Kildare / Cill Dara 1; Baile Chill Dara. Bonnleársaí: 2016, ©Google.



Figiúr 22: Kildare / Cill Dara; Tuaisceart an bhaile fearainn. Bonnleársaíl: 2016, ©Google.



Figiúr 23: Kildare / Cill Dara; Oirdheisceart an bhaile fearainn. Bonnleárscaíl: 2016, ©Google.

Academy Street

672664 712314

1. 1757	Black Ditch or Clea Moor Street	Rocque
2. 1817	Black ditch or Cleamore Street	Sherrard 1817
3. 1938–9	Academy Street	SO Cassini

*An Claí Mór

Sráid in iarthar an bhaile a nascann *Greyabbey Road* le *Claregate Street*. Seo a leanas scagadh Hayden (1985: 483) ar an ainm:

‘The de la Salle Brothers opened a secondary school called the Academy in Claemore Street in 1884. Down the years the name Academy Street tended to replace the old name Claemore Street. The old name will be restored on a street name-plate. Claemore is Claidhe Mor – Big Ditch.’

Is cosúil, mar sin, go ndeachaigh an seanainm i léig ó dheireadh an 19ú haois ar aghaidh. Is é atá sa leagan Gaeilge den ainm sin ná ***An Claí Mór** ‘the big dike, wall; fence’. Is léir gur ainmníodh an tsráid as gné éigin a bhí in aice leis nó sa chónagar, agus is cinnte go gcuireann an fhoirm Bhéarla *Black Ditch* an ghné chéanna in iúl, in ainneoin na héagsúlachta ó thaobh céille de.

Booreena Gorp

'the boreen of the corpses'

672636 712701

1.	1757	Booreena Gorp ²⁰⁴	Rocque
2.	1816	Boreen a Corp	Kildare Est.: Fire Castle Lots
3.	1817	Boreen - a - gorp ²⁰⁵	Sherrard 1817
4.	1837	Bohereenagorr	SO 6"
5.	1837	Boithrín na g-Corp little road of the corpses	AL:OD
6.	1837	Borheen agurp ²⁰⁶	AL
7.	1837	Borheen agurp ²⁰⁷	AL
8.	1837	Supposed to have taken its name from a number of friars killed in this lane by Oliver Cromwell.	AL:Desc. Rem.
9.	1899	Bohereen-na-goor ²⁰⁸	JCKAS III 25

Tá míréireacht ann ó thaobh shuíomh agus fhoirm na háite seo sna foinsí éagsúla. Is ar shuíomh *Priests Lane* an lae inniu atá *Booreena Gorp* ar léarscáil Rocque, agus is é an tsráid atá ó thuaidh uaidh atá marcáilte mar *Bohereenagorr* ar *SO 6"*. Phléigh Hayden (1985) an éiginnteacht seo:

'The road between the back of the Vocational School and the Park is Borreenagurp – Bothairin na gCorp – the Road of the Corpses! The location of this road was firmly fixed by older residents. There was some confusion since one map put this road on the south side of the Vocational School, confusing it with Boreenagun – Bothairin nag Con.'

Is cosúil gurbh é *Bohereenagorr* a bhí i gceist ag Hayden sna tagairtí atá aige do *Boreenagun*, ach is léir ón méid sin gur samhlaíodh '*Borreenagurp*' le *Bohereenagorr SO 6"* go háitiúil. Bíodh sé sin mar atá, tá cuma an dúchais ar fhoirm 9, agus tá seans ann, mar sin, gur ainmneacha malartacha iad sin, nó ainmneacha éagsúla ar an dá bhóthar.

²⁰⁴ (Priests Lane an lae inniu)

²⁰⁵ (Priests Lane an lae inniu)

²⁰⁶ McErone, John, schoolmaster

²⁰⁷ John Scott and Stephen Garry, farmers

²⁰⁸ 'There is a portion of an old road still in use at the northern side of the town of Kildare, called "Bohereen-na-goor", or the little roads of the turns or circuits – a name derived according to Mr Hennessy, from an ancient custom which necessitated any celebrated stranger visiting the Curragh to perform a "cor" or circuit around it'

Is cinnte gurb é atá taobh thiar de na foirmeacha in *-gorp*, *-garp* agus *corp* ná ***Bóithrín na gCorp** ‘the borean of the corpses’. Leanann *Bohereenagorr SO 6*” cúrsa ó *Shraud* go dtí *White Abbey*, agus an-seans gur ainmníodh é as corpáin a bhí a dtabhairt go dtí an láthair eaglasta sin lena n-adhlacadh. Féach freisin gur thángthas ar roinnt corpáin gar go maith don suíomh seo le linn obair tógála in 2019²⁰⁹. Le linn Éirí Amach 1641, rinne buíon reibiliúnach corpáin roinnt Protastúnach a dhí-adhlacadh ó reilig na hardeaglaise sa bhaile. Fágadh na corpáin sin ina luí áit éigin taobh amuigh de thailte na hardeaglaise. Ní léir cén áit go díreach ar fágadh iad, ach is dócha go bhfuil an dá lána seo beagán rófhada ón ardeaglais go bhféadfadh an eachtra seo a bheith mar bhunús ag an ainm. Seo a leanas sliocht as ceann de na teistíochtaí ina gcuirtear síos ar an eachtra:

‘the Protestants of that place were not permitted to bee buried in the Churchyard ~~yard~~ there, but they caused the Corpes of many dead protestants to bee diggd from out of the said Church~~yard~~ and to bee throwne into a filthie backside to bee devoured of dogges and other beasts’ (Teistíochtaí 1641: MS 813, fols 385v-386v)

Broadhook

673641 712153

1. 1674	Brodehooke	Emerson BoR, 26
2. 1674	Brodehooke	Emerson Contents, 26
3. 1674	Brodehooke	Emerson JCKAS, 410
4. 1684	Broadhooke	Rent Roll
5. 1744	Broadhook	CGn. 115.328.80638
6. 1744	Broadhook	CGn. 117.242.80637
7. 1746	Broadhooke	CGn. 126.32.85272
8. 1757	Broadhook	Rocque TCD (CD)
9. 1775	Broadhook	CGn. 304.547.206097
10. 1817	Broadhook	Sherrard 1817

Tá sé seo suite thart ar an áit a bhfuil Beairic Chill Dara (*Magee Barracks*) sa lá inniu. Luaitear 39 acra Éireannacha leis in *Emerson Contents*.

Is ainm Béarla atá á chur in iúl ag na foirmeacha stairiúla thuas ar fad. Luaitear *broad-hook* (‘a reaping-hook’) le Herefordshire Shasana in *EDD*. Ní léir céard dó a mbeadh a leithéid d’ainm ag tagairt, cruth cuartha ar pháirc nó ar sconsa, b’fhéidir. Tá *Broad Oak* ar fáil mar ainm páirce i

²⁰⁹ RTÉ, Liveline 17/12/2019.

mBerkshire Shasana (*EFN*: 48), agus d'fheadfadh gurb é sin atá san ainm seo chomh maith. Caolseans gur foirm bhéarlaithe é seo d'ainm eile in **Bratóg** 'small cloak, covering' (*FGB*).

Burgage

672578 713026

1. 1674	Burgadge	Emerson BoR
2. 1684	Burgage	Rent Roll
3. 1726	Burgage	CGn. 48.302.31662
4. 1744	Burgage	CGn. 115.328.80638
5. 1744	Burgage	CGn. 117.242.80637
6. 1746	Burgage	CGn. 126.32.85272
7. 1750	Brogage	CGn. 146.118.96913
8. 1757	Brogas	Rocque TCD (CD)
9. 1775	Burgage	CGn. 304.547.206097
10. 1801	Brigasky	RSBCK: Subscription Roll: Index
11. 1801	Brigasky	CGn. 538/188/356897
12. 1812	Burguask and the Brick Field	CGn. 657.42.449975
13. 1816	Burgeish	Kildare Est.: General Survey
14. 1827	Burgauk	TAB
15. 1827	Burgauk	TAB
16. 1827	Burgauk	TAB
17. 1827	Burgauk	TAB

Tá sé seo suite idir *Old Road* agus an R401, ar an taobh ó thuaidh den iarnród mar atá inniu, agus teorainn aige le baile fearainn *Bishopsland* ar an taobh ó thuaidh.

Is léir gurb é atá sna leaganacha is luaithe den ainm ná an focal Béarla *burgage* 'A tenure whereby lands or tenements in cities and towns were held of the king or other lord, for a certain yearly rent; A freehold property in a borough; also, a house or other property held by burgage tenure' (*OED*).

Tháinig an focal sin ó *bourgage* na Sean-Fhraincise. Léirítear foirm 8 in *Brogas* ar léarscáil Rocque san áit chéanna le foirm 13, mar sin, is léir gur foirm den ainm céanna atá ann. Ní fios an ainm malartach nó athmhíniú ar an mbunainm, nó botún cóipeála fiú atá san fhoirm sin. Tá an chuma air go bhfuil focal cosúil le **brocais** ('den'; 'dirty, smelly, place', *FGB*) á chur in iúl aige. D'fheadfadh freisin gur gaelú ar an mbunainm atá i gceist. Is léir go bhfuil meititéis tar éis tarlú i gcás fhoirm 7, 10 agus 11. Seans, mar sin, gurb in a tharla le foirm 8 freisin. Cuireann foirmeacha 10–17 leaganacha gaelaithe den logainm in iúl agus díol spéise is ea an réadú *-sk* ar *-st* na Gaeilge sna leaganacha sin. Tá fianaise ar an bhforbairt seo i gContae na hIarmhí chomh maith, mar a thaifead Mhac an Fhailigh an fuaimniú

[sga:l'k'i:n'] ar *scáiltín*²¹⁰ 'drink made from whiskey flavoured with caraways' (1945: 264). Tá sé inspéise chomh maith a dheireanaí is a tháinig na leaganacha gaelaithe den logainm chun cinn. Is foirm Bhéarla an ainm amháin atá le feiceáil sna foinsí go dtí lár an 18ú haois, ach níl aon amhras ach go raibh an leagan Gaeilge den ainm sa chúrsaíocht ní ba luaithe ná sin.

Claregate

*Geata na gClár?

'the gate of the wooden planks?'

1. 1674	Clare Gate	Emerson Contents, 17
2. 1674	claregate	Emerson BoR, 17
3. 1776	Galneglaure Street	CGn. 310.459.207303
4. 1801	GatereGlaure ²¹¹ Street	CGn. 538/188/356897

A pcall [parcel] wherein is land called Loughlyon Trensheld mead Leanaweana & Aughawena and other names. Bounded on ye west wth Sellitt on ye south wth white abbie and grayabbie Dixonsland on ye east wth ye parkes w.hout Claregate on ye north Duneny laine and w.hout it by Bishopsland and the Little Cunnebura a comon. This surround is all good arable and good meadow land only about 12 ac of good pasture next Sellit contains in all 82=0=00 (Emerson BoR: 17).

Is ceann de gheataí stairiúla an bhaile é seo, agus is cinnte gurb é **geata** ('gate', *FGB*) atá sa chéad eilimint. Maireann an t-ainm san ainm sráide *Claregate Street* inniu. Is é an suíomh measta a thugann Bradley (2000: 30) don gheata ná an t-acomhal idir *Academy Street / Cleamore Street* agus *Claregate Street*. Is é seo a leanas an scagadh a bhí ag Hayden (1985: 481) ar *Claregate*:

'The Irish version of Claregate Street now explains the name – Sraid Gheata an Chleir [sic] – the Street of the Gate of the Clergy. An ancestor of this street led to a gate used by clergy when entering the more extensive complex which stood where now the cathedral stands.'

Ní léir céard air a bhunaigh sé an tuairim seo, agus ní luaitear aon fhoinsé leis an scéal faoin gcléir. Is é **Sráid Gheata an Chléir** [sic] atá ar ainmplátaí an bhaile, foirm atá míchruinn ó thaobh na Gaeilge de. Is cosúil gur leagan Gaeilge den sráidainm *Claregate Street* agus d'ainm an gheata féin dá bharr, atá i bhfoirmeacha 3 agus 4. Is dócha go bhfuil botúin chóipeála sna foirmeacha sin agus go mba cheart *Galneglaure* agus *GatereGlaure* a léamh mar **Gatneglaure* agus **Gateneglaure*. Más amhlaidh atá, seans go bhfuil dealramh le tuairim Hayden, agus gurb é **cléir** ('clergy', *FGB*) nó **cléireach** ('cleric', *FGB*) atá sa chéad eilimint: ***Geata na gCléir** 'the gate of the clergy' nó ***Geata na gCléireach** 'the gate of the clerics'. Bheadh an guta fada san eilimint bhéarlaithe *-glaure* pas beag

²¹⁰ C.f. *scáiltín* – 'hot whiskey (with various ingredients)' (*FGB*).

²¹¹ Litriú éiginnte. Is mar *Gaterelylaure* a tras-scríobhadh an fhoirm seo san Irish Historic Towns Atlas (Andrews, 1986, 8), agus d'fhéadfaí é a léamh mar sin nó mar *GatereGlaure* ach i bhfianaise foirm 3 a bhfuil *-glaure* deiridh ann go cinnte, glactar leis gur *GatereGlaure* atá ceart.

neamhghnách mar réadú ar an dá ainmfhocal sin, ach is ann do shamplaí dá léithéid: *Cloonagleragh* / **Cluain na gCléireach**²¹² (1778c, *Clooneglauraugh*, *CGn.*, 370.149.252514, *Logainm.ie*) ‘the meadow of the clerics’, i gContae Mhaigh Eo (Mac Gabhann, 2014: V, 731) agus *Tullanaglare* / **Tulach na gCléir**²¹³, ‘hill of the clergy’, bhFear Manach (1834c, *Tulnaglaur*, *OSM*, ex *PlacenamesNI.org*), mar shampla.

Ní mór an sloinne *Clare/Clear/de Cléir* (MacLysaght, 1991: 45) (‘Norman “de Clere”’ from some spot perhaps in Normandy; the name of an old Anglo-Norman family in Co. Wexford and other parts of the south-east of Ireland, *SGG*: 255) nó *Clare* / **de Clár** (Norman ‘de Clar,’ i.e., of Clare, a parish in Suffolk, *SGG*, 255) a chur san áireamh don eilimint deiridh chomh maith. Féach go bhfuil an chosúlacht ar an scéal gur sloinne nó ainm pearsanta atá i gceist le *Ellis Gate*, a bhí ar an taobh ó thuaidh den bhaile. Bhí Baile Chill Dara mar bhunáit ag Richard de Clare agus é ag déanamh ionsaithe ar mhuintir Uí Chonchubhair agus Uí Dhíomasaigh sna 1170í (Mathews: 1903, 23, 24), agus tá seans ann gurbh é féin a thóg an caisleán sa bhaile fiú (*SSN* KD022-029004). D’fhéadfadh sé, mar sin, gur as Richard de Clare féin a ainmníodh *Claregate* an chéad lá, agus gurbh é ***Geata an Chláraigh** ‘the gate of **An Clárach**’ bunfhoirm an ainm. Ní réiteodh an leagan seo le -g- tosaigh an dara heilimint i bhfoirmeacha 3 agus 4, áfach.

Féidearthacht eile is gá a chur san áireamh is ea gur tagairt do logainm gan urrús in ***An Clár** (‘the plain’) atá san ainm. Más fíor don litriú *GatereGlaure* i bhfoirm 4, d’fhéadfadh sé gur ***Geata re Clár** ‘the gate facing the plane’ atá i gceist. Faightear an réamhfhocal **re**, foirm Mheán-Ghaeilge de **fri** a chiallaíonn ‘towards, facing, turned to’; ‘against... alongside, down along, by’ agus ‘next to, at, in contact with’ i gcomhthéacs suímh (*DIL*). Is é **Tóin re Gaoith** an fhoirmle is coitianta a bhfeictear **re** mar eilimint inti i logainmneacha na hÉireann. Mínítear **Tóin re Gaoith** mar ‘backside to the wind’ i gcás *Tandragee*²¹⁴ in Ard Mhacha (*DUP*: 139) agus ‘bottomland to (the) wind’ i gcás *Tanderagee*²¹⁵ i gContae an Chabháin (*Logainm.ie*). Feictear ainmfhocal eile le **re** chomh maith, áfach: *Currysheskin* / **Cúl re Seisceann**²¹⁶ ‘back to the bog’ (*Logainm.ie*) i gContae Aontroma agus *Coolrecuill* / **Cúil re Coill**²¹⁷ i gContae Shligigh. Arís, sa chás seo, tá -g- tosaigh an dara heilimint gan mhíniú.

Ós rud é gur struchtúr atá i gceist leis an ngné seo, b’fhéidir gur mó an seans gurbh é **clár**, sa chiall ‘board’ (*FGB*), ‘board, plank’ (*DIL*) atá san ainm: ***Geata na gClár** ‘the gate of the wooden planks’. Míníonn an Brainse Logainmneacha *Kilnaglare* / **Coill na gClár**²¹⁸ i gContae an Chabháin mar ‘the

²¹² LogainmID: 35971

²¹³ LogainmID: 60267

²¹⁴ LogainmID: 56271

²¹⁵ LogainmID: 3654

²¹⁶ LogainmID: 61784

²¹⁷ LogainmID: 45558

²¹⁸ LogainmID: 4335

wood of the planks’ agus is mar ‘hill of the boards, tables or flats’²¹⁹ agus ‘round hill of the boards’²²⁰ a mhínigh Ó Donnabháin an dá bhaile fearainn den ainm *Cornaglare* / **Corr na gClár** i gContae Mhuineacháin. Ní féidir a bheith cinnte de bhunús an dara heilimint san ainm, ach is é sin an míniú is dealraithí air.

Cooleen

672956 712690

1.	1954	“Cooleen”	Irish Independent: 03/06/1954,10 ²²¹
2.	2019	ḡəˌkuːˈliːnstɔːrɜː	Áit.2
3.	2019	kuːˈliːnkarnə	Áit.2

Is é an crosbhóthar, áit a dtagann *Station Road* agus *Shraud* le chéile, atá i gceist anseo.

Tá bunús an logainm seo doiléir. Ní léir an ainm nua, ionphlandaithe é nó an ainm dúchasach áitiúil é nár tháinig aníos in aon fhoinsé scríofa go dtí gur ainmníodh teach as. Ní léir aon nasc idir úinéir an tí a luaitear i bhfoirm 1, an seanadóir Michael Smith, arbh as Áth Gharbháin dó ó dhúchas, agus áit ar bith eile sa tír den ainm *Cooleen*. Tá seans éigin ann gur ainmníodh an áit as capall rásaíochta. Bhí capall den ainm *Cooleen* gníomhach sna 1930í (*Kildare Observer*: 29/09/1934; 4: *Irish ‘Chasers for England’*), ach ní dócha go raibh mórán ratha ar an gcapall áirithe sin, agus ní léir cár tógadh é i dtús an tsaoil.

Tá cúpla ainm stairiúil sa chongar seo a bhfuil **Cúil** (‘Corner, nook’, *FGB*) mar eilimint iontu: *The Cool* (**An Chúil**) agus *Farrancooly* (**Fearann na Cúile**), cuir i gcás, agus, mar sin, níl sé as áireamh gur ainm den traidisiún áitiúil atá anseo. Is léir gurb é atá san ainm ná an t-ainmfhocal **cúil** agus an mhír dhíspeagtha -ín, agus gurb é **An Cúilín** (‘the small nook, corner’) atá taobh thiar de *Cooleen*, ach ní léir bunús na foirme béarlaithe sin.

Croftee kallin

1.	1674	Croftee kallin	Emerson Contents, 26
2.	1674	Croftekalline	Emerson Contents, 26
3.	1674	CroftinaCalline	Emerson BoR, 26
4.	1684	Crotnecally	Rent Roll
5.	1684	Crotnecally	PRONI Abstract
6.	1744	Crotnecally	CGn. 117.242.80637
7.	1744	Crotnecally	CGn. 115.328.80638

²¹⁹ LogainmID: 40172

²²⁰ LogainmID: 40820

²²¹ ‘Nominated for Seanad: Michael Smyth, “Cooleen” Militta Road, Kildare’.

8. 1746	Crotnecally	CGn. 126.32.85272
9. 1775	Crotnecarry	CGn. 304.547.206097

...a surround wherein is 2 gardins and cabbins ye Earls parks on ye north of ye castle walls east of ye highway wthout Ellis gate and 3 cabbins and gardins west of ye highway wthout adjoining to Ellisgate; also in this surround is is [sic] ye land caled Brodehooke CroftinaCallyaghknock Farrinacappoge Farrinacarra Farrina[?] Knockmancill farrintra glanbrattas and severall other names... (Emerson BoR: 26)

Is cosúil gurb ionann an logainm atá faoi chaibidil i bhfoirmeacha 1–3 agus 4–9 in ainneoin go bhfuil siad sách éagsúil óna chéile ó thaobh foirme de. Luaitear iad tar éis *Broadhook* i bhfoinsí Emerson agus in *CGn.* agus ní luaitear iad san fhoinsé chéanna. Ní léir suíomh beacht na háite, ach is cosúil go raibh sé áit éigin lastoir de *Broadhook* in oirthear bhaile fearainn *Kildare* nó i mbaile fearainn *Collaghknock Glebe* fiú.

Tá dhá eilimint san ainm seo, ach feictear foirmeacha éagsúla den dá eilimint sin. Dealraíonn sé gurb é atá sa cheád eilimint i bhfoirmeacha 1–3 in *crofte-*, *croftin-* ná an t-ainmfhocal **crochta** a thagann ón ainmfhocal Béarla *croft* ('A piece of enclosed ground, used for tillage or pasture: in most localities a small piece of arable land adjacent to a house', *OED*). Seans gurb é é atá i bhfoirm 3 in *croftin-* ná leagan díspeagtha de **crochta** in **crochtín**. Tá an leagan sin den fhocal le sonrú in ainm baile fearainn i gContae Luimnigh den ainm *Croghteen* / **An Crochtín**²²². D'fhéadfadh sé go gcuireann foirmeacha 4–9 réadú canúnach ar an ainmfhocal céanna ina bhfuil **-ch-** in **crochta** balbh. Tá réadú den chineál seo le feiceáil san ainm baile fearainn *Crettyard* / **Crochta Ard**²²³ i gContae Laoise. Ní mór a chur san áireamh, áfach, gur botún cóipeála faoi deara an litir *-f-* i bhfoirmeacha 1–3, agus gur **cruit** ('hump', *FGB*) atá sa cheád eilimint ó cheart.

I dtaca leis an dara heilimint, tá éagsúlacht le sonrú idir foirmeacha 1–3 agus 4–9 chomh maith. Tá leanúnachas ag baint le foirmeacha 4–8, agus is dócha gur botún cóipeála is cúis le *-rr-* atá i bhfoirm 9. Tá réadú soiléir ar an alt na sna foirmeacha sin. Is léir gurb é an focal atá á chur in iúl sna foirmeacha seo in *-cally* ná an leagan g.u. den ainmfhocal **cailleach** ('nun'; 'Old woman'; 'hag', *FGB*), **caillí**, agus gurb é atá á chur in iúl ag na foirmeacha seo na ***Crochta na Caillí** - 'the nun's croft' nó ***Cruit na Caillí** 'the nun's hump'. Tá an dara heilimint beagán níos casta sna foirmeacha is luaithe. Is cosúil go bhfuil iarmhír dhíspeagtha á cur in iúl ag *-ine* deiridh i bhfoirmeacha 2 agus 3, agus dá bharr sin, d'fhéadfaí a thuairimiú gur leagan díspeagtha den fhocal **cailleach** in **caillichín** ('little old woman; Precocious girl', *FGB*) atá anseo. D'fhéadfadh sé, mar sin, gurb é ***Crochta an Chaillichín** nó ***Cruit na**

²²² LogainmID: 30576

²²³ LogainmID: 28864

Caillí atá á chur in iúl ag foirmeacha 1 agus 2, agus ***Croichtín an Chaillichín** nó ***Cruitín an Chaillichín** atá in foirm 3 ach tá bunús beacht an ainm éiginnte.

Curragh Road

‘the Curragh road’

674113 712168

1. 1674	Curralaine	Emerson BoR, 26
2. 1864	Borahurra[?]	PR:Kildare/Rathangan 04207/107, 7
3. 1881	Curragh Road	Dog Licences ²²⁴
4. 1898	Curragh Road	Dog Licences ²²⁵

Is ainm eile é seo ar *Dublin Street/Hospital Street/An R445* ar an taobh thoir den bhaile.

Ainm tuairisciúil Béarla ar threo an bhóthair atá i bhformhór na foirmeacha thuas. Tá foirm 2 thuas spéisiúil, ach ní féidir a bheith go hiomlán cinnte de go mbaineann sé leis an mbóthar céanna. Bíodh sin mar atá, ní mór a chur san áireamh go bhféadfadh sé gur leagan Gaeilge den ainm seo atá i gceist. Luaitear an fhoirm sin *Borahurra* le Thomas Doyle agus Mary Cooney sna taifid bhaiste do pharóistí Chill Dara agus Ráth Iomgháin. Níor thángthas ar aon fhoirm eile den ainm i bhfoinse ar bith eile. Feictear Thomas Doyle agus Mary Cooney seo sna taifid pharóiste sa bhliain 1863, nuair a pósadh iad, agus *‘Curragh’* mar sheoladh acu, ach ní féidir an suíomh beacht a raibh cónaí orthu ann a chinntiú.

D’fhéadfaí foirm 2 a mhíniú mar ***Bóthar an Churraigh** (*‘the road of The Curragh’*) ina bhfuil an **-th-**láir san fhocal **bóthar** báite, gné a bhí coitianta i gcanúint na háite seo is cosúil.

Ellis Gate

1. 1674	Ellis Gate	Emerson BoR, 30
2. 1674	Ellis Gate	Emerson Contents, 30
3. 1684	Ellis gate	Rent Roll

A pcell caled Farringate arable land 40 pearches from Ellisgate bounded on ye south wth Bishopslaine, on ye west wth Dunmurrielaine on ye north wth. Bishopslane on ye east wth. Rathbridelaine. 16a. 1r. Op (Emerson BoR: 30).

Ceann de thrí gheata a luaitear i suirbhé Emerson. Tá suíomh an gheata seo éiginnte, ach faightear leid láidir sa chur síos a dhéanann Emerson ar shuíomh *Farringate*. Tá suíomh *Farringate* cinnte, mar sin, is cosúil go raibh an geata seo 40 péirse (201.168m) laistear de *Shraud*, an pointe is faide ó

²²⁴ John Colgan

²²⁵ William Kirby

dheas in *Farringate* ar *Station Road*. Tá an suíomh ag teacht leis an áit a dtrasnaíonn cúrsa tuairimíoch bhalla cosanta an bhaile mar atá molta ag Andrews et. al (1986: 4).

Is cosúil gurb é an sloinne nó ainm pearsanta *Ellis* ‘derived from the Old-English Christian name Ellis, or Elias’ (MacLysaght, 1991, 97) atá san ainm. Féach go bhfuil baile fearainn den ainm *Ellistown* / **Baile Eilís**²²⁶ i bparóiste *Rathangan*.

Farrandergh Glebe

‘the red land’

673395 673395

1.	1750	Farrendarreg	CGn.	141.368.95834
2.	1750	Farrendarreg	CGn.	144.5.96219
3.	1757	Gleab	Rocque TCD (CD)	
4.	1813	Farandereg	CGn.	660.201.455850
5.	1831	Farrandaragh	RSBCK ²²⁷	
6.	1837	Farrandergh Glebe	SO 6"	
7.	1837	Farrendarig Glebe	Brennan, P.:AL	
8.	1837	Farrendarug Glebe	Cox, William, Rector:AL	
9.	1837	Farrandergh Glebe	AL:OD	
10.	1878	Farrendergh	Dog Licences ²²⁸	
11.	1881	Farrandergh	Dog Licences ²²⁹	
12.	188	Farrendarry	Leinster Express, 11/06/1887 ²³⁰	
13.	1882	Farrendergh	Dog Licences ²³¹	
14.	1892	Farrendergh	Dog Licences ²³²	
15.	2019	Farrenberg Glebe [sic]	SO Geohive	

The property of Dean Gregory and chapter is let in one farm at £1-17.6 per Irish acre. It is good land and well fenced. Chiefly under cultivation’ (AL:Desc. Rem.)

Maireann an t-ainm seo san ainm earráideach eastáit *Farrenberg Glebe*, atá suite beagán laisteas den suíomh a luaitear leis an áit i bhfoinsí stairiúla.

²²⁶ LogainmID: 25598

²²⁷ ‘Survey of Gurteen alias Collaghknock in the Parish of Kildare, Barony of Eastern Offaly by Charles Greene’.

²²⁸ Rev. R. E. Eaton.

²²⁹ Rev. Jas. Floyd.

²³⁰ Chancery Division - Land Judges - General Notice to Claimants

²³¹ The Rev Jas Floyd

²³² Revd Dean Cowell.

Cuireann na foirmeacha stairiúla ar fad, seachas foirmeacha 3, 5, 12 agus 15, na heilimintí **Fearann** ('land') agus **Dearg** ('red', *FGB*) in iúl, rud a léiríonn gurbh é ***An Fearann Dearg** 'the red land' bunfhoirm an ainm. Chuirfeadh foirm 5 in *-daragh* **darach** an fhoirm g.u. agus g.i. den ainmfhocal **dair** ('oak', *FGB*) in iúl, ach is fearr i bhfad a réitíonn **dearg** le formhór na fianaise.

Englishmanslaine

1. 1674 Englishmanslaine Emerson Contents, 26

With the 7a in Moris Fitzgerald's holding and with the Englishmanlaine (Emerson Contents: 26).

Seans gurbh é *Magee Terrace* an lae inniu, agus a léirítear mar lána ar léarscáileanna *SO 6"* agus *Rocque TCD (CD)* atá i gceist anseo, ach níl sé sin cinnte.

Ainmníodh an lána seo as Sasanach fir a raibh gabháltas aige sa cheantar, b'fhéidir.

Faranchenonter

*Fearann an Chantaire

'the chanterland'

1. 1750	Fananchenonter	CGn.	141.368.95834
2. 1750	Faranchenonter	CGn.	144.5.96219
3. 1767	Farrenchinonter	CGn.	268.92.168613
4. 1813	Faranchananter	CGn.	660.201.455850
5. 1813	Faranchanter	CGn.	660.201.455850
6. 1814	Farrankananter	CGn.	674. 105.464066
7. 1815	Faranekanonker	CGn.	693.368.476095
8. 1829	Farranchanonter	CGn.	819.276.568276
9. 1887	Farranchanonter	Leinster Express, 11/06/1887 ²³³	

Farrendarry, part of Farranchanonter, both known on the Ordnance Survey as Kildare, part of, containing 49a. 3r. 31p. (Leinster Express: 11/06/1887).

Is cosúil gurbh é *Farrenderg Glebe* atá i gceist le *Farrendarry* thuas. Dá réir sin, is féidir a thuairimiú go raibh an áit seo faoi chaibidil mar chuid den talamh gléibe sin.

Is é atá sa chéad eilimint anseo ná ***Fearann** ('land'). Tá an dara heilimint níos doiléire agus is féidir cúpla féidearthacht a chur san áireamh. D'fhéadfadh sé gur leagan Gaelaithe gan urrús den fhocal Béarla 'tenanter n. one who tenants, an occupant.' (*OED*) atá i gceist, agus gurbh é ***Fearann an Tionóntair / *Fearann na dTionóntar** 'the land of the tenanter(s)' an bhrí atá leis an ainm. Tá an focal Béarla *tenant* le feiceáil i logainmneacha i Sasana: *Tenant Mead, Tenantry Down, Tenants*

²³³ Chancery Division - Land Judges - General Notice to Claimants

Close, Tenants Down, Tenants Hill ‘Land occupied by tenants’ (EFN). Is cosúil, áfach, go léiríonn foirm 5 gurb é **cantaire** ‘chanter, chorister’ (FGB), focal de bhunadh na Laidine (DIL) atá sa dara heilimint: ***Fearann an Chantaire** ‘the chanterland’. Tá baile fearainn den ainm *Chanterlands*²³⁴ i gCill Dara, taobh amuigh de Bhaile Átha Í agus *Chantersland*²³⁵ i dTiobraid Árann chomh maith le hainm de bhunadh na Gaeilge in *Farranacounter* / **Fearann an Chantaire**²³⁶ i gCorcaigh. Talamh gléibe atá anseo, agus baineann an t-ainmfhocal sin le cúrsaí eaglasta, mar a léiríonn an míniú seo leanas ar *Moneyhoe Glebe or Chanterhill* i bhFear Manach:

‘The alias name Chanterhill was originally the name of a glebe house which was built in 1784 for Rev. Thomas Smith, rector of Enniskillen and still stands on the crown of a hill. The word chanter signifies a chorister or the chief singer in a chapel.’ (*The Northern Ireland Place-name Project*)

Seans gur botún cóipeála a athchóipeáladh arís agus arís eile sna gníomhais is cúis leis na foirmeacha ar fad seachas foirm 5 a bhfuil siolla sa bhreis iontu.

Farinacarra

‘the land of — ?’

673594 711947

1. 1674	Farrinacarra	Emerson, BoR, 26
2. 1674	Farrincarraland	Emerson Contents, 26
3. 1674	Farrincarrie [éiginnte]	Emerson Contents, 26
4. 1684	Farren carragh	PRONI Abstract
5. 1684	ffarrencarragh	Rent Roll
6. 1744	Farrencarragh	CGn. 115.328.80638
7. 1744	Farrencarragh	CGn. 117.242.80637
8. 1746	Farrencarragh	CGn. 126.32.85272
9. 1757	Farinacarra	Rocque TCD (CD)
10. 1775	Farrencarragh	CGn. 304.547.206097

The west park in Farrincarraghland next Blindwell & nere wind mill hill (Emerson Contents: 26).

Tá éagsúlacht bheag idir an suíomh a luaitear leis an áit seo i bhfoinsí Emerson agus léarscáil *Rocque TCD* (CD). De réir *Emerson Contents*, ba é an chuid de bhaile fearainn *Kildare* atá laisteanas den R445 agus atá buailte le paróiste na Tulaí ar an taobh ó dheas a bhí i gceist. Cuireann Rocque an t-ainm

²³⁴ LogainmID: 24895

²³⁵ LogainmID: 48945

²³⁶ LogainmID: 9002

seo faoi chaibidil in iarthar bhaile fearainn *Curraghfarm*, tamall soir ón suíomh eile. Tá an chéad chuid den cheantar a luaitear thuas suite ar dhroim óna bhfuil fána sách géar ag dul síos i dtreo pharóiste na Tulaí.

Fearann ('land') atá sa chéad eilimint anseo go cinnte. Tá an chosúlacht ar fhoirmeacha 1 agus 9 go raibh an t-alt san ainm, rud a thacódh le ainmfhocail a bheith sa dara heilimint. D'fhéadfadh sé gur réadú ar ghuta cúnta atá san *-a-* lár sna foirmeacha sin, ámh. Tá sé deacair bunús an dara heilimint sin a dhéanamh amach. Réiteodh **carrach** ('rough-skinned'; 'scabby, mangy'; 'Rock-incrusted, rocky', *FGB*) le formhór na bhfoirmeacha thuas, ach ní talamh carraigeach atá anseo, agus ní léir go díreach cén chiall a bheadh le 'Rough-skinned; 'scabby, mangy' i gcomhthéacs logainm. Tá seans ann go bhfuil baint ag an ainm le *Magdelonsland* in aice láimhe anseo i bhfianaise go raibh nasc idir Máire Mhaigdiléana agus ospidéal lobhar. D'fhéadfaí a thuairimiú gurbh é **Fearann Carrach, Fearann na gCarrach** 'land of the Rough-skinned; scabby, mangy people', nó **Fearann an Charraigh** 'land of the Rough-skinned; scabby, mangy person', an leagan bunaidh den ainm, ag tagairt do na lobhair a bhí sa chónagar más ea. Is é 'the town of the scabby people'—Ón leasainm **carrach**, "gearbach" an míniú a thugann an Brainse Logainmneacha ar *Ballynagaragh* / **Baile na gCarrach**²³⁷ i gCorcaigh. Is cosúil go léiríonn foirmeacha 1–3, nach **-ch** deiridh atá san ainm agus, mar sin, b'fhéidir gur mó an seans gurbh é ***Fearann an Charraigh** a bhunfhoirm. D'fhéadfaí **cathrach** g.u. **cathair** ('city'; 'enclosed church establishment; monastic city'; 'circular stone fort' (*FGB*)) a chur san áireamh chomh maith. Is i ndeisceart agus in iardheisceart na tíre is mó a fheictear an eilimint sin i logainmneacha (*IFN*, 46), áfach, agus níl aon sampla di mar chéad eilimint, nó mar cháilitheoir in ainmneacha riarcháin i gCill Dara, nó sna contaetha atá teorantach leis i gCúige Laighean. Tá éiginnteacht ann faoi bhunús an dara heilimint, mar sin.

Farranalauneigh

673519 713095

- | | | | |
|----|------|-----------------|-----------------------------|
| 1. | 1816 | Farranalauneigh | Kildare Est. ²³⁸ |
| 2. | 1816 | Farranalauneigh | Kildare Est. ²³⁹ |

Tá sé seo ar leáiscáil *Kildare Est.* thart ar an áit chéanna is atá *Farrenboy*, ar an teorainn idir bailte fearainn *Kildare* agus *Whitesland East*.

Tá an chéad eilimint *Farran-*, **fearann** ('land') soiléir. Tá deacracht leis an eilimint (nó na heilimintí) deiridh, áfach. Is minic foirmeacha béarlaithe dar críoch *-neigh* mar réadú ar **an eich** nó ar **eich** tar

²³⁷ LogainmID: 11131

²³⁸ Survey of the Estate of His Grace Augustus Frederick, Duke of Leinster in the Barony of Eastern Ophaly and County of Kildare 1816.

²³⁹ *The General Survey*

éis ainmfhocal le **n** deiridh sa Ghaeilge, *Kinneigh / Cinn Eich*²⁴⁰ i gCorcaigh agus *Drumineigh Glebe / Droim an Eich*²⁴¹ i gContae Liatroma, cuir i gcás. Ní dócha gurb in atá anseo, áfach. D'fhéadfaí fuaimniú amhail [*'lɑ:n`i:] a thuairimiú don eilimint *-launeigh*. D'fhéadfaí é seo a mhíniú mar **lánaí** (*Lanes, narrow streets FGB*), bunleagan in ***Fearann na Lánaí** 'the land of the lanes' a mholadh. Tá sé le tabhairt faoi deara gurb é *laine* an téarma Béarla atá in úsáid den chuid is mó agus tagairt á déanamh do bhóithre sa cheantar i bhfoinsí Emerson agus ar léarscáil Rocque.

Fraobawn

'white heather'

672193 712372

- | | | |
|----|-------|----------|
| 1. | 1900c | Fraobawn |
| 2. | 1911 | Fraobawn |

Fraoch Bán

- | |
|-----------------------------|
| SO 25" |
| Dog Licences ²⁴² |

Teach ar an taobh ó dheas den R445 laistiar de bhaile Chill Dara.

Is teach eile é seo a bhfuil ainm Gaeilge air nach léir a bhunús. Tá cuma na bréagarsaíochta ar an litriú atá ar an gcéad eilimint in *fraoc*- seachas leagan béarlaithe de logainm Gaeilge. Bíodh sin mar atá, tá sé deacair bunús an ainm seo a mhíniú. Ní léir aon logainm eile sa tír a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús aige. D'fheadfadh sé, mar sin, gur logainm dúchasach áitiúil atá san ainm seo nach raibh aon taifead air i bhfoinsí stairiúla go dtí gur ainmníodh teach as, ach níl aon chinnteacht faoi sin. Cibé ar bith scéal é, is léir gurb é ***Fraoch Bán** ('white heather', *FGB*) atá san ainm.

Farrenboy

'the yellow land'

673462 713185

- | | | | |
|----|------|----------------------------|----------------------|
| 1. | 1674 | Farrin boy | Emerson BoR, 28 |
| 2. | 1674 | Farrinboy east of the lane | Emerson Contents, 28 |
| 3. | 1684 | ffarrenboy | Rent Roll |
| 4. | 1744 | Farranboyle | CGn. 117.242.80637 |
| 5. | 1744 | Farrenboy | CGn. 115.328.80638 |
| 6. | 1746 | Farrenboy | CGn. 123.86.8368011 |
| 7. | 1746 | Farrenboy | CGn. 126.32.85272 |
| 8. | 1757 | Farrinboy | Rocque TCD (CD) |
| 9. | 1775 | Farrenboy | CGn. 304.547.206097 |

*An Fearann Buí

²⁴⁰ LogainmID: 9901

²⁴¹ LogainmID: 29334

²⁴² Major G.W Sanders

Tá sé seo suite lastuaidh de *Farrenderg Glebe*, ar an teorainn le baile fearainn *Whitelsand East*.

Cuireann na foirmeacha ar fad den logainm seo seachas foirm 4, atá earráideach, seans, na heilimintí Gaeilge **Fearann** ('land') agus **Buí** ('yellow', *FGB*) in iúl. Bunaithe air seo, is léir gurbh é ***An Fearann Buí**, '(the) yellow land', an bunleagan. Is dócha gur ainmníodh an áit seo agus *Farrenderg Glebe* i gcodarsnacht lena chéile ó thaobh cineál talún nó fásra nó a leithéid, ach ní léir céard go díreach atá i gceist leis an gcodarsnacht sin. Tá an dath buí le feiceáil i roinnt de na mionainmneacha atá faoi chaibidil sa pharóiste seo. Féach *Ferewee* (lch 131) agus *The Yellow Cunneburrow Land* (lch 189), mar shampla.

Farrencappoge

'the land of the little tillage plot?'

674095 712329

1. 1674	Farrinacappoge	Emerson BoR, 26
2. 1684	ffarrencappoge	Rent Roll
3. 1744	Farrencappoge	CGn. 115.328.80638
4. 1744	Farrencappoge	CGn. 117.242.80637
5. 1746	Farren Cappoge	CGn. 123.86.8368011
6. 1746	Farrencappoge	CGn. 126.32.85272
7. 1757	Farrinacappoge	Rocque TCD (88)
8. 1775	Farrencappoge	CGn. 304.547.206097

Tá an áit seo in oirthear an bhaile fearainn ar an taobh ó thuaidh den phríomhbhóthar go Baile Átha Cliath (R445). Tá forbairt tithíochta ar an láthair anois.

Is é atá sa chéad eilimint ná an t-ainmfhocal **fearann** ('land'). Maidir leis an dara heilimint *-cappoge*; *-capoge*, ní féidir a dhéanamh amach go cinnte cé acu **ceapóg** ('little tillage plot'; '(seed-)bed'; 'Level patch of ground', *FGB*) nó **copóg** ('dock', *FGB*) atá i gceist. Bíonn an réadú *-cap(p)oge* ar an dá fhocal sin i logainmneacha. Féach *Ballycappoge* / **Baile Copóg**²⁴³ i Loch Garman agus *Cappoge* / **Ceapóg**²⁴⁴ i gContae Lú, mar shampla. Bheadh ciall leis an dá fhocal seo i gcomhthéacs talmhaíochta, agus, mar sin, ní féidir iad a dhéanamh amach óna chéile go cinnte. Is cosúil go bhfuil réadú ar an alt le sonrú i bhfoirm 1 thuas, murar guta cúnta faoi deara an *-a-* láir idir *Farrin-* agus *-cappoge*. Ós rud é gur ainmfhocail bhaininsneacha iad **ceapóg** agus **copóg** araon, is cinnte gur **na** atá i gceist. Ní léir cé acu san uimhir iolra nó san uimhir uatha atá **ceapóg/copóg** san ainm. Má tá an t-alt san ainm, agus é san uimhir iolra, bheifí ag súil le réadú ar an urú le béarlú in **-goppoge* nó a leithéid, rud nach bhfuil le

²⁴³ LogainmID: 54285

²⁴⁴ LogainmID: 33537

sonrú san fhianaise stairiúil. Ní léirítear athruithe tosaigh na Gaeilge i bhfoirmeacha béarlaithe logainmneacha i gcónaí ámh. Más san uimhir uatha atá an eilimint deiridh, b'fhéidir gur mó an seans gur **ceapóg** atá ann seachas **copóg**: ní bheadh mórán céille le **copóg** san uimhir uatha i logainm, agus ní ann do shampla dá leithéid i mBunachar Logainmneacha na hÉireann. B'fhéidir go bhfuil níos mó céille le ***Fearann na Ceapóige** 'the land of the little tillage plot' mar ainm, mar sin. Mar a luadh thuas, níl sé as áireamh gur guta cúnta ba chúis leis an -a- láir sin, agus mar sin, d'fhéadfaí ***Fearann Copóg** ('the land of the docks') nó ***Fearann Ceapóg** ('the land of the little tillage plots') a chur san áireamh freisin.

Farrincooly

'the land of the corner, nook'

672984 713933

1. 1674	Farrincooly	Emerson BoR, 35
2. 1674	Farrincooley	Emerson BoR, 33
3. 1674	Clogarrett & Farrincoolie	Emerson Contents
4. 1684	Farencooly	PRONI Abstract
5. 1684	ffarrencooly	Rent Roll
6. 1727	Farrencooley	CGn. 56.117.37215
7. 1744	Farrancooly	CGn. 117.242.80637
8. 1744	Farrencooly	CGn. 115.328.80638
9. 1746	Farrencooly	CGn. 123.86.8368011
10. 1746	Farrencooly	CGn. 126.32.85272
11. 1757	Farreddecoly	Rocque TCD (CD)
12. 1775	Farrencooly	CGn. 304.547.206097

A pcel [parcel] called Clegarret & Farrincooley bounded on ye west with Dunmurrielaine on ye east with Rathbride and on ye north and south with Bishopsland contains 15 1 00 (Emerson BoR: 33).

Is i mbaile fearainn *Kildare* ar an teorainn le *Cloghgarret Glebe* atá foirm 11 thuas marcáilte, ag tagairt do pháirc amháin.

Is é **fearann** ('land') atá sa chéad eilimint anseo gan amhras. Dhealródh sé ó fhormhór na bhfoirmeacha, seachas foirm 11, atá earráideach, seans, gurb é **cúil** ('corner', 'nook': *FGB*), g.u. **cúile**, atá sa dara heilimint. Moltar ***Fearann Cúile** 'the land of the corner, nook', go cáiréiseach, mar bhunleagan. Níl aon réadú soiléir ar an alt i gceann ar bith de na foirmeacha stairiúla. Feictear **cúil** mar cháilitheoir gan an t-alt i roinnt logainmneacha sa taobh seo tíre, féach *Derrycooly* / **Doire**

Cúile²⁴⁵ ('(oak-)wood of (the) corner, nook', *Logainm.ie*) agus *Drumcooly* / **Droim Cúile**²⁴⁶ / ('ridge of (the) corner, nook', *Logainm.ie*) i gContae Uíbh Fhailí, mar shampla.

Farrengranagh

'the ugly land'

673004 712727

1. 1674	Farringranagh	Emerson BoR, 27
2. 1674	Farringrane	Emerson Contents, 27
3. 1684	ffarrengrana	Rent Roll
4. 1744	Farrangranah	CGn. 117.242.80637
5. 1744	Farrengranagh	CGn. 115.328.80638
6. 1746	Farrengranogh	CGn. 126.32.85272
7. 1775	Farrengranoh	CGn. 304.547.206097

Farringranagh, a pcell bounded on ye west wth Rathbridelaine on ye south end wth boremorelaine or greatlaine on ye east Bishopsland arable 002=0=20 (Emerson BoR: 27).

Is geadán talún é seo atá suite i gcúinne idir *Station Road* (R401) agus *Melitta Road* / ***An Bóthar Mór** (R405). Talamh curaíochta a bhí san áit ar léarscáil *Rocque TCD (CD)*

Is é atá sa chéad eilimint anseo ná **fearann** ('land'). Tá cúpla féidearthacht maidir leis an dara heilimint. Chuirfeadh na foirmeacha in *-gh* deiridh eilimint Ghaeilge dar críoch **-ch** amhail **greannach** ('hairy, bristly', 'Bristling, ruffled, irritated'; 'Rough, combative'; 'challenging, defiant', *FGB*) nó **greanach** ('Gravelly, gritty', *FGB*) in iúl. Ní léir an gcuireann na foirmeacha sin an réadú [x] ar **-ch-** na Gaeilge in iúl. Is cinnte nach raibh an fhuaim sin i gceist i bhfoirmeacha 2 agus 3. Díol spéise an ghuagacht chéanna a bheith le feiceáil idir foirmeacha in *-a* agus *-agh* deiridh in *Farinacarra* thuas. Is ann d'fhoirmeacha ón 17ú haois in *Grana-* agus *Gran(n)agh-* i gcás an ainm baile fearainn **An Granamore** / **Ghreanach Mhór**²⁴⁷ i gCill Mhantáin chomh maith. Is deacair foirm 2 in *-grane* a réiteach le **greannach** nó **greanach** ámh. D'fhéadfadh **gcrann** a bheith mar bhunús ag an bhfoirm sin, ach níl aon réadú ar an alt a thabharfadh cúis le hurú sa g.i. i gceann ar bith de na foirmeacha thuas. D'fhéadfaí an aidiacht **gránna** ('ugly, unpleasing to senses'; 'disagreeable, unsightly; poor, wretched, unfortunate', *FGB*) a chur sa mheá, áfach. Réiteodh **gránna** le *-grane* mar a léiríonn *Currygrane* / **Currach Gránna**²⁴⁸ i gContae an Longfoirt a bhfuil foirmeacha dó in *-grane* ag dul siar go dtí an 17ú

²⁴⁵ LogainmID: 42024

²⁴⁶ LogainmID: 41693

²⁴⁷ LogainmID: 54888

²⁴⁸ LogainmID: 32881

haois. Tá **Cruacha Gránna**²⁴⁹ i nDún na nGall béarlaithe mar *Croaghagranagh* ach ní léir cé chomh fada siar a théann an fhoirm bhéarlaithe sin. Bunaithe ar an bhfianaise seo, is é ***An Fearann Gránna** ('the ugly land') an bunús is dóichí leis an ainm seo, ach ní mór ***An Fearann Greanach** ('the gravelly, gritty land') agus ***An Fearann Greannach** ('the bristly/rough land') a chur san áireamh freisin.

Farringate

'the land of the gate'

672914 713106

1.	1674	Farringate	Emerson BoR, 30
2.	1674	Farringatee	Emerson Contents
3.	1684	ffarrengatta	Rent Roll
4.	1684	the gate park	Rent Roll
5.	1744	Farrengatta	CGn. 115.328.80638
6.	1744	Farrengatta	CGn. 117.242.80637
7.	1746	Farrengatta	CGn. 126.32.85272
8.	1757	Farringath	Rocque TCD (CD)
9.	1775	Farrengatta	CGn. 304.547.206097
10.	1816	Farranatha	Kildare Est. ²⁵⁰
11.	1817	Farrenaneattha	Sherrard 1817

A pcell caled Farringate arable land 40 pearches from Ellisgate bounded on ye south wth Bishopsleine, on ye west wth Dunmurrielaine on ye north wth. Bishopsland on ye east wth. Rathbridelaine. 16a. 1r. Op (Emerson BoR: 30).

Tá an t-aonad seo marcáilte go soiléir ar léarscáil Rocque idir *Shraud* (R415) agus *Station Road* (R401) an lae inniu, agus é buailte le *Bishopsland* (BF). Is cinnte go raibh an t-aonad níos mó ná an méid talún a luaitear leis ar an léarscáil úd, i bhfianaise an méid acraí a luaitear leis in *Emerson BoR*. Is é is dóichí ná gurbh é an ceantar ar fad ó *Shraud* aneas go dtí an teorainn le *Bishopsland*, idir an dá bhóthar siúd a bhí i gceist.

Is léir gurbh é **fearann** ('land') an chéad eilimint anseo. Is é atá sa dara heilimint na **geata** ('gate', *FGB*). Léiríonn foirmeacha 10 agus 11 go raibh an t-alt in úsáid san ainm agus is díol spéise é go bhfuil an t-athrú tosaigh le sonrú go soiléir sna foirmeacha sin. Is é ***Fearann an Gheata** 'the land of the gate'

²⁴⁹ LogainmID: 111087

²⁵⁰ *Fire Castle Lots in the Town of Kildare.*

bunfhoirm an ainm. Is é is dóichí ná gurbh é *Ellisgate*, ceann de gheataí an bhaile a thug ainm don áit seo. An-seans gur ainm den bhunús céanna atá in *Farranayatta* i léarscáil de Dheilginis ó 1765²⁵¹.

Fire Castle

672683 712531

1. 1395	Fyrehouse of Kildare [?] ²⁵²	Circle, RCH 154/46
2. 1674	Fire Castle	Emerson BoR, 19
3. 1757	Fire Castle	Rocque
4. 1816	Fire Castle in ruin	Kildare Est. ²⁵³
5. 1816	The Fire Castle Lots	Kildare Est. ²⁵⁴
6. 1837	site of fire house	LSO CD, 203

Tá an foirgneamh seo laistiar de bhallaí na hardeaglaise ar léarscáileanna *Rocque* agus *Kildare Est.* ach níl aon rian de fágtha anois.

Tá Bradley (2000: 41) den tuairim gur dóichí gurbh é seo, seachas an ghné laistigh de bhallaí na hardeaglaise a dtugtar *Fire Castle (site of)* air ar léarscáil SO 25", an áit a bhí i gceist ag an scoláire agus taidhleoir Richard Stanihurst (1547–1618) nuair a scríobh sé faoi ‘a monument lyke a vault which to this day they call the firehouse’ (Bradley 2000: 41). Is é an foirgneamh seo faoi chaibidil a d’aithin Seán Ó Donnabháin mar shuíomh *fire house* chomh maith. Mar sin féin, ní féidir a bheith cinnte faoin suíomh atá i gceist le foirm 1 thuas, ach léiríonn an tagairt sin an traidisiún seanbhunaithe a bhaineann le *fire house* agus tine bhuan Naomh Bríde. Faightear léargas ar an tine sin ó scríbhneoireacht Giraldus Cambrensis (*LSO CD*: II, 174 [219]):

‘When in the time of Brigid twenty nuns had served the Lord here (she herself being the twentieth) after her glorious transit nineteen always remained, and did not encrease the number and when each kept the fire her own night in order, the twentieth night the last nun putting faggots on it says, Brigid, keep your own fire for this night has fallen to you, and the fire being left is so found inextinct in the morning, the fuel being consumed after the usual manner.’

²⁵¹ *A map of the Lands of Dalkey situate in the Parish of Dalkey Barony of Upper Cross [- recte Rathdown] and County of Dublin. Surveyed by Thos Reading 1765 & copied by J. Longfield 1830. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, MS 21 F. 53 / (077)*

²⁵² *ORDER to deliver letters of PROTECTION without fee to the prioress and convent of St Brigid of Fyrehouse of Kildare.*

²⁵³ *Fire Castle lots in the town of Kildare*

²⁵⁴ *Fire Castle lots in the town of Kildare*

Gach seans gur tagairt don tine atá in ainm an fhoirgnimh seo faoi chaibidil, ach ní fhéadfaí talamh slán a dhéanamh de gurbh é seo suíomh bunaidh an *fire house*.

Friars Well

672490 711923

1.	1838	Friars Well	SO 6"
----	------	-------------	-------

Tobar in aice leis an láthair eaglasta *Greyabbey*, ar an teorainn idir bailte fearainn *Greyabbey* agus *Kildare*, agus a ainmníodh as bráithre na mainistreach sin.

Keeloge

*An Chaológ

‘the narrow strip of land’

673511 713828

1.	1674	Keeloge	Emerson BoR, 34
2.	1674	Keeloge	Emerson Contents, 34
3.	1757	Keeloge	Rocque TCD (CD)
4.	1757	Long Keeloge field	Rocque TCD (CD)

Keeloge east of ye laine (Emerson Contents, 34).

Ar léarscáil Rocque, is é an ceantar atá i gceist le *Keeloge* agus *Long Keeloge Field* ná an chuid fhada chaol de bhaile fearainn *Kildare* atá suite idir *Rathbride Road* (R415) agus baile fearainn *Whitesland East*.

Mar aon le *Keeloge* / ***An Chaológ** (lch 133) i mbaile fearainn *Kilnagornan*, ní dócha gur ‘Osier-bed. Riverside field, meadow’ (*FGB*) atá taobh thiar den ainm seo agus is cinnte gurb é ***An Chaológ** ‘the narrow strip of land’ bunfhoirm an ainm.

Kilcumney House

672248 713014

1.	1883	Kilcumney	N & L Times, 30/04/1887 ²⁵⁵
2.	1885	Kilcumny Ho	Dog Licences
3.	1888	Kilcumney House	Dog Licences
4.	1891	Kilcumnie	Dog Licences
5.	1892	Kilcumney	Dog Licences
6.	1900c	Kilcumney House	SO Cassini
7.	1903	Kilcumney	Dog Licences

²⁵⁵ *Notice of Charitable Bequests: Thomas Bennett Kehoe, M.D., Deceased.*

8. 1904 Kilcumney Dog Licences

Tógadh an teach seo thart ar 1855 (NIAH).

Ní dócha gur ainmníodh an teach as logainm áitiúil, toisc nach dtagann aon fhianaise den ainm chun cinn roimh an dara leath den 19ú haois. Is dócha, mar sin, gur ainmníodh an teach as áit éigin eile sa tír. Tá baile fearainn den ainm *Kilcumney* / **Cill Chuimne**²⁵⁶ i gCeatharlach agus ceann darb ainm *Kilcumny* / **Cill Chuimne**²⁵⁷ san Iarmhí. Fógraíodh uacht Thomas Bennett Kehoe ‘late of Kilcumney, near Kildare’ in *Nationalist and Leinster Times* an 30/04/1887. San uacht seo, luaitear Patrick Blanchfield Kehoe ‘of Orchard in the County of Carlow’. Tá dhá bhaile fearainn den ainm *Orchard* i gCeatharlach, agus tá ceann acu²⁵⁸ sa bharúntacht chéanna le *Kilcumney* / **Cill Chuimne (Uí Dhróna Thoir)**. Luaitear Anthony Kehoe le baile fearainn *Kilcumney* Cheatharlach in *TAB*. Is é is dóichí, mar sin, ná gur ainmníodh an teach seo as an áit sin.

Kilmore

672960 712612

1. 1908c Kilmore SO 25”

Ainm tí is ea é seo. Tá an teach féin ar an taobh thoir de *Station Road*. Ní dócha gur mionainm dúchasach de chuid na háite é.

Lislee

672966 712312

1. 1908c Lislee SO 25”

Detached three-bay two-storey over basement house, c.1775 (NIAH).

Tá an teach seo suite ar Shráid Bhaile Átha Cliath i lár Bhaile Chill Dara.

Is dócha gur ainm galánta é seo. Níl *Lislee* le feiceáil in aon cheann eile de na foinsí stairiúla. Ní bheifí ag súil le **lios** a bheith in úsáid i logainmneacha an cheantair seo, agus anuas air sin, níl aon fhianaise ar ghné den chineál sin i gcóngar an tí. Seans gur ainmníodh an teach as *Lislee* / **Lios Lao**²⁵⁹ i gCorcaigh nó as ceann den iliomad sa tír áiteanna den ainm **(An) Lios Liath**, béarlaithe, de ghnáth, mar *Lislea*.

²⁵⁶ LogainmID: 3151

²⁵⁷ LogainmID: 51374

²⁵⁸ LogainmID: 3428

²⁵⁹ LogainmID: 648

Konekerbeg

An Coinicéar Beag

'the small rabbit warren'

672492 712558

- | | | | |
|----|------|---------------------------|----------------------|
| 1. | 1668 | Konekerbeg | ASE, 155 |
| 2. | 1674 | Little Cunnaburragh comon | Emerson Contents, 18 |
| 3. | 1674 | Little Cunneburra | Emerson BoR, 18 |
| 4. | 1788 | Kincherbeg | CGn. 405.330.266143 |
| 5. | 1788 | Cunnyker bigg | CGn. 405.330.266143 |

A parcel without Clare Gate, formerly a common for the Earl's tenants and of right now is lately ditched up and grazed by one person. It is bounded about with highways, a triangle peice called Little Cunneburra, the walls of the White Abbey near the north-east point (Emerson BoR: 18).

Níl suíomh beacht na háite seo deimhnithe, ach áit éigin go díreach ó dheas ón mainistir Chairmilíteach (*White Abbey*) atá i gceist is léir.

Ainm de bhunadh na Gaeilge a léirítear i bhfoirmeacha 1, 4 agus 5 thuas. Is réadú ar **coinicéar** ('Rabbit-warren', *FGB*) atá sa chéad eilimint, agus is í an aidiacht **beag** ('small') atá sa dara heilimint. Cuireann na foirmeacha Béarla den ainm seo *coney burrow* ('A rabbit burrow. Also; a number of these together, a rabbit warren', *OED*) in iúl. Ní léir cé acu a tháinig ar dtús, an leagan Gaeilge nó an leagan Béarla den ainm.

Long Keeloge field

- | | | | |
|----|------|--------------------|------------|
| 1. | 1757 | Long Keeloge field | Rocque TCD |
|----|------|--------------------|------------|

Féach *Keeloge* thuas (Ich 157).

Love Lane

672361 712129

- | | | | |
|----|------|-----------|---------------------|
| 1. | 1809 | Love Lane | CGn. 609.530.422946 |
| 2. | 1838 | Love Lane | SO 6" |

Seo a leanas an scagadh a bhí ag Tadhg Hayden (1985: 483) ar an ainm seo:

Lovers Lane was closed at the beginning of the present century. It was between Mr. Watter's house and the Presentation Girls' Primary School. It led to a well called the sovereign's well. It has been suggested that 'Lover' is a corruption of 'Lobhar', a leper or anyone with skin disease. This implies a hospital. There is a reference to an unidentified medieval 'maudlins' somewhere on the outskirts of Kildare. Perhaps Lovers Lane led to this hospital?

Ní léir cé acu an raibh an dá leagan sin *Love Lane* mar atá sna tagairtí thuas agus *Lovers Lane* mar atá ag Hayden sa chúrsaíocht nó an bhfuil ceann acu míchruinn. Cibé ar bith, ní dócha go raibh baint ag an ainm seo le lobhair, ós rud é go raibh *Magdalinsland* agus *Magdalin Hill* ar an taobh eile den bhaile ar fad. Is é an míniú atá in *EDD* ar *Love Lane* ná ‘a frequent name for a discreet pathway’ agus is é is dóichí ná gurbh í an chiall sin a bhí i gceist leis an ainm seo.

Magdalinhill

1. 1674	Wind Mill Hill	Emerson Contents, 26
2. 1684	Madalin Hill	Rent Roll
3. 1744	Magdalinhill	CGn. 115.328.80638
4. 1744	Magdelin Hill	CGn. 117.242.80637
5. 1746	Magdalinhill	CGn. 126.32.85272
6. 1775	Magdalinhill	CGn. 304.547.206097
7. 1875	Windmill Hill	Dog Licences ²⁶⁰
8. 1877	Windmill Hill	Leinster Express, 24/11/1877; 5
9. 2019	windmɪl' hɪl	Ait.2

Tá an cur síos seo a leanas ar shuíomh na háite seo ar rolla cíosa ón mbliain 1684:

Madalin Hill lying in the high way to the Curragh being an old Windmill Stead the stone walls of an old ruined house with backside and garden now or late in the possession of Patrick Seyry. (*Rent Roll*)

Is cosúil go bhfuil *Windmill Hill* agus *Magdalin Hill* ag tagairt don chnoc nó don ard céanna, agus is dócha gur tagairt don mhuileann gaoithe thuasluaite atá in *Windmill Hill*. Maidir le *Magdalin Hill*, faightear tagairt do shéipéal Mháire Mhaigdiléana i mBaile Chill Dara in *Calendar of Justiciary Rolls*:

‘12 Jurors present that a contention being moved between David Barbedor and William son of Gilbert, when David, drawing his bow shot at William, and gave him a wound. On which hue and cry being raised. David was taken by the four nearest towns which came to the hue, to wit, the town of Westreton, Balycutlan, Yagoeston and Breynokston. And because they believed William to be in danger of death, they led him towards the castle of Kildare to commit him [to the prison] of the King there. And when they came opposite the church of S. Mary Magdalen, which is in the entry of [said] town, David escaped from them, and fled to that church, and kept himself there for 15 days and more.’ (Mullowney, 2016: 1)

²⁶⁰ Hickey Peter, 209

Agus an slua seo ag teacht anoir ó *Breynokston* (baile fearainn *Brannockstown*²⁶¹, paróiste *Brannockstown*, An Nás Theas), is cinnte gurb é an bealach isteach chuig an mbaile ar an taobh thoir nó thoir theas a bhí faoi chaibidil sa sliocht, rud a réiteodh leis an suíomh ar an rolla cíosa. Is cosúil, mar sin, gur ón séipéal sin a tháinig an t-ainm *Magdalin Hill*. Éarlaimh ospidéal agus tithe lobhar a bhí in Máire Mhaigdiléana (Lee, 1966: 132). Díol spéise gur thángthas ar 36 corpán le linn tochailt seandálaíochta a bhain le tógáil an ionad sláinte ar an taobh ó dheas den R445 ar an taobh thoir den bhaile. Tuairimítear sa tuairisc seandálaíochta a bhaineann leis an tochailt go mbaineann na corpáin sin leis an 13ú agus 14ú haois, ach ní raibh dátú carbóin i gcrích orthu tráth a foilsíodh an tuairisc agus ní fios go fóill an bhfuil comharthaí lobhra orthu (SSN: KD022-118). Seans mar sin féin, go mbaineann an suíomh sin leis an eaglais a luaitear thuas.

Magdelonsland

1. 1674	Magdelansland	Emerson Contents, 26
2. 1674	Magdelonsland	Emerson Contents, 26
3. 1684	Maudlin land	Rent Roll
4. 1744	Maudlinland	CGn. 115.328.80638
5. 1744	Maudlins Land	CGn. 117.242.80637
6. 1746	Maudlin Land	CGn. 123.86.8368011
7. 1746	Maudlin Land	CGn. 126.32.85272
8. 1775	Maulinland	CGn. 304.547.206097

Is léir go mbaineann an t-ainm seo le séipéal Mháire Mhaigdiléana chomh maith. Ní léir suíomh na háite, ach is cinnte gurb é cóngar *Magdalinhill* atá i gceist. Is leagan Meán-Bhéarla de *Magdalene* atá in *Maudlin* atá le feiceáil i gcuid de na foirmeacha thuas²⁶². Tá ainmneacha in *Maudlin* et. var. coitianta go maith ar imeallacha bailte i gCúige Laighean, agus is cosúil go dtugann siad le fios go raibh ospidéal nó teach lobhar san áit tráth. Féach *Maudlings*²⁶³ in aice leis an Nás (1629–44: *hospitale Magdalenae de Nasse* Cillsheanchas Chill Dara, 2.32, ex logainm.ie), *Maudlinsland*²⁶⁴ in aice le Cill Chainnigh agus *Maudlin* in aice le Ceannanas sa Mhí, mar shampla.

²⁶¹ LogainmID: 24842

²⁶² Féach an nóta mínithe a ghabhann le *Maudlin* / **Maidilín** (BF) i gContae na Mí, LogainmID: 38141

²⁶³ LogainmID: 25977

²⁶⁴ LogainmID: 26921

Meadow Road

*Bóithrín na Cluana

673015 712176

1. 1757	Boreena Clona Lane	Rocque
2. 1798	Boreena Cloonagh	Sherrard 1798
3. 1817	Boreen - a - Cloonagh	Sherrard 1817
4. 1838	Boreen a Cloonagh	Kildare Est.: Indenture
5. 1870	Boreenclouna	PR: Kildare & Rathang. 04207/1
6. 2019	də'kɒnvənt,ro:d	Áit.2
7. 2019	də'hɒspɪtəl,ro:d	Áit.2

Sráid chuartha i ndeisceart an bhaile a nascann *Dublin Street* le *Tully Road/Bride Street*.

Is é a dúirt Tadhg Hayden faoin tsráid seo in alt a scríobh sé ar shráidainmneacha an bhaile:

‘Boreenacloona – this road ran by the Convent. To a certain extent the term Convent Road tended to replace the historic name. The name-plate here now restores the original name written Bothar na Cluaine with Meadow Road as a translation.’ (Hayden, 1985: 481)

Níl aon fhianaise ann go raibh an fhoirm Bhéarla *Meadow Road*, atá greanta ar an ainmchlár agus ar léarscáileanna nua-aimseartha na Suirbhéireachta Ordanáis, sa chúrsaíocht riamh go dtí gur crochadh an t-ainmchlár sin. Is cosúil go ndeachaigh an t-ainm béarlaithe i léig san 20ú haois.

Is é **bóithrín** (‘country lane, boreen’, *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo. Is cosúil gurb é **cluain** (g.u. **cluana** ‘meadow’, *FGB*) atá sa dara heilimint, ach ní mór **cluanach** a chur san áireamh chomh maith i bhfianaise an *-gh* deiridh atá le sonrú i bhfoirmeacha 2, 3 agus 4, in ainneoin go bhfuil na foirmeacha sin ródheireanach le rá le cinnteacht gur réadú ar **-ch** deiridh na Gaeilge atá iontu. Is foirm mhalartach ginideach uatha de **cluain** é **cluanach**. Pléann Ó Cearbhaill (2010: 19) an tsanasaíocht Ind-Eorpach atá leis an bhfocal **cluain**, agus luann sé go bhfaightear an fhoirm mhalartach ghinideach **cluaine** freisin. Tá réadú soiléir ar an alt i bhfoirmeacha 1–4. Is cosúil gurbh é ***Bóithrín na Cluana** nó ***Bóithrín na Cluanach** foirm bhunaidh an ainm seo.

Tá foirm 5 in *-clouna* deiridh inspéise. Is cosúil go bhfuil léiriú ar fhuaimniú canúnach anseo.

Melitta Road

*An Bóthar Mór

‘the big road’

673311 712724

1. 1674	boremorelaine	Emerson BoR, 26
2. 1674	boremorelaine	Emerson BoR. 27
3. 1757	Great Lane	Rocque TCD (CD)
4. 1900c	Melitta Road	SO Cassini

Is ionann *Melitta Road* agus an chuid de R413 an lae inniu is gaire do Bhaile Chill Dara.

Maidir leis an leagan Gaeilge atá le feiceáil i bhfoinsí *Emerson*, is ríshoiléir gurb é ***An Bóthar Mór** atá i gceist. Léiríonn an chéad eilimint bhéarlaithe in *bore*- réadú aonsiollach ar an ainmfhocal **bóthar** ina bhfuil **-th-** láir báite. Tá an réadú seo coitianta sa cheantar staidéir, féach mar shampla *Boherkill / An Bóthar Coill*²⁶⁵ (1540 *Borequill, Forfeited Estates, Logainm.ie*).

I dtaca le *Melitta Road*, is é i dóichí ná gur tagairt do *Melita*, cathair ársa a bhí ar oileán Rabat i Málta (Encyclopædia Britannica, 2012), atá ann. Tá *Melittia Cottage (SO Cassini)* sa Nás freisin. Féach go bhfuil tagairt eile do Mhálta in *Valetta*, ainm tí i bparóiste na Tulaí. Coilíneacht de chuid na Breataine ab ea Malta ó thús an 19ú haois go dtí lár an 20ú haois, agus is dócha go bhfuil tionchar míleata le sonrú ar na hainmneacha seo i gCill Dara dá réir sin. Níl sé as áireamh gur *militia* ('Military affairs; a military force', *OED*) atá i gceist ach an oiread, áfach.

Park Begg

*An Pháirc Bheag

1. 1727 Park Begg

CGn. 56.117.37215

Farrenboy Containing ten acres Park Begg (CGn.: 56.117.37215).

Is páirc laistigh de *Farrenboy* / ***An Fearann Buí** é seo, ach tá a suíomh beacht éiginnte. ***An Pháirc Bheag** 'the little field' atá san ainm gan dabht.

Priests Lane

*Bóithrín na gCorr

'the boreen of the projecting points; angles, edges?'

672647 712622

- | | | |
|-----------|-------------------|---------------|
| 1. 1837 | Bohereenagorr [?] | SO 6" |
| 2. 1899 | Bohereen-na-goor | JCKAS III. 25 |
| 3. 1908-9 | Priests Lane | SO 25". |
| 4. 1985 | Boreenagun | JCKAS XVI, 5 |

Bóthar laistear de *Booreena Gorp* / ***Bóithrín na gCorp** atá anseo. Pléitear an éiginnteacht maidir le suíomh an bhóthair sin agus an suíomh atá i gceist le *Bohereenagorr* agus *Bohereen-na-goor* ar leathanach 139. Ní léir an foirm iontaofa nó foirm earráideach é *Boreenagun* thuas ach an oiread. Seo a leanas an plé a rinne FitzGerald (1899, 25) mar gheall ar fhoirm 3 thuas:

There is a portion of an old road still in use at the northern side of the town of Kildare, called "Bohereen-na-goor", or the little roads of the turns or circuits – a name derived according to

²⁶⁵ LogainmID: 25800

Mr Hennessy, from an ancient custom which necessitated any celebrated stranger visiting the Curragh to perform a “cor” or circuit around it’

Réitíonn an suíomh a luaitear sa sliocht sin le *Priests Lane*, ach ní féidir é a cheangal leis go cinnte. Maidir leis na foirmeacha *Bohereenagorr* agus *Bohereen-na-goor*, an-seans gurb é ***Bóithrín na gCorr** ‘the breen of the projecting points; angles, edges’ a mbunús. Tá dhá shampla de bhailte fearainn den ainm **Bóthar na gCorr** in Éirinn: *Bohernagore*²⁶⁶ i Luimneach agus *Bohernagore (East & West)*²⁶⁷ ‘the road of the projecting points, angles?’ i dTiobraid Árann.

Rahenbarnan

‘the small ring-fort of the gap’

671802 713897

1.	1684	Rahinbarnane	Rent Roll
2.	1744	Rahinbarne	CGn. 115.328.80638
3.	1744	Rahinbarne otherwise Rahinbarnane	CGn. 117.242.80637
4.	1746	Rahinbarney otherwise Rahinbarnane	CGn. 126.32.85272
5.	1750	the lands of Rahenbarnan	CGn. 141.368.95834
6.	1750	Rahenbarnan	CGn. 141.368.95834
7.	1750	Rahinbarnan	CGn. 144.5.96219
8.	1775	Rahinbarny otherwise Rahinbarnane	CGn. 304.547.206097
9.	1887	Rathanbannan	Leinster Express 11/06/1887, 4 ²⁶⁸

Rathanbannan and Farranknocken, both known on the Ordnance Survey as Crockanure Glebe, containing 59a. 2r. (Leinster Express 11/06/1887, 4)

Tá an t-imfhálú seo (KD022-012: SSN) suite ar thalamh ard sa chuid fhada chúg de bhaile fearainn Chill Dara a lúbann timpeall bhailte fearainn *Bishopsland*, *Crockanure Glebe* agus *Southgreen*.

Maidir le foirm 9 thuas, is dócha go bhfuil an fhoirm sin earráideach mar atá an-chuid de na leaganacha san alt nuachtáin sin, ach díol spéise is ea go léiríonn sé go raibh aonad talún den ainm sin freisin a shín isteach i mbaile fearainn *Crockanure Glebe*.

Is é atá sa chéad eilimint san ainm seo ná an t-ainmfhocal **ráithín** (‘Dim. of ráth’, *FGB*). Níl aon réadú soiléir ar an alt sna foirmeacha thuas. Is cosúil go raibh dhá fhoirm ag an ainm seo mar a léiríonn foirmeacha 3, 4 agus 8 thuas. Is é is dóichí ná gur foirmeacha éagsúla ginidigh den ainmfhocal baininscneach **bearna** (‘gap’, *FGB*) is cúis leis an dá leagan éagsúla sin. Is í **bearna** an ghnáthfhoirm

²⁶⁶ LogainmID: 30780

²⁶⁷ LogainmID: 48212; 48211

²⁶⁸ ‘Chancery Division’

g.u. den ainmfhocal, ach leagan malartach den fhoirm sin is ea **bearnan**. Tá an fhoirm mhalartach g.u. seo le feiceáil i mbaile fearainn *Gorteennabarna* / **Goirtín na Bearnan**²⁶⁹ i gContae Thiobraid Árann. Díol spéise is ea go bhfuil guagacht le feiceáil idir an dá fhoirm ghinideacha san ainm sin freisin idir foirmeacha amhail *Gorteenebarnan* ('taifead scanáilte', *Logainm.ie*) agus *Gortynebarny* ('taifead scanáilte', *Logainm.ie*). D'fhéadfadh sé go bhfuil an leagan díspeagtha de **bearna**, **bearnán** ('small gap', *FGB*) á chur in iúl i leaganacha dar chríoch *-ane*. Ainmfhocal firinsneach is ea **bearnán** agus bheifí ag súil le **b** séimhithe a bheith ina thús agus é sa g.u. dá réir sin, ach is minic nach gcuirtear athruithe tosaigh na Gaeilge in iúl i bhfoirmeacha béarlaithe de logainmneacha. Toisc nach bhfuil réadú soiléir ar an alt in aon cheann de na foirmeacha thuas, d'fhéadfaí ***Ráithín Bearnáin** 'the small ring-fort of the small gap' a mholadh. Is é is dóichí, áfach, gurb é ***Ráithín na Bearnan** 'the small ring-fort of the gap' bunfhoirm an ainm seo.

Tá bearna nó log idir an cnoc ar a bhfuil an ghné seo suite agus *Redhills* siar ó thuaidh den áit, agus is é sin an bhearna atá i gceist is dócha.

Ruanbeg

674161 712244

- | | | |
|----|--------|----------|
| 1. | 1901 | Ruanbeg |
| 2. | 1905 | Ruanbeg |
| 3. | 1908–9 | Ruanbeg |
| 4. | 2019 | 'ru:nbeg |

*An Ruán Beag

- | |
|-----------------------------|
| Dog Licences ²⁷⁰ |
| Dog Licences ²⁷¹ |
| SO 25" |
| Áit.2 |

Tá eastáit tithíochta den ainm seo ann anois, agus dá bharr sin, ní féidir a bheith cinnte go bhfuil an fhoirm áitiúil iontaofa. Tagann ainm an eastáit tithíochta sin ó ainm tí atá ar *SO 25*".

Ní théann tagairtí don teach seo siar níos faide ná tús an 20ú haois. Tá go leor ainmneacha tithe sa bhaile nach bhfuil baint acu leis an áit féin (féach *Kilcumney House*, mar shampla), ach tá sé deacair an ceann seo a mhíniú. Níl aon logainm riaracháin eile sa tír den ainm céanna. Dá réir sin, seans gur tháinig an t-ainm tí ó mhionainm nach raibh taifead air roimhe sin. Is cosúil gurb é ***An Ruán Beag** ('the small red land') bunús an ainm.

²⁶⁹ LogainmID: 46948

²⁷⁰ William Behan

²⁷¹ Mrs E. Featherstonhaugh

Sholaine

‘the halter/rope/leash-shaped field?’

673245 713358

- | | | |
|---------|---|----------------------|
| 1. 1674 | Sholaine | Emerson BoR, 29 |
| 2. 1674 | Sholaine west of the laine. | Emerson Contents, 29 |
| 3. 1757 | A cabin yard and a slang
on the roadside leading to
Rathbride | Rocque TCD (CD) |

Is cinnte gurb ionann ‘A cabin yard and a slang on the roadside leading to Rathbride’ ar léarscáil Rocque agus ‘A pcell [parcel] caled Sholaine long and small good arable land adjoining on ye west side of Rathbride laine on ye west side of bishops land’ in *Emerson Contents*. Is geadán caol fada cuarthar de bhaile fearainn Chill Dara atá brúite isteach idir an bóthar agus baile fearainn *Bishopsland* atá i gceist leis an aonad úd.

Tá an chuma ar an scéal gur logainm Gaeilge atá anseo, ach bíonn an litriú *laine* in úsáid i bhfoinsí Emerson le haghaidh *lane* an Nua-Bhéarla. Bíodh sin mar atá, faightear an réadú *-laine* ar an gcarn - **lán** sa Ghaeilge, in ainneoin go bhfuil sé réasúnta neamhchoitianta, mar a léiríonn an fhoirm *Mullaines* (1722: CGn, *Logainm.ie*) ar *Mullans South* / **An Mullán Theas**²⁷² agus an fhoirm *Cloongolaine* (1617: Inq.(ME), l.171, *Logainm.ie*) ar *Cloongullaun* / **Cluain Gallán**²⁷³ / i gContae Mhaigh Eo. Is é is dóchá ná gurb é atá san ainm seo, ná an t-ainmfhocail **siolán**, leagan malartach de **sealán** (‘noose; loop, ring’, *FGB*). D’fhéadfaí a thuairimiú gur samhail atá san ainm bunaithe ar chruth na páirce. Díol spéise is ea an tuairim a thug Seán Ó Donnabháin i leith an bhaile fearainn *Shallon* / **Sealúin**²⁷⁴ i mBaile Átha Cliath: ‘Sealán “a long rope, the hangman rope; applied to a place of execution”’ (*OD:AL, Logainm.ie*). Ní dócha gurb é sin an bunús atá leis an mbaile fearainn sin, ach tá an míniú ‘a long rope, the hangman rope’ inspéise. Tá an chiall ‘halter, rope, leash’ agus ‘a halter for execution, the rope used by an executioner’ le fáil in *DIL* chomh maith.

Shraud

672867 712715

- | | | |
|---------|--------|-------------------------------------|
| 1. 1820 | Shraud | PR: Kildare & Rathang., 4207/08; 33 |
| 2. 1821 | Sraud | PR: Kildare & Rathang., 4207/08; 36 |
| 3. 1908 | Shraud | SO 25” |

*An Siolán

*An tSráid

²⁷² LogainmID: 55940

²⁷³ LogainmID: 36759

²⁷⁴ LogainmID: 16941

4. 2019 fira:d Áit.2

Is sráid é seo ar an taobh ó thuaidh de Bhaile Chill Dara. Faightear an tagairt seo a leanas in *Frag. Annals*: ‘i gCill Dara ar fud sraite in cheime chloichi sair’. Ní léir an ionann an tsráid sin agus an tsráid seo atá faoi chaibidil. Is ríshoiléir gurb é ***An tSráid** (‘the street’) bunfhoirm an ainm seo.

Sovereigns Well

672102 712067

1. 1838c Sovereigns Well SO 6”

Tá an tobar seo suite in iardheisceart bhaile fearainn Chill Dara, in aice le *Love Lane*.

Níl *Sovereign* ar fáil mar shloinne in *Daonáireamh 1901* ná *1911* ná *Griffiths’ Valuation* sa cheantar seo. Seans gurb é an bonn (‘a British gold coin of the (nominal) value of one pound’, *OED*) atá i gceist, mar sin. D’fhéadfaí focal Gaeilge a chur san áireamh freisin, amhail **sobharthan** ‘blessing, good luck’ - ***Tobar na Sobharthan** ‘the well of the blessings’, ach is mó an seans gur logainm de bhunadh an Bhéarla é seo. Féach freisin *Sovereign Island*²⁷⁵ i gCorcaigh, logainm de bhunadh an Bhéarla is cosúil.

The Cool

*An Chúil

‘the corner, nook’

672490 712719

1. 1816 The Cool Kildare Est.²⁷⁶

Marcáiltear é seo ar léarscáil *Kildare Est.* idir *Old Road, Southgreen Road* agus *Bohereenagorr*, san áit a bhfuil eastáit tithíochta *Whiteabbey Lawn* anois. Tá seans ann gurb ionann é seo agus *Coolegarr* / ***An Chúil Ghearr** nach léir suíomh dó.

Ós rud é go bhfuil an suíomh, mar atá marcáilte ar an léarscáil, brúite isteach idir trí bhóthar, seans gur mó a d’oirfeadh **cúil** (‘corner, nook’, *FGB*) mar mhíniú ar an eilimint, ach ní féidir **cúl** (*back*) a chur as áireamh ach an oiread.

Tonealeanaune

*Tóin an Léanáin

‘the bottom of the little water meadow’

672647 712726

1. 1817 Tonealeanaune Sherrard 1817

²⁷⁵LogainmID: 11127

²⁷⁶ Fire Castle lots in the Town of Kildare, 1816.

Tá an t-ainm seo le feiceáil lastuaidh de *Bohereenagorr* (SO 6") ar leárscáil *Sherrard*. Is é **tóin** - 'Bottom... 2. (a) Lowest part, underside' atá sa chéad eilimint gan amhras. Níl a leithéid de ghné a thacódh le **líonán** 'Submerged reef. 2. Elevation in sea-bed'; 'ravine' (*FGB*) don eilimint deiridh. Is é is dóichí ná gur foirm dhíspeagtha gan urrús den ainmfhocal **léana** 'lowlying grassy place, water-meadow' (*FGB*) in ***léanán** atá san eilimint seo: ***Tóin an Léanáin** 'the bottom of the little water meadow'. Tá **léana** coitianta i mionainmneacha an cheantar staidéir seo.

White Abbey

*An Mhainistir Fhionn

672441 712626

1. 1668	Monasterfigue or White Fryery	ASE, 155
2. 1674	white abbie	Emerson BoR
3. 1757	The White Abby	Rocque TCD (CD)
4. 1817	White Abbey	Sherrard 1817
5. 1908c	White Abbey	SO 25"

The Carmelite Priory of St Mary, founded by William de Vesci in 1290. In 1539 it consisted of a church, belfry, dormitory, hall, and two chambers. All the buildings except the church and messuage were burned in 1540. (Gwynn & Hadcock 1970: 290).

Is cosúil gur botún cóipeála is cúis le foirm 1 in *-figue*, agus is dócha gur ceart é a léamh mar *-fyne* nó a leithéid. Tá an chuma ar an scéal, mar sin, gur leagan Gaeilge den ainm ***An Mhainistir Fhionn** 'the white abbey' atá san fhoirm sin. Ní léir cé acu an leagan bunaidh.

White Gate

1. 1674	Whitegate	Emerson BoR, 23
2. 1674	white gate place	Emerson BoR, 23

A soround of several houses and gardins wherein is a pcell on ye south of Tulla highway to greyabbie caled Knockangreg claimed by Tulla containing 1a and 25p. This surround bounded on ye land of Tulla on ye west wth ye townestreet wch leadeth to ye abbie by ye tolsale on ye north wth ye middlestreet wch goeth from white gate place to claregate wthout whitegate 3 cabbins wthin Whitegate and 2 cabins then a large stone house now ye signe of ye Fitzgeralds Armes 2 other houses betwixt which is a house and gardin belonging to ye church land on ye west 3 cabins and gardins. Containes in all 004 3 00 (Emerson BoR: 23).

Is é an ceantar atá i gceist leis an sliocht thuas ná an talamh laistear de *Claregate Street* atá suite idir *Bride Street* agus *Cleamore Street / Academy Street*. Ceantar an-bheag más ea, ach fós féin tá sé deacair suíomh beacht *Whitegate* a dhéanamh amach. Ní léir suíomh *Claregate* ach is féidir talamh

slán a dhéanamh de go raibh an geata sin áit éigin ar an tsráid a thug sé ainm dó. Bíodh sin mar atá, is cosúil go raibh an dá gheata sin gar go maith dá chéile, agus seans go raibh *Whitegate* áit éigin ar *Bride Street*, ach ní féidir a bheith cinnte de sin in aon chor.

Ní léir céard dó a dtagraíonn *white* san ainm. Bheadh fonn ar dhuine é a cheangal le *Whiteabbey* ach léiríonn an cur síos a dhéanann *Emerson* ar shuíomh *Claregate* go raibh an geata sin gar go leor don mhainistir úd, agus ní dócha go mbeadh dhá gheata chomh gar sin dá chéile. Ní dócha, mar sin, gur tagairt don mhainistir atá ann. D'fhéadfadh an sloinne *White* 'An English Surname numerous in every province since the fourteenth century, for which de Faoite is used in Irish' (MacLysaght, 1991: 299) a bheith i gceist. Tá an sloinne sin in úsáid in ainmneacha na mbailte fearainn *Whitesland East* agus *Whitesland West* sa pharóiste seo, agus is cosúil gur sloinne nó ainm pearsanta atá sa treis in *Ellis Gate* chomh maith. D'fhéadfadh gur ainm tuairisciúil ar dhath an gheata a bhí ann chomh maith, ar ndóigh.

BF: Kingsbog or Common / Móin an Fhraoigh nó An Coimín

LogainmID: 25862



Figiúr 24: Kingsbog or Common / Móin an Fhraoigh nó An Coimín. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Ballenamona

‘the settlement of the Bog’

- | | | |
|---------|-------------|----------------------|
| 1. 1638 | Ballenamona | Cillsheanchas CD, 31 |
|---------|-------------|----------------------|

Tuairimíonn De hÓir in *Cillsheanchas CD* (31) gur sa bhaile fearainn seo a bhí *Ballenamona* ach ní féidir é sin a chruthú go cinnte. Is dócha go raibh sé áit éigin sa cheantar staidéir áfach, ós rud é go luaitear é idir *Ballymany* / **Baile Mhaine** in Uíbh Fhailí Thoir agus paróiste *Walterstown* / **Baile Bhaltair** in Uíbh Fhailí Thiar in *Cillsheanchas CD*. Is cinnte gurb é ***Baile na Móna** ‘the settlement of the Bog’ bunús an ainm.

Mullane Cross Roads

‘the green field’

671497 708197

- | | | |
|----------|----------------------|-------------------|
| 1. 1939 | Mullane Cross Roads | SO Cassini. |
| 2. 2000c | Crosaire Uí Mhaoláin | Comhartha Bóthair |
| 3. 2000c | Mullane Cross | Comhartha Bóthair |
| 4. 2019 | məl'a:n kras | Áit.7 |

Crosbhóthar i ndeisceart an bhaile fearainn, lámh leis an teorainn idir barúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Thiar. Níl aon dealramh leis an bhfoirm Ghaeilge atá ar an gcomhartha bóthair san áit (foirm 2): níl fianaise ar bith ar an sloinne Ó Maoláin in *Griffith's Valuation, Daonáireamh 1901/1911*, ná *TAB*, agus níl ‘s sealbhach an Bhéarla le sonrú san fhoirm áitiúil (foirm 4) ná san fhoirm stairiúil ó *SO Cassini* (foirm 1). Is cosúil, mar sin, gur logainm aon eiliminte de bhunadh na Gaeilge atá anseo. Is é is dóichí ná gurb é **mullán** – ‘elevated ground, hillock’, (*FGB*) atá ann. Níl aon ard suntasach anseo, ach d’fhéadfadh sé gurb é an t-ardán 80 méadar laistiar den bhóthar idir Baile Chill Dara agus An tUrnaí an ghné atá i gceist. Léirigh Seán Ó Donnabháin go raibh brí ar leith leis an bhfocal **mullán** i gCúige Laighean, áfach: ‘Mullán “a green field” — this is the local meaning’ (*OD:AL, Mullaun* / **An Mullán**, Loch Garman, *Logainm.ie*)²⁷⁷; ‘this is the local interpretation though “mullán” (si vocis etymon spectes) should mean a gentle elevation, the top of a gently sloping ground’ (*OD:AL, Mullans* / **Na Mulláin**, Cill Mhantáin, *Logainm.ie*)²⁷⁸. Is é is dóichí, mar sin, gur brí den chineál sin atá taobh thiar den logainm seo, agus is léir gurb é ***An Mullán** bunfhoirm an ainm.

²⁷⁷ LogainmID: 52421. Féach freisin (Ó Cruaíoch, C., Mac Giolla Chomhghaill, 2016, 1351) mar a bhfuil plé ar an ainm seo. Pléitear úsáid na heiliminte seo i logainmneacha Chúige Laighean faoi *Kyleamullaun* / **Coill an Mhulláin** i gContae Laoise ar *Logainm.ie* (LogainmID: 28803).

²⁷⁸ LogainmID: 54930.

BF: Loughandys / Loch Aonghais

LogainmID: 25797



Figiúr 25: Loughandys / Loch Aonghais. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Farrinlough

'the land of the lake'

671360 714403

- | | | |
|----|------|-------------|
| 1. | 1674 | Farrinlough |
| 2. | 1744 | Farrenlogh |
| 3. | 1744 | Farrenlogh |
| 4. | 1746 | Farrenlogh |
| 5. | 1775 | Farrenlogh |

*Fearann an Locha

- | |
|----------------------|
| Emerson Contents, 15 |
| CGn. 115.328.80638 |
| CGn. 117.242.80637 |
| CGn. 126.32.85272 |
| CGn. 304.547.206097 |

Farrinlough in Bryan Cawhoranes holding 013 2 00 (Emerson Contents: 15).

Luaitear an áit seo roimh bhaile fearainn *Loughandys* sa tsraith ainmneacha in *Emerson Contents*, agus is é is dóichí ná gurb é an lochán beag sa bhaile fearainn sin atá i gceist.

Is é atá sa chéad eilimint anseo ná **fearann** ('land'). **Loch** ('lake', *FGB*) atá sa dara heilimint, agus is é

***Fearann an Locha** 'the land of the lake' bunfhoirm an ainm.

BF: Loughlion / Loch Lión

LogainmID: 25864

Aughaweena

‘the field of the native of Munster?’

1.	1674	Aughaweena	Emerson Contents
2.	1674	Aughawenee	Emerson Contents, 17
3.	1674	Aughweeny	Emerson Contents, 17
4.	1684	Aghaweeny	Rent Roll
5.	1727	Aghaweeny	CGn. 56.117.37215
6.	1744	Aghaweeny	CGn. 117.242.80637
7.	1744	Aghaweeny	CGn. 115.328.80638
8.	1746	Aghaweeny	CGn. 123.86.8368011
9.	1746	Aghaweeny	CGn. 126.32.85272
10.	1775	Aghaweeny	CGn. 304.547.206097

Aughawenee 19a1r0p (Emerson Contents: 17).

A pcall [parcel] wherein is land called Loughlyon Trensheld mead Leanaweana & Aughawena and other names. Bounded on ye west wth Sellitt on ye south wth white abbie and grayabbie Dixonsland on ye east wth ye parkes w.hout Claregate on ye north Duneny laine and w.hout it by Bishopsland and the Little Cunnebura a comon This surround is all good arable and good meadow land only about 12 ac of good pasture next Sellit containes in all 82=0=00 (Emerson Contents,17).

Ní léir suíomh na háite seo, ach is dócha go raibh sé suite in oirthuaisceart bhaile fearainn *Loughlion* nó in iardheisceart Chill Dara.

Is cosúil gurb é **achadh** (‘field’, *FGB*) atá sa chéad eilimint. Níl aon abhainn sa chónagar, agus dá bharr sin, ní dócha go bhféadfadh **áth** (‘ford’, *FGB*), ar dócha go raibh an fuaimniú [ɑ:x] leis i gcuid mhaith de chúige Laighean agus iardheisceart Mumhan (Ó Cruailaoich & Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 365), a bheith i gceist. Maidir leis an dara heilimint, d’fheadfaí an sloinne *Mooney* / **Ó Maonaigh** ‘derived from Maonach – “wealthy, precious”’ (*Family Names*: 1872) a chur san áireamh: ***Achadh Uí Mhaonaigh** ‘Mooney’s / **Ó Maonaigh**’s field’. Luaitear roinnt daoine den sloinne *Mooney* in *Griffith’s Valuation* sa pharóiste seo agus sna paróistí eile timpeall, agus bhí an sloinne sa cheantar sa 17ú haois chomh maith: luaitear Mortagh Mooney in *Rent Roll*, mar shampla. Ní réitíonn na foirmeacha stairiúla a bhaineann leis an ainm seo le logainmneacha eile a bhfuil an sloinne sin iontu, áfach: Níl aon fhianaise ar ***(m)weeny** nó a leithéid mar bhéarlú ar **Ó Maonaigh** in *Ballymooney* / **Baile Uí**

Mhaonaigh²⁷⁹ i gCill Mhantáin ná *Ballymooney* / **Béal Átha Uí Mhaonaigh**²⁸⁰ i gContae Uíbh Fhailí. Ní dócha gur **maoine** ('property, wealth, treasure' *FGB*) atá ann ach an oiread, toisc gur mar *Moon(e)* a béarlaíodh *Moone* / **Maoin**²⁸¹ i mbarúntacht Chill Chá agus Mhaoine, i gContae Chill Dara gan aon fhianaise ar *-ee-* sna foirmeacha béarlaithe. Gach seans, mar sin, gurb é **muimhneach** (g.u. **muimhnigh**, 'native of Munster', *FGB*) atá sa dara heilimint. Tá sé le tabhairt faoi deara gur úsáideadh an eilimint **muimhneach** i bhfoirm stairiúil a bhaineann le baile fearainn *Mooreabbey Demesne* / **Ros Glas** in *Leabhar Mór Mhic Fhir Bhisigh Leacain*: 'ros nglaisne na muimnech' (Hogan, 1910: 2467). Réiteodh foirmeacha stairiúla an ainm seo go maith le hainmneacha eile a bhfuil **mhuimhnigh** mar eilimint iontu amhail an baile fearainn *Killickaweeny* / **Coill Mhic an Mhuimhnigh**²⁸² i mbarúntacht Ó Céithigh agus Uachtar Fhine i gCill Dara agus na mionainmneacha *Labbanirweeny* / **Leaba an Fhir Mhuimhnigh**²⁸³ i gCiarraí agus *Gattaedmondweeny* / **Geata Éamainn Mhuimhnigh**²⁸⁴ agus *Loughaunweeny* / **Loch an Mhuimhnigh**²⁸⁵ i nGaillimh. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé gurb é ***Achadh an Mhuimhnigh** – 'the field of the native of Munster' bunús an ainm seo. Tá an réadú *-weana* ar an eilimint seo sa mhionainm *Leanaweana* thíos le tabhairt faoi deara, áfach, toisc go bhfágann sé éiginnteacht faoi bhunús na heiliminte.

Leanaweana

*Léana an Mhuimhnigh?

'the wet meadow of the native of Munster?'

1. 1674	Leanaweana	Emerson Contents, 17
2. 1674	Leanaweana	Emerson BoR, 17
3. 1674	Leanaweaney	Emerson Contents, 17

Ní léir cén suíomh atá i gceist i gcás an ainm seo ach an oiread, ach is é is dóichí ná go raibh sé in aice le *Aughaweena* thuas.

Is é atá sa chéad eilimint anseo ná **léana** ('lowlying grassy place, water-meadow, greensward, lawn', *FGB*). Is cosúil gurb ionann an eilimint deiridh agus eilimint deiridh *Aughaweena* thuas, ach díol spéise is ea an réadú éagsúil ar an eilimint *-weana* / *-weaney* anseo. D'fhéadfadh an fhuaim [e:] nó [i:] a bheith leis an gcarn gutaí *-ea-* i mBéarla an 16ú haois (Algeo & Pyles, 2010: 146). D'fhéadfadh

²⁷⁹ LogainmID: 54677

²⁸⁰ LogainmID: 42053

²⁸¹ LogainmID: 25217

²⁸² LogainmID: 25323

²⁸³ LogainmID: 1394603

²⁸⁴ LogainmID: 1397972

²⁸⁵ LogainmID: 1398594

sé, mar sin, gurb é ***Léana an Mhuimhneigh** ‘the wet meadow of the native of Munster’, bunús an ainm, ach ní féidir a bheith cinnte de sin.

Trensheled mead

‘(the meadow of) the third of silliot’

1. 1674	Trensheled mead	Emerson BoR, 17
2. 1674	Trensheled Mead	Emerson Contents, 17
3. 1684	Trenchallow mead	PRONI Abstract
4. 1684	Trenchalla mead	Rent Roll
5. 1744	Crenshela meade	CGn. 117.242.80637
6. 1744	Trenchalameade	CGn. 115.328.80638
7. 1746	Trenchalameade	CGn. 126.32.85272
8. 1775	Trenchalameade	CGn. 304.547.206097

*Trian Saileata

Tá suíomh na háite seo éiginnte, ach bunaithe ar an anailís thíos, is dócha go raibh sé thart ar an teorainn idir bailte fearainn *Loughlione* agus *Silliothill*.

Tá logainm Gaeilge móide an focal Béarla *mead(e)* (‘meadow’, *OED*) san ainm seo. Tá an chosúlacht ar an scéal gurb é **trian** (‘*Hist*: Division, quarter (of town)’, *FGB*) atá sa chéad eilimint in *tren-*. Is féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil foirm 5 in *Cren-* earráideach. Díol spéise is ea an eilimint **trian** a bheith san ainm seo, más ea. Níl aon sampla eile di i measc logainmneacha riaracháin an chontae ná na mionlogainmneacha a bailíodh don tráchtas seo. D’fhéadfaí **trinse** (‘trench’, *FGB*) a chur san áireamh don chéad eilimint seo chomh maith, ach ba dheacair chiall a dhéanamh den dara heilimint sa chás sin. D’fhéadfadh sé go léiríonn foirmeacha 3-8 réadú ar an bhfocal **caladh** sa chiall ‘Callow, river-meadow’ (*FGB*): ***Trinse an Chalaigh** ‘the trench of the callow, river-meadow’. Faightear – *challow* mar réadú béarlaithe ar **an Chalaigh** na Gaeilge in *Gortachallow* / **Gort an Chalaigh**²⁸⁶ i gContae Uíbh Fhailí. Tá an chuma ar an scéal, áfach, go mbaineann an dara heilimint anseo leis an eilimint *Silliot* in *BF Silliothill*²⁸⁷ sa pharóiste seo, go háirithe ó fhoirmeacha 1 agus 2 thuas. Ní léir go díreach céard atá i gceist leis an eilimint sin. Bhí Seán Ó Donnabháin den tuairim gurbh é ‘Salchoit, “a place of sallows or willows,”’ a bhí inti agus é ag trácht faoin áit sna hainmleabhair. Is í tuairim Uí Mhurchadha (2002: 69) gur logainm eile de bhunadh na nAngla-Normannach atá taobh thiar de *Silliothill* i mBarúntacht an Náis Theas, agus is dócha gurb ionann an scéal i bparóiste seo Chill Dara. Is é **Cnoc Saileata** an leagan Gaeilge atá molta ag an mBrainse Logainmneacha don dá *Silliothill* i gContae Chill Dara, agus mar sin, moltar ***Trian Saileata** anseo.

²⁸⁶ LogainmID: 41490

²⁸⁷ LogainmID: 25872

BF: Loughminane / Loch Meannáin

LogainmID: 25865



Figiúr 26: Loughminane / Loch Meannáin. Bonnlearscáil: 2016, ©Google.

Dixon'sland

671798 712994

1.	1674	Dixon'sland	Emerson BoR, 15
2.	1816	Dixon'sland	Kildare Est.
3.	1816	Dixon'sland	Kildare Est.

Oirthear bhaile fearainn *Loughminane* atá i gceist leis an aonad seo de réir léarscáileanna *Kildare Est.* Is cinnte gurb é an sloinne Dixon atá san ainm seo. Sloinne Sasanach is ea é, ach d'fhéadfadh Ó **Duibhgeadáin** ('descendant of Dubhgeadán; a Clare surname', *SGG*, 515) nó **Mac Riocáird** ("son of Rickard" or "Richard"; a patronymic surname assumed by the Scottish family of Sinclair', *SGG*, 402) a bheith mar bhunús leis freisin. Níl luaitear an sloinne sa pharóiste seo in *Griffith's Valuation*, TAB ná *Daonáireamh 1901*.

Farrincludie

'the land of the shore'

671193 713205

1.	1674	Farrincludie	Emerson Contents, 15
2.	1674	Farrin Cladie and Kilcorcran	Emerson Contents, 15
3.	1684	ffarreneclady	Rent Roll
4.	1746	Barrencladdy	CGn. 126.32.85272
5.	1744	Barrencladdy	CGn. 115.328.80638

Farrincludie and Kilcorcran and ye parke on ye road next Dixons 26 2 00 (Emerson Contents: 15).

Léirítear teorainneacha beachta *Dixons Lands* in *Kildare Est.: General Survey*. Is é atá i gceist leis sin ná oirthear bhaile fearainn *Loughminane*, an loch féin san áireamh, rud a thabharfadh le fios gurb é iarthar an bhaile fearainn sin atá i gceist le *Farrincludie*. Is é *Lough Farm* atá ar an aonad sin ar an léarscáil úd.

Is féidir talamh slán a dheánamh de gur earráid chóipeála atá faoi deara fhoirmeacha 4 agus 5 in *B-tosaigh*. Is é **fearann** ('land') atá sa chéad eilimint anseo. Léiríonn na foirmeacha ar fad thuas eilimint deiridh in **c(h)ladaigh**. D'fheadfaí a thuairimiú gurb é **cladach** ('shore', *FGB*) atá anseo agus gurbh é bruach lochán *Loughminane* or *Friars Lough* a bhí i gceist, in ainneoin gur lochán an-bheag a bhí ann. Tá an t-aonad seo píosá siar ón loch féin, de réir an chur síos ar an suíomh in *Emerson Contents*, ach is féidir a thuairimiú gur samhlaíodh ceantar níos leithne leis tráth, rud a léireodh an t-ainm *Lough Farm*, a luaitear leis an gceantar céanna. Is cosúil go bhfuil réadú ar an alt i bhfoirm 3 thuas, agus mar sin, is féidir an t-ainm a mhíniú mar ***Fearann an Chladaigh** 'the land of the shore'. Is minic **cladach** a bheith in úsáid i gceantracha cósta ach féach *Gortaclady* / **Gort an Chladaigh**²⁸⁸: 'The final element of the place-name is the genitive of cladach which can mean 'stony shore'. In this case it seems to refer to firm, dry land on the edge of boggy land' (*DUP*: 78).

Killcorcran

'Corcrán's wood'

1.	1674	Kilcorcran	Emerson Contents, 15
2.	1674	Killcorcran	Emerson Contents, 15
3.	1684	Killcorkery parke	Rent Roll
4.	1684	parke Killecorkeran	Rent Roll
5.	1744	Kilcorkeran	CGn. 115.328.80638

*Coill Chorcráin

²⁸⁸ LogainmID: 64342

6. 1744	Park Killcorkeran	CGn. 117.242.80637
7. 1746	Killcorkeran	CGn. 126.32.85272
8. 1775	Kilcorkeran	CGn. 304.547.206097
9. 1775	Killcorkery Park	CGn. 304.547.206097

Tá sé seo suite in iarthar an bhaile fearainn, ach ní léir suíomh beacht dó.

Is dócha gurbh ionann an logainm atá á chur in iúl ag foirmeacha in *-corcran et. var* agus foirmeacha in *-corkery*, in ainneoin go bhfuil an dá ainm luaite san fhoinsé chéanna cúpla geábh. Níl aon fhianaise ar eaglais a bheith sa bhaile fearainn seo, agus mar sin, ní mór glacadh leis gurb é **coill** atá sa chéad eilimint. Más fíor gurbh í an áit chéanna a bhí in *Killcorcran* agus *Killcorkery*, is cosúil go raibh dhá leagan den eilimint deiridh ann, ach iad fréamhaithe san fhocal céanna. Ní dócha gur sloinne atá anseo toisc gur sloinnte ar leith atá neamhspleách ar a chéile iad **Ó Corcráin** / *Corcoran* (“descendant of Corcrán” (diminutive of Corcair, purple)’, *SGG*) agus **Ó Corcaire** / *Corkery* (“Descendant of Corcair” (purple)’, *SGG*). Bhí *Corcoran* ar fáil sa cheantar seo aimsir *Griffith’s Valuation* agus *Daonáireamh 1901*, ach níl aon sampla de *Corkery* ar fáil sna foinsí sin. Léiríonn na foirmeacha in *-corcran* deiridh gur ainmfhocal atá san eilimint deiridh seachas aidiacht. D’fhéadfadh **corcrán** (‘scarlet berry’, *DIL*) a bheith i gceist sna foirmeacha sin, agus d’fhéadfadh **corcair** (‘(lichen producing) kind of purple dye’, g.u. **corcra**, *FGB*) a bheith sna foirmeacha in *-corkery*. Is mó an seans gurb é an t-ainm pearsanta **Corcair** ar fhoirm dhíorthaithe de **Corc** é (early Irish writers belived Corcc derived from “red, crimson”, *GPN*: 59), mar aon le leagan díspeagtha den ainm sin in **Corcrán** (‘probably from “red, crimson, purple”’, *GPN*: 60), atá sa dá leagan. D’fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar seo a leanas, mar sin: ***Coill Chorcra** (‘Corcair’s wood’) agus **Coill Chorcráin** (‘Corcrán’s wood’). Luaitear duine den ainm **Corcrán** i nginealas Chlann Mhaoilíora (*CGH*: 337), craobh d’Uí Fhailge a mbíodh cuid mhaith de na tailte i bparóistí Mhainistir Eimhín agus an Leacaigh in Uíbh Fhailí Thiar ina seilbh acu. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil comhréir na Gaeilge i bhfeidhm ar fhoirmeacha 4 agus 6. Maidir le foirm 4 in *parke Killecorkeran*, an-seans gurb é an guta neodrach [ə] atá á chur in iúl ansin, agus gur réadú ar fhoirm g.u. an ainmfhocail **coill** atá ann – **Páirc Choille Chorcráin**. Níl sé as áireamh gur guta cúnta nó fiú réadú ar an alt, is cúis leis ach an oiread.

Lough Farm

671140 713242

1. 1816	Lough Farm	Kildare Est. ²⁸⁹
2. 1838	Lough Farm	MIC541/12 Leabhar Cíosá
3. 1827	Lough Farm	TAB

²⁸⁹ *General Survey*

Tá sé seo in iarthar an bhaile fearainn de réir léarscáil 1816. Is dócha gur tháinig an t-ainm ón lochán in oirthear an bhaile fearainn, nó ó ainm an bhaile fearainn féin. Níl an lochán mar chuid den aonad mar a léirítear é ar an léarscáil.

BF: Knockshough Glebe / Cnoc Sióg

LogainmID: 25863

Farenan Emma

'land of the soul'

1.	1750	Farenan Emma	CGn.	141.368.95834
2.	1750	Farnane Emma	CGn.	144.5.96219
3.	1767	Farranna Emma	CGn.	268.92.168613
4.	1827	Farrananamma	CGn.	822.250.553385
5.	1887	Farrananemia	Leinster Express 11/06/1887, 4 ²⁹⁰	

Knockashioge, and Farrananemia, Killagh, part of Knockshige all known on the Ordnance Survey as Knockshough Glebe (Leinster Express: 11/06/1887, 4)

Tugann an fógra in *Leinster Express*, atá bunaithe ar ghníomhas, de réir cosúlachta, le fios go raibh an áit seo i mbaile fearainn *Knockshough Glebe*. Thairis sin, ní féidir suíomh na háite a bheachtú.

D'fhéadfadh sé gurb é ***Fearann an Ime** 'the land of the butter' atá á chur in iúl ag foirmeacha 1 & 2.

Is mó an seans, áfach, gur ***Fearann Anama** – 'land of the soul' atá i gceist. Tá roinnt samplaí de **anam** mar cháilitheoir i logainmneacha na hÉireann: *Killananima* / **Coill an Anama**²⁹¹ i gContae Liatroma agus *Cloonnamna* / **Cluain Anama**²⁹² i gContae Mhaigh Eo. Deirtear an méid seo a leanas faoin eilimint **anam** i logainmneacha in *Joyce*: 'Some believe that places with such names were bequeathed to some church or monastery for the soul's health of the donor or of some relative; while others again assert that the names originated in ghosts' (II, 466).

²⁹⁰Chancery Division

²⁹¹ LogainmID: 29655

²⁹² LogainmID: 36681

BF: Mooretown / Baile na Móna

LogainmID: 25866



Figiúr 27: Mooretown / Baile na Móna. Bonnleársaíl: 2016, ©Google.

Tankardstown

669852 710728

1.	1674	Tankardstown	Emerson Contents, 11
2.	1674	Tankerdstown	Emerson BoR, 11
3.	1757	Tankerdstown	Rocque TCD: Survey of Mooretown
4.	1775	Tankardstown	CGn. 304.547.206097

Moortowne & Tankerdstown, ye bounds not well known betwixt occupied as one farm. (Emerson BoR: 11)

Cuireann léarscáil Rocque TCD an áit seo i ndeisceart Mooretown.

Is é *Tancard* atá sa chéad eilimint anseo. Bhí *Tancard* in úsáid mar shloinne agus mar ainm pearsanta ag na hAngla-Normannaigh. Is sampla é sin d'fhoirmle atá an-choitianta i measc bhailte fearainn an chontae: ainm pearsanta nó sloinne Angla-Normannach leis an mír Bhéarla *-town*. Tá dhá bhaile fearainn déag den ainm *Tankardstown* in Éirinn (*Logainm.ie*).

BF: Rahilla Commons / Coimín Ráth Choille

LogainmID: 25795

The Black Well

- | | | | |
|----|------|------------------|--|
| 1. | 1883 | the black well | Leinster Leader 29/09/1883: 4 ²⁹³ |
| 2. | 1908 | Black Well Field | Medlicott Papers PC502 ²⁹⁴ |

the black well situated at the edge of Rathilla Common... (Leinster Leader 29/09/1883)

Tá tobar marcáilte in iarthuaisceart an bhaile fearainn bhig seo ar léarscáil SO 25" agus seans gurb é sin an tobar a bhí i gceist. Ní léir céard dó a dtagródh an dath *black* san ainm, dath an uisce, b'fhéidir. Tá baile fearainn den ainm *Blackwell* / **An Tobar Dubh**²⁹⁵ i gCill Chainnigh.

BF: Rahilla Glebe / Gléib Ráth Choille

LogainmID: 25799

Closhtubane

*Clais —?

- | | | | | |
|----|------|----------------------------|--------------------------------|----------------|
| 1. | 1750 | Closhtutane | CGn. | 141.368.95834 |
| 2. | 1750 | Closhtubane | CGn. | 144.5.96219 |
| 3. | 1762 | Clostubbane | CGn. | 215.497.142631 |
| 4. | 1767 | Closhtubane | CGn. | 268.92.168613 |
| 5. | 1827 | Clostubane | CGn. | 822.250.553385 |
| 6. | 1829 | Closlubane | CGn. | 819.276.568276 |
| 7. | 1887 | Clostrobane ²⁹⁶ | Leinster Express 11/06/1887, 4 | |

The Court having ordered Sale of the Lands of Rathvilly, Clostrobane, and Old Seizen, Farranacrane [nó Farranaorane] and Farran Neill, a parcel of land called Eight Acres, Casseeghaline, Tirandughinard, and other Eight Acres, all known on the Ordnance Survey as Rahilla Glebe, Containing 506a. 1r. 1.p., statute measure (Leinster Ex. 11/06/1887, 4)

I gcás an ainm seo, d'fhéadfadh anailís ar an ainm suíomh na háite a shoiléiriú. Is cosúil go gcuireann an chéad eilimint *Closh-*; *Clos-*; **clais** ('water channel'; 'gully, ditch'; 'trench, furrow', *FGB*) in iúl. Más fíor é seo, d'fhéadfaí a thuairimiú gurb é an sruthán beag atá sa bhaile fearainn seo atá i gceist. Tá an dara heilimint níos deacra a dhéanamh amach. D'fhéadfadh sé gur réaduithe ar **tobán** ('tub', *FGB*)

²⁹³ 'The Dunmurry Pump'

²⁹⁴ Admháil: 'Recieved from Mr Hughes...for the grazing of two fields in Dunmurry'.

²⁹⁵ LogainmID: 27147

atá i bhfoirmeacha 2, 3, 4 agus 5 in *-tubane; tubbane*: ***Clais an Tobáin** ‘the gully of the tub?’. Luaitear *tubán* i liosta focal a ó cheantar *Clongorey*²⁹⁷ agus *Blacktrench*²⁹⁸ i mBailiúchán na Scol (0776, 013) agus é mínithe mar ‘a fat child’. Faightear *Tuban* agus *Tubane* mar bhearlú ar *Tievebane* / **Taobh Bán**²⁹⁹ i nDún na nGall, agus d’fhéadfadh sé gurb in atá san ainm seo chomh maith: ***Clais an Taoibh Bhán** – ‘the gully of the white side’. Ní mór ainmfhocail firinscneach dar tús **s-** amhail **sopán** ‘a little wisp’ (*Dinneen*) a chur san áireamh freisin: ***Clais an tSopáin** ‘the gully of the little wisp’. Ní féidir a bheith go hiomlán cinnte de bhunús an dara heilimint san ainm seo.

Costogoglin

1. 1762	Costogoglin	CGn. 215.497.142631
2. 1827	Cassohaghline	CGn. 822.250.553385
3. 1829	Cassehaghene	CGn. 819.276.568276
4. 1887	Casseeghaline	Leinster Express 11/06/1887

Tá sé an-deacair ciall a bhaint as an ainm seo toisc a ghainne is atá an fhianaise, agus an éagsúlacht atá ann idir na foirmeacha. D’fhéadfadh sé gur **ceasach**, foirm mhalartach de **ciseach** – ‘wattled causeway; improvised path, footbridge, over soft ground or drain’ (*FGB*) atá sa chéad eilimint.

D’fhéadfaí ***an chaonaigh**, g.u. **caonach** ‘moss’ (*FGB*) a léamh ó fhoirm 3: ***Ceasach an Chaonaigh** ‘the causeway of the moss’. D’fhéadfadh sé gurb é ***Ceasach Átha + Ainmfhocail dar tús L** atá á cur in iúl ag foirm 2. Tá sruthán beag sa bhaile fearainn seo (féach *Closhtubane* thuas). Féidearthacht eile, bunaithe ar fhoirmeacha 2 agus 4 is ea ***Cois Achadh Lín** – ‘(the place) beside the flax field?’

Crosslane Land

1. 1674	Crosslaineland	Emerson Contents, 15
2. 1684	Crosslane land	Rent Roll
3. 1774	Crosslane and Park land	CGn. 115.328.80638
4. 1746	Crosslane Land	CGn. 126.32.85272
5. 1775	Crosslane Land	CGn. 304.547.206097

Oldtowneland and Crosslainland in Patrick Kelly’s holding, on both sides of Rahilla laine. 030 0 00 (Emerson Contents: 15).

Níl suíomh beacht na háite seo deimhnithe, ach tugann an t-ainm féin leid faoina suíomh. Tugtar an míniú seo a leanas ar *Cross Lane Field* in *EFN*:

²⁹⁷ LogainmID: 26010

²⁹⁸ LogainmID: 26012

²⁹⁹ LogainmID: 15206

Field crossed by a path or a road, or at a crossroads. Cross Lane is frequently used for a small thoroughfare connecting two larger roads. (EFN: 97)

Luaitear chomh maith in *Emerson Contents* go raibh an t-aonad seo ar dhá thaobh *Rahilla laine*, agus i gcomhthéacs na n-áiteanna a luaitear roimhe agus ina dhiaidh in *Emerson Contents* is é is dóichí ná gurb é an crosbhóthar mar a ritheann *Old Road* isteach i mbóthar an R401 atá ann. Gné eile a threisíonn an teoiric sin ná an lána a nascann an crosbhóthar le *Southgreen Road*, atá ag teacht leis an ráiteas ‘Cross Lane is frequently used for a small thoroughfare connecting two larger roads’ in *EFN*. Is léir, mar sin, gur aonad talún atá á chur in iúl ag an eilimint Bhéarla *Land* anseo agus go raibh an t-aonad seo suite in aice le crosbhóthar nó lána.

Tá *Cross Lane* le feiceáil mar ainm sráide i roinnt bailte agus cathracha in Éirinn, Maigh Nuad, Trá Lí agus Cill Chainnigh san áireamh (*Logainm.ie*). Tá *Cross Lane* ar fáil mar bhóithrín tuaithe i gContae an Dúin i *Meitheal Logainm.ie*³⁰⁰.

Fierandugan

*Fearann an Dubhagánaigh

‘An Dubhagánach’s land’

1. 1762	Fierandugan	CGn. 215.497.142631
2. 1827	Feranduganna	CGn. 822.250.553385
3. 1829	Firanduganna	CGn. 819.276.568276
4. 1887	Tirandughinand	Leinster Express 11/06/1887, 4 ³⁰¹

B’fhéidir gurb é **féar** (‘grass’, *FGB*; ‘Grass-lands, pastures’, *DIL*) nó foirm dhíspeagtha de sin in **féarán** mar atá i mbaile fearainn *Fearaun* / **An Féarán**³⁰² in Uíbh Fhailí Thiar (‘Féarán, “grassy land”’, *OD:AL* ex *Logainm.ie*) atá sa chéad eilimint anseo. Réitíonn *Fier-* agus *Fer-* leis na foirmeacha stairiúla a ghabhann le *Ferbane* / **An Féar Bán**³⁰³. Is mó an seans, i bhfianaise an phatrún ainmniúcháin sa cheantar seo, áfach, gurb é **fearann** – ‘land’ atá i gceist. Féach go bhfaightear *feran*, mar atá i bhfoirm 2 thuas, mar bhéarlú ar **fearann** chomh maith (*Ferrans* / **An Fearann**³⁰⁴, i gContae na Mí, cuir i gcás). Maidir le foirm 4, is léir go bhfuil sí earráideach, agus is cosúil gurb é atá i gceist le *-and* deiridh ná cóipeáil dúbailte ar an bhfocal Béarla *and* ón ngníomhas. Maidir le *t-* tosaigh na foirm sin, is dóigh gur botún cóipeála le haghaidh *f-* atá ann. An-seans gurb é an sloinne *Duggan* / **Ó Dubhagáin** – “diminutive form of dubh” meaning “small, dark one” (*Family Names*, 777) atá san eilimint deiridh. Faightear daoine den sloinne Doogan i bparóistí *Ballysax*, *Cloncurry* agus *Carn* sa

³⁰⁰ ‘Comhfhiontar Logainmneacha Ard Mhacha agus an Dúin Theas’

³⁰¹ *Chancery Division*

³⁰² LogainmID: 25165

³⁰³ LogainmID: 41331

³⁰⁴ LogainmID: 38986

bharúntacht seo in *Griffith's Valuation* agus faightear *Duggan* i bparóiste an Leacaigh in Uíbh Fhailí Thiar san fhoinsé chéanna. D'fhéadfadh sé gur readú ar fhoirm aidiachtúil den sloinne in **An Dubhagánach** atá taobh thiar d'fhoirmeacha 2 agus 3: ***Fearann an Dubhagánaigh – 'An Dubhagánach's land'**

Feeran Neile

'Niall's Land'

1.	1750	The lands of Feeran Neile	CGn.	141.368.95834
2.	1750	The Lands of Firan Neile	CGn.	144.5.96219
3.	1762	Fieranniel	CGn.	215.497.142631
4.	1767	Fieran Neill	CGn.	268.92.168613
5.	1827	Farran Neal	CGn.	822.250.553385
6.	1829	Farran Neil	CGn.	819.276.568276
7.	1887	Farran Neill	Leinster Express 11/06/1887, 4 ³⁰⁵	

*Fearann Néill

Tá an chuma ar fhoirmeacha 1–4 gur **féar** 'grass-lands, pastures', (*DIL*) nó **fiar** atá sa chéad eilimint. D'fhéadfaí **an aoil**, g.u. **aol** ('lime', *FGB*) a chur san áireamh don dara heilimint agus an t-ainm a mhíniú mar ***Féar / Fiar an Aoil** 'the pasture / ley-field of the lime'. Tá a leithéid de readú ar **an aoil** le sonrú sa logainm *Legoneil / Lag an Aoil*³⁰⁶ i gContae Aontroma, agus tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil aolchloch sa bhaile fearainn seo ('nodular & muddy limestone & shale': *Geological Survey Ireland Spatial Resources*). I bhfianaise foirmeacha 5–7, afach, agus toisc a choitianta is atá an eilimint **fearann** sa pharóiste seo, is é is dóichí gur botún cóipeála faoi deara na foirmeacha sin in *fier-* agus *feer-* tosaigh. Glactar leis gurb é **fearann** – 'land', atá sa chéad eilimint, mar sin. Maidir leis an dara heilimint *Neile; Neile* agus *-niel*, is é is minice a bhíonn á chur in iúl ag eilimintí béarlaithe den chineál sin ná an t-ainm pearsanta Gaeilge **Niall**, g.u. **Néill** ('the derivation of this name is uncertain', *GPN*: 145) nó an sloinne **Ó Néill**. Féach mar shampla *Mountneill / Moin Uí Néill*³⁰⁷ i gCeatharlach, agus *Lough Neill / Loch Néill*³⁰⁸ i nDún na nGall. Faightear *Neill* mar shloinne sa pharóiste seo in *Griffith's Valuation* agus *TAB*. Seans gurb é an bhéim a bheith ar an ainm pearsanta nó sloinne is cúis leis na foirmeacha scaoilte den logainm atá le sonrú i bhfoirmeacha 1, 2 agus 4–7. Toisc nach bhfuil readú soiléir ar an alt i gceist, ná ar **Ó/Uí** sna foirmeacha stairiúla, moltar ***Fearann Néill – 'Niall's land'**, ach ní féidir ***Fearann Uí Néill** a chur as an áireamh.

³⁰⁵ *Chancery Division*

³⁰⁶ LogainmID: 1412062

³⁰⁷ LogainmID: 3088

³⁰⁸ LogainmID: 1396585

Fieranorane

'the land of the spring'

1.	1750	Fieranorane	CGn.	144.5.96219
2.	1750	Freranorane	CGn.	141.368.95834
3.	1762	Fieranorane	CGn.	215.497.142631
4.	1767	Feeran orane	CGn.	268.92.168613
5.	1827	Farranoraine	CGn.	822.250.553385
6.	1829	Farranoraine	CGn.	819.276.568276
7.	1887	Farranaorane	Leinster Ex. 11/06/1887, 4 ³⁰⁹	

*Fearann an Óráin

Dála *Feeran Neile* thuas, glactar leis gur **fearann** ('land') atá sa chéad eilimint anseo seachas **féar(án)** nó **fiar(án)**. D'fhéadfadh sé gurb é an t-ainm pearsanta **Órán** atá sa dara heilimint. Foirm dhíspeagtha de **Odar** is ea **Órán**: 'this name may mean "dark, sallow, grey-brown", but it is possible that here we have the ancient name of the otter used as a personal name' (*GPN*: 148). D'fhéadfaí **fuarán** ('spring, fountain', *FGB*) a chur san áireamh freisin: ***Fearann an Fhuaráin**, 'the land of the spring'. Luaitear *spring* i mbaile fearainn beag *Rahilla Commons* in aice láimhe ar *SO 25*", áit a luaitear 'lacustrine sediments' (*EPA*) mar chineál fo-ithreach, agus tá an méid seo le rá faoin mbaile fearainn sin san ainmleabhar: 'It is not cultivated and it is full of springs.' Is mó an seans, áfach, gurb é **óráin** ar fhoirm mhalartach de **fuarán** é (*FGB*) atá sa dara heilimint: ***Fearann an Óráin** – 'the land of the spring'. Faightear an fhoirm seo den ainmfhocail in *Lisheenananoran* / **Lisín an Óráin** - 'the small enclosure of the spring'³¹⁰ agus in *Oranmore* / **Órán Mór**³¹¹, i nGaillimh.

Old Seasons

1.	1750	Old Seasons	CGn.	141.368.95834
2.	1750	Old Seasons	CGn.	144.5.96219
3.	1762	Old Seizin	CGn.	215.497.142631
4.	1762	Old Seisin	CGn.	215.497.142632
5.	1767	Old Seizans	CGn.	268.92.168613
6.	1887	Old Seizen	Leinster Ex. 11/06/1887, 4 ³¹²	

Ní léir cén chuid den bhaile fearainn atá i gceist anseo.

³⁰⁹'Chancery Division'

³¹⁰ LogainmID: 18424

³¹¹ LogainmID: 18476

³¹²'Chancery Division'

Is cosúil ó fhoirmeacha 3–6 nach é an focal Béarla *season* (‘period of the year’, *OED*; ‘Ground in condition for sowing’, *EDD*) atá anseo ach *seisin* (in early use, Possession: chiefly in phrases, to have take *seisin* (in, of). Now only in Law, Possession as of freehold, *OED*) a thagann ó *saisine* na Fraincise.

Oldtown

‘the old settlement’

1. 1674	Oldtowneland	Emerson Contents
2. 1684	Shanbally or old towne land	Rent Roll
3. 1744	Shanbally old town	CGn. 117.242.80637
4. 1744	Shanbally oldtownland	CGn. 115.328.80638
5. 1746	Shanbally Oldtown land	CGn. 126.32.85272
6. 1775	Shanbally Oldtown Lands	CGn. 304.547.206097

Oldtowneland and Crosslaineland in Patrick Kelly’s holding on both sides of Rahillys laine (Emerson Contents, 15).

Ní léir suíomh beacht na háite seo. Thabharfadh *Crosslaineland* le fios gur crosbhóthar atá i gceist leis an ainm sin. Seans gurb é an crosbhóthar idir *Old Road (SO Geohive)* agus an R401 atá i gceist. Maidir le *Old Road*, tá seans ann go bhfuil baint éigin ag an ainm sin le *Shanbally / Oldtown* atá faoi chaibidil anseo.

Tá bunús an ainm soiléir. Is léir go raibh leagan den ainm sa dá theanga agus ní léir cé acu is sine. Is é atá in *Shanbally* ná an aidiacht **sean** agus an t-ainmfhocal **baile**, agus gurb é (**An**) **Seanbhaile** ‘(the) old settlement’ atá taobh thiar den leagan Gaeilge. Is é is dóichí ná gurb é an chiall ‘place; settlement; farm, farmstead’ (*DIL*) seachas ‘(fortified) village, town, city’ (*DIL*) atá i gceist le **baile** i mionainmneacha an cheantair seo. Tá réimse leathan brí le **baile** mar eilimint sna logainmneacha mar atá léirithe ag Toner (2004: 43):

The various applications of the term **baile** appear bewildering, even contradictory, at times. It is a homestead and a farm; a village and a city; a house cluster and a ballybetagh. However, these apparently disparate entities share common features that are expressed in this single term. The defining characteristic of the **baile** is occupied space, whether by a habitation (farmstead, village, town, etc.) or by agricultural land (farm, townland, ballybetagh)

Dar le Flanagan go ndearnadh **baile** a chomhionannú le *town* an Bhéarla agus *villa* na Laidine tar éis theacht na nAngla-Normannach (*IPN*: 24), agus áitíonn Muhr (2013:357) go bhfuil an réimse brí ‘farmstead > settlement > town’ i gceist le **baile** agus *town* araon.

Cloítear le ‘settlement’ mar mhíniú ar an eilimint **baile** sa tráchtas seo tríd síos. I gcás an ainm áirithe seo, áfach, ní léir cé acu an fhoirm Ghaeilge nó an fhoirm Bhéarla den ainm a tháinig ar dtús. Dá bharr sin, is deacair a dhéanamh amach an aistriú ar an eilimint Bhéarla *town* atá in **baile** san ainm nó a mhalairt. Dar le Toner (2004: 29) agus Kelly (1997: 44) gur tagairt d’fheirm bhaile an fheirmeora a bhí san fhocal **seanbhaile** i gcodarsnacht le buaile an tsamhraidh

Tá **An Seanbhaile** agus *Oldtown* coitianta i logainmneacha na hÉireann. Tá ar a laghad sé *Oldtown* i gContae Chill Dara féin. Astu sin, níl fianaise dheimhnitheach ar an leagan Gaeilge den ainm ach amháin i gcás *Oldtown* / **An Seanbhaile**³¹³ i bparóiste Chonnail Mhór.

BF: Redhills / An Cnoc Rua

LogainmID: 25595



Figiúr 28: Redhills / An Cnoc Rua. Bonnleárcáil: 2016, ©Google.

Farrengore

670504 714039

‘goat land’

1. 1674 Farringore

*Fearann Gabhar

Emerson Contents, 15

³¹³ LogainmID: 25781

2. 1684	Farengore	PRONI Abstract
3. 1684	ffarrengore	Rent Roll
4. 1744	Farrengore	CGn. 115.328.80638
5. 1744	Farrengore	CGn. 117.242.80637
6. 1746	Farrengore	CGn. 126.32.85272
7. 1775	Farringore	CGn. 304.547.206097

A long parke called Farringore north of Loughanelaine lackaland on southwest. 22a 0 0 (Emerson Contents: 15).

Bunaithe ar an gcur síos thuas, is féidir tuairim réasúnta cruinn a thabhairt faoi shuíomh na háite seo. Is ionann *Loughanelaine* agus *Green Road (SO Geohive\)*, agus is é is dóichí ná gur paróiste an Leacaigh atá i gceist le *lackaland*. Is é an t-aon áit a thagann an paróiste agus an bóthar seo le chéile ná an áit a bhfuil an bóthar mar chuid den teorainn idir oirthuaisceart bhaile fearainn *Crossmorris*, atá i bparóiste an Leacaigh, agus baile fearainn *Redhills*.

Is é atá sa chéad eilimint anseo ná **fearann** ('land'). I dtaca leis an dara heilimint, d'fhéadfaí **gamhar** 'a winter stream' nó sruthán a ritheann anuas ó shliabh tar éis báistí nó leá sneachta (Mac Cárthaigh: 1964), ós rud é go bhfuil an suíomh atá faoi chaibidil anseo ag bun cnoic. Is mó an dealramh atá le **gabhar** ('goat', *FGB*), áfach. Ní bheadh aon difear idir an dá fhocal seo ó thaobh fuaime de, ach tá **gabhar** i bhfad níos coitianta i logainmneacha. Feictear an réadú *-gore* ar **gabhar** go minic, *Ballinagore* / **Baile na nGabhar**³¹⁴, i gCill Mhantain, agus *Ballynagore* / **Béal Átha na nGabhar**³¹⁵ san Iarmhí, cuir i gcás. Níl réadú ar an alt i gceann ar bith de na foirmeacha stairiúla thuas. Is minic nach léirítear an t-alt i bhfoirmeacha béarlaithe de logainmneacha ach mar sin féin, moltar ***Fearann Gabhar** 'goat land' mar bhunleagan.

Loughancappell

'the lake of the horses'

1. 1674	Loughancappell	Emerson Contents, 15
2. 1674	Lugnebrone & Loughnecapall	Emerson Contents, 15
3. 1684	Loughnecaple	Rent Roll
4. 1775	Loughnacappell	CGn. 304.547.206097
5. 1746	Loughnecappell	CGn. 126.32.85272
6. 1744	Loughnecappell	CGn. 117.242.80637
7. 1744	Loughnecaple	CGn. 115.328.80638

*Loch na gCapall

³¹⁴ LogainmID: 55181

³¹⁵ LogainmID: 51503

Lugnebrone & Loughancappell ye North end on a little common to several towns in Madame Pocks holding. 62 2 00 (Emerson Contents: 15).

Luaitear *Lugnebrone & Loughancappell* in *Emerson Contents* mar aonad amháin agus is aonad suntasach a bhí ann a raibh beagán sa bhreis ar 62 acra Éireannach ann, sin thart ar 100 acra caighdeánach. Is léir go raibh an chuid sin de bhaile fearainn *Redhills* a ghobann i dtreo an tuaiscirt san áireamh san aonad seo.

Is é atá sa chéad eilimint anseo ná an t-ainmfhocal **loch** ('lake', *FGB*). Mínítear an focal *lough* mar 'any piece of water from the size of a small pond to that of a large lake is called a lough' i liosta focal de bhunadh na Gaeilge i mBéarla Chill Dara ag tús an 20ú haois (FitzGerald, 1911: 534). Ní léir aon lochán san aonad. Tá lochán beag tamaill soir uaidh i mbaile fearainn *Grangeclare* in aice láimhe, ach toisc gur paróiste eile atá ann, ní dócha go raibh sé sin san áireamh. Luaitear glár mar chineál talún i mbaile fearainn *Killeagh Common*. Seans gurbh é seo an ghné a bhí i gceist. Tá réadú soiléir ar an alt **na** i bhfoirmeacha 2–7. Maidir le foirm 1, ní léir an é **lochán** nó **loch an** atá á chur in iúl. Maidir leis an dara heilimint, is léir gur **capall** ('horse', *FGB*) atá i gceist. Is cosúil go bhfuil capall san uimhir iolra anseo, in ainneoin nach bhfuil aon fhianaise ar an urú a mbeifí ag súil leis. Is cosúil gurb é ***Loch na gCapall** an bunleagan, mar sin. Tá sampla de *Lough Nagapple / Loch na gCapall* i nDún na nGall³¹⁶, agus dhá shampla den ainm céanna i nGaillimh³¹⁷

Lugnebrone

'the hollow of the quern, millstone'

1.	1674	Lugnebrone
2.	1674	Lugnebrone
3.	1674	Lugnebrone
4.	1684	Lugnebrone
5.	1684	Loughnebrone
6.	1744	Lugnabrone
7.	1744	Lugnebrone
8.	1746	Lognabrone
9.	1775	Lugnabrone
10.	1943	LUG NA BRON

*Log na Brón

Emerson BoR, 14
Emerson BoR, 15
Emerson Contents, 15
PRONI Abstract
Rent Roll
CGn. 117.242.80637
CGn. 115.328.80638
CGn. 126.32.85272
CGn. 304.547.206097
JCKAS: OPN 1, 350

A hollow on the side of the road leading from Kildare to Rathangan and in the townland of Watergrange. (JCKAS: OPN 1)

³¹⁶ LogainmID: 1396526

³¹⁷ LogainmID: 1371673; 1398468

Redhill bounded on ye south wth. Rathwilkin & pt of Kildare on ye east wth part of Kildare caled Lugnebrone, on ye north wth parte of ye Redhill belonging to waltergrange and on ye west wth parte of ye Redhill belonging to Knocknegalyaw it is all course heathy pasture and on it is some quarries of [?] stone for building, containes 476=1=00 (Emerson BoR: 14).

Is cosúil go bhfuil an cur síos atá in *JCKAS: OPN 1* beagán míchruinn. Níl aon teagmháil ag ceachtar acu bóthar a théann ó bhaile Chill Dara go Ráth Iomhgháin le baile fearainn *Watergrange*. Téann bóthar *Southgreen* gar go leor don bhaile fearainn sin, agus réiteodh an suíomh sin leis an gcur síos a bhí ag Emerson ar an áit. Is é is dóichí, mar sin, gur oirthear *Redhills*, ar an teorainn le *Rahilla Glebe* an suíomh atá i gceist.

Is é atá sa chéad eilimint anseo ná **log** ('hollow', *FGB*). Tá fianaise shoiléir ar an alt **na** ina dhiaidh sin. Is é atá san eilimint deiridh ná **brón** foirm stairiúil g.u. de **bró** ('Quern; millstone', *FGB*). Is é ***Log na Brón** 'the hollow of the quern, millstone' foirm bhunaidh an ainm, mar sin. Tá **bró** réasúnta coitianta mar cháilitheoir i logainmneacha na tíre, féach *Lisheenabrone* / **Lisín na Brón**³¹⁸ 'the little fort of the quern stone' (Mac Gabhann, 2014: IX, 489) i Maigh Eo, mar shampla.

The Yellow Cunneburrow Land

670456 714642

1. 1674	The Yellow Cunneburrow land	Emerson Contents, 15
2. 1684	Yellow Cunniborough land	Rent Roll
3. 1684	Yallow Cunny Burrow Lands	PRONI Abstract
4. 1744	yallew Cunnyborough lands	CGn. 117.242.80637
5. 1744	Yellow Cunnyborough lands	CGn. 115.328.80638
6. 1746	Yallew Cunnyborough lands	CGn. 126.32.85272
7. 1775	Yallow Cunnyboroughlands	CGn. 304.547.206097

The yellow cunneborrow land ye west end adjoining to Rathwalkin ye east end on ye Bishops land neare Rathilly Laine containes 44 2 00 (Emerson Contents: 15).

Bunaithe ar an gcur síos thuas ó Emerson, is é atá i gceist leis an aonad seo ná an chuid de bhaile fearainn *Redhills* idir *Rathwalkin* agus *Rahilla Glebe*. Talamh réasúnta crochta a bheadh anseo, agus í ar mhála an chnoic.

Cuireann na foirmeacha Béarla ar fad den ainm seo in iúl gur *coney burrow* ('a rabbit burrow. Also; a number of these together, a rabbit warren', *OED*) atá i gceist. Maidir le *yellow*, is dócha go

³¹⁸ LogainmID: 36780

dtagraíonn sin do dhath na talún. Féach go bhfuil an dath buí le feiceáil i roinnt ainmneacha sa chomharsanacht *Ferewee* (lch 131) agus *Farrenboy* (lch 151) ina measc.

BF: Southgreen / An Fhaiche Theas

LogainmID: 25868



Figiúr 29: Southgreen / An Fhaiche Theas. Bonnleáscáil: 2016, ©Google

Clode Flugh

‘the wet nook’

672538 713365

1. 1757 Clode Flugh

*An Chlúid Fhliuch

Rocque TCD³¹⁹

An chuid den bhaile fearainn atá taobh thoir de *Old Road*.

Más fíorléiriú ar an mbunainm atá san fhoirm amháin den ainm seo, tá a bhunús réasúnta soiléir. Is é atá sa cheád eilimint ná **Clúid** (‘nook, corner’, *FGB*) agus is é atá sa dara heilimint ná **fliuch** (‘wet’, *FGB*), ***An Chlúid Fhliuch** (‘the wet nook’). Faightear **clúid** mar eilimint i roinnt logainmneacha sa tír, *Clodrevagh* / **An Chlúid Riabhach**³²⁰ i gContae Liatroma, cuir i gcás.

³¹⁹ A Survey of the Town and Lands of Kildare by J. Rocque

³²⁰ LogainmID: 29504

Greenogue

671894 713805

1. 1939 Greenogue

*An Ghrianóg

SO Cassini

Is teach é seo atá suite ar *Southgreen Road*. Ní léir an ainm áitiúil nó ainm galánta é seo. Seans gur ó **Grianóg** i mBaile Átha Cliath³²¹ nó Contae na Mí³²² a ainmníodh é.

Russe Parke

'the wood/wooded height'

672053 713609

1. 1674 Russe Parke

*An Ros

Emerson Contents, 15

Russe park in many mens holdings lying betwixt Rathangan and Rathilly laine all plowed land contains in all 30 2 00 (Emerson Contents: 15).

Is cosúil gurb é atá i gceist anseo ná an pháirc mhór churaíochta atá marcáilte idir an dá bhóthar ar léarscáil *Rocque TCD (CD)*. Ní thugtar aon ainm ar an bpáirc ar an léarscáil úd.

Is é **ros** ('a wood , freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river', *DIL*) atá san ainm seo is cosúil. Tá ard i dtreo iarthuaisceart an aonaid agus d'fhéadfadh gurbh in an ghné a bhí i gceist nuair a cruthaíodh an t-ainm.

³²¹ LogainmID: 17188

³²² LogainmID: 1951

Baile Fearainn: Whitesland West / Fearann an Fhaoitigh Thiar

LogainmID: 25871



Figiúr 30: Whitesland West / Fearann an Fhaoitigh Thiar. Bonnleárcáil: 2016, ©Google

Farringadrie

'the land of the osiers'

671369 712443

- | | | |
|----|------|--------------|
| 1. | 1674 | Farringadrie |
| 2. | 1684 | Farrengadree |
| 3. | 1684 | ffarrengadra |
| 4. | 1744 | Farrangadree |
| 5. | 1744 | Farrangadree |
| 6. | 1746 | Farren Gadra |
| 7. | 1746 | Farrengadree |
| 8. | 1757 | Farrengadree |
| 9. | 1775 | Farrengadree |

*Fearann Gadraigh

- | |
|---------------------|
| Emerson BoR, 16 |
| PRONI Abstract |
| Rent Roll |
| CGn. 117.242.80637 |
| CGn. 115.328.80638 |
| CGn. 123.86.8368011 |
| CGn. 126.32.85272 |
| Rocque TCD (CD) |
| CGn. 304.547.206097 |

A pcell caled farringadrie neare fariehill adjoining to ye north end of Lacka laine on ye west, Whitesland on ye north and east Bishopsland. It is all good arable land contains 003: 0: 00.
(Emerson BoR: 16)

Aonad beag atá anseo. Cuid de bhaile fearainn Whitesland West a ghobann isteach in *Knockshough Glebe*.

Fearann ('land') atá sa chéad eilimint anseo. Is cosúil gurb é atá sa dara heilimint ná **gadrach** ('withes'; 'osiers, hazel twigs, furze roots'; 'looped or coiled withe'; 'loop, noose, halter'; 'tough, hardy, person'; 'stubborn, reluctant, person' *FGB*). Níl aon fhianaise shoiléir ar an alt a bheith san ainm, ach ní féidir a chur as áireamh go raibh sé ann. Is féidir an t-ainm a mhíniú mar ***Fearann Gadraigh** 'the land of the osiers', mar sin. Faightear **gadrach** mar eilimint in *Castlegaddery / Caisleán an Ghadraigh*³²³ san larmhí a mhínigh Ó Donnabháin mar 'castle of the gads or withes' (*AL:OD, Logainm.ie*).

Más cruinn an léargas a thugann na foirmeacha thuas ar an gcaoi ar fuaimníodh an t-ainm seo sa chaint, is cosúil go léirítear dhá fhuaimniú ar leith ar **-aigh** deiridh na Gaeilge. Chuirfeadh foirmeacha 3 agus 6 macasamhail ['gadrə] in iúl don eilimint deiridh san áit a léirítear ['gadri:] sna foirmeacha eile.

Suíomh Éiginnte

Brackane

'the speckled land'

1.	1674	Brackane	Emerson Contents, 15
2.	1684	Brackane	PRONI Abstract
3.	1744	Brackane	CGn. 117.242.80637
4.	1746	Brackane	CGn. 126.32.85272
5.	1775	Brackane	CGn. 304.547.206097

A feild [sic] called Breckane good arable and pasture 35 0 00 (Emerson Contents: 15).

Bunaithe ar an tsraith ainmneacha in **Emerson Contents** agus CGn, tá an pháirc seo i mbaile fearainn *Redhills* nó *Loughandys*.

Cuireann na foirmeacha ar fad thuas **breacán** ('breccán; 'speckled thing', 'striped or chequered stuff', 'plaid', *DIL*) in iúl. Is féidir ***An Breacán** 'the speckled land' a mholadh mar bhunleagan, mar sin.

³²³ LogainmID: 51656

Carberries Land

1.	1684	Carberye's land	Rent Roll
2.	1744	Carberries Land	CGn. 117.242.80637
3.	1744	Carberries Land	CGn. 115.328.80638
4.	1746	Carberries Land	CGn. 126.32.85272
5.	1775	Carberries Land	CGn. 304.547.206097

Tá an áit seo suite siar ó thuaidh ó Bhaile Chill Dara, ach tá a suíomh beacht éiginnte.

Is é atá sa chéad eilimint ná an sloinne **Ó Cairbre** ('Descendant of Cairbre (charioteer)', *SGG*. 448) nó **Mac Cairbre** ('Son of Cairbre (an old Irish personal name). The anglicised forms of this surname cannot now be distinguished from those of Ó Cairbre', *SGG*, 325). Ní raibh leithéidí Carbery, Carberry agus Carberrie coitianta sa cheantar tráth a rinneadh *Griffith's Valuation* nó *Daonaireamh 1901*, agus mar sin, níl sé as áireamh gur ainm pearsanta atá san ainm seo ach an oiread.

Cloonbeg

'the small meadow'

1.	1684	Clonebegg	Rent Roll
2.	1744	Clonebegg	CGn. 115.328.80638
3.	1746	Cloonbegg	CGn. 123.86.8368011
4.	1746	Cloonbegg	CGn. 126.32.85272
5.	1775	Cloonebeg	CGn. 304.547.206097

Is éard atá sa chéad eilimint anseo ná **cluain** ('meadow', 'pasture-land', 'glade' *DIL*). Is é an aidiacht **beag** atá sa dara heilimint agus is é bunleagan an ainm ***An Chluain Bheag**: 'the small meadow', 'pasture-land'.

Coolegarr

'the short corner/nook'

1.	1684	Colegarr	Rent Roll
2.	1744	Coolegarr	CGn. 117.242.80637
3.	1744	Coolegarr	CGn. 115.328.80638
4.	1746	Coolegarr	CGn. 126.32.85272
5.	1775	Coolegarr	CGn. 304.547.206097

Seans gurb ionann é seo agus *The Cool*, a luaitear mar mhionainm in iarthar bhaile fearainn *Kildare* agus gur leagan giorraithe den ainm seo atá i gceist anseo. Bhí tailte ag an té a luaitear leis ar an rolla cíosa in '*Loughmaine*' (baile fearainn *Loughminane*) atá in aice *The Coole*. In *CGn*. Luaitear *Coolegarr*

i liosta ainmneacha idir *Loughmaine* agus *Farrengatta*. Tá achar réasúnta fada idir an dá áit, ach tá an t-ainm sep faoi chaibidil *The Cool* suite eatarthu.

Más ionann é seo agus *The Cool*, is fearr a réiteodh **cúil** ('Corner', 'nook', *FGB*) ná **cúl** ('back' *FGB*), ach is deacair an dá eilimint a dhéanamh amach óna chéile. Tá an chosúlacht ar an scéal gurb í an aidiacht **gearr** ('short', *FGB*) atá sa dara heilimint, agus gurbh é ***An Chúil Ghearr** ('the short corner/nook') bunleagan an ainm.

Crosscomoge

'the cross/crossroads of the crooked feature'

1.	1674	Crosscomoge	Emerson Contents, 15
2.	1674	Croscronoge	Emerson Contents, 15
3.	1684	Crossgrumoge	Rent Roll
4.	1744	Cross Camoge	CGn. 115.328.80638
5.	1744	Cross Camoge	CGn. 117.242.80637
6.	1746	Cross Canoge	CGn. 126.32.85272
7.	1775	Cross Camoge	CGn. 304.547.206097

...a parcel on Rathangan highway called Croscronoge now in ye hands of Patric Kelly in ye northwest (Emerson Contents, 15)

Is cosúil go bhfuil an áit seo siar ó thuaidh de bhaile Chill Dara féin, agus i mbaile fearainn Chill Dara, seans.

Is é atá sa chéad eilimint ná **cros**: ('cross': *FGB*), ('cross', 'crossroads': *Logainm.ie*). Cuireann formhór na bhfoirmeacha stairiúla thuas **Camóg** ('Crook, hooked stick'. *FGB*; 'shepherd's staff', *DIL*) in iúl. Tá aibhneacha den ainm **An Chamóg** i gContaetha Luimnigh³²⁴ agus Bhaile Átha Cliath³²⁵. Is é an míniú a thugtar ar **An Chamóg** i Luimneach ar logainm.ie ná 'the crooked (river)'. D'fhéadfadh **Camóg** a bheith ag tagairt do ghné éigin eile a bhfuil cruth cam uirthi, féach mar shampla *Lack Point / An Chamóg*³²⁶ i mbarúntacht Chorca Dhuibhne i gCiarraí, gob tíre a bhfuil cruth cam air. Bheadh **Camóg** faoi thionchar an tuisil ghinidigh san ainm seo, ach ní léir go baileach cé acu an bhfuil sé san uimhir iolra nó san uimhir uatha. Anuas air seo, níl aon fhianaise ar an alt a bheith in úsáid sna leaganacha in - *camoge*, ach is minic fianaise den alt a bheith in easnamh i leaganacha béarlaithe de logainmneacha. Dá réir sin, d'fhéadfaí an t-ainm seo a mhíniú mar seo: ***Cros Camóg** nó ***Cros Camóige**: 'the cross/crossroads of the crooked feature(s)'. Ní féidir ***Cros na Camóige** nó **Cros na gCamóg** a chur as

³²⁴ *Camoge / An Chamóg*, 'Mionainmneacha Cho. Luimnigh (An Brainse Logainmneacha)', *Meitheal Logainm*.

³²⁵ LogainmID: 116701

³²⁶ LogainmID: 22733

an áireamh ach an oiread. Maidir le foirm 3 thuas in *-grumoge*, murach gur earráid chóipeála atá ann, seans gur leagan malartach é. Mas ea, is é is dóichí ná gurb é **cromóg** ('hooked nose', 'hook, hooked stick'. *FGB*) atá i gceist, rud atá an-ghar do **camóg** ó thaobh céille de. D'fhéadfadh *-g-* tosaigh na heiliminte béarlaithe sin a thabhairt le fios go raibh **c-** radacach **cromóg** urraithe agus gur ***Cros na gCromóg** atá san fhoirm sin ó cheart.

Cruttagh Flough

*An Crotach Fliuch

'the wet humped place'

- | | | | | |
|----|------|-------------------------------|------|----------------|
| 1. | 1750 | a park called Cruttagh Flough | CGn. | 146.118.96913 |
| 2. | 1759 | the Cruttough Flough | CGn. | 200.397.133598 |

Luaitear an áit seo sa ghníomhas céanna le *Burgage* agus mar sin, tá seans ann gurb ionann seo agus *Clode Flugh* atá in aice leis an áit sin de réir léarscáil *Rocque TCD (CD)*.

D'fhéadfadh ***crochta** (*croft*, *FGB*) a bheith i gceist leis an gcéad eilimint anseo. Tá de chosúlacht ar na foirmeacha gur ainmfhocal in **-ch** deiridh na Gaeilge atá sa chéad eilimint, ámh. Tuairimíonn an Brainse Logainmneacha gurb é 'the place of small eminences?' an bunús atá le *Crutta North* / **An Chrotach Thuaidh**³²⁷ i dTiobraid Árann. Faightear **crotach** mar mhalairt foirme den aidiacht **cruiteach** 'humped, hunchbacked', agus an-seans gurb é sin atá san ainm seo agus ciall shubstainteach leis: 'humped place'. Is é atá sa dara heilimint ná an aidiacht **fliuch** ('wet') gan amhras. Tá an chuma ar an scéal, mar sin, gurb é ***An Crotach Fliuch** 'the wet humped place' atá againn anseo.

Farncoriff

*An Fearann Garbh

'the rough land'

- | | | | |
|----|------|------------|-----|
| 1. | 1827 | Farncoriff | TAB |
|----|------|------------|-----|

Luaitear *Farncorrif*, aonad beag a raibh 3 acra ann, le Thomas Garry in *TAB*. Bhí gabháltais eile ag an té sin in *'Kildarelands'* agus in *Kilnagornan* (BF). Ní luaitear Thomas Garry féin in *Griffith's Valuation*, ach bhí formhór na ngabháltas a bhí i seilbh muintir Garry i bparóiste Chill Dara suite in iarthar bhaile fearainn Chill Dara agus i mbailte fearainn *Whitesland West*, *Loughminane* agus *Kilnagornan* lastiar. Is é **fearann** 'land' atá sa chéad eilimint agus is cosúil gur réadú ar **garbh** ('rough') atá san eilimint deiridh: ***An Fearann Garbh** 'the rough land'.

³²⁷ LogainmID: 48056


Lealand

1.	1684	Lealands	Rent Roll
2.	1744	Leland	CGn. 117.242.80637
3.	1744	Lealand	CGn. 115.328.80638
4.	1746	Lealand	CGn. 126.32.85272
5.	1775	Lealand	CGn. 304.547.206097

Is é an t-ainmfhocal Béarla *lea* 'Pasture, grass-land, untillied land; cultivated land under grass; a field meadow' (EDD) mar aon le *land* atá san ainm seo. Cur síos ar úsáid talún atá ann, mar sin.

P: Lullymore / An Loilíoch Mhór

LogainmID: 1242



Figiúr 31: P: Lullymore / An Loilíoch Mhór. Bonnlearscáil: 2016, ©Google

BF: Lullymore East / An Loilíoch Mhór Thoir

LogainmID: 25579

*The Glais

670815 724197

- | | | | |
|----|------|---|--------|
| 1. | 2021 | [d̪əˈgl̪aʃ] or [d̪əˈgleːʃ] ³²⁸ | Áit.11 |
|----|------|---|--------|

Is sruthán beag é seo a ritheann ar imeall cheantar portaigh. Is é ***An Ghlais** (‘glais, glaise, glas... a stream, streamlet, rivulet, current: common in place-names’, *DIL*) bunfhoirm an ainm. Bheadh an t-ardú guta san fhoirm [d̪əˈgleːʃ] inspéise más fíorléiriú é sin ar an bhfuaimniú áitiúil.

*An Ghlais

BF: Lullymore West / An Loilíoch Mhór Thiar

LogainmID: 25580

Glashabaun River

‘the white stream’

669144 728043

- | | | | |
|----|------|------------------|---------|
| 1. | 1838 | Glashabaun River | SO 6” |
| 2. | 2019 | ,gl̪əʃəˈbɑːn | Áit. 1. |

Tá an chuid is mó den sruthán seo i mbaile fearainn *Ticknevin*, i mbarúntacht Chairbre, ar SO 6” ach ritheann cuid de thrí chúinne i dtuaisceart bhaile fearainn *Lullymore West* chomh maith. **Glaise** ‘rivulet, stream’ (*FGB*), ‘a stream, streamlet, rivulet, current’ (*DIL*) atá sa chéad eilimint agus **bán** (‘white’, *FGB*) atá sa dara ceann. Is é ***An Ghlaise Bhán** ‘the white stream’ bunfhoirm an ainm.

*An Ghlaise Bhán

The Clúdog

‘the small nook’

- | | | | |
|----|--------|------------|---------------|
| 1. | 1937–8 | the Clúdog | BNS 0778, 190 |
| 2. | 2009 | Cludog | Lullymore FN |
| 3. | 2021 | ˈkluːdoːg | Áit.11 |

*An Chlúdóg

There is a field in Lullymore called the Cludog, which means a small hoard of hazel (BNS: 0778, 190).

Tá an áit seo suite thart ar an láthair eaglasta (671006 725487) sa bhaile fearainn seo, ach ní raibh an suíomh beacht ar eolas ag an bhfaisnéiseoir.

Faightear an focal **chlúdóg** ‘batch of (Easter) eggs’ (*FGB*) i roinnt liostaí d’iarsmaí Gaeilge i mBéarla Chill Dara: ‘Cloodhog ‘An Easter present’ (*BNS*: 0776, 004), cuir i gcás. Is é is dóichí, áfach, gur foirm

³²⁸ ‘Some of the older people might have said [d̪əˈgleːʃ] others will say [d̪əˈgl̪aʃ]’

dhíspeagtha den ainmfhocal **clúid** ‘nook, corner; cover, covering’ (*FGB*) atá san ainm seo. Is cosúil, mar sin, gurb é ***An Chlúdóg** ‘the small nook’, bunfhoirm an ainm. Mhínigh Mac Gabhann **clúideog** mar ‘little corner’ i gcás roinnt ainmneacha cuasa ar Oileán Acla (2014: III, 448).

Fowran

669738 725659

1. 2009	Fowran or Varwan Field ³²⁹	Lullymore FN
2. 2021	ḃə'fauɾ:n	Áit.11
3. 2021	ḃə'vauɾ:n	Áit.11

Dhá pháirc i ndeisceart an bhaile fearainn atá anseo anois, páirc churaíochta agus féarach. Luaitear tobair a bheith san áit in *Lullymore FN*, agus tá fuaráin ann de réir *Áit.11*. Is fearr a réiteodh na foirmeacha den ainm thuas le leagan díspeagtha gan urrús de **fobhar** ‘well, spring’ (*FGB*) in ***fobhrán** seachas le **fuarán**, spring, fountain, (*FGB*). D’fhéadfaí ***fobhrán** a mhíniú mar ‘little well, spring’ nó ‘place of wells, springs’³³⁰. Ní mór an planda **feabhrán** ‘cow-parsnip, hogweed’ (*FGB*) a chur san áireamh chomh maith. Tagraítear don phlanda sin i scéal ó scoil *Allenwood* go díreach lastoir den pharóiste seo in *BNS*: ‘People used to gather “fowrán” and oak leaves and boil them for the pig. “Fárán” has yellow blossom and large leaf, like dock-leaf.’ (0775, 098). Réitíonn an litriú *fowrán* anseo go maith le foirmeacha áitiúla an logainm seo faoi chaibidil. Ós rud é go luaitear fuaráin agus tobair a bheith san áit, is mó an seans gur ***Fobhrán** atá i gceist. Casadh eile ar an scéal is ea go luaitear muintir Foran (**Ó Fuaráin**) in *Lullymore East* in *Daonáireamh 1911*. Bheifí ag súil le ‘s sealbhach an Bhéarla dá mba rud é gur sloinne a bhí sa logainm, áfach.

Maidir leis an túsachsan in [v] atá le sonrú i bhfoirmeacha 1 agus 3, d’fhéadfadh sé gur urú de bharr an tuisil thabharthaigh (***ar an bhFobhrán**, mar shampla) is cúis leis. Ní mór a chur san áireamh chomh maith go bhféadfadh sé gurb é an tuiséal ginideach iolra faoi deara é, agus **fobhrán** faoi thionchar ainmfhocail eile atá tite as an ainm mar atá sé anois: ***Páirc na bhFobhrán**, cuir i gcás.

Trenchangeera

‘the trench of the sheep’

669692 725622

1. 1770–1840	Trenchangeera	Lullybeg Map
--------------	---------------	--------------

*Trinse na gCaorach

³²⁹ ‘there is a well located here’

³³⁰ Féach gurb é ‘place of the waterfalls or streams’ an chiall a luaitear le ‘Easán’ foirm dhíspeagtha de **eas** ‘waterfall; cascade, cataract’ (*FGB*) in *Place-names of Rathlin Island* (Mac Giolla Easpaig, 1989, 49). ‘Small waterfall’ an chiall a luaitear le **Easán** / *Issane*, Co. Luimnigh (*Logainm.ie*, 32112).

Tá an t-ainm seo le feiceáil ar an bhfál idir dhá pháirc. Ritheann sruthán feadh an fháil sin anois. Is cosúil gurb é ***Trinse na gCaorach** ‘the trench of the sheep’ bunfhoirm an ainm. Faightear an focal **trinse** ‘trench’ (*FGB*) in *Trenchmore* / **An Trinse Mór**³³¹ (BF) i gCill Chainnigh agus sa mhionainm **An Trinse** ar Oileán Acla (Mac Gabhann, 2014: III, 157).

Collagughbeg

*An Cholgach Bheag

‘the small place of the bristles?’ ; ‘the small place abounding in mare’s tails?’

669669 725302

1. 1770–1840	Collagughbeg	Lullybeg Map
2. 1937-8	Calagor	BNS 0778, 190
3. 1938	Calagor	BNSC 778 ³³²
4. 2009	Collacher or Collagre field	Lullymore FN
5. 2021	dəˈkolagər	Áit.11

Tagraíonn foirm 1 do pháirc 11 acra agus 2 ród a luaitear ‘green bog’ leis mar chineál talún ar léarscáil *Lullybeg Map*. Mhínigh dalta scoile in *BNS* (0778, 190) an t-ainm mar seo: ‘There is another field in that district called the Calagor, and it means the rushy field’. Tá an chosúlacht ar an scéal gur foirm shubstainteach den aidiacht **colgach** ‘bearded; bristling, angry’ (*FGB*) atá i gcéad eilimint an ainm, agus b’fhéidir gur tagairt shamhlaíoch do na luachra atá i gceist leis an gciall ‘place of bristles’, nó ‘bristly place’. Seans gur foirm mhalartach in ***colgrach** nó a leithéid a thugann na foirmeacha ón 20ú haois in *-r* agus *-re* deiridh. Faightear a leithéid sin d’fhorbairt in **Calgach** / *Colgagh* (1836 *Collogoragh BM:AL, Logainm.ie*) i Sligeach³³³. ‘Abounding in prickles or thorns’ an míniú a bhí ag Ó Donnabháin ar an ainm áirithe sin. Ní mór foirm chnuasainm den ainmfhocal **colgrach** ‘mare’s-tails’ (*FGB*) a chur san áireamh chomh maith. Tugann Ó Dónaill foirm mhalartach de **colgrach** in **colgach** (*FGB*) freisin, rud a réiteodh leis an bhfianaise thuas. Is léir, mar sin, gurb é ***An Cholgach Bheag** bunfhoirm an ainm seo, ach ní léir cé acu ‘the small place of the bristles’ nó ‘the place abounding in mare’s tails’ an bhunchiall a bhí i gceist.

³³¹ LogainmID: 26239

³³² Barnaran: Peter Fitzpatrick: Local Placenames.

³³³ LogainmID: 45136

Collagughmore

669488 725819

1. 1770–1840 Collagughmore

*An Cholgach Mhór

Lullybeg Map

4 acra, 1 ród agus 32 péirse atá sa pháirc seo de réir *Lullybeg Map*. Is é ***An Cholgach Mhór** bunús an ainm. Féach *Collagughbeg* thuas mar a bhfuil plé ar an eilimint **colgach**.

Glassevaun

669468 725531

1. 1770–1840 Glassevaun

*An Ghlaise Bhán

Lullybeg Map

Craobh-abhainn de chuid *Crabtree River* atá gan ainm ar léarscáileanna *SO*. Ní hionann seo agus *Glashabaun River*, ach is ionann bunús an dá ainm, de réir cosúlachta - ***An Ghlaise Bhán** ‘the white stream’. Díol spéise go léirítear **b** séimhithe na Gaeilge mar -v- san fhoirm bhéarlaithe ar *Lullybeg Map*.

Lugherra River

‘the (yellow) rushy place’

667989 726233

1. 1770–1840 Lackerabuoy
2. 1838 Lugherra River
3. 1908 Lugherra River

*Luachra (Buí)

Lullybeg Map

SO 6”

SO 25”

Abhainn atá anseo a rith anoir ó *Lullymore West* trí cheantar portaigh go dtí an cumar idir í agus *Crabtree River*. Tá an chuid is mó den abhainn imithe anois seachas an chuid is gaire den chumar di. Maidir le foirm 1, d’fhéadfadh sé gurb é **leacrach**, foirm mhalartach den ainmfhocal **leacach** (‘area of flat rocks, of flagstones’, *FGB*) nó den aidiacht **leacach** (‘strewn with flat stones’, *FGB*) atá ann. Faightear an fhoirm sin de **leacach** in dhá ainm locha den ainm **Loch Leacrach**³³⁴ i gContae na Gaillimhe. Is í an aidiacht **buí** (‘yellow’) atá san eilimint deiridh. Dá réir sin, d’fhéadfaí foirm 1 a mhíniú mar ***An Leacrach Buí** ‘the yellow river of the flat rocks’. Seans nach réiteodh an míniú sin leis an abhainn áirithe seo, áfach, ós rud é gur i bportach atá sí. Réiteodh foirmeacha 2 agus 3 le **luachrach** ‘rushes; rushy place’ (*FGB*). Níl aon sampla den ainmfhocal sin in *Logainm.ie*, ach féach an t-iarsma a ‘A Loochry Spot is swampy, rushy ground’ a thugann FitzGerald i liosta focal ó thosach an 20ú aois (1911, 534). Ní mór **luachra** g.u. agus ainmneach iolra **luachair** ‘rushy place, marsh’ (*DIL*)³³⁵ a chur san áireamh chomh maith. Is é *‘Luachra(idh)’* ‘rushy place’ a mholtar mar leagan Gaeilge i gcás

³³⁴ LogainmID: 1167249; 1398324

³³⁵ Féach freisin **luachair** ‘rushy place’ (*FGB*), agus an bhrí ‘rushland’ a luaitear le **luachair** in *Dinneen*.

an bhaile fearainn *Loughry*³³⁶ i gContae Thír Eoghain ar *PlaceNamesNI.org*. Tríd is tríd, is fearr a réiteodh ***Luachra (Buí)** ‘the (yellow) rushy place’ mar bhunfhoirm.

³³⁶ <https://experience.arcgis.com/experience/9b31e0501b744154b4584b1dce1f859b/page/Place-Name-Info/>

P: Pollardstown / Baile Pholaird

LogainmID: 1218

BF: Pollardstown / Baile Pholaird

LogainmID: 26037



Figiúr 32: Pollardstown / Baile Pholaird. Bonnleáscáil: 2016, ©Google

Curroge

'the curved road[?]'

675741 714790

- | | | | |
|----|------|-----------|--------------|
| 1. | 1783 | Curroge | Taylor |
| 2. | 1945 | CORROGUES | JCKAS: OPN 2 |

The name of an old roadway leading from the Little Curragh near Osborne Lodge to the road leading from Pollardstown to Rathbride. The road is now overgrown with briars and furze and not traversable but it is marked on the O.S. Map (JCKAS: OPN 2).

Léirítear an t-ainm seo in aice le bóthar a bhfuil cuar suntasach ann ar léarscáil *Taylor*. Más fíor go dtagraíonn an t-ainm do bhóthar mar a deirtear sa chuntas in *JCKAS: OPN 2*, d'fhéadfadh sé gur do chruth sin an bhóthair a dtagraíonn sé. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé gur foirm shubstainteach

dhíspeagtha den aidiacht **corr** sa chiall ‘round, curved’ (*FGB*) in **corróg** atá i gceist. Mínítear an logainm *Currogs*³³⁷ (BF) i bhFear Manach mar ‘the little round hills’, agus tá cúpla cnocán íseal i mbaile fearainn *Pollardstown*. Ní féidir an bhrí sin a chur as an áireamh ach an oiread, mar sin.

The Boggawn

‘the boggy place’

676863 715939

- | | | | |
|----|------|-------------|------------------|
| 1. | 1810 | The Boggawn | Bog of Allen Map |
| 2. | 2019 | ḃəˌbʊgˈɑːnz | Áit.12 |

That was what we used to call the fen (Áit.12).

Léirítear foirm 1 thart ar an áit a bhfuil *Pollardstown Fen* inniu ar an léarscáil *Bog of Allen Survey* agus is é ‘fen peat’ an cineál fo-ithreach a luaitear leis an gceantar ar leárscáil *EPA*. Níl aon amhras ach gurb é ***An Bogán** bunfhoirm an ainm. Mínítear **bogán** mar ‘soft ground’ in *FGB* agus mar ‘soft, boggy place’ (**bocán**) in *DIL*. Bheadh míniú *DIL* níos feiliúnaí don ainm seo ós rud é gur ceantar portaigh atá i gceist.

P: Rathangan / Ráth Iomgháin

LogainmID: 1219

BF Ballinure / Bealach Átha an Iúir

LogainmID: 25581

Taghneboy

‘the house of the yellow ford?’

- | | | | |
|----|---------|------------------------|-------------------|
| 1. | 1540–41 | Teaghnoboy {Bealaneor} | Crown Survey, 290 |
| 2. | 1629 | Taghneboy | Inq. Lag., CI 27 |

*Teach an Átha Buí?

Teach atá sa chéad eilimint in *teagh-* agus *tagh*, ach tá doiléire ag baint leis an gcuid eile den ainm. D’fhéadfadh ***Teach na Baoithe** ‘house of the foolishness, giddiness’ a bheith i gceist, ach is mó an seans, b’fhéidir, gur ***Teach an Átha Buí** ‘house of the yellow ford’ a bhunús. Faightear béarlú in *neboy* deiridh ar *Coolnaboy* / **Cúil an Átha Buí**³³⁸ i Loch Garman (1619: *Cooleneboy*; *CPR*, 422 ex *Logainm.ie*), cuir i gcás. Níor séimhíodh an túsachsan in aidiachtaí cáillithe tar éis **átha** (foirm g.u. de **áth**) in ainmneacha den struchtúr **Ainmfhocal + an Áthá + aidiacht** go minic (*LME*: IV, 76; Ó

³³⁷ <https://www.placenamesni.org/resultdetails.php?entry=19422>

³³⁸ LogainmID: 52412

Cruallaoich & Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 730). Ritheann sruthán tríd an mbaile fearainn seo, agus tá áth ann de réir *SO 25*". Anuas air sin, is é **Bealach Átha an Iúir** an fhoirm Ghaeilge atá molta ag an mBrainse Logainmneacha d'ainm an bhaile fearainn (*Logainm.ie*). D'fhéadfaí a thuairimiú, mar sin, gur dhá ghné ar leith a bhí in ***Áth an Iúir** agus ***An tÁth Buí**, nó gurbh ainmneacha malartacha don ghné chéanna iad. Ceal fianaise, áfach, ní féidir a bheith go hiomlán cinnte den fhoirm ***Teach an Átha Buí**.

Tenekally

'the house of the wood'

- | | |
|------------|-----------------------|
| 1. 1540–41 | Tenekally & Bealaneor |
| 2. 1589 | Teynacoyll |
| 3. 1629 | Taghnekilly |

*Teach na Coille

- | |
|--------------------------------------|
| Crown Survey, 290 |
| JCKAS: Rathangan, 155 ³³⁹ |
| Inq. Lag., CI 27 |

Ní léir cén áit go díreach sa bhaile fearainn atá i gceist anseo. Is é ***Teach na Coille** 'the house of the wood' atá taobh thiar d'fhoirm 3. Tá an chuma ar an scéal gur foirm thabharthach in ***Tigh na Coille** a thugann foirmeacha 1 agus 2.

³³⁹ 'County Kildare Exchequer Inquisition, No., 14 of Edward VI'

BF: Ballysooghan North / Baile Uí Shubhacháin Thuaidh

LogainmID: 25583.



Figiúr 33: Ballysooghan North / Baile Uí Shubhacháin Thuaidh. Bonnlearscáil: 2016, ©Google

Loghballywhogan

*Loch Bhaile Uí Shubhacháin

‘the lake of **Baile Uí Shubhacháin**’

1. 1754 Loghballywhogan Earls of Kildare (Add), 149

Is cosúil gur **loch** (‘lake’) atá sa chead eilimint anseo, ach ní léirítear ithir lochach in *Ballysooghan North* ná *South*. Seans gur bhain an ‘loch’ leis an gceantar mór portaigh lastuaidh a shíneann isteach in *Ballysooghan North* atá i gceist. Is cosúil gurb é **loch** + ainm an bhaile fearainn atá san ainm: ***Loch Bhaile Uí Shubhacháin** ‘the lake of **Baile Uí Shubhacháin**’. Díol spéise go léirítear an **s** séimhithe in **Uí Shubhacháin** san fhoirm bhéarlaithe. Ní mór **log** (‘hollow’, *FGB*) a chur san áireamh don chéad eilimint chomh maith. Luaitear an t-ainm treabhachais **Uí Subhacháin** (*Hūi Subachāin*) le hUí Failge in *CGH* (57).

Rathninyvinnagh

*Ráithín na bhFíonach?

'the little rath of the wooded places?'

- | | | | |
|----|---------|---|--------------------------------------|
| 1. | 1540–41 | Rathninyvinnagh | Crown Survey, 290 |
| 2. | 1540–41 | Rathynnevenagh | Crown Survey, 158 |
| 3. | 1621 | Ballysonchan al' Rathunevanagh
& Skeanagh | Inq. Lag. 40 JI |
| 4. | 1621 | 'Ballesocan, alias Rathneveynagh,
alias Rahynneynvenagh' | JCKAS: Rathangan, 155 ³⁴⁰ |
| 5. | 1625 | Ballesocan al' Rathnevenagh
& Skehanagh | Inq. Lag. 4 CI |

Luaitear imfhálú sa bhaile fearainn seo in SSA (KD016-003----):

Visible on an aerial photograph (GSI N 44-2) as the cropmark of a small, circular enclosure.

On level pasture. The monument is not visible at ground level.

Is ionann suíomh don ghné sin agus an lochán beag a léirítear in *The Spring Field* / ***An Chlais** ar leárscáil Rocque, áfach. Seans nach imfhálú atá ann ar chor ar bith, agus mar sin, ní dócha gurb é sin an ghné atá i gceist san ainm seo.

Is cinnte gur **ráithín** 'little rath' atá sa chead eilimint anseo. Tá bunús an cháilitheora níos deacra a dhéanamh amach, áfach. Tá an chuma ar an scéal gurb é an t-alt **na** móide ainmfhocal dar tús **f** sa tuiseal ginideach iolra atá i gceist ***Ráithín na bhF[?]**. D'fhéadaí **fiannach**, foirm mhalartach de **féinní** ('1. Member of legendary Fianna. 2. (Roving) warrior; soldier. 3. Champion.' *FGB*) a chur san áireamh. Dá réir sin, d'fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***Ráithín na bhFiannach** 'the little rath of (roving) warriors'. Níl aon fhianaise ar **fiannach** i logainmneacha na hÉireann, áfach. Is dócha, mar sin, gur mó an seans gur **fidánach** 'abounding in trees?' (*DIL*), a thugann **fíonach** sa Nua-Ghaeilge, atá ann, ámh. Faightear é seo mar ainmfhocal i roinnt logainmneacha in Éirinn, agus mínítear é mar 'wooded place' i gcás *Fenagh* / **Fíonach**³⁴¹ i gContae Aontroma. Is mar 'place of twigs' a mhínítear é i gContae Liatroma³⁴² agus 'wood (i.e. fuel, etc.)' i gContae Luimnigh³⁴³. An-seans, mar sin, gurbh é ***Ráithín na bhFíonach** 'the little rath of the wooded places?' bunfhoirm an ainm. Ní mór **fidnach** 'twigs, used for fuel or bedding (coll.)' (*DIL*) a chur sa mheá don eilimint deiridh freisin ámh.

³⁴⁰ 'County Kildare Exchequer Inquisition, No., 14 of Edward VI'

³⁴¹ <https://www.placenamesni.org/resultdetails.php?entry=1293>

³⁴² LogainmID: 31772

³⁴³ LogainmID: 29733

Skehanagh

'the place of hawthorns'

- | | | | |
|----|------|--|--------------------------------------|
| 1. | 1621 | Ballysonchan al' Rathunevanagh
& Skeanagh | Inq. Lag. 40 JI |
| 2. | 1625 | Ballesocan al' Rathnevenagh
& Skehanagh | Inq. Lag. 4 CI |
| 3. | 1628 | Skehangah | JCKAS: Rathangan, 155 ³⁴⁴ |

Is cosúil gurb é ***An Sceachánach** 'the place of hawthorns' bunús an ainm seo. D'fhéadfadh sé gurb é an fhoirm mhalartach in ***Sceitheánach** atá á cur in iúl ag foirm 1 in *Skeanagh*, (féach **An Sceachánach** / *Skehanagh*³⁴⁵ i gContae Laoise).

The Forbidden Bush

665033 721169

- | | | | |
|----|--------|----------------------|---|
| 1. | 1858 | the "Forbidden Bush" | <i>Leinster Express</i> , 31/07/1858 ³⁴⁶ , 3 |
| 2. | 1937-8 | The Forbidden Bush | BNS 0800, 161 |

There is a bush in the middle of a field behind Byrne's house in Blakefield called "The Forbidden Bush." It is a whitethorn bush with no thorns, very old, mossy, and stones around it. No one ever cut it. Mass supposed to have been said under it in Penal Times (BNS: 0800, 161).

An-seans gurbh é an sceach chéanna í atá faoi chaibidil sa sliocht nuachta seo:

Constable Kidney proved Margaret Foy, the mother of the prisoner, told him that after returning from Kildare, she found the child on the floor; it died immediately; her daughter Christiana Gatchell, buried it in a field near the "Forbidden Bush"; she found the child on a Thursday and buried it on a Monday. She said the "Forbidden Bush" was an old burial ground. (*Leinster Express*: 31/07/1858, 3; 'Concealing a Birth'.)

Ní thugtar comhthéacs ar bith faoin suíomh anseo, ach luaitear Constable Kidney le cásanna eile in *Leinster Express* a bhaineann le ceantar Ráth Iomgháin. Sloinne neamhghnách is ea *Gatchell* chomh maith, ach luaitear Samuel Gatchell i mbaile Ráth Iomgháin, agus Jonathon Isaac Gatchell in *Coolygagan* (BF) i gContae Uíbh Fhailí, thar teorainn ó *Ballinure* in *Griffith's Valuation*. Féach go mbíodh sceach gheal ar shuíomh *Shanrelyk* / ***An tSeanreilig** (Ich 223) thíos, mar a mbíodh leanaí

³⁴⁴ 'County Kildare Exchequer Inquisition, No., 14 of Edward VI'

³⁴⁵ LogainmID: 28238

³⁴⁶ 'Concealing a Birth'.

gan bhaisteadh á gcur, agus ní féidir a chur as áireamh gurbh in nó go deimhin *Roilgín Bush* / ***An Reiligín** (lch 213), an suíomh atá i gceist san alt nuachtáin anseo.

The Scairtcheen

*An Scairtín

‘the thicket’

1. 1937-8	the Scairtcheen	BNS 0800, 161
2. 1943	SCARAHEEN	JCKAS: OPN 1, 350
3. 1945	SCARACHEEN	JCKAS: OPN 2, 456

On the edge of the bog near Ballysooghan, Rathangan (JCKAS: OPN 1: 350)

Tá suíomh beacht na háite seo éiginnte, ach is léir gurbh é ***An Scairtín** ‘the thicket’ (‘thicket’, *FGB*) bunús an ainm. Díol spéise an réadú an-soiléir ar **t** caol [tʰ] na Gaeilge i bhfoirmeacha 1 agus 3. An-seans gurbh ionann an **scairtín** a luaitear san ainm seo agus *The Forbidden Bush* thuas. Is i gCúige Mumhan a fhaightear gach ceann den dornán samplaí de **scairtín** in ainmneacha bailte fearainn, cé is moite de *Curraghscairtean* / **Curragh Scairtín**³⁴⁷ i gCill Chainnigh agus *Skirtean* / **An Scairtín**³⁴⁸ in Uíbh Fhailí Thiar.

The Spring Field

*An Chlais

‘the water channel, gully’

664476 720943

1. 1760	The Spring Field	Survey of Rathangan
2. 1937-8	The Cláss Field	BNS 0800, 161
3. 2021	cləˈklaʃ	Áit.10

A field behind Dempsey's of Ballysooghan is called "The Long Craft"...On the same farm is a field called the Cláss Field. Hollow in centre of field (BNS: 0800, 161).

Tá gach dealramh ar an scéal gurbh é ***An Chlais** bunús an ainm seo. Léirítear lochán beag agus sruthán ag rith tríd ar shuíomh na páirce ar léarscáil Rocque ó 1760 agus *The Spring Field* mar ainm ar an bpáirc (*Survey of Rathangan*). Níl aon rian den sruthán sin ann anois agus is cosúil go raibh sé imithe faoin am a ndearnadh an tsuirbhéireacht do *SO 6*". Níl aon dabht ach gurbh in an ghné a thug ainm na páirce seo, áfach. Tá bríonna éagsúla le **clais** ach is cinnte gurbh é ‘Water channel; gully’ (*FGB*) an bhrí atá á cur in iúl san ainm seo. Léiríonn an éagsúlacht mhór atá le sonrú idir foirmeacha 2 & 3 an tábhacht a bhaineann le fuaimniú áitiúil logainmneacha, agus na deacrachtaí a bhaineann le

³⁴⁷ LogainmID: 26707

³⁴⁸ LogainmID: 25215

foirmeacha scríofa na n-ainmneacha. Tá sé seo fíor i gcás *BNS* go háirithe, mar a ndéantar iarracht foirmeacha Gaeilge na n-ainmneacha a scríobh go minic, agus iad earráideach cuid mhaith den am.

BF: Ballysooghan South / Baile Uí Shubhacháin Theas

LogainmID: 25584.

Drommyn

‘the ridge’

- | | | |
|------------|-----------------------|--------------------------------------|
| 1. 1540–41 | Drommyn | Crown Survey, 158 |
| 2. 1621 | Dromyn and Ballesocan | JCKAS: Rathangan, 155 ³⁴⁹ |

*An Dromainn

Léiríonn na línte comhairde ar léarscáil *SO Geohive* droim íseal ar an taobh ó dheas den R401 in *Ballysooghan South* (BF), agus ceann eile atá ar aon dul leis tamall laistiar, a shíneann thar an teorainn idir an baile fearainn sin agus *Kilnabooley* (BF). D’fhéadfadh ceachtar den dá ghné sin a bheith i gceist san ainm. ***An Dromainn** ‘the ridge’ bunús an ainm.

³⁴⁹ *ibid.*

BF: Bonaghmore / An Bhánóg Mhór

LogainmID: 25585



Figiúr 34: Bonaghmore / An Bhánóg Mhór. Bonnleáscáil: 2016, ©Google

Banogmore Curragh

668997 720040

1. 1852 Banogmore Curragh PRONI D3078/1/9/8³⁵⁰

Tá sé seo suite cois abhann agus luaitear ‘overflowen’ leis ar an léarscáil i dtagairt 1. **Curragh** (**corrach**, *FGB*) ‘wet bog, marsh’ atá san ainm.

³⁵⁰ ‘A Map of Banogmore’

BF: Clonmoyle West / Cluain Maol Thiar

LogainmID: 25597



Figiúr 35: Clonmoyle West / Cluain Maol Thiar. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Dromacun

‘the ridge of ?’

1. 1621

Dromacun

Droim Dhá Chon?

JCKAS: Rathangan, 155

Luaitear an áit seo le ‘Clonmeale als Clonmelk’ san ionchoisne in JCKAS: Rathangan. Is cosúil gur **droim** (‘ridge’, FGB) atá sa chéad eilimint. D’fhéadfadh sé gur **cú** (hound, greyhound, g.i. agus g.u. **con**, FGB) atá sa dara heilimint, rud a thabharfadh ***Droim na Con** ‘ridge of the hound/greyhound’ nó ***Droim na gCon** ‘the ridge of the hounds/greyhounds’ mar bhunleagan. Níl aon réadú ar an alt **na** san fhoirm thuas, mar a bheifí ag súil leis, áfach, ach d’fhéadfadh sé gur cailleadh é sin i bpróiseas an bhéarlaithe. B’fhéidir gur mó an seans gurb é **Droim Dhá Chon** ‘ridge of the two hounds’ atá taobh thiar den ainm seo, ar aon dul le *Drumacon* / **Droim Dhá Chon**³⁵¹ i gcontaetha Mhuineacháin agus an Chabháin. Féidearthacht eile ná **connadh** (‘firewood, fuel’, g.u. **connaidh**, FGB) a thabharfadh ***Droim an Chonnaidh** ‘the ridge of the firewood, fuel’. Sa chás seo, d’fhéadfadh sé gur cailleadh an

³⁵¹ LogainmID: 39766

dara siolla **chonnaidh** agus é gan bhéim. Ceal fianaise, ní féidir a bheith cinnte de bhunús an cháilitheora san ainm seo.

Roilgín Bush

'the small burial ground'

666001 716366

- | | | | |
|----|--------|----------------|---------------|
| 1. | 1937-8 | Roilgín Bush | BNS 0778, 081 |
| 2. | 2019 | ðə'ri:lɪg,i:nz | Áit.1 |

Roilgín Bush is on the road to Monasterevan. It is said that there is a warrior buried under a bush (BNS: 0778, 081).

Seo thíos cuid den phlé ar an ainm seo le faisnéiseoir *Áit.1*:

JÓG: Did they ever bury people in the Religeens?

Áit.1: No....Someone said they buried kids in it in the years gone by, but never in my lifetime.

I never saw anything only flaggers³⁵².

Is é ***An Reiligín** 'the small burial ground' foirm bhunaidh an ainm seo. Is é an t-ainm an t-aon rian den reilig atá fágtha. Tá ardú an ghuta [ɛ] go [ɪ] san ainm le tabhairt faoi deara anseo. Faightear a leithéid d'fhorbairt san fhocal céanna i nGaeilge Chois Fharraige (Ó Siadhail, 1989: 45).

³⁵² Féach an t-ainm páirce *The Flaggers* in Aguisín D (lch 374) le haghaidh míniú ar an bhfocal seo.

BF: Coolelan / Cúil Fhaoláin

LogainmID: 25586.



Figiúr 36: Coolelan / Cúil Fhaoláin. Bonnleáarscáil: 2016, ©Google

Botar Spideóg

'the road of the robins'

662592 721046

1. 1937-8	Botar Spideóg	BNS, 0778, 075
2. 1938	Botar Spidóg	BNSC, 778 ³⁵³
3. 1943	BOHER NA SPIDEOGUE	JCKAS: OPN 1, 350
4. 1945	BOHER NA SPIDEOGUE	JCKAS: OPN 2, 455

The name of the road leading from the Rathangan–Clonbullogue road from Ballynure to Derrygarran bridge (JCKAS: OPN 1: 350).


Is bóthar é seo a ritheann feadh na teorann idir an baile fearainn seo agus Contae Uíbh Fhailí.

³⁵³ Oilibher Ní Eochadha: 'Old Irish Names'

Toisc an fhianaise a bheith gann, ní féidir a rá le cinnteacht an raibh an t-alt san ainm nó nach raibh, ach is léir gur ***Bóthar (na) Spideog** ‘the road of the robins’ ba bhunús leis an ainm.

BF: Cushaling / Cois Loinge

LogainmID: 25548



Figiúr 37: Cushaling / Cois Loinge. Bonnleáscáil: 2016, ©Google

*Áth Mac Lughna

‘the ford of sons of Lughna’

- | | | | |
|----|-------|---|---------------------|
| 1. | 1150c | sech Ráith Imgain hi Fid nGaibhle do Áth Mac Lugnai | FSÁG: I, 142 (SMMD) |
|----|-------|---|---------------------|

Moltar *Cushaling Bridge* (SO Cassini) mar shuíomh don ainm seo in FSÁG (I, 142), agus is mar ‘**Áth Mac Lughna** (the ford of sons of Lughna)’ a mhínítear é sa saothar sin.

Black River

‘the black stream’

665354 725479

- | | | | |
|----|------|-------------|--------|
| 1. | 1783 | Dow Glash | Taylor |
| 2. | 1837 | Black River | SO 6" |

*An Dúghlais

Craobh-abhainn de chuid *Figile River* / **Abhainn Fhiodh Gaibhle** is ea é seo.

Is cinnte gurb é ***An Dúghlais** ‘the black stream’ atá á chur in iúl ag foirm 1 agus gur aistriú air sin atá in *Black River SO 6*”. Ritheann an sruthán trí cheantar portaigh, agus dá réir sin, is dócha gur tagairt do dhath an uisce atá san ainm. Faightear **An Dúghlais** mar ainm ar aibhneacha i gContaetha Cheatharlach³⁵⁴, Chorcaí³⁵⁵, Chill Mhantáin³⁵⁶, Laoise³⁵⁷ agus Phort Láirge³⁵⁸. Is cosúil gur thit cumadh ainmneacha den struchtúr seo in *(Alt +) Aidiacht Réamhcháilithe + Ainmfhocal* i léig faoi thús an 12ú haois (Mac Gabhann, 2014: I, 14).

Glash Criagh

*Glais Críche

‘the stream of the boundary’

664403 725672

1. 1783 Glash Criagh Taylor

Is ionann an sruthán seo agus an teorainn idir *Cushaling* (BF) agus *Ballydermot* (BF) i gContae Uíbh Fhaí. Is cosúil ón bhfoirm stairiúil amháin atá ar fáil gur ***Glais Críche** ‘the stream of the boundary’ foirm bhunaidh an ainm, rud a bheadh ag teacht lena shuíomh. Is minic a bhunaítear teorainneacha ar aibhneacha, agus tá an focal **teorainn** féin le feiceáil i roinnt ainmneacha abhann. Féach *Sruffaunatoran* / **Sruthán na Teorann**³⁵⁹ a chuimsíonn an teorainn idir dhá bhaile fearainn i nGaillimh, mar shampla. Faightear **críoch** (‘limit; boundary’, *FGB*) mar cháilitheoir i ndornán logainmneacha, *Liscreagh* / **Lios Críche**³⁶⁰ ‘enclosure of (the) boundary’ i Luimneach agus *Rathcrea* / **Ráth Críche**³⁶¹ ‘ring-fort of the boundary’ i gContae Laoise (*Logainm.ie*), cuir i gcás.

BF: Ellistown / Baile Eilís

LogainmID: 25598

³⁵⁴ LogainmID: 1418012

³⁵⁵ LogainmID: 1395182

³⁵⁶ LogainmID: 102004

³⁵⁷ LogainmID: 1166955

³⁵⁸ LogainmID: 1421429

³⁵⁹ LogainmID: 1398887

³⁶⁰ LogainmID: 31137

³⁶¹ LogainmID: 28200



Figiúr 38: Ellistown / Baile Eilís. Bonnleáarscáil: 2016, ©Google

*Liathán

‘the small grey place’

668171 716480

- | | | |
|----|------|----------------|
| 1. | 2019 | 'li:ha:n |
| 2. | 2019 | 'li:ha:n gro:v |

*An Liathán

Áit.1

Áit.1

Cúinne in iarthuaisceart an bhaile fearainn, ar an teorainn le *Thomastown West*. Tá coill bheag sa chúinne seo ar *SO 25''* agus *SO 6''* agus is cosúil gurbh in an *grove* a luaitear i bhfoirm 2.

Tá gach cosúlacht ar an scéal gurb é ***An Liathán** bunús an ainm. Tá sliabh den ainm **An Liathán / Leahan** i nDún na nGall, ach ní léir cén bhrí atá le **liathán** san ainm sin. Tá cúpla sampla de **liath** mar aicmitheoir i logainmneacha na tíre chomh maith. Mínítear **Liath Mancháin / Lemanaghan**³⁶² i gContae Uíbh Fhailí mar ‘the grey place of Manchán’ (*Logainm.ie*). An-seans, mar sin, gurb é ‘the small grey place’ an bhrí atá le ***An Liathán** ar foirm dhíspeagtha de **liath** é.

³⁶² LogainmID: 41581

*Lugnatana

'the hollow of the fox?'

667961 716170

1. 1937-8	Lug' a Thanah [?]	BNS, 0777, 139
2. 2019c	lug á téanna	Leac ar ainm tí
3. 2019	,lɔɡna'tana	Áit.1

Tá fána suntasach leis an mbóthar anseo agus tagraíonn an t-ainm don log idir an t-ard sin agus ard eile lastuaidh. Luaitear foirm 1 thuas in imleabhar a bhaineann le *Bostoncommon*, atá thart ar ocht gciliméadar ón áit seo lastoir de bhaile Ráth Iomgháin. Tugtar liosta ainmneacha gan chomhthéacs faoin teideal 'Fields' san imleabhar sin. Is cosúil nach ainmneacha áitiúla iad cuid de na hainmneacha, agus dá réir sin, tá seans maith ann gurb é an t-ainm seo atá faoi chaibidil i bhfoirm 1, ach ní féidir a chur as áireamh gur ainm eile é. Seo thíos blúirín béaloidis a bhí ag an bhfaisnéiseoir faoin áit:

'There was another one called [lɔɡna'tana] where they said mass in the penal times when the priest was on the run. (Áit.1.)

Is cinnte gurb é **log** ('hollow', *FGB*) atá sa chéad eilimint den ainm seo. In ainneoin gur cinnte go bhfuil foirm 2, atá greanta ar leac tí sa cheantar, earráideach, is cosúil go léiríonn sin, agus foirm 1 go bhfuil an [n] sa dara siolla de fhoirm 3 earráideach féin. Ar an mbonn sin, d'fhéadfadh sé gurb é an t-alt **an** agus ainmfhocail dar tús **s** nó **t** sa tuiseal ginideach atá sa chuid eile den ainm. Faightear *tannagh* mar réadú béarlaithe ar **tamhnach** ('Grassy upland; arable place in mountain') i gcúige Uladh go minic (*Tannaghmore* / **An Tamhnach Mhór**³⁶³, i gContae Aontroma, cuir i gcás), agus d'fhéadfaí ***Log an Tamhnaigh** 'the hollow of the grassy upland' a mholadh dá réir sin. Níl aon fhianaise chinnte ar an eilimint sin i logainmneacha Chill Dara, áfach, agus seans gurbh fhearr a réiteodh **seannach**, foirm mhalartach de **sionnach** ('fox (freisin: **sionnaigh**, **seannach**)' *logainm.ie*) don eilimint deiridh agus gurb é ***Log an tSeannaigh** 'the hollow of the fox' an fhoirm bhunaidh. Faightear an fhoirm mhalartach seo in **seannach** faoi dhó i gContae Laoise: *Cappanashannagh* / **Ceapach na Seannach** agus *Derrin* / **Doirín na Seannach** agus uair amháin i gContae Uíbh Fhailí: *Clonshannagh* / **Cluain Seannach**. Ní mór **seanadh** 'slope hillside' (Ó Máille, 1958: 144) a chur san áireamh chomh maith: ***Log an tSeanaidh** 'the hollow of the hillside'. Is a gConamara a fhaightear an t-ainmfhocal sin sna logainmneacha de ghnáth, ach is cosúil gurb é **Seanadh Rua** bunfhoirm an mhionainm *Shannonroe Boreen* i gContae na hIarmhí (Westmeath Fieldnames Project, 2020: 9).

³⁶³ LogainmID: 63097

*The Gordyabeen (ḡə,ɡɑːrd'a'biːən)

667844 715406

1. 1937-8	Garra na Cipín	BNS: 776, 23
2. 1938	Corragbaen	BNSC: 778 ³⁶⁴
3. 2019	ḡə,ɡɑːrd'a'biːən	Áit.1

Chuimsigh an pháirc seo Páirc CLG Bhaile Eilís, agus páirc eile lastuaidh di:

There was a man the name of Mick Murphy he went to America back in the late eighteen-, the nineteen-hundreds, long before it. He lived in the Concealments, and his father was with him and his father went ahead and when he went out in it he saw a leprechaun, and he held on to the leprechaun, and says, “tell me where the money is”... “Right” says the leprechaun. “you go home and get a spade” says the leprechaun. “And I’ll put down a cipín where the money is”. And when he came back up there was about three thousand cipíns, a million cipíns and that never went as anything only [ḡə,ɡɑːrd'a'biːən]. It’s Ellistown football field now, [ainm duine] has about ten acres of it as well. That was [ḡə,ɡɑːrd'a'biːən]

Luaitear an scéal céanna leis an bpáirc seo i mBailiúchan na Scol ach ní réitíonn an fhoirm stairiúil den ainm ón scéal (foirm 1) le fuaimniú an lae inniu. Is cosúil gur iarracht ar leagan Gaeilge den ainm atá san fhoirm sin, agus seans nach bhfuil sí ródhílis don fhuaimniú a bhí sa chúrsaíocht ag an am dá réir. Tá an-chosúlacht idir foirm 3 agus an mionainm ‘*Gatdribeens*—an old gate’ (BNS: 0776, 013), ‘*Geata-ribín*—a bad gate in Dereens’ (BNS: 0776, 014), a luaitear le *Derreens* (BF) i bparóiste *Carragh*, barúntacht Chlaonta. Tá dealramh freisin ag foirm 2 leis an mionainm *Corra Goban* i gceantar Dhamhliag i gContae na Mí a luaitear an scéal ceannann céanna, nach mór, faoin leipreachán leis i *mBailiúchán na Scol* (0683, 117).

Bunaithe ar an bhfuaimniú áitiúil ina léirítear an bhéim a bheith ar an siolla deiridh, ní dócha gur comhfhocail atá i gceist. Ní réitíonn an chéad siolla in [ɡɑːrdʲ] leis an bhfocal **garraí** murar cáilitheoir in **d** nó **t** tosaigh atá sa dara heilimint. D’fhéadfaí an t-ainmfhocal **gort** (‘field’, *FGB*) a mholadh, ach bheadh ‘d’ caol neamhghnách mar réadú ar chonsan deiridh an fhocail sin. Maidir leis an gcuid eile den ainm in [a'biːən], d’fhéadfaí a thuairimiú gurb é an t-ainmfhocal **cipín** (‘Little stick’, *FGB*) nó **an chipín** (‘of the little stick’) atá ann agus **c** tosaigh **cipín** báite ag an gconsain roimhe, nó é faoi thionchar an tséimhithe. Rud a thacódh leis seo ná go bhfuil an défhoghar [iːə] mar atá le feiceáil sa siolla deiridh sa leagan áitiúil le sonrú i siolla deiridh **cipín** mar a fhuaimníonn an faisnéiseoir céanna é agus é in úsáid mar ghnáthfhocal aige. D’fhéadfaí, mar sin, leagan bunaidh an ainm a mhíniú mar **Gort Cipín** ‘field of little sticks’ nó **Gort an Chipín** ‘field of the stick’. Bheadh dealramh níos mó,

³⁶⁴ Márta Ní Bharóid: Place Names: lies in the district of Mountprospect it is the name of one of Mr Coffey's fields. (C.f. P. Gorry Irish Life and lore re [ḡə,ɡɑːrd'a'biːən]: ‘it belonged to the late J. Coffey.’)

áfach, le heilimint deiridh in **d** tosaigh, amhail **druibín** (**druib** foirm mhalartach de **doirb** ‘dung beetle’, *FGB*) nó **draoibín** (**draoib** ‘mud, mire’, *FGB*). B’fhéidir cailleadh an chonsain **r** i gceachtar acu sin ainmfhocal a mhíniú trí dhíshamhlú, agus an chéad siolla gan bhéim. Dá réir sin, d’fhéadfaí ***Gort Druibín** nó ***Garraí Druibín** ‘the field or garden of the ‘dung beetle’, nó ***Gort Draoibín** nó ***Garraí Draoibín** ‘the field or garden of the little mire?’ a mholadh mar fhoirm bhunaidh. Feictear an fhoirm dhíspeagtha **druibín** in ainm an bhaile fearainn **Béal Átha Druibín / Ballydribbeen**³⁶⁵ i gCiarraí a mhínítear mar ‘the ford-mouth of the water beetle?’³⁶⁶. Níor thángthas ar aon sampla de **draoib** ná foirm dhíspeagtha de in ***draoibín** i logainmneacha, ach tá talamh portaigh (‘cutover peat’, *EPA*) laistiar den pháirc seo. Tá bunús an mhionainm seo éiginnte, mar sin.

BF: Inchanearl / Inse an Iarla

LogainmID: 25549. Féach léarscáil faoi *Bonaghmore*

The Callan Meadows

1. 1837 The Callan Meadows AL:Desc. Rem.

...the surrounding lands are known by the name of “The Callan Meadows” (AL:Desc. Rem.)

Seans gurb ionann an eilimint *Callan* anseo agus an ceann atá le sonrú san ainm abhann *Callan River / An Challainn*³⁶⁷ ‘the noisy one’ in Ard Mhacha (*PlacenamesNI.org*). D’fhéadfaí a thuairimiú gur seanainm é sin ar *Slate River*, nó ar chuid de, b’fhéidir. Bhí Seán Ó Donnabháin den tuairim gur de bhunadh an fhocail **caladh** (‘callow, river-meadow’, *FGB*) atá an logainm *Callan / Challainn*³⁶⁸ i gCill Chainnigh (Carrigan, 1905: 291), agus is cinnte go réiteodh an míniú sin le topagrafaíocht na háite seo.

³⁶⁵ LogainmID: 23778

³⁶⁶ Léiríonn an comhartha ceiste i míniú an Bhraíne Logainmneacha go bhfuil amhras ann faoi.

³⁶⁷ <https://www.placenamesni.org/resultdetails.php?entry=17193>

³⁶⁸ LogainmID: 26222

BF: Kilmoney North / Cill Mhuine Thuaidh

LogainmID: 25552



Figiúr 39: Kilmoney North / Cill Mhuine Thuaidh. Bonnleáscáil: 2016, ©Google

Inchamuck

'the island/river meadow of the pigs'

1. 1760 Killmoney Island called Inchamuck Kildare Est.³⁶⁹

*Inse Muc

Tá suíomh na háite seo beagáinín éiginnte, ach is cosúil gur paiste talún i dtuaisceart an bhaile fearainn, cois abhainn an *Slate River* / **An Tarae**, atá i gceist. Tá fáil ar **inse** mar eilimint in *Inchanearl* / **Inse an Iarla** (BF) laistiar den áit seo chomh maith. Tá bríonna éagsúla le **inse** sna logainmneacha³⁷⁰, ach i bhfianaise shuíomh cois abhann na háite seo, is dócha gurb é 'Inch, holm, water-meadow' (FGB) nó 'island' (FGB) an bhrí atá taobh thiar den eilimint sin anseo. Ós rud é go luaitear an focal *island* leis an ainm, seans gurbh é sin an chiall a bhí leis an *Incha*- san ainm ó cheart. Tá talamh portaigh ('cutover peat', EPA) i dtuaisceart an bhaile fearainn, agus d'fhéadfadh sé gurbh é an t-oileán a bhí i gceist ná an stráice caol de thalamh gláir ('alluvium', EPA) idir an abhainn agus an

³⁶⁹ A Survey of Kilmoney

³⁷⁰ Féach *Insenegrey* / ***Inse na Graí** (Ich 79) mar a bhfuil plé ar an eilimint sin.

talamh portaigh ó dheas. Is cosúil gurb é **muc** ('pig', *FGB*) atá san eilimint deiridh agus gurb é ***Inse Muc** 'the island/river meadow of the pigs' bunfhoirm an ainm.

The Bogane of Kilmoney

'the boggy place of Kilmoney'

669822 720250

- | | | |
|---------|------------------------|------------------------------------|
| 1. 1760 | The Bogane of Kilmoney | Kildare Est.: A Survey of Kilmoney |
| 2. 1773 | Boggane Killmunny | Valentia Estate, 13. |

Is é iarthuaisceart an bhaile fearainn mar a bhfuil portach réitithe (*EPA*) mar chineál fo-ithreach ann atá i gceist anseo. Is é **bogán** ('soft ground' *FGBi*; 'soft, boggy place' (**bocán**) *DIL*) atá mar bhunús ag an gcéad eilimint. Is cosúil gur foirm Ghaeilge le hainm an bhaile fearainn mar cháilitheoir atá le sonrú i bhfoirm 2 thuas: ***Bogán Chill Mhuine** 'the boggy place of *Kilmoney*'.

BF: Kiltaghan North / Coillteachán Thuaidh

LogainmID: 25600



Figiúr 40: Kiltaghan North / Coillteachán Thuaidh agus Kiltaghan South / Coillteachán Theas. Bonnlearscáil: 2016, ©Google

The Glosh

'the rivulet, stream'

664412 717335

- | | | | | |
|----|--------|------------|-------|--------|
| 1. | 1937-8 | The Glosh | BNS | 778:78 |
| 2. | 2019 | ,d̪əˈgl̪əʃ | Áit.1 | |

Sruthán é seo ar chraobh-abhainn de chuid *Slate River* / **An Tarae** é, a chuimsíonn cuid den teorainn idir an baile fearainn seo agus *Clonbrin* i gContae Uíbh Fhailí:

The Glosh is a stream flowing between Clonbrin and Kiltaghan, and that is how the place got its name. (BNS: 778, 78)

Is cosúil gurb é ***An Ghlais** (ˈglais, glaise, glas... a stream, streamlet, rivulet, current: common in place-names', *DIL*) bunfhoirm an ainm.

BF: Kiltaghan South / Coillteachán Theas

LogainmID: 25601.

Shanrelyk

'the old burial ground'

666525 717355

- | | | | |
|-----|-----------|---------------------------------|--------------------------------|
| 1. | 1540–41 | Shanrelyk | Ir. Mon. Poss., 62 |
| 2. | 1540–41 | Oldrelyk | Ir. Mon. Poss., 62 |
| 3. | 1540–41 | Olderelyk | Crown Survey, 156 |
| 4. | 1540–41 | Olderelyk | Crown Survey, 19 |
| 5. | 1540–41 | Shanrellyk | Crown Survey, 158 |
| 7. | 1550–1630 | An tSheanroilig | Lbran. 1701 |
| 8. | 1621 | Shanroulicke & Clonmeale | Inq. Lag. JI 40 |
| 9. | 1625 | Shanerellicke | Inq. Lag. CI 4 |
| 10. | 1628 | Shanrellyck alias Olde Orcharde | JCKAS: Rathangan, 155 |
| 11. | 1628 | Shanrellyck alias Olde Orchard | JCKAS: Rathangan, 155 |
| 12. | 1760 | old buriel place | Survey of Rathangan: Mill-Land |
| 13. | 1937-8 | Sean Roilig | BNS: 778, 81 |
| 14. | 2019 | ,ʃanˈrɛlɪɡ | Áit. 1 |

Bhí an láthair seo in úsáid mar reilig do leanaí gan bhaisteadh go dtí lár an 20ú haois:

That time and all there was an ould lad by the name of Andy Flood and he told me father, he died about nineteen hundred and such a thing, his mother was only ten years old and she

*An Ghlais

*An tSeanreilig

remembered the last funeral coming from Dunlavin, that was the last person to be buried in it, but when I was young, they used to bury still-born children in it. Children that had been born without being baptised, premature, and all, and they were all buried in it... there was a great big whitethorn tree in it that time. When they cut it one time blood ran out of it and he left it there. (*Áit.1*).

Níl aon rian den reilig fágtha anois. Is cinnte gurb é ***An tSeanreilig** ‘the old burial ground’ foirm bhunaidh an ainm. I liosta de láithreacha eaglasta i gCill Dara ón 17ú haois (1629–44) atá curtha in eagar ag Éamonn de hÓir, luaitear dhá láthair eaglasta le *Kiltaghan*:

‘capella de Kiltechain et alia capella ibidem quae vocatur teampull anuabhair’ (*Cillsheanchas CD*, 31). (‘Séipéal Kiltechain agus séipéal eile ansin [i. san áit chéanna nó in aice láimhe] darb ainm teampull anuabhair³⁷¹).

An-seans gurbh ionann ceann acu seo agus **An tSeanreilig**, ach ní féidir an ceangal sin a chruthú le cinnteacht. Féach an plé faoi *teampull anuabhair* thíos.

Sean-trad

1. 1886 Sean-trad

*An tSeantsráid

Comerford, II, 237

Immediately adjoining Sean Reilig is a place baring the name of Sean-trad (Comerford: II, 237).

Ní léir go díreach cén suíomh a bhí ag an áit seo, ach is cosúil gurb é ***An tSeantsráid** ‘the old village’ bunús an ainm.

Faightear an logainm **An tSeantsráid**, leis an gconsan láir **-s-** séimhithe mar **-ts-**, i gContaetha Luimnigh³⁷², na Gaillimhe³⁷³, agus an Chláir³⁷⁴. ‘The old village’ an míniú a thugann an Brainse Logainmneacha ar an **tSeantsráid** i Luimneach.

Teampull Anuabhair

1. 1629–44 Teampull Anuabhair

Teampall Annobhair

Cillsheanchas CD, 31

Luaitear an láthair eaglasta seo i liosta eaglaisí ón 17ú haois:

capella de Kiltechain et alia capella ibidem quae vocatur teampull anuabhair (*Cillsheanchas CD*: 31). (‘Séipéal Kiltechain agus séipéal eile ansin [i. san áit chéanna nó in aice láimhe] darb ainm teampull anuabhair’).

³⁷¹ Aistrithe ón laidin ag an scríbhneoir. Tá mé buíoch don Ollamh Ciarán Mac Murchaidh a chuidigh leis an aistriúchán seo.

³⁷² LogainmID: 30460

³⁷³ LogainmID: 21128

³⁷⁴ LogainmID: 7735

D'fhéadfadh sé gurb é *Shanrelyk* / **An tSeanreilig** sa bhaile fearainn seo, nó *Roilgín Bush* / ***An Reiligín** i mbaile fearainn *Clonmoyle West*, nó suíomh iomlán eile atá i gceist. Bhí Liam Price den tuairim gurbh é *Ballinure* (BF) sa pharóiste seo a bhí faoi chaibidil (*Cillsheanchas* CD: 34), bunaithe, is dócha, ar an tuiscint gurbh é ***Teampall an Iúir** bunús an ainm. Dar le de hÓir go bhfuil an baile fearainn sin rófhada ar shiúl ó bhailte fearainn *Kiltaghan North / South* (breis agus ocht gciliméadar). B'fhéidir go mbeadh fonn ar dhuine an t-ainm seo cheangal le *Yew Tree Graveyard* i mbaile fearainn *Clogheen*, paróiste Mhainistir Eimhín, ach tá breis agus ocht gciliméadar idir sin agus *Kiltaghan North / South* chomh maith. Tá struchtúr na Gaeilge ar an-chuid de na hainmneacha sa téacs Laidine seo, an t-ainm seo san áireamh, agus is cosúil gurbh é an focal **anuabhar** ('overweening pride', *FGB*, 'inordinate pride', *DIL*) a bhí á chur in iúl ag an scríobhaí. Seans gur mó an dealramh, áfach, a bheadh leis an bhfocal **annobhar** a mhínítear in *FSÁG* mar 'great water' i dtaca leis an bhfoirm stairiúil **Cluain Annobhair** de bhaile fearainn *Cloney*³⁷⁵ i mbarúntacht na Forraí agus an Réabáin Thiar. Tá an baile fearainn sin suite idir An Bhearú agus An Fhionnúraigh, agus is dóibh sin a dtagraíonn **annobhar** san ainm. Anuas air sin, mínítear *Anner River* / **An Annúir**³⁷⁶ i dTiobraid Árann mar 'an + dobhar, "great water"' in *FSÁG* I, 57. I gcás an ainm seo atá faoi chaibidil, d'fhéadfaí a thuairimiú gurbh é *Slate River* / **An Tarae** an t-annobhar atá i gceist. Moltar ***Teampall Annobhair** 'the church of the great water' go cáiréiseach, ach ní féidir a bheith go hiomlán cinnte de bhunús, ná, go deimhin, de shuíomh an ainm.

BF: Mountprospect / Cnocán an Radhairc

LogainmID: 25602. Féach léarscáil faoi *Clonmoyle West*

Cara Gorra

1. 1938 Curra Gorra³⁷⁷
2. 1937-8 Cara Gorra

*An Currach Garbh

- BNSC³⁷⁸
- BNS 0778, 077

Cara Gorra is a field in Mr. Flood's farm at Mount Prospect, Rathangan (BNS: 0778, 077).

Is cosúil gurbh é ***An Currach Garbh** bunfhoirm an ainm seo. Faightear an réadú céanna ar an aidiacht **garbh** ('rough', *FGB*) in *Lenagorra* / **An Léana Garbh**³⁷⁹ i bparóiste *Harristown* in Uíbh Fhailí Thiar.

³⁷⁵ LogainmID: 25136

³⁷⁶ LogainmID: 67158

³⁷⁷ is in Mr Floods farm. (Mount Prospect luaite in aice leis)

³⁷⁸ 778: Márta Ní Bharóid: Place Names

³⁷⁹ LogainmID: 25119

Crocán

‘the hillock’

- | | | | | |
|----|--------|--------|-----|-----------|
| 1. | 1937-8 | Crocán | BNS | 0778, 077 |
|----|--------|--------|-----|-----------|

Crocán is the name of a field in Mount Prospect, Rathangan (BNS: 0778, 077).

Ní léir súiomh na páirce seo, ach is cosúil gurb é ***An Cnocán** ‘the hillock’ a fhoirm bhunaidh.

Derricks

‘the hole, hollow’

- | | | | | |
|----|--------|--------------|------|--------------------|
| 1. | 1937-8 | Derricks | BNS | 0778, 078 |
| 2. | 1938 | Derrickses | BNSC | 778 ³⁸⁰ |
| 3. | 1938 | The Derricks | BNSC | 778 ³⁸¹ |
| 4. | 1938 | The Derrigs | BNSC | 778 ³⁸² |
| 5. | 1938 | Derrig | BNSC | 778 ³⁸³ |
| 6. | 1938 | The Derrigs | BNSC | 778 ³⁸⁴ |

The Derricks are also in Mr Floods farm. They are the bottom fields of the farm. (BNSC: 778)

Luaitear muintir Flood le *Kiltaghan South* in *Daonáireamh 1901*, seans, mar sin, gur sa bhaile fearainn sin atá sé. Luaitear *Mount Prospect* le mionainmneacha eile in *BNS* atá in *Kiltaghan South* go cinnte, féach *Crut* / ***An Chruit** (Ich 233), mar shampla.

Níl dealramh leis an míniú a thugtar ar an ainm seo i bhfoirm 5 thuas: ‘Means the end of a farm’ (*BNSC: 778*). Is é is dóichí ná gurb é an t-ainmfhocal **deirc** (‘hole, hollow, cavity; concavity’, *FGB*) atá san ainm: ***An Deirc** ‘the hole, hollow’. D’fhéadfaí foirm iolra ***Na Deirceanna** ‘the holes, hollows’ a chur san áireamh chomh maith, ach is cosúil gur foirm uatha atá á cur in iúl ag foirm 5 thuas. Féach *The Cruacáwns* (Ich 109) mar a bhfuil plé ar —s iolra an Bhéarla i logainmneacha de bhunús na Gaeilge. Is é *Derk* an fhoirm bhéarlaithe is coitianta den ainmfhocal úd, ach faightear foirmeacha le guta cúnta i gcúpla cás, *Derrockstown* / **An Deirc**³⁸⁵, i gContae na Mí, agus *Lenaderg* / **Láithreach Deirce**³⁸⁶ (1657c: *Laradericke*; *Hib. Reg. Lr. Iveagh ex PlacenamesNI.org*) i gContae an Dúin, mar shampla.

³⁸⁰Máire Ní Ainnin: ‘Old Irish Names’

³⁸¹Treasa Ní Dhuinn: ‘Old Irish Names’

³⁸²Treasa Ní Dhuinn: ‘Old Irish Names’

³⁸³Páidín Ní Cheallaigh: ‘Old Irish Names’

³⁸⁴Márta Ní Bharóid: ‘Place Names’

³⁸⁵LogainmID: 37817

³⁸⁶LogainmID: 25601

Faightear míniú spéisiúil ar úsáid an fhocail *derk* i gceantar na Loilí Móire i dteistíochtaí a bhaineann le hÉirí Amach 1798:

They came to the edge of the bog one side of Lullymore, where there was a Derk or pitfall for hares and Green said to the witness: “Here is the way we serve people who are not as loyal as ourselves”, and then he took up the sod and witness saw a dead man in the hole.
(Mac Suibhne, 1975: 172)

Luann an sagart paróiste Peadar Mac Suibhne míniú comhaimseartha ar an bhfocal úd a bhailigh sé ó dhuine de mhuintir *Lullymore* in a shaothar *Rathangan* (1975: 294): ‘A Derk such as Nagle mentioned in his evidence is a hole in a bog, a trap for hares’.

Ederckeen

‘the small hole, hollow?’

- | | | | |
|----|--------|-----------|-------------------------|
| 1. | 1937-8 | Ederckeen | BNS |
| 2. | 1938 | Ederkeen | BNSC 778 ³⁸⁷ |

Is cosúil gurb é ***An Deircín** ‘the small hole, hollow’ atá san ainm seo. Díol spéise, más ea, go bhfuil rian d’alt na Gaeilge **an** le sonrú ag tús na foirme béarlaithe. D’fhéadfaí foirm le **eadar** tosaigh a chur san áireamh freisin, amhail ***Eadarchaoín** ‘land between two smooth surfaces / central smooth surface?’, a chur san áireamh chomh maith. Tá struchtúr den chineál sin le feiceáil in ainmneacha amhail *Edercloon* / **Eadarchluain**³⁸⁸ sa Longfort agus *Addergoole* / **Eadargúil**³⁸⁹ (‘land between a (river-) fork’) i gContae Laoise. Níl aon sampla de **caoin** (Smooth surface, *FGB*) mar bhuneilimint i logainmneacha, áfach.

BF: Newtown / An Baile Nua

LogainmID: 25553

*Lugnasilla

‘hollow of the sallow(s)’

- | | | | |
|----|--------|-------------------|----------------|
| 1. | 1937-8 | Lug na Coille [?] | BNS, 0777, 139 |
| 2. | 1937-8 | Lugsilla | BNS 0774, 216 |
| 3. | 2019 | ,lɔgnə'sɪla | Áit.1 |

...[,lɔgnə'sɪla] was down by Byrne's, that was down in Newtown.... I was never in at it now but its in in the fields on your left hand side, about half a mile outside the village, going to Lullymore. It's in a

³⁸⁷ Márta Ní Bharóid: ‘Place Names’.

³⁸⁸ LogainmID: 33391

³⁸⁹ LogainmID: 28059

bit. Lads told me about it working on the bog and everything about [ˌlɔɡnəˈsɪlə] but I never was in that far (Áit.1).

D'fhéadfadh sé gur iarracht ar leagan Gaeilge den ainm seo atá i bhfoirm 1, a luaitear faoin teideal 'Fields' in imleabhar ó *Bostoncommon* (BF) atá thart ar cheithre chiliméadar laistoir den áit seo in BNS.

Tá suíomh beacht na háite ábhairín éiginnte. Tá ard beag (80 méadar) sa bhaile fearainn ar léarscáil *SO Geohive*, agus is dócha gur log in aice an aird sin atá i gceist. **Log** ('hollow', *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo gan amhras. Dealraíonn sé gur **saileach** foirm g.u. agus g.i. **sail** ('sallow, willow') nó **saileach** (cnuasainm, *FGB*) atá sa dara heilimint, mas cruinn d'fhoirm 2. Is cosúil, mar sin, gurb é ***Log na Saileach** 'hollow of the willow(s)' bunfhoirm an ainm.

BF: Rathangan Demesne / Diméin Ráth Iomgháin

LogainmID: 25589



Figiúr 41: Rathangan Demesne / Diméin Ráth Iomgháin agus deisceart Rathangan / Ráth Iomgháin, baile Ráth Iomgháin san áireamh. Bonnleáscáil: 2016, ©Google

Mullatruce

*Mullach an Triúis

‘hilltop of the —?’

667068 718515

1. 1757	Mullatruce	CGn. 187.365.125465
2. 1760	Mullaghtruce	Survey of Mullaghtruce
3. 1760	Mullaghtruce	Survey of Rathangan
4. 1760	Mullaghtruce	Survey of Tullylost
5. 1763	Mullaghatruse	CGn. 226.41.145925
6. 1769	Mulloghatrush	Vaughan Rathangan
7. 1852	Mullaghtrues	PRONI D3078/1/9/8
8. 1937-8	Mullacan Truce	BNS 778, 80.
9. 2019	ḡə hil ə ,mʊləkər'tru:s	Áit. 1

Tagraíonn an t-ainm seo do chnocán íseal in iarthar an bhaile fearainn, ach is léir ó léarscáil Rocque ‘Survey of Mullaghtruce’ go mba ainm ar aonad talún é chomh maith.

Is é **mullach** (‘highest point, summit; elevated ground, height, eminence’, *FGB*, ‘hilltop’ *logainm.ie*)

atá sa chéad eilimint. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil réadú ar an alt idir an dá eilimint i

bhfoirmeacha 5, 6 agus 8. D’fhéadfadh sé gur réadú ar an alt le *r* sáiteach atá san fhoirm áitiúil.

B’fhéidir gurb é **truas** (**trúas**: ‘thinness, leanness’, *DIL*) atá sa cháilitheoir. Faightear **truas** mar

mhalairt foirme ar **uafás** ‘vast, astonishing, number or amount’) in *FGB* chomh maith, agus d’fhéadfaí

a thuairimiú go raibh sé ar fáil mar mhalairt foirme gan urrús ar na bríonna eile atá le **uafás** (‘horror,

terror’, *FGB*). An t-aon sampla deimhnithe de **truas** i logainmneacha na hÉireann ná an baile fearainn

Corstruce / **Cois Truas**³⁹⁰ i gContae an Chabháin, ach ní léir brí **truas** san ainm áirithe sin. Ní mór **triús**

(‘trousers’, *FGB*) a chur san áireamh chomh maith. Is é **Scailp an Triúis** an fhoirm Ghaeilge a mholtar

do mhionainm *Scalpatruce* i gContae Mhaigh Eo agus é mínithe mar ‘the fissure of the trousers’ (Mac

Gabhann, 2014: III, 372). Feictear **triús** i mbaile fearainn *Knocknadroose* / **Cnoc na dTriús**³⁹¹ i gCill

Mhantáin chomh maith, is cosúil. Tá réadú soiléir ar *s* caol [ʃ] deiridh mar a bheithfí ag súil leis sa

ghinideach uatha (***an truais**, ***an triúis**), i bhfoirm 6. D’fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***Mullach an**

Triúis ‘the hilltop of the trousers’ nó ***Mullach an Truais** ‘the hilltop of the thinness, leanness’ nó ‘of

the horror, terror’.

³⁹⁰ LogainmID: 4488

³⁹¹ LogainmID: 54890

Rathvarney Fort

*Ráth —?

667409 718688

- | | | |
|---------|-----------------|-----------------------|
| 1. 1760 | Rathvarney Fort | Survey of Mullaghtuce |
| 2. 1760 | Revarney Fort | Survey of Rathangan |
| 3. 1760 | Revarney Bog | Survey of Rathangan |

Luaitear an ráth seo le KD017-030---- in *SSN* ach más cruinn do shuirbhéithe Rocque, is é an ráth tamall beag siar ó thuaidh de sin atá i gceist (KD017-061----):. ‘Cropmark of circular enclosure (approx. diam. 37m) with possible entrance gap at E clearly visible on Google Earth aerial imagery taken 28/06/2018.’ (*SSN*).

Is cinnte gurb é **ráth** (‘Earthen rampart; ‘earthen ring-fort’, ‘rath’, *FGB*) atá i gcéad eilimint an logainm seo. Maidir leis an dara heilimint, d’fhéadfadh sé gur uimhir iolra an ainmfhocail **bearna** (‘gap’, *FGB*) atá ann, rud a d’fhágfadh ***Ráth Bhearnaí** ‘the rath of the gaps’ mar bhunleagan. Tá an t-imfhálú sin suite i log idir *Mullatruce* / ***Mullach an Triúis** laistiar agus talamh ard lastoir. Ní mór **bearna** féin a chur sa mheá chomh maith (***Ráth Bhearna** ‘rath of the gap’), i bhfianaise gurb é **Ard Bhearna** an fhoirm Ghaeilge atá molta ag an mBrainse Logainmneacha i gcás *Ardvarney*³⁹² i gcontae Laoise.

D’fhéadfaí foirm chlaochlaithe de **bearnach** in ***bhearnaigh** nó ***bhearnaí** a chur san áireamh chomh maith. D’fhéadfadh aidiacht (‘having gaps; broken; defective’, *DIL*) agus é faoi thionchar an tuisil thabharthaigh (***Ráth Bhearnach** (‘the gapped rath?’ > ***ón Ráth Bhearnaigh**, cuir i gcás), nó ainmfhocail (‘gapped place, feature’, **Ráth Bhearnaigh** ‘rath of the gapped place, feature’) a bheith i gceist. Toisc a laghad fianaise atá ar fáil, ní féidir a bheith cinnte de nach raibh an t-alt san ainm, in ainneoin nach bhfuil réadú air i gceann ar bith de na foirmeacha stairiúla thuas.

Míníonn Ó Cruailaoich agus Mac Giolla Chomhghaill *Fisherstown* / **Baile an Bhearnaigh**³⁹³ i Loch Garman mar ‘the town(land) of **An Bearnach** (the gapped place, feature)’, ach pléitear an fhéideartheacht gurb é **bearnach** ‘[the person, thing] with gapped teeth’ atá san ainm chomh maith (2016: 876).

³⁹² LogainmID: 35683

³⁹³ LogainmID: 53467

St. Brigid's Well

668388 719527

- | | | | |
|----|------|---------------------------|--------------------------------|
| 1. | 1810 | Saint Bridgets well field | PRONI MIC541/11 ³⁹⁴ |
| 2. | 2019 | se:n,brɪdʒəts'wəl | Áit.1 |

There's a St. Brigid's Well in Rathangan, out in Bonaghmore, down the canal bank... Yes and all, right in front of Conlan's garage and you go out across down the fields, but it's not a well now. A farmer drained it, and the farmer that drained it that time years and years ago, he let cattle in it and he went blind. (Áit.1).

Tobar naofa tiomnaithe do Bhríd.

BF: Rathangan / Ráth Iomgháin

LogainmID: 1411905

Teampull na Sumach

*Teampall na —?

'the church of ?'

668227 719846

- | | | | |
|----|--------|--------------------|----------------------|
| 1. | 1638 | teampull na sumach | Cillsheanchas CD, 31 |
| 2. | 1752 | Tamplenasonagh | Noble & Keenan |
| 3. | 1783 | Temple Summogh | Taylor |
| 4. | 1937-8 | Teampall na Seanad | BNS, 0778, 102 |

Tá an láthair eaglasta seo suite ar lúb sa sruthán (*Mill Race, SO 6"*) a ritheann idir an Chanáil Mhór agus *Slate River* / **An Tarae**. Níl aon rian den eaglais fágtha ar an láthair (SSN, KD017-039----).

Is é **teampall** '(Medieval) church' (*FGB*) atá sa chéad eilimint. Más cruinn d'fhoirmeacha 1 agus 3, d'fhéadfaí **somach**, foirm mhalartach do **somachán** 'plump youngster' (*FGB*), a chur san áireamh agus b'fhéidir ***Teampall na Somach** 'the (medieval) church of the plump youngsters' a mholadh mar bhunleagan dá réir. D'fhéadfadh **sonnach** ('paling, palisade, stockade', *FGB*) a bheith taobh thiar d'fhoirm 2 in *-sonagh* deiridh, rud a bheadh ag teacht le cúrsaí seandálaíochta ar an láthair:

A low, tree-covered, oval, earthen mound (ext. diams. 41.5m E-W; 28.5m N-S; H 1.12m) is retained at the base by a low, mortared wall (H 0.6m) of roughly coursed limestone flags and blocks, which survives best at E, SW and W, and by a shallow, outer ditch (Wth 1.9m; D 0.3m) E-NW. (SSN: KD017-039----).

Ní dócha go bhfuil aon dealramh le foirm *BNS*, agus tá bunús na dara heiliminte éiginnte.

³⁹⁴ A Map of that part of the Lordship of Rathangan Called Banoge Morea being part of the Estate of John Pomeroy, Survey'd in June 1810.

BF: Sheean / An Sián

LogainmID: 25138



Figúir 42: Sheean / An Sián. Bonnleársaíl: 2016, ©Google.

Pullough Meadow

'the place full of holes'

666148 718739

1. 1858 Pullough Meadow

*An Pollach

PRONI MIC541/11³⁹⁵

Tá an pháirc seo buailte leis an Slate River. Is é ***An Pollach** ('the place full of holes', *FGB*) atá san ainm. Tá baile fearainn den ainm seo i bparóiste *Harristown* in Uíbh Fhailí Thiar.

³⁹⁵ A Map of Part of the Lands of Sheean in the Co. of Kildare held by James C. St. George Esq. from Lord Harborton By Thomas Deneen Mountmellick, April 1858.

BF: Tullylost / Tulaigh Loiste

LogainmID: 25604



Figiúr 43: Tullylost / Tulaigh Loiste. Bonnléarscáil: 2016, ©Google.

Crut

‘the hump’

666761 716874

- | | | |
|----|--------|------|
| 1. | 1937-8 | Crut |
| 2. | 1938 | Crut |
| 3. | 2019 | krót |

*An Chruit

- | | |
|------|----------------------|
| BNS | 0778, Leathanach 077 |
| BNSC | 778 ³⁹⁶ |
| Áit. | 1 |

Crut is a field with a bank surrounding it. This field is in Mount Prospect (BNS: 0778, 077).

[krót] was reclaimed one time, they made it into arable land.... It wasn't boggy, but it never was tilled or anything, there'd be rushes, it was wet. Loughlin drained it around 1952 or 53 (Áit.1).

Ní réitíonn an cur síos a thugtar ar an bpáirc in *BNS* go rómhaith leis an gcuma atá uirthi sa lá atá inniu ann. D'fhéadfadh sé gur tháinig athruithe air sin nuair a rinneadh an pháirc a thabhairt chun míntíreachais sna 1950í. Tá an chosúlacht ar an scéal gurb é ***An Chruit** ‘the hump; small eminence’

³⁹⁶ : Márta Ní Bharóid: Place Names: is the flat field surrounded by a bank it is in Mr Tyrell's farm.

atá san ainm. Ardaíonn an talamh i dtreo thuaisceart na páirce agus tá fána shuntasach ar an mbóthar ag dul thar a bráid. Faightear samplaí dá leithéid seo i gCill Chainnigh in *Crutt / An Chruit*³⁹⁷ agus i gContae an Chabháin in *Kilnacrott / Coill na Cruite* ‘the wood of the hump’³⁹⁸.

Suíomh Éiginnte.

Clon Shráid

1. 1937-8 Clon Shráid BNS, 0778, 077

Clon-Shráid means the "Meadow Street" It is in the District of Rathangan (BNS: 0778, 077).

Tá an chosúlacht ar an bhfoirm aonair seo ó BNS gurb é ***Cluain (na) Sráide** ‘the meadow of the street/village’ bunús an ainm. Luaitear an bhrí ‘Level (surfaced) ground around house’ le **sráid** in *FGB*, chomh maith. Seo a leanas an míniú ar **sráid** a bhí ag P.W. Joyce, (1869: I, 351):

village consisting of one street undefended by either walls or castle—a small unfortified hamlet—often called sráidbhaile i.e. street-town.

Cuirtear síos in *SSN* (KD017-027----) ar lonnaíocht thréigthe mheánaoiseach, i mbaile fearainn *Conlanstown*, paróiste *Cloncurry* agus tugtar le fios go bhfuil ‘the town meadow’ mar ainm ar an suíomh go háitiúil. D’fhéadfadh sé gur dó seo a thagair *Clon Shráid*, ach ní féidir a bheith cinnte de sin.

Fassagh Rathaingan

*Fásach Ráth Iomgháin

‘the wilderness (borderland) of Ráth Iomgháin’

1. 1537 Fassaghe Rathaingan Henry VIII Papers, 12, II, uimhir 383

Thagair an t-ainm seo do cheantar ar theorainn na Páile. Suíomh laistiar de bhaile Ráth Iomgháin mar atá inniu a bhí i gceist is dócha.

Faightear cur síos in *Henry VIII Papers* ar an drochbhail a bhí ar theorainn na Páile in 1537:

The holds in the marches should be granted to powerful men there with an annual rent reserved. The Fasaghe Rebane, Wodstock and other peels in O'More's country, Fassaghe Bentre, Fassaghe Rathaingan, Oliver FitzGerald's lands and other lands in West Meath lie waste and will again become a refuge for the Irishry. If well inhabited it would be a fortification of the Englishry. Certain peels of Kildare and Delahide bordering upon O'Conor's country are likewise a great defence to the Pale and are now waste.

³⁹⁷ LogainmID: 26546

³⁹⁸ LogainmID: 5163

Fásach ('Waste, desert; uncultivated, uninhabited, region; empty, deserted, place', *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo gan amhras. Feictear an t-ainmfhocal seo i roinnt críocha teorann sa chuid seo de Chúige Laighean: *Fasaghely* / **Fásach Éile**³⁹⁹ 'the wilderness (borderland) of Éile' (*Logainm.ie*); **Fásach an Réabáin** 'the wilderness (borderland) of An Réabán' agus **Fásach an Iarla** / *Fasagh* (BF) in Uíbh Fhailí Thiar, cuir i gcás. Is é ***Fásach Ráth Iomgháin** 'the wilderness (borderland) of **Ráth Iomghain**' bunús an ainm seo. An-seans gur chríoch teorann idir tailte Iarlaí Chill Dara agus **Ó bhFailge** laistiar a bhí i gceist.

Manor of Carriggyngan alias Sayestown

*Carraig Iomgháin

"the rock of **Iomghán**"

- | | | | |
|----|------|-----------------------------|----------|
| 1. | 1351 | Carriggyngan ⁴⁰⁰ | RBK, 157 |
| 2. | 1351 | Sayeston | RBK, 157 |

Tá leagan aistrithe den ghníomhas ó *RBK* ag Walter FitzGerald in *JCKAS: Rathangan* (141):

The other is a grant of "Manor of Carriggyngan alias Sayestown, in the Barony of Rathangan," from Henry Deswell to Henry de Ballimore chaplain....

Ní léir suíomh na háite seo, agus ní barúntacht é *Rathangan* ar ndóigh. Seans, mar sin, gur taisme do mháinéar atá in *baronia* anseo agus gurb é máinéar, i.e. paróiste Ráth Iomgháin atá i gceist. Is cosúil gurb é atá i gceist le foirm 1 ná ***Carraig Iomgháin** - 'the rock of **Iomghán**', is é sin, an t-ainm pearsanta céanna atá san ainm *Rathangan* / **Ráth Iomgháin**. Is coitianta i bhfad foirmeacha in *-m-* i leaganacha stairiúla de *Rathangan* ón 14ú haois, amhail *Rathymgan* (1310, *RBK*: 126, *Logainm.ie*) agus *Rathymegan* (1329 *RBK*: 108, *Logainm.ie*) ach tá teacht ar shampla in *-n-* chomh maith: *Rathyngan* (1345–6, *RBK*: 54, *Logainm.ie*). Mar le foirm 2 de, an-seans gurb é atá ann an sloinne **Saghas** 'Welsh "Sais" i.e., the Saxon, Englishman, stranger; a descriptive surname given by the Welsh to some family of English origin who afterwards settled in Offaly, Leix and Ormond.' (*SGG*: 666).

Porthra

- | | | | |
|----|--------|---------|----------------|
| 1. | 1937-8 | Porthra | BNS, 0778, 081 |
|----|--------|---------|----------------|

Porthra is the name of a place near Clonbrin. The land is supposed to be very wet and swampy. (BNS: 0778, 081).

D'fheadfadh sé gur foirm mhalartach iolra den fhocal **portach** (bog, *FGB*) in ***Portracha** nó ***Portraithe** bunús an ainm. Faightear foirmeacha iolra den chineál sin le **r** sáiteach i bhfoirmeacha

³⁹⁹ Féach an iontráil don logainm seo ar *Logainm.ie*, mar a bhfuil a thuilleadh plé ar an eilimint **Fásach**: <https://www.logainm.ie/ga/1411542>

⁴⁰⁰ 'Carriggyngan quod nunc dicitur Sayeston in baronia de Rathymgan'

iolra le foircinn choguasacha i nGaeilge Chonnacht (**carraigreachaí** agus **tonntrachaí**, cuir i gcás) (Ó hUiginn, 1993, 572). Clúdaíonn ceantar portaigh ('cut-over peat', *EPA*) cuid mhaith de bhailte fearainn *Clonbrin* agus *Clonmoyle West*.

Shancullygh

*An Seanchuilleach

'the old wooded place'

1. 1576 Shancullygh⁴⁰¹ Earls of Kildare (Add), 170

Is cosúil gur **sean** ('old') atá sa chéad eilimint anseo. D'fhéadfadh sé gur **coilleach** 'wooded place' (*DUP*: 151) atá sa dara heilimint. Is i Leath Coinn is mó a fhaightear an eilimint sin in ainmneacha riaracháin na tíre, ach tá samplaí i bPort Láirge agus i dTiobraid Árann freisin. Tá sampla de i bparóiste Chonfaí i gCill Dara in *Cullaghreeva* / **An Choilleach Riabhach**⁴⁰². Dá réir sin d'fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***An Seanchuilleach** 'the old wooded place', ach ní féidir a bheith cinnte de sin d'uireasa fianaise.

⁴⁰¹ 'Shancullygh in the L[ordship]. of Rathangan'

⁴⁰² LogainmID: 25399

P: Tully / An Tulaigh

BF: Rathbride / Ráth Bhríde

LogainmID: 26039



Figiúr 44: Rathbride / Ráth Bhríde. Bonnleáarscáil: 2016, ©Google

Father Moore's Well

675191 716374

- | | | | |
|----|-------|---------------------|--|
| 1. | 1881 | Father Moore's Well | Kildare Observer 21/051881: 4,5 ⁴⁰³ |
| 2. | 1908c | Father Moore's Well | SO 25" |

Tobar beannaithe é seo ar thaobh an bhóthair idir Baile an Mhuilinn agus Baile Chill Dara. Ainmníodh an tobar as sagart áitiúil a mhair san 18ú haois agus a raibh ar a chumas gearáin éagsúla a leigheas, de réir traidisiúin. Seo thíos cuid den seanchas a bhaineann leis an tobar a bailíodh do *BNS* (0776, 274):

Father Moore was born at Rathbride. The ruins of the house in which he was born are still to be seen. He died rather young that is between the age of forty and fifty with a ailment.

When he was alive it was usual for him to have invalids coming to him asking to be cured of

⁴⁰³ 'Extraordinary Behavior of a Lunatic'

their ailments, and he cured them. When it became known that his illness was incurable, his mother one day asked him, what would she do with the invalids when they called to be cured and he would be dead? On hearing that he went out and blessed this well (which was about a hundred yards from his house). He then told his mother to bid the invalids go to this well and if they had faith in him and the waters of the well they would be cured.

Relickeston

*Baile na Reilige

‘the settlement of the graveyard’

675216 715856

1. 1562	Relickeston	F 421
2. 1576	Relekestone <i>alias</i> Relockeston <i>alias</i> Ballenrellocke	Griffith Inq. Eliz 82/195 Ich 222
3. 1592	Rollickestone	F 5745
4. 1664	Relickstown	RSBCK: Subscription Roll: Index
5. 1732	Relickstowne ⁴⁰⁴	RSBCK: Deeds ⁴⁰⁵
6. 1795	Relickstown	RSBCK: Deeds ⁴⁰⁶
7. 1834	Relictstown	TAB

To John Lye, gent; of the lands of Rathebride, Co. Kildare, containing 60 acres of great measure according to the custom of the country, making 180 acres of Standard measure, lying towards the bater or lane of Rolickeston on the east, leading to the King’s way betwixt the lands of Rathbride and Priortone on the west and so from Richard Fitz Gerald’s cross on the west side of Cookesland, to the Curraghe of Kildare and to the river Boure on the north and the Curraghe of Kildare on the south with common pasture on the Curraghe, and liberty to cut turf on the moore near the west side of the Channon’s wood; the lands (F: 5745).

Bhí an áit seo suite lastoir den bhóthar idir Baile an Mhuillin agus Baile Chill Dara (R415 an lae inniu). Tá reilig sa chúinne idir an bóthar sin agus an ceann a théann soir i dtreo *Pollardstown*. Is dócha gurb ionann an bóthar sin a théann i dtreo *Pollardstown* agus ‘the bater or lane of Rolickstown’ a luaitear in *F* (5745). Luaitear John Moore agus Edward Clery leis an áit seo in *TAB* i measc daoine eile. Bhí gabhála ag an mbeirt sin thart ar an mbóthar úd. Is é is dóichí ná gurbh í an reilig thuasluaite a thug bunús don ainm seo ***Baile na Reilige** ‘the settlement of the graveyard’. Féach Oldtown / ***An Seanbhaile** (Ich 185) mar a bhfuil plé ar an eilimint **baile**.

⁴⁰⁴ ‘Relickstowne in the parish and diocese of Kildare’

⁴⁰⁵ *Lease of the Tithes of Relickstown*

⁴⁰⁶ Ibid.

BF: Tully West / An Tulaigh Thiar

LogainmIE: 25876



Figiúr 45: Tully West / An Tulaigh Thiar agus Tully East / An Tulaigh Thoir. Bonnlearscáil: 2016, ©Google

Armour Bridge

672357 711295

1.	1908c	Armour Bridge	SO 25"
2.	2019	ar'mo:r	Áit.2
3.	2019	ar'mo:r river	Áit.2

Droichead trasna sruthán in iarthar an bhaile fearainn ar an teorainn le *Greyabbey* atá anseo. Ní réitíonn an fhoirm áitiúil leis an bhfocal Béarla *armour*. Seans gur logainm de bhunadh na Gaeilge atá idir chamáin, mar sin, ach más ea, is deacair a bhunfhoirm a dhéanamh amach. Más logainm de bhunadh na Gaeilge é, tá an chosúlacht ar an scéal gurb í an aidiacht **mór** 'big' atá sa dara heilimint. Maidir leis an gcéad eilimint, d'fhéadfadh sé gurb é **airm** ('place', *FGB*) atá i gceist anseo: ***An Airm Mhór** 'the big place'. Faightear an eilimint sin in *Arm* / **An Airm**⁴⁰⁷ i gContae Ros Comáin a mhínítear

⁴⁰⁷ LogainmID: 43489

mar ‘the place’ in *FSÁG* (I, 46). B’fhéidir gur mó an seans go bhfuil baint ag an gcéad eilimint leis an bhfocal **aire** a mhínítear mar ‘act of making a dam; dam, fence (on a stream), weir’ (*DIL*). Faightear **aire** in *Dinneen* chomh maith mar ‘a fishing weir’ agus é luaite le Contae Chiarraí. Bhí **aire** neodrach aimsir na Sean-Ghaeilge, ach luaitear é mar ainmfhocal baininscneach in *Dinneen*. Níl aon sampla den eilimint sin in *Logainm.ie*, áfach, agus ní léir aon chora sa cheantar seo ar na léarscáileanna stairiúla ach an oiread. Ní féidir a bheith cinnte de bhunús an ainm seo, mar sin, ach d’fhéadfaí an fhoirm **An Aire Mhór** ‘the big fishing weir’ a mholadh go cáiréiseach.

Knockanegreg

‘hillock of the village, hamlet’

672799 712145

1. 1674 Knockanegreg

*Cnocán na Gráige

Emerson BoR, 23

A soround of several houses and gardins wherein is a pcell on ye south of Tulla highway to greyabbie caled Knockanegreg claimed by Tulla containing 1a and 25p. This surround bounded on ye land of Tulla on ye west wth ye townestreet wch leadeth to abbie by ye tolsale on ye north wth ye middlestreet wch goeth from white gate place to claregate wthout whitegate 3 cabbins wthin Whitegate... (Emerson BoR: 23).

Is é atá i gceist anseo ná an chuid is faide ó thuaidh de bhaile fearainn *Tully West*, laistear de *Pound Green* (SO 25”). **Cnocán** ‘hillock’ atá sa chéad eilimint. Ardaíonn an talamh anseo i dtreo na droma ar a bhfuil Baile Chill Dara suite. Seans gurbh in an ghné atá i gceist san ainm, mar sin. D’fhéadfadh sé gurb é **gráig** ‘village, hamlet’ (*FGB*), atá sa dara heilimint agus gurbh é ***Cnocán na Gráige** ‘hillock of the village, hamlet’ bunús an ainm.

BF: Tully East / An Tulaigh Thoir

LogainmID: 25875

Blind Well

673288 711999

1. 1674 Blind Well

Emerson BoR, 26

2. 1674 Blind Well

Emerson Contents, 26

3. 1757 The Town Well

Rocque TCD (CD)

4. 1908–9 Blindwell

SO 25”

5. 2019 bləind,welz

Áit.2

Is fuarán nádúrtha é seo atá suite i lár páirce. Is dócha gurb é an chiall thánaisteach ‘out of sight, out of the way, secret, obscure, privy’ a luaitear leis an aidiacht Bhéarla *blind* in *OED* atá i gceist anseo. Faightear roinnt samplaí de *Blind Well* in ainmneacha páirce i Sasana: ‘alludes to a blind well i.e. a spring concealed by vegetation’ (*EFN*: 35). Tá an logainm seo seanbhunaithe, ach níor thángthas ar aon fhianaise ar leagan Gaeilge de. Tá trí shampla de **Tobar Caoch** in *Logainm.ie: Blindwell*⁴⁰⁸ (BF) i nGaillimh, *Toberceach*⁴⁰⁹ (TOB) i Luimneach agus *Toberkeagh*⁴¹⁰ (BF) i Ros Comáin.

St Johns Well

673674 711442

- | | | | |
|----|-------|---------------|--------|
| 1. | 1838c | St Johns Well | SO 6" |
| 2. | 1908c | St Johns Well | SO 25" |

Tá an tobar seo cúpla céad méadar soir ó thuaidh d’eaglais stairiúil de chuid na Spidiléirí agus is dócha gurbh in an chúis gur ainmníodh an tobar as Naomh Eoin. Ní tobar naofa é a thuilleadh (Jackson, 1979: 157).

St Bridgets Well

673454 710928

- | | | | |
|----|-------|------------------|--------|
| 1. | 1838c | St Bridgets Well | SO 6" |
| 2. | 1908c | St Bridgets Well | SO 25" |

Ceann de dhá thobar ar an taobh ó dheas de bhaile Chill Dara a bhfuil an t-ainm sin orthu. Dar le Walter FitzGerald gur botún é an t-ainm *St. Brigid’s Well* a bheith mar ainm ar an tobar seo agus gurb é an ceann in *Brallistown Commons* (lch 359) ‘the real St. Brigid’s Well’ (*JCKAS*: IV, 2, 131). Ceanglaítear scaifeanna le crann ar an láthair fós⁴¹¹.

Suíomh Éiginnte

Terwen

- | | | | |
|----|------|--------|--------|
| 1. | 1569 | Terwen | F 1407 |
|----|------|--------|--------|

Is cosúil gur **tír** ‘country, land’ atá sa chéad eilimint agus í cáilithe ag focal dar tús **m** nó **b** séimhithe atá ann, ach ní léir céard atá i gceist.

⁴⁰⁸ LogainmID: 21642

⁴⁰⁹ LogainmID: 1415409

⁴¹⁰ LogainmID: 43388

⁴¹¹ Cuairt ar an láthair, Lúnasa 2019.

Prompelan

‘dung beetle (shaped feature)?’

1. 1569 Prompelan

Priompallán

F 1407

The lands of Tully, Moreton, Frereton, Bralessan, Terwen, and Prompelan, same county (F, 1407).

In ainneoin nach maireann ach an t-aon fhoirm stairiúil amháin den logainm seo, tá a bhunús soiléir. Is é **priompallán** ‘dor, dung, beetle.’ (FGB) foirm bhunaidh an ainm. Níl aon sampla de **priompallán** mar eilimint i mBunachar Logainmneacha na hÉireann, ach baintear úsáid shamhlaíoch as **sindile** agus **seimhdile** ar foirmeacha malartacha iad de **seimdille** ‘a beetle or mallet, a door-knocker’ (Dinneen) chun ‘stráca caol gobach talaimh’ a chur in iúl (Mac Gabhann, 2014: VI, 97). Is é is dóichí, mar sin, gur úsáideadh **priompallán** go samhlaíoch san ainm seo le cur síos a dhéanamh ar ghné aiceanta éigin, droim nó cnoc, is dócha. Tá an paróiste dlí seo roinnte i dtrí chuid éagsúla atá scartha amach go maith óna chéile, ceann lastuaidh den Churrach, ceann go díreach laistear de bhaile Chill Dara, agus ceann eile lastoir de *Suncroft* (BF), rud a fhágann gur deacair suíomh na gné sin a thuairimiú.


Offaly West / Uíbh Fhailí Thiar

P: Ballybrackan / Bealach Bhreacáin

LogainmID: 1139

BF: Derryoughter East / Doire Uchtach Thoir

LogainmID: 24924



Figiúr 46: Derryoughter East / Doire Uchtach Thoir agus Derryoughter West / Doire Uchtach Thiar. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Bagenaveagh

'boggy place of the ravens'

665932 705612

1. 1752 Bagenaveagh
2. 1762 Boggaune

*Bogán na bhFiach

Noble and Keenan

Monasterevin Scalé ⁴¹²

⁴¹² 'A Survey of Killeen'

3.	1773	Boggaune	Monasterevin Scalé ⁴¹³
4.	1773	Boggaune	Monasterevin Scalé ⁴¹⁴
5.	1770–1840	Boggaun	Longfield: Kilebeg
6.	1833	Boggaun	Monasterevin Manor ⁴¹⁵
7.	1845	Boggane	Leinster Express, October 04, 1845.

Ceantar portaigh (‘Blanket peat / cutover peat / fen peat’ *EPA*) a léirítear in oirthuaisceart an bhaile fearainn, laistear de *Kilbeg*. Ainm aon eiliminte in ***bogán** ‘soft, boggy place’ (*DIL*) a léiríonn foirmeacha 2-7, ach feictear cáilitheoir i bhfoirm 1. Is é is dóichí ná gurb é **fiach** (‘raven’, *FGB*) atá anseo, agus gurbh é ***Bogán na bhFiach** the ‘boggy place of the ravens’ bunfhoirm an ainm. Tá **fiach** réasúnta coitianta mar cháilitheoir i logainmneacha na hÉireann. Féach *Cornaveagh* / **Corr na bhFiach**⁴¹⁶ ‘the round hill of the ravens’ i gContae an Chábháin agus *Carrigeen* / **Carraigín na bhFiach**⁴¹⁷ ‘the little rock of the ravens’ i dTiobraid Árann, mar shampla.

Colghill

1.	1617	Deroghrigh and Colghill	Inq. Lag. 12 JI
----	------	-------------------------	-----------------

D’fhéadfadh sé gur foirm bhéarlaithe de **collchoill** (‘hazel wood’, *FGB*) atá san fhoirm *Colghill* thuas, ach tá an fhianaise róghann le bheith cinnte de seo.

BF: Derryoughter West / Doire Uchtach Thiar

LogainmID: 24925

Bishop's Island

663643 703832

1.	1838	Bishops Island	SO 6"
2.	1838	Bishop's Island	AL ⁴¹⁸
3.	1838	Bishop's Island	AL: Custom on Ground
4.	1908	Bishop's Island	SO 25"

A small island in River Barrow. (AL:Desc. Rem.).

Tá cúrsa na habhann athraithe anseo, agus ní ann don oileán a thuilleadh. Ní léir cé acu an t-ainmfhocal nó an sloinne *Bishop* atá san ainm. Níl aon fhianaise ar láthair eaglasta ar an oileán, agus

⁴¹³ ‘A Survey of Killbeg’

⁴¹⁴ ‘A Survey of Rickardstown’

⁴¹⁵ 18, ‘Killibeg’

⁴¹⁶ LogainmID: 3832

⁴¹⁷ LogainmID: 48290

⁴¹⁸ ‘Map attached to Rawson's Stat. Survey 1807’

níl aon fhianaise ar an sloinne *Bishop* sa bhaile fearainn seo. Faightear *Bishop's Islands* / **Oileáin an Easpaig**⁴¹⁹ i nGaillimh.

*Mockers Meadow

664038 703489 (suíomh garbh)

1. 2019 ,makərz 'mədə Áit.9

We had another field in farther, we called it [,makərz 'mədə] (Áit.9).

Páirc cois Bhearú atá anseo. Tá an chuma air gur ainm duine + 's sealbhach an Bhéarla atá ann. Ní raibh a leithéid de shloinne agus *Mocker* in Éirinn aimsir *Daonáireamh 1901* agus *1911*, áfach, agus ní raibh teacht ar an sloinne *Mockler* sa cheantar seo. D'fhéadfadh sé gur leasainm bunaithe ar an bhfocal *mock* 'A person who deceives or makes sport of others; a deceiver' (*OED*) a bhí ann, nó tagairt don fhásra sa pháirc le *mock* sa chiall 'A plant or animal that imitates or mimics another in appearance; a mimetic organism' (*OED*): 'The name of 'mockers' is sometimes given by gardeners to weeds that are so like certain valued plants as to be easily mistaken for them' (*Call of Wildflower*, *OED*). Ní mór a chur san áireamh freisin go bhféadfadh sé gur logainm de bhunadh na Gaeilge é seo. Chuige sin, d'fhéadfaí **machaire** ('plain', *FGB*) + -s iolra an Bhéarla a chur sa mheá: **Machaires Meadow**, ach b'fhéidir gur mó an dealramh a bheadh le **mucros** a mhínítear mar 'pig-wood', 'pig-promontory' (Ó Cruaíoch & Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 1056)⁴²⁰: **Mucros Meadow**. Mas ea, d'fhéadfadh sé gur de bharr meititíse a tháinig an fuaimniú [,makərz] chun cinn.

The Baitin

*An Béitín?

'the top-burnt soil'

664320 704384

1. 2019 ,də'be:tən Áit.9

2. 2019 ,də'be:tənz Áit.12

Páirc atá suite idir an Bhearú laistiar agus an bóthar ó *Riverstown* (BF) go dtí an R417 in *Cush* (BF) agus *Derryoughter East* (BF) lastoir. Is cosúil gur iasacht ón mBéarla é **béitín** ('top-burnt soil' *FGB*) bunaithe ar *bait* nó *beat* (Lucas, 1970: 133). Mínítear *beat* mar seo a leanas in *OED*:

The rough sod of moorland (with its heath, gorse, etc.), or the matted growth of fallow land, which is sliced or pared off, and burned (at once to get rid of it and to make manure), when the land is about to be ploughed.

⁴¹⁹ LogainmID: 17717

⁴²⁰ 1615: 'Mockeris or Moykeries island' *CPR*, 283a ex *Logainm.ie*.

Faightear an focal *Baitins* i liosta focal ó Chontae Chill Dara a bhailigh Walter FitzGerald chomh maith:

the bad surface of the ground which, after being ploughed or dug up, is burned and the ashes used for manuring or top-dressing a cabbage-garden' (1911: 528).

Ní raibh ceachtar den bheirt fhaisnéiseoirí a thug na foirmeacha áitiúla den ainm páirce eolach faoina bhunús.

Tá an chuma ar an scéal go raibh an focal **béitín** in úsáid sa Ghaeilge chomh luath leis an 17ú haois agus fianaise ar an téarma a bheith in úsáid i Loch Garman ag deireadh na haoise sin (Ó Fionnagáin & Mag Eacháin, 2019: 164). Bíodh sin mar atá, is deacair a rá go cinnte cé acu i nGaeilge nó i mBéarla a cumadh an t-ainm seo, ach seans go mbeifí ag súil le réadú soiléir ar an nguta fáda í [i:] in **béitín** dá mba ainm Gaeilge é.

*The Pollach

'place full of holes'

664330 704056

1. 2019 ,d̪ə'pɔljək
2. 2019 ,d̪ə'pɔləks

*An Pollach

Áit.9

Áit.12

Luann an bheirt fhaisnéiseoirí thuas suíomh na háite seo in aice le *The Baitins*, idir an Bhearú agus an bóthar ó *Riverstown* (BF) go dtí an R417 in *Cush* (BF) agus *Derryoughter East* (BF). Ní dócha, mar sin, gurb ionann é agus *Pullagh* / **An Pollach**⁴²¹ (BF) i bparóiste *Harristown*, atá thart ar thrí chiliméadar soir ó dheas ón áit. Anuas air sin, seans go dtugann an fhoirm stairiúil *Big Pullagh* (1837; BS:AL, *Logainm.ie*) a luaitear leis an mbaile fearainn sin le fios gur tuigeadh *Pullagh* eile a bheith ann aimsir na Suirbhéireachta Ordanáis.

Tá idir talamh portaigh ('cutover peat', *EPA*), glár ('alluvium', *EPA*) agus till aolchloiche ('limestone till', *EPA*) san áit. Is léir gurb é an ***An Pollach** 'hollow place; place full of holes' (*FGB*) bunfhoirm an ainm seo. Tá an réadú in [lj] ar -ll- leathan láir na Gaeilge le tabhairt faoi deara anseo. Faightear an réadú céanna i gcás an bhaile fearainn den ainm céanna a luadh thuas (['pɔljək], *Áit. Logainm.ie*) agus *Coolyphullagh* / **Cúil an Phollaigh** ([ku:li- 'folja] *Áit. ex Logainm.ie*)).

⁴²¹ LogainmID: 25121

BF: Kileen East / An Cillín Thoir

LogainmID: 24931



Figiúr 47: Kileen East / An Cillín Thoir agus Kileen West / An Cillín Thiar. Bonnleársaí: 2016, ©Google.

Laynamonagh

'the wet meadow of the bog'

664863 705934

1.	1762	Laynamonagh
2.	1821	Leenamona
3.	1821	Leenamona
4.	1821	Leenamona
5.	1825	Leenamona
6.	1826	Leenamona
7.	1826	Leenamona
8.	1827	Leenamona
9.	1831	Leenamona
10.	1835	Lenamore

*Léana Móna

Monasterevin Scalé ⁴²²
PR: Monasterevan 04203/06, 13
PR: Monasterevan 04203/06, 13
PR: Monasterevan 04203/06, 14
PR: Monasterevan 04203/06, 43
PR: Monasterevan 04203/06, 44
PR: Monasterevan 04203/07, 11
PR: Monasterevan 04203/07, 12
PR: Monasterevan 04203/07, 16
PR: Monasterevan: 04203/07, 34

⁴²²A Survey of Killeen

11. 1835	Lenemona	PR: Monasterevan 04203/07, 34
12. 1837	Lenamona	PR: Monasterevan 04203/07, 48
13. 1838	Leenamona	PR: Monasterevan 04203/07, 55
14. 1838	Lenamona	PR: Monasterevan 04203/07, 53
15. 1838	Lenamona	PR: Monasterevan 04203/07, 60
16. 1840	Lenamona	PR: Monasterevan 04203/07, 63
17. 1840	Lenamona	PR: Monasterevan 04203/07, 65
18. 1843	Lenamona	PR: Monasterevan 04203/07, 86
19. 1849	Lenamona	PR: Monasterevan 04203/07, 121
20. 1859	Leanamona	PR: Monasterevan 04203/08, 31
21. 1937-8	Laynamona	BNS 780, 155.
22. 2019	,le:nə'mo:na	Áit.12

Léirítear gráig den ainm seo ar an léarscáil ar a bhfuil foirm 1, agus bhí sé an-choitianta mar sheoladh sa 19ú haois i dtaifid na bparóistí Caitliceacha (*PR*). Tá gach cosúlacht ar an scéal gurb é ***Léana Móna** ‘the wet meadow of the bog’ bunfhoirm an ainm seo. D’fhéadfaí ***Léana na Móna** a chur san áireamh chomh maith ach níl aon réadú soiléir ar an alt **na** sna foirmeacha stairiúla thuas. Tá ceantar portaigh (‘cutover peat’, *EPA*) laistean den áit a léirítear *Laynamonagh* ar an léarscáil óna bhfuarthas foirm 1.

Is cosúil go léiríonn cuid de na foirmeacha in *leen-* tosaigh fuaimniú malartach ar an bhfocal **léana** in [***li:na**]. Faightear **léana** mar bhuneilimint sa bhaile fearainn *Lenagorra* / **An Léana Garbh** i bparóiste *Harristown* sa bharúntacht seo chomh maith.

BF: Kileen West / An Cillín Thiar

LogainmID: 27372

Farranfoster

664496 705862

1. 1762 Farranfoster

*Fearann Foster

Monasterevin Scalé ⁴²³

Luaitear an t-ainm seo le grúpa tithe ar léarscáil na Leabharlainne Náisiúnta. Is léir gurb é ***Fearann Foster** ‘Foster’s land’ bunús an ainm.


Níl aon fhianaise ar dhuine den sloinne sin in *Killeen West* nó sna bailte fearainn máguaird ach luaitear tailte i Mainistir Eimhín le John agus Thomas Foster i in *Griffith’s Valuation*. Seo an t-aon

⁴²³ *ibid.*

sampla den eilimint **fearann** a fuarthas sa bharúntacht seo, eilimint a bhí ríchoitianta i bparóiste Chill Dara in Uíbh Fhailí Thoir.

BF: Larch Hill / Cnoc na Learóige

LogainmID: 24934



Figiúr 48: Larch Hill / Cnoc na Learóige. Bonnleárcáil: 2016, ©Google.

Bawnafarsoon

‘the lea (of the parson)’

663905 707770

- | | | |
|---------|--------------|-------------------------------|
| 1. 1832 | Bawnafarsoon | PR: Monasterevan 04203/07, 17 |
| 2. 2020 | ,d̪əˈbaːn | Áit.8 |

It's up one of the lanes from the farm. When we turn down towards our farm, we pass through [ˌd̪əˈbaːn] and down the lane then to our farm....That'd be in Lughill. Lughill just bordering Larch Hill (Áit.8)

Tá sé seo suite idir cúpla baile fearainn is cosúil, *Lughill*, *Larch Hill* agus *Stramillian* san áireamh. Maidir leis an tagairt *Bawnafarsoon*, is iad John Butler agus Margaret Keating na lánúin nuaphósta a luaitear leis an áit sa taifead. Luaitear John Butler le gabhálas i mbaile fearainn *Stramillian* in aice le *Lughill* agus *Larch Hill* in *Griffith's Valuation*. Ní féidir an fear seo a cheangal go cinnte leis an bhfear

nuaphósta a luaitear le foirm 1 sna taifid pharóiste, ach ní luaitear ach fear amháin eile in *Griffith's Valuation* sa cheantar a bhfuil an t-ainm sin air, agus eisean luaite le *Nurney*. Ós rud é go bhfuil -*farsoon* san ainm, is dócha gur féidir é a nascadh leis an áit seo go cáiréiseach. Féach go bhfuil baile fearainn *Ballyfarsoon* / **Baile an Phearsúin** in aice láimhe, agus féach freisin an mionainm *Theckfarsoon* (*SO Cassini*) i Mainistir Eimhín.

Maidir leis an eilimint *bawn*(-), d'fhéadfaí **Bábhún** ('Walled enclosure, bawn; bailey', *FGB*), níos luaithe **bádhún** ('enclosing wall, fortified enclosure (for protection of cattle ?), Anglo-Irish bawn, *DIL*') a chur san áireamh. B'fhéidir gur mó an seans gurb é **bán** ('lea; grassland; uncultivated land *FGB*: 'untilled land, lea' *DIL*) atá i gceist, áfach: níl fianaise sheandálaíochta sa cheantar go raibh a leithéid de ghné ann a bheadh ag teacht le **bábhún**. Is é is dóichí ná gurb é an t-ainmfhocal **pearsún** ('**persún**: (Mid. Eng. persoun from Fr.) a parson, rector' *DIL*), agus é faoi thionchar an tuisil ghinidigh uatha atá i gceist, leis an mír bhéarlaithe -*farsoon*. Tá **pearsún** le feiceáil i bhfoinsí Gaeilge, féach, mar shampla, an líne seo ó *ARÉ* (218, 2315) ón mbliain 1636: 'Giolla an Choimhdhedh Mac Giolla Charraigh uasal shacart agus pearsún'. Faightear sampla den eilimint ó 1566 san fhoirm stairiúil *Kyllenperson* (*F*, 973, *Logainm.ie*) den logainm *Killinaperson* / **Coillín an Phearsúin**⁴²⁴ i gContae Laoise. Tá seanreilig ar léarscáil SO 6" i mbaile fearainn *Lughill*. Dá réir sin, is dócha gurbh é ***Bán an Phearsúin** 'lea of the parson' bunfhoirm an ainm seo.

BF: Lughil / Leamhchoill

LogainmID: 24935

Glenmaigho

*Gleann Meidhgeoige

'the glen of the small land of whey / the small sour land'

663041 707629

- | | | |
|---------|-----------------------------|-----------------------|
| 1. 1883 | Glenmaigho | Comerford II, 244 |
| 2. 2020 | Glen-maig-go ⁴²⁵ | Áit.8 (Comhfhreagras) |
| 3. 2020 | ,glen'me:go: | Áit.8 |

In Lughill townland, in this parish, at a place called Glanmaigho, there was at one time an extensive burial-ground, which is now disused and practically obliterated (Comerford II, 244).

Is ionann an reilig sin a bhí faoi chaibidil in *Comerford* agus an ceann a luaitear san ainm páirce *The Churchyard* (féach Aguisín D, Ich **The Churchyard** 375). In aice le suíomh na reilige sin, ritheann bóthar trí ghleann beag atá suite idir talamh atá beagán níos airde ar an taobh thiar thuaidh agus an taobh thoir theas di. Dá réir sin, is é is dóichí gurb é **gleann** ('glen', *FGB*) atá taobh thiar den chéad

⁴²⁴ LogainmID: 28377

⁴²⁵ 'it's always been pronounced as Glen-maig-go in the family'.

eilimint *glen-*, ag tagairt don ghné áirithe sin. Tá an chuma ar an scéal gurb ionann an dara heilimint agus an eilimint aonair atá le sonrú in *Megoge* thíos ***Meidhgeog**. Thabharfadh seo bunfhoirm in ***Gleann Meidhgeoge** ‘the glen of the small land of whey / *the small sour land*’. D’fhéadfadh sé gur haplógú is cúis le cailleadh an tsiolla deiridh san ainm.

Megoge

‘*the small land of whey?*’; ‘*The small sour land?*’

1. 1563	Megoge	F 537
2. 1617	Megog	Inq. Lag. 12 JI
3. 1639	Megog	Inq. Lag. 45 CI

Leighill and Megog being $\frac{3}{4}$ of a ploughland 60 acres (Inq. Lag. 12 JI).

Is cosúil gurb é atá san ainm seo ná foirm dhíspeagtha ar chnuasainm é den ainmfhocal **meadhg** (var: **meidhg** ‘whey’, *FGB*) in ***An Mheidhgeog** ‘the small land of whey’. Faightear **meidhg** mar cháilitheoir i ndornán beag logainmneacha: *Mullinaveige* / **Muileann an Mheidhg**⁴²⁶ (‘the mill of the whey’ *Logainm.ie*) agus *Shanaveag* / **Seanadh Mheidhg**⁴²⁷ i nGaillimh a mhínigh Ó Donnabháin mar ‘old land of whey’ (*AL:OD, Logainm.ie*), mar shampla. Tá samplaí den fhocal Béarla *whey* in ainmneacha páirce Shasana chomh maith: ‘*Whey and Curds...* an illusion to the type or condition of the soil...*Whey Field...* *Weay Meadow, Wey Field...* perhaps “sour land” ...*Wheywelle...* (perhaps an allusion to the colour of the water’ (*EFN: 457*). An-seans, mar sin, gur úsáideadh **meidhgeog** go samhlaíoch san ainm seo chun ‘sour land’ a chur in iúl sa chiall ‘Of land, etc.: Cold and wet; uncongenial through retaining stagnant moisture’ (*OED*).

Feictear táirgí eile déiríochta i logainmneacha na hÉireann chomh maith: *Carriganimmy* / **Carraig an Ime**⁴²⁸ ‘rock of the butter’ (*AL:OD, Logainm.ie*) i gCorcaigh; *Drombanny* / **Drom Baine**⁴²⁹ i Luimneach: ‘ridge of (the) milk’ (*Logainm.ie*); *Aughnablahee* / **Áth na Bláthaí**⁴³⁰ ‘ford of the buttermilk’ (Power, 1952: 256) i bPort Láirge.

BF: Riverstown / Baile na hAbhann

LogainmID: 24936

⁴²⁶ LogainmID: 55717

⁴²⁷ LogainmID: 18343

⁴²⁸ LogainmID: 11316

⁴²⁹ LogainmID: 30423

⁴³⁰ LogainmID: 1421351



Figiúr 49: Riverstown / Baile na hAbhann. Bonnlearscáil: 2016, ©Google.

Crocknelia

'the heap of manure?'

1. 1870	Croughnelia	PR: Monasterevan 04203/08, 86
2. 1871	Crocknelia	PR: Monasterevan 04203/08,97
3. 1875	Croughanilia	PR: Monasterevan 04203/08, 124
4. 1879	Croghnelia	PR: Monasterevan 04203/08,148
5. 1906	Crockeneela	Dog Licences ⁴³¹
6. 1911	Crockineela	Dog Licences ⁴³²

*Cruach an Aoiligh?

Luaitear Mary Agnes Treacy le foirm 4 thuas sna taifid pharóiste, agus luaitear duine den ainm céanna sa bhaile fearainn seo in *Daonáireamh 1901*. An-seans, mar sin, gur suíomh éigin i mbaile fearainn *Riverstown* atá i gceist leis an ainm áirithe seo, ach tá a shuíomh beacht éiginnte. Ní léir cé acu **cnoc** ('hill', *FGB*) nó **cruach** ('1. stack, rick. 2. Pile', *FGB*) atá sa chéad eilimint. B'fhéidir gur mó an seans gur **cruach** atá ann, i bhfianaise an chairn *-gh* atá le sonrú i bhfoirmeacha 1, 3 agus 4 agus toisc nach bhfuil cnoc ar bith sa bhaile fearainn seo. D'fhéadfadh sé gurb é **an aoiligh** g.u **aoileach** bunús

⁴³¹ 'Cath tracey'

⁴³² 'James Tracey'

an dara heilimint agus gurb é ***Cruach an Aoiligh** ‘the heap of manure’ bunfhoirm an ainm. Feictear **aoileach** mar cháilitheoir i ndornán beag logainmneacha riaracháin sa tír: *Coolaneelig* / **Cúil an Aoiligh**⁴³³ i gContae an Chláir agus *Tawnyeely* / **Tamhnaigh Aoiligh**⁴³⁴ i gContae Liatroma, cuir i gcás. Ní mór an t-ainm pearsanta **Conghalach** (‘from *Congal*’; ‘brave, fierce as a hound’, *GPN* 57) atá le feiceáil i nginealaigh Ó bhFailge (*CGH*: 11) a thabharfadh bunfhoirm in ***Cnoc Chonghalaigh** ‘**Conghalach**’s hill’ nó ***Cruach Chonghalaigh** ‘**Conghalach**’s stack, pile’. Ní go rómhaith a réiteodh seo leis na foirmeacha tríshiollacha in 1, 2 agus 4, áfach. Moltar ***Cruach an Aoiligh** mar bhunleagan go cáiréiseach anseo ach tá bunfhoirm an ainm éiginnte.

Poulaun Island

‘the small pool’

663296 705739

1.	1900C	Poulaun Island	SO 25”
----	-------	----------------	--------

Oileán sa Bhearú atá anseo. Is e***An Pollán** ‘the small pool’ (*FGB*) bunús an ainm. Tá an réadú béarlaithe *poul-* ar **poll**, a léiríonn fuaimniú in [paul] le tabhairt faoi deara anseo.

St Bridget's Well

663512 706072

1.	1838	St Bridgets Well	SO 6”
2.	1838	St Bridgets Well	AL:Robt Browne Esq
3.	1908	St Bridget’s Well	SO 25”
4.	2019	se:nˌbrɪdʒətsˈwəl	Áit.9.

There is a well close to Riverstown House which was formerly visited by the peasantry for the cure of different diseases (AL:Desc. Rem).

Tobar eile in ómós do Bhríd. Tá an tobar ann i gcónaí. Cuireadh aifreann ar siúl ag an tobar le blianta beaga anuas, ach is athbheochan a bhí i gceist leis sin seachas traidisiún seanbhunaithe (*Áit.9*).

⁴³³ LogainmID: 24127


⁴³⁴ LogainmID: 30340

P: Ballyshannon / Baile Sonnáin

LogainmID: 1251

BF: Crawnglass / An Corrán Glas

LogainmID: 24951



Figiúr 50: Crawnglass / An Corrán Glas agus Mullaghmoyne West / Mullach Maighne Thiar. Bonnleárcáil: 2016, ©Google.

Asgulusian Bridge

675899 705216

1.	1837	Asgulusian Bridge	SO 6"
2.	1837	Askgulisian	AL: Inhabitants
3.	1937-8	Asgulsian	BNS 0777, 031
4.	2019	ḡiː askəˈluːtʃiː bridʒ	Áit.6

*Easca —?

Is droichead é seo atá suite ag an gcumar idir *Eascanrath* agus sruthán eile san áit a ngobann *Crawnglass* (BF) siar i dtreo *Newtown* (BF) agus *Mullaghmoyne West* (BF). Tá sé deacair teorainn na n-eilimintí a dhéanamh amach go cinnte san ainm, ach is é is dóichí ná gur céad eilimint in **easca** ‘wet, sedgy, bog. 2. Depression, hollow’ (FGB) a mbíonn an bhrí ‘sruthán’ leis i gCúige Laighean go

minic, dar leis an mBrainse Logainmneacha⁴³⁵ atá ann. Ní mór **ascaill** ('recess' *FGB*) a chur san áireamh chomh maith, áfach. D'fhéadfadh struchtúr in **easca + ainmfhocal dar tús I** nó **easca an + ainmfhocal firinsneach dar tús consan roimh I (cluaisín, cuir i gcás)** agus an chéad chonsan sin séimhithe a bheith i gceist. Léiríonn an fhoirm áitiúil an t-aifricéad [tʃ] san áit a léirítear -s- sna foirmeacha stairiúla in *-usian*. Ní féidir a chur as an áireamh gur forbairt dhéanach é sin, ach d'fhéadfadh sé gur fianaise é gur ainmfhocal in **d** nó **t** láir caol a bhí sa dara heilimint. Ní féidir ach buille faoi thuairim a thabhairt faoi bhunús an dara heilimint, ach i measc na bhféidearthachtaí, tá **cluaisín**, foirm dhíspeagtha de **cluas** (*FGB*), sa chiall 'ear-shaped object' (*FGB*): * **Easca an Chluaisín** 'stream of the small ear-shaped object?' Faightear **Cluaisín** mar ainm cuasa i gCiarraí⁴³⁶. Ní mór **clúidín** ar foirm dhíspeagtha é de **clúid** 'corner, nook' (*FGB*) a chur sa mheá chomh maith: ***Easca an Chlúidín** 'stream of the small corner, nook'. Ní ann do shampla de **clúidín** mar eilimint i logainmneacha i mBunachar Logainmneacha na hÉireann, ach féach go bhfuil sampla de **clúid** sa mhionainm *Clode Flugh / An Chlúid Fhliuch* i bparóiste Chill Dara (Ich 190). Tá bunfhoirm an logainm seo éiginnte.

Mullaghmoyne West / Mullach Maighne Thiar

LogainmID: 24954

Spadac Road

'the heavy, wet land'

675939 705083

1.	1937-8	Spadac Road	BNS	0777, 029
2.	2019	'spadək, hɪl	Áit.6	

As you go out of Suncroft, and you're heading for Athy, you go up a bit of a hill, on the right would be Eaglehill, that's back towards Kildoon, but if you keep going on straight, that's ['spadək, hɪl]' (Áit.6).

Is cosúil gurb é **spadach** ('Heavy and wet', *FGB*), a luaitear an bhrí shubstainteach 'wet, heavy turf sods' leis in *Dinneen*, atá san ainm seo. Mínítear **spadach** mar 'an mhóin bog a bhíonn ar bharr an phortaigh' i liosta focal a bailíodh i gceantar Chairbre i dtuaisceart an chontae (*BNS*, 0771, 115). Ithir lochach ('Lake sediments undifferentiated', *EPA*) seachas portach atá i gceist anseo, áfach. Is mar 'heavy / wet land' a mhínítear *Spaddagh / An Spadach*⁴³⁷ i gContae Mhaigh Eo (Mac Gabhann, 2014: X, 528), agus is dócha gurbh in an chiall a bhí i gceist san ainm seo faoi chaibidil chomh maith: ***An Spadach** 'the heavy, wet land'.

⁴³⁵ Féach an iontráil le haghaidh *Askea / An Easca*, i gCeatharlach (1414694)

⁴³⁶ LogainmID: 1414559

⁴³⁷ LogainmID: 36367

P: Duneany / Dún Éanna

LogainmID: 1167

BF: Duneany / Dún Éanna

LogainmID: 25140



Figiúr 51: Duneany / Dún Éanna. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Black Well

669567 708168

- | | | | |
|----|------|------------|-------------------------|
| 1. | 1837 | Black Well | SO 6" |
| 2. | 1837 | Black Well | AL: Patck Kelly Doneany |

10 chains east of site of old castle Doneany. Known in the neighbourhood by the forgoing name, no peculiarities in the water (AL:Descr. Rem.).

Níl an tobar seo le feiceáil ar na léarscáileanna athbhreithnithe, ach tá *Black Well* eile píosa beag ó thuaidh in *Rathmuck* (BF). Seans gur meancóg atá ansin agus gur ag tagairt don tobar céanna atá an dá ainm. Faightear *Blackwell* / *An Tobar Dubh*⁴³⁸ mar ainm baile fearainn i gCill Chainnigh.

⁴³⁸ LogainmID: 27147

Skig House

'the (little) thorn bush'

668798 707129

- | | | |
|-----------|------------|----------------|
| 1. 1908–9 | Skig House | SO 25" |
| 2. 1937-8 | Skeig | BNS, 0780, 179 |
| 3. 2019 | skig | Áit.12 |

*An Sceitheog?

Teach in oirdheisceart an bhaile fearainn atá anseo. Ní léir cé acu an ainm de bhunadh na Gaeilge nó an Bhéarla é. Tá dealramh ag an ainm le **sceitheog** ('(little) thorn bush'), atá in roinnt logainmneacha amhail *Skegoneill* / **Sceitheog an Iarla** 'the earl's (little) thorn-bush' (*DUP*: 132) i gContae Aontroma agus **Sceicheog Mhór** [ˌʃgɛg 'moːr] 'big thornbush', mionlogainm ar Oileán Acla (Mac Gabhann, 2014, III, 38), cuir i gcás. Mar sin, d'fhéadfadh sé gurb é ***An Sceitheog** 'the (little) thornbush' bunús an ainm. Ní mór an focal canúnach Béarla atá ar fáil in Éirinn agus in Albain *skeeg/skig* 'The smallest portion of anything, the least quantity; a drop of anything liquid' (*EDD*) a chur san áireamh chomh maith.

BF: Hybla or Ballyneage / Baile Cnág

LogainmID: 25174



Figiúr 52: Hybla or Ballyneage / Baile Cnág. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Coolmeenagh

*Cúil —?

666004 711746

1. 1811 Coolmeenagh Longfield: MS 21 F. 37 / (139)⁴³⁹

Tá an áit seo le feiceáil in iarthar an bhaile fearainn, thart ar an teorainn le *Togherorymore* (BF). Tá sé suite i gcúinne sa bhaile fearainn, agus mar sin, b'fhéidir gur mó an seans gur **cúil** ('corner, nook', *FGB*) atá i gceist seachas **cúl** ('back', *FGB*) atá sa chéad eilimint. D'fhéadfadh **maoineach** 'property, wealthy', (*FGB*) a bheith sa dara heilimint, amhail *Knockmoynagh* / **Cnoc Maoineach**⁴⁴⁰ i Sligeach a mhínigh Seán Ó Donnabháin mar 'wealthy hill' (*AL:OD, Logainm.ie*): ***An Chúil Mhaonach** 'the wealthy corner, nook'. Ní go ró-mhaith a d'fheilfeadh sé sin mar ainm ar an áit seo idir chamáin toisc talamh portaigh ('cutover peat', *EPA*) a bheith ann, áfach. D'fhéadfaí an t-ainm pearsanta **Maonach**: 'derived from maen...' 'silent' (*GPN*: 131) ach a mhínítear mar 'wealthy, precious' in *Family Names*

⁴³⁹ 'A survey of part of the lands of Hybla [or Ballyreage] in the barony of Ophaly and County of Kildare belonging to Howard Moore. Surveyed by J.L. 1813. Scale 20 perches to an inch'

⁴⁴⁰ LogainmID: 45302

(1872) a chur san áireamh chomh maith: **Cúil Mhaonaigh** ‘**Maonach**’s corner, nook’. Ní mór an sloinne *Mooney* / **Ó Maonaigh** ‘derived from Maonach (*Family Names*, ibid.) a chur sa mheá freisin: ***Cúil Uí Mhaonaigh** ‘**Ó Maonaigh**’s corner, nook’. Tá an sloinne *Mooney* coitianta sa cheantar seo, agus raidhse samplaí de i bparóistí Mhainistir Eimhín, Chill Dara, Bhealach Bhreacáin agus Ráth lomgháin in *Daonáireamh 1901*. Féidearthacht eile don eilimint seo is ea **muimhneach** ‘native of Munster’ (ainmfhocal) nó ‘Munster’ (aidiacht) (*FGB*)⁴⁴¹. Tá a leithéid le sonrú in ainmneacha amhail *Cloontymweenagh* / **Cluainte Muimhneach**⁴⁴² i gContae an Chláir agus *Glennameenagh or Springvale* / **Gleann na Muimhneach**⁴⁴³ i Loch Garman. Thabharfadh sin bunfhoirm in ***Cúil Mhuimhneach** ‘the corner, nook of the Munstermen’. Ní féidir a bheith cinnte de bhunfhoirm an dara heilimint sin, ceal fianaise.

⁴⁴¹ Féach an plé ar an eilimint **Muimhneach** sna hiontrálacha a bhaineann le *Aughaweena* / ***Achadh an Mhuimhnigh** (Ich 172) agus *Leanaweana* / ***Léana an Mhuimhnigh?** (Ich 173).

⁴⁴² LogainmID: 7715

⁴⁴³ LogainmID: 52368

P: Fontstown / Baile an Fhóntaigh

LogainmID: 1173

BF: Ardellis Lower / Ard Eilís Íochtarach

LogainmID: 25069



Figiúr 53: Ardellis Lower / Ard Eilís Íochtarach. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Aghnacash Bridge

*Áth na Caise

‘the ford of the stream, current’

672639 701435

- | | | |
|-----------|-------------------|--------------------------|
| 1. 1783 | Aghnacash Bridge | Taylor |
| 2. 1837 | Aghnacash Br. | SO 6" |
| 3. 1837 | Aghnacash Bridge | AL: Taylors Co. Map 1783 |
| 4. 1837 | Aughnacash Bridge | AL ⁴⁴⁴ |
| 5. 1937-8 | the Cashbridge | BNS 0781, 246 |

In Fontstown Psh on the west side of Little Boly Tld about half a mile south of Boly cross roads. A small bridge over a small stream (AL: Descr. Rem.).

⁴⁴⁴ ‘Map attached to Mr Brassingtons Bog Report’

Is cosúil gur **áth** ‘ford’ atá i gcéad eilimint an ainm seo, agus más ea, tá réadú soiléir ar fhuaimniú **-th** leathan deiridh na Gaeilge mar [x] san ainm, ar aon dul le *Aughnagalley* / **Áth na Gealaí**⁴⁴⁵ i Loch Garman a fhuaimnítear mar [aknəˈgʲali:] go háitiúil (Ó Cruallaoich, & Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 148). Is cosúil gur **caise** ‘stream, current’ (*FGB*) atá sa dara heilimint agus gurb é ***Áth na Caise** ‘the ford of the stream, current’ bunfhoirm an ainm.

Aghentrenche

‘the ford of the trench’

1. 1563–4	Aghentrenche	F 596
2. 1570	Aghentrenche	F 1654
3. 1617	Aghentrench	Inq. Lag. 12 JI
4. 1618	Aghantrench ⁴⁴⁶	CPR, 390
5. 1666	Argentrench alias Ardellis	ASE, 84

*Áth an Trinse

Luaitear an áit seo le baile fearainn *Ardellis* ach ní léir suíomh beacht dó. Ní féidir a rá le cinnteacht cé acu **áth** (‘ford’, *FGB*) nó **achadh** (‘field’, *FGB*) atá sa chead eilimint anseo, toisc fianaise a bheith ann gur mar [x] a fuaimníodh **-th** leathan deiridh na Gaeilge sa cheantar seo (féach 4.1.11). Tá sruthán sa bhaile fearainn seo (féach *Aghnacash Bridge* / ***Áth na Caise** thuas). Tugann an méid seo a scríobh Seán Ó Donnabháin i *Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis*, Cill Chainnigh, maidir le *Freshford* / **Achadh Úr** sa chontae sin, léiriú spéisiúil ar an ngaol idir an dá eilimint:

The present Irish name is Ach Úr, which is incorrectly translated Fresh-Ford: because the word Achadh, a field, is here obsolete and because a river flows through the village, the popular belief is that the first part of the name is from Áth, a ford, which is here pronounced Ach. (Herity, 2003: 65, 179).


Tá gach cuma ar an scéal gurb é **trinse**, ar iasacht é ón mBéarla *trench* (*DIL*) atá san eilimint deiridh. Dá réir sin, d’fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***Áth an Trinse** ‘ford of the trench’ nó ***Achadh an Trinse** ‘the field of the trench’. Ón uair go bhfuil sruthán i dtuaisceart an bhaile fearainn, b’fhéidir gur mó an seans gur ***Áth an Trinse** atá i gceist.

⁴⁴⁵ LogainmID: 52440

⁴⁴⁶ ‘half of Ardhellis’

BF: Derrynine / Doire an Eidhinn

LogainmID: 25072



Figiúr 54: Derrynine / Doire an Eidhinn agus Rathconnell Wood / Coill Ráth Chonaíolaigh. Bonnleársaí: 2016, ©Google.

Pauleesh

*An Phailís

'the palisaded enclosure'

670592 702803

1. 1770–1840

Pauleesh

Longfield: Mylerstown

Tugtar an t-ainm seo ar pháirc mhóinéir i dtuaisceart an bhaile fearainn. Tá imfhálú le feiceáil sa pháirc sin ar SO 25" agus tá rian de fós ann inniu: 'A slightly raised D-shaped area (diam. 41m E-W) with a straight N side (L 32m) truncated by the Finnelly River is defined NNE--S-NNW by a long low scarp (H 0.4-1m).' (SSN). Tá gach cuma ar an scéal gurb é an t-ainmfhocal **pailis** ('var **pailís**'; 1.

Palisade. 2. (a) Palisaded enclosure, fortress. (b) Castle, palace.', FGB) bunús an ainm: ***An Phailís**.

BF: Rathconnell Wood / Coill Ráth Chonaíolaigh

LogainmID: 25074

Derryweelan

*Doire an Mhaoláin

‘the oak wood of the knoll’

669630 701921

1. 1908c Derryweelan SO 25"

Coill in iarthar an bhaile fearainn, suite i lár portaigh atá anseo. Tá an choill féin suite ar chnocán íseal agus mar sin, is mó an seans gurb é **maolán** sa chiall ‘low rounded hill, knoll’ (*FGB*) atá sa dara heilimint, ag tagairt don ghné sin. Is cinnte gurb é **doire** ‘oak-wood’ (*FGB*) atá sa chéad eilimint. D’fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***Doire an Mhaoláin** ‘the oak wood of the knoll’. Mínítear *Derryweelan* / **Doire Mhaoláin**⁴⁴⁷ i gContae Uíbh Fhailí mar ‘(oak-)wood of Maolán?’ (*Logainm.ie*).

⁴⁴⁷ LogainmID: 42059

Paróiste Harristown / Baile Hanraí

LogainmID: 1180

Boghall / Halla an Phortaigh

LogainmID: 25109



Figiúr 55: Boghall / Halla an Phortaigh, Clarey / Cloichrigh agus Cherry Mills / Muilte Cherry. Bonnleársaí: 2016, ©Google.

Fuaran Well

‘the spring’

669105 703269

- | | |
|--------------|--------------|
| 1. 1770–1840 | Fouraun Well |
| 2. 1838 | Fuaran Well |
| 3. 2019 | ḡəˈfuːrˌɑːn |

*An Fuarán

- | |
|-----------------------|
| Longfield: Mylerstown |
| SO 6" |
| Áit.7 |

There is one holy well in this district. It is in the townland of Mylerstown It is called Fuarán. The old people used to visit it on Tuesdays and Fridays. Prayers are said but no rounds are performed. There is supposed to be a pillowslip of gold hidden at the well. It was blessed by St. Foran. Several people have been cured at the well. The water cures sore eyes and tooth ache. The people drink the well water and rub it on the sore. The people leaved blessed medals and beads at the well. There is no bush or tree at the well. For years an annual Pattern was held there. (BNS: 0780, 124)

***An Fuarán** ('spring, fountain', *FGB*) atá anseo gan amhras.

BF: Clarey / Cloichrigh

LogainmID: 25113

Leighnamoor

'the big water meadow'

670644 703034

- | | | |
|----|-----------|-------------|
| 1. | 1770–1840 | Leighnamoor |
| 2. | 1833 | Leighnamoor |

*An Léana Mór

Longfield: Mylerstown

Monasterevin Manor⁴⁴⁸

Páirc cois abhann i ndeisceart an bhaile fearainn atá anseo. Tá an chuma ar an scéal gurb é **léana** 'Lowlying grassy place, water-meadow' (*FGB*) atá sa chéad eilimint, in ainneoin go bhfuil *Leighna-* neamhghnách mar réadú ar an eilimint sin. **Mór** ('big') atá sa dara heilimint a d'fhágfadh ***An Léana Mór** 'the big water meadow', mar bhunfhoirm. Is cosúil go bhfuil fianaise san ainm seo ar fhuaimniú in [muər] nó [mu:r] ar **mór** na Gaeilge. Tá an fuaimniú sin le fáil i nGaeilge na Mumhan sa lá atá inniu ann (Ó Siadhail, 1989: 64).

BF: Cherrymills / Muilte Cherry

LogainmID: 25112

Ballyrobot

'Robot's settlement'

- | | | |
|----|------|------------------------|
| 1. | 1634 | Ballyrobot and Garowry |
| 2. | 1705 | Ballyrebat |
| 3. | 1725 | Ballyrebatt |
| 4. | 1757 | Bullyrebatt |
| 5. | 1762 | Ballyrebatt |
| 6. | 1766 | Ballyrebatt |

*Baile Roibéid

DP: D. 21,032-21,175⁴⁴⁹

DP: D. 21,032-21,175⁴⁵⁰

CGn. 44.289.29264

CGn. 186.212.124044

CGn. 219.269.143606

CGn. 239.334.158312

Tagraítear don ainm seo i bhfoinsí ón 17ú agus ón 18ú haois, agus é luaite le *Garowry* / ***An Gharbhrach** thíos. Ní léir suíomh beacht dó, áfach. Tá dhá eilimint bhéarlaithe san ainm seo mar atá: *Bally-* agus *-robot/-rebat/-rebatt*. Maidir leis an gcéad eilimint, is é is dóichí ná gur **baile** ('settlement') atá i gceist, murar réadú ar **buaille** ('booley') atá i bhfoirm 4 thuas in *Bully-*. I dtaca leis

⁴⁴⁸ Mylerstown, 24

⁴⁴⁹ 'Indenture 21 August 1634'

⁴⁵⁰: 7th April 1705: Fair Copy of Lord Loftus Settlement of his Estate on the issue of his Daughter Jane Lady Moore.

an dara heilimint, is é is dóichí gurb é an t-ainm pearsanta Angla-Normannach *Robet*: ‘Robét: > AN Robet hypocoristic form of Robert’ (Risk: 1974, 95) atá i gceist. Faightear spléachadh ar an gcaoi ar caitheadh le hainmneacha Angla-Normannacha den chineál seo in Ó Cruallaoich agus Mac Giolla Chomhghaill (2016: 669):

‘Gaelicised forms of Anglo-Norman names containing the diminutive suffix *-er, -ot, etc.*, as in *Henriot* (A diminutive of *Henry*; see Reaney 1970: 161), were generally realised in final **-d** e.g. *Barret* > **Bairéad**; *Plunkett* > **Pluincéid**; *Tibbot* > **Teabóid**; *Sinnot* > **Sionóid**.

Bunaithe ar an bhfoirm a luaigh Risk thuas, is dócha gur mar ***Roibéid** a dhéanfaí gaelú ar *Robet*, rud a d’fhágfadh ***Baile Roibéid** ‘Robet’s settlement’ mar bhunfhoirm.

Garowry

*An Gharbhrach

‘the rough land’

667744 703746

1. 1634	Garowry	DP: D. 21,032-21,175 ⁴⁵¹
2. 1766	Garrowry	CGn. 239.334.158312
3. 1783	Garura	Taylor
4. 1833	Goruragh	Monasterevin Manor ⁴⁵²

Luaitear an t-ainm seo le páirc i ndeisceart bhaile fearainn *Cherrymills* in *Monasterevin Manor*. Is dócha go raibh ceantar níos mó ná sin i gceist, áfach, ós rud é go luaitear an t-ainm ar léarscáil *Taylor*, léarscáil ar scála 1.5 orlach in aghaidh an mhíle.

Tá an chuma ar an scéal gurb é ***An Gharbhrach** bunfhoirm an ainm seo. Tá dealramh ag an ainm le *Garruragh* / **An Gharbhrach**⁴⁵³ i gContae an Chláir. Is é is dóichí ná gur foirm mhalartach é sin de **garbhach** a mhínítear mar ‘rough land’ i gcás *Garrough* / **Garbhach**⁴⁵⁴ i gContae Laoise.

BF: Mylerstown / Baile Mhaoilir

LogainmID: 25120

Keilogues

*An Chaológ

‘the riverside field’

669886 704764

1. 2000c	Keilogues	PFN Hyland: Learscaíl
2. 2000c	Far Keilogues	PFN Hyland: Learscaíl

⁴⁵¹ D. 21,032-21,175: ‘being rolls of Rickardstown’

⁴⁵² ‘Harristown’, 23

⁴⁵³ LogainmID: 8029

⁴⁵⁴ LogainmID: 28855

Páirc cois abhann atá i gceist anseo. Is é **caológ** bunús an ainm, agus is mó an seans gurb í an chiall ‘riverside field, meadow’ (*FGB*) atá i gceist sa chás áirithe seo, i bhfianaise shuíomh na páirce: ***An Chaológ** ‘the riverside field’. Léiríonn an chodarsnacht a dhéantar i bhfoirmeacha 1 agus 2 *Keilogues* agus *Far Keilogues* gur dócha gur foroinnt is cúis le -s iolra an Bhéarla a bheith san ainm. Ní feidir foirm bhunaidh in ***Na Caológa** ‘the riverside fields’ a chur as an áireamh go hiomlán áfach. Féach *The Cruacáwns* (lch 109) mar a bhfuil plé ar -s iolra an Bhéarla i logainmneacha de bhunús na Gaeilge.

BF: Rickardstown Lower / Baile Riocaird Íochtarach

LogainmID: 25122



Figiúr 56: Rickardstown Lower / Baile Riocaird Íochtarach agus Rickardstown Upper / Baile Riocaird Uachtarach.

Bonnléarscáil: 2016, ©Google.

Oak Well

‘the vat, tub?’

667175 705245

1. 1939-40

Oak Well

*An Dabhach

SO Cassini

2. 1938	The Oak Well	BNSC ⁴⁵⁵
3. 1937-8	The Dowack (Dabhac) well	BNS: 0780:173

The Dowack (Dabhac) well is very strange. It appears to have sprung up through a tree which was about 3 ft in diameter. The tree rotted and disappeared but there is still part of the outer rim of the trunk forming a casing for the inside of the well. There is no account of cures in connection with this well but it is a beautiful spring and it has never been known to go dry or even to cease flowing (BNS: 0780:173).

In Rickardstown about one mile from Kildangan there is a well called the Oak Well. It got it's name because it sprang up in an old oak tree (BNSC).

Maidir le *The Dowack (Dabhac) well* (foirm 3) thuas, ní thugtar aon seoladh dó, ach is cosúil ón gcur síos a dhéantar air in *BNS* gurb ionann é agus *The Oak Well* (foirm 2) in *BNSC*. Is cosúil gurb é an múinteoir a scríobh foirm 3 in imleabhar Bhailiúchán na Scol. D'fhéadfadh sé gur athshamhlú ar ainm de bhunadh na Gaeilge in *The Dabhach Well* (**dabhach** '1. Vat, tub.; 2. Deep water-hole; pool, pond; 3. Holy well, *FGB*) atá in *The Oak Well*. Ní mór a chur san áireamh chomh maith go bhféadfadh sé gur ainm de bhunadh an Bhéarla é seo, áfach, agus gur iarracht chruthaitheach ón múinteoir scoile bunús Gaeilge a thabhairt don ainm atá i bhfoirm 3.

BF: Rickardstown Upper / Baile Riocaird Uachtarach

Logainm:ID 25123

Knocknabreagh

*Cnoc na —?

'the hill of the —?'

667699 705918

1. 1816	Knocknabreagh	Longfield: Rickardstown
2. 1833	Knocknabreagh	Monasterevin Manor ⁴⁵⁶
3. 1833	Knocknabreagh	Monasterevin Manor ⁴⁵⁷
4. 1770–1840	Knocknabreagh	Longfield: Eskerhill
5. 1770–1840	Knocknabreagh	Longfield: Kildangan

An chuid is faide ó dheas de bhaile fearainn *Kildangan* a ghobann isteach in *Rickardstown Upper*. Tá cnoc íseal laisteas den aonad in *Rickardstown Upper*. **Cnoc** ('hill', *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo go cinnte. Réitíonn an eilimint deiridh in *-breagh* le **breagh** ar fhoirm mhalartach g.u. de **brí** ('brae, hill',

⁴⁵⁵ 779: Kildare Convent: Una Lennox: 'The Oak Well'

⁴⁵⁶ 'General Map'

⁴⁵⁷ 'Rickardstown' 19

FGB), ach tá ***Cnoc na Breagh** ‘the hill of the brae, hill’ athluaiteach mar ainm. Mínítear *Breagh*⁴⁵⁸ (BF) in Ard Mhacha mar ‘*Baile Breagh* “townland of raised ground”’⁴⁵⁹ Ní dócha gurb é **bréach** (**bréch** ‘expld. as wolf’, *DIL*) atá i gceist anseo: is ón 11ú haois ar aghaidh a d’éirigh an struchtúr **ainmfhocal + alt + ainmfhocal cáilithe** coitianta (Mac Gabhann, 2014: I, 13) ach is cosúil gur thit an t-ainmfhocal **bréach** as úsáid roimhe sin⁴⁶⁰. Díol suime go raibh capall rásaíochta ag ‘Mr D. More O’Ferrall’ den ainm *Knocknabreagh* in 1913 (*Irish Examiner*: 29/08/1913, 9⁴⁶¹). Ba le muntir More O’Ferall eastát Chill Daingin (*DIB*⁴⁶²).

Toberreendoney

‘well of the king of Sunday’

668196 705629

1. 1838	Toberreendoney	SO6”
2. 1896	Sunday’s Well	JCKAS, II, 2, 158 ⁴⁶³
3. 1897	Tobereendownagh ⁴⁶⁴	JCKAS, II, 4, 272 ⁴⁶⁵
4. 1937–8	Tobereendonaig	BNS 780, 172

Tobereendonaig (Tobar Rí an Domnaig) is just outside of the O’Farrell estate on the east side. It is situated in the district of Harristown. I have been told that the cures were effected at this well and one man Patrick Cahill (84yrs) told me his father has seen crutches etc hung up in the whitethorn over the well. But it appears that some 100 yrs ago labourers used come to Harristown for the harvesting. These harvesters were boys and girls. The story says that one season the weather was very warm and water was very scarce. The girls had some washing to do and as the other wells were dry, almost, they took the clothes to Tobar Rí An Domnaig to rinse them. From that on no cures were effected at the well and it fell into disuse and though the form of it is still there, and though the patch still has water, it is almost obliterated (BNS 780: 172).

***Tobar Rí an Domhnaigh** ‘well of the king of Sunday’ atá anseo gan amhras, ainm coitianta ar thoibreacha naofa in Éirinn.

⁴⁵⁸ LogainmID: 56433

⁴⁵⁹ <http://www.placenamesni.org/resultdetails.php?entry=11399>

⁴⁶⁰ Féach an nóta mínithe a ghabhann le *Ballinabrackey* / **Buaile na Bréachmhaí** ar logainm.ie: LogainmID: 133201

⁴⁶¹ ‘Bloodstock Sales’.

⁴⁶² ‘O’Ferrall, Roderic Charles Francis (‘Roddy’) More’

⁴⁶³ ‘Sunday’s Well [query]’

⁴⁶⁴ ‘the correct pronunciation as given by the natives’

⁴⁶⁵ ‘Archaeological Jottings’.

P: Kildangan / Cill Daingin

LogainmID: 1186



Figióir 57: Kildangan / Cill Daingin. Bonnleársaíl: 2016, ©Google.

BF: Kildangan / Cill Daingin

LogainmID: 24930

Inchamoor

666888 707775

1. 1770–1840 Inchamoor

*An Inse Mhór

Longfield: Salusky

Luaitear an áit seo sa chuid is faide ó thuaidh den bhaile fearainn. Níl aon oileán san áit, agus dá bharr sin is dócha gurb é an t-ainmfhocal **inse** ('inch, holm, water-meadow', *FGB*) atá sa chéad eilimint seachas **inse** ar fhoirm thabharthach é de **inis** ('island', *FGB*). Féach *Insenegrey* / ***Inse na Graí** (lch 79), mar a bhfuil plé ar an eilimint sin. Tá sruthán laistear den áit. Tá an chuma ar an scéal, mar sin, gurbh é ***An Inse Mhór** 'the big holm' bunfhoirm an ainm. Is cosúil go bhfuil fianaise san ainm seo ar fhuaimniú in [muər] nó [mu:r] ar **mór** na Gaeilge. Féach *Leighnamoor* / ***An Léana Mór** thuas (lch 265).

Salusky

*An Srath Loiscthe?

‘the burnt strath?’

667113 707497

- | | | | |
|----|-----------|---------|----------------------|
| 1. | 1817 | Salusky | Longfield: Clonegath |
| 2. | 1770–1840 | Salusky | Longfield: Salusky |

Aonad talún in oirthuaisceart an bhaile fearainn atá i gceist anseo. Níl teorainn na bhfocal go hiomlán soiléir san ainm, ach is é is dóichí ná go seasann *-lusky* do **loiscthe** (‘burnt’), aidiacht bhriathartha **loisc** (‘burn’, *FGB*). D’fhéadfadh sé gurb é **srath** (‘river valley, low-lying land along river, strath’, *FGB*) nó **sraith** (‘swath; spread, spreading-ground’ agus foirm mhalartach de **srath**, *FGB*) atá i gceist. Feictear sruthán in iardheisceart an aonaid a luaitear *Salusky* leis ar léarscáileanna nua-aimseartha na Suirbhéireachta. Feictear paiste de thalamh gláir (‘aluvium’, *EPA*) in oirthuaisceart an aonaid chomh maith. B’fhéidir gur cailleadh an consan **r** i gceachtar acu sin ainmfhocal **srath** nó **sraith**, forbairt atá le feiceáil i bhfoirmeacha stairiúla den ainm *Sranacrannaghy* / **Srath na Crannchai**⁴⁶⁶ (BF) i gContae Liatroma (1817 *Sanacranaghey, Larkin, Logainm.ie*; 2010 [ˌʃanˈkranəhi:] *Áit.*, *Logainm.ie*). D’fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***An Srath Loiscthe** nó ***An tSraith Loiscthe** ‘the burnt strath’ nó ‘the burnt swath’ ach tá bunús an ainm éiginnte. Faightear ainm den déanamh sin i gContae Cheatharlach: *Stralusky* / **An Srath Loiscthe**.

Toberteige Pond

*Tobar Thaidhg

‘Tadhg’s well’

667173 706872

- | | | | |
|----|------|-----------------|-------------------------|
| 1. | 1837 | Thubbertige | AL: Thos Skeeahan Agent |
| 2. | 1837 | Tobar Taidhg | AL:OD |
| 3. | 1837 | Timothy’s Well | AL:OD |
| 4. | 1837 | Toberteige Pond | SO 6” |

Lochán beag a léirítear i lár an bhaile fearainn ar SO 6”. Maireann sé mar ainm ar chlós de chuid Kildangan Stud. Tá sé soiléir gurb é ***Tobar Thaidhg** *‘Tadhg’s well’* bunfhoirm an ainm. Ní mhaireann aon traidisiún áitiúil gur tobar naofa atá anseo.

⁴⁶⁶ LogainmID: 29622.

P: Knavinstown / Baile Uí Chnáimhín

LogainmID: 1201



Figiúr 58: Paróiste agus baile fearainn Knavinstown / Baile Uí Chnáimhín. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

BF: Knavinstown / Baile Uí Chnáimhín

LogainmID: 25176

Ballylogwas

'the settlement of the hollow(s)?'

668098 715164

- | | | |
|----|------|--------------------|
| 1. | 1549 | Ballylogwas |
| 2. | 1562 | Ballylogas |
| 3. | 1788 | Ballylogas |
| 4. | 1788 | Bush of Ballylogas |
| 5. | 1848 | Ballylogas |
| 6. | 1859 | Ballylogars |

*Baile Loga?

- | |
|---|
| JCKAS: IX, 361 ⁴⁶⁷ |
| F 421 |
| Longfield: Knavenstown |
| Longfield: Knavenstown |
| Leinster Express 27/05/1848, 1 ⁴⁶⁸ |
| Freemans Journal 27/10/1859:1 ⁴⁶⁹ |

⁴⁶⁷ 'Exchequer Inquisition, Co. Kildare No. II Ed. VI in PRO'

⁴⁶⁸ 'In Chancery'

⁴⁶⁹ 'Landed Estates'

Léirítear *Bush of Ballylogas* i dtuaisceart an bhaile fearainn ar an teorainn le *Ellistown* i bparóiste Ráth Iomgháin ar léarscáil *Longfield: Knavenstown*. Tá an chuma ar an scéal gur **baile** atá sa chéad eilimint. Tá an pháirc a dtugtar *The Log* / ***An Log** uirthi sa lá atá inniu ann díreach in aice leis an áit a léirítear *Bush of Ballylogas* ar an léarscáil *Longfield: Knavenstown*. Dá réir sin, bheadh sé tarraingteach ceangal a dhéanamh idir an dá ainm, agus dara heilimint in **log** móide tríú heilimint a mholadh. Is deacair tacú leis an moladh sin ámh, agus níl aon sampla ann de logainm in ***Baile Log + ainmfhocal/aidacht** i gcorpas logainmneacha na hÉireann. Bíodh sin mar atá, más cruinn d'fhoirm 1 in *Ballylogwas*, d'fhéadfaí a mholadh gur ***Baile Log an Bháis** 'the settlement of the hollow of death' nó ***Baile Log an Mháis** 'the settlement of the hollow of the long low hill' bunús an ainm. Dar le Joyce, úsáidtear **más** 'Buttock; ham, thigh' (*FGB*) chun 'long low hill' a chur in iúl (1869: I 526). Is in iarthar na tíre is mó a fhaightear **más** i logainmneacha (Ó Maolfabhail, 1988: 22). B'fhéidir gur mó an seans, áfach, gur foirm mhalartach g.u. nó g.i. den ainmfhocal **log** in **loga** móide -s iolra an Bhéarla atá san eilimint deiridh. Is cosúil go bhfaightear an fhoirm sin in *Derrylugga* / **Doire Loga**⁴⁷⁰ i gCorcaigh agus is mar **Na Loga Dubha** 'The black hollows' a mhínigh Ó Muraíle (Meath Fieldnames Project, 2013: 14) an t-ainm páirce *Lugadoo* i gContae na Mí. Caolseans go bhféadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***Baile an Fholachais** 'the settlement of the concealment' (**folachas** 'Hiding, concealment; hiding-place', *FGB*) agus baint ag an ainm le baile fearainn *Concealment* laistiar. Ní léir an bhfuil foirm 6 in *-logars* deiridh iontaofa.

Kyllorance

'the church of St. Laurence'

667799 713854

1. 1562	Kyllorance	F 421
2. 1655	Killawrence	DS
3. 1638	Capella de Killorais Sancti Laurentij	Cillsheanchais CD, 31
4. 1788	the two Killawrences	Longfield: Knavenstown
5. 1848	the two Killawrences	Leinster Express 27/05/1848, 1

*Cill Labhráis

Deisceart an bhaile fearainn/an pharóiste bhig seo a bhí i gceist le *Kyllorance* de réir *DS*. Léiríonn foirm 3 thuas gur dócha gur **cill** atá san ainm seo. Is é **Labhrás** (*Laurence*), naomh ón Róimh a d'éag sa bhliain 258 A.D (Farmer, 2011) a luaitear san ainm is dócha. Tá gach cuma ar an scéal gur ***Cill Labhráis** 'the church of St. Laurence' bunfhoirm an ainm, mar sin. Faightear ainm an naoimh chéanna in *Kill Saint Lawrence* / **Cill San Labhráis**⁴⁷¹ i bPort Láirge agus *Inch Saint Lawrence* / **Inse**

⁴⁷⁰ LogainmID: 13331

⁴⁷¹ LogainmID: 50309

Shan Labhráis⁴⁷² i Luimneach. Is go fóramnamh a thiomnaítí eaglaisí do naoimh ón iasacht in Éirinn roimh an 12ú haois, de réir dealramh, (Smal, 1993: 24). D’fhéadfadh sé gur tagairt do Naomh Lorcán Ó Tuathail (1128-1180) Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, atá san ainm chomh maith, áfach. Duine de mhuintir Ó Muiredaigh, a roinn teorainn le hUí Failge ar an taobh thoir, ba ea é. Ghlac Ó Tuathail leis an ainm naofa *Laurentius* (**Labhrás**) agus is mar **Labhrás** a thagair Seathrún Céitinn dó sa 17ú haois (Ó Riain, 2011: 404).

Is é is dóichí ná go dtagraíonn foirmeacha 4 & 5 in ‘*the two..*’ do dhá fho-aonad ar leith. Luaitear fothrach eaglaise meánaoisí in BF *Lackagh More* laistear (SSN, KD022-019----) agus fothrach eaglaise eile sa bhaile fearainn seo, lastuaidh den cheantar a luaitear le *Kyllorance* in DS.

*Mullagh

‘*the eminence*’

668016 714567

- | | | | |
|----|------|-----------|--------|
| 1. | 2019 | 'mɔla | Áit. 1 |
| 2. | 2019 | 'mɔla hɪl | Áit. 1 |

Up in Fosset’s in Knavinstown there, there was a great big field called [d̪ə lʊg], above in Knavinstown. There’s about 30 acres in it and there’s a big field of corn in it not cut yet...Then on the opposite side of the road there’s a great big field there about 30 acres called ['mɔla], ['mɔla hɪl], it’s a terrible big field, a fine tillage field (Áit. 1).

Páirc 33.049 acra é seo ar SO 25” laistiar den bhóthar. Tá cnocán beag ina lár, agus is ón ngné sin a tháinig an t-ainm, is cosúil. Is é **mullach** (‘highest point, summit; elevated ground, height, eminence’, FGB) atá san ainm. ‘Elevated ground, height, eminence’ is mó a chuirfeadh síos ar an ngné sa pháirc áirithe seo.

Mullagh A Tidean

‘*the height, eminence of the gust (of wind)*’

- | | | | |
|----|------|---------------------|---|
| 1. | 1862 | The Moll Anthony[?] | Leinster Express 08/03/1862: 4 ⁴⁷³ |
| 2. | 1943 | MULLAGH A TIDEAN | JCKAS: OPN 1, 350 |
| 3. | 1945 | MULLAGH A' TIDEAN | JCKAS: OPN 2, 455 |
| 4. | 1945 | Ummera a tithe-awn | JCKAS: OPN 2, 455 |

...leaving Navinstown to the right and facing the Moll Anthony and the Red Hills of Kildare... (Leinster Express 08/03/1862: 4)

⁴⁷² LogainmID: 31339

⁴⁷³ ‘Kildare Hounds’

This is the name applied by the old people to the Red Hills of Kildare—at least that part of the ridge overlooking Knavinstown (JCKAS: OPN 1: 350).

I understand that this is an error for Ummera a tithe-awn. Ummera obviously represents iomaire a ridge and a' tithe-awn looks like a' tseideain, a squall or "fairy wind". Squally ridge. (JCKAS: OPN 2: 455).

Maidir le foirm 1, ba bhean leighis í Moll Anthony a luaitear le ceantar *Redhills* sa bhéaloidas i gCill Dara⁴⁷⁴. Is cosúil gur ainm ar ghné aiceanta éigin atá i gceist le *Moll Anthony* san fhoirm seo, áfach. Réiteodh an suíomh a luaitear san alt nuachtáin le *Mullagh A Tidean* atá faoi chaibidil, agus tá cosúlacht éigin idir an dá ainm ó thaobh foirme de. Ní féidir an dá ainm a cheangal lena chéile go cinnte, ach b'fhéidir gur mheasc scríbhneoir an ailt nuachtáin an dá ainm lena chéile.

Mullach ('highest point, summit; elevated ground, height, eminence', *FGB*) atá sa chéad eilimint *Mullagh*- . D'fhéadfadh **séideán** (g. u. **an tséideáin** 'gust (of wind)', *FGB*) nó **téadán** ('short rope; string, cord, line', *FGB*) a bheith sa dara heilimint. Faightear roinnt samplaí de **séideán** mar cháilitheoir ar aicmitheoirí a bhaineann le talamh ard i logainmneacha na hÉireann- *Ardatedaun* / **Ard an tSéideáin**⁴⁷⁵ i gCiarraí, *Crockatedane* / **Cnoc an tSéideáin**⁴⁷⁶ i nDún na nGall agus *Knockatedaun* / **Cnoc an tSéideáin**⁴⁷⁷ i bPort Láirge, cuir i gcás. Níl ach aon sampla amháin de **téadán** i *Logainm.ie Lackantedane* / **Leaca an Téadáin**⁴⁷⁸ i dTiobraid Árann. Is mó an seans gur **séideán** atá i gceist, mar sin. **Iomaire** ('ridge') atá mar chéad eilimint i bhfoirm 3. D'fhéadfadh sé gurb é ***Mullach an tséideáin** 'the height, eminence of the gust (of wind)' nó ***Iomaire an tséideáin** 'the ridge of the gust (of wind)' bunús an ainm, dá réir.

The Log

668460 714787

1. 2019 gə lʊg

*An Log

Áit.1

Féach an cur síos ar shuíomh na páirce seo faoi *Mullagh* thuas.

Tá log ar mhala an chnoic anseo a íslíonn i dtreo an bhóthair. Tá *Mullagh* ar an taobh eile den bhóthar agus tá mullach suntasach i lár na páirce sin. ***An Log** 'the hollow' bunús an ainm.

⁴⁷⁴ Feach *BNS* (0771,105), mar shampla.

⁴⁷⁵ LogainmID: 24637

⁴⁷⁶ LogainmID: 1395751

⁴⁷⁷ LogainmID: 1421417

⁴⁷⁸ LogainmID: 49016

P: Lackagh / An Leacach

LogainmID: 1202

BF: Cherryville

LogainmID: 25178

Killyballynos

‘the wood of the new settlement’

- | | | |
|---------|--------------------------------|---------------------|
| 1. 1749 | Killyballynos | Lodge Rolls, 264, 4 |
| 2. 1752 | Kilballenew | Noble & Keenan |
| 3. 1776 | Cherryville owise Killballinue | CGn. |

*Coill Bhaile Nua

Léirítear an áit seo thart ar *Cherryville* an lae inniu ar léarscáil *Noble & Keenan*, ach is deacair a suíomh beacht a dhéanamh amach. Ní mór glacadh leis gur **coill** (‘wood; forest’, *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo, in éagmais fianaise ar láthair eaglasta sa bhaile fearainn. **Baile Nua** ‘new settlement’ atá sa chuid eile den ainm, rud a fhágann gur dócha gurb é ***Coill Bhaile Nua** ‘the wood of the new settlement’. Tá roinnt samplaí den struchtúr **Coill Bhaile / Cill Bhaile + ainmfhocal/aidiacht c(h)áilithe** i logainmneacha na hÉireann: *Kilballyowen / Coill Bhaile Eoghain*⁴⁷⁹ i gCill Mhantáin, *Kyle / Cill Bhaile an Tallúnaigh*⁴⁸⁰ i gContae Laoise agus *Kilbrook / Coill Bhaile na nAiriún*⁴⁸¹ i mbarúntacht Ó Céithigh agus Uachtar Fhine i dtuaisceart Chill Dara.

BF: Clogheen / Cluain Chaoin

LogainmID: 25240

⁴⁷⁹ LogainmID: 55881

⁴⁸⁰ LogainmID: 27937

⁴⁸¹ LogainmID: 25321



Figiúr 59: BF: Clogheen / Cluain Chaoin. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Bealanasolloghe

'the mouth of the dirty ford'

1. 1100c in t-ath sin Ath Salach sean
/ risa n-abar Ath Cuitech /
Ropsad Ath Catach a ainm
2. 1602–3 Bealanasolloghe

*Béal an Átha Salaigh

FSÁG: I, 125 (MD)

F, 6786

...a ford named Bealanasolloghe which is mere to the river of Rahangan which is mere to Colsuckin and there joineth the river Barrowe (F: 6786)

Is cosúil gur thart ar an mbaile fearainn seo a bhí an t-áth a luaitear sna Fiantaí. Tá an chuma ar an scéal gurb é ***Béal an Átha Salaigh** 'the mouth of the dirty ford' bunús an ainm. Faightear an t-ainm céanna in *Bellanasally* / **Béal an Átha Salaigh**⁴⁸² i gContae Mhaigh Eo. Tuairimítear in *FSÁG* gur i gContae Chill Dara a bhí an áit a luaitear i bhfoirm 1. Mínítear an fhoirm eile den ainm *Ath Cuitech* mar '**Áth Cuideach** (*Ford of share/s*)' (*FSÁG*: I, 125).

⁴⁸² LogainmID: 37536

Derrymana

'the oak wood of the monks'

661928 715053

1.	1825	Derrymana	PR: Monasterevan 04203 / 07, 10
2.	1832	Derrymona	PR: Monasterevan 04203/07, 17
3.	1833	Derremana	PR: Monasterevan 04203/06, 86
4.	1896	Derrymanagh	JCKAS Darby, 152

Is é Walter Malone an t-athair a luaitear sa taifead baiste i bhfoirm 3 thuas. Bhí gabháltas ag fear den ainm céanna in iarthuaisceart an bhaile fearainn seo. Dar le Darby (*JCKAS Darby*: 152) gurb é an ceantar portaigh in oirthuaisceart an bhaile fearainn a shíneann thar roinnt bailte fearainn agus isteach i gContae Uíbh Fhailí a bhí i gceist.

Doire ('1. Oak-wood. 2. Wood, grove, thicket', *FGB*) atá sa chéad eilimint gan amhras. Tá de chosúlacht ar an scéal gur **manach** 'of the monks' (g. i. **manach** 'monk', *FGB*) atá sa dara heilimint. Ní féidir **móin** (g. u. **móna**, '1. turf, peat.; 2. bogland, moor', *FGB*) a chur as an áireamh i bhfianaise foirm 2, ach faightear *-mona* mar bhéarlú ar **manach** i bhfoirmeacha stairiúla logainmneacha chomh maith— *Ballynamanagh / Baile na Manach*⁴⁸³ (1836 *Ballynamona, Mr Mc.Cutchen Co. Cess Collector:AL, Logainm.ie*), i gContae an Longfoirt, cuir i gcás. I bhfianaise go bhfuil láthair eaglasta i ndeisceart an bhaile fearainn, agus go léiríonn foirmeacha 1, 3 agus 4 dara heilimint in *-mana(gh)*, moltar ***Doire Manach** 'the oak wood of the monks', mar fhoirm bhunaidh.

Gortenehone

'little field of the river'

661757 714361

1.	1705	Gortenehone	Map of Coolsickin
2.	1705	Gortenehone	Map of Coolsickin

Luaitear 93 acra agus 1 ród leis an aonad seo ar an léarscáil *Map of Coolsickin*, agus chuimsigh sé formhór baile fearainn *Clogheen* seachas an chuid is faide siar ó dheas de. Tá sé suite le hais an *Black River*.

Faightear *Gortene-* agus *Gortena-* mar bhéarlú ar **goirtín an/na** agus **gort na** i logainmneacha. Ós rud é gurb é *Pollagorteen / Pollach an Ghoirtín* an t-ainm atá ar an mbaile fearainn lastuaidh de *Clogheen*, is mó an seans gur **goirtín** ('little field', *FGB*) atá san ainm seo. D'fhéadfaí **na huamhan** g. u. **uamha**, foirm mhalartach de **uaimh** ('cave', *FGB*) a chur san áireamh don dara heilimint, ach i bhfianaise shuíomh cois abhann na háite, is mó an seans gur **na habhann** atá i gceist. D'fhágfadh sin

⁴⁸³ LogainmID 32734

***Goirtín na hAbhann** ‘little field of the river’ mar bhunfhoirm. Pléitear fuaimniú an fhocail **abhainn** i logainmneacha an cheantair seo in 4.1.17.

Yew Tree Grave Yard

661554 714147


1.	1838	Grave Yard	SO 6"
2.	1838	site of Church	SO 6"
3.	1886	Clogheen-na-monia	Comerford, II, 236
4.	1896	the Yew-tree Graveyard	JCKAS Darby, 152
5.	1908	Yew Tree Grave Yard	SO 25"
6.	2019	[he's buried in] ju:'tri:	Áit.1.

West of Laccagh, and north of Monasterevan, on the boundary of the King's County, and at the confluence of the Rathangan river (or Little Barrow), with the Barrow, is an old burial-ground called Yew Tree. This is marked on Ordnance Survey Map 21 W. Offaly as the site of a Church, of which no traces are now visible. The old name of the place was Clogheen-na-monia (writing it as pronounced.) This may have been Clogheen-na-Moimneach, "the stony place of the Munstermen"... (Comerford, II, 236).

Láthair luath eaglasta atá anseo de réir cosúlachta (SSN: KD021-001002-). Maidir le foirm 3 in *Clogheen-na-monia*, is é ainm an bhaile fearainn **Cluain Chaoín** atá in *Clogheen*. Is beag seans go raibh an ceart ag Comerford nuair a mhol sé *Moimneach* (**muimhneach**, ‘native of Munster’, *FGB*) don eilimint deiridh, ach is deacair a rá céard atá i gceist leis d’uireasa fianaise. D’fhéadfadh sé gurb é **móin** (g.u. **móna**, ‘1. turf, peat.; 2. bogland, moor’, *FGB*) atá i gceist agus gurb é ***Cluain Chaoín na Móna** a thug an fhoirm sin. Ní go rómhaith a réiteodh foirm bhéarlaithe in *-monia* le **manach** (‘monk’, *FGB*). Cibé bunús atá le *Clogheen-na-monia*, is é is dóichí ná gur ainm malartach ar an mbaile fearainn atá i gceist, seachas ainm na reilige féin. Ní léir aon fhianaise ar ainm Gaeilge ar an reilig.

BF: Concealment / An Ceilteán

LogainmID: 25180



Figiúr 60: BF: Concealment / An Ceilteán. Bonnlearscáil: 2016, ©Google.

The Léanas

'the wet meadow'

667355 715608

- | | | |
|----|------|-------------|
| 1. | 2019 | 'le:n'əz |
| 2. | 2019 | ɔə 'le:n'əz |

*An Léana

Áit.1

Áit.1

..there's two houses built on it and all and there's two in Ellistown and two in the Concealments. The rest of the Concealments is off in the bog, you couldn't build on it, this was good land....A great big pasture suppose about 60 acres. (Áit.1)

Ceantar ar an teorainn idir *Concealment* (BF) agus *Ellistown* (BF). Is é is dóichí gurb é **léana** 'Lowlying grassy place, water-meadow' (FGB); 'wet meadow' (DUP: 14) atá san ainm: ***An Léana** 'the wet meadow'. Bheadh réadú in **n** caol [n'] pas beag neamhghnách, ach faightear foirmeacha stairiúla in **léine** ar *Lenanaboll* / **Léana na bPoll**⁴⁸⁴ (1838: Léine na b-poll, 'wet meadow of the holes' AL:OD,

⁴⁸⁴ LogainmID: 36443

Logainm.ie.) i gContae Mhaigh Eo agus *Lenadoon* / **Léana Dúna**⁴⁸⁵ (1836: Leine Dúna 'meadow of the fort' *AL:OD, Logainm.ie*) i gContae Shligigh. Ní mór an fhoirm iolra ***Na Léanta** 'the wet meadows' a chur san áireamh freisin. Féach *The Cruacáwns* (lch 109) mar a bhfuil plé ar –s iolra an Bhéarla i logainmneacha de bhunús na Gaeilge.

BF: Coolsickin or Quinsborough / Cúil Soicín nó Baile Uí Chuinn

LogainmID: 25242



Figiúr 61: Coolsickin or Quinsborough / Cúil Soicín nó Baile Uí Chuinn. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

Dirrilower

'the oak wood of the lepers'

663153 714146

- | | | |
|---------|--------------------------|-------------------|
| 1. 1705 | Dirrilower | Map of Coolsickin |
| 2. 1705 | Dirrlower & Dirricorkern | Map of Coolsickin |

Tá an áit seo suite tamaill lastoir den Bhearú sa bhaile fearainn seo, ach de bharr go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar leagan amach na bpáirceanna agus na dteorainneacha ó dearadh léarscáil 1705, tá sé deacair an suíomh a dhéanamh amach go cruinn. Luaitear 139 acra, 0 ród agus 15 péirse

⁴⁸⁵ LogainmID: 44871

le *Dirrlower & Dirricorkern* ar an léarscáil. Is é **doire** ('1. oak-wood. 2. Wood, grove, thicket', *FGB*) atá sa chéad eilimint gan amhras. Is mó an seans gur foirm bhéarlaithe d'ainmfhocal Gaeilge atá sa dara heilimint *-lower*. Ní féidir *lower* an Bhéarla a chur as an áireamh ach an oiread, ach ní bheifí ag súil lena leithéid i ndlúth-chomhfhocal, mar a léirítear é ar an léarscáil. Seans, mar sin, gurb é an t-ainmfhocal **lobhar** ('1. Leper. 2. Lit: Weak, ailing, person; afflicted person', *FGB*) a thabharfadh ***Doire Lobhar** 'the oak wood of the lepers' nó ***Doire Lobhair** 'the oak wood of the leper' mar bhunleagan. Faightear an réadú céanna ar **lobhar** in *Ballylower* / **Baile an Lobhair**⁴⁸⁶ i gCeatharlach.

Dirricorkeran

'Corcrán's oak-wood'

663212 713697

- | | | | |
|----|------|--------------------------|-------------------|
| 1. | 1705 | Dirricorkeran | Map of Coolsickin |
| 2. | 1705 | Dirrlower & Dirricorkern | Map of Coolsickin |

Tá sé seo in iarthar an bhaile fearainn. Is é **doire** ('1. Oak-wood. 2. Wood, grove, thicket', *FGB*) atá sa chéad eilimint. Is cinnte gurb é atá sa dara heilimint ná an t-ainm pearsanta **Corcrán** ('Probably from *corcur* 'red, crimson, purple', *GPN*, 60) a liostaítear i nginealach Uí Dhíomasaigh (FitzGerald, 1905b: 410). ***Doire Chorcráin** 'Corcrán's oak-wood' bunfhoirm an ainm.

BF: Derrylea / Doire Léith

LogainmID: 25243

Bell Hole

661436 713974

- | | | | |
|----|---------|---------------|--------------------|
| 1. | 1886 | the Bell-hole | Comerford, II, 236 |
| 2. | 1939–40 | Bell Hole | SO Cassini |

Poll san abhainn *Black River*, craobh-abhainn den Bhearú. Tugtar cuntas ar an seanchas a bhaineann leis an áit agus le Bearnán Eimhín, a coinníodh ar an láthair eaglasta sa bhaile fearainn seo in *Comerford* (II, 236):

It appears from various authorities that the Bernan-Eimhin, or Bell of St. Evin, the patron saint of the O'Dempseys, was preserved in their territory, and was used by the tribe as a *Swearing Relic*. This would seem to have been the place where this sacred object was preserved. There is a spot in the adjoining river, called "the Bell-hole," and the local tradition has it that a holy bell had been kept at this Church, and people used to swear upon it, but


⁴⁸⁶ LogainmID: 3139

that a person having sworn falsely upon it on a certain occasion, the bell, of its own accord, rolled down to the river and dropped into it, and remains there to the present time.

Tuairimíonn Ní Chatháin (2015: 253) gurb é a bhí i gceist le **bearnán** ná clog a bhí briste nó a raibh a theanga caillte.

BF: Lackaghbog / Móin an Leacaigh

LogainmID: 25185



Figiúr 62: Lackaghbog / Móin an Leacaigh. Bonnleárcáil: 2016, ©Google.

Móinín

666542 714468

1. 2019 'mo:n'i:n'
2. 2019 'mo:n'i:n'bag

*Móinín

- Áit. 1
- Áit. 1

My mother's name was [], came from a place called ['mo:n'i:n'], ['mo:n'i:n'] bog... off down in the bog in a place called Shindala (Áit.1).

Tagraíonn an t-ainm seo do cheantar portaigh thart ar bhailte fearainn Mountrice Bog agus Lackagh Bog. Is é atá san ainm seo ná leagan díspeagtha den ainmfhocal **móin** ('1. turf, peat.; 2. bogland,

moor': *DIL*) **Móinín** ('small bogland': *Logainm.ie*; 'Grassy patch (in bog)' *FGB*). Díol spéise is ea an réadú ar **n** caol san fhuaimniú áitiúil.

***Soomee Well**

1. 2019 su: 'mi:(ə)

***An Súmaire**

Áit.1

Down in Shindala, there's a well called the [su: 'mi:] well, St Brigid used to get a drink in it when she was going to say her prayers over in the little place over in Knocknagalliagh. I saw it about 15 years ago, and me cousin got it all planted after. It was a bog, we cut turf in it when we were kids, down in the bog. St Brigid came from a place there the far side of Mountrice, a place called Mullaghroe. (Áit.1).

Ní léir suíomh beacht an tobair seo, nó an ann dó a thuilleadh.

Is cosúil gurb é an t-ainmfhocal **súmaire** ('Swallow-hole; slough, quagmire', *FGB*) atá taobh thiar den fhoirm áitiúil seo. Léiríonn foirmeacha stairiúla den mhionainm *Sumara* (Ich 297) i bparóiste Mhainistir Eimhín in *Soomia* agus *Sumia* gur guthaíodh **r** caol [r'] na Gaeilge san ainm sin, agus is dócha gurb í an fhorbairt chéanna atá le sonrú san ainm áirithe seo. Ní mór **súimín** ('sip, sup', *FGB*) a chur sa mheá chomh maith, áfach, agus an **n** deiridh caillte. Is cosúil gurb é **súmaire** atá taobh thiar den mhionainm *Somary Well* in *Rahinashane and Spittaltown* (BF) san Iarmhí (Ó Máille, 1954: 46).

BF: Lackagh More / An Leacach Mór



Figiúr 63: Lackagh More / An Leacach Mór . Bonnleársaí: 2016, ©Google.

The Buggawns

'the boggy place'

667351 711752

1.	1890	Buggawns	Leinster Leader 26/04/1890: 1 ⁴⁸⁷
2.	1927	The Buggawns	Leinster Leader 01/10/1927: 10 ⁴⁸⁸
3.	2019	ḡə 'bʊɡə:nz	Áit.1
4.	2019	ḡə 'bʊɡə:nz	Áit.2
5.	2019	ḡə 'bʊɡə:nz	Áit. 3.

*An Bogán

Ceantar portaigh ('cutover peat', *EPA*) ar dhá thaobh an R445 idir Baile Chill Dara agus Mainistir Eimhín. Síneann sé thar roinnt bailte fearainn agus paróistí dlí, An Leacach, Dún Éanna, agus Mainistir Eimhín san áireamh. B'fhéidir gur mó an seans gurb é ***An Bogán** 'the boggy place' a bhí san ainm seo ó cheart, agus gur forbairt a tharla sa Bhéarla is cúis leis na foirmeacha iolra thuas. I gcás an mhionainm *The Boggawn* / ***An Bogán** (lch 204) i bparóiste Bhaile Pholaird, léiríonn an

⁴⁸⁷ 'Grazing'

⁴⁸⁸ 'Sales by Owen Boland'

fhoirm stairiúil ó 1810 gur dóichí gur san uatha a bhí an t-ainm bunaidh, cé gur san uimhir iolra a bhí an fhoirm áitiúil a bailíodh in 2019. Ní féidir ***Na Bogáin** ‘the boggy places’ a chur as an áireamh go hiomlán anseo, áfach. Féach *The Cruacáwns* (lch 109) mar a bhfuil plé ar –s iolra an Bhéarla i logainmneacha de bhunús na Gaeilge.

Suíomh Éiginnte

Aghemore

‘the big field’

1.	1570	Aghemore	F 1509
2.	1570	Aghmore	F 1655
3.	1576	Aghamoore	Griffith Inq. Eliz 87 194, lch 226
4.	1576	Aghamore	Griffith Inq. Eliz 87 194, lch 226 ⁴⁸⁹
5.	1617	Aghamoore	Inq. Lag. JI 12 (King’s Co.)
6.	1617	Aghamoore	Inq. Lag. JI 12 (King’s Co.), JCKAS ⁴⁹⁰

Aghamoore 26 acres arable, 9 acres pasture, 3 acres of more (Inq. Lag.: JI 12).

***An tAchadh Mór** ‘the big field’ atá anseo is cosúil. Is mar [o:] a fuaimníodh an carn gutaí -oo- sa Bhéarla roimh athrú mór na ngutaí, athrú teangeolaíoch a tharla sa teanga sin idir 1400 agus 1700 AD (Algeo & Pyles, 2010: 144). Dá réir sin, tá na tagairtí thuas in -moore deiridh pas beag róluath le go bhféadfaí glacadh leo mar fhianaise dheimhnitheach ar fhuaimniú in [muər] nó [mu:r] ar **mór** na Gaeilge.

Ballecoylle

‘the settlement of the wood’

1.	1570	Ballecoylle	F 1509
2.	1570	Ballecoille	F 1655
3.	1617	Ballycoole	Inq. Lag. JI 12 (King’s Co.)
4.	1617	Ballycoole	Inq. Lag. JI 12 (King’s Co.), JCKAS
5.	1638	Ballykilly	Inq. Lag. CI 73

*Baile na Coille

⁴⁸⁹ In *Griffith Inq.*, léirítear leagan ar leith den ionchoisne Eliz 87 194 ina bhfuil litriú na n-ainmneacha beagán éagsúil: TCD MS F.4.25, p 23.

⁴⁹⁰ Tá leagan den ionchoisne i gcló in FitzGerald, W. (1905b) ‘The O’Dempseys of Clanmalier, and Appendix to the papers on the history and antiquities of the Barony of Portnahinch’, *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, IV(6), pp. 396–453. Tá éagsúlacht idir na foirmeacha san alt sin agus *Inq. Lag.* féin.

Shraghfekill, Ballycoole & Ballyknock 6 messuages, 40 acres arrable & 12 acres pasture & more (Inq. Lag. JI 12 (King's Co.)).

Is cosúil gur ***Baile na Coille** – ‘the settlement of the wood’ atá anseo. An-seans gur earráid chóipeála faoi deara foirmeacha 3 agus 4, a thabharfadh **cúl** ‘(back’, *FGB*) nó **cúil** ‘(corner, nook’, *FGB*) mar eilimint deiridh.

Ballenecloghe

‘the settlement of the stone (structure)’

1.	1570	Ballenecloghe	F 1509
2.	1570	Balleneclogh	F 1655
3.	1576	Ballyneclohie	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226
4.	1576	Ballyincloghy	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226 TCD
5.	1617	Ballyneclogh	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.)
6.	1617	Ballynaclogh	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.), JCKAS

Ballynaclogh 2 cottages 16 acres arrable & 10 acres pasture (Inq. Lag.: JI 12 (King's Co.)).

Thabharfadh foirmeacha 3 agus 4 thuas le fios gur ***Baile na Cloiche** ‘the settlement of the stone (structure)’ atá san ainm seo, seachas ***Baile na gCloch** ‘the settlement of the stones’. ‘The town of the stone (structure)’ an míniú a thugtar ar *Ballinaclogh (Lower & Upper / Baile na Cloiche (Íochtarach & Uachtarach))*⁴⁹¹ i gContae Laoise. Is minic an bhrí ‘stone castle’ le *cloch* (*IPN*: 55), agus b’fhéidir gur ag tagairt don chaisleán (*SSN*, KD022-016----) in *BF Lackagh More / An Leacach Mór* atá an t-ainm.

Crancore

‘the odd tree?’

1.	1570	Crancore	F 1509
2.	1570	Cancore	F 1655
3.	1576	Crancore	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226
4.	1576	Crankowe	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226 TCD
5.	1617	Cancere	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.)
6.	1617	Cancore	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.) ex JCKAS

Kilmure & Cancere 18 acres arrable 8 acres pasture & 4 acres of more (Inq. Lag.: JI 12 (King's Co.)).

⁴⁹¹ LogainmID: 55014 & 28107

Feictear *cran*- i bhfoirmeacha béarlaithe logainmneacha mar réadú aonsiollach ar an bhfocal **corrán** (hook, sickle, *FGB*) go minic i gCúige Laighean, *Crawnglass* / **An Corrán Glas**⁴⁹² sa bharúntacht seo, cuir i gcás. Tá an fhorbairt sin an-choitianta i logainmneacha Loch Garman, ach níl ach aon sampla amháin de réadú aonsiollach ar **corrán** sa chontae sin chomh luath leis an 16ú haois: *Whitewell* / **Corrán na Cruithneachta**⁴⁹³ (1594: *Cronecroniaghte*, F, 5862, *Logainm.ie*). Seans go bhfuil na tagairtí ó 1570 pas beag róluath go bhféadfadh fianaise ar **corrán** a bheith sa chéad eilimint iontu dá réir sin. Feictear **crann** ('tree', *FGB*) mar bhuneilimint i roinnt logainmneacha sa tír, *Crancreagh* / **An Crann Criothach**⁴⁹⁴ i gContae Uíbh Fhailí agus *Cranmore* / **An Crann Mór**⁴⁹⁵ i Maigh Eo, mar shampla. Ní mór **ceann** ('head' *FGB*) a chur san áireamh i bhfianaise foirmeacha 2, 5 agus 6 chomh maith. Maidir leis an eilimint deiridh, faightear foirm in *-ore* deiridh den logainm *Grangecoor* / **Gráinseach Chuair** (1567: *Grange Ore*; F, 1131, *Logainm.ie*). An-seans gurb é **cuair** (1. curve. 2. Hoop, circle; 1. Curved, *FGB*) atá in eilimint deiridh an ainm seo faoi chaibidil, mar sin. D'fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***An Crann Cuair** 'the tree of the curve' nó an ***An Crann Cuar** 'the curved tree'. Tá a leithéid sin de struchtúr le feiceáil in *Skecoor* / **Sceach Chuar** i nGaillimh. Ní mór ***(An) Ceann Cuair** 'the head of the curve' agus ***An Ceann Cuar** 'the curved head' a chur san áireamh chomh maith. B'fhéidir gurbh fhearr a réiteodh na foirmeacha stairiúla le **corr** 'odd' (*FGB*), áfach: ***An Crann Corr** 'the odd tree' nó ***An Ceann Corr** 'the odd head'. Is mar 'odd castle' a mhínigh Ó Donnabháin *Castlecore* / **An Caisleán Corr**⁴⁹⁶ sa Longfort.

Culliagh

'the old, venerable wooded place?'

- | | |
|---------|-------------|
| 1. 1576 | Culliaghe |
| 2. 1576 | Calliaghsry |

*Coilleach Sruith?

- | |
|---------------------------------------|
| Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226 |
| Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226 TCD |

Coilleach 'wooded place'⁴⁹⁷ atá sa chéad eilimint de réir gach dealraimh. Maidir leis an dara heilimint atá le sonrú i bhfoirm 2, D'fhéadfadh sé gurb é **sruith** 'old, venerable' (*FGB*) atá i gceist. Is cosúil gurb é an aidiacht seo atá in dhá logainm den struchtúr *Drumsru* / **Droim Sruith**⁴⁹⁸ i mbarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Chonnala. I gcás an dá logainm sin, cuireann formhór na fianaise stairiúla fuaimniú in [fri:] deiridh in iúl. Is cosúil gurbh é ***Coilleach Sruith** 'the old, venerable wooded place' bunfhoirm an ainm seo, ach tá éiginnteacht ag baint leis sin.

⁴⁹² LogainmID: 24951

⁴⁹³ LogainmID: 52805

⁴⁹⁴ LogainmID: 41573

⁴⁹⁵ LogainmID: 36541

⁴⁹⁶ LogainmID: 32520

⁴⁹⁷ Féach *Shancullygh* / ***An Seanchuilleach**, paróiste Ráth Iomgháin (Ich 236).

⁴⁹⁸ LogainmID: 25915; 25532

The Cranavauns

1. 1865 the Cranavauns
2. 1866 the Cranavons
3. 1870 Cranavoun
4. 1881 The Cronavanns

*An Crunnmhóin

- Leinster Express 04/11/1865: 5⁴⁹⁹
The Irish Times 22/03/1866: 3⁵⁰⁰
Leinster Express 05/02/1870: 5⁵⁰¹
Kildare Observer 19/2/1881: 5

These Harriers met at Cherryfield on Friday. Found immediately at Rathwalkeen, and Facing for Kildare, before reaching which point the game turned right through Kyle, crossing the Limerick road, thence over the G.S. & W. Railway into Mooretown pointing for Oghill turning to the right through Mr Neville's farm crossing the Carlow Railway into Mr Plunkett's land to Lackagh. Here a check occurred. Whilst a cast was being made a hare jumped up. The hounds raced her to and over the Cranavoun boundary. Some over, not a few in; whilst others skirt it. Through Navanstown towards Mynagh, crossing the road over the hill... (Leinster Express: 05/02/1870: 5)

The following Monday met at Lackagh. Found at the back of the Glebe Land, running through the Cranavauns, Navanstown, Lackagh, Cherryfield, crossing the Monasterevin road, towards Mooretown... (Leinster Express: 04/11/1865: 5).

...through Rathwalkeen, the Burrow, over the Navanstown road, through Wilson's farm into the Cranavons, and ran into the drag near Lackagh Church' (The Irish Times: 22/03/1866: 3)

Bunaithe ar an gcur síos ar an tseilg sna sleachta nuachtáin thuas, is cosúil gur i mbaile fearainn *Lackagh Beg* a bhí an áit seo, ach is deacair a suíomh a dheimhniú.

Is cosúil gurb ionann an t-ainm seo agus an t-ainm atá ar dhá bhaile fearainn i dTiobraid Árann: *Crannavone / Crunnmhóin*⁵⁰² agus *Crannavone / Crunnmhóin*⁵⁰³. Tugann an Brainse Logainmneacha 'round bogland?' (**cruinn** + **móin**) nó 'wood, tree bogland?' (**cruinn**, leagan tabharthach de **crann** + **móin**) mar fhéidearthachtaí maidir le bunús *Crannavone / Crunnmhóin*. I bhfianaise fhoirm 3 thuas, moltar ***An Crunnmhóin** anseo, ach ní féidir foirm iolra in ***Na Crunnmhóinte** a chur as an áireamh go hiomlán. Féach *The Cruacáwns* (lch 109) mar a bhfuil plé ar —s iolra an Bhéarla i logainmneacha de bhunús na Gaeilge. Tá ceantair phortaigh i ndeisceart an pharóiste seo thart ar *Lackagh More*.

⁴⁹⁹ 'Kildare Harriers'

⁵⁰⁰ 'Sporting Intelligence: The Kildare And Queen's County Harrier's'

⁵⁰¹ 'Kildare Harriers'

⁵⁰² LogainmID: 47025

⁵⁰³ LogainmID: 48152

Gortynfyne

'Fionn's small field'

1.	1570	Gortynfyne	F 1509
2.	1570	Gortynfin	F 1655
3.	1617	Gortenfin	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.)
4.	1617	Gortinfin	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.) ex JCKAS

Ballekelly [Ballykelly (BF)], *Clondorre* [Clondown (BF)], *Gortynfyne*, *Sraghmahon*, *Culsnekyne* [Coolsickin or Quinsborough (BF)]' (F, 1655).

Ballikelle, *Clondo & Gortenfin* containing one ruinous castle, 8 messuages, 1 water mill, 25 acres arable, acres pasture, 7 acres underwood & 4 acres of more (Inq. Lag.: JI 12 (King's Co.)).

Is é **Goirtín**, foirm dhíspeagtha den ainmfhocal **gort** ('field', FGB), atá sa chéad eilimint den ainm seo. Is cosúil gurb é **fionn** atá sa dara heilimint. Ní léir, áfach, cé acu an aidiacht ('white; bright, clear', FGB) ***An Goirtín Fionn** 'the white small field' nó an t-ainm pearsanta **Fionn**: ***Goirtín Fhinn** 'Fionn's small field' atá ann. Féach gurb é **Tóchar Fhinn** an leagan Gaeilge atá molta ag an mBrainse Logainmneacha do *Toghereen* sa pharóiste seo. Níl aon fhianaise ar **F** radacach an ainm phearsanta in ainm an bhaile fearainn sin, áfach, agus tá amhras éigin faoi fhoirm mholta an Bhraínse Logainmneacha dá bharr. Roinneann *Toghereen* teorainn le *Clondown*, agus luaitear *Gortynfyne* go díreach i ndiaidh *Clondown* sa tsraith ainmneacha in F (1509), rud a thabharfadh le fios go raibh sé suite thart ar an áit sin. Seans, mar sin, gurb é an cáilitheoir céanna atá san ainm seo agus *Toghereen*, is é sin an t-ainm pearsanta **Fionn**. Faightear samplaí den ainm pearsanta sin i measc mhuintir Uí Dhíomasaigh Chlann Mhaoilíora, taoisigh stairiúla an cheantair seo (FitzGerald, 1905b: 402).

Keppagh krevyn

'the tillage plot of the Branchlet, twig; shrub'

1.	1570	Keppagh krevyn	F 1509
2.	1570	Keppaghkrevyn	F 1655
3.	1617	Cappagh	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.)
4.	1617	Cappoughkrevyn (or Kepaghekrewene)	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.) ex JCKAS

Cappoughkrevyn (or *Kepaghekrewene*), 8 acres (Inq. Lag.: JI 12 (King's Co.) ex JCKAS).

Luaitear é seo in aice le *Clogheen* (BF) atá in iarthar an pharóiste ar an teorainn le Contae Uíbh Fhailí. Seans gur thart ar an mbaile fearainn sin a bhí sé, mar sin.

*Goirtín Fhinn

*Ceapach an Chraoibhín

Is é **ceapach** ('tillage plot', *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo cinnte. D'fhéadfadh an sloinne **Ó Cnáimhín** 'descendant of Cnáimhín' (*SGG*: 468) a bheith sa dara heilimint. Tá an sloinne céanna le sonrú san ainm paróiste agus baile fearainn *Knarinstown* lastoir den pharóiste seo. Tá fianaise ar dhíshrónaíl ar **cn-** san ainm sin san fhoirm *Ballykraven* (1660c *BSD (CD)*, *Logainm.ie*). Feictear samplaí den díshrónaíl i logainmneacha ón 16ú haois, mar a léiríonn *Crokwrre* (*F*: 211, *Logainm.ie*) ar foirm é den logainm *Knockarigg* / **Cnoc Comhraic**⁵⁰⁴ i gCill Mhantáin. D'fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar ***Ceapach Uí Cnáimhín 'Ó Cnáimhín's** tillage plot', mar sin. I bhfianaise gur dócha go bhfuil suíomh na háite seo píosa maith laistiar de *Knarinstown*, áfach, is mó an seans gur **craoibhín** ('branchlet, twig; shrub', *FGB*) atá i gceist. Faightear **craoibhín** mar bhuneilimint san ainm *Creeveen* / **Craoibhín**⁵⁰⁵ i gCiarraí agus mar cháilitheoir in *Derrycreeveen* / **Doire Craoibhín**⁵⁰⁶ i gCorcaigh. Thabharfadh sin ainm in ***Ceapach an Chraoibhín** 'the tillage plot of the Branchlet, twig; shrub'. Díol spéise an réadú béarlaithe -w- ar **bh/mh** na Gaeilge i bhfoirm 4.

Knockan bregagh

'the false hillock'

- | | | |
|---------|-------------------|---------------------------------------|
| 1. 1570 | Knockan bregagh | F 1509 |
| 2. 1617 | Knockanebreagagh | Inq. Lag. JI 12 (King's Co.) |
| 3. 1617 | Knockanebreaghagh | Inq. Lag. JI 12 (King's Co.) ex JCKAS |

Knockanebreagagh 5 acres arable (Inq. Lag.: JI 12 (King's Co.)).

Cnocán 'hillock' (*FGB*) atá sa chéad eilimint anseo, ach ní léir cén cnocán atá i gceist. Léiríonn na línte comhairde ar *SO Geohive* talamh ard i mbailte fearainn *Mountrice*, *Ballykelly*, *Clondown*, *Shindala* agus *Umeras More* agus ní fhéadfaí a rá le cinnteacht cé acu gné a luaitear san ainm. Is é **bréagach** 'lying, false' (*FGB*) atá sa dara heilimint. Luann Joyce (1869, II: 437) dhá shruthán den ainm **An Bhréagach** i gCill Chainnigh⁵⁰⁷ agus i dTiobraid Árann⁵⁰⁸ agus deir sé an méid seo ina dtaobh:

They probably received their names from flowing through treacherous marshes; and the little river Dinin [in Carlow] used often to be called Breagagh on account of its destructive floods.

Ní dócha go mbeadh an chiall chéanna sin feiliúnach d'ainm cnoic, áfach. Féach go mínítear **Ard Macha Bréige** (I, 92) agus **Dairbhre Bréige** (VII, 11) mar 'false Ard Macha' agus 'false place of oaks' in

⁵⁰⁴ LogainmID: 54973

⁵⁰⁵ LogainmID: 22329

⁵⁰⁶ LogainmID: 8702

⁵⁰⁷ LogainmID: 116566

⁵⁰⁸ LogainmID: 116103

FSÁG. Is léir gurb é ***An Cnocán Bréagach** ‘the false hillock’ bunfhoirm an ainm seo, ach ní léir cén comhthéacs atá i gceist le **bréagach** san ainm.

Kylcorkre

1. 1570 Kylcorkre
2. 1570 Kilcorcre
3. 1576 Kilcorkor
4. 1617 Kilcorkie
5. 1617 Kilcorker

*Cill Chorcra?

- F 1509
- F 1655
- Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226
- Inq. Lag. JI 12 (King’s Co.)
- Inq. Lag. JI 12 (King’s Co.) ex JCKAS

Kilcorkie & Raymelett 24 acres arrable, 6 acre pasture & 3 acres of more (Inq. Lag.: JI 12 (King’s Co.)).

An-seans gurb ionann an dara heilimint sa logainm seo agus an ceann sa bhaile fearainn *Tobercocka* / **Tobar Corcra** (1752: *Tubber Corker; Noble & Keenan Co. Map, Logainm.ie*) sa pharóiste céanna. Is cosúil gurb é atá san eilimint sin **Corcra** g.u. an ainm phearsanta bhaininn **Corcair** ‘derived from *Corcc*. This name was borne by a number of aristocratic Munster ladies in the early middle ages’ (GPN: 59). Is cosúil go raibh **corcair** agus **corcrán** deiridh coitianta i logainmneacha sa cheantar seo thart ar Mhainistir Eimhín agus laistiar de Bhaile Chill Dara. An-seans go bhfuil gaol idir an logainm seo agus *Killcorcran* / ***Coill Chorcraín** (Ich 176) i mbaile fearainn *Loughminane*, i bparóiste Chill Dara a bhfaightear foirmeacha in *Kilcorkery* dó. Faightear an eilimint chéanna in *Dirricorkeran* / ***Doire Chorcraín** (Ich 282) in *Clogheen* sa pharóiste seo chomh maith. Bhí FitzGerald (1919: 258) den tuairim gur tobar naofa a bhí in *Tobercocka*:

Though not now resorted to for cures, this is a blessed well which is said to have shifted its position from the other side of the road on being desecrated by a woman washing clothes in it.

An-seans, mar sin, gur ainm naoimh atá in **Corcair** san ainm seo. Dá bharr sin, d’fhéadfadh sé gur **cill** seachas **coill** atá sa chéad eilimint, ach ní féidir **coill** a chur as an áireamh go hiomlán. D’fhéadfaí an t-ainm a mhíniú mar **Cill Chorcra** ‘St. **Corcair**’s church’ nó ***Coill Chorcra** ‘**Corcair**’s wood’. Luaitear naomh den ainm Corcair ar dheirfiúr le Scíre ó Chill Scíre sa Mhí í in *Corpus Genealogiarum Sanctorum Hiberniae* (Ó Riain, 1985: 87). Ní léir cén láthair eaglasta a bheadh i gceist, áfach. Tá eaglais i mbaile fearainn *Lackagh More*.

Kyllyntuyme

‘little elder-wood’

1. 1570 Kyllyntuyme
2. 1570 Killintruyme
3. 1576 Kellin, Truim

*Coillín Troim

- F 1509
- F 1655
- Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226

4. 1576	Kellintrain	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226 TCD
5. 1617	Killentryne	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.)
6. 1617	Kilentryme	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.) ex JCKAS

Killentryne 8 acres arable & 10 acres pasture & wood (Inq. Lag.: JI 12 (King's Co.)).

D'fhéadfadh sé gur **coillín** ar fhoirm dhíspeagtha é de **coill** ('wood; forest', *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo ach ní mór **coill na...** agus **coill an...** 'the wood of...' a chur san áireamh chomh maith. Ní féidir a bheith cinnte den dara heilimint toisc na míréireachtaí san fhianaise stairiúil i dtaca leis an gconsan deiridh. D'fhéadfadh **trom**, g.u. **troim** ('elder', *FGB*) nó foirm thabharthach den aidiacht **trom** (sa chiall 'dense, thick', *FGB*) a bheith i gceist, b'fhéidir. Thabharfadh siad seo foirmeacha in ***Coillín Troim** 'little elder-wood', ***Coill an Troim** 'the wood of the elder' nó ***An Coillín Troim** 'the dense, thick little wood'. As na roghanna sin is mó an dealramh atá le ***Coillín Troim**. Tá **trom** coitianta mar cháilitheoir i logainmneacha na hÉireann, féach *Anatrim* / **Eanach Troim** – 'marsh of (the) elder-tree'⁵⁰⁹ i gContae Laoise agus *Monatrim (Upper & Lower)* / **Muine Troim (Uachtarach & Íochtarach)**⁵¹⁰ – 'thicket of elder' i gContae Phort Láirge, mar shampla. Maidir leis na foirmeacha le consan deiridh in *n(e)*, d'fhéadfadh **tréin** g. u. **Tréan** 'strong man; warrior, champion', (*FGB*) a bheith i gceist agus dá thoradh sin, d'fhéadfaí bunfhoirm in ***Coill an Tréin** 'the wood of the strong man' nó ***Coillín Tréin** 'little wood of the strong man' a mholadh mar bhunfhoirm. Seans maith gur foirmeacha earráideacha iad foirmeacha 2, 4 agus 5, áfach.

Kylmurre

1. 1570	Kylmurre	F 1509
2. 1576	Kilmorye	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226
3. 1576	Kilmory	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226 TCD
4. 1570	Kylmurre	F 1655
5. 1617	Kilmure	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.)
6. 1617	Killmore (or Kylmurre)	Inq. Lag. JI 12 (King's Co.) ex JCKAS

Kilmure & Cancere 18 acres arable 8 acres pasture & 4 acres of more (Inq. Lag.: JI 12 (King's Co.)).

Ní léir cé acu **cill** ('church', *FGB*) nó **coill** ('wood, forest', *FGB*) atá i gcéad eilimint an ainm seo. I dtaca leis an dara heilimint, is cosúil gur ainm pearsanta atá ann. Faightear *murre*, *morye* agus *mory* mar bhéarlú ar **Muire** (*Mary*, *GPN*, 133) agus **Muiríoch** (g.u. **Muirígh** 'perhaps from muiredach "a lord, a master"', *GPN*, 141) araon, agus d'fhéadfadh ceachtar acu a bheith sa dara heilimint anseo. Más

⁵⁰⁹ LogainmID: 28438

⁵¹⁰ LogainmID: 50210

Muire atá ann, bheadh níos mó dealramh le **cill** mar chéadeilimint. Tá **Cill Mhuire** ‘the church of **Muire**’ an-choitianta mar logainm ar fud na tíre.

Kyltumulte

‘Tomaltach’s wood’

1. 1570	Kyltumulte	F 1509
2. 1570	Kiltumulte	F 1655
3. 1576	Keyllomollo	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 227 TCD
4. 1576	Kyltumulto	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226
5. 1617	Kiltomult	Inq. Lag. JI 12 (King’s Co.)

Sraghmillagreo & Kiltomult containing 12 acres arable, 8 acres pasture & woode & 6 acres moore (Inq. Lag. JI 12).

Tacaíonn formhór na bhfoirmeacha stairiúla den logainm seo le bunfhoirm in ***Coill Tomaltaigh** ‘the wood of **Tomaltach**’ (‘This name was particularly favoured by the Connachtmen in the middle ages’, *GPN*, 171). Luaitear duine den ainm **Tomaltach** go sonrach leis an bparóiste seo i nginealach ‘Clann Óengusa Berraidi Húi Berraidi ó Leccuch [An Leacach]’ (*CGH*: 59). Tá de chosúlacht ar an scéal go bhfuil foirm 3 thuas earráideach. Ní féidir na sloinnte **Mac Tomaltaigh** (‘son of Tomaltach’, *SGG*: 411) nó **Ó Tomaltaigh** (‘Descendant of Tomaltach (large, bulky), a rare South Leinster surname’, *SGG*, 463) a chur as an áireamh go huile is go hiomlán ach an oiread.

Rameylote

‘Míolóid’s rath’

1. 1570	Rameylote	F 1509
2. 1570	Rameylote	F 1655
3. 1576	Rathemilode	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226
4. 1576	Rathmilode	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 227 TCD
5. 1617	Raymelett	Inq. Lag. JI 12 (King’s Co.)
6. 1617	Raymelett	Inq. Lag. JI 12 (King’s Co.) ex JCKAS

Kilcorkie & Raymelett 24 acres arrable, 6 acre pasture & 3 acres of more (Inq. Lag.: JI 12 (King’s Co.)).

***Ráth Mhíolóid** ‘**Míolóid**’s rath’ bunfhoirm an ainm seo de réir cosúlachta. Maireann taifead ar dhá imfhálú i mbaile fearainn *Mullaghroe Upper* (KD021-004---- agus KD021-013----) agus ar cheann in *Mountrice* (KD021-012----). D’fhéadfadh ceann ar bith acu sin a bheith i gceist san ainm.

Feictear an t-ainm pearsanta Angla-Normannach seo in *Ballyvalode* / **Baile Mhealóid**⁵¹¹ ‘the town of Mealóid (**Mealóid**—ainm pearsanta, is dócha (alias **Méalóid**, **Míolóid**)’ (*Logainm.ie*) i gContae Luimnigh. D’fhéadfaí an sloinne **Míolóid** ‘“son of Milot” (diminutive of Milo; v. Mílidh above); formerly a Tipperary Surname, but now most common in Co. Mayo. In the latter county, Méalóid and Málóid (which see) are apparently variants and are similarly anglicised.’, *SGG*, 429) a chur san áireamh chomh maith.

Sraghfekyll

‘strath of the teeth’

1.	1570	Sraghfekyll	F 1509
2.	1570	Sraghfekyll	F 1655
3.	1576	Strathfiakall	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226
4.	1576	Strathfeakle	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 227 TCD
5.	1617	Shraghfekill	Inq. Lag. J1 12 (King’s Co.)
6.	1617	Shraghfekill	Inq. Lag. J1 12 (King’s Co.) ex JCKAS

Umros [Ummeras Beg/More (BF)], *Sraghfekyll*, *Ballecoylle*, *Balleknaoke* [*Hybla or Ballyneage* (BF)] (*F*, 1509).

Shraghfekill, *Ballycoole & Ballyknock 6 messuages, 40 acres arrable & 12 acres pasture & more* (Inq. Lag. J1 12).

Ós rud é gur **srath** ‘River valley, low-lying land along river, strath’ (*FGB*) atá i gcéad eilimint an ainm seo, is é is dóichí gur suíomh éigin cois abhann atá i gceist. Luaitear an t-ainm idir *Clondown* (BF) agus *Hybla or Ballyneage* (BF), agus mar sin, d’fhéadfadh sé gurb é *Mill Race* (*SO Cassini*) nó an Bhearú féin an abhainn atá i gceist. Is é **fiacal** (g. i. **fiacail** ‘tooth’, *FGB*) atá sa dara heilimint go cinnte agus is é ***Srath Fiacal** ‘strath of the teeth’ bunfhoirm an ainm. Ní léir go díreach cén cineál gné a bheadh i gceist leis sin, áfach. Is mar ‘“tooth”, ainm samhlaíoch ar charraig’ a mhínigh Mac Gabhann (2014: III, 531) **fiacail**, ag tagairt do charraig amach ó chósta Acla i Maigh Eo. Maidir le *Kilfeakle* / **Cill Fhiacal**⁵¹² tháinig an t-ainm sin ó fhiacal de chuid Naomh Pádraig a thit ar an láthair, de réir traidisiúin (Ó Cearbhaill, 2007: 138).

Léiríonn an *-gh* deiridh atá le sonrú go leanúnach i bhfoirmeacha béarlaithe den ainmfhocail **srath** sa cheantar seo gur mar [x] a fuaimníodh **-th** leathan deiridh i nGaeilge an cheantair faoin 16ú haois.

⁵¹¹ LogainmID: 32422

⁵¹² LogainmID: 2290

Sraghmahon

‘Mathúin’s strath’

1.	1570	Sraghmahon	F 1509
2.	1570	Sraghmahon	F 1655
3.	1576	Strathmahon	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 226
4.	1576	Strathmahon	Griffith Inq Eliz 87 194, Ich 227 TCD
5.	1617	Shraghmahon	Inq. Lag. J1 12 (King’s Co.)
6.	1617	Shraghmahon	Inq. Lag. J1 12 (King’s Co.) ex JCKAS
7.	1638	Sragh-mahowny	Inq. Lag. CI 73

Shraghmahon 10 acres arable, 7 acres pasture & 4 acres underwood (Inq. Lag.: J1 12 (King’s Co.)).

Is cinnte gur céadeilimint in **srath** (‘River valley, low-lying land along river, strath’, *FGB*) atá san ainm seo chomh maith. Is cosúil gurb é an t-ainm pearsanta **Mathghamhain** (**Mathúin** sa Nua-Ghaeilge, g.u. **Mathúna**) ‘bear-calf’ (*GPN*: 135) atá mar cháilitheoir san ainm, rud a thabharfadh ***Srath Mhathúna** ‘**Mathúin**’s strath’ mar bhunfhoirm. Ní mór an sloinne **Mac Mathúna** atá díorthaithe ón ainm pearsanta thuasluaite a chur san áireamh chomh maith. D’fhágfadh sin bunfhoirm in ***Srath Mhic Mhathúna** ‘**Mac Mathúna**’s strath’. Níl aon fhianaise ar **Mhic** (g. u. **mac**) sna foirmeacha béarlaithe thuas. Faightear samplaí den sloinne sin i bparóistí *Monasterevin* agus *Rathangan* in *Griffith’s Valuation*. Níl aon fhianaise ar an sloinne **Ó Mathúna** / (*O’*)*Mahony* sa cheantar seo in *Griffith’s Valuation* ná *Daonáireamh 1901/1911*.

Sraghmullaghroo

‘the strath of An Mullach Rua’

1.	1570	Sraghmullaghroo	F 1509
2.	1617	Sraghmillagreo	Inq. Lag. J1 12 (King’s Co.)
3.	1617	Shraghmillaghroo (or Shrarowe, <i>alias</i> Mulaghroo)	Inq. Lag. J1 12 (King’s Co.) ex JCKAS

The town and lands called Sraghmillagreo & Kiltomult containing 12 acres arable, 8 acres pasture & woode & 6 acres moore (Inq. Lag.: J1 12 (King’s Co.))

Is léir gur **srath** (‘River valley, low-lying land along river, strath’, *FGB*) móide an t-ainm baile fearainn **An Mullach Rua** (*Mullaghroe Upper/Lower*) atá san ainm seo. Ritheann sruthán feadh na teorann idir *Mullaghroe Lower* agus *Ballykelly*. Seans gurb in an abhainn atá i gceist san ainm. Is cosúil gurb é ***Srath Mhullach Rua** bunfhoirm an ainm níl aon réadú soiléir ar an alt i gceann ar bith de na foirmeacha stairiúla thuas.

*Srath Mhathúna

*Srath Mhullach Rua

P: Monasterevin / Mainistir Eimhín

LogainmID: 1208

BF: Ballyfarsoon / Baile an Phearsúin

LogainmID: 25198



Figiúr 64: Ballyfarsoon / Baile an Phearsúin. Bonnleárcáil: 2016, ©Google.

Sumara

'quagmire, swallow hole'

664045 708868

- | | | |
|----|--------|---------|
| 1. | 1825 | Sumara |
| 2. | 1825 | Sumura |
| 3. | 1826 | Sumarra |
| 4. | 1826 | Sumera |
| 5. | 1839 | Soomia |
| 6. | 1879 | Sumia |
| 7. | 1937-8 | Sumia |

*An Súmaire

PR: Monasterevan 04203/06, 43
PR: Monasterevan 04203/07, 9.
PR: Monasterevan 04203/07, 11.
PR: Monasterevan 04203/07, 11.
PR: Monasterevan: 04203/07, 61.
PR: Monasterevan 04203/08, 145
BNS, 780:155

There is a place near Monasterevan called “Sumia”. It got its name from a tunnel which runs under it and drains the surrounding land. (BNS: 780:155)

Luaitear cuid mhaith d’fhoirmeacha an ainm in *PR* le daoine ar luadh gabhálaí leo i lár agus i ndeisceart an bhaile fearainn chúing seo in *Griffith’s Valuation*. Is cinnte gurb é **súmaire** ‘swallow-hole; slough, quagmire’ (*FGB*), ‘vent, swallow hole’ (*DIL*) bunús an ainm. Léiríonn an sliocht seo a leanas, a thagraíonn do cheantar portaigh lastuaidh de bhaile Mhainistir Eimhín, go raibh an focal **súmaire** in úsáid i mBéarla an cheantair seo ag deireadh an 19ú haois:

It was covered with leaves and the remains of a firkin, and is now at the Braganza House, Carlow. It would not be possible to tell with any degree of certainty, when it was placed there, as it would sink by its own weight, and this bog is subject to frequent movements owing to the swelling of the **soomaries** or underground waters. (Darby, 1896: 151, cló trom an údair)

I bhfianaise an mhéid sin, chomh maith leis an míniú a thugtar ar an áit in *BNS*, is é is dóichí ná gur tagairt d’uisce faoi thalamh atá san ainm.

Tá fianaise shoiléir ar ghuthú **r** caol [r] na Gaeilge i bhfoirmeacha 5–7. Tá a leithéid d’fhuaimniú le fáil sa mhionainm **Súmaire** [su:mijə] ar Oileán Acla (Mac Gabhann, 2014: III, 9). Féach **Soomie Well/ *An Súmaire* i bparóiste an Leacaigh (Ich 284).

Bohrr?

1. 1723 Bohrr[?] DP D21,032-21,175⁵¹³

...part of the said Earles Demesne at Monasterevan in the said county called Oxhouse Feild Tyrrvanacre [?], Bohrr part of Ballyforsoon, and Straullen at the yearly rent of seven shillings and six pence... (D. 21,032-21,175).

Tá litriú fhoirm 1 thuas éiginnte, agus dá bharr sin, ní fhéadfaí ach buille faoi thuairim a thabhairt maidir le bunús an logainm seo. D’fhéadfadh sé gur ainm simplí aon eiliminte le **bóthar** (‘road’, *FGB*) atá anseo: ***An Bóthar** ‘the road’. Tá roinnt sampla i measc ainmneacha riaracháin na tíre d’ainm simplí leis an eilimint **bóthar**, *Boher* / **An Bóthar**⁵¹⁴ i gCorcaigh agus *Boher* / **An Bóthar**⁵¹⁵ i Loch Garman, mar shampla. D’fhéadfaí a chur san áireamh chomh maith gur ainm le dhá eilimint a thosaíonn ar **both** (‘booth, hut’, *FGB*): amhail ***Both Thoir** ‘the booth, hut in the east?’ atá ann.

⁵¹³ 22 June 1723: Luke Dempsey, Dominick Quinn

⁵¹⁴ LogainmID: 8737

⁵¹⁵ LogainmID: 54395

Tyrrvanacre?

'land of peaks; pointed wattled enclosure?'

1. 1723

Tyrrvanacre [?]

Tír Bheannchair?

DP: D 21,032–21,175

Tá litriú an ainm seo éiginnte chomh maith, ach tá an chuma ar an scéal go bhfuil dhá eilimint in **tír** ('country, land', *FGB*) agus **beannchar** a thabharfadh ***Tír Bheannchair** mar bhunfhoirm. Ní léir brí **beannchar** i logainmneacha. Mínítear *Coolbanagher* / **Cúil Bheannchair**⁵¹⁶ i gContae Laoise mar 'corner, nook of (the) place of peaks, row of points?' (*Logainm.ie*). Maidir le *Bangor* / **Beannchar**⁵¹⁷ i gContae an Dúin deir McKay:

The place-name goes back to the Ir. Root *beann* 'point/peak' but its exact significance is uncertain. The name could refer to pointed rocks on the shore or to a pointed wattled enclosure around the monastic settlement' (*DUP*: 19).

BF: Clogheen / Cluain Chaoin

LogainmID: 25200



Figiúr 65: Clogheen / Cluain Chaoin. Bonnleáscáil: 2016, ©Google.

⁵¹⁶ LogainmID: 28460

⁵¹⁷ LogainmID: 1411606. Luaitear an logainm seo in *The Sources for the Early History of Ireland: an Introduction and Guide* le James F. Kenney (1966: 395): 'the name appears to signify a row of points or peaks'.

Brackins

660913 709634

1.	1872	Brackins	PR: Monasterevan 04203/08, 98
2.	1875	Brackens	PR: Monasterevan 04203/08, 123
3.	1877	The Brackens	PR: Monasterevan 04203/08, 185
4.	1880	The Brackens	PR: Monasterevan 04203/08, 154
5.	1890	Brackens	Leinster Leader, 29/04/1890; 3
6.	1890	Brackins	Leinster Leader, 29/04/1890; 3

Ceantar in iardheisceart an bhaile fearainn seo, nach léir a fhairsinge go beacht. D'fhéadfadh sé gurb é **breacán** (**breccan**: 'speckled thing', *DIL*) atá i gceist, ach níl aon sampla den ainmfhocal sin mar bhuneilimint i mBunachar Logainmneacha na hÉireann. Díol spéise, áfach, an fhoirm stairiúil a luaitear le *Bracknagh* / **Breacánach**⁵¹⁸, i gContae Uíbh Fhailí, tuairim is deich gciliméadar lastuaidh den áit seo: 'the two Breckans' (1563–4, *F* 589). Ní mór an focal Béarla *bracken* 'a fern'(*OED*) a chur san áireamh chomh maith. I bhfianaise a dhéanaí atá na foirmeacha stairiúla, is mó an seans gurb é an focal Béarla *bracken* a fhaightear mar eilimint in ainmneacha páirce i Sasana sa chiall 'Land overgrown with, or characterised by growth of, bracken' (*EFN*: 42). Tá *bracken* coitianta i mBéarla na hÉireann chomh maith (féach *EDD*).

Clodough Plantation

*An Chloch Dhubh?

'the black stone?'

662019 709281

1.	1908–9	Clodough Plantation	SO 25"
2.	1947	Clodough	Irish Press 27/09/1947: 15 ⁵¹⁹
3.	2021	kle'du:	Áit.8

Coill in oirdheisceart an bhaile fearainn, ar bhruach thiar na Bearú atá anseo. Tá difear mór le sonrú anseo idir an fhoirm áitiúil (3) agus na foirmeacha stairiúla (1 agus 2), atá an-déanach. Léiríonn foirm 3 go bhfuil dhá eilimint san ainm. D'fhéadfadh sé gurb é **cloth** (('stone'; '(stone) castle', *FGB*) atá sa chéad eilimint. Níl aon fhianaise sheandálaíochta nó eile ar chaisleán a bheith sa bhaile fearainn seo. Léiríonn cuid de na foirmeacha stairiúla a ghabhann le *Cloghgarrett Glebe* / **Cloch Ghearóid**⁵²⁰ i bparóiste Chill Dara fuaimniú in [*kle(x)] ar an ainmfhocal **cloth**: 1837 *Clegarret Glebe*, *BS:AL*; 1837 *Clegarret Glebe*, *Brannan, Rev.:AL* (*Logainm.ie*). Ní mór **cluain** ('meadow', *FGB*) a chur san áireamh

⁵¹⁸ LogainmID: 1416828

⁵¹⁹ 'Attractive Sale of Land and Houses': 'That part of the lands of Clogheen, locally known as Clodough containing approximately 59 acres 1 rood statute measure or thereabouts, with the plantation thereon.'

⁵²⁰ LogainmID: 25854

chomh maith, i bhfianaise gurb é **Cluain Chaoin** bunús ainm bhaile fearainn seo *Clogheen*, cé gur *clogh*- tosaigh atá le sonrú sna foirmeacha stairiúla ó thús an 17ú haois ar aghaidh (*Logainm.ie*) a bhaineann leis an ainm sin. Ba dheacair **cluain** a réiteach le foirm 3 chomh maith. Is í an aidiacht **dubh** atá sa dara heilimint, agus is é is dóichí ná gurb é ***An Chloch Dhubh** ‘the black stone’, bunfhoirm an ainm, ach tá éiginnteacht ag baint leis sin. Díol spéise an réadú in [du:] ar **dubh** na Gaeilge san fhoirm áitiúil. Faightear idir *duff* agus *doo* mar bhéarlú ar **dubh** in ainmneacha riaracháin i gCill Dara agus is minic an dá fhoirm a bheith le sonrú sna foirmeacha stairiúla a bhaineann leis an ainm céanna: féach *Capdoo* / **An Ceap Dubh**⁵²¹ i mbarúntacht Chlaonta a bhfaightear *Capduff* (1785 *CGn.*: 374.249.248909, *Logainm.ie*) agus *Capdew* (1837 *BS:AL*, *Logainm.ie*) i measc na dtagairtí stairiúla a ghabhann leis.

Clonoghill

*Cluain Eochaille

1. 1721

Clonoghill

CGn. 33.124.19861

The town and lands of Clogheen and Clonoghill situate lying and being in the Barony of Ophaly County of Kildare Lordship of Monastevan rounding on the east with the great river barrow and that part of the rivulet called Barrowbeg which compasseth that part of the land on which the said Arthur, Lord Viscount Loftus his Pigeon House standeth and on the North with the lands of Skirteen & part of Coolnafera on the west with the lands of Clonnanna & on the south with the lands of Ballaneneagh. (*CGn.*: 33.124.19861)

Tá de chosúlacht ar an sceál gurb é ***Cluain Eochaille** ‘the meadow of the yew forest’ (**éo-chail** ‘yew-forest’, *DIL*) bunús an ainm seo. Tá dhá ainm den déanamh *Clonoghil* / **Cluain Eochaille** i gContae Laoise⁵²². Féach go bhfuil baile fearainn den ainm *Oghil* / **Eochaill**⁵²³ sa pharóiste seo freisin.


⁵²¹ LogainmID: 25738

⁵²² LogainmID: 27738; 28532

⁵²³ LogainmID: 25212

BF: Coolnafearagh / Cúil na Fiarach

LogainmID: 25202



Figiúr 66: Coolnafearagh / Cúil na Fiarach. Bonnleárcáil: 2016, ©Google

Ballagh

'the pass'

661426 711493

- | | |
|--------------|---|
| 1. 1650c | o Bealach ar brú Bearbha
In iarthar Laighean [?] |
| 2. 1770–1840 | Ballagh |
| 3. 1770–1840 | Ballagh |
| 4. 1770–1840 | Ballagh |
| 5. 1783 | Ballagh |
| 6. 1820 | Ballagh |
| 7. 1825 | Ballough |
| 8. 1825 | Ballugh |
| 9. 1826 | Ballugh |
| 10. 1827 | Ballugh |

*An Bealach

- | |
|-------------------------------|
| FSÁG: II, 100 (LGen.) |
| Longfield: Ballagh |
| Longfield: Clogheen |
| Longfield: Coolnafearagh |
| Taylor |
| PR: Monasterevan 04203/06, 8 |
| PR: Monasterevan 04203/06, 43 |
| PR: Monasterevan 04203/07, 10 |
| PR: Monasterevan 04203/06, 46 |
| PR: Monasterevan 04203/07, 12 |

11. 1828	Ballugh	PR: Monasterevan 04203/06. 62
12. 1831	Ballagh	NLI: b 16 H. 15 (6) ⁵²⁴
13. 1831	Ballugh	PR: Monasterevan 04203/06, 71
14. 1832	Ballugh	PR: Monasterevan 04203/07, 17
15. 1833	Ballagh	PR: Monasterevan 04203/06, 84
16. 1835	Ballagh	PR: Monasterevan 04203/07, 36
17. 1837	Ballagh	PR: Monasterevan 04203/07, 47
18. 1837	Ballock	PR: Monasterevan 04203/07, 45
19. 1837	Ballock	PR: Monasterevan 04203/07, 48
20. 1837	Ballock	PR: Monasterevan: 04203/07, 149
21. 1838	Ballagh	PR: Monasterevan 04203/07, 50
22. 1838	Ballock	PR: Monasterevan 04203/07, 53
23. 1839	Ballagh	PR: Monasterevan 04203/07, 63
24. 1839	Ballugh	PR: Monasterevan 04203/07, 61
25. 1844	Ballagh	PR: Monasterevan 04203/07.92
26. 1865	Ballagh	PR: Monasterevan 04203/08, 62
27. 1890	Ballagh	Leinster Leader, 29/03/1890: 3
28. 2019	'balʊk	Áit. 1

Léirítear an áit seo ar léarscáil *Taylor's Map* i dtuaisceart an bhaile fearainn, idir an Bhearú lastuaidh agus ceantar portaigh ('red bog') laisteas. An-seans gurb é an t-ainm seo a luaitear i bhfoirm 1 thuas ós rud é go bhfuil an áit suite cois Bhearú, ach ní féidir an ceangal a dhéanamh go cinnte. Is é **bealach** '1. way. (a) road, track; 2. pass' (FGB) bunfhoirm an ainm. Is dócha gurb é an bealach atá i gceist ná an stráice de thalamh tille ('limestone till', EPA) a ritheann tríd an gceantar idir an Bhearú agus an portach laisteas. Is cinnte chomh maith go bhfuil baint ag an ainm seo le *Passlands* (BF) lastoir agus le *Pass Bridge* thíos. Is dócha go léiríonn an fhoirm áitiúil agus cuid de na foirmeacha stairiúla in [k] agus -k deiridh gur fuaimníodh **-ch** [x] na Gaeilge san ainm.

⁵²⁴ A map of Coolnafera, Co. Kildare, the estate of the Marquis of Drogheda. Surveyed by John Longfield, Folio sheet, coloured, 1831."

Bella Bridge

660553 712398

1.	1837	Bella Bridge	SO 6"
2.	1908	Baylough Bridge	SO 25"
3.	2019	beːˌlaːˈbrɪdʒ	Áit.1

*Béal Átha

Droichead a thrasnaíonn an Bhearú i dtuaisceart an bhaile fearainn ar an teorainn le *Inchacooly*⁵²⁵ (BF) i gContae Laoise. Léiríonn foirmeacha 1 agus 3 gur dóigh gurb é **Béal Átha** ‘the ford mouth’ atá san ainm. Réitíonn foirm 2 leis na foirmeacha stairiúla a ghabhann le *Bellaugh* / **Béal Lathaí**⁵²⁶ i gContae Ros Comáin (‘mouth of the slough’ *AL:OD* ex *Logainm.ie*). D’fhéadfaí ***Béal Lathach** ‘the mouth of the muddy place’⁵²⁷ a chur sa mheá chomh maith dá réir sin.

Killamarka

‘wood of the horseman’

1.	1567	Killewerk	F, 1131
2.	1569	Killewerke	F, 1252
3.	1705	Killowirck	DP: 21,032-21,175 ⁵²⁸
4.	1713	Coleneferah & Kilamarka	DP: 21,032-21,175 ⁵²⁹
5.	1713	Coleneferah & Kilamarkah	DP: 21,032-21,175 ⁵³⁰
6.	1719	Kilamarka	CGn. 26.76.14704
7.	1719	Killamarka	CGn. 26.76.14704

*Coill an Mharcaigh

Is cosúil go dtagraíonn na foirmeacha in *-marka(h)* deiridh (4–7) agus foirmeacha 1–3 don ainm céanna, toisc go dtagann siad ar fad san áit chéanna i ndiaidh *Coolnafearagh* sa tsraith ainmneacha in *F* agus sna gníomhais éagsúla in *CGn.* agus *DP.*

Ní léir cé acu **coill** (‘wood, forest’, *FGB*) nó **cill** (‘church’, *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo.

Thabharfadh an t-ainm malartach den bhaile fearainn a luaitear leis sna tagairtí stairiúla

Cowlynefidraghe alias Disertane (*F*: 1131, *Logainm.ie*) (***Díseartán** ‘small hermitage?’) le fios gurbh ann do láthair eaglasta san áit. Maidir leis an dara heilimint, is cosúil gur **-c(-)** nó **-g(-)** na Gaeilge atá á

⁵²⁵ LogainmID: 28501

⁵²⁶ LogainmID: 42324

⁵²⁷ Féach *Ballynalagh* / **Baile na Lathach** (31040) i gContae Luimnigh: ‘the town of the muddy place **lathach** -- is dócha gur foirm neamhghnách é seo den ghinideach uatha de **lathach**’ (*Logainm.ie*).

⁵²⁸ ‘7th April 1705: Fair Copy of Lord Loftus Settlement of his Estate on the issue of his Daughter Jane Lady Moore’

⁵²⁹ 24/Sept/1713: Mrs Lanties Lease, 1713

⁵³⁰ Ibid ‘Ann Lanty, town & lands of Coolnefera & Kilamarka being one grange of land computed to be one hundred acres’

chur in iúl ag an gconsan deiridh: bheifí ag súil le réadú in *-gh(-)*, go háirithe sna foirmeacha ón 16ú haois, dá mba **-ch(-)** a bhí i gceist. Is éadócha, mar sin, gur réadú ar **iúrach** ‘abounding in yew-trees’ (FGB) atá i bhfoirmeacha 1–3. D’fhéadfadh sé, mar sin, gur **m** radacach an dara heilimint atá le sonrú i bhfoirmeacha 4–7, agus gur foirm shéimhithe den chonsan sin atá in *-w-* béarlaithe na bhfoirmeacha 1–3. Is maith a réitíonn foirmeacha 4–7 in *-marka(h)* deiridh le **marcach** ‘horseman, rider; jockey’, (FGB), agus d’fhéadfadh sé gur foirm g. u. (***an mharcaigh**) den ainmfhocal sin ba chúis le foirmeacha 1–3. B’fhéidir, mar sin, gurbh é ***Cill/Coill an Mharcaigh** ‘the church/wood of the horseman’ bunfhoirm an ainm. D’fhéadfaí an sloinne **Ó Marcaigh / Markey** ‘“descendant of *Marcach*” a name meaning “horseman, knight”’ (Family Names: 1700) a aistriódh go *Ryder* in amanna (ibid.: 2310) a chur san áireamh chomh maith. Ní raibh an sloinne sin coitianta sa cheantar seo, áfach: is í Mary Ryder, a luaitear le Ráth Iomgháin, an t-aon sampla de *Ryder* in Uibh Fhailí Thoir ná Thiar in *Griffith’s Valuation*. Faightear an sloinne sin **Ó Marcaigh** mar cháilitheoir in *Dromomarka / Drom Ó Marcaigh*⁵³¹ i dTiobraid Árann agus tá dornán samplaí den ainmfhocal **marcach** i logainmneacha riaracháin na tíre chomh maith: *Cartronamarkey / Cartrún an Mharcaigh*⁵³² sa Longfort agus *Mullaghmarkagh / Mullach Marcach* i nGaillimh⁵³³, cuir i gcás. Ní ann do logainm ina gcáilíonn **marcach** eilimint a bhaineann le lonnaíocht eaglasta, agus mar sin, b’fhéidir gur mó an seans gurbh é **coill** atá sa chéad eilimint. Moltar ***Coill an Mharcaigh** ‘wood of the horseman’ mar bhunleagan go cáiréiseach, mar sin.

Tá fianaise san ainm seo, is cosúil, gur mar [ə] a fuaimníodh **-aigh** neamhaiceanta deiridh in **marcaigh**. Faightear a leithéid d’fhorbairt in *Graigefulla / Gráig an Phollaigh*⁵³⁴ i gContae Laoise. Anuas air sin, léireodh foirmeacha 1–3 gur mar [w] seachas [v] a fuaimníodh **mh-** leathan tosaigh san ainm, ar aon dul le *Rinawade (Upper & Lower) / Rinn an Bháid (Uachtarach & Íochtarach)*⁵³⁵ i dtuaisceart an chontae.

⁵³¹ LogainmID: 48975

⁵³² LogainmID: 32820

⁵³³ LogainmID: 21625

⁵³⁴ LogainmID: 28414. Féach ‘Nóta Mínithe’.

⁵³⁵ LogainmID: 25286

BF: Monasterevin / Mainistir Eimhín

LogainmID: 1416497



Figiúr 67: Monasterevin / Mainistir Eimhín. Bonnleársaí: 2016, ©Google.

Bogane

‘the boggy place’

- | | | | |
|----|------|---------------------------------|--|
| 1. | 1714 | the boggane | DP: D21,032-21,175 ⁵³⁶ |
| 2. | 1746 | Bogane formerly Carters holding | Drogheda Rental MS 12,720, 22 |
| 3. | 1746 | Bogane | Drogheda Rental MS 12,720, 13 ⁵³⁷ |
| 4. | 1746 | Boggane | Drogheda Rental MS 12,720, 76 |

Part of the comons of Monasterevan commonly called the boggane (DP: D21,032-21,175).

Luaitear baile fearainn *Cowpasture* leis an mionainm seo i bhfoirm 3. Seans gurb é an ceantar portaigh (‘cutover peat’, *EPA*) sa bhaile fearainn sin agus in *Monasterevin Bog* atá i gceist: ní dócha gurb ionann seo agus *The Buggawns* / ***An Bogán** (lch 285), tamall lastoir idir Mainistir Eimhín agus Baile Chill Dara. Tá raidhse tagairtí do *Bogane* ón mbliain 1746 in MS 12,720, ach d’fhéadfadh sé gur

⁵³⁶ ‘13 Augst 1714: Robert Laurence for 2 acres of the boggane’: Part of the comons of Monasterevan commonly called the boggane’

⁵³⁷ ‘David Carroll: To half a years rent for a tenm. a/4 of Bogane & craft at cowpasture’

cur síos ar chineál talún atá i gcuid de na tagairtí sin, seachas logainm: ‘a/4 of Bogane & craft at cowpasture’, mar shampla. Níl aon amhras ach gur logainm atá i gceist le foirm 1, áfach. Is cinnte gurb é ***An Bogán** ‘the boggy place’ bunús an ainm.

Bull Lands

662713 711053

1. 1724	The Bull Land	DP: D21,032-21,175 ⁵³⁸
2. 1770–1840	Bull Lands	NLI: MS 21 F. 36 / (115) ⁵³⁹
3. 1770–1840	Bull Lands	NLI: MS 21 F. 36 / (122) ⁵⁴⁰
4. 1772	Bull Land	Drogheda Rental: MS 12,722
5. 1811	Bull Lands	NLI: Ms. 5190
6. 1820	Bull Land	D. 21,032-21,175 ⁵⁴¹
7. 1831 c.	The Bull Land	DP: MS 9733

Tagraíonn an t-ainm seo do cheantar in iarthuaisceart an bhaile fearainn agus ar imeall bhaile Mhainistir Eimhín mar atá inniu. Ainm Béarla atá anseo. Tá go leor samplaí den fhocal Béarla *bull* in ainmneacha riaracháin agus mionlogainmneacha na hÉireann, agus tá sé coitianta i Sasana chomh maith. ‘Land on which a bull was kept’ an míniú atá ar ainmneacha le *bull* mar cháilitheoir iontu in *EFN* (51).

The Coraghans

663087 710194

1. 1734	The Coraghans	DP: D 21,032-21,175 ⁵⁴²
2. 1742	the Currahans	DP: MS 12,720 ⁵⁴³
3. 1746	The Currahans	Drogheda Rental: 12,720: 82 ⁵⁴⁴
4. 1751	Currahans	Drogheda Rental: MS 12,720 ⁵⁴⁵
5. 1759	The Currahans	Monasterevin Scalé ⁵⁴⁶
6. 1767	Currahans field	Drogheda Rental: : MS 12,721

⁵³⁸ 17 MARCH 1724: Indenture

⁵³⁹ A map of the Pass-Lands of Monasterevin late in the possession of Mrs. Osborne 1817. Scale 20 perches in an inch.

⁵⁴⁰ A survey of part of the lands of Ballagh ... Scale 10 perches to an inch.

⁵⁴¹ Léarscáil 10th May 1820 Marquis of Drogheda to Patrick Carrol Lease for three lives for part of Monasterevan Town Parks. T

⁵⁴² “Articles of Agreement for Stones for a wall to be built around the Hill of Monasterevan.”

⁵⁴³ “To Ralph Lane for the road that runs through the Currahans”

⁵⁴⁴ Isaiah Johnson

⁵⁴⁵ Thos. Christian

⁵⁴⁶ ‘A Survey of the Demesne of Monaster-Evan, by Bernard Scale’

7. 1770–1840	Curraghaun	Longfield: Monasterevin
8. 1770–1840	Curraghawn	Longfield: Grangecoor
9. 1770–1840	Curraughauns	Longfield: Monasterevin & Kill
10. 1772	Currahan field	Drogheda Rental: MS 12,722 ⁵⁴⁷
11. 1772	Currahans	Drogheda Rental: MS 12,722 ⁵⁴⁸
12. 1773	Curraghans	Monasterevin Scalé 21 F 10 ⁵⁴⁹
13. 1801	Currahan fields	Drogheda Rental: 12,723
14. 1810	Curraghans	Drogheda Rental: MS 12,725
15. 1810	Curraghens	Drogheda Rental: MS 12,724
16. 1811	Currahans	NLI: Ms. 5190
17. 1825	Curraghans ⁵⁵⁰	NLI: D. 21,032-21,175
18. 1813	Curraghaun	Longfield: Curraghaun

Bhí an áit seo thart ar an teorainn idir *Monasterevin* (BF) agus *Mooreabbey* (BF), is cosúil. Níl aon amhras ach gurb é ***An Currachán** ‘the small marsh’, ar foirm dhíspeagtha é den fhocal **currach** (**corrach** ‘Wet bog, marsh’, *FGB*), atá i gceist. Bhailigh Walter FitzGerald an t-iarsma ‘Corrachaun: tussocks of grass or heather on a bog’ dá liosta focal ag tús an 20ú haois (FitzGerald, 1911, 531). Is dócha gur san uimhir uatha a bhí an t-ainm seo ó cheart, in ainneoin -s iolra an Bhéarla a bheith le sonrú i bhformhór na dtagairtí. Tá foirm uatha le sonrú i bhfoirmeacha 7 agus 8 agus is cosúil go léiríonn foirm 13 in *Currahan fields* gur tagairt do fhoranna atá san -s iolra sin seachas réadú ar bhunleagan Gaeilge in ***Na Curracháin**.

Theckfarsoon

662762 710425

1. 1908–9	Theckfarsoon	SO 25”
2. 2002	Monasterevin Parochial House	NIAH, 11816070

Teach sagairt atá anseo a tógadh c.1880 (*NIAH*: 11816070) i leataobh ó Shráid Dhroichead Átha i Mainistir Eimhín. Ní dócha gur ainm seanbhunaithe é murach go raibh an t-ainm ar theach a bhí ar an láthair sular tógadh an teach áirithe seo. Seans gur ainm déanach é a chum an té a thóg an teach. Is léir gur ***Teach an Phearsúin** ‘the house of the parson’ atá i gceist, ach ní léir cé chomh seanbhunaithe atá sé. Tá sé le tabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an eilimint **pearsún** (**persún** ‘a

⁵⁴⁷ Isaiah Johnson

⁵⁴⁸ Christian, Thomas

⁵⁴⁹ Mooreabby Demesne.

⁵⁵⁰ “Said lands called Curraghans which were taken into the possession of and added to the demesne and lands of the late Charles Marquis of Drogheda and now in the possession of the present Marquis of Drogheda.”

parson, rector', *DIL*) le sonrú san ainm baile fearainn *Ballyfarsoon* / **Baile an Phearsúin**⁵⁵¹ laistear den bhaile fearainn seo.

Togher House

662755 710739

1. 1908–9 Togher House SO 25"

Tógadh an teach seo c.1870. Is dócha gur ainmníodh é seo as *Togher Road* thíos.

Togher Road

*An Tóchar

'the causeway'

662834 710642

1. 1908–9 Togher Road SO 25"

Is é **tóchar** 'causeway' (*FGB*) an eilimint Ghaeilge atá san ainm, ach ní léir cé chomh seanbhunaithe is atá sé seo mar logainm. Tá an bóthar féin ar *SO 6"* ach é gan ainm. Tá dhá bhaile fearainn taobh thiar theas den bhaile fearainn seo a bhfuil **tóchar** mar eilimint iontu: *Togherorymore* / **Tóchar Ruairí Mhóir**⁵⁵² agus *Toghereen* / **Tóchar Fhinn**⁵⁵³. Ní dheachaigh an bóthar seo i dtreo ceachtar den dá bhaile fearainn sin ar *SO 6"*, áfach, agus níl aon fhianaise sheandálaíochta ar na tóchair a luaitear sa dá ainm sin in *SSN*. Díol spéise chomh maith an míniú a thugtar ar an bhfocal **tóchar** sa Bhéarla in *Derrinturn* / **Doire an tSoirn**⁵⁵⁴ in iarthuaisceart Chill Dara in *BNS* (771, 076): 'Togher: a rough road to a bog', agus *BNS* (0771, 116): 'Togher: (thockar) slighe isteach sa phortac is eadh é seo'. Téann an bóthar seo *Togher Road* i dtreo ceantar portaigh sula sroicheann sé an príomhbhóthar idir Mainistir Eimhín agus baile Chill Dara agus ritheann lána uaidh isteach i gceantar portaigh ar an taobh thiar thuaidh ar *SO 6"* agus *SO 25"*.

⁵⁵¹ LogainmID: 25198

⁵⁵² LogainmID: 25194

⁵⁵³ LogainmID: 25193

⁵⁵⁴ LogainmID: 25493

BF: Mooreabbey Demesne / Ros Glas

LogainmID: 25211



Figiúr 68: Mooreabbey Demesne / Ros Glas. Bonnleársaíl: 2016, ©Google.

Barrow Beg

‘the little **Bearú**’

662347 709878

1. 1721 Barrowbegg⁵⁵⁵
2. 1773 Barrow Beg

An Bhearú Bheag

CGn. 33.124.19861

Monasterevin Scalé⁵⁵⁶

Is sruthán é seo a scair le príomhshruth na Bearú ar an taobh thiar den abhainn i Mainistir Eimhín agus a chuaigh timpeall ar *Pigeon Island* go ndeachaigh sé isteach sa Bhearú arís in *Mooreabbey Demesne*. Tá ar a laghad cuid de triomaithe anois. Is é ***An Bhearú Bheag** ‘the little **Bearú**’ bunfhoirm an ainm.

Curreen’s Wood

662733 707392

⁵⁵⁵ ‘That part of the rivulet called Barrowbeg’

⁵⁵⁶ NLI 21 F 10 A survey of the Manor of Monasterevin in the County of Kildare and King's County, The Estate of Charles, Earl of Drogheda, By B. Scalé 26 maps: *Town Parks of Monasterevin*.

1. 1831c	Curreens Wood	Drogheda Rental: MS 12,720
2. 1908–9	Curreen's Wood	SO 25"

Curreens wood planted with ash and Oak which are doing well (Drogheda Rental: MS 12,720)

Ba choill bheag i ndeisceart an bhaile fearainn é seo, ar an teorainn le *Grangecore*. Ritheann an mótarbhealach (M7) tríd an áit a raibh sé anois. D'fhéadfadh sé gur sloinne atá san ainm, ar aon dul le *Green's Wood* laistear. Níl aon duine leis an sloinne Curran, Creen nó Curreen (Ó Corraidhín: "descendant of *Corraidhín*" a personal name form a diminutive of *corradh* "spear", (*Family Names*, 644), sa bhaile fearainn seo ná in *Grangecore* laistear in *Daonáirimh 1901/1911, Griffith's Valuation*, ná *TAB*, áfach. Luaitear teaghlach den sloinne *Curran* i mbaile fearainn *Clonegath* i bparóiste Dhún Éanna in *Daonáireamh 1901*. Murach sloinne a bheith anseo, d'fheadfaí ***Coirrin**, foirm dhíspeagtha de **corr** '1. Projecting point; angle, edge.; 6 1. Odd. (a) Occasional. (b) Eccentric. 2. Tapering, pointed. 3. Angular, projecting. 4. Rounded, curved.' (*FGB*). Feictear **coirrin** in *Correen* / **An Coirrin** i gContae Liatroma⁵⁵⁷ a mhínítear mar 'the small round hill' (*Logainm.ie*). Níl a leithéid sin de ghné anseo, áfach. 'The moor' an míniú a thugtar ar *Correen*⁵⁵⁸ i gContae Aontroma (*DUP*: 48). Bhí an choill seo suite in áit a bhfuil cuar suntasach i dteorainn an bhaile fearainn ag gobadh aduaidh isteach in *Grangecoor* / **Gráinseach Chuair** laistear. D'fhéadfadh sé, mar sin, gur foirm dhíspeagtha de **corr** sa bhrí 'projecting point; angle, edge' (*FGB*) atá i gceist. Is cosúil gurb é an bhrí chéanna atá taobh thiar de *Curreen* / **An Coirrin**⁵⁵⁹ i gContae Longfoirt, baile fearainn a chuimsíonn gob tíre cuartha ar bhruach Loch Rí.

Dangan's Wood

*An Daingean

'the fastness'

662188 707521

1. 1868	the Dangans	Leinster Express 24/10/1868, 3 ⁵⁶⁰
2. 1908–9	Dangan's Wood	SO 25"
3. 2020	,daŋənz'wɒd	Áit.8

Is coill é seo atá suite in iardheisceart an bhaile fearainn ag an teorainn le *Grangecore*. Tá sí roinnte ina dá chuid ag an mótarbhealach (M7) anois. Is é an t-ainmfhocal **daingean** atá san ainm. Níl aon fhianaise sheandálaíochta ar imfhalú anseo, mar sin, is é is dóichí gurb í an chiall 'secure place, fastness' seachas 'fortress, stronghold; fort, citadel' (*FGB*) atá i gceist: ***An Daingean** 'the fastness'.

⁵⁵⁷ LogainmID: 29153

⁵⁵⁸ LogainmID: 61436

⁵⁵⁹ LogainmID: 33408

⁵⁶⁰ 'Kildare Hounds'

Ellisha [?] and Cow House Field

663466 709610

- | | | | |
|----|------|--|-----------------|
| 1. | 1759 | Ellisha [nó] Elliska [?] and Cow house field | Mooreabbey 1759 |
|----|------|--|-----------------|

Páirc mhór 54a 2r 2p a bhí i dtuaisceart an bhaile fearainn taobh thiar theas de *Mooreabbey House* (SO 6"). Is cosúil gur ainm Gaeilge atá chun tosaigh anseo, ach is deacair an pheannaireacht a léamh sa bhuncháipéis. D'fhéadadh sé gur ainm in **uisce** ('water', *FGB*) nó **loiscthe** (aidiacht bhriathartha **loisc** 'burn', *FGB*) deiridh atá ann. Cow-house 'A house in which cows are sheltered or stabled; a cowshed, byre, or shippon.' (*OED*), atá sa dara hainm.

Lord Henry's Well

662735 709394

- | | | | |
|----|--------|-------------------------|-----------------------|
| 1. | 1837 | Lord Henry Moore's Well | LSO CD, II, 127 [113] |
| 2. | 1908–9 | Lord Henry's Well | SO 25" |

*I made search and every enquiry for a well of a consecrated character in and in the vicinity of Monasterevin, but could find none. The well near the site of the Monastery, and which, in all probability, anciently bore the name of Saint Evin, is now called Lord Henry Moore's Well, because it was enclosed by him. (LSO CD: II 127 [113])*⁵⁶¹.

Bhí roinnt daoine den ainm *Henry* i measc mhuintir Moore, Iarlaí Dhroichead Átha thar na blianta (Collen, 1811: 249).

Love Lane

662808 708285

- | | | | |
|----|------|-----------|-----------------|
| 1. | 1759 | Love Lane | Mooreabbey 1759 |
|----|------|-----------|-----------------|

Ba lána a bhí anseo a bhí imithe faoin am a cuireadh SO 6" i gcrích, is cosúil. Mínítear *love lane* mar 'a frequent name for a discreet pathway' in *EDD*. Féach *Love Lane*

i bparóiste Chill Dara (lch 159).

Pigeon Island

662375 709741

- | | | | |
|----|--------|---------------------|---------------------|
| 1. | 1753 | Pigeon House Island | CGn. 159.348.107226 |
| 2. | 1908–9 | Pigeon Island | SO 25" |

⁵⁶¹ Seán Ó Donnabháin a scríobh.

Oileán sa Bhearú atá anseo. Is é atá i gceist le *Pigeon House* ná ‘a building or structure in which pigeons are kept’ (*OED*). Faightear *Pigeon House Road*⁵⁶², i mBaile Átha Cliath agus *Pigeonhouse*⁵⁶³ (BF) i gContae Uíbh Fhailí.

Portmurraghan Island

*Port Mhurchadha

*Port Mhurchadháin

‘Murchadh’s/Murchadhán’s landing place’

661518 708819

1. 1759	Portmurrogah Wood	Mooreabbey 1759
2. 1759	Portmurrogah	Mooreabbey 1759
3. 1770–1840	Port Murragh	Longfield: Skirteen
4. 1833	Portmurragh Island	Monasterevin Manor: 3.
5. 1833	Portmurragh Island	DP Ms. 5191
6. 1833	Portmurragh Island	DP Ms. 5191, 20.
7. 1837	Portmurraghan Island	SO 6”
8. 1837	Port Murraghan Island	AL: Agent of Moore Abbey
9. 1837	Port Murraghan Island	AL: Game Keeper of Moore Abbey
10. 1869	Portmurray ⁵⁶⁴	Leinster Express 27/3/1869; 6
11. 1908–9	Portmurraghan Island	SO 25”
12. 2020	,port'mʊnahər	Áit.8
13. 2020	,port'mʊnakər	Áit.8

On westside of townland. An island thickly planted. Accesible on the S.E side by means of a wooden bridge. (AL:Descr. Rem.).

Oileán idir príomhshruith na Bearú agus sruthán lastoir. Más fíor do léarscáil *Mooreabbey 1759*, ní oileán a bhí ann in 1759. Tá lúb shuntasach sa Bhearú anseo.

Port ‘landing place, harbour, port’ (*FGB*) atá sa chéad eilimint. Cuireann foirmeacha 3, 4, 5, 6 agus 10 an t-ainm pearsanta **Murchadh** ‘“sea-battler” one of the more popular early Irish names’ (*GPN*: 142) in iúl. Is sna hAinmleabhair (*AL*) amháin a fhaightear foirmeacha in *-n* deiridh. Níl aon amhras ach go bhfuil an fhoirm áitiúil (12, 13) earráideach, ach seans gur meititéis ar fhoirm in *-n* deiridh is cúis leis:[*,port'mʊrahən] > [,port'mʊnahər]. Chuirfeadh foirmeacha in *-n* deiridh foirm dhíspeagtha den ainm pearsanta **Murchadh** in **Murchadhán** in iúl. D’fhéadfaí **Muireagán** ‘perhaps diminutive of

⁵⁶² LogainmID: 1425310

⁵⁶³ LogainmID: 42147

⁵⁶⁴ ‘Meet at Moore Abbey’

muire ‘a lord’ (GPN: 140) a chur san áireamh chomh maith, ach ba dheacair na foirmeacha in *-(g)h* deiridh a mhíniú sa chás sin. Faightear **Murchadh** i measc muintir Ó bhFailge (Murchad m. Muircheartaig, CGH, 11) agus cosúil gurb é atá sa mhionainm *Rahinmurwho* / ***Ráithín Mhurchadha?** (Ich 105) i bparóiste Dhún Muire.

Bheadh foirmeacha 1 agus 2 in *-murrogah* pas beag neamhghnách mar réadú ar **Murchadh**, ach is ann do shamplaí dá leithéid ina léirítear **-ch-** láir na Gaeilge mar *-g-* sna foirmeacha béarlaithe: *Kilmorgan* / **Cill Mhurchon**⁵⁶⁵ i gContae Shligigh, cuir i gcás. Bíodh sin mar atá, ní mór an aidiacht **marógach** ‘paunchy, pot-bellied’ (FGB) a chur sa mheá, rud a réiteodh le topagrafaíocht na háite, gob talún timpeallaithe ag lúb sa Bhearú, mar a bheadh bolg ann. B’fhéidir go raibh an cruth seo le haithint ón gcnoc 120m píosa beag soir uaidh: ***(An) Port Marógach** ‘the pot-bellied landing place’. Níl aon sampla eile den aidiacht sin i mBunachar Logainmneacha na hÉireann, áfach. Ar an mórgóir, tacaíonn tromlach na fianaise le ***Port Mhurchadha ‘Murchadh’s landing place’** agus le foirm mhalartach in ***Port Mhurchadháin ‘Murchadhán’s landing place’**.

Sallow Island

662135 706904

1. 1762	Grange Island	NLI 21 F. 29 ⁵⁶⁶
2. 1834	Sally Island	PR: Monasterevan: 04203 / 07 20
3. 1837	Sallow Island	SO 6"
4. 1850	Sally Island	PR: Monasterevan 04203 / 07 125
5. 1908–9	Sallow Island	SO 25"
6. 1937–8	Sally Island	BNS: 780:73
7. 1939–40	Sally Island	SO Cassini
8. 2020	,sali'atlənd	Áit.8

Sally Island is situated about three miles from the town of Monasterevan. It is given this name because it is planted all over with sallies. A big house is built on the island and Mr. and Miss Bain live in it. It is a very unhealthy place to live, as the land round gets flooded (BNS: 780:73).

Oileán sa Bhearú, sa chuid is faide ó dheas den bhaile fearainn atá anseo. Is é an focal Béarla *Sallow* ‘A plant of the genus *Salix*, a willow’ (OED) atá san ainm. Léiríonn na foirmeacha ar fad seachas foirmeacha 3 & 5 gurb é an fhoirm chanúnach den fhocal sin *sally* ‘a generic name for the willow or

⁵⁶⁵ LogainmID: 2140

⁵⁶⁶ A Survey of Grangecoore and Fair Moore

sallow' (*EDD*) a bhí in úsáid go háitiúil, áfach. Tagairt do bhaile fearainn *Grangecoor* atá i bhfoirm 1, is dócha.

The Beating

662488 709103

1. 1759 The Beating

An Béitín?

Mooreabbey 1759

Is ionann an t-ainm seo ó thaobh foirme de agus *The Baitin* i mbaile fearainn *Derryoughter West*.

Féach an plé maidir leis an ainm sin (lch 245).

The Foy

'the green, lawn'

662930 708745

1. 1759 The Foy

*An Fhaiche

Mooreabbey 1759

2. 1759 The Foy Wood

Mooreabbey 1759

Dhá pháirc i lár an bhaile fearainn seo atá in *The Foy* (49a 1r 11p) agus *The Foy Wood* (16a 0r 25p). Is ionann an t-ainm seo ó thaobh foirme agus brí de agus an baile fearainn *Foy* / **An Fhaiche** i bparóiste *Rathangan*. Is cinnte, mar sin, gurb é ***An Fhaiche** 'green, lawn' (*FGB*) bunfhoirm an ainm seo. Díol spéise an míniú a thug Tadhg Ó Neachtain ar an bhfocal **feorán** ina fhoclóir⁵⁶⁷: 'i. *faithche*—pasturage by a River, a Savana'. Tá an mionainm seo agus an baile fearainn i bparóiste *Rathangan* suite cois abhann, agus dá bharr sin, d'fhéadfadh sé gurb in an bhrí atá i gceist sa dá ainm.

Tá an réadú béarlaithe *foy* ar **faiche** na Gaeilge spéisíúil. Is i gCúige Uladh is mó a fhaightear an réadú sin: féach *Foy Beg* / **An Fhaiche Bheag**⁵⁶⁸ in Ard Mhacha agus *Foyfin* / **Faiche Fionn**⁵⁶⁹ i nDún na nGall. Is iad *faha* agus *fahy* na réaduithe is coitianta ar **faiche**. Tá *faha* coitianta i gCúige Mumhan le samplaí de mar bhéarlú ar **(An) Fhaiche** i mbailte fearainn i ngach contae sa chúige sin. *Fahy* is mó a fhaightear i gCúige Chonnacht, le sé bhaile fearainn i nGaillimh den déanamh *Fahy* / **An Fhaiche**. Is é ['foihə] an fuaimniú áitiúla thaifead an Brainse Logainmneacha don bhaile fearainn *Foygh* / **An Fhaiche**⁵⁷⁰ i gContae an Longfoirt.

⁵⁶⁷ 'Foclóir Gaeilge—Béarla Thaidhg Uí Neachtain, 1733–39. Lámhscríbhinn 1290 (H.1.16) i gColáiste na Tríonóide.' – Tá cóip scanta den fhoclóir sin i seilbh an Bhraíne Logainmneacha. Tá mé buíoch d'Aindí Mac Giolla Chomhghaill sa Bhraíne a chur an tagairt seo ar mo shúile dom.

⁵⁶⁸ LogainmID: 56616

⁵⁶⁹ LogainmID: 16594

⁵⁷⁰ LogainmID: 32767

The Tulloughs

1. 1831c The Tulloughs

About 6 acres. There is planted of this an acre + hald with oak Ash fir and larch deal they are doing well (Drogheda Rental, MS 12,720).

***An Tulach** ‘the hillock’ atá anseo is cosúil.

*An Tulach

Drogheda Rental: MS 12,720

BF: Passlands / Fearann Áth an Bhealaigh

LogainmID: 25214



Figiúr 69: Passlands / Fearann Áth an Bhealaigh. Bonnlearscáil: 2016, ©Google

Clonananile

‘the meadow of the lime’

662242 710989

- | | | |
|----|------|-------------|
| 1. | 1722 | Clonananile |
| 2. | 1750 | Clonnanill |
| 3. | 1753 | Clonanill |

Cluain an Aoil

DP: 21,032-21,175⁵⁷¹

CGn. 145.212.97736

CGn. 159.348.107226

⁵⁷¹ ‘16 Oct 1722: Counter Part of Richard Lease (Arthur Loftus and Richard Murphey)’

4. 1766	Clonanill	CGn. 239.334.158312
5. 1767	Clonanile ⁵⁷²	Drogheda Rental: MS 12,721
6. 1772	Clononile ⁵⁷³	Drogheda Rental: MS 12,722
7. 1776	Clonanill	CGn. 310.644.208324
8. 1811	Clonaneile ⁵⁷⁴	DP: Ms. 5190
9. 1811	Clonaneile ⁵⁷⁵	Drogheda Rental: Ms. 12,726
10. 1813	Clonaneile ⁵⁷⁶	Drogheda Rental: Ms. 12,729
11. 1814	Tenanell	Drogheda Rental: MS 12,732

...these presents in Monasterevan, along with three acres of land at the back of (or behind) said house called Clonananile mearing and bounding on the east with Thomas Duggan's Holding, on the west with the Strand leading from the Bigg Bridge to Monasterervan towne and the North with the great road leading to Lacka and on the South With Owen Frays Holding (DP: D. 21,032-21,175).

Luaitear an áit seo le Miss Anne Cooper i leabhair chíosa agus i ngníomhais idir 1811 agus 1814, agus tá ‘Mrs Cooper’s Holding’ le feiceáil laistear de *Pass Bridge* ar léarscáil MS 21 F. 36 / (115)⁵⁷⁷ ó 1817. Is dócha gurb in an suíomh atá i gceist anseo, mar sin. Is cosúil gur **cluain** atá i gcéad eilimint an ainm ach tá sé deacair bunús an dara heilimint a dhéanamh amach. Tá an chuma ar an scéal gur ***Cluain an + ainmfhocal** dar tús guta nó **n** atá ann. D’fhéadfaí **adhal** ‘fork; trident’ (*FGB*) a chur san áireamh ***Cluain an Adhail** agus a thuairimiú gur tagairt don chomar idir An Bhearú agus *Black River* tamall beag lastuaidh atá san ainm. Níl aon sampla den fhocal sin in úsáid sna logainmneacha i mBunachar Logainmneacha na hÉireann, áfach, agus ní go rómhaith a réiteodh sé le foirm 1 ná 11. Is mó an seans, b’fhéidir gurb é ***Cluain an Aoil** – ‘the meadow of the lime’ bunús an ainm. Tá **aol** – ‘lime’ (*FGB*) coitianta go maith mar cháilitheoir i logainmneacha na tíre. Féach *Legoniel* / **Lag an Aoil** – ‘hollow of the lime’⁵⁷⁸, i gContae Aontroma, mar shampla. Níl léir cé acu botún trasríofa nó foirm mhalartach is cúis le foirm 11 in *T*- tosaigh.

⁵⁷² ‘John Goslin’

⁵⁷³ ‘John Gosten’ – Is dócha gur cheart ‘Goslin’ a léamh anseo.

⁵⁷⁴ ‘Cooper, Anne, Spinster’

⁵⁷⁵ ‘Cooper, Anne, Spinster’

⁵⁷⁶ ‘Miss Cooper, Anne.’

⁵⁷⁷ ‘A map of the Pass-Lands of Monasterevin late in the possession of Mrs. Osborne 1817’.

⁵⁷⁸ <http://www.placenamesni.org/resultdetails.php?entry=6709>

Suíomh Éiginnte

Demsyston

- | | | | |
|----|------|-----------|--------|
| 1. | 1550 | Demsyston | F, 503 |
|----|------|-----------|--------|

Is é is dóichí gur sa pharóiste seo a bhí *Demsyston* a luaitear sna Fiantaí (F: 503): ‘pardon to Caloagh m’Cayr Keighe O’Dymsey and Dermot ower O’Dymsey of Demsyston, county Kildare, footmen.’ Is é an sloinne **Ó Diomasaigh** agus an eilimint Bhéarla *-town* atá san ainm. An-seans gur aistriúchan ar bhunainm Gaeilge atá ann.

Isawghtane

- | | | | |
|----|--------|-------------|------------------------------------|
| 1. | 1567 | Isawghtane | F, 1131 |
| 2. | 1568–9 | Isawghtawne | F, 1252 |
| 3. | 1705 | Isaghtowne | DP: D 21,032-21,175 ⁵⁷⁹ |
| 4. | 1766 | Isaghtown | CGn. 239.334.158312 |

Luaitear an áit seo tar éis *Clogheen* (BF) sa pharóiste seo sa tsraith ainmneacha in F (1131). Tá an chuma ar an scéal gurb é an t-ainm pearsanta bíobalta *Isaac*, nach léir a bhunús (DFN: 175), agus *town* an Bhéarla atá san ainm. Tá *-tane* agus *-tawne* i bhfoirmeacha 1 agus 2 deiridh neamhghnách mar réaduithe ar *town*, áfach, agus níl aon réadú ar *-s* sealbhach an Bhéarla, mar a bheifí ag súil leis ina leithéid d’ainm. Ní dócha gur foirm mhalartach nó earráideach de *Disertane* ***An Diseartán** *alias* a luaitear le baile fearainn *Coolnafearagh* atá i gceist, toisc go luaitear *Disertane* agus *Isawghtane* araon sa tsraith ainmneacha in F 1131 agus 1252. Féach gurb ann do logainmneacha in ar cailleadh d tosaigh san ainmfhocal **díseart** sa Bhéarla: *Ishartmon* / **Díseart Munna**⁵⁸⁰, i gContae Loch Garman, *Isertkelly* / **Díseart Ceallaigh**⁵⁸¹ i gContae na Gaillimhe, agus *Estersnow* / **Díseart Nuan**⁵⁸² i gContae Ros Comáin, áfach.

Killroslaghan

‘the wood of the duckweed?’

- | | | | |
|----|--------|-----------------|------------|
| 1. | 1567 | Kilroslaghen | F, 1131 |
| 2. | 1568–9 | Kilrosslaghen | F, 1252 |
| 3. | 1605 | Kilcosh-laghlín | CPR JI, 74 |

*Coill Ros Lachan?

⁵⁷⁹ ‘7th April 1705: Fair Copy of Lord Loftus Settlement of his Estate on the issue of his Daughter Jane Lady Moore’

⁵⁸⁰ LogainmID: 2552

⁵⁸¹ LogainmID: 1011

⁵⁸² LogainmID: 43171

4. 1612	Kilroishlaughlin	DP D21,032-21,175 ⁵⁸³
5. 1634	Kilrosholagholan	DP D21,032-21,175 ⁵⁸⁴
6. 1660c	Killrostaghten	BSD, 242 [55]

Ní léir cé acu **cill** ('church', *FGB*) nó **coill** ('wood, 'forest', *FGB*) atá sa chéad eilimint anseo. Maidir leis an gcuid eile den ainm, is cosúil gurb é an planda **ros lachan** ('duckweed', *FGB*) atá á chur in iúl i bhfoirmeacha 1 agus 2: **Cill/Coill Ros Lachan** 'the wood/church of the duckweed'. Bhailigh foireann na Suirbhéireachta Ordanáis mionlogainm atá ar aon dul leis an ainm seo i gCill Mhantáin: 'Cill Ros Lachan (Ros Lachan—of the Duckwurt) alias Ros an tSéipéil (Ros of the Séipéal—of the Chapel) ... an old unfrequented burying place lying in the Townland of Toneygarbh' (*Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis*, Cill Mhantáin, 13/12/1838, *Logainm.ie*)⁵⁸⁵. Bíodh sin mar atá, ós rud é gur planda é ros lachan a fhásann ar uisce (*duckweed*, *OED*), b'fhéidir gur mó an chiall a bheadh le **coill** san ainm áirithe seo.

Is cosúil go bhfuil foirmeacha 3 agus 6 in *-cosh-laghlín* agus *-rostaghten* earráideach. B'fhéidir gur botún tras-scríofa is cúis le foirmeacha 3, 4 agus 5 in *-laghlín*, *-laughlín* agus *-lagholan* deiridh, ach ina choinne sin, d'fhéadfadh sé gur athshamhláíodh an t-ainm bunaithe ar an tuiscint gurbh é an sloinne **Ó Lochlainn** a bhí ann: **Cill/Coill Rois Ó Lochlainn** 'the church/wood of the the wood of the **Ó Lochlainns**'. Bhí an sloinne sin i mbarúntacht seo Uíbh Fhailí Thiar san 18ú haois mar a léiríonn an léas '22d March 1791 John Christian to James Loughlin Lease' (*Drogheda Deeds*: 21,032-21,175).

Kilcocks

'the wood of the excrement'

1. 1705	Kilcocks	DP: D 21,032-21,175 ⁵⁸⁶
2. 1725	Killcock als Killcack	CGn. 44.289.29264
3. 1757	Kilcocks alias Killcack	CGn. 186.212.124044
4. 1776	Killcocks als Killcacka	CGn. 310.644.208327
5. 1783	Kilcack owise Kilboggan	CGn. 343.348.236608

Is cosúil gur **caca**, g.u. **cac** ('excrement; ordure, droppings'), *FGB*, atá sa dara heilimint anseo. Is éadócha go n-úsáidfí an focal sin in ainm láthair eaglasta, agus dá réir sin, is mó an seans gurbh é **coill** ('wood, forest', *FGB*) atá sa chéad eilimint: ***Coill Caca** 'the wood of the excrement'. Tá an t-ainmfhocal **cac** réasúnta coitianta i gcorpas logainmneacha na hÉireann. Tá sampla amháin de in

⁵⁸³ 4 July 1612: Peter Delahoid to Sir Adam Loftus: Conveyance of the Manor of Monastereven, County Kildare.

⁵⁸⁴ Indenture 21 August 1634

⁵⁸⁵ LogainmID: 1414849

⁵⁸⁶ '7th April 1705: Fair Copy of Lord Loftus Settlement of his Estate on the issue of his Daughter Jane Lady Moore'

ainmneacha riaracháin Chill Dara: *Coolahocka* / **Cúil an Chaca**⁵⁸⁷, a mhínigh Seán Ó Donnabháin mar 'corner or angle of the ordure' (*OD:AL, Logainm.ie*). Agus é ag tagairt do *Tattincake* / **Táite an Chaca**⁵⁸⁸ i gContae Mhuineacháin, dúirt Ó Donnabháin: 'the Irish call anything bad or despicable an caca [sic] as Shamas an chaca' (*OD:AL, Logainm.ie*).

P: Nurney / An Urnaí

LogainmID: 1214



Figiúr 70: P: Nurney / An Urnaí. Bonnleársaíl: 2016, ©Google

BF: Balkinstown / Baile Bhailcín

LogainmID: 25230

Susan's Fort

672696 704166

- | | | | |
|----|-------|--------------|--------|
| 1. | 1838c | Susan's Fort | SO 6" |
| 2. | 1908C | Susan's Fort | SO 25" |

⁵⁸⁷ LogainmID: 25934

⁵⁸⁸ LogainmID: 40116

Imfhálú (SSN: KD031-002----,) in oirdheisceart an bhaile fearainn. Is é an t-ainm pearsanta *Susan* atá sa cháilitheoir: ‘vernacular form of Susanna’: ‘New Testament form (Luke 8:3) of the Hebrew name *Shoshana* (from *shoshan* ‘lily’, which in modern Hebrew also means ‘rose’)' (DFN: 344). Bhí *Susan* coitianta mar ainm pearsanta baineann i gContae Chill Dara ag tús an 20ú haois, agus 99 bean den ainm luaite in *Daonáireamh 1901*. Féach freisin an mionainm *Susie’s Bush* (lch 382) a luaitear in aice le Mainistir Eimhín.

BF: Nurney / An Urnaí

LogainmID: 25233



Figiúr 71: Nurney / An Urnaí. Bonnlearscáil: 2016, ©Google

Shradaragh Bridge

‘the strath abounding in oaks’

672578 705468

- | | | |
|----|------|--|
| 1. | 1709 | Sharaughdary |
| 2. | 1837 | Shradaragh Bridge |
| 3. | 1837 | Shradaragh Bridge |
| 4. | 1837 | Strath Darach <i>Strath of the oak</i> |
| 5. | 1852 | Stradaragh |

***An Srath Daireach**

- | | |
|------|-------------------------------------|
| CGn. | 2.370.514 |
| AL: | Edw. Bagot Esq |
| AL: | Custom of the Parish |
| AL: | OD |
| | Petty Sessions Order Books: Kildare |

In the east side of the townland on the road leading from Split Hill Crossroads to Ballytore. Small with one arch over stream (AL:Descr. Rem.).

In ainneoin go ndéantar plé réasúnta cuimsitheach ar an ainm seo sna hAinmleabhair, níl sé ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis ar chor ar bith. Is cosúil gur droichead beag trasna sruthán ar an teorainn idir bailte fearainn *Nurney Demesne* agus *Kildoon* atá i gceist. Tá an chuma ar an scéal gur **srath** ('river valley, low-lying land along river, strath', *FGB*) atá i dtús an ainm, i bhfianaise foirm 1 mar a bhfuil réadú ar an gcéad eilimint in *-gh* deiridh. Tá raidhse fianaise ón gceantar seo gur mar [x] a fuaimníodh **th** deiridh leathan, agus mar sin, is dócha gur **srath** seachas **sraith** ('swath; spread, spreading-ground', *FGB*) atá ann. Tá dealramh, mar sin, le moladh Sheáin Uí Dhonnabháin i bhfoirm 4 thuas in **Srath Darach** (**darach**, g.u. & g.i. **dair**, 'oak', *FGB*). B'fhéidir gur mó an seans gurb í an aidiacht **daireach** ('planted with, full of, oaks', *FGB*; **dairech** 'oaken'; 'abounding in oaks', *DIL*) atá san eilimint, áfach, agus gur foirm thabharthach nó ghinideach den aidiacht sin is cúis le foirm 1 in *-dary* deiridh ***muintir Shratha Dhairigh / an tSratha Dhairigh**. Moltar ***An Srath Daireach** 'the strath abounding in oaks' mar bhunleagan anseo.

BF: Nurney Demesne / Diméin na hUrnaí

LogainmID: 25235

P: Walterstown / Baile Bhaltair

LogainmID: 1234



Figiúr 72: P: Walterstown / Baile Bhaltair. Bonnleáscáil: 2016, ©Google

BF: Walterstown / Baile Bhaltair

LogainmID: 25237

Breneshade

‘the stinking bog/river of the paths’

670592 705731

1. 1674 Breneshade

*Bréanadh Séad

Emerson BoR, 1

Walterstowne bounded on the west and southwest with Herristowne in the King's County, and on the south and east with Nurney in the County of Kildare and the river called Breneshade, on the north with a red bog (Emerson BoR: 1).

Ritheann abhainn feadh na teorann idir paróiste seo *Walterstown* agus paróiste *Nurney* lastoir, agus is é is dóichí ná gurb é sin an abhainn a bhí i gceist ag Emerson. *Nurney River* [nʊrniˈrɪvər] atá mar ainm ar an abhainn sin anois go háitiúil (*Áit.7*). Maidir leis an ainm stairiúil, d'fhéadadh sé gur

bréanadh a mhínigh Ó Donnabháin mar ‘stinking bog’ i gcás *Breany* / **An Bréanadh**⁵⁸⁹ sa Longfort (*OD:AL, Logainm.ie*) atá i gceist. Díol spéise chomh maith an míniú a luann MacGivney (1908: 45) leis an ainm céanna in *Place Names of the County Longford*: ‘a fetid place, a slow-flowing stream which consequently becomes fetid’. Ritheann an abhainn seo trí cheantar portaigh lastuaidh (‘cutover peat’, *EPA*) agus, mar sin, seans gurbh fhearr a réiteodh míniú Uí Dhonnabháin. Is cosúil gurb é **séad** ‘path, way; course, journey’ (*FGB*) atá san eilimint deiridh. D’fhéadfaí buille faoi thuairim a thabhairt gurbh é ***Bréanadh Séad** ‘the stinking bog/river of the paths’ bunfhoirm an ainm, ach ní féidir a bheith cinnte de sin, ceal fianaise.

Graigue

‘the hamlet’

670731 706863

- | | | |
|-----------|---------|---|
| 1. 1908–9 | Graigue | SO 25” |
| 2. 1837 | Graige | PR: Monasterevan 04203 / 07 44 |
| 3. 1890 | Graigue | Leinster Leader, 29/03/1890, 3 ⁵⁹⁰ |

Luaitear an t-ainm seo le feirm in oirthear an bhaile fearainn ar *SO 25”*. Is cinnte gurb é **Gráig** ‘village, hamlet’ (*FGB*) atá san ainm. Baineann an téarma sin le lonnaíocht Angla-Normannach, is cosúil, ach ní léir a shanas:

Nicholls (1982: 380) states that the etymology of the word is unclear, although it appears to have originally referred to a *betagh* settlement or farm which was liked with “Anglo-French” manorial settlement. It is therefore probable that townland names in South Wexford containing this element represent locations where the native Irish continued to live as *betaghs* (<**biatach** “vitualler”) after the initial Anglo-Norman colonisation (Ó Cruaíoch, C., Mac Giolla Chomhghaill, 2016: 959)

Féach gurb é an t-ainm pearsanta Angla-Normanach *Walter* atá le sonrú in ainm an bhaile fearainn seo chomh maith.

Pigeonhouse Hill

670481 705744

- | | | |
|-----------|------------------|--------|
| 1. 1837 | Pigeonhouse Hill | SO 6” |
| 2. 1908–9 | Pigeonhouse Hill | SO 25” |

⁵⁹⁰ ‘List of Subscriptions to Tenants’ Defence Association from Monasterevan Parish, Nurney District’

Luaitear *Pigeon Ho[use]*. in aice leis seo ar *SO 6"* agus tá fothrach an struchtúir ar an láthair go fóill. 'A building or structure in which pigeons are kept; a columbarium, a dovecote' (*OED*) atá i gceist le *Pigeonhouse*.

Soomeragh Bridge

*An Súmaire

'quagmire, swallow hole'

670851 706374

1. 1837 Soomeragh Br. SO 6"

Droichead beag a théann trasna sruthán in oirdheisceart an bhaile fearainn. **Súmaire** 'swallow-hole; slough, quagmire' (*FGB*) atá anseo, ar aon dul le *Sumara* / ***Súmaire** i bparóiste *Monasterevin*. Tá ceantar mór portaigh (cutover peat, *EPA*) lastuaidh den droichead.

Walterstown Lower / Baile Bhaltair Íochtarach

LogainmID: 25238

Kilberrin Bridge

*Coill Uí Bhroin

671689 707964

1. 1836	Kilbern	PR: Monasterevan: 04203 / 07 38
2. 1837	Kilberrin Bridge	SO 6"
3. 1837	Kilberrin	PR: Monasterevan: 04203 / 07 48
4. 1839	Kilbern	PR: Monasterevan: 04203 / 07 58
5. 1840	Kilberne	PR: Monasterevan: 04203 / 07 63
6. 1843	Kilberan	PR: Monasterevan: 04203 / 07 81
7. 1843	Kilberrin	PR: Monasterevan: 04203 / 07 81
8. 1859	Kilberrin	PR: Monasterevan 04203 / 08 29
9. 1862	Kilberne	PR: Monasterevan 04203 / 08 168
10. 1867	Kilbern	PR: Monasterevan 04203 / 08 173
11. 1867	Kilbern	PR: Monasterevan 04203 / 08 75
12. 1875	Kilbern	PR: Monasterevan 04203 / 08 123
13. 1880	Kilbeirne	PR: Monasterevan 04203 / 08 154
14. 1880	Kilbeirne	PR: Monasterevan 04203 / 08 156

Droichead a théann trasna abhainn ar an teorainn idir bailte fearainn *Kingsbog or Common* agus *Walterstown*. Níl aon fhianaise ar láthair eaglasta san áit, agus dá bharr sin, is mó an seans gur **coill** ('wood, forest', *FGB*) atá sa chéad eilimint. Is é is dóichí ná gurb é an sloinne *Byrne* / **Ó Broin** 'descendant of Bran' (*Family Names*: 406) atá sa dara heilimint, a d'fhágfadh bunfhoirm in ***Coill Uí Bhroin** '**Ó Broin's** wood'. Ní go rómhaith a réitíonn an sloinne sin leis na foirmeacha in *-berrin* deiridh

thuas, ach féach go bhfaightear an réadú céanna ar an sloinne sin san fhoirm stairiúil *Berinston* (1621 *Inq. Lag.*: 40 J I, *Logainm.ie*) den bhaile fearainn *Byrnestown* (*Upper / Lower*) **Baile Uí Bhroin** (**Íochtarach / Uachtarach**)⁵⁹¹ i mbarúntacht Cill Chá agus Maoín. Tá an sloinne **Ó Broin** an-choitianta i gCill Dara, agus luaitear roinnt daoine den sloinne sin sa bhaile fearainn seo in *Daonáireamh 1901* agus *Griffith's Valuation*. Ní mór an t-ainm pearsanta **Beirn** a chur san áireamh chomh maith.

⁵⁹¹ LogainmID: 25030; 25030

Conclúid

Sa tráchtas seo déantar anailís ar bhailiúchán mionlogainmneacha i mBarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar i gContae Chill Dara. Ba iad príomhchuspóirí na hanailíse sin bunfhoirmeacha agus bunbhríonna na n-ainmneacha a dhéanamh amach, léargas a fháil ar bhunfheidhm na n-ainmneacha an tráth ar ceapadh iad, tuiscint a fháil ar fhorbairt na n-ainmneacha le himeacht ama, agus mar a d'imir an malartú teanga agus teagmháil teanga idir an Béarla agus an Ghaeilge tionchar orthu.

Rinneadh an ceantar staidéir a chur i láthair ó thaobh na topagrafaíochta agus na staire de i réamhchaibidlí an tráchtais (1.3). Rinneadh cur síos ar mheath na Gaeilge ann (1.4), agus tuairimíodh gur dóichí go bhfuair na cainteoirí dúchais deireanacha sa cheantar bás thart ar na 1830í, agus gur le linn an 18ú haois a d'iompaigh formhór an phobail ar an mBéarla. Rinneadh scagadh ar na gnéithe den chanúint áitiúil Ghaeilge a labhraítí sa cheantar (4.1) agus díriodh ar fhorbairtí canúnacha a tháinig chun solais sna mionainmneacha. Cuireadh an t-eolas sin i gcomparáid le faisnéis i saothair eile a phléann fianaise ar an gcanúint áitiúil sa cheantar. Léiríodh go raibh tréithe éagsúla sa chanúint sin atá le feiceáil i ngach ceann de chanúintí na Gaeilge atá fós ar mharthain, agus sna canúintí a labhraítí i gcodanna eile de Chúige Laighean.

Scagadh na hainmneacha ó thaobh deilbhíochta agus struchtúir de (4.2), agus tá cruthaithe gur cumadh cuid mhaith de na mionlogainmneacha a phléitear sa tráchtas ní ba dheireanaí ná 11ú haois ach go raibh deacrachtaí ag baint le tréimhse ama a bheachtú i gcás sciar maith de na hainmneacha.

Rinneadh anailís ar na heilimintí coitianta i mionlogainmneacha an tráchtais (4.3), agus chonacthas go raibh eilimintí áirithe le feiceáil iontu nach raibh coitianta in ainmneacha riaracháin an cheantair amhail **fearann** agus **log**. Léiríodh go bhfuil léargas le fáil ar chúrsaí topagrafaíochta, cineálacha talún, úsáid talún agus ar fhásra sna buneilimintí is coitianta sa cheantar staidéir. Chonacthas go raibh dáileadh eisceachtúil ag an eilimint **fearann** a bhfuil dlús samplaí de ar fáil in aon pharóiste amháin.

Taispeánadh go bhfuil go leor taighde i gcrích ar mhionlogainmneacha na hÉireann (2.1) ach go mbaineann cuid mhór den saothrú sin leis na ceantair in iarthar na hÉireann ar labhraíodh Gaeilge iontu go dtí le deireanas, nó a bhfuil an Ghaeilge fós á labhairt iontu, agus gur fíorbheagán atá déanta sa cheantar taighde idir chamáin agus i gContae Chill Dara i gcoitinne. Rinneadh taighde

idirnáisiúnta ar mhionlogainmneacha a scrúdú chomh maith (2.4), agus tá déanta amach nach bhfuil scoláirí ar aon intinn maidir lé céard is mionlogainm ann.

Sa chaibidil mhodheolaíochta (3), rinneadh cur síos ar an modh taighde a bhí in úsáid chun mionlogainmneacha a bhailiú, chomh maith leis an gcur chuige a úsáideadh chun anailís a dhéanamh ar na hainmneacha. Anuas ar na nithe sin, rinneadh cur i láthair na n-iontrálacha agus leagan amach an tráchtas i gcoitinne a léiriú chomh maith. Taraingíodh aird freisin, ar na laincisí a chuir na srianta a bhain le paidéim COVID-19, go háirithe maidir le hobair pháirce, agus rochtain ar chartlanna poiblí.

I gcorp an tráchtas, rinneadh plé ar 356 mionlogainm. Cruinníodh foirmeacha stairiúla, agus i gcásanna áirithe, foirmeacha áitiúla na na-ainmneacha siúd, le chéile in ord cróineolaíoch. Léirítear anseo gur féidir mionlogainmneacha a bhailiú ó réimse leathan foinsí. Is mórfhoinsí náisiúnta a mbaintear leas fairsing astu ar *Logainm.ie* i dtaca le hainmneacha riaracháin iad na Fiantaí (*F*), *Civil Survey* (*CS*), ionchoisní (*Inq. Lag.*), *Tithe Applotment Books* (*TAB*) agus gníomhais talún (*CGn.*). Tá léirithe sa saothar seo go bhfuil fianaise luachmhar mionlogainmníochta sna foinsí sin chomh maith. Os a choinne sin, baineadh úsáid as foinsí eile nach n-úsáidtear go coitianta sa taighde ar ainmneacha riaracháin na tíre. Áirítear ina measc siúd *Bailiúchán na Scol* (*BNS*), ailt i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta, agus cláir pharóiste na hEaglaise Caitlicí (*PR*). Tá cruthaithe sa tráchtas go bhfuil fiúntas ar leith leis na foinsí sin agus go mbeadh sé riachtanach teacht i dtír orthu agus taighde mionlogainmníochta á dhéanamh. Anuas air sin, scagadh foinsí a bhain le heastáit talún sa cheantar amhail léarscáileanna eastáit ón 18ú agus ón 19ú haois agus suirbhé Thomas Emerson ar pharóiste Chill Dara (*Emerson BoR; Emerson Contents*). Is léir nach mór foinsí dá leithéid a cheadú freisin agus taighde mionlogainmníochta á chur i gcrích ar cheantar ar leith.

Is amhlaidh go raibh áiteanna ar leith sa cheantar staidéir a raibh foinsí suntasacha mionlogainmneacha ar fáil dóibh, agus d'fhág sin gur mó iontrálacha atá sa tráchtas i gceantair áirithe. Mar shampla, tá 110 iontráil i bparóiste Chill Dara in Uíbh Fhailí Thoir amháin – is ionann sin agus 31% de na hiontrálacha i gcorp an tráchtas. An chúis atá leis sin ná an raidhse foinsí stairiúla a bhí ar fáil don pharóiste sin, agus go háirithe do bhaile Chill Dara, cosúil le suirbhé Thomas Emerson (*Emerson BoR; Emerson Contents*), léarscáileanna stairiúla amhail léarscáil John Rocque (*Rocque TCD* (*CD*)) agus an fhlúirse gníomhas a bhaineann leis an gceantar in *CGn*. Bailíodh breis agus dhá oiread níos mó mionainmneacha in Uíbh Fhailí Thoir (248) ná in Uíbh Fhailí Thiar (108). Tá Uíbh Fhailí Thoir (190.5 km²) níos mó ná Uíbh Fhailí Thiar (164.5 km²), agus bheifí ag súil go mbeadh níos mó ainmneacha ann dá bharr. Is cinnte, áfach, go bhfuil baint ag an bhflúirse ainmneacha i bparóiste Chill Dara leis an neamhréir idir an dá bharúntacht.

Maidir le hábhar a bailíodh le linn obair pháirce, tá clúdach níos fearr ag ceantair áirithe san ábhar a bailíodh ná ceantair eile. Mar shampla, thángthas ar fhaisnéiseoir an-mhaith i bparóiste *Rathangan / Ráth Iomgháin* (*Áit.1*), fear a raibh gach cearn dá cheantar dúchais ar eolas aige. Bhí de thoradh air sin gur bailíodh go leor mionainmneacha ó bhéal sa pharóiste sin agus sna paróistí eile ina thimpeall. Tá paróistí eile sa cheantar staidéir nár ceistíodh faisnéiseoirí ar bith dóibh amhail *Fontstown / Baile an Fhóntaigh* agus is tearc iad na hainmneacha ó bhéal iontu dá bharr. Is cinnte, mar sin, go bhfuil cuid mhaith ainmneacha sa cheantar staidéir atá fós beo sa traidisiún béil nár aimsíodh le linn an taighde seo.

Léiríonn an t-ábhar a bailíodh ón traidisiún béil a luachmhaire is atá an t-eolas sin don chineál seo taighde. Tá tábhacht ar leith le fuaimniú áitiúil na n-ainmneacha agus anailís á déanamh orthu, rud a léiríonn ainmneacha a bhfuil éagsúlacht mhór idir an fuaimniú áitiúil, agus na foirmeacha stairiúla. Samplaí maithe a thaispeánann é sin ná *Clodough Plantation / *An Chloch Dhubh?* [kle' du:] (Ich 300) agus *The Spring Field / *An Chlais* [dʲə' klɑʃ] (Ich 209), a scríobhadh mar *The Cláss Field* in *BNS*. Anuas air sin, bailíodh mionainmneacha ó bhéal nach bhfuil in aon fhoinsé scríofa amhail **Móinín* (Ich 283). Tá baol an-láidir ann go gcaillfí ainmneacha den chineál sin, agus tá de thoradh ar an obair pháirce a rinneadh don tráchtas go mbeidh taifead ar ainmneacha dá leithéid má thagann deireadh leo sa traidisiún béil.

Tá léirithe san anailís a rinneadh ar na hainmneacha agus a bhfoirmeacha gur féidir dóthain sonraí a bhailiú ar mhionlogainmneacha, idir foirmeacha stairiúla agus foirmeacha ón traidisiún béil, chun a mbunleaganacha agus a gcuid sanasaíochta a dhéanamh amach in an-chuid cásanna. Cuireadh mionainmneacha an tráchtas i gcomparáid le hainmneacha riaracháin agus mionainmneacha eile sa tír chun tacú leis na tuairimí a léiríodh ina dtaobh. Taraingíodh ar eolas topagrafaíochta, seandálaíochta agus béaloidis agus eilimintí féideartha á meas. I gcás ainmneacha de bhunadh na Gaeilge, moladh bunfhoirmeacha údarásacha Gaeilge nuair ab fhéidir. Bhí bunús an-soiléir ag ainmneacha áirithe amhail *Shanavoola / *An tSeanbhuail* (Ich 98), agus b'fhéidir bunfhoirm Ghaeilge a mholadh gan dua dá bharr, i gcásanna dá leithéid. I gcásanna eile, áfach, níorbh fhéidir bunfhoirm a mholadh, ceal fianaise. Is amhlaidh a bhí i gcás **The Gordyabeen* (Ich 219), ainm nach raibh fianaise níos luaithe ná an 20ú haois ina thaobh.

Bhain dua le suíomh na n-ainmneacha a dhéanamh amach chomh maith, go háirithe i gcás ainmneacha nach raibh ar fáil ar léarscáil ar bith. Rinneadh na mionlogainmneacha a raibh a suíomhanna ar eolas a bhreacadh ar bhonnléarscáileanna de chuid Google ag baint úsáid as an mbogearra QGIS.

Tugann an anailís a rinneadh ar na hainmneacha léargas ar chultúr agus ar thopagrafaíocht an cheantair staidéir agus beidh sé ina chrann taca do scoláirí agus do thaighdeoirí atá ag plé le réimse leathan ábhar. Cuirfidh seandálaithe spéis in ainmneacha amhail *Roilgín Bush* / ***An Reiligín**, (Ich 213) ainm páirce a léiríonn go raibh reilig ar an láthair, agus gan aon fhianaise eile ar a leithéid sin de ghné a bheith ann, agus *Farringate* / ***Fearann an Gheata** (Ich 155), ainm a thugann leid faoin suíomh ar a raibh ceann de gheataí stairiúla Bhaile Chill Dara. Cuirfidh lucht na teangeolaíochta agus na canúineolaíochta spéis sna forbairtí canúna a aithníodh sa taighde chomh maith, cé gur gá a bheith cúramach maidir le conclúidí róláidre a bhunú ar fhianaise atá tearc agus mantach.

Maidir le féidearthachtaí taighde amach anseo, is cinnte go gcuirfeadh bailiúchán córasach ar ainmneacha páirce sa cheantar staidéir, agus i gContae Chill Dara san iomlán, leis an tuiscint atá againn ar mhionainmneacha an cheantair agus leis an tuiscint a thugann sin ar ábhar eile cosúil le cúrsaí teanga, talmhaíochta agus lonnaíochta. Chuige sin, ba ghá tionscadal suntasach a chur ar bun le maoiniú chun riarthóir a earcú chun an bailiú agus sluafhoinsiú a chomhordú. Ar scála níos leithne, b'fhiú go mór anailís chomparáideach a dhéanamh idir cineálacha ar leith d'ainmneacha atá sa tráchtas seo agus ainmneacha den chineál céanna in áiteanna eile sa tír. Mar shampla, chonacthas gurb iad **glais** agus **glaise** na téarmaí is coitianta do shrutháin sa cheantar, agus b'fhiú go mór é sin a chur i gcomparáid leis an gcóras ainmniúcháin do shrutháin i gceantair eile. Léiríodh chomh maith an dáileadh eisceachtúil atá ag an eilimint **fearann** i bparóiste Chill Dara, agus tarraingíodh aird ar dháileadh atá cosúil leis sin a léirítear ar léarscáil de Dheilginis ón 18ú haois. B'fhiú go mór taighde a dhéanamh ar bhailte eile i gCúige Laighean, féachaint an patrún é sin atá le sonrú in áiteanna eile.

Leabharliosta

- Aalen, F. H. (1970) 'The Origin of Enclosures in Eastern Ireland', in *Irish Geographical Studies: In Honour of E. Estyn Evans*. Belfast: Department of Geography, The Queen's University of Belfast, 209–223.
- Algeo, J. & Pyles, T. (2010) *The Origins and Development of the English Language*. Boston: Wadsworth.
- Andrews, J. H., Simms, A., Davies, K.M. (eag.) (1986) *Irish Historic Towns Atlas: Kildare*. Dublin: Royal Irish Academy .
- Beckett, J. (1989) *Laxton: England's Last Open Field System*. Oxford: Basil Blackwell.
- Berry, H. F. (1910) 'House and Shop Signs in Dublin in the Seventeenth and Eighteenth Centuries', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland Fifth Series*, XX (2), 81–98.
- Bowern, C. (2009) 'Naming Bardi Places', in Koch, H. & Hercus, L. (eag.) *Aboriginal Placenames: Naming and Re-naming the Australian Landscape*. Canberra: ANU Press, 327–346.
- Bradley, J. (2000) 'Archaeology, Topography and Building Fabric: the Cathedral and Town of Medieval Kildare', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, XIX (1), 27–47.
- An Brainse Logainmneacha (1969) *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Broderick, G. (2012) 'Sliabh (Slieau) in Man', *Ainm*, XI. 47–64.
- Burdon, D. J. (1986) 'Hydrogeological Aspects of Agricultural Drainage in Ireland', *Environmental Geology and Water Sciences*, IX, 41–65.
- Candler, C. (1891) 'On the Significance of Some East Anglian Field-names', *Norfolk Archaeology*, XI (2), 143–178.
- Carrigan, W. (1905) *History and Antiquities of the Diocese of Ossory*, Imleabhar III. Dublin: Sealy, Bryers & Walker.
- Charles, B. (1992) *Place Names of Pembrokeshire*. Aberystwyth: National Library of Wales.
- Clare, L. (2004) *Enclosing the Commons: Dalkey, the Sugar Loaves and Bray, 1820–1870*. Dublin: Four Courts Press.
- Clark, I. (2009) 'Reconstruction of Aboriginal Microtoponymy in Western and Central Victoria: Case Studies from Tower Hill, the Hopkins River, and Lake Boga', in Koch, H. & Hercus, L. (eag.) *Aboriginal Placenames: Naming and Re-naming the Australian Landscape*. Canberra: ANU Press, 207–221.
- Clark, I. & Heydon, T. G. (2002) *Database of Aboriginal Placenames of Victoria*. Melbourne: Victorian Aboriginal Corporation for Languages.
- Clarke, T. P. (1943) 'Old Place Names Not Recorded on the Ordnance Maps', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, XII (7), 349–351.
- Collen, G. W. (1811) *Debrett's Peerage of England, Scotland, and Ireland. Revised, Corrected and Continued by G.W. Collen*. London: William Pickering.
- Cowley, E. C. & W. (1930) 'The Survey of Offaly in 1550', *Hermathena*, 20 (45), 312–352.

- Cox, R. A. V (2002) *The Gaelic Place-names of Carloway, Isle of Lewis: Their Structure and Significance*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Darby, M. (1896) 'Irish Place-names and Local Folklore', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, II(2), 151–154.
- de Bhaldraithe, T. (1943) 'Logainmneachaí i gCois Fhairrge', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, XIII (2), 60–66.
- De hÓir, É. (1962) *Seán Ó Donnabháin agus Eoghan Ó Comhraí*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- De hÓir, É. (1969) 'Nóta faoi Bhéim na Gaeilge i Logainmneacha Chontae Chill Mhantáin', *Dinnseanchas*, III (3), 63–72.
- De hÓir, É. (1975) 'Nótaí faoi roinnt Logainmneacha in Oirthear Chontae Chill Dara', *Dinnseanchas*, VI (3), 97–107.
- Dowling, M. G. (eag. (1945)) 'Ordnance Survey Letters for Co. Kildare (continued)', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, XII (7), 428–441.
- Duffy, P. J. (2006) 'The Territorial Identity of Kildare's Landscapes', in Nolan, W. & McGrath, T. (eag.) *Kildare History & Society*. Dublin: Geography Publications, 1–35.
- Duffy, P. J. (2007) *Exploring the History and Heritage of Irish Landscapes*. Dublin: Four Courts Press.
- Encyclopaedia Britannica. (2004). 'Hospitallers'. In *Encyclopaedia Britannica*. Ar fáil: <https://www.britannica.com/topic/Hospitallers> (Rochtain: 3 Iúil 2020).
- Encyclopædia Britannica Inc. (2012) *Rabat*, *Encyclopædia Britannica*. Ceadaithe ag: <https://www.britannica.com/place/Rabat-Malta-island-Malta> (Rochtain: 3 Iúil 2020).
- Farmer, D. (2011) *Oxford Dictionary of Saints*. Oxford: Oxford University Press. Ceadaithe ag: <https://www.oxfordreference.com/view/10.1093/acref/9780199596607.001.0001/acref-9780199596607-e-976>
- Field, J. (1972) *English Field-Names: A Dictionary*. Newton Abbot: David & Charles.
- Field, J. (1993) *A History of English Field-Names*. Harlow, Essex: Longman Group.
- Finnegan, A. (2012) *Logainmneacha Chill Chainnigh Thiar agus Chluain Lonáin—Ainmneacha na mBailte Fearainn*. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe. Ar fáil: <https://aran.library.nuigalway.ie/bitstream/handle/10379/3141/2012FinneganPhD.pdf?sequence=1&isAllowed=y>.
- Finnegan, A. (2013) 'What Kind of Irish was Spoken in Westmeath?', *Ríocht na Midhe*, XXIV, 294–310.
- FitzGerald, W. (1891). 'The Chair of Kildare [query]', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, I (2), 148.
- FitzGerald, W. (1893) 'The Ancient Territories Out of Which the Present County Kildare Was Formed, and Their Septs.', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, 1(3), 159–168.
- FitzGerald, W. (1899) 'The Curragh: Its History and Traditions', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, III(1), 1–32.
- FitzGerald, W. (1905a) 'The History and Antiquities of the Queen's County Barony of Portnahinch. Part III: Lea Castle', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, IV (4), 324–351.

- FitzGerald, W. (1905b) 'The O'Dempseys of Clanmaliere, and Appendix to the Papers on the History and Antiquities of the Barony of Portnahinch', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, IV (6), 396–453.
- FitzGerald, W. (1907) 'Rathangan', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, V (3), 137–163.
- FitzGerald, W. (Omurethi) (1911). 'Dr. Joyce's "English as We Speak It in Ireland." With Notes on the "Brogue" and Irish Words Used in the County Kildare', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, VI (6), 524–539.
- FitzGerald, W. (1914). 'The Chair of Kildare', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, VII (6), 424–426.
- FitzGerald, W. (1919) 'Notes—Lackagh, Tobercocka and Crossmorris', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, IX (3), 258..
- FitzGerald, G. (1984) 'Estimates for Baronies of Minimum Level of Irish-Speaking Amongst Successive Decennial Cohorts: 1771-1781 to 1861-1871', *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature*, 84C, 117–155.
- Flanagan, D. (1980) 'Place-names in Early Irish Documentation: Structure and Composition', *Nomina*, IV, 41–46.
- Fraser, I. A. (1999) *The Place-Names of Arran*. Glasgow: The Arran Society of Glasgow.
- Fraser, W. (1947) *Field-Names in South Derbyshire*. Ipswich: Norman Adlard.
- Gan ainm (1908) 'Kinsha-loochaun—Answer to Query', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, V (5), 360.
- Garde, M. (2014) 'Doing Things with Toponyms: the Pragmatics of Placenames in Western Arnhem Land', in Clark, I. D., Hercus, L., and Kostanski, L. (eag.) *Indigenous and Minority Place-Names*. Canberra: ANU Press, 97–123.
- Gover, J. E. B., Mawer, A. & Stenton, F. M. (1932) *The Place-Names of Devon: Part 2 (Vol. 9)*. Nottingham: The English Place-Name Society.
- Gregory, R. (2018) 'Introduction', in Cavill, P., *A New Dictionary of English Field-Names*. Nottingham: The English Place-Name Society, v–xxxix.
- Gruffydd, E. (1999) *Llyfrau Llafar Gwlad: 42. Ar hyd Ben 'Rallt - Enwau Glannau Môr Penrhyn Llŷn*. Llanrwst: Gwasg Carreg Gwalch.
- Gwynn, Aubrey, & Neville Hadcock, R. (1970) *Medieval Religious Houses: Ireland*, London: Longman.
- Hayden, T. (1985) 'Kildare Town, Its Ancient Roads and Streets', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, XVI (5, 1985), 479–483.
- Hennessy, W.M (1864) 'On the Curragh of Kildare', *Proceedings of the Royal Irish Academy*, IX, 343–355.
- Herity, M. (eag.) (2002) *Ordnance Survey Letters, Kildare*. Dublin: Four Masters Press.
- Herity, M. (eag.) (2003) *Ordnance Survey Letters, Kilkenny*. Dublin: Four Masters Press.
- Hickey, R. (2011) *The Dialects of Irish*. Berlin: De Gruyter.
- Hindley, R. (1990) *The Death of the Irish Language*. London & New York: Routledge.

- Hogan, E. (1910) *Onomasticon Goedelicum Locorum et Tribuum Hiberniae et Scotiae*. Dublin: Hodges, Figgis & Co..
- Horner, A. (1996) 'Thomas Emerson's Kildare Estate Surveys, 1674–1697', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, XVIII (3), 283–295.
- Hough, C. (2001) 'Notes on Some Scottish Field Names', *Names*, 49 (1), 37–54.
- Hughes, A. J. & Hannan, R. J. (1992) *The Place-Names of County Down Volume Two: County Down II; The Ards*. Belfast: The Institute of Irish Studies.
- Hughes, A. J. (1986) 'Orthographical Evidence of Developments in Donegal Irish', *Éigse*, XXI, 126–134.
- Jackson, P. (1979). 'The Holy Wells of County Kildare'. *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, XVI (2), 133–161.
- Jones, M. (2014, ead.). *Llyfrau Llafar Gwlad: 85. Caeau a Mwy - Casgliad Merched y Wawr*. Llanrwst: Gwasg Carreg Gwalch.
- Keene, C. H. (1976) *Field-Names of the London Borough of Ealing*. Nottingham: The English Place-Name Society.
- Kelly, F. (1997) *Early Irish Farming*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Kenney, J. F. (1966) *The Sources for the Early History of Ireland: an Introduction and Guide*. New York: Octagon Books.
- King, J. & Cotter, M. (2011) *A' Ghàidhlig air Aghaidh na Tìre – Ainmean-àite ann an Ìle agus Diùra*. Battleby: Dualchas Nàdair na h-Alba.
- King, J. & Scammell, E. (2015) *A' Ghàidhlig air Aghaidh na Tìre – Ainmean-Àite an t-Sratha, An t-Eilean Sgitheanach*. Battleby: Dualchas Nàdair na h-Alba.
- Koch, H. (2009) 'The Methodology of Reconstructing Indigenous Placenames Australian Capital Territory and South-eastern New South Wales', in Koch, H. & Hercus, L. (eag.) *Aboriginal Placenames: Naming and Re-naming the Australian Landscape*. Canberra, 115–172.
- Lankford, É. (1995) *Logainmneacha Chléire*, Co. Chorcaí. Ollscoil Mhá Nuad (tráchtas neamhfhoisliithe).
- Lankford, É. (2012) *An Logainmníocht in Oileán Cléire*. Corcaigh: Celum Publishing.
- Laoide, S. (1905) *Post-Sheanchas Cuid I - Sacsbhéarla -Gaedhilg*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Laoide, S. (1911) *Post-Sheanchas Cuid II - Gaedhilg-Sacsbhéarla*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Lee, G. A. (1966) 'Leinster Leper Houses', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, XIV (2), 127–151.
- Lennon, C. (2006) 'The Fitzgeralds of Kildare and the Building of a Dynastic Image, 1500–1630', in Nolan, W. and McGrath, T. (eag) *Kildare History & Society*. Baile Átha Cliath: Geography Publications, 195–213.
- Lucas, A. T. (1958) 'Furze: A Survey and History of Its Uses in Ireland', *Béaloideas*, 26, 1–204.
- Mac Aodha, B. S. (1992) 'Ainmneacha Béarla na mBailte Fearainn i gContae Chill Dara', *Studia Hibernica*, XXVI, 217–226.

- Mac Aodha, B. S. (1996) 'Execution and Irish Place-Names', *Nomina*, XIX, 51–60.
- Mac Cárthaigh, M. (1964) 'Gamhar - A "Winter" Stream', *Dinnseanchas*, I, 43.
- Mac Cárthaigh, M. (1971) 'Placenames of Inishmurray', *Dinnseanchas*, IV (3), 60–72.
- Mac Céachta (1914) 'Gaeilge i mBéarla Chill Dara', *Father Mathew Record*, VII. Ar fáil: http://corpas.ria.ie/index.php?fsg_function=12&fsg_years=1600-1926&fsg_ow=sraum&fsg_pos=N&fsg_pp=Both&fsg_class=W&fsg_word=sraum&fsg_id=2069#l828
- Mac Gabhann, F. (1997) *Place-names of Northern Ireland*, VII: County Antrim II. Ballycastle and North-East Antrim. Belfast: Institute of Irish Studies, Queen's University Belfast.
- Mac Gabhann, F. (2014) *Logainmneacha Mhaigh Eo*. 10 n-imleabhar. Binn Éadair: Coiscéim.
- Mac Giolla Easpaig, D. (1981) 'Noun + Noun Compounds in Irish placenames', *Études Celtiques*, XVIII, 151–163.
- Mac Giolla Easpaig, D. (1984) 'Logainmneacha na Rosann', *Donegal Annual*, XXXVI. 64–88.
- Mac Giolla Easpaig, D. (1989). 'The Place-names of Rathlin Island'. *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society*, IV. 3–89.
- Mac Giolla Easpaig, D. (2008) 'Placenames Policy and its Implementation', in Nic Pháidín, C. & Ó Cearnaigh, S. (eag.) *A New View of the Irish Language*. Dublin: Cois Life, 64–177.
- Mac Mathúna, L. (2006) 'What's in an Irish Name? A Study of the Personal Naming Systems of Irish and Irish English', *The Celtic Englishes*, 4, 64–87.
- Mac Mathúna, L. (2021) *The Ó Neachtain Window on Gaelic Dublin*. Cork: Cork Studies in Celtic Literatures.
- Mac Suibhne, P. (1975) *Rathangan*. Naas: Leinster Leader.
- MacBain, A. (1904) 'Review: Place-Names of Ross and Cromarty by W. J. Watson', *Celtic Review*, I (1), 89–92.
- Márkus, G. & Taylor, S. (2006–2012) *The Place-Names of Fife*. Donnington: Shaun Tyas.
- Mathews, T. (1903) *The O'Dempseys of Clan Malier*. Dublin: Hodges Figgis & Co.
- Mawer, A. & Stenton, F. M. (1924) *Introduction & Chief Elements (Vol. 1)*. Nottingham: The English Place-Name Society.
- Mawer, A. & Stenton, F. M. (1925) *The Place-Names of Buckinghamshire (Vol. 2)*. Cambridge: Cambridge University Press.
- McGahan, C. (2009) *Language Obsolescence and Language Death: The Irish Language in South-east Ulster*, Queens University, Belfast. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe.
- McKay, P. (1990) 'Some Field Names from the Parishes of Drummaul and Duneane, Co. Antrim', *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-name Society*, IV, 211–216.
- Meath Fieldname Project (2013) *Irish Field Names—Introduction by Joan Mullen, Translations by Dr Nollaig Ó Muraile*. Ar fáil: [http://www.meathfieldnames.com/images/Irish Field Names List Article by N O Muraile.pdf](http://www.meathfieldnames.com/images/Irish%20Field%20Names%20List%20Article%20by%20N%20O%20Muraile.pdf) (Rochtain: 11 August 2020).
- Mhac an Fhailigh, É. (1945) 'A Westmeath Word List', *Éigse*, V (1), 256–66.
- Mhac an Fhailigh, É. (1973) 'Some Erris placenames: Pronunciation', *Dinnseanchas*, V (3), 256–66;

- Milne, K. (1997) *The Irish Charter Schools 1730-1830*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- Muhr, K. (2013) 'English Place-names in Ireland', in *Perceptions of Place: Twenty-First-Century Interpretations of English Place-name Studies*. Nottingham: English Place-Name Society. 355–398.
- Mullowney, A. J. (2016) *The Church of St. Mary Magdalene, Kildare*, Kildare Archaeological Society. Ar fáil: <http://www.kildarearchsoc.ie/wp-content/uploads/2016/08/Church-of-St-Mary-Magdalene-Kildare.pdf> (Rochtain: 21 Iúil 2020).
- Murray, K. (2005) 'Dialect in Medieval Irish? Evidence from Placenames', *Studia Celtica Fennica* II, 97–109.
- Ní Chatháin, P. (2015) 'The Bells of the Saints', in Carey, J., Murray, K., and Ó Dochartaigh, C. (eag.) *Sacred Histories: A Festschrift for Máire Herbert*. Dublin: Four Courts Press.
- Nicolaisen, W.F.H. (1961) 'Field-Work in Place-Name Research', *Studia Hibernica*, I, 74-88.
- Ó Baoill, D. P. (1996) *Gaeilge Uladh*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Briain, M. (1985) 'Cluasa Capaill ar An Rí: AT 782 i dTraidisiún na hÉireann', *Béaloideas*, LIII, 11–74.
- Ó Buachalla, B. (2002) "'Common Gaelic" Revisited', *Rannsachadh na Gàidhlig*, I, 1–12.
- Ó Catháin, S. & O'Flanagan, P. (1975) *The Living Landscape: Kilgalligan, Erris, County Mayo*. Dublin: Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Ó Cearbhaill, P. (2007) *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i Logainmneacha Co. Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Cearbhaill, P. (2010) *Logainmneacha na hÉireann III: Cluain i Logainmneacha Co. Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Cíobháin, B. (1978) *Toponomia Hiberniae*. Baile Átha Cliath: An Fóras Duibhneach.
- Ó Cléirigh, Cormac (1996) 'The O'Connor Faly Lordship of Offaly, 1395–1513', *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History*, 96C (4), 87–102.
- Ó Conchubhair, D. (1948) 'Focail Ghaedhilge ó Dharmhagh Ua nDuach.', *Éigse*, V (4), 267–82.
- Ó Corráin, D. 'Some Legal References to Fences and Fencing in Early Historic Ireland', in T. Reeves-Smyth and F. Hammond (eag.), *Landscape Archaeology in Ireland*, British Archaeological Reports: British Series 116 (1983) 247-51.
- Ó Criomhthain, T. (1999) *Dinnseanchas na mBlascaodaí*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Ó Cruaíoch, C., Mac Giolla Chomhghaill, A. (2016). *Logainmneacha na hÉireann IV: Townland Names of County Wexford / Ainmneacha na mBailte Fearainn, Co. Loch Garman*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Fionnagáin, A. (2022: le teacht) 'Buaile in Irish townland names', in *Onomastications A Festschrift for Simon Taylor*. Glasgow.
- Ó Fionnagáin, A. & Mag Eacháin, C. (2019) 'Béitín agus Béiteáil', *Éigse*, XL, 160–184.
- Ó Flaithbheartaigh, R. (1846) *A Chorographical Description of West or H-Iar Connaught: Written A.D. 1684*. Edited by J. Hardiman. Dublin: The Archaeological Society.
- Ó hÓgáin, É. & Kennedy, J. (eag.) (2017) *Logainmneacha Dhún Chaoin*. Dún Chaoin: Comharchumann Dhún Chaoin.

- Ó hUiginn, R. (1994) 'Gaeilge Chonnacht', in McCone K., MacManus D., Ó Háinle C., Williams N., B. L. (eag.) *Stair na Gaeilge: in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, 539–611.
- Ó hUrmholtaigh, N. (1967) 'Logainmneacha as Toráí, Tír Chonaill', *Dinnseanchas*, II (4), 99–106.
- Ó Máille, T.S. (1954) 'Shurick in Placenames' *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society*, XXVI (1/2), 42–47.
- Ó Máille, T. S. (1958) 'Some Modern Irish Words', *Journal of Celtic Studies*, 2, 141–146.
- Ó Maolfabhail, A. (1988) 'Baill Choirp mar Logainmneacha', *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-name Society*, III, 18-26.
- Ó Maolfabhail, A. (1990) *Logainmneacha na hÉireann, Imleabhar 1: Contae Luimnigh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Muircheartaigh, P. (2015) *Gaelic Dialects Present and Past: a Study of Modern and Medieval Dialect Relationships in the Gaelic languages*. The University of Edinburgh. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe.
- Ó Muraíle, N. (2003) 'Ui Fhailghe, Uibh Fhailí, etc.; The Name of Offaly', *Offaly Heritage: Journal of the Offaly Archaeological and Historical Society*, I, 9–11.
- Ó Murchadha, D. (2002) 'Carman, Site of Óenach Carmain: a Proposed Location.', *Éigse*, XXXIII, 57–70.
- Ó Neachtain, T. (1944) *Eólas ar an Domhan, i bhfuirm Chomhráidh idir Sheán Ó Neachtain agus a Mhac Tadhg*. Curtha in eagar ag M. Ní Chléirigh. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Páircín, L. (1998) *Logainmneacha Cheatharlach*. Ollscoil Mhá Nuad. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe.
- Ó Riain, P. (2011) *A Dictionary of Irish Saints*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- Ó Riain, P. (eag.) (1985) *Corpus Genealogiarum Sanctorum Hiberniae*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Riain, P., Ó Murchadha, D., Murray, K., Nic Cárthaigh, E. (eag.) (2003–2020) *Historical Dictionary of Gaelic Placenames / Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge*. London: Irish Texts Society.
- Ó Ríordáin, S. P. (1950) 'Excavation of Some Earthworks on the Curragh, Co. Kildare', *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature*, LIII, 249–277.
- Ó Sé, D. (1989) 'Contributions to the Study of Word Stress in Irish', *Ériu*, XL, 147–178.
- Ó Siadhail, M. (1989). *Modern Irish: Grammatical Structure and Dialectal Variation*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Ó Siochfhradha, P. (1939) *Tríocha-céad Chorca Dhuibhne*. Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann.
- O'Hart, J. (1892) *Irish Pedigrees: or the Origin and Stem of the Irish Nation*. 5ú eagrán. Dublin: Duffy and Co..
- O'Rahilly, T. F. (1932; athchló 1976) *Irish Dialects Past and Present*. Athchló. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Owen, H. W. (1994) *The Place-names of East Flintshire*. Cardiff: University of Wales Press.
- Piatt, D. S. (1933) *Dialect in East and Mid-Leinster: Gaelic Survivals*. Féinfhoilsithe.

- Piatt, D. S. (1933a) 'An "Ghaoluinn" i dTuaisceart Átha Cliath', *An tUltach*, 10: 4, 2–3.
- Power, P. (1952) *Placenames of the Decies*. 2ú heagrán. Corcaigh: Cork University Press.
- Price, L. (1945–67,) *The Place-names of County Wicklow*. 7 imleabhar. Baile Átha Cliath: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Price, L. (1958) 'On the Distribution of Place-names Beginning with Dun-, Lis-, and Rath-', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, LXXXVIII, 83–84.
- Price, L. (1964) 'The Pronunciation of Derry- in County Kildare', *Dinnseanchas*, I (1), 21.
- Quane, M. (1961) 'Castledermot Charter School', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, XIII (9), 463–487.
- Rawson, T. . (1807) *Statistical Survey of the County Kildare, with Observations on the Means of Improvement*. Dublin: The Dublin Society.
- Reaney, P. H. (1935) *The Place-Names of Essex* (imleabhar 12). Cambridge: Cambridge University Press.
- Reeves, W. (1857) 'On the Townland Distribution of Ireland', *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 7, 473–490.
- Rialtas na hÉireann (1961) *Curragh of Kildare Act*, 1961. Éire.
- Ridgeway, W. (1931) *The Early Age of Greece: Volume 2*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Risk, H. (1974) 'French Loan-words in Irish, Part III', *Études Celtiques*, XIV (1), 67–98.
- Robinson, T. (1977) *The Burren: A Map of the Uplands of North-West Clare, Eire*. Cloch na Rón: Folding Landscapes.
- Robinson, T. (1990) *Connemara*. Cloch na Rón: Folding Landscapes.
- Robinson, T. (1996) *Oileáin Árann: A Map of the Aran Islands, Co. Galway*. Cloch na Rón: Folding Landscapes.
- Rouse, P. (2009) Donnelly, Dan. Curtha in eagar ag J. McGuire & J. Quinn. *Dictionary of Irish Biography*. Cambridge: Cambridge University Press. Ar fáil: <http://dib.cambridge.org/viewReadPage.do?articleId=a2701>.
- Royal Commission on the Ancient and Historical Monuments of Wales (2017a) *The Cymru1900 Project, The List of Historic Place Names of Wales*. Ar fáil: <https://historicplacenames.rcahmw.gov.uk/blog/our-data-sources-the-cymru1900-project> (Rochtain: 5 Nollaig 2020).
- Russell, C. W. (1866) 'On an Agreement, in Irish, Between Gerald, Ninth Earl of Kildare, and the Mac Rannalls, Executed at Maynooth, November 5, 1530', *Proceedings of the Royal Irish Academy (1836-1869)*, X, 480–489.
- Schneider, J. (1997) *Field-Names of Four Bedfordshire Parishes: Tilsworth, Eggington, Hockliffe, Stanbridge*. Nottingham: The English Place-Name Society.
- An Seabhadh (1954) 'Uí Rathach—Ainmneacha na mBailte Fearainn sa Bharúntacht', *Béaloidias*, XXIII, 7–69.
- Shaw Mason, W. (1814) 'Parish of Kilberry: VI. The Genius and Disposition of the Poorer Classes', in *A Statistical Account or Parochial Survey of Ireland*. Baile Átha Cliath: Graisberry & Campbell, 450.

- Shaw Mason, W. (1814) 'Statistical Account of Lea: VI The Genius and Disposition of the Poorer Classes', in *A Statistical Account or Parochial Survey of Ireland*. Baile Átha Cliath: Graisberry & Campbell, 529–530.
- Smal, C. (1993) *Ancient Rathdown and St. Crispin's Cell : a Uniquely Historic Landscape*. Greystones: Friends of Historic Rathdown.
- Smith, J. (2009) 'New Insights into Gundungurra Placenames', in *Aboriginal Placenames: Naming and Re-naming the Australian Landscape*. Canberra: ANU Press, 87–114.
- Smyth, R. B. (1878) *The Aborigines of Victoria: With Notes Relating to the Habits of the Natives of Other Parts of Australia and Tasmania Compiled from Various Sources for the Government of Victoria, Volume II*. Melbourne: John Ferres, Government Printer.
- Standing, R. W. (1984) *Field-Names of Angmering, Ferring, Rustington, East Preston, and Kingston (West Sussex)*. Nottingham: The English Place-Name Society.
- Stokes, W. (1900) 'Acallamh na Senórach' *Irische Texte mit Übersetzungen und Wörterbuch und Vorterbuch*, IV (1), 14–438.
- Strath, F. W. (1939) 'The Memorial Cross at Cross Morris, Kildare, Erected to Sir Maurice Fitzgerald of Lackagh, Knight', *Journal of The County Kildare Archaeological Society*, XII (4), 191–194.
- Thirsk, J. (1964) 'The Common Fields', *Past & Present*, XXIX, 3–25.
- Thornley, R. C. (1899) 'The Field Names of the Parish of Kirkoswald', *Cumberland and Westmorland Antiquarian and Archaeological Society Transactions*, XV, 48–81.
- Toner, G. (1999) 'The Definite Article in Irish Place-names', *Nomina*, XXII, 5–25.
- Toner, G. (2004) 'Baile: Settlement and Landholding in Medieval Ireland', *Éigse*, XXXIV, 25–43.
- Treanor, R. F. B. (1955) 'Some Field-Names in the Burren District of South Down', *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-name Society*, III (3), 43–49.
- Ua Súilleabháin, S. (1994) 'Gaeilge na Mumhan', in McCone K., MacManus D., Ó Háinle C., Williams N., B. L. (eag.) *Stair na Gaeilge: in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, 479–538.
- The University of Edinburgh (2019) *Scottish Place-Name Survey*, Manuscripts and Special Collections.
- Wainwright, F. T. (1943) 'Field-names', *Antiquity*, XVII, 57–66.
- Walbran, J. T. (1909) *British Columbia Coast Names, 1592–1906*. Ottawa: Government Printing Bureau.
- Walsh, A. (1991) 'Excavation at the Black Pig's Dyke', *Clogher Record*, XIV (1), 9–26.
- Walsh, P. (1957) *The Placenames of Westmeath* (eag. C. O Lochlainn). Dublin: Dubin Institute for Advanced Studies.
- Watson, W. J. (1976) *Place-Names of Ross and Cromarty*. Inbhir Nis: Ross and Cromarty Heritage Society.
- Westmeath Fieldnames Project (2020) *Project Update 2019-2020*. Ar fáil: <http://aengusfinnegan.ie/wp-content/uploads/2020/10/FieldnamesProject2019-2020-web.pdf> (Rochtain: 20 August 2021).
- Williams, N. (1994) 'Na Canúintí a Theacht Chun Solais', in McCone K., MacManus D., Ó Háinle C., Williams N., B. L. (eag.) *Stair na Gaeilge: in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na

Sean-Ghaeilge, 447–479.

Williams, N. (1998) 'The Irish Language in County Offaly', in Nolan, W. & O'Neill, T. (eag) *Offaly History and Society: Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*. Dublin: Geography Publications, 543–577.

Young, A. (1892) *Arthur Young's Tour in Ireland (1776–1779)*, Imleabhar I. Curtha in eagar ag A. W. Hutton. London: George Bell & Sons.

Aguisín A: Innéacs Mionlogainmneacha (Foirmeacha Béarla)

Academy Street, 138	Brathogue, 127
Agar Bridge, 88	Bratog, 116
Aghemore, 286	Breneshade, 323
Aghentrenche, 261	Broadhook, 140
Aghnacash Bridge, 260	Buggawns – The Buggawns, 285
Ardeen, 69	Bull Lands, 307
Armour Bridge, 239	Burgage, 141
Asgulusian Bridge, 254	Callan Meadows – The Callan Meadows, 220
Aughaweena, 172	Cara Gorra, 225
Bagenaveagh, 243	Carberries Land, 194
Baitin – The Baitin, 245	Casseeghaline, 181
Ballagh, 302	Chair of Kildare, 101
Ballecoyle, 286	Church Quarter, 89
Ballenamona, 170	Claregate, 142
Ballenecloghe, 287	Clocharinka, 102
Ballylogwas, 272	Clode Flugh, 190
Ballyrobot, 265	Clodough Plantation, 300
Banogmore Curragh, 211	Clon Shráid, 234
Baratirpane, 92	Clonananile, 316
Barrow Beg, 310	Cloneen, 69
Bawnafarsoon, 249	Clonoghill, 301
Bealanasolloghe, 277	Cloonbeg, 194
Beating – The Beating, 315	Clorane Stream, 67
Bell Hole, 282	Closhtubane, 180
Bella Bridge, 304	Clúdog – The Clúdog, 198
Bishop's Island, 244	Cnocháun, 86
Black Ditch, 71	Coileen, 100
Black River, 215	Colghill, 244
Black Well, 256	Collagughbeg, 200
Black Well – The Black Well, 180	Collagughmore, 201
Blind Well, 240	Cool – The Cool, 167
Bogane, 306	Cooleen, 144
Bogane of Kilmoney – The Bogane of Kilmoney, 222	Coolegarr, 194
Boggawn – The Boggawn, 204	Coolmeenagh, 258
Boharr[?], 298	Coracorún, 99
Bohunvorish, 93	Coraghans - The Coraghans, 307
Boithreen Cowm - The Boithreen Cowm, 85	Corcar Rua, 108
Bolahom, 94	Crancore, 287
Bolevvore, 94	Creabac – The Creabac, 108
Booreena Gorp, 139	Crocán, 226
Botar Spideóg, 214	Crocaun, 100
Brackane, 193	Crockaun, 72
Brackins, 300	Crocknelia, 252
	Croftee kallin, 144

Crosscomoge, 195
 Crosslane Land, 181
 Cruacáwns – The Cruacáwns, 109
 Cruacha na Frát, 89
 Cruitín, 86
 Crut, 233
 Crutha Mor, 99
 Cruttagh Flough, 196
 Culliagh, 288
 Curragh Road, 146
 Curragh-nacarten, 95
 Curreen's Wood, 310
 Curroge, 203
 Cushaghena, 95
 Cushbeg, 96
 Cut Bush, 70
 Dangan's Wood, 311
 Demsyston, 318
 Derrymana, 278
 Derryweelan, 263
 Dirricorkeran, 282
 Dirrilower, 281
 Dixonsland, 175
 Doire Du, 100
 Donnelly's Hollow, 74
 Dréenaún – The Dréenaún, 109
 Dromacun, 212
 Drommyn, 210
 Dukes River, 97
 Earls Well – The Earls Well, 103
 Eascanrath Lane, 81
 East Quarter, 89
 Ederckeen, 227
 Ellis Gate, 146
 Elisha [?] and Cow House Field, 312
 Englishmanslaine, 148
 Faranchenonter, 148
 Farancross, 111
 Farekinall, 104
 Farenan Emma, 178
 Farinacarra, 149
 Farnacunsay, 83
 Farnahoun, 85
 Farranalauneigh, 150
 Farranderg Glebe, 147
 Farranfoster, 248
 Farranknockanroe, 117
 Farrantigeen, 119
 Farrencappoge, 152
 Farrengore, 186
 Farrenganagh, 154

Farrin Die, 130
 Farrinamalla, 124
 Farrincantie, 129
 Farrincooly, 153
 Farringadrie, 192
 Farringate, 155
 Farrinlough, 171
 Farrintra, 125
 Fassagh Rathangan, 234
 Father Moore's Well, 237
 Fearin Bragh, 132
 Feeran Neile, 183
 Ferewee, 131
 Fierandugan, 182
 Fieranorane, 184
 Fiernamanagh, 128
 Finaun, 99
 Fire Castle, 156
 Flat Rath, 120
 Forbidden Bush – The Forbidden Bush, 208
 Fowran, 199
 Foy The Foy, 315
 Fraocbawn, 151
 Frenchfurze Fair Green, 118
 Friars Well, 157
 Fuaran Well, 264
 Garóuges – The Garóuges, 109
 Garowry, 266
 Garry hoye, 86
 Geata Bwee, 100
 Gibbet Rath, 121
 Glais – The Glais, 198
 Glanbrattas, 55, 113
 Glash Criagh, 216
 Glashabaun River, 198
 Glassevaun, 201
 Gleann na muc, 108
 Glenmaigho, 250
 Glosh – The Glosh, 223
 Gordyabeen – The Gordyabeen, 219, 329
 Gorteen, 99, 115
 Gortenehone, 278
 Gortynfyne, 290
 Gourtraghnis, 112
 Graigue, 324
 Grallach – The Grallach, 117
 House Quarter, 89
 Inchamoor, 270
 Inchamuck, 221
 Insenegrey, 79, 270
 Inseneloher, 79

Isawghtane, 318
 Keeloge, 133
 Keilogues, 266
 Keppagh krevyn, 290
 Kilberrin Bridge, 325
 Kilcocks, 319
 Kilcumney House, 157
 Killamarka, 304
 Killcorcran, 176
 Killroslaghan, 318
 Killyballynos, 276
 Kilmore, 158
 Kisháwn – The Kisháwn, 109
 Knockaenach, 120
 Knockan bregagh, 291
 Knockanegreg, 240
 Knockmancell, 126
 Knocknabreagh, 268
 Knocknagarm, 66
 Kylcorkre, 292
 Kyle, 134
 Kyllorance, 273
 Kyllyntruyme, 292
 Kylmurre, 293
 Kyltumulte, 294
 Lay na Gore, 100
 Laynamonagh, 247
 Lealand, 197
 Léanas – The Léanas, 280
 Leanaweana, 173
 Leighnamoor, 265
 Liathán, 217
 Little Coney Burrow, 159
 Log – The Log, 275
 Log na Ríán, 108
 Loghballywhogan, 206
 Long Hill, 75
 Long Keeloge field, 159
 Long Lands, 106
 Lord Henry's Well, 312
 Loregeday, 75
 Lough Beg, 97
 Lough Farm, 177
 Lough Lurgan, 90
 Loughbane, 77
 Love Lane, 159, 312
 Lug – The Lug, 107
 Lug a Thanah, 108
 Lug na gcross, 90
 Lugherra River, 201
 Lugnasilla, 227
 Lugnatana, 108, 218
 Lugnebrone, 188
 Magdalinhill, 160
 Magdelonsland, 161
 Manor of Carriggyngan alias Sayestown, 235
 Marla Táiliúir, 91
 Meadow Road, 162
 Megoge, 251
 Melitta Road, 162
 Mockers Meadow, 245
 Móinín, 283
 Moss's Road, 97
 Moteenanou, 77
 Mullagh, 274
 Mullagh A Tidean, 274
 Mullane Cross Roads, 170
 Mullatruce, 229
 Murderer's Hollow, 121
 North Quarter, 91
 Oak Well, 267
 Old Seasons, 184
 Oldtown, 185
 Pack Bush, 135
 Park Begg, 163
 Pauleesh, 262
 Pigeon Island, 312
 Pigeonhouse Hill, 324
 Pollach – The Pollach, 246
 Porthra, 235
 Portmurraghan Island, 313
 Poulaun Island, 253
 Poulnaleebaun, 102
 Priests Lane, 163
 Prompelan, 242
 Pullough Meadow, 232
 Race of the Black Pig, 122
 Raheenairry, 122
 Rahenbarnan, 164
 Rahinmurwho, 105
 Rameylote, 294
 Rathmoyle, 80
 Rathninyvinnagh, 207
 Rathvarney Fort, 230
 Relickeston, 238
 Rilig – The Rilig, 86, 87
 Riligeen – The Riligeen, 87
 Roilgín Bush, 213
 Ruanbeg, 165
 Russe Parke, 191
 Sallow Island, 314
 Salusky, 271

Scairtcheen – The Scairtcheen, 209
 Sean-trad, 224
 Shán na Cawbus, 91
 Shanavoola, 98
 Shancullygh, 236
 Shanrelyk, 223
 Shéeauns – The Shéeauns, 110
 Shesroons – The Shesroons, 110
 Sholaine, 166
 Shradaragh Bridge, 321
 Shraud, 166
 Skehanagh, 208
 Skig House, 257
 Soomee [?] Well, 284
 Soomeragh Bridge, 325
 Sovereigns Well, 167
 Spadac Road, 255
 Spring Field – The Spring Field, 209
 Sraghfekyll, 295
 Sraghmahon, 296
 Sraghmullaghroo, 296
 St Bridgets Well, 241
 St Bridget's Well, 253
 St Johns Well, 241
 St. Brigid's Well, 231
 Sumara, 297

Susan's Fort, 320
 Taghneboy, 204
 Tankardstown, 179
 Teampull Anuabhair, 224
 Teampull na Sumach, 231
 Tenekally, 205
 Terwen, 241
 Theckfarsoon, 308
 Tobberaloy, 87
 Tober-oysteen, 103
 Toberreendoney, 269
 Toberteige Pond, 271
 Togher House, 309
 Togher Road, 309
 Tonealeanaune, 167
 Tougheriske, 123
 Trenchanageera, 199
 Trensheled mead, 174
 Tulloughs – The Tulloughs, 316
 Tyrivanacre ?, 299
 Walsh's Rath, 123
 White Abbey, 168
 White Gate, 168
 Yellow Coney Burrow Land – The Yellow
 Coney Burrow Land, 189
 Yew Tree Grave Yard, 279

Aguisín B: Innéacs Mionlogainmneacha (Foirmeacha Gaeilge)

- Achadh an Mhuimhnigh?, 172
Achadh Mór– An tAchadh Mór, 286
Airdín – An tAirdín, 69
Áth an Trinse, 261
Áth na Caise, 260
Baile Loga ?, 272
Baile na Cloiche, 287
Baile na Coille, 286
Baile na Móna, 170
Baile na Reilige, 238
Baile Roibéid, 265
Béal an Átha Salaigh, 277
Béal Átha, 304
Bealach – An Bealach, 302
Bearú Bheag, – An Bhearú Bheag, 310
Béitín ? – An Béitín ?, 245
Bogán – An Bogán, 204, 285, 306
Bogán Chill Mhuine, 222
Bogán na bhFiach, 243
Bóithrín Cam – An Bóithrín Cam, 85
Bóithrín na Cluaine, 162
Bóithrín na gCorp, 139
Bothán Mhuiris, 93
Bóthar (na) Spideog, 214
Bóthar an Churraigh, 146
Bóthar Mór - An Bóthar Mór, 162
Bratóg – An Bhratóg, 116, 127
Breacán – An Breacán, 193
Bréanadh Séad, 323
Buaile Mhór – An Bhuaile Mhór, 94
Buaile Thom, 94
Burgáiste, 141
Caológ – An Chaológ, 133, 157, 266
Carcair Rua An – Charcair Rua, 108
Carraig Iomgháin, 235
Ceann Cláir, 110
Ceapach an Chraoibhín, 290
Cill Chorca ?, 292
Cill Labhráis, 273
Claí Mór – An Claí Mór, 138
Clais – ?, 180
Clais – An Chlais, 209
Clamhrán – An Clamhrán, 44
Clamhrán – An Clamhrán, 67
Cloch an Rince, 102
Cloch Dhubh – An Chloch Dhubh ?, 300
Cluain [?], 316
Cluain Bheag – An Chluain Bheag, 194
Cluain Briotáis, 113
Cluain Eochaille, 301
Cluainín – An Cluainín, 69
Clúdóg – An Chlúdóg, 198
Clúid Fhliuch – An Chlúid Fhliuch, 190
Cnoc an Aonaigh, 120
Cnoc Mhóinséil, 126
Cnoc na – [?], 268
Cnoc na Gairme, 66
Cnocán – An Cnocán, 72
Cnocán – An Cnocán, 86
Cnocán Bréagach – An Cnocán Bréagach, 291
Cnocán na Gráige, 240
Coill – An Choill, 134
Coill an Mharcaigh, 304
Coill Bhaile Nua, 276
Coill Caca, 319
Coill Chorcairín, 176
Coill Ros Lachan, 318
Coill Tomaltaigh, 294
Coill Uí Bhroin, 325
Coilleach Sruith, 288
Coillín Troim, 292
Coinicéar Beag – An Coinicéar Beag, 159
Coinicéar Buí – An Coinicéar Buí, 189
Cois an Chaonaigh, 95
Cois Bheag – An Chois Bheag, 96
Colgach Bheag – An Cholgach Bheag, 200
Colgach Mhór – An Cholgach Mhór, 201
Corróg – An Chorróg, 203
Crann Corr – An Crann Corr, 287
Cros Camóige, 195
Crotach Fliuch – An Crotach Fliuch, 196
Cruach an Aoiligh ?, 252
Cruit – An Chruit, 233
Crunnmhóin – An Crunnmhóin, 289
Cúil – [?], 258
Cúil – An Chúil, 167
Cúil Ghearr – An Chúil Ghearr, 194
Cúilín – An Cúilín, 144

Currach Garbh – An Currach Garbh, 225
 Currach na Ceartan, 95
 Currachán – An Currachán, 307
 Daingean – An Daingean, 311
 Deirc – An Deirc, 226
 Doire an Mhaoláin, 263
 Doire Chorcraín, 282
 Doire Dubh – An Doire Dubh, 100
 Doire Lobhar, 281
 Draighneán – An Draighneán, 109
 Droim Dhá Chon, 212
 Dromainn – An Dromainn, 210
 Dúghlais – An Dúghlais, 215
 Easca – [?], 254
 Easca na Rátha, 81
 Faiche – An Fhaiche, 315
 Fásach Ráth Iomgháin, 234
 Féar Cinn Aille, 104
 Féar na mBráthar, 132
 Fearann – ?, 78, 83, 119, 130
 Fearann an Chantaire, 148
 Fearann an Charraigh, 149
 Fearann an Cheanntaigh, 129
 Fearann an Chladaigh, 176
 Fearann an Dubhagánaigh, 182
 Fearann an Gheata, 155
 Fearann an Locha, 171
 Fearann an tSratha, 125
 Fearann Anama, 178
 Fearann Buí – An Fearann Buí, 151
 Fearann Chnocán Rua, 117
Fearann Cúile, 153
 Fearann Dearg – An Fearann Dearg, 147
 Fearann Foster, 248
 Fearann Gabhar, 186
 Fearann Gadraigh, 192
 Fearann Gránna – An Fearann Gránna, 154
 Fearann na Ceapóige, 152
 Fearann na Croise, 111
 Fearann na hAbhann, 85
 Fearann na Mala, 124
 Fearann Néill, 183
 Fearann Óráin, 184
 Fobhrán – An Fobhrán, 199
 Fraoch Bán, 151
 Fuarán – An Fuarán, 264
 Garbhrach – An Gharbhrach, 266
 Garraí – ?, 86
 Geata Buí – An Geata Buí, 100
 Geata na gClár ?, 142
 Glais – An Ghlais, 198, 223
 Glais Críche, 216
 Glaise Bhán – An Ghlaise Bhán, 198, 201
 Gleann – An Gleann, 114
 Gleann Meidhgeoige, 250
 Gleann na Muc, 108
 Goirtín – An Goirtín, 99, 115
 Goirtín Fhinn, 290
 Goirtín na hAbhann, 278
 Gort Ráithíní, 112
 Gráig – An Ghráig, 324
 Greallach – An Ghreallach, 117
 Inse Mhór – An Inse Mhór, 270
 Inse Muc, 221
 Inse na Graí, 79
 Inse na Luachra, 79
 Léana – An Léana, 280
 Léana an Mhuimhnigh?, 173
 Léana Móna, 247
 Léana Mór – An Léana Mór, 265
 Liathán – An Liathán, 217
 Loch Bán – An Loch Bán, 77
 Loch Beag – An Loch Beag, 97
 Loch Bhaile Uí Shubhacháin, 206
 Loch Lorga, 90
 Loch Lorgan, 90
 Loch na gCapall, 187
 Log – An Log, 107, 275
 Log an tSeannaigh [?], 218
 Log na Brón, 188
 Log na gCros, 90
 Log na Saileach, 227
 Lorg Dáibhí, 75
 Mainistir – Fhionn An Mhainistir Fhionn, 168
 Marlach (an) Táilliúra, 91
 Meidhgeog – An Mheidhgeog, 251
 Móinín, 283
 Móitín an/na - ?, 77
 Mullach An Mullach, 274
 Mullach an Triúis, 229
 Mullach an tSéideáin, 274
 Mullán – An Mullán, 170
 Pailís – An Phailís, 262
 Páirc Bheag – An Pháirc Bheag, 163
 Poll na - ?, 102
 Pollach – An Pollach, 232, 246
 Pollán – An Pollán, 253
 Port Mhurchadha, 313
 Port Mhurchadháin, 313
 Priompallán, 242
 Ráithín an Aoire, 122
 Ráithín Mhurchadha, 105

Ráithín na Bearnan, 164
 Ráithín na bhFíonach, 207
 Ráth Mhaol – An Ráth Mhaol, 80
 Ráth Mhiolóid, 294
 Reilig – An Reilig, 86
 Reiligín – An Reiligín, 87, 213
 Ros – An Ros, 191
 Ruán Beag – An Ruán Beag, 165
 Scairtín – An Scairtín, 209
 Sceachánach – An Sceachánach, 208
 Sceitheog – An Sceitheog, 257
 Seanbhaile – An Seanbhaile, 185
 Seanbhuaile – An tSeanbhuaile, 98
 Seanchuilleach – An Seanchuilleach, 236
 Seanreilig – An tSeanreilig, 223
 Seantsráid – An tSeantsráid, 224
 Sián – An Sián, 110
 Siolán – An Siolán, 166
 Spadach – An Spadach, 255
 Sráid – An tSráid, 166

Srath Daireach – An Srath Daireach, 321
 Srath Fiacal, 295
 Srath Mhathúna, 296
 Srath Mhullach Rua, 296
 Súmaire – An Súmaire, 284, 297, 325
 Teach an Átha Buí, 204
 Teach na Coille, 205
 Teampall Annobhair, 224
 Teampall na [?], 231
 Tír Bheannchair ?, 299
 Tobar Aibhistín, 103
 Tobar na Lathaí ?, 87
 Tobar Rí an Domhnaigh, 269
 Tobar Thaidhg, 271
 Tóchar – An Tóchar, 309
 Tóchar Uisce, 123
 Tóin an Léanáin, 167
 Trian Saileata, 174
 Trinse na gCaorach, 199
 Tulach – An Tulach, 316

Aguisín C: Innéacs Eilimintí

Abbey, 168	Cais, 260
Achadh, 172, 286	Callan, 220
Agar, 88	Cam, 85
Aibhistín, 103	Camóg, 195
Aill, 104	Cantaire, 148
Airdín, 69	Caoirigh, 199
An Bhearú, 310	Caológ, 133, 157, 266
Anam, 178	Caonach, 95
Annobhar, 224	Capall, 187
Aoileach, 252	Carberry, 194
Aoire, 122	Carrach, 149
Aonach, 120	Carraig, 235
Áth, 204, 215, 260, 261, 277, 304	Castle, 156
Baile, 170, 185, 238, 265, 272, 276, 286, 287	Ceann, 110
Baile Uí Shubhacháin, 206	Ceann, 104
Baitin, 245	Ceanntach – An Ceanntach, 129
Bán, 77, 151, 198, 201, 249	Ceapach, 290
Beag, 96, 97, 159, 163, 165, 194, 200, 310	Ceapóg, 152
Béal, 277, 304	Ceárta, 95
Bealach, 302	Chair, 101
Beannchar, 299	Church, 89
Bearna, 164	Cill, 273, 292
Beating, 315	Cill Mhuine, 222
Béitín, 245, 315	Cladach, 176
Bell, 282	Claí, 138
Bishop, 244	Clais, 180, 209
Black, 71, 122, 180, 256	Clamhrán, 44, 67
Blind, 240	Clár, 110
Bogán, 204, 222, 243, 306	Clár, 142
Bóithrín, 85, 139, 162, 163	Cloch, 102, 287, 300, 329
Bothán, 93	Cluain, 113, 162, 194, 301, 316
Bóthar, 146, 162, 214	Cluainín, 69
Bracken, 300	Clúdóg, 198
Bráthar, 132	Clúid, 190
Bratóg, 116, 127	Cnoc, 66, 120, 126, 268
Bréagach, 291	Cnocán, 72, 86, 117, 226, 240, 291
Bréanadh, 323	Coill, 134, 176, 205, 276, 286, 292, 294, 304, 318, 319, 325
Bridge, 88, 239	Coilleach, 236, 288
Briotáis, 113	Coillín, 292
Broad, 140	Coinicéar, 159
Brón, 188	Cois, 95, 96
Buaile, 94, 98	Colgach, 200
Buí, 100, 131, 151, 201, 204	Collier, 78
Bull, 307	Coney Burrow, 159
Burgáiste, 141	Corcair, 292
Bush, 70, 135, 208	Corcrán, 176, 282
Cac, 319	

Corp, 139
 Corr, 163, 287
 Corróg, 203
 Cow-house, 312
 Crabtree, 95
 Crann, 287
 Craoibhín, 290
 Críoch, 216
 Cros, 90, 111, 195
 Crotach, 196
 Cruach, 252
 Cruit, 233
 Crunn-, 289
 Cú, 212
 Cúil, 153, 167, 194, 258
 Cúilín, 144
 Currach, 95, 225
 Currachán, 307
 Cut, 70
 Dabhach, 267
 Dáibhí, 75
 Daingean, 311
 Daireach, 321
 Dearg, 147
 Deirc, 226
 Deircín, 227
 Dempsey/Ó Diomasaigh, 318
 Dhá, 212
 Ditch, 71
 Dixon, 175
 Doire, 100, 263, 278, 281, 282, 292
 Domhnach, 269
 Donnelly, 74
 Draighneán, 109
 Droim, 54, 212
 Dromainn, 210
 Dú-, 215
 Dubh, 100, 300, 329
 Dubhagánach – An Dubhagánach, 182
 Dukes, 97
 Earl, 103
 Easca, 254
 East, 89
 Ellis, 146
 Englishman, 148
 Eochail, 301
 Faiche, 315
 Farm, 177
 Fásach, 234
 Father Moore, 237
 Féar, 104, 132
 Fearann, 62, 83, 85, 111, 117, 119, 124, 125,
 129, 130, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153,
 154, 155, 171, 176, 178, 182, 183, 184, 186,
 192, 248
 Fiacail, 295
 Fiach, 243
 Field, 209, 312
 Fíonach, 207
 Fionnán, 99
 Fire, 156
 Flat, 120
 Fliuch, 190, 196
 Fobhrán, 199
 Forbidden, 208
 Fort, 320
 Foster, 248
 Fraoch, 151
 Frenchfurze, 118
 Friar, 157
 Fuarán, 264
 Gabhar, 186
 Gairm, 66
 Garbh, 225
 Garbhrach, 266
 Garraí, 86
 Gate, 146, 168
 Gearr, 194
 Geata, 100, 142, 155
 Gibbet, 121
 Glais, 198, 215, 216, 223
 Glaise, 198, 201
 Gleann, 108, 114, 250
 Goirtín, 99, 115, 278, 290
 Gort, 112
 Graí, 79
 Gráig, 240, 324
 Gránna, 154
 Grave Yard, 279
 Greallach, 117
 Hill, 75, 324
 Hole, 282
 Hollow, 74, 121
 Hook, 140
 House, 89
 Inse, 79, 221, 270
 Iomghán, 235
 Island, 244, 312, 314
 Labhrás, 273
 land, 78
 Land, 175, 194, 197, 307
 Lands, 106

Lane, 148, 159, 163, 312
 Lathach, 87
 Lea, 197
 Léana, 59, 173, 247, 259, 265, 280
 Léanán, 167
 Liathán, 217
 Little, 159
 Lobhar, 281
 Loch, 77, 90, 97, 171, 187, 206
 Log, 90, 107, 108, 188, 218, 227, 272, 275
 Long, 75, 106
 Lord Henry, 312
 Lorg, 75
 Lorga, 90
 Lough, 177
 Love, 159, 312
 Luachra, 79, 201
 Lughna-, 215
 Mac-, 215
 Magdalene, 160
 Mala, 124
 Manach, 278
 Marcach, 304
 Marlach, 91
 Mathúin, 296
 Meadow, 162, 220, 245
 Meidhgeog, 251
 Melitta, 162
 Míolóid, 294
 Mocker, 245
 móin, 289
 Móin, 170
 Móinín, 283
 Móinséil, 126
 Móitín, 77
 Mór, 94, 138, 162, 201, 265, 270, 286
 Muc, 108, 221
 Muimhneach, 172, 173
 Muiris, 93
 Mullach, 229, 230, 274
 Mullach Rua An Mullach Rua', 296
 Mullán, 170
 Murchadh, 105, 313
 Murchadhán, 313
 Murderer, 121
 Niall, 183
 North, 91
 Nua, 276
 Ó Broin, 325
 Oak, 267
 Old, 184, 185
 Órán, 184
 Pack, 135
 Páirc, 163
 Pig, 122
 Pigeon, 312
 Pigeonhouse, 324
 Poll, 102
 Pollach, 232, 246
 Pollán, 253
 Port, 313
 Priest, 163
 Priompallán, 242
 Quarter, 89, 91
 Race, 122
 Ráithín, 105, 122, 164, 207
 Ráithíní, 112
 Ráth, 80, 120, 121, 123, 230, 294
 Ráth Iomgháin, 234
 Reilig, 86, 223, 238
 Reiligín, 87, 213
 Rí, 269
 Rince, 102
 River, 95, 97
 Road, 97, 162
 Roibéid, 265
 Ros, 191
 Ros Lachan, 318
 Rua, 108, 117
 Ruán, 165
 Sail(each)?, 227
 Saileata, 174
 Salach, 277
 Sallow, 314
 Sayes, 235
 Scairtín, 209
 Sceachánach, 208
 Sceitheog, 257
 Séad, 323
 Sean-, 98, 185, 236, 329
 Seannach, 218
 Seasons, 184
 Séideán, 274
 Sián, 110
 Siolán, 166
 Sovereign, 167
 Spadach, 255
 Spideog, 214
 Spring, 209, 329
 sráid, 224
 Sráid, 166
 Srath, 125, 295, 296, 321

Sruth, 288	Tomaltach, 294
St Brigid, 241, 253	Town, 179, 185, 235, 238, 318
St John, 241	Tree, 279
St. Brigid, 231	Trián, 174
Súmaire, 284, 297, 325	Trinse, 199, 261
Susan, 320	Triús, 229
Tadhg, 271	Trom, 292
Táilliúir, 91	Tulach, 316
Tankard, 179	Uisce, 123
Teach, 204, 205	Walsh, 123
Teampall, 224, 231	Well, 103, 157, 167, 180, 231, 237, 240, 241, 253, 256, 267, 312
Tír, 299	White, 168
Tobar, 87, 103, 269, 271	Wood, 310, 311
Tóchar, 123, 309	Yellow, 189
Tóin, 167	Yew, 279
Tom, 94	

Aguisín D: Ainmneacha Eile

San aguisín seo, liostaítear na ‘hainmneacha eile’ mar a shainítear iad in 3.7. Tugtar tagairtí stairiúla do gach ainm agus, i gcásanna áirithe, tugtar míniú ar an ainm. Leagtar amach na hiontrálacha san aguisín mar seo a leanas:

Mionainm CATAGÓIR (Comhordanáidí) bliain foirm 1 *Foinse*, eolas tagartha; bliain foirm 2 *Foinse*, eolas tagartha.

Mar shampla:

Knox’s Corner CB (678550 710083) 1887 Knox’s Corner *Kildare Observer*, 20/08/1887, 4; 2019
[ˌnoksəzˈkɔrnər] *Áit.2*.

Tugtar liosta thíos de na giorrúcháin a úsáidtear do chatagóirí na nAinmneacha Eile:

ÁTH:	Áth
ABH:	Abhainn nó sruthán
BR:	Bóthar
CB:	Crosbhóthar
CN:	Cnoc
COILL:	Coill
CRN:	Crann nó tor
CRG:	Carraig
DR:	Droichead
FB:	Fo-bhaile ⁵⁹²
IMFH:	Imfhálú
LE:	Láthair eaglasta
LOG:	Log
OIL:	Oileán
PRC:	Páirc
SR:	Sráid
TCH:	Teach nó grúpa tithe
TOB:	Tobar

⁵⁹² Fo-aonad laistigh de bhaile fearainn (‘sub-townland’, *FGB*) atá i gceist le fo-bhaile.

Offaly East / Uíbh Fhailí Thoir

P: Ballysax / Baile Shacsa

LogainmID: 1250

BF: Ballyfair / Baile Féaraigh

LogainmID: 25657

Normanby Lodge TCH (677833 708155) 1835 Normanby Lodge *Kerry Evening Post* 16/1835, 2; 1837 Normanby Lodge *SO 6"*; 1856 Normanby Lodge *Medlicott Papers*, PC535; 1864 Normanby Lodge *Medlicott Papers* PC535; 1898 Normanby Lodge *Kildare Observer*, 07/05/1898, 10; 1908 Normanby Lodge *Medlicott Papers* PC502; 1908–9 *Ballyfair House SO 25"*. Faightear an míniú seo a leanas ar bhunús an ainm san alt nuachtáin ina luaitear *Kildare Observer*, 07/05/1898: 'Mention must not be omitted of Ballyfair, for long known as Normanby Lodge on account of it having been the residence of Lord Normanby when that nobleman was Lord Lieutenant of Ireland.'

BF: Ballysaxhills / Cnoic Bhaile Shacsa

LogainmID: 25649

Glebe FB (680734 709083) 1837 *SO 6"*. Is é 'A portion of land assigned to a clergyman as part of his benefice' an míniú a thugtar ar *glebe* in *OED*. Dar le McKay (*DUP*, 73) gurb é an t-ainm is coitianta i measc bhailte fearainn na tíre. Tá sé coitianta mar fho-aonaid de bhailte fearainn chomh maith: thángthas ar 13 ainm aoneiliminte in *Glebe* don taighde seo.

Laurel Cottage TCH (680209 707857) 1908–9 *SO 25"*

Wood View TCH (680364 707881) 1939–40 *SO Cassini*.

Manor Cross Roads CB (679613 707997) 1939–40 *SO Cassini*.

BF: Ballysax Great / Baile Shacsa Mór

LogainmID: 25647

Cherryfield TCH (679592 709746) 1908–9 *SO 25"*.

Clifton Lodge TCH (678078 710257) 1939–40 *SO Cassini*;

Congress Cottage TCH (679785 709792) 1939–40 *SO Cassini*.

Gaelic Hall TCH (677516 709839) 1939–40 *SO Cassini*, 2019 [ˌleːniːˈhaːl] *Áit.6*, 2019 [d̪əˌgeːlɪkˈhaːl] *Áit.6*;

Jockey Hall TCH (679249 709812) 1758 Jockey Hall *CGn.* 195.59.129006; 1767 Jocky Hall *CGn.* 262.37.166379; 1837 Jockey Hall *SO 6*”; 1873 Jockey Hall *Leinster Express* 25/01/1873, 6⁵⁹³.

‘Detached nine-bay single- and two-storey former racing lodge, c.1760... Jockey Hall is a fine, mid-Georgian range of symmetrical appearance and graceful proportions that was originally built to accommodate both jockeys and horses during racing season at the nearby Curragh Racecourse...’ (*NIAH*). Is ainm tí é seo atá réasúnta seanbhunaithe, agus is léir go ndéanann an t-ainm féin cur síos ar an gcineál gníomhaíochta a bhíodh ar bun ar an láthair.

Knox’s Corner CB (678550 710083) 1887 Knox’s Corner *Kildare Observer*, 20/08/1887, 4⁵⁹⁴; 2019 [ˌnoksəzˈkɔrnər] *Áit.2*. Ainm áitiúil ar an gcúinne/gcrosbhóthar i dtuaisceart an bhaile fearainn. Bhí an talamh in aice leis an gcrosbhóthar seo i seilbh George Knox de réir *Griffith’s Valuation*.

Monahan’s View TCH (678752 709997) 1897 Behan’s and Monaghan’s yards *Kildare Observer* 13/02/1897; 1908–9 Monahan’s View *SO 25*”. Teach agus stáblaí atá anseo. In *Griffith’s Valuation*, luaitear Michael Monaghan leis an bpíosa talún a bhfuil an teach seo air de réir léarscáil *SO 25*”.

Rose Villa TCH (678629 708482) 1908–9 *SO 25*”.

The Bungalow TCH (678511 709887) 1939–40 *SO Cassini*; Focal de bhunú na hlondústáinise is ea *bungalow* a bhfuil tagairtí dó sa Bhéarla chomh fada siar leis an 17ú haois (*OED*).

Thornton Lodge TCH (679316 709823) 1869 Thornton Lodge *The Irish Times*: 13/10/1869, 2⁵⁹⁵; 1908–9 Thornton Lodge *SO 25*”. ‘Originally a substantial stable complex that was converted to residential use in the mid nineteenth century, Thornton Lodge is of particular social, cultural and perhaps historical interest for its association with the equestrian activities in the region, notably the Curragh Racecourse and the adjacent Jockey Hall’ (*NIAH*, 11902801/KD-28-01). Is é an sloinne *Thornton* atá san ainm seo is cosúil. Feictear William Henry Thornton i mbaile fearainn *Ballysax East* in *Daonáireamh 1911*.

Waverley Cottages TCH (680089 709613) 1908–9 *SO 25*”.

Woodlands TCH (677657 708970) 1939–40 *SO Cassini*.

⁵⁹³ Kildare Harriers

⁵⁹⁴ ‘To Well Sinkers’

⁵⁹⁵ ‘Houses and Lands’

BF: Curragh / An Currach

Walton's Cottages TCH (676375 710866) 1908–9 SO 25”.

BF: Maddenstown North / Baile Uí Mhadaín Thuaidh

LogainmID: 25663

Turf Lodge TCH (676705 710767) 1837 SO 6”; 1908–9 SO 25”. ‘In the North is Turf Lodge, the residence of Mr. Hunter.’ (*AL:Desc. Rem.*). Is i gcomhthéacs an tionscadail rásaíochta capall a úsáidtear an t-ainmfhocal Béarla *turf* anseo, agus is cinnte gurb é an bhrí thánaisteach ‘The grassy track or course over which horse-racing takes place; hence, the institution, action, or practice of horse-racing; the racing world’ (*OED*) atá i gceist.

BF: Maddenstown South / Baile Uí Mhadaín Theas

LogainmID: 25664

Billy's Bridge DR (675074 709068) 1939–40 SO Cassini;

Butler's Bridge DR (672846 706838) 1939–40 SO Cassini;

Loughy's Crossroads CB (672927 707199) 1939–40 SO Cassini.

P: Ballyshannon / Baile Sonnáin

LogainmID: 1251

BF: Martinstown / Baile Mháirtín

LogainmID: 24838

Pier House TCH (677575 706903) 1939–40 SO Cassini.

BF: Shanacloon / Seanchluain

LogainmID: 25849

Cobourg Lodge TCH (677343 710519) 1837 SO 6”; 1939–40 British Legion Hall SO Cassini. Teach i dtuaisceart an bhaile fearainn. Tá baile sa Ghearmáin darb ainm *Coburg*, d’fhéadfadh sé gur uaidh sin a tháinig an t-ainm *Cobourg Lodge*. Is eagraíocht d’iarshaighdiúirí arm na Breataine í *The Royal British Legion* (*OED*).

Conyngham Lodge TCH (677053 710639) 1837 SO 6"; 1862 Conyngham Lodge *Leinster Ex.* 13/12/1862, 2; 1867 Conyngham Lodge *Freemans Journal*, 05/09/1867, 1; 1884 'Pope Hall (now called Conyngham Lodge)' *Kildare Observer* 29/03/1884; 5. Is teach é seo i dtuaisceart an bhaile fearainn. Tugann an méid a scríobhadh san fhógra nuachtáin a luaitear i bhfoirm 4 míniú ar an bhfoirm *Conyngham Lodge*: 'The Court having ordered a Sale of all that part of the Lands of Brownstown, formerly in the possession of Francis Nathaniel Marquis of Conyngham and known by the name of Pope Hall (now called Conyngham Lodge)'. Tá baile fearainn den ainm *Popeshall*⁵⁹⁶ i mBaile Átha Cliath.

Lark Lodge TCH (677055 709691) 1837 SO 6"; 1837 Lark Lodge AL:Desc. Rem.. 'Lark Lodge, the residence of A Disney Esq. is in the SE corner of the townland.' (Desc. Rem.:AL)

Ainm tí atá anseo. Tá sé suite i ndeisceart an bhaile fearainn.

Is é is dóichí ná gur tagairt don éan *lark* ('a name used generally for any bird of the family *Alaudidæ*, but usually signifying, when used without a prefix, the skylark', *OED*) atá san ainm. Feictear ainm an éin sin in ainmneacha páirce i Sasana go minic ('Literal or figurative references to the skylark (*Alauda arvensis*), or derived surnames', EFN, 246).

Mount Misery PRC (677104 709838), 2019 ['maun, mizəri:] *Áit.6*;

McGowan Terrace TCH (677643 710170) 1939–40 SO *Cassini*.

White Hall TCH (676849 710705) 1837 SO 6"; 1908–9 White Hall Cottage SO 25". Is teach é seo a bhí i gcúinne iarthuaisceart an bhaile fearainn ar an teorainn le *Curragh* (BF). Ní ann don teach a thuilleadh. Tá *Whitehall* coitianta mar logainm in Éirinn. Tá trí bhaile fearainn agus ionad daonra den ainm i mBaile Átha Cliath amháin, agus tá samplaí eile i gcontaetha éagsula, go háirithe i gCúige Laighean agus i gCúige Mumhan. Ní léir cén comhthéacs inar tugadh na hainmneacha úd. Seans gur do dhath an tí a thagraíonn an t-ainm áirithe seo nó b'fhéidir gur ainm galánta é a tugadh in ómós do *Whitehall* i Londain. Níl bunús an ainm sin go hiomlán soiléir ach an oiread, mar léiríonn an míniú seo a leanas in *OED*: 'The name may have been suggested by the light-coloured stonework of the Great Hall built in 1528, although it may alternatively reflect either a transferred use of the name of the White Hall in the Palace of Westminster, or a wider tradition of naming banqueting halls in this way.'

⁵⁹⁶ LogainmID: 16900

BF: Brownstown Upper / Baile an Bhrúnaigh Uachtarach

LogainmID: 25666

Ainmneacha Eile

Baden Cottage TCH (677074 708500) 1908–9 *SO 25"*;

Melrose TCH (677211 708716) 1939–40 *SO Cassini*.

BF: Carn / Carna

LogainmID: 25667

Church View TCH (676371 707209) 1939–40 *SO Cassini*;

Glebe FB (676545 707432) 1837 *SO 6"*. Féach an plé faoi *Glebe* i mbaile fearainn *Ballysaxhills* (lch 353).

BF: Common North / An Coimín Thuaidh

Bush Cottage TCH (676741 706340) 1939–40 *SO Cassini*;

Collins Ho. TCH (676736 706273) 1939–40 *SO Cassini*.

BF: Churchland East / Fearann an Teampaill Thoir

LogainmID: 25668

Church Field PRC (676677 708170) 1770–1840 MS 21 F. 35 / (081)⁵⁹⁷. Páirc mhór idir *Farnahoun* (lch 85) agus *Farnacunsay* (lch 83) thuas. Tá reilig i ndeisceart na páirce.

P: Cloncurry / Cluain Conaire

LogainmID: 1417368

BF: Cappanargid / Ceapach an Airgid

LogainmID: 25525

Mount Villa Lodge TCH (668705 721303) 1837 *SO 6"*.

O'Loughlin Villa TCH (669634 722237) 1908–9 *SO 25"*. Luaitear muintir O'Loughlin leis an mbaile fearainn seo in *BNS*.

⁵⁹⁷ Ibid.

The Picket Field PRC (suíomh éiginnte) 1937–8 *BNS*, 778:80. ‘On Mr. O’Loughlin’s farm in Cappanargid is a field called "Picket Field" which is on the edge of the road. In one corner of it there is an Ash tree growing. The tree is very large at the base, and it is possible to climb it without difficulty. The "Picket" is the name given to the tree, because during the Rebellion of 1798 it was used as a "look out" by the Rebels. The "Picket Field" derived its name from this Ash tree’ (*BNS*, 778:80).

BF: Glenaree / Gleann an Fhraoigh

LogainmID: 25529

Bushfield House TCH (670724 721536) 1783 Bushfield Ho. *Taylor*; 1837 Bushfield Ho. *SO 6*".

The Flash PRC (suíomh éiginnte) 1937/8 *BNS* 0774, 210. ‘There is another "flash" in Glanaree, Rathangan.’ ‘A pool, a marshy place’ an míniú ar *flash* in *OED*.

P: Dunmurry

BF: Dunmurry West / Dún Muire Thiar

LogainmID: 25793

Gallaher's Cross Roads CB (672478 714465) 1908–9 *SO 25*"; 2019 [ˌgalahəɹz'krɒs] *Áit.2*. Luaitear Charles Gallagher gar go leor don chrosbhóthar seo in *Griffith's Valuation*.

Beechpark Farm TCH (672767 714967) 1826 Beech Park *TAB*; 1826 Beech Farm *TAB*; 1908c Beechpark Farm *SO 25*".

P: Feighcullen / Fiodh Cuilinn

LogainmID: 1172

BF: Bostoncommon / Coimín Bhostúin

LogainmID: 25524

The Picket PRC (Suíomh Éiginnte) 1937-8 *BNS*, 0777, 139.

The Slang PRC (Suíomh Éiginnte) 1937-8 *BNS*, 0777, 139. ‘A long narrow strip of land’ an míniú a thugtar ar *slang* in *OED*. Tá *slang* coitianta in ainmneacha páirce i gcontaetha lár tíre i Sasana (*EFN*, 385). Faightear go leor samplaí den eilimint in ainmneacha páirce na Mí (*Meitheal.Logainm.ie*). Féach *The Long Slang* thíos (lch 375).

BF: Drumsru / Droim Sruith

LogainmID: 25532

Glebe FB (671661 721283) 1837 SO 6". Féach an plé faoi *Glebe* i mbaile fearainn *Ballysaxhills* (Ich 353).

Glebe FB (672251 720920) 1837 SO 6"

Glebe FB (672689 720904) 1837 SO 6"

P: Kildare / Cill Dara

LogainmID: 1187

BF: Clogharret Glebe / Cloch Ghearóid

LogainmID: 25854

Mountjoy House TCH (674733 713139) 1908–9 Mountjoy House SO 25".

BF: Brallistown Commons / Coimín Bhraichleasáin

LogainmID: 25852

St. Brigid's Well TOB (673053 710808) 1903 *JCKAS*, IV, 2, 131. Ceann de dhá thobar ó dheas ó bhaile Chill Dara a bhfuil an t-ainm sin orthu. Is é seo 'the real St. Brigid's Well' dar le Walter Fitzgerald. (*JCKAS* IV, 2, 131).

BF: Crockanure Glebe / Cnoc an Iúir

Liston's Bush CRN (suíomh éiginnte) 1937 *BNSC*, 779⁵⁹⁸. 'About three miles north of Kildare, on the far side of the Curragh, stands an old hawthorn bush. Standing roughly two yards from the edge of the road and a little further from the hedge this lone bush, though exposed to the full fury of every storm that blows, still survives. Local gossip has it that years ago an old man named Liston lived there alone. After his death the bush was not cut down as it is said that the old man returns there to perform his Purgatory and that when his punishment is finished the bush will wither and away and fall. It is referred to still by the inhabitants of the district as Liston's Bush' (*BNSC*, 779)

Walsh's Hill CN (675550 713136) 1908–9 SO 25".

⁵⁹⁸ Kildare Convent: Carmel Tiernan: The Lone Bush

BF: Curraghfarm / Feirm an Churraigh

LogainmID: 25858

Connacht Lodge TCH (673924 712038) 1900c *SO 25*".

Mons Lodge TCH (673947 712002) 1939 *SO Cassini*. Seans gur ainmníodh seo as *Mons* in Vallúin na Beilge nó *Le Mans* na Fraince.

Munster Lodge TCH (673920 712050) 1939 *SO Cassini*.

The Nook TCH (673834 711967) 1939 *SO Cassini*. Is é atá san ainm seo ná an focal Béarla *nook* ('a corner', *OED*). Tá caolseans ann gur aistriúchán atá san ainm tí seo ar logainm Gaeilge gan urrús in *cúil – ('corner', 'nook', *FGB*).

Stella Maris TCH (673923 711945) 1939 *SO Cassini*. Teideal a úsáidtear le haghaidh an Mhaighdean Mhuire is ea *Stella Maris*: 'A title given to the Virgin Mary used allusively of a protectress or a guiding spirit' (*OED*)

Ulster Lodge TCH (673874 711958) 1939 *SO Cassini*.

BF: Greyabbey / An Mhainistir Liath

LogainmID: 25859

Teahouse Hill CN (672103 711750) 1939 *SO Cassini*.

BF: Kildare / Cill Dara

LogainmID: 25860

Abbey Villa TCH (672529 712339) 1908–9 *SO 25*".

Bangup Lane SR (672760 712350) 1908–9 *SO 25*". Luaitear *Bang-up* mar aidiacht in *OED* agus é mínithe mar '*Quite up to the mark, stylish, in the pink of fashion*' agus 'quite close up (to), right up (to)'. Lána sách cúng atá an, agus mar sin, seans gurb é an dara míniú is fearr a d'fheilfeadh mar chur síos air. Tá *Bangup Lane* i gceantar na Cotswalds i Sasana, ach is i gcomhthéacs tuaithe atá an lán úd.

Bennett House TCH (673658 712055) 1908–9 *SO 25*". Tá dhá theach in aice lena chéile anseo, Gordon House agus Bennet House, iad ainmnithe as an Gordon Bennet Cup, comórtas rásaíocht charranna a tháinig tríd an ceantar seo in 1903.

Blind Lane SR (673183 712150) 1908–9 *SO 25*"; 2019 [bləɪnd, welz'le:n] *Áit.2*. Ainmnithe as an tobar *Blind Well* (lch 240), is cosúil.

Bullocks Park PRC (673958 711829) 1674 Bullocksparke *Emerson Contents*, 26; 1674 Bullogspark *Emerson Contents*, 26; 1684 Bullocksparke *Rent Roll*; 1744 Bullocks Park *CGn*. 117.242.80637. Ainm Béarla atá sna foirmeacha ar fad thuas, ach díol spéise is ea an fhoirm in *Bullog*- tosaigh mar a bhfuil réadú ar an leagan Gaeilge de *bullock*, **bulóg**, rud a thabharfadh le fios go raibh ainm Gaeilge sa chúrsaíocht roimhe sin, nó go raibh **bulóg** in úsáid i mBéarla an cheantair. Tá sé le tuiscint ón bhfrása ‘now plowed’ in *Emerson Contents* gur féarach a bhí ann ag tréimhse éigin roimhe sin, agus is léir gur ón ré sin a tháinig an t-ainm más ea.

Casablanca TCH (673309 713275) 1939 *SO Cassini*. Seans gur ainmníodh é seo as Casablanca Mharócó, ach trasna theorainn an bhaile fearainn in Whitesland East tá Whitesland House. Seans gur imeartas focal atá in Casablanca (‘an teach bán’ sa Spáinnis) i gcóimheas an ainm tí eile atá ann, mar sin.

Chapel Hill SR (672750 712574) 1908–9 *SO 25*”. Ainmnithe as séipéal a bhí ar an tsráid seo go dtí gur leagadh é in 1833 (*NIAH*), is dócha.

Church Lane SR (672702 712491) 1908–9 *SO 25*”. Is dócha gur ainmníodh é seo as an ardeaglais féin, nó as an séipéal a luaitear faoi *Chapel Hill*.

Fairview Cottages TCH (672787 712729) 1908–9 *SO 25*”. É seo agus *Fairview House* ainmnithe óna chongaraí is atá siad do *Fair Green*, is cosúil.

Fairview House TCH (672738 712767) 1908–9 *SO 25*”.

Gordon House TCH (673590 712074) 1908–9 *SO 25*”.

Hospital Street SR (673176 712220) 1908–9 *SO 25*”; 2019 [ˈhɒspɪtəl,stri:t] *Áit.2*. Ainmníodh an tsráid seo as ospidéal a tógadh le haghaidh 'unfortunate and fallen women, who frequent the Curragh, and this neighbourhood' (Andrews, 1986, 6).

Jubilee Cottage TCH (673750 712035) 1908–9 *SO 25*”. Bhí iubhaile órga ag an mBanríon Victoria in 1887 agus iubhaile diamaint aici in 1897. As ceann acu seo a ainmníodh an teach seo is dócha.

Leinster Lodge TCH (673017 712383) 1908–9 *SO 25*”. Tá an teach seo suite in aice le suíomh an chaisleáin, agus is dócha, mar sin, go bhfuil baint ag an ainm seo leis na Gearaltaigh a raibh diúcacht Laighean acu, seachas le hainm an chúige.

Lucknow TCH (674309 712267) 1903 *Dog Licences*. As Lucknow san India is cosúil, go díreach béaldoras ó Simla thíos. Dhá bhaile i dtuaisceart na hIndia iad seo.

Martin Cottage TCH (673458 712744) 1939 *SO Cassini*.

Melrose TCH (673427 712140) 1908–9 *SO 25*”. Seans gur ainmníodh é as *Melrose* na hAlban.

Middle Park PRC (673825 711890) 1674 Midleparke *Emerson Contents*, 26; 1684 Middle parke *Rent Roll*; 1744 Middle Park *CGn*. 115.328.80638. Tá an pháirc seo laistiar de Bullocks Park thuas agus is léir ainm tuairisciúil simplí é a tugadh i gcomparáid leis na bpáirceanna eile timpeall uirthi.

Old Road BR (672482 712926) 1939 Old Road *SO Cassini*; 2019 [d̪ə oːldˈroːd] *Áit.2*. Is bóthar é seo a théann ó imeall Bhaile Chill Dara i dtreo Ráth Iomgháin go dtí go ritheann sé isteach i mbóthar an R401 i mbaile fearainn *Rahilla Glebe*. Ní léir céard dó a thagraíonn an aidiacht Bhéarla *old* san ainm, agus ní léir cé chomh seanbhunaithe is atá an t-ainm é féin. Ní léir aon bhóthar ‘nua’ i gcodarsnacht leis mbóthair seo. Tá R401 an lae inniu le feiceáil ar *Rocque TCD (CD)* mar *Dunmurry Lane* agus luaitear *Dunmurry Lane* in *Emerson BoR* chomh maith. Is léir, mar sin, nach seanbhóthar é seo ar tháinig bóthar nua isteach ina áit. Is bóthar táinisteach é, agus é níos caite ná an R401, agus dá réir sin, d’fhéadfaí a thuairimiú gur ainm réasúnta nua é atá bunaithe ar an gcuma chaite air. Ina choinne sin, tá suíomh an ainm stairiúil *Oldtown* / ***An Seanbhaile** (lch 185) éiginnte ach is léir go raibh sé áit éigin ar an mbóthar seo. Dá bharr sin, tá seans maith ann gur tagairt éigin don ainm sin atá in *Old Road*.

Palace Field PRC (672840 712645) 1827 Palace Field *TAB*; 1939 Palacefield Terrace *SO 6" Cassini*; 2019 [d̪əˌpaləsˈfiːəld] *Áit.2*. Is ó theach an ardeaspaig a tháinig an t-ainm seo de réir dealraimh. Bhí an teach sin ina fhothrach faoin 17ú haois, is cosúil (Andrews, 1986, 4) agus níl aon rian de ann sa lá atá inniu ann.

Pigeon Lane SR (672510 712439) 1908–9 *SO 25"*.

Simla TCH (674308 712252) 1908-9 *SO 25"*. As cathair *Shimla* san India a ainmníodh an teach seo de réir gach cosúlachta.

The Blackbull TCH (Suíomh Éiginnte) 1674 The Blackbull *Emerson BoR*, 24; 1778 The Blackbull⁵⁹⁹ *RSBCK*⁶⁰⁰; 1795 Blackbull *RSBCK*⁶⁰¹. ‘Two cabbins and little gardens opposite to the sign of the Blackbull on the east two cabbins and gardins belonging to the 49 interest.’ (*Emerson BoR*, 24). Ní léir suíomh na háite seo, ach is dócha go raibh sé sa bhaile é féin ós rud é gur dócha gur teach tábhairne a bhí i gceist. Is cosúil go dtagraíonn ainmhithe in ainmneacha tábhairne agus gnólachtaí eile ón tréimhse seo d’íomhá a bhí ar an gcomhartha os cionn dhoras an tí, mar a léiríonn Jonathan Swift anseo agus é ag trácht ar chomharthaí i mBaile Átha Cliath:

I have not observed the wit and fancy of this town so much employed in any one article as that of contriving variety of signs to hang over houses where punch is to be sold. The bowl is

⁵⁹⁹ ‘Maunsell Archdeacon lease from Medlicott’

⁶⁰⁰ Kildare Cathedral Estate Papers Subscription Roll: Index

⁶⁰¹ *Ibid*

represented full of punch, the ladle stands erect in the middle, supported sometimes by one, and sometimes by two animals, whose feet rest upon the edge of the bowl. The animals are sometimes one black lion, and sometimes a couple; sometimes a single eagle and sometimes a spread one ; and we often meet a crow, a swan, a bear, or a cock, in the same position' (Berry, 1910, 81)

Luaitear dhá ghnólacht den ainm *Black Bull* i mBaile Átha Cliath sa scagadh a rinne Berry (1910, *ibid.*) ar chomharthaí sa chathair sa 17ú agus san 18ú haois.

The George on Horseback TCH (Suíomh Éiginnte) 1801 *The George on Horseback CGn.*

538/188/356897; 1801 *The George CGn.* 538/188/356897. Is ainm tí tábhairne é seo is cosúil, agus is é is dóichí ná gur tagairt d'íomhá a bhí crochta os cionn an dorais a thug ainm don áit (féach *The Blackbull* thuas). D'fhéadfadh gur tagairt do Sheoirse I nó do Sheoirse II a bhí i réim san 18ú haois atá san ainm, ach féach chomh maith gurb ann do phéintéireacht den ainm *St. George on Horseback*, a rinneadh ag deireadh an 17ú haois.

The Hut TCH (673652 712050) 1908–9 *SO 25*".

The Ormounte Arms TCH (Suíomh Éiginnte) 1674 the Ormounte Arms *Emerson BoR*, 25. 'A surround outside ye walls of ye Earl's castle and alsoe ye house without the walls which now hath the signe of the Ormounte Arms' (Emerson BoR, 25). Is teach ósta a bhí anseo de réir dealraimh, ar an tsráid áit éigin i gcóngar an chaisleáin. Bhí teach ósta den ainm céanna ar Shráid an Chiste i mBaile Átha Cliath sa 17ú haois chomh maith (Berry, 1910, 91).

The Park PRC (672949 712412) 1939 *SO Cassini*.

Westenra TCH (673231 713161) 1908–9 *SO 25*".

BF: Loughminane / Loch Meannáin

LogainmID: 25865

Gallows Cross Roads CB (669520 711582) 1939 *SO Cassini*; 2019 [d̪əˌgaləsˈkras] *Áit.1*. Is cinnte gurb é an t-ainmfhocal Béarla *Gallows* ('An apparatus for inflicting the punishment of death by hanging, usually consisting of two uprights and a cross-piece, from which the criminal is suspended by the neck', *OED*) atá san ainm.

Hawk Hill TCH (671947 712388) 1878 Hawk Hill *Dog Licences*; 1908–9 Hawk Hill *SO 25*". Is teach é seo atá ar an taobh ó thuaidh den R445. Is cosúil gur mí-aistriú é seo ar ainm an bhaile fearainn *Knockshough Glebe* / **Cnoc Sióg**, bunaithe ar an tuiscint gur '**Cnoc Seabhaic**' ('hawk hill') a bhí ann. Ní léir chomh seanbhunaithe atá an ainm, ach díol spéise is ea go raibh tuiscint éigin ar an nGaeilge ag

an té a chum an chéad lá é. In *Emerson BoR*, faightear aistriú níos cruinne ar ainm an bhaile fearainn in *Fariehill*.

BF: Rahilla Glebe

LogainmID: 25799

The Angle PRC (Suíomh Éiginnte) 2019 [d̪ə ˈaŋɡəl] *Áit.4*. ‘it was a three corner field’ (*Áit.4*)

The Craft PRC (670777 715834) 2019 [d̪ə ˈkra:ft] *Áit.4*. Is ionann *craft* agus foirm den ainmfhocal Béarla *croft* – ‘A piece of enclosed ground, used for tillage or pasture: in most localities a small piece of arable land adjacent to a house’ (*OED*); ‘A small enclosed field or pasture, near to or attached to the dwelling-house’ (*EDD*). Faightear an fhoirm *craft* in Albain agus in Staffordshire, Worcestershire, Shropshire, Norfolk agus Corn na Breataine i Sasana. Tá raidhse samplaí de *craft* in ainmneacha páirce na Mí, agus faightear samplaí i gContae Lú agus i nGleann an Smóil i mBaile Átha Cliath chomh maith (Meitheal.Logainm.ie).

The Long Field PRC (671259 715831) 2019 [d̪ə ˌlɒŋ ˈfi:əld] *Áit.4*.

BF: Rathwalkin / Ráth Bhailcín

LogainmID: 25594

Blackthorn Park PRC (Suíomh Éiginnte) 1674 Blackthorne parke *Emerson Contents*, 15; 1684 Blackthorne parke *Rent Roll*; 1744 Blackthorn *CGn*. 117.242.80637; 1744 Blackthorn Park *CGn*. 115.328.80638. ‘Blackthorne parke course pasture. 18 2 00.’ (*Emerson BoR*, 15). Is cosúil, mar sin, gurb i an pháirc atá i gceist anseo ná an pháirc mhór oscailte a bhí faoi sceacha ar Léarscáil OS 6”, in iarthuaisceart bhaile fearainn *Rathwalkin*. Cineál sceiche is ea *blackthorn*: ‘A Eurasian thorny shrub or small tree, *Prunus spinosa*’ (*OED*).

BF: Redhills / An Cnoc Rua

LogainmID: 25595

Roundbush Park PRC (670898 713806) 1674 Roundbush park *Emerson Contents*, 15; 1674 Roundbushparke *Emerson Contents*, 15; 1684 Roundbush parke *Rent Roll*; 1744 Round bush park *CGn*. 115.328.80638. ‘Roundbush parke adjoining north of Loughanlaine 017 0 00’ (*Emerson Contents*, 15). Léirítear páirc ar an taobh ó thuaidh den bhóthar a bhfuil dhá sceach nó mhuine inti ar léarscáil SO 6”. Is cosúil gurb é seo an pháirc atá i gceist, ach ní féidir talamh slán a dhéanamh de. Is ainm tuairisciúil Béarla ar chruth na sceiche atá anseo.

Wilderness PRC (Suíomh Éiginnte) 1674 Wilderness *Emerson Contents*, 15; 1744 Wilderness *CGn*. 115.328.80638; 1746 Wilderness *CGn*. 126.32.85272. ‘A park called wilderness good pastoral land.’

(*Emerson Contents*, 15). Bhí sé seo suite i mbaile fearainn *Redhills*, is cosúil, ach tá an suíomh beacht éiginnte. ‘Wild or uncultivated land’ an míniú a thugtar ar *wilderness* in *OED*. Tá ainm páirce den ainm céanna i gContae na Mí.

BF: Southgreen / An Fhaiche Theas

LogainmID: 25868

Green Road BR (671318 713326) 1939 *SO Cassini*.

Hill Road BR (672053 713396) 1939 *SO Cassini*.

The Pooka’s Hollow LOG (671615 713940) 2019 [d̪ə,pu:kaz'hələ] *Áit.4*; 2019 [d̪ə,pu:kaz'hələ] *Áit.1*.

Log ar bhóthar *Southgreen*, in aice le *Kildare Animal Foundation*, ar thaobh bhaile Chill Dara. Is ainm Béarla é seo leis an iasacht choitianta Ghaeilge **púca** (‘Hobgoblin, pooka, puck’, *FGB*). Féach *The Pooka’s Hollow* (lch 372) i bparóiste *Thomastown* mar a bhfuil scéal réaloidis ag gabháil leis.

BF: Whitesland East / Fearann an Fhaoitigh Thoir

LogainmID: 25870

Donnelly’s Stables TCH (674035 713354) 1837 SO 6”.

BF: Whitesland West / Fearann an Fhaoitigh Thiar

LogainmID: 25871

Tinker’s Hill CN (670992 712391) 1938 Tinker Hill BNSC, 779⁶⁰²; 1939 Tinker’s Hill *SO Cassini*; 2019 [ˌtɪŋkəz'hɪl] *Áit.1*; 2019 [ˌtɪŋkər'hɪl] *Áit.2*. ‘Tinker Hill is situated about a mile west of the town of Kildare. It is so called because during a quarell one tinker was killed there.’ (*BNSC*, 779⁶⁰³). Níl sé as áireamh go bhfuil nasc idir seo agus *Tankardstown* atá i ndeisceart baile fearainn *Mooretown*.

⁶⁰² *Kildare Convent: Mary Conlon: Local Placenames.*

⁶⁰³ *Kildare Convent: Mary Conlon: Local Placenames.*

P: Lullymore / An Loilíoch Mhór

LogainmID: 1242

BF: Lullymore East / An Loilíoch Mhór Thoir

LogainmID: 25579

Limekiln Field PRC (669706 725480) 2009 Limekiln field *Lullymore FN*; 2021 [d̪əˈl̪əimˌkɪln] *Áit.11*.

Luaitear tiníl ('L.K') sa pháirc seo ar *SO 25*".

P: Pollardstown / Baile Pholaird

LogainmID: 1218

BF: Pollardstown / Baile Pholaird

LogainmID: 26037

Springbank TCH (676486 715662) 1939 Springbank *SO Cassini*. Seans go dtagraíonn an t-ainm do na fuaráin a léirítear sa bhaile fearainn seo in *SO 25*".

P: Rathangan / Ráth Iomgháin

LogainmID: 1219

BF Ballinure / Bealach Átha an Iúir

LogainmID: 25581

Connor's Cross Roads CB (663440 721215) 1908–9 *SO 25*". Tá an crosbhóthar seo ar an teorainn le baile fearainn (BF) *Coolygagan* i gContae Uíbh Fhailí. Luaitear roinnt daoine den sloinne *Connor* sa bhaile fearainn sin in *Daonáireamh 1911*.

BF: Ballysooghan North / Baile Uí Shubhacháin Thuaidh

LogainmID: 25583. Féach léarscáil faoi *Ballinure*.

Blakefield House TCH (664570 721019) 1908–9 *SO 25*".

Byrnestown House TCH (664368 721336) 1908–9 *SO 25*". Ba é Felix Byrne an tionónta anseo tráth *Griffith's Valuation*.

The Big Kells PRC (Suíomh Éiginnte) 1760 Old Lime Kill [?] *Survey of Rathangan*⁶⁰⁴; 1937-8 The Big Kells *BNS*, 0800, 161; 2021 [d̪əˌlaimkɪlnˈfiːld] [?] *Áit 10*. ‘Another field on this farm is called The Big Kells, and another The Little Kells.’ (*BNS*, 0800, 161). Faightear *Kells* mar bhearlú ar **Na Cealla** – ‘the churches’ na Gaeilge i gContaetha Aontroma, Chiarraí, an Chláir agus Luimnigh. Maireann scéalta béaloidis faoi aifrinn a bheith á rá sa bhaile fearainn seo aimsir na bPéindlíthe (*BNS*, 0800, 161) agus d’fhéadfadh sé go raibh reilig ann chomh maith (féach *The Forbidden Bush*, lch 208). Is mó an seans gur ainm de bhunadh an Bhearla é seo, áfach. Tá fáil ar shamplaí d’fhoirmeacha canúnacha den fhocal *kiln* in *kel* agus *kill* in ainmneacha páirce Shasana (*EFN*) agus is cosúil go bhfuil léiriú air sin san fhoirm ar léarscáil Rocque in *kill*. Níl aon chuimhne ar an tiníl féin ag na húinéirí talún anseo, ach maireann an t-ainm [d̪əˌlaimkɪlnˈfiːld] mar sin féin. Tá éiginnteacht ag baint le bunús agus suíomh *The Big Kells*, mar sin. D’fhéadfadh gur ainm de bhunadh na Gaeilge in ***Na Cealla** – ‘the churches’ é, nó b’fhéidir gur ainm Béarla é a mhaireann san fhoirm [d̪əˌlaimkɪlnˈfiːld].

The Limekiln Field PRC (664650 720754), 2021 [d̪əˌlaimkɪlnˈfiːld] *Áit 10*.

The Little Kells PRC (Suíomh Éiginnte) 1937-8 The Little Kells *BNS*, 0800, 161. ‘Another field on this farm is called The Big Kells, and another The Little Kells.’ (*BNS*, 0800, 161). Féach *The Big Kells* thuas.

The Long Craft PRC (Suíomh Éiginnte) 1937-8 *BNS* (0800, 161).

The Muchroon PRC (Suíomh Éiginnte) 1937-8 the "Muchroon" *BNS* 0800, 161. ‘A field behind Dempsey's of Blakefield is called the "Muchroon."' (*BNS*, 0800, 161). Is de bhunadh *muserun*, *mousseron* na Fraincise an focal Béarla *mushroom* (*OED*), agus faightear foirmeacha canúnacha in *n* deiridh i Sasana amhail *Misheroon* in Kent agus *Musherooin* in Suffolk (*EDD*). Ní léir, mar sin, cé acu an é an t-ainmfhocal Gaeilge **muisiríún** (*mushroom*, *FGB*) nó foirm chanúnach den fhocal Béarla *mushroom* bunús an ainm seo.

BF: Clonmoyle West / Cluain Maol Thiar

LogainmID: 25597

Black Bridge DR (665653 715243) 1908–40 *SO Cassini*. Tá talamh portaigh i ndeisceart an bhaile fearainn (‘cutover peat’ *EPA*). Do dhath na créafóige a thagraíonn an dath dubh san ainm seo agus in *Black Drain* chomh maith is dócha.

Black Drain ABH (666347 716226) 1908–40 *SO Cassini*.

Duke's Drain ABH (666347 716226) 1908–40 *SO Cassini*. Tagairt do Dhiúc Laighean atá anseo, seans.

⁶⁰⁴ ‘Survey of the Manor of Ballysooghan’

BF: Ellistown / Baile Eilís

LogainmID: 25598

O'Neill's Cross Roads CB (668042 715197) 1908–9 SO 25"; 2019 [oːˌni:lz'kras] *Áit.1.* 'O'Neill's lived down there years and years ago' (*Áit.1.*). Ba le Edward Neill na tailte in aice leis an gcrosbhóthar seo in *Knavenstown* (BF) aimsir *Griffith's Valuation*.

BF: Inchanearl / Inse an Iarla

LogainmID: 25549.

Hunters Bridge DR (668544 720214) 1908–9 SO 25". Tá sé seo ar an teorainn le *Newtown* (BF) ina luaitear Maria agus Henry Hunter in *Daonáireamh 1901*.

BF: Kilmoney North / Cill Mhuine Thuaidh

LogainmID: 25552.

Glebe FB (670167 719700) 1837 SO 6". Féach an plé faoi *Glebe* i mbaile fearainn *Ballysaxhills* (Ich 353).

Glebe FB (668101 720115) 1837 SO 6".

BF: Kiltaghan North / Coillteachán Thuaidh

LogainmID: 25600.

Wilson's Bridge DR (665238 717313) 1837 Wilson's Bridge SO 6"; 1908–9 Wilson's Bridge SO 25.

Droichead thar an gCanáil Mhór. Ní léir cé dó a ainmníodh an droichead. Ní fhaightear an sloinne Wilson in *Kiltaghan North* ná *Kiltaghan South*. Seans gur duine a raibh baint aige le tógáil an droichid a bhí ann.

BF: Mullantine

LogainmID: 25603

Ansboro Malt House TCH (666557 719078) 1908–9 SO 25".

Friar's Ford ÁTH (666953 718114) 1908–9 SO 25"; 1937-8 Friars Ford BNS 778, 78; 2019 [d̪əˌfr̪iːjərz'fɔːrd] *Áit.1.* 'Friars had a monastery in there in the fields going back in the penal times.' (*Áit.1.*)

Spa Well TOB (666680 718667) 1908–9 Spa Well (Chalybeate) SO 25".

BF: Rathangan Demesne / Diméin Ráth Iomgháin

LogainmID: 25589

Bowling Green PRC (667646 719098) 1769 Bowling Green *Vaughan Rathangan*. Aonad beag (0a 1r 3p) atá anseo bhí mar chuid de ghrúpa páirceanna nó clós beag ar an taobh ó dheas den bhóthar idir Baile Chill Dara agus Ráth Iomgháin (R401 an lae inniu) ar léarscáil *Vaughan Rathangan*. Bhí athruithe suntasacha tagtha ar chruth na bpáirceanna sa bhaile fearainn seo faoin am ar cuireadh SO 6" i gcló, agus mar sin, is deacair suíomh beacht an aonaid seo, agus na gceann mórthimpeall air, a dhéanamh amach. Faightear ainmneacha amhail *Bolling Alley* agus *Bowling Green* in ainmneacha páirce i Sasana – ‘land level enough for, or actually used for, the game of bowls’ (EFN, 38).

Bullock Yard PRC (667497 719101) 1769 Bullock Yard *Vaughan Rathangan*. Aonad beag (0a 1r 10p) ar an taobh thiar de Bowling Green thuas. Cáilíonn *bullock* réimse leathan d’aicmitheoirí in ainmneacha páirce i Sasana, agus is gnách go dtagraíonn sin do ‘land on which bullocks were pastured or housed’ (EFN, 51).

Corn Field PRC (667238 718278) 1769 Corn Field *Vaughan Rathangan*. Páirc (11a 0r 23p) i ndeisceart an bhaile fearainn atá roinnte ina dhá leath sa lá atá inniu ann. Tagairt don úsáid talún atá san ainm.

Corn Guard PRC (667650 719075) 1769 Corn Guard *Vaughan Rathangan*. Aonad beag (0a 1r 0p) laistear de *Bowling Green*. Ní léir céard atá i gceist leis an dara heilimint. D’fhéadfaí an t-ainmfhocal Béarla *garth* – ‘A small piece of enclosed ground, usually beside a house or other building, used as a yard, garden, or paddock; frequently with defining word, as *apple-garth*, *barn-garth*...’ (OED) a chur san áireamh, ach tá an litriú in *guard* neamhghnách.

Cow Herds Garden PRC (668153 718947) 1769 Cow Herds Garden *Vaughan Rathangan*. Páirc bheag (1a 0r 34p) dhronuilleogach suite laistigh de Upper Season i gcúinne an iarthuaiscirt. Talamh i seilbh aoire atá i gceist anseo. Féach, mar shampla, *Herd Field*, *Herds Croft* – ‘land belonging to a herdsman’ (OED).

Cow Yard PRC (667635 719098) 1769 Cow Yard *Vaughan Rathangan*. Aonad beag (0a 0r 24p) idir *Bowling Green* agus *Bullock Yard*. ‘Land on which cows were kept’ an chiall a bhíonn le hainmneacha den chineál seo le *cow* mar cháilitheoir (EFN).

Furry Field PRC (667436 718411) 1769 Furry Field. Páirc (7a 2r 20p) i lár an bhaile fearainn. Is é an chiall atá le *furry* anseo ná talamh bhfuil aiteann ag fás go flúirseach inti. Faightear *Furry Close* i

Leicestershire Shasana, agus faightear roinnt samplaí i logainmneacha na hÉireann – *Furry Glen / Gleann an Aitinn*⁶⁰⁵ i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath, cuir i gcás.

Grove PRC (667654 719056) 1769 Grove *Vaughan Rathangan*. Garrán beag triantánach (1a Or 14p) laisteas den R401. ‘A small wood; a group of trees affording shade or forming avenues or walks, occurring naturally or planted for a special purpose’ an míniú ar *grove* in *OED*.

Hay Guard PRC (667606 719096) 1769 Hay Guard *Vaughan Rathangan*. Clós nó páirc bheag (0a Or 36p) taobh le *Bowling Green* thuas. Is é is dóichí ná gur foirm mhalartach den ainmfhocail *Haggard* – ‘A farmyard or similar enclosure where ricks of hay, corn, etc., are stored; a rickyard’ (*OED*) atá san ainm, ach tá an litriú *guard* neamhghnách anseo. Féach *Corn Guard* thuas (lch 369).

Hill Field PRC (667514 718612) 1769 Hill Field *Vaughan Rathangan*. Páirc (17a 2r 33p) in iarthar an bhaile fearainn. Is ionann an cnoc san ainm agus *Mullatruce* (lch 229).

Horse Park PRC (667614 71891) 1769 Horse Park *Vaughan Rathangan*. Páirc (16a 2r 14p) in iarthuaisceart an bhaile fearainn. Bhí leagan amach na bpáirceanna anseo athruithe go mór faoin tráth a rinneadh an tsuirbhéireacht do *SO 6*”, agus an Chanáil Mhór tógtha idir an dá linn. ‘Common names alluding to farm horses’ an míniú a thugtar in *EFN* ar ainmneacha éagsúla a bhfuil *horse* mar cháilitheoir iontu amhail *Horse Close*, *Horse Croft*, *Horse Pasture*.

Kitchen Garden PRC (667635 719053) 1769 Kitchen Garden *Vaughan Rathangan*. Páirc (2a Or 10p) siar ó dheas ó *Hay Guard* agus *Cow Yard*. ‘Land on which crops were grown for culinary use’ (*EFN*).

Lower Season PRC (667922 718767) 1769 Lower Season *Vaughan Rathangan*. D’fhéadfadh sé gur *season* – ‘ground in condition for sowing’ (*EDD*) nó *seisin* (in early use, Possession: chiefly in phrases, to have take *seisin* (in, of). Now only in Law, Possession as of freehold, *OED*) a thagann ó *saisine* na Fraincise atá san ainm.

Mike's Rath IMFH (Suíomh Éiginnte) 1937-8 *BNS* 0778, 079; 1938 "Mike's Rath" or "The Horses Church Yard" *BNSC* 777⁶⁰⁶; 2019 [ˌmɔɪksˈrɑd] *Áit.1*. “"Mike's Rath" is in the Demesne, which is owned by Mr. Doran. A man named Mike had a number of horses, and when they died he buried them in the Demesne. The place has since been called "Mike's Rath", and sometimes the "Horse's Churchyard"” (*BNS* 0778, 079)

Orchard PRC (667615 719049) 1769 Orchard *Vaughan Rathangan*. Aonad (1a 3r 15p) soir ó thuaidh de *Horse Park*. ‘Originally: a garden (frequently enclosed), esp. for herbs and fruit trees. Now: an

⁶⁰⁵ LogainmID: 1378123

⁶⁰⁶ Máirín Ní Cionnaodha

area of land, frequently enclosed, given over to the cultivation of fruit trees' an bhrí atá le *Orchard* (*OED*). Tá an chuma ar an scéal go léirítear crainn san aonad ar an léarscáil.

Twelve Acre Field PRC (667737 718948) 1769 Twelve Acre Field *Vaughan Rathangan*. Páirc laistear de *Kitchen Garden* agus *Orchard*. Ní raibh ach 10 n-acra 2 ród agus 33 péirse inti de réir léarscáil *Vaughan Rathangan*.

Potatoe Garden PRC (667768 718622) 1769 Potatoe Garden *Vaughan Rathangan*. Páirc (6a 0r 0p) lastuaidh de *Furry Field*. Cáilíonn *potato* ('frequently spelt *potatoe*') aicmitheoirí éagsúla in ainmneacha páirce i Sasana leis an mbrí 'land on which potatoes were grown' (*EFN*, 339).

Ram Park PRC (667840 718922) 1769 Ram Park *Vaughan Rathangan*. Páirc (9a 1r 30p) laistear de *Grove*. 'Land for a ram' an bhrí atá le hainmneacha den chineál seo (*EFN*, 352).

Sheep Pin PRC (667560 718897) 1769 Sheep Pin *Vaughan Rathangan*. Aonad an-bheag ('0a 0r 10p') i gcúinne iarthuaiscirt *Twelve Acre Field*. Is cosúil gur litriú malartach ar *pen* 'A small enclosure in which cows, sheep, pigs, poultry, or other animals are kept; a fold, sty, coop, etc.' (*OED*) atá san eilimint *pin*.

Spencer Bridge DR (666802 718943) 1837 Spencer Br. *SO 6"*. Droichead thar an gCanáil Mhór atá anseo a tógadh in 1784 (*NIAH*). Bronnadh 929 acra i gceantar Ráth Iomgháin ar Boyle Spencer in 1744, agus b'eisean nó duine dá mhuintir a thóg *Rathangan House* sa bhaile fearainn seo (Mac Suibhne, 1975, 5).

Upper Season PRC (668081 718933) 1769 Uper Season *Vaughan Rathangan*. Páirc 19a 1r 20p. Féach *Lower Season* thuas.

BF: Rathangan / Ráth Iomgháin

LogainmID: 1411905

Glebe FB (666469 719484) 1837 *SO 6"*. Féach an plé faoi *Glebe* i mbaile fearainn *Ballysaxhills* (Ich 353).

Waterloo PRC (667322 719287) 1827 Waterloo *TAB*; 2019 [wɑ:tər'lu:] *Áit.1*. 'There was never anything only flaggers⁶⁰⁷ in it. And all the people around Rathangan used to keep donkeys for drawing home the turf, and they'd pay a shilling a week for the grass for the donkey to Miss Molly Murphy. That was known as [wɑ:tər'l'u:]' (*Áit.1*). Faightear páirceanna den ainm céanna i Sasana, agus is gnách go dtugtar an t-ainm in ómós do Chath Waterloo a tharla ar an 18 Meitheamh 1815 sa

⁶⁰⁷ Féach an t-ainm páirce *The Flaggers* (Ich 374) le haghaidh míniú ar an bhfocal seo.

Bheilg (*EFN*). Is cosúil ó ainm an té a luaitear leis an bpáirc in *TAB*, Captain Evans, gur fear míleata a bhí ann.

BF: Sheean

LogainmID: 25138

Bog Cross Roads CB (666360 719904) 1908–9 *SO 25*”. Ainmníodh é seo mar gheall ar an gceantar mór portaigh ó thuaidh ar an mbóthar go hÉadan Doire, is dócha.

Prestonbrook TCH (666148 718739) 1837 *SO 6*”; 1908–9 Brooklawn *SO 25*”. Luaitear Isabella Preston mar thionónta sa teach seo agus na tailte timpeall air in *Griffith’s Valuation*.

Yellow Lough Cross Roads CB (666669 719737) 1908–9 *SO 25*”; 2019 [d̪əˌjələˈlak] *Áit.1*. Níl aon loch, nó ithir lochach sa bhaile fearainn seo.

P: Thomastown / Baile Thomáis

The Pooka’s Hollow LOG (669705 716786) 1937-8 The “Pooka’s Hollow” *BNS*, 800, 13; 2019

[d̪əˌpuːkazˈhələ] *Áit.1*. Seo a leanas an míniú a bhí ag an bhfaisnéiseoir (*Áit.1*) ar an ainm:

‘When you’re going home this evening, you go by Thomastown Church, and you come to a dip, a big dip in the road. I never called that anything only [d̪əˌpuːkazˈhələ]...Then there’s another one on the big hill road was known as the [d̪əˌpuːkazˈhələ]. It’s supposed to be haunted. My brother, lord have mercy on him, he’s dead twenty five or six year, and he was coming home one night and he said to this ould lad, he was a cousin of ours, he saw Mrs [ainm duine] up the road, walking that night at 12 o’clock at the road. “Jays you didn’t see Mrs [ainm duine]” he says “Why?” he says “She’s dying in Naas Hospital” he said. It wasn’t her at all, it was a ghost he saw.’

Féach *The Pooka’s Hollow* (lch 365) i bparóiste Chill Dara.

BF: Thomastown East / Baile Thomáis Thoir

LogainmID: 25605

Glebe FB (668624 716996) 1837 *SO 6*”. Féach an plé faoi *Glebe* i mbaile fearainn *Ballysaxhills* (lch 353).

BF: Thomastown West / Baile Thomáis Thiar

LogainmID: 25606

Springfield TCH (668207 716922) 1908–9 SO 25”; 2019 [ˌsprɪŋˈfiːld] *Áit.1.*

P: Tully

LogainmID: 1233

BF: Friarstown / Baile an Fhréaraigh

LogainmID: 25806

Erindale TCH (673199 716203) 1838c SO 6”.

Rossmore Lodge TCH (673817 715153) 1837 SO 6”. Is cosúil go raibh baint ag an teach seo le muintir Westenra, barúin Rossmore, ach ní raibh an teach fós i seilbh an teaghlaigh sin tráth *Griffith’s Valuation*. Féach go raibh teach darb ainm *Westenra* i dtuaisceart bhaile fearainn *Kildare* chomh maith.

The Bungalow TCH (675437 714674) 1939 SO *Cassini*. Féach an plé faoi *The Bungalow* (lch 354) i mbaile fearainn *Ballysax Great*.

The Lawn TCH (672825 716401) 1908–9 The Lawn SO 25”; 1939 Oaklawn SO *Cassini*.

BF: Rathbride / Ráth Bhríde

LogainmID: 26039

Mellifont TCH (675122 716233) 1908–9 Melligont SO 25”; 1939 Mellifont SO *Cassini*. Is é is dóichí ná gur botún cló is cúis leis an gcéad fhoirm in *Melligont*. Seans gur ainmníodh an teach seo as *Mellifont* / **An Mhainistir Mhór**⁶⁰⁸ i gContae Lú.

Osborne Lodge TCH (675437 714647) 1888 Osborne Lodge *Kildare Observer*, 02/07/1898: 8⁶⁰⁹; 1908–9 SO 25”. Faightear míniú ar bhunús an ainm seo in *Kildare Observer* (02/07/1898: 8): ‘James Dunne has removed his string of horses from Curragh View to Osborne Lodge, his newly erected establishment at the Rathbride side of the Curragh, and which he has named Osborne Lodge out of compliment to Mr Joseph Osborne, with whom his career commenced...’

Rose Cottage TCH (675128 716231) 1908–9 SO 25”.

⁶⁰⁸ LogainmID: 38471

⁶⁰⁹ ‘Sporting Items’

BF: Tully West / An Tulaigh Thiar

LogainmIE: 25876

Blackgutter Stream ABH (672949 709350) 1939 *SO Cassini*. Draein ar imeall ceantair portaigh atá anseo. Is dócha go dtagann an t-ainm ó dhath na móna nó dath an uisce.

Blackgutter Bridge DR (672949 709350) 1939 *SO Cassini*.

Drumcree Villa TCH (673129 709681) 1939 *SO Cassini*. Is cosúil gur ainmníodh an teach seo as an seanainm ar Chill Dara atá le feiceáil i roinnt foinsí stairiúla amhail *Acallamh na Senórach*: ‘a nDruim Criadh risa ráidter Ceall Dara’ (Stokes, 1900, l 56).

Valetta TCH (672832 712067) 1908–9 *SO 25*”. Príomhchathair Mhálta, iarchoilíneacht de chuid na Breataine, is ea Valetta. Faightear samplaí di in ainmneacha tí i gCill Chainnigh agus i nDún Dealgan (*NIAH* 5655 & 13707012). Féach go bhfuil fothrach d’eaglais de chuid na Spidiléirí (‘Order of Knights of the Hospital of Saint John of Jerusalem’) (673331 711092) in *Tully East*. Bhí baint ag na Spidiléirí le tógáil Chathair Valetta (*Encyclopaedia Britannica*, 2004).

BF: Tully East / An Tulaigh Thoir

LogainmID: 25875

The Flaggers PRC (673273 712025) 2019 [ˌd̪əˈfl̪agərz] Áit.2. ‘...the owl irises, wild flowers, that grew in it, they were always called flaggers...’ (Áit.2). Seo an pháirc ina bhfuil *Blind Well* (lch 240). Páirc fhliuch atá ann. Is é atá in *flaggers* ná foirm chanúnach de chuid Bhéarla na hÉireann de *flag* – ‘One of various endogenous plants, with a bladed or ensiform leaf, mostly growing in moist places. Now regarded as properly denoting a member of the genus *Iris* (esp. *I. pseudacorus*) but sometimes (as in early use) applied to any reed or rush.’ (*OED*).

The Plots PRC (673083 712189) 2019 [ˌd̪əˈpl̪ɒts] Áit.2. Páirceanna laistear de *Meadow Road* i mBaile Chill Dara a mbíodh garraithe scóir iontu ag tús an 20ú haois.

Cherry Avenue BR (673852 711371) 1939 Cherry Avenue *SO Cassini*. Ascaill ar thailte Ghraí Naisúnta na hÉireann mar atá anois.

Tracey's Cross Roads CB (674476 710798) 1939 Tracey's Cross Roads *SO Cassini*. 2019 [ˌtreːsiːzˈkr̪ɒs] Áit.2. ‘Traceys live in a little house there’ (Áit.2).

Offaly West / Uíbh Fhailí Thiar

P: Ballybrackan / Bealach Bhreacáin

LogainmID: 1139

Derryoughter West / Doire Uchtach Thiar

LogainmID: 24925

The Long Slang PRC (664551 704361) [d̪əˌlənˈslan]. Páirc fhada chaol atá anseo, rud a réitíonn go maith leis an eilimint *slang* ‘A long narrow strip of land’ (*OED*).

BF: Fasagh / Fásach an Iarla

LogainmID: 24926

Crosskeys CB (665915 706483) 1837 SO 6”; 1837 SO 25”. Tá teach tábhairne den ainm céanna ag an gcrosbhóthar chomh maith. ‘Keys borne crosswise, as in the Papal arms’ an míniú atá ar *cross keys* (*OED*). Luaitear san *New Oxford Dictionary (NED)* gur mar ainm tí tábhairne ba mhó a bhí *cross keys* in úsáid nuair a cuireadh an foclóir sin i gcló in 1893 (‘*Mod. An inn with the sign of the Cross Keys*’, *NED*). An-seans gur ó ainm an tí tábhairne a tháinig ainm an chrosbhóthair seo, mar sin. Féach chomh maith go raibh roinnt tithe tábhairne i gCathair Bhaile Átha Cliath den ainm *Cross Keys* sa 17ú agus san 18ú haois (Berry, 1910).

BF: Lughil / Leamhchoill

LogainmID: 24935

The Churchyard PRC/LE (663092 707602). 2020 [d̪əˌtʃɜrtʃˈjard] *Áit.8*. ‘One more field we have is [d̪əˌtʃɜrtʃˈjard]. That would be in Grangecoor. It has a small cemetery in the middle of it. That would have been originally associated with Grangecoor, but it was closed as a cemetery in the late 1800s. The last burials in there would have been the late 1800s, early 1900s. It would have been used as a childrens burial ground as well after that, there’s very little left of it, just a couple of grave markers and that.’ (*Áit.8*).

The Schoolhouse Field PRC (Suíomh Éiginnte) *BNS*, 0780, 156: ‘the school-house field which got its name from an old school-house which was built there. This field is situated at the side of Brennan's house. It was in this school that the first English was spoken. The school-masters parents were Irish-speakers; all the same if the master heard a boy speaking a word of Irish he would be flogged.’

P: Duneany / Dún Éanna

LogainmID: 1167

BF: Ballygreany / Baile Gréine

LogainmID: 25139

Mountgilboe TCH (667161 708346) 1908–9 SO 25". Sliabhraon in Iosrael is ea *Mount Gilboa* a luaitear sa Bhíobla: 'Chuir na Filistínigh cath ar Iosrael agus theith sluaite Iosrael ó na Filistínigh agus imríodh ár orthu ar Shliabh Ghiolboa.' 1 Samuel 31:1 (KJV). Faightear roinnt tagairtí do logainmneacha ón mBíobla in ainmneacha páirce Shasana, amhail *Mount Calvary*, *Mount Sinai* agus *Mount Tabor* – 'Biblical allusions of uncertain significance.' (EFN, 288).

Shamrock TCH (667589 708924) 1908–9 SO 25".

BF: Duneany / Dún Éanna

LogainmID: 25140

Glebe FB (669531 708411) 1837 SO 6". Féach an plé faoi *Glebe* i mbaile fearainn *Ballysaxhills* (Ich 353).

BF: Mayfield or Ballynagalliagh / Baile na gCailleach

LogainmID: 25175

McGrath's Bridge DR (667041 711480) 1939–40 SO *Cassini*.

O'Briens Bridge DR (666475 711269) 1939–40 SO *Cassini*. Luaitear Michael Bryan in aice leis an gcrosbhóthar seo in *Griffith's Valuation*.

BF: Rathmuck / Ráth Muc

LogainmID: 25142

Black Well TOB (669945 708714) 1908–9 SO 25".

P: Fontstown / Baile an Fhóntaigh

LogainmID: 1173

BF: Ardellis Lower / Ard Eilís Íochtarach

LogainmID: 25069

Kavanagh's Rath IMFH (672582 701390) 1937-8 *BNS* 0781, 246: 'We have a rath in our land in Ardellis Athy. It is beside the Cashbridge a few yards from Booleigh Cross. There are many bushes and trees in it. There are supposed to be fairies in it. My Daddy saw fairies in it one night. Mrs Whelan Booleigh saw lights in it one night'. Bhí Patrick Kavanagh mar thionóint sa bhaile fearainn seo aimsir *Griffith's Valuation*.

BF: Rathconnell / Ráth Chonaíolaigh

LogainmID: 25073

Dillon's Cross Roads CB (672180 701600) 1939-40 *SO Cassini*. Ní luaitear aon duine den sloinne Dillon sa bhaile fearainn seo in *Daonáireamh 1901/1911*, *Griffith's Valuation* in *TAB*.

BF: Rathconnell Wood / Coill Ráth Chonaíolaigh

LogainmID: 25074

Heffernan's Rath IMFH (670238 702225) 1937-8 *BNS* 0781, 259. Faightear Muintir Heffernan sa bhaile fearainn seo in *Daonáireamh 1901*.

Paóiste Harristown / Baile Hanraí

LogainmID: 1180

BF: Mylerstown / Baile Mhaoilir

LogainmID: 25120

Clover Park PRC (670143 704287) 2000c *PFN Hyland: Learscaíl*.

Farrells Field PRC (670388 704214) 2000c *PFN Hyland: Learscaíl*.

Hickeys Field PRC (669672 704293) 2000c *PFN Hyland: Learscaíl*. Ar léarscaíl *Longfield: Mylerstown* luaitear Thomas Hickey leis na páirceanna in aice leis seo.

Long Field PRC (670066 704690) 2000c *PFN Hyland: Learscaíl*.

Pendergasts PRC (669426 704817) 2000c *PFN Hyland: Learscaíl*.

The Burrow PRC (670022 704250) 2000c *PFN Hyland: Liosta*; 2000c Burrow *PFN Hyland: Learscaíl*.

The Giant's Foot CRG (669926 704497) 1937-8 "The Giants Foot" *BNSC*, 779⁶¹⁰; 2000c Giants Foot 2000c *PFN Hyland: Learscaíl*. 'There is a field at Mylerstown called "The Giants Foot" This field got it's name from a large rock which is in it. There is part of this rock underground. On part of it that is visible there is the mark of a mans foot. This is supposed to be the mark of the foot of Finn Mac Cumhail' *BNSC*, 779.

The Mushrooms PRC (670098 703886) 2000c *PFN Hyland: Learscaíl*.

P: Kildangan / Cill Daingin

LogainmID: 1186

BF: Kildangan / Cill Daingin

LogainmID: 24930

Bog Wood COILL (667241 707111) 1908–9 *SO 25*".

Brookfield Wood COILL (667883 706492) 1908–9 *SO 25*". 'The simple form, **Brook**, from Kentish and Sussex dial. *Brook* 'marshy land, watermeadow' occurs as fieldnames in these counties. **Brook Field** was a frequent pre-enclosure name for one of the great fields in many places.' (*EFN*, 49). Tá sruthán ar an taobh eile den pháirc atá ar an taobh thoir den choill seo.

Burrow Wood COILL (666593 707123) 1939–40 *SO Cassini*

Holohan's Bridge DR (666241 706875) 1939–40 *SO Cassini*. Luaitear Thomas Holohan go díreach in aice leis an droichead seo in *Griffith's Valuation*.

Phillip's Wood COILL (667027 706973) 1908–9 *SO 25*".

Sullivan's Bridge DR (666307 707543) 1939–40 *SO Cassini*.

⁶¹⁰ Kildare Convent: Una Lennox: The Names of Local Fields

P: Knavinstown / Baile Uí Chnáimhín

LogainmID: 1201

BF: Knavinstown / Baile Uí Chnáimhín

LogainmID: 25176

The Honeyman's Shrubbery PRC (668207 714664) 2019 [d̪əˌhʊniːˈmanzˌʃrʊbəriː]. *Áit.1.* 'There was about six or seven beech trees in it and there was a house in it, the very first house going up by Knavinstown on your right-hand side before you come to the graveyard, that's [d̪əˌhʊniːˈmanzˌʃrʊbəriː].' (*Áit.1*), Is é 'a man who sells honey; (also) a beekeeper' an míniú ar *Honeyman* in *OED*.

P: Lackagh / An Leacach

LogainmID: 1202

BF: Clogheen / Cluain Chaoin

LogainmID: 25240

Joseph's Island OIL (661700 713857) 1908–9 *SO 25*".

BF: Concealment / An Ceilteán

LogainmID: 25180

***Crout Well?** TOB (Suíomh Éiginnte) 2019 ['kroudˌwɛl] *Áit.1.* 'There was one down in the bog there, down near the Concealments [sic] known as ['krou^dˌwɛl] It was right on the border of the Concealments.' (*Áit.1*). Tá suíomh an tobair seo éiginnte, ach seans gurb ionann é agus *spring* ar *SO 25*" (667717 715590) ar an teorainn idir an baile fearainn seo agus *Ellistown*. D'uireasa fianaise, tá sé deacair bunús an logainm seo a dhéanamh amach. D'fhéadfadh sé gurb é an focal canúnach Béarla *crout* 'To croak, make a croaking or hoarse noise. Also used *fig.* to murmur, grumble' (*EDD*) atá i gceist.

BF: Coolsickin or Quinsborough / Cúil Soicín nó Baile Uí Chuinn

LogainmID: 25242

McCartneys Locks and Bridge DR (663150 712845) 1837 McCartneys Locks and Br. *SO 6*"; 1908–9 MacCartney's Bridge *SO 25*". Droichead thar an gCanáil Mhór. Níl aon sampla den sloinne McCarthy in *Griffith's Valuation*, *TAB* ná *Daonaireamh 1901/1911*.

Tailor's Well TOB (662613 713514) 1939–40 *SO Cassini*. Níl teacht ar an sloinne Tailor ná Taylor sa bhaile fearainn seo in *Griffith's Valuation* ná *Daonáireamh 1901/1911*.

BF: Crossmorris / Cros Mhuiris

LogainmID: 25182

The Rat Holes BR (670179 713262) 2019 [d̪əˈraʔ, ˌno:lz] *Áit.1*. 2019 [d̪əˈraʔ, ˌno:lz] *Áit.3*. Seans go bhfuil baint ag an ainm seo leis na poill ghairbhéil atá sa bhaile fearainn seo. Féach freisin go bhfuil ráth sa bhaile fearainn seo agus in *Kilnagornan* in aice láimhe. D'fhéadfadh sé gurb é **The Rath Holes*, bunús an ainm, ach oiread.

BF: Lackagh Beg / An Leacach Beag

LogainmID: 25183

Glebe FB (666296 712803) 1837 *SO 6"*. Féach an plé faoi *Glebe* i mbaile fearainn *Ballysaxhills* (Ich 353).

Glebe FB (667914 712944) 1837 *SO 6"*.

Glebe House TCH (667914 712944) 1837 *SO 6"*; 1908–9 *Glebe House SO 25"*; 1939–40 *Beechlawn SO Cassini*.

BF: Lackagh More / An Leacach Mór

LogainmID: 25184

Devoy's Bridge DR (667460 711635) 1939–40 *SO Cassini*. Luaitear James agus Michael Devey sa bhaile fearainn seo in *Daonáireamh 1901*.

Glebe FB (668314 712588) 1837 *SO 6"*.

BF: Mountrice / Cnocán an Rísigh

LogainmID: 25186

The Mount CN (665388 714108) 1939–40 *SO Cassini*. Is dócha gurb é seo an ghné a thug ainm don bhaile fearainn.

BF: Ummeras More / Iomros Mór

LogainmID: 25195

Ummeras Bridge DR (664662 715151) 1838 SO 6"; 2019 [ˌmæɪlzəz'brɪdʒ] Áit.1. 'Ummeras Bridge, that was known as [ˌmæɪlzəz'brɪdʒ] Myleses lived at that bridge (Áit.1). Níl aon trácht ar an sloinne Myles/Miles in *Daonáireamh* 1901/1911 nó in *Griffith's Valuation* sa bhaile fearainn seo, mar sin, seans gur ainm pearsanta atá i gceist.

P: Kilrush / Cill Rois

LogainmID: 1199

BF: Bushypark / Páirc na Sceach

LogainmID: 25159

Connors Bridge DR (673284 704718) 1837 Connors Bridge SO 6"; 1908–9 Connor's Bridge SO 25". Tá an droichead seo ar an teorainn idir bailte fearainn *Bushypark* agus *Coolyphullagh* sa pharóiste seo agus *Kildoon* i bparóiste *Nurney*. Níl aon sampla den sloinne Connor nó O'Connor i gceann ar bith de na bailte fearainn sin in *Griffith's Valuation*, *TAB* ná *Daonáireamh* 1901/1911.

BF: Kilboggan / Coill an Bhogáin

LogainmID: 25169

Crooked Bridge DR (674222 703113) 1908–9 SO 25". Tá an bóthar caoldíreach san áit a bhfuil an droichead beag seo, ach téann sruthán fiarthrasna faoi. Seans gurb in an chúis leis an aidiacht Bhéarla *crooked* a bheith san ainm.

Mill Bridge DR (673210 702983) 1837 Mill Bridge SO 6". Droichead atá anseo a théann trasna sruthán ar an teorainn idir an baile fearainn seo agus *Boley Great* (BF), áit a luaitear *Corn Mill* cois sruthán. Is í an ghné sin a thug ainm don droichead gan amhras.

P: Monasterevin / Mainistir Eimhín

LogainmID: 1208

BF: Ballyfarsoon / Baile an Phearsúin

LogainmID: 25198

Oxhouse Field PRC (Suíomh Éiginnte) 1723 Oxhouse Feild [?] *DP*: D. 21,032–21,175. ‘A shed for stabling or sheltering oxen; (also) an ox-stall.’ (*OED*) atá sa chéad eilimint anseo, is cosúil.

BF: Cowpasture / Féarach na mBó

LogainmID: 25203

White Spring TOB (664510 710721) 1939 *SO Cassini*.

BF: Monasterevin / Mainistir Eimhín

LogainmID: 1416497

Moores Bridge DR (662295 710674) 1837 Moores Bridge *SO 6*”; 1908–9 Moores Bridge *SO 25*”.

Droichead thar an gCanáil Mhór a bhí anseo. Maireann an droichead ach tá cúrsa na canálach athraithe ó shin. Is cinnte gur ainmníodh an droichead in ómós do dhuine de mhuintir Moore, Iarlaí agus Marcais Dhroichead Átha, a raibh Mainéar Mhainistir Eimhín ina seilbh acu (O’Hart, 1892, 819).

Susie’s Bush CRN (Suíomh Éiginnte) 1937–8 *BNS* 0780, 155: ‘Susie’s bush is situated at the Green Road near Monasterevan. Legend says that a girl named Susie was seen there.’ Foirm cheana de *Susan* atá in *Susie* (*DFN*: 344). Féach *Susan’s Fort* i bparóiste *Nurney*, mar a bhfuil plé ar an ainm sin (Ich 320).

BF: Mooreabbey Demesne / Ros Glas

LogainmID: 25211

Bald Scrub PRC (663036 707644) 1908–9 *SO 25*”; 2020 [ˌd̪əˈskrʊb] *Áit.8*.

Balfs Scrub PRC (Suíomh Éiginnte) 1831c Balfs Scrub *DP*: MS 9733. Níl an chuma ar an scéal go raibh aon duine den sloinne Balfe (“from balbh, “stammering”, *Family Names*, 127) sa cheantar seo aimsir an daonáirimh seachas Thomas Balph in Skirteen (1901) ar lóistéir a rugadh i mBaile Átha Cliath é. B’fhéidir gur truailiú air seo é ‘Bald Scrub’.

Big Meadow PRC (662477 709561) 1759 Bigg Meadow *Mooreabbey* 1759. Is páirc 18a 2r 3p é seo i dtuaisceart an bhaile fearainn, cois Bhearú. Ainm simplí tuairisciúil atá ann: ‘Big is also found with

Field, Ham, Lawns, Leas, Mead(ow), Pasture and Piece among others “A field of larger than average size” (*EFN*, 30).

Black Clump COILL (662329 709240) 1908–9 *SO 25*. ‘Land featuring a clump of trees’ an bhrí a luaitear le *clump* in *EFN* (80).

Cohire's Wood COILL (661997 708959) 1904 Cahir-na-Coppal’s Wood, *JKAS*, VI, 5, 350; 1908–9 Cohire's Wood *SO 25*”. ‘A wood near Monasterevin is still known as Cahir-na-Coppal’s Wood, having afforded him shelter at times when he was “wanted”’ (FitzGerald, 1905a, 350). Is é an t-ainm pearsanta **Cathaoir** atá anseo: ‘O Rahilly believed that this name meant “battle-lord” but other scholars consider that this is a borrowing from some language unknown to us...In the later middle ages it was a particularly favoured name among the O Connors of Offaly...’ (*GPN*). Maireann scéalta béaloidis (*Áit.8*; *BNS*, 779, 94) sa cheantar faoin ropaire Cathaoir na gCapall Ó Díomasaigh a cuireadh chun báis i bPort Laoise in 1735 (Mathews, 1903, 199). Is mar [ke:r] a d’fhuaimnigh *Áit.8* an t-ainm pearsanta úd ach is mar ‘Caw-heer’ a bhailigh Walter Fitzgerald (1905a, 348) é ó mhuintir na háite in oirthuaisceart Chontae Laoise ag tús an 20ú haois. Is cosúil gur fuaimniú aonsiollach den ainm pearsanta seo atá le feiceáil san ainm athartha ‘Caloagh m’**Cayr** Keighe O’Dymsey’ (*F*, 503, cló trom an údair).

Daniels Meadow PRC (662181 709286) 1759 Daniels Meadow *Mooreabbey* 1759; 1880 the Danleens [?] *Kildare Observer* 23/10/1880: 5⁶¹¹; 2020 [ˌdanjəlzˈmɛdoː] *Áit.8*. Páirc cois Bhearú atá anseo. Cuireann foirmeacha 1 agus 3 an t-ainm pearsanta *Daniel* (‘Biblical name (meaning “God is my judge” in Hebrew’, *DFN*: 84) in iúl. Luaitear foirm a 2 i gcur síos ar sheilg ar an diméin sa bhaile fearainn seo, ach ní féidir é a cheangal leis an ainm seo go cinnte. Bíodh sin mar atá, an-seans gurb é atá i gceist ná **Domhnaillín** foirm dhíspeagtha den ainm pearsanta **Domhnall** / **Dónal** – “world-mighty”...Since the seventeenth century Domnall has everywhere been equated with the biblical name *Daniel* with which it has no connection’ (*GPN*, 75).

Deer Park PRC (663200 708140) 1831c The Deer park *Drogheda Rental* MS 12,720; 1837 Deer Park *SO 6*”; 2020 [ˈdiːrpaːrk] *Áit.8*. ‘The Deer park aboout 47 Acres has good grass about 30 deer now on it.’ (*NLI*: MS 12,720). Luaitear an t-ainm seo le roinnt páirceanna i ndeisceart an bhaile fearainn ar an teorann le *Lughill* (BF) ar *SO 6*”. ‘A park in which deer are kept’ an míniú a thugtar ar ainmneacha den chineál seo in *OED*. Tá *Deerpark* an-choitianta mar ainm baile fearainn in Éirinn, agus is minic gur le heastáit agus diméinte a bhaineann siad (Ó Cruailaoich, C., Mac Giolla Chomhghaill, 2016, 832).

⁶¹¹ ‘Kildare Hounds’

Friar's Paddock PRC (Suíomh Éiginnte) 1831c Friar's Paddock *Drogheda Rental*: MS 12,720. About 9 acres.' Tagairt do na bráithre a bhí sa mhainistir Chistéirseach (SSN, KD026-001----) sa bhaile fearainn seo atá san ainm páirce seo gan amhras.

Grange Bottoms North and South PRC (Suíomh Éiginnte) 1831c Grange Bottoms North and South *Drogheda Rental*: MS 12,720. Is dócha gur tagairt do bhaile fearainn *Grangecoor* laisteas atá san ainm seo. Féach *Grange Farm*.

Grange Farm TCH (662521 707966) 1908–9 SO 25".

Green's Wood PRC (662831 707250) 1831c Greens Wood *Drogheda Rental*: MS 12,720; 1908–9 Green's Wood SO 25". Is é an sloinne *Green* atá san ainm seo de réir cosúlachta. Luaitear Thomas Green ar léarscáil *Longfield: Grangecoor*2 le píosa talún atá tamall beag siar ó thuaidh ón gcoill seo. D'fhéadfadh sé gur sloinne de bhunadh an Bhéarla é seo nó aistriúchán ar an sloinne Gaeilge **Ó hUainín** – 'descendant of *uainín*'. Ainm pearsanta is ea **Uainín** atá díorthaithe ó **uaine** – 'green' (*Family Names*, 1121).

Lime Kiln Field PRC (663284 708718) 1759 Lime Kiln Field *Mooreabbey* 1759; Páirc 26a 3r 31p lastuaidh de *Deer Park*. Níl aon rian den tiníl ar léarscáil *Mooreabbey* 1759, ná ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis.

Mitchell's Wood COILL (661848 708094) 1908–9 SO 25". Georgina Mary Mitchell an t-aon duine amháin den sloinne sin i mbaile fearainn *Mooreabbey Demesne* in *Daonáireamh 1911*. Ní raibh inti ach cuairteoir as Albain, áfach.

Oak Wood COILL (662260 708857) 1908–9 SO 25".

Otter's Island OIL (661609 708972) 1908–9 SO 25".

The Clump COILL (662584 709187) 1908–9 SO 25". Luaitear an chiall 'a cluster of trees; a tuft of trees or shrubs' le *clump* in *OED*, agus is é is dóichí gurbh shin an chiall a bhí i gceist anseo.

The Furze COILL (662714 708824) 1908–9 SO 25". Féach *Frenchfurze* mar a bhfuil plé ar an eilimint *furze* (lch 118).

The Haggarth and Backside PRC (662578 709722) 1759 The Haggarth and Backside *Mooreabbey* 1759. Clós beag 3a 2r 9p idir *Mooreabbey House* (SO 6") agus an Bhearú a bhí anseo. Is cinnte gurb é *haggard* 'A farmyard or similar enclosure where ricks of hay, corn, etc., are stored; a rickyard' (*OED*) atá san eilimint *Haggarth*. 'Premises belonging to a house, farmstead, etc., situated behind the main building, including gardens, fields, outbuildings, etc.; a backyard.' (*OED*) atá i gceist le *backside*.

The Hill PRC (663485 709095) 1759 The Hill *Mooreabbey* 1759; 1831c The Hill *Drogheda Rental*: MS 12,720; 1908–9 Hill Wood SO 25". 2020 [mor,abi:'wɒd] *Áit.8*. Páirc mhór oscailte le paistí crann breactha timpeall air a léirítear anseo ar léarscáil *Mooreabbey 1759*, ach coill a bhí ann faoin am a breacadh foirm 2 thuas, agus léirítear coill san áit ar SO 6" (1837) chomh maith. Tá cnoc suntasach anseo.

The Island OIL (662511 710150) 1908–9 SO 25". An chuid thuaidh de Pigeon Island.

The Kennel PRC (662893 710159) 1759 The Kennel *Mooreabbey 1759*. Páirc bheag (0a 3r 9p) i dtuaisceart an bhaile fearainn. 'A house or cot for the shelter of a house-dog; a house or range of buildings in which a pack of hounds or sporting dogs are kept' an míniú ar *kennel* in *OED*.

The Pigeon Fields PRC (Suíomh éiginte) 1831c The Pigeon Fields *Drogheda Rental*: MS 12,720. Faightear idir *pidgeon* agus *pidgeon house* go minic in ainmneacha páirce Shasana. 'The site of a pigeon house' an míniú a thugtar ar ainmneacha den chineál sin (*EFN*, 328). Tá baile fearainn den ainm *Pigeonpark* / **Páirc na gColm**⁶¹² i gCill Chainnigh.

BF: Oldgrange / An tSeanghráinseach

LogainmID: 25213

Ballalley Cross Roads CB (663212 711606) 1908–9 SO 25"; 2019 [ˌʃɪŋkɪnzəz 'kras] *Áit.1*; 2019 [d̪ə 'bɑ:lali: ˌkras] *Áit.1*. 'They call it [ˌʃɪŋkɪnzəz 'kras] ...[ˌʃɪŋkɪnzəz] lived there years ago.' There's another name on it.. [d̪ə 'bɑ:lali: ˌkras]. Luaitear muintir Shinkins sa bhaile fearainn seo in *Daonáireamh 1901*. Is cosúil gurb é **Sinicín** "Son of Jenkin" (diminutive of french Jean, or John)' (*SGG*) atá i gceist.

Brook Bridge DR (663030 712297) 1939 SO *Cassini*.

Deadmans Bridge DR (663612 711882) 1939 SO *Cassini*.

Fern's Bridge DR (663164 711116) 1939 SO *Cassini*.

High Bridge DR (662746 711414) 1908–9 SO 25"; 1939 SO *Cassini*.

Simpson's Stream ABH (663737 711959) 1939 SO *Cassini*.

BF: Nurney Demesne / Diméin na hUrnaí

LogainmID: 25235

Ball's Hill CN (673135 705911) 1908–9 SO 25".

⁶¹² LogainmID: 27183

Borough Wood COILL (672046 705638) 1939–40 *SO Cassini*.

Cock House Bridge DR (671207 705977) 1837 Cock House Bridge *AL: John Hoysted Esq*; 1837 Cock House Bridge *AL: Custom of the Parish*; 2019 [d̪ə kəkˌhʰausˈbr̪iːd̪͡ʒ] *Áit. 7*. ‘On the n.w side of Nurney Demesne on the road leading from Split Hill Crossroads to Monasterevin. Small with one arch over stream.’ (*AL: Descr. Rem.*). Is dócha gur cró coileach atá i gceist anseo (féach *cock* in *OED*).

Hendy's Grove COILL (671966 705412) 1908–9 *SO 25*”.

Pipers Bridge DR (671914 705524) 1939–40 *SO Cassini*.

P: Walterstown / Baile Bhaltair

LogainmID: 1234

BF: Blackditch / An Claí Dubh

LogainmID: 25231

Splithill Cross Roads CB (672617 705781) 1837 *SO 6*”; 1837 Split Hill Crossroads *AL: Edward Baggot Esq.*; 1837 Split Hill Crossroads *AL: Custom of the Parish*. ‘At the west of Kildoon Townland where the roads from Monasterevan to Kilcullen and from Kildare to Athy Cross each other.’ (*AL: Descr. Rem.*). Ní léir céard dó a dtagraíonn an focal Béarla *split* (‘A narrow break or opening made by splitting; a cleft, crack, rent, or chink; a fissure’, *OED*) san ainm. Tá cnoc san larmhí den ainm *Split Hill / An Cnoc Scoilte*⁶¹³. Bhí leagan Gaeilge den ainm sin, *Knockscolty* (*OD:AL, Logainm.ie*) sa chúrsaíocht nuair a bhí an tSuirbhéireacht Ordanáis i mbun oibre san larmhí.

⁶¹³ LogainmID: 108059